

Mionlogainmneacha de bhunús Gaeilge i ngleannta Chontae Bhaile Átha Cliath

Aindí Mac Giolla Chomhghaill, B.A.

Tráchtas arna chur isteach i gcomhair na dámhachtana PhD
Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)


Stiúrthóirí:

An Dr. Gearóid Ó Cleircín, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU
An Dr. Brian Ó Raghallaigh, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU

Eanáir 2024

Dearbhú

Dearbhaím leis seo gurb é mo shaothar féin amháin an t-ábhar seo atá á leagan isteach agam i gcomhair measúnaithe ar an gclár staidéir le haghaidh na dámhachtana PhD, agus go bhfuil gach cúram réasúnach glactha agam a dheimhniú, ar feadh m'eolais, gur saothar bunaidh é seo nach sáraíonn aon dlí cóipchirt, agus nár baineadh as saothar aon duine eile é ach amháin agus a mhéid go luaitear agus go n-aithnítear an saothar sin laistigh de théacs mo shaothairse.



Sínithe:

Uimhir Aitheantais: 19215413

Dáta: 8/1/2024

Tiomnú

Do m'athair Frank, mo mháthair Phyllis, mo pháirtí Lisa is m'iníon Aoife.

Buíochas

Is mó duine a thug cúnaimh dom ó chéadcheapadh an tráchtas seo tuairim is sé bliana ó shin. Go príomha, muintir Ghleann an Smóil agus Ghleann Cuilinn a roinn a gcuid ama agus eolais go fial agus a phléigh go foighdeach le mo chuid ceisteanna aineolacha cathránacha faoi chaoirigh, churadóireacht agus cháilíocht talún. Níl cead agam buíochas a ghabháil díobh as a n-ainm de bharr cúinsí eitice ach tabharfaidh mé a gceart dóibh in áit eile go luath. Idir an dá linn is féidir liom a rá gur cúis bróid dom gur éirigh liom, tar éis na paindéime, dul go dtí Gleann an Smóil go minic chun eolas a sholáthar ar scoth na bhfaisnéiseoirí. Ina measc sin, chuir mé agallaimh ar an duine is mó a bhfuil cur amach aige ar stair agus ar logainmneacha na háite thar na glúinte; labhair mé le duine a bhfuil gaol díreach aige leis na cainteoirí dúchais deireanacha Úna agus Liam Ó Reachtúra (ar an láthair chéanna ina raibh siad siúd ag labhairt le hEoghan Ó Comhraí i 1837) a thaispeáin claiseanna, cnoic agus loig dom; agus labhair mé, agus mé ag ceapadh go raibh deireadh leis an obair pháirce, le duine fíorchéiliúil a raibh dornán ainmneacha ar a theanga aige nach raibh aon tsúil agam go gcloisfinn beo iad agus a sholáthair dornán eile úrnua anuas orthusan. Thug an duine seo mé ar thuras lasrach trí bhóithríní sléibhe chun crochtaí, cnocáin is srutháin a phointeáil amach agus chun mé a chur in aithne d’fhaisnéiseoir eile — é seo in éineacht le déagóir óg a raibh cur amach aige féin ar chuid mhaith de na sean-mhionainmneacha seo ó bheith ar na cnoic i mbun na gcaorach, rud nach bhfuil gan a bheith inspéise ann féin. I nGleann Cuilinn bhí sé d’ádh agam labhairt le duine gaolmhar leis an sean-Bhreatnach úd a d’inis d’Eoghan Ó Comhraí go raibh cuimhne aige ar Ghaeilgeoirí an 18ú haois. Labhair mé le duine gaolmhar leis an té is mó a sholáthair mionainmneacha do Liam Price i nGleann Cuilinn i 1939, agus is ag an duine seo a bhí fuaimniú an dúchais. Tar éis dom mo bheatha a chur i mbaol agus mé ag tiomáint an cabhsa aníos chuige, chuir mé agallamh ar an té is deireanaí bhfuil aithne aige ar mhionainmneacha an Ghleanna Dhuibh, duine gaolmhar leis an bhfear a thiontaigh an t-ainm sin go “the black glen” d’oifigigh na Suirbhéireachta Ordanáis i 1836. Labhair mé le daoine a raibh aithne acu ar an gCoirnéal O’Connell-Fitzsimons, carachtar ceart de shliocht an Fhuascailteora, a bhailigh thart ar 40 páircainm Gaeilge ó sheanfiondúirí na háite sna 1970í.

Táim buíoch de lucht chartlann Chnuasach Bhéalóideas Éireann, go háirithe Ailbe van der Heide agus Simon O’Leary, as na hagallaimh fhíorluachmhara a rinne an béaloideasóir Séamas Mac Philib sa dá ghleann i 1980 a dhigitiú agus a chur ar fáil dom agus as ligint dom bun-nótaí Mhic Philib a scrúdú. Rinne roinnt daoine i nGleann Cuilinn tagairt do scoláire áitiúil, John Fitzgerald, a bhí ag bailiú páircainmneacha le linn na 1970í freisin agus atá ar shlí na fírinne anois; ní heol d’éinne cad a d’imigh ar an gcnuasach sin. Shocraigh Rachel Barrett rochtain dom ar bhunleabhair pháirce Liam Price i gCartlann na Séadchomharthaí Náisiúnta agus lig an Brainse Logainmneacha dom na cáipéisí a bhronn an Príseach ar an oifig, agus go leor cáipéisí eile nach iad, a scrúdú freisin. Táim buíoch freisin de Konstantin Ermolin agus Rebecca Cairns i Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann; de Helen Hewson, Linda Tobin agus foireann na Cartlainne Náisiúnta; d’fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta agus d’fhoirne na gcartlann eile go léir a cheadaigh mé.

Tá mo bhuíochas ag gabháil don Dr. Gearóid Ó Cleircín agus don Dr. Brian Ó Raghallaigh, a bhí d'fograiseach gníomhpháirteach mar stiúrthóirí ar son Fiontar & Scoil na Gaeilge in DCU; ba mhór agam freisin comhairle an Dr. Uí Raghallaigh ar mhionphointí foghraíochta agus fóineolaíochta. Bhí an Dr. Úna Bhreathnach ina cabhair go mór mar bhall painéil neamhspleách. Roinn an Dr. Justin Ó Gliasáin torthaí a chuid taighde agus anailíse féin ar mhionainmneacha Chontae Chill Dara liom go fial agus is é a nochtaigh péarlaí dom ó am go chéile. Is í mo pháirtí Lisa a d'aithin na dathanna ar na léarscáileanna cáilíocht talún dom, anuas ar gach cúnamh agus tacaíocht eile a thug sí dom go grámhar le linn na hoibre fada seo. Táim faoi chomaoin ag an Dr. Ciarán Mac Murchaidh, iar-Cheann Scoil na Gaeilge in DCU, ní amháin as bheith ina scrúdaitheoir inmhéanach ar an tráchtas seo, ach as gnéithe idir shean is nua den teanga a thabhairt chun solais dom le linn an dianchúrsa ghramadaí a chuir sé ar fáil. D'fhoghlaim mé a lán eile ón Dr. Bert Gordijn, Scoil na hEitice, agus ón Dr. Niamh Cullen, Scoil na Staire & na Tíreolaíochta de chuid DCU freisin. Ní bheinn in ann a modúil siúd ná aon chuid eile den chúrsa iarchéime seo a chur i gcrích gan an cúnamh a chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil dom tríd an scéim aisíoc táillí agus ba mhór agam an cúnamh céanna.

Ba é an Dr. Pádraig Ó Cearbhaill, iar-Phríomhoifigeach Logainmneacha, a bhí mar stiúrthóir seachtrach agam ar an tráchtas seo agus táim an-bhuíoch de as an gcomhairle a sholáthair sé agus an dualgas sin á chur de aige. Ach is mó go mór atáim faoi chomaoin aigesean, ag Dónall Mac Giolla Easpaig (iar-Phríomhoifigeach Logainmneacha, a thug tacaíocht thar cuimse dom ón gcéad lá riamh), ag an Dr. Pádraig Ó Dálaigh (iar-Ardoifigeach Logainmneacha, a raibh d'ádh agam oibriú as lámha leis ar roinnt tionscadal thar na blianta, chomh maith lena chuid moltaí is tuairimí a fháil faoin tráchtas seo) agus ag an Dr. Conchubhar Ó Crualaoich (An Príomhoifigeach Logainmneacha, a raibh de chúram air 20 bliain ó shin glasach óg de Bhleá Cliathach a chur ar an treo ceart sa Bhrainse — cúram atá air fós), as an oideachas, an oiliúint agus an oscailt súl a fuair mé uathu ar chúrsaí logainmneacha, teanga, cultúir agus eile ag an obair sa Bhrainse Logainmneacha ó 2005 i leith. In ainneoin gur seanchaite leamh an leasainm é *Na Ceithre Máistrí*, is agamsa an rogha an cárta sin a imirt agus is agamsa atá a fhios go bhfuil sé tuille go maith ag an gceathrar seo. Is faoina mbráidsean le meas a chuirim an saothar seo idir chamáin.

Is é Éamon Ó Cuív, T.D., an té is mó a rinne éacht ar son stádas logainmneacha Gaeilge ó bhunú an Stáit, agus tá buíochas ag dul dó as sin cheana. Tharla gurbh eisean a chéadchuir mise i dtreo na logainmneacha fadó, gabhaim buíochas ó chroí leis anseo.

Clár Ábhar

Dearbhú.....	iii
Tiomnú.....	v
Buíochas.....	vii
Clár Ábhar.....	xi
Liosta Figiúirí	xxi
Liosta Grianghraf.....	xxvii
Liosta Táblaí	xxvii
Stíl agus formáidiú.....	xxxii
Giorrúcháin agus comharthaí ginearálta	xxxiii
Giorrúcháin logainmneacha.....	xxxvii
Fóinéimí, allafóin agus siombailí foghraíochta	xxxix
Liosta Príomhfhoinsí.....	xliii
Achoimre	xlix
1. Réamhrá.....	1
2. Léirmheas Litríochta.....	3
2.1 Logainmneacha in Éirinn.....	3
2.1.1 Dinnseanchas na Meán-Ghaeilge go dtí meath an léinn dúchais	3
2.1.2 Ó amaitéaraigh an 18ú haois go dtí Ó Comhraí (1794–1862) & Ó Donnabháin (1806–1861).....	13
2.1.3 An tSuirbhéireacht Ordanáis	20
2.1.4 Obair pháirce Eoghain Uí Chomhraí.....	23
2.1.5 I ndiaidh an Donnabhánaigh: Joyce (1827–1914), Corrigan (1860–1924), O’Hanlon (1821–1905), Ó hÓgáin (1831–1917), Laoide (1865–1939)	26
2.1.6 Cur chuige eolaíoch an 20ú haois agus staidéar oifigiúil.....	30
2.2 Mionainmneacha agus páircainmneacha	32
2.2.1 Bailiúcháin Ghaeilge.....	35
2.2.2 Anailís aicmíochta.....	40
2.2.3 Bailiúcháin Bhéarla.....	45
2.2.4 Marthanacht mionainmneacha	46

2.3 Na gleannta: litríocht nach mbaineann le logainmneacha	49
2.4 Gleann an Smóil mar Ghaeltacht rómánsúil	54
2.5 Príomhfhoinsí an tráchtais seo	57
2.6 Achoimre	57
3. Modheolaíocht	59
3.1 An ceantar taighde	59
3.1.1 Gleann an Smóil.....	59
3.1.2 Gleann Cuilinn	60
3.1.3 Toghranna eile.....	60
3.2 An Tacar Logainmneacha	60
3.2.1 Taighde cartlainne.....	61
3.2.2 Taighde páirce.....	63
3.2.3 Cur i láthair an Tacair Logainmneacha	65
3.2.4 Foroinnt an Tacair Logainmneacha.....	68
3.3 Cúlra an cheantair taighde	70
3.4 Anailís ar na logainmneacha.....	70
3.4.1 Rangú	71
3.4.2 Comparáid.....	72
3.5 Canúint.....	73
4. An Tacar Logainmneacha.....	74
GS1: Gleann an Smóil — EÓC, SO agus foinsí stairiúla eile	74
Foinsí stairiúla eile	128
‘A certain mountain, called the Bogge’	131
GS2: Gleann an Smóil inniu	136
Marcanna na bhFeirmeoirí: Thoir	136
Marcanna na bhFeirmeoirí: Thiar.....	149
Bailiúchán na Scol.....	157
Mionainmneacha Thoir	159
Mionainmneacha Theas.....	177
Mionainmneacha Thiar.....	204
GC. Gleann Cuilinn: SO 1837 taobh theas den abhainn.....	231
‘A certain mountain called the Bogge’	244
GC: SO 1837 taobh thuaidh den abhainn.....	246

GC: tar éis na SO taobh theas den abhainn	269
GC: tar éis na SO taobh thuaidh den abhainn	283
TS: Cnoc Thamhlachta agus Teach Sagard	297
Foinsí eile	323
5. Torthaí.....	329
5.1 Struchtúr agus rangú na logainmneacha Gaeilge.....	329
5.1.1 Struchtúr.....	329
5.1.2 Aicmitheoirí	333
5.1.3 Cáilitheoirí	340
5.2 Canúint.....	343
5.2.1 An bhéim.....	345
5.2.2 Défhoghrú/fadú roimh ll, m, nn	346
5.2.3 -nn-, -ng-	347
5.2.4 ch, th	347
5.2.5 bh, mh	348
5.2.6 -abh(a)-, -amh(a)-	349
5.2.7 dh, gh	349
5.2.8 -t-, -d- caol	349
5.2.9 cn-	350
5.2.10 r -caol.....	350
5.2.11 Na gutaí.....	350
5.2.12 Na défhoghair.....	351
5.2.13 An guta cúnta	351
5.2.14 Canúint: achoimre	351
5.3 Béarlú: fianaise tras-ama	351
5.3.1 Giorrú go logainm simpléacsúil	352
5.3.2 Truailliú/coimriú	352
5.3.3 Athrú béime.....	353
5.3.4 Forcheartú	353
5.4 Béarlú: gnéithe ilchineálacha.....	353
5.4.1 -r- na Gaeilge → [r] an Bhéarla.....	353
5.4.2 Claochlú tosaigh.....	354

5.5 Comparáid: corpas Gaeilge.....	354
5.5.1 Struchtúr.....	355
5.5.2 Stór focal.....	355
5.5.3 Comparáid na gcorpas Gaeilge: achoimre	358
5.6 Comparáid: an Ghaeilge i measc an Bhéarla	358
5.6.1 Struchtúr.....	359
5.6.2 Ardáin — Gaeilge & Béarla.....	361
5.6.3 Ísleáin — Gaeilge & Béarla	362
5.6.4 Páircainmneacha — Gaeilge & Béarla.....	362
5.6.5 Aidiachtaí — Gaeilge & Béarla	363
5.7 Suirbhé 1771: dáileadh na bpáircainmneacha Gaeilge	364
6. Conclúid.....	365
Leabharliosta.....	370
Aguisín A: Dialann Shéamais Mhic Philib.....	380
Aguisín B: Litir ó Iníon Grierson, Gleann an Smóil, chuig EÓC 31/7/1851	381
Aguisín C: ‘Ball de Bhallaibh Seirce na hÉireann’	382
Aguisín D: Tromán -ainmneacha i Sléibhte Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin.....	383
Aguisín E: Logainmneacha den déantús ‘aidiacht + -óg ’, ‘ainmfhocal + -óg ’.....	386
Aguisín F: Logainmneacha ina bhfuil Eilís (< AN <i>Ellis</i> (<i>sl</i>); < AN <i>Elise</i> (<i>ap</i>)) le fáil	386
Aguisín G: ‘A certain mountain, called the Bogge’	387
Aguisín H: Táblaí minicíochta.....	391
Aguisín I: Léarscáil Dheilginse 1765	396
Aguisín J: Gnéithe canúna	399
10.1 An bhéim i bhfocail dhéshiollacha le guta fada sa dara siolla:.....	399
10.2 ll, m, nn	399
10.3 ng	399
10.4 ch, th	399
10.5 bh/mh	400
10.6 dh/gh	400
10.7 -t- caol.....	400
10.8 cn-	400
10.9 Na hiarmhíreanna -án, -ín, -óg	400
10.10 Cáilíocht na ngutaí	401
10.11 Na défhoghair	401

10.12 An guta cúnta	401
10.13 Deilbhíocht.....	401
10.14 Gnéithe eile	401
Aguisín K: Gnéithe den bhéarlú	402
11.1 Cáilíocht consan.....	402
11.2 Meititéis/comhshamhlú/díshamhlú/coimriú	402
11.3 Meascán consan eile	402
11.4 Alt tosaigh na Gaeilge.....	402
11.5 Iolra an Bhéarla.....	402
11.6 Leid ar athrú teangan	402
11.7 Athluaiteachas sa bhéarlú	402
11.8 G /k/ > Brl. /x/	402
11.9 Brl. /h-/ tosaigh proistéiteach.....	402
11.10 gin. (na) raithní.....	402
11.11 Athmhíniú chéad siolla neamhaiceanta mar Brl. <i>the</i>	402
Aguisín L: Leaganacha dátheangacha de na logainmneacha is coitianta	403
Aguisín M: Meamraim na Suirbhéireachta Ordanáis 1837–1843	403
Meamram 1: Bileoga SO 25, 26, 27	406
Meamram 2: Bileog SO 24	409
Aguisín N: Ainmneacha na nGael sna gleannta sa 16ú agus sa 17ú haois	412
Fiantaí (Fiants).....	412
<i>Court Book of the Liberty of St. Sepulchre</i>	413
<i>Calendar of Patent Rolls of James 1st</i>	414
Teistíochtaí (Depositions) 1641	414
Rollaí Airgid Teallaigh (Hearth Money Rolls) 1664.....	415
Aguisín O: Na Reachtúraigh i gclár pharóiste Caitliceach Ráth Fearnáin sa 18ú haois....	417
Aguisín P: Corpais chomparáide	419
Struchtúr.....	419
Stór focal.....	419
Aguisín Q: Eilimintí Béarla	425
Aguisín R: Suirbhé 1771 ar Ghleann an Smóil.....	427
Aguisín S: Liosta an Choirnéil Fitzsimons c.1975 (Gleann Cuilinn).....	430
Aguisín T: Ardáin sa cheantar taighde	431
Aguisín U: Srutháin sa cheantar taighde.....	433

Liosta Figiúirí

NÓTA: Thug Tailte Éireann cead don taighdeoir léaráidí a ghiniúint bunaithe ar a gcuid léarscáilíochta faoi Cheadúnas Cóipchirt Uimh. MP 003623; thug Acadamh Ríoga na hÉireann cead íomhánna scanta as Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis (LSO) a úsáid; thug an Chartlann Náisiúnta caoinchead grianghraif a ghlac an taighdeoir d'Ainmleabhair, de Mheamraim agus d'Imprisin Phrofála de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis (AL, MSO, IPSO) a úsáid; thug an Brainse Logainmneacha cead ábhar as a chartlann siúd a úsáid. Tá an taighdeoir fíorbhuíoch díobh go léir.

Fig. 1: Léarscáil: Rocque (1760) — Gleann an Smóil	2
Fig. 2: Léarscáil: Rocque (1760) — Gleann Cuilinn	2
Fig. 3: AL: <i>bf</i> Tóin le Gaoith (par. na Cúlóige)	22
Fig. 4: Léarscáil: Gleann an Smóil — cáilíocht talún.	50
Fig. 5: LSO: ‘ <i>Glaise an Mhuilin</i> ’	51
Fig. 6: AL: EÓC ag moladh Ghaeilge an Reachtúraigh.....	52
Fig. 7: Liosta logainmneacha C.G. Thompson: sampla as Gleann Cuilinn	57
Fig. 8: Léarscáil: An ceantar taighde	59
Fig. 9: Léarscáil: Toghroinn Ghleann Cuilinn	60
Fig. 10: Léarscáil: Gleann an Smóil — focheantair gheografacha	69
Fig. 11: LSO: Liosta logainmneacha ó Liam Ó Reachtúra.	74
Fig. 12: Léarscáil: GS1 — Suíomh na logainmneacha inaitheanta.....	74
Fig. 13: AL: An Suíochán [GS1.1]	75
Fig. 14: Léarscáil: Down Survey (<i>CM</i>), Rocque (1760).	76
Fig. 15: MSO: Gleann an Smóil [GS1.3]	77
Fig. 16: Leabhair nótaí Liam Price: *An Sruth [GS1.10]	89
Fig. 17: AL: <i>bf</i> Glaise an Mhulláin [GS1.11].	90
Fig. 18: Léarscáil: ‘Mound’ [GS1.13] IPSO Bileog 24	95
Fig. 19: Léarscáil: Cnoc an tSiáin [GS1.13] SO 6" Bileog 24	95
Fig. 20: AL: <i>bf</i> Glaise na Muice [GS1.14]	96
Fig. 21: AL: <i>bf</i> *Na Brácaí [GS1.15]	97
Fig. 22: Léarscáil: <i>bf</i> *Na Brácaí [GS1.15]	98
Fig. 23: MSO: ÓD ag ceistiú brí an fhocail <i>tromán</i>	102
Fig. 24: Léarscáil: Eas Caorthainn Doinn [GS1.25]	107
Fig. 25: AL: <i>bf</i> *Buaile Mhurcha Fhinn [GS1.33]	113
Fig. 26: AL: <i>bf</i> Aill an Ghabhair [GS1.34]	114
Fig. 27: AL: Sliabh na mBardóg [GS1.35]	115
Fig. 28: AL: Sliabh na mBardóg [GS1.35]	115
Fig. 29: Léarscáil: *Carraig an Abhra [GS1.38]	119
Fig. 30: Léarscáil: Duncan (1821) [GS1.38]	120
Fig. 31: AL: Suí Finn [GS1.40].	121
Fig. 32: Léarscáil: Nevill (1760) [GS1.41]	122
Fig. 33: AL: *Suí Fionnáin [GS1.41]	122

Fig. 34: Léarscáil: Bunaithe ar Kendrick (1752).....	134
Fig. 35: Léarscáil: GS2 Marcanna na bhFeirmeoirí — Thoir.....	136
Fig. 36: Léarscáil: *Móin Log [GS2.59].....	137
Fig. 37: Léarscáil: GS2 Marcanna na bhFeirmeoirí — Thiar.....	149
Fig. 38: Bailiúchán na Scol: Liosta logainmneacha.....	157
Fig. 39: Léarscáil: GS2 Mionainmneacha — Thoir.....	159
Fig. 40: Léarscáil: *An Ghabhlaigh Dhubh [GS2.92].....	162
Fig. 41: Léarscáil: *Fearann na Conga [GS2.94].....	163
Fig. 42: Léarscáil: *An Leacain (1) [GS2.108].....	174
Fig. 43: Léarscáil: *Áth na Leice [GS2.109].....	175
Fig. 44: Léarscáil: GS2 Mionainmneacha — Theas.....	179
Fig. 45: Léarscáil: *Garraí Eisce (1) [GS2.120].....	185
Fig. 46: Léarscáil: *Áth na Dumhcha [GS2.124].....	188
Fig. 47: Léarscáil: *Claí Stáca [GS2.126].....	191
Fig. 48: Léarscáil: *Crosóg (1) [GS2.128].....	192
Fig. 49: Léarscáil: *An tÁth [GS2.130].....	194
Fig. 50: Léarscáil: *Cúil Raithní [GS2.133] & *An Chlais (1) [GS2.134].....	197
Fig. 51: Léarscáil: *Clais na Muc [GS2.139].....	200
Fig. 52: Léarscáil: *Loiscneach [GS2.131], *An Mhóin Gharbh [GS2.142] agus *An Inse (5) [GS2.140].....	201
Fig. 53: Léarscáil: GS2 Mionainmneacha — Thiar.....	205
Fig. 54: Léarscáil: *An Pháirc Mhór [GS2.144].....	206
Fig. 55: Léarscáil: *Raithean [GS2.153] & *Páirc Raithin [GS2.154].....	212
Fig. 56: Léarscáil: *An Ghabhlaigh Mhór [GS2.158].....	217
Fig. 57: Léarscáil: GS2 Dlús mionainmneacha i <i>bf</i> Glaise an Mhulláin.....	218
Fig. 58: LSO: GC Liosta logainmneacha taobh theas den abhainn.....	231
Fig. 59: Léarscáil: GC LSO — Taobh theas den abhainn.....	231
Fig. 60: Léarscáil: <i>bf</i> An Bhrocaigh (1) [GC.176] & *An Bhrocaigh (2) [GC.199].....	233
Fig. 61: Léarscáil: *Tuaim Moling [GC.178].....	235
Fig. 62: LSO: GC Liosta logainmneacha taobh thuaidh den abhainn.....	246
Fig. 63: Léarscáil: GC LSO — Taobh thuaidh den abhainn.....	246
Fig. 64: LSO & léarscáil: Leaba na Saidhe [GC.193] & An Sliabh Gearr [GC.213].....	248
Fig. 65: Léarscáil: Móin an Loig [GC.201].....	253
Fig. 66: Léarscáil: An Cnoc [GC.205], Cnoc Buaile [GC.206], An Bhánóg Bhán [GC.209], *Páirt an Chaca [GC.250].....	257
Fig. 67: LSO: léaráid EÓC de Ghleann Cuilinn.....	263
Fig. 68: Léarscáil: An Sliabh Gearr [GC.213].....	264

Fig. 69: LSO: *Carn na Screathaine [GC.219]	267
Fig. 70: Léarscáil: GC tar éis na SO — Taobh theas den abhainn.....	269
Fig. 71: Léarscáil: *An Giota Dubh [GC.236].....	279
Fig. 72: Léarscáil: GC tar éis na SO — Taobh thuaidh den abhainn.	283
Fig. 73: Léarscáil: *An Carraigín Rua [GC.258], Carraig an Róistín [GC.191].....	293
Fig. 74: LSO: Léaráid EÓC de Chnoc Thamhlachta agus Chnoc Theach Sagard.....	297
Fig. 75: Léarscáil: TS Logainmneacha inaitheanta.....	297
Fig. 76: LSO: Liosta logainmneacha i dTeach Sagard.....	312
Fig. 77: AL: <i>bf</i> *Log an Mhullaigh [TS.291].....	313
Fig. 78: AL: <i>bf</i> Gleann na Raithní [TS.292]	314
Fig. 79: Léarscáil: <i>bf</i> An Slád Mór [TS.317] — cáilíocht talún.....	325
Fig. 80: Léarscáil: Dáileadh <i>tromán</i> [= <i>sruthán</i>] i sean-Chúige Laighean — cáilíocht talún.....	383
Fig. 81: Léarscáil: Samplaí de <i>tromán</i> [= <i>sruthán</i>] ar imeall theas an cheantair bratphortaigh....	385
Fig. 82: Léarscáil: ‘A certain mountain, called the Bogg’ — cáilíocht talún	390
Fig. 83: ‘A certain mountain, called the Bogg’ — grianghraf satailíte.....	390
Fig. 84: Léarscáil: ‘A certain mountain, called the Bogg’	391
Fig. 85: Léarscáil: Bileoga 24, 25, 26, 27 de léarscáileanna SO 6" (<i>BÁC</i>)	403
Fig. 86: MSO: Logainmneacha Gaeilge ar dhréacht-Bhileoga SO 25, 26, 27	405
Fig. 87: Léarscáil: Logainmneacha Gaeilge ar dhréacht-Bhileoga SO 25, 27	407
Fig. 88: MSO: Moltaí béarlaithe ÓD	409
Fig. 89: Léarscáil: Logainmneacha Gaeilge ar dhréacht-Bhileog SO 24.....	411
Fig. 90: Léarscáil: Ainmneacha ardán sa cheantar taighde.	431
Fig. 91: Léarscáil: Ainmneacha sruthán sa cheantar taighde	433

Liosta Grianghraf

NB an taighdeoir féin a ghlac na grianghraif mura sonraítear a mhalairt.

Grianghraf 1: An talamh ard i mbun Ghleann an Smóil	81
Grianghraf 2: Cnoc an tSiáin [GS1.13].....	93
Grianghraf 3: Brl. <i>The Shed Stone</i> [GS1.30].....	125
Grianghraf 4: *Na Bánóga Bána [GS2.62] & *An Corr-ruán [GS2.63].....	136
Grianghraf 5: *Tobar Santáin [GS2.61].....	140
Grianghraf 6: *Na Toim Luachra [GS2.82] & *An Sconsa [GS2.81].....	156
Grianghraf 7: *Cnoc an Raithin [GS2.100].	159
Grianghraf 8: *Seanmhuinéal [GS2.118], *Na Poill Fhada [GS2.117]	177
Grianghraf 9: *[X an] tSeagail [GS2.132]	195
Grianghraf 10: *An Bóthar Glas [GS2.145]	204
Grianghraf 11: *An Aill Mhór [GS2.150]	210
Grianghraf 12: *Cúil Mhic Aodha [GS2.163]	221
Grianghraf 13: An Leó (2) [GC.179] & Móin an Loig [GS.201]	236
Grianghraf 14: An Chloch Bhán [GC.211]	261
Grianghraf 15: *Caisiar (2) [GC.227] & *An Bhanrach [GC.183].....	274
Grianghraf 16: Clais an Ghadaí [GC.182], An Log Mór (2) [GC.180], *Garraí na gCloch [GC.233] & *Ruán an Fhearainn [GC.231]	276
Grianghraf 17: *Tromán Eilíse [GS1.26] [An Dr. Gearóid Ó Cleircín a ghlac].....	385

Liosta Táblaí

Tábla 1: Achar na dtíortha Ceilteacha.....	31
Tábla 2: Deilbhíocht na 316 logainm inrangaithe sa Tacar Logainmneacha.	332
Tábla 3: Bunstruchtúr na 316 logainm inrangaithe sa Tacar Logainmneacha.	333
Tábla 4: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar GNÉITHE AICEANTA: ARDÁN.	337
Tábla 5: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar GNÉITHE AICEANTA: ÍSLEÁN.	337
Tábla 6: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar GNÉITHE AICEANTA: UISCE.	338
Tábla 7: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar GNÉITHE AICEANTA: ILGHNÉITHEACH.	338
Tábla 8: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar GNÉITHE AICEANTA: CUMARSÁID.	338
Tábla 9: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar GOIRT AGUS GARRAITHE.	340
Tábla 10: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar PLANDA.	341
Tábla 11: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar AINMHÍ.	341
Tábla 12: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar DUINE.	341
Tábla 13: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar AINM.....	342
Tábla 14: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar AIDIACHT.....	343

Tábla 15: Fianaise tras-ama ar ghiorrú go logainm simpléacsúil.....	352
Tábla 16: Fianaise tras-ama ar thruailliú/choimriú.	352
Tábla 17: Fianaise tras-ama ar athrú béime.	353
Tábla 18: Fianaise tras-ama ar fhorcheartú.	353
Tábla 19: Comparáid strúchtúr na mionainmneacha.....	355
Tábla 20: Comparáid ráta marthanachta logainmneacha <i>Gaeilge : Béarla</i>	359
Tábla 21: Bunstruchtúr na mionainmneacha Gaeilge a mhaireann sa cheantar taighde.	359
Tábla 22: Comparáid bhunstruchtúr na bpáircainmneacha Béarla.	360
Tábla 23: Comparáid bhunstruchtúr na mionainmneacha Gaeilge le bunstruchtúr na mionainmneacha Béarla.	361
Tábla 24: Comparáid aicmitheoirí G le haicmitheoirí Brl. — GNÉITHE AICEANTA: ARDÁN.....	361
Tábla 25: Comparáid aicmitheoirí G le haicmitheoirí Brl. — GNÉITHE AICEANTA: ÍSLEÁN.	362
Tábla 26: Comparáid aicmitheoirí G le haicmitheoirí Brl. — GOIRT AGUS GARRAITHE.	362
Tábla 27: Comparáid cáilitheoirí G le cáilitheoirí Brl. — AIDIACHT.	363
Tábla 28: Logainmneacha den déantús ‘aidiacht + -óg’, ‘ainmfhocal + -óg’.....	386

Stíl agus formáidiú

Logainmneacha:

- Cuirtear **cló trom** ar fhocail nó logainmneacha Gaeilge nuair a phléitear iad mar fhocail nó logainmneacha.
- Cuirtear “uaschamóga dúbailte” timpeall ar mhíniúcháin Bhéarla.
- Cuirtear *cló iodálach* ar fhocail nó logainmneacha nach Gaeilge iad nuair a phléitear mar fhocail nó logainmneacha iad.
- Ní gnách **cló trom** a chur ar logainmneacha nach bhfuil faoi chaibidil ach a luaitear ar mhaithe le suíomh a chur in iúl.

Sampla:

Is minic **An Cnoc Dubh** “the black hill” béarlaithe mar *Knockduff*, et var. Tá an mionainm **An Cnoc Dubh** (*Knockduff* SO) le fáil i *bf* An Baile Mór, par. na Cille Móire.

Tagairtí stairiúla:

Táthar ag plé le fianaise i dteangacha éagsúla agus cuirtear an difríocht sin in iúl le formáidiú.

- Baintear úsáid as *cló iodálach* chun aird a tharraingt ar thagairtí stairiúla Gaeilge sa tábla fianaise. Cuirtear tagairtí stairiúla eile sa ghnáthchló.
- Baintear úsáid as ‘*uaschamóga timpeall ar chló iodálach*’ chun aird a tharraingt ar shleachta nó thagairtí stairiúla Gaeilge i gcorp an téacs. Cuirtear ‘*uaschamóga*’ timpeall ar a leithéid nach Gaeilge iad i gcorp an téacs.

Sampla:

1615	1. Knockduff	<i>CPR</i>
1645	2. <i>an Chnoic Dhuibh</i> [g.]	<i>LGen.</i>
1840	3. Crockdoo	<i>BS:AL</i>
	4. <i>cnoc dubh</i>	<i>pl:AL</i>
	5. <i>An Cnoc Dubh, collis niger</i>	<i>ÓD:AL</i> ‘Mac Firbissy’

Freagraíonn an tagairt bhéarlaithe ‘Knockduff’ *CPR* (1) go maith don Ghaeilge áitiúil ‘*cnoc dubh*’ *pl:AL* (4); léiríonn litriú ‘Crockdoo’ *BS:AL* (3) an fuaimniú. Laidin de chuid an Donnabhánaigh féin is ea ‘*collis niger*’ (5).

Giorrúcháin agus comharthaí ginearálta

aid.	Aidiacht.
ainmn.	(Tuiseal) ainmneach.
ainmp.	Ainm pearsanta.
áins.	(Tuiseal) áinsíoch/cuspóireach.
AN	Angla-Normannach; Angla-Normainnis.
B	Breatnais.
bain.	Baininsneach.
bl.	Bliain; faoin mbliain; srl.
Brl.	Foirm bhéarlaithe; focal/litriú Béarla; Béarla; (gin.) an Bhéarla; srl.
c.	<i>Circa</i> ; timpeall le...
cf.	<i>Confer</i> ; cuir i gcomparáid le...
dísp.	Arna dhíspeagadh mar...; foirm dhíspeagtha.
DL	Dréachtléarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.
eag.	Eagrán; eagarthóir ('in eagar ag...').
EÓC	Eoghan Ó Comhraí/Eugene Curry de chuid na Rannóige Topagrafaíochta. Cainteoir dúchais ó Mhaigh Fhearta, Contae an Chláir.
<i>et seq., et seqq.</i>	<i>Et sequens</i> ; leanann an tagairt ar aghaidh ar na leathanaigh ina dhiaidh.
fir.	Firinsneach.
Fr.	Fraincis.
G	Gaeilge.
[g.]	Foirm ghinideach san fhianaise.
gin.	(Tuiseal) ginideach.
gl.	Gluais; gluaisithe (mar)...
.i.	Eadhón; <i>id est</i> (i.e.).
<i>ibid.</i>	<i>Ibidem</i> ; sa leabhar/áit céanna.
<i>id.</i>	<i>Idem</i> ; an duine/rud céanna; mar an gcéanna.
<i>infra</i>	Thíos.
iol.	Iolra.
Ior.	Ioruais.
L	Laidin.
lch., lgh.	Leathanach, leathanaigh.
<i>leg.</i>	<i>Lege</i> ; léigh mar a leanas.
<i>lit.</i>	<i>Literally</i> , i míniúcháin Bhéarla.
<i>loc. cit.</i>	<i>Loco citato</i> ; san áit luaite cheana.
LS, LSS	Lámhscríbhinn, lámhscríbhinní.
M	Meán- .i. déanann MBrl. Meán-Bhéarla den Bhéarla (Brl.); déanann MG Meán-Ghaeilge den Ghaeilge (G).
m.sh.	Mar shampla.
<i>n̄, l̄</i>	Consain neamhtheanna (mar chodarsnacht le \bar{n} [=nm], ll). Noda de chuid na SO.
NB	<i>Nota bene</i> .
ÓD	Seán Ó Donnabháin/John O'Donovan de chuid na Rannóige Topagrafaíochta. Cainteoir dúchais ó Uí Dheá, Chontae Chill Chainnigh.
<i>pl</i>	Peann luaidhe.
POK	Pádraig Ó Caoimh/Patrick O'Keefe de chuid na Rannóige Topagrafaíochta. Níor chainteoir dúchais Gaeilge é.
<i>op. cit.</i>	<i>Opere citato</i> ; sa saothar luaite cheana.
<i>q.v., qq.v.</i>	<i>Quod/quae vide</i> ; féach...
<i>recte</i>	Ceartaigh mar a leanas.
S	Sean- .i. déanann SFr. Sean-Fhraincis den Fhraincis (Fr.); déanann SB Sean-Bhreatnais den Bhreatnais (B).
<i>sc.</i>	<i>Scilicet</i> ; an rud atá i gceist ná...
<i>sic</i>	Mar seo go díreach atá san fhoinse, cé go mbeifí ag súil lena mhalairt.
s.n., s.nn.	<i>Sub nomine/nominis</i> .i. eolas le fáil faoin ainm/faoi na hainmneacha seo i bhfoclóir ainmeolaíochta nó logainmneacha, cuir i gcás.

- SO (1) An tSuirbhéireacht Ordanáis i gcoitinne.
 (2) Léarscáil/sraith léarscáileanna de chuid na SO.
 (3) Logainm Béarla sa chló iodálach agus SO ina dhiaidh = ainm mar a léirítear ar léarscáil SO, m.sh. ‘**Cnoc an tSiáin** [=Knockanteedan SO]’.
 (4) Uimhir ar lean ghiorrúchán ainm chontae = bileog de shraith léarscáileanna SO, m.sh. (BÁC 24, 25) = le fáil ar bhileoga #24 agus #25 de léarscáileanna Chontae Bhaile Átha Cliath.

Léarscáileanna SO:

- SO 6" Léarscáil SO ar an scála 6 orlach in aghaidh an mhíle.
 SO 6" 1ú eag. An chéad eagrán den tsraith 6" (suirbhé 1829–41).
 SO 6" athbhr. An t-eagrán athbhreithnithe den tsraith 6" (1845–1888); c.1870 i gcás BÁC.
 SO 6" Cassini An leagan is déanaí sa tsraith 6" (anuas go c.1940).
 SO 25" Léarscáil SO ar an scála 25 orlach in aghaidh an mhíle (1897–1913).
- srl. Agus araile; *et cetera*.
supra Thuas.
 s.v., s.vv. *Sub verbo/voce, sub verbis/vocibus* .i. eolas le fáil faoin bhfocal/faoi na focail seo i bhfoclóir, cuir i gcás.
- tabh. (Tuiseal) tabharthach.
 TÓC Tomás Ó Conchúir/Thomas O’Conor de chuid na Rannóige Topagrafaíochta. Cainteoir dúchais ó Fhearnaigh, Contae Mhuineacháin.
- u. Uatha.
 v.l. *Varia lectio*; léamh eile.

- ≠ Murab ionann is...; Gné nach bhfuil le fáil i...; Rud nach dtiocfadh le...
 < Ag forbairt ó... M.sh. *Corna-* < *Corrigna-*.
 →, > Ag forbairt go... M.sh. *Corrigna-* → Brl. *Corna-*; /o:/ → /u:/; G /x/ > Brl. /k/
 [→...] Téigh go dtí..., m.sh. [→E2.]: ‘Téigh go dtí alt E2. san iontráil seo’; [→GS1.10] ‘Téigh go dtí iontráil #10 sa tacar GS1’.
- ~ Gairid do..., ag dul i dtreo..., ba dheacair roghnú idir... m.sh. [α~p].
 § Paragraf.
 * Comhartha amhrais:
 (1) Roimh mholadh Gaeilge éiginnte.
 (2) Roimh fhoirm thuairimithe, athstruchtúraithe, gan urrús, srl.
 (3) Roimh fhoirm ón gcaint nuair is cosúil nach foirm dúchasach é.
 (4) I ndiaidh giorrúcháin faisnéiseora sa tábla fianaise ó bhéal chun a chur in iúl nach sa chaint nádúrtha a dúrthas an logainm ach in amhrán nó i ndán, cuir i gcás.
- . Comhartha (de chuid Liam Price) chun a léiriú go dtiteann an bhéim i bhfoirm scríofa logainm ar an siolla a leanann é; úsáidtear é sna sleachtanna tras-scríofa ó na hagallaimh freisin, m.sh. ‘Askaphiliba·gowan’ = [ˌasgəfɪlɪzəpəˈgəʊən].
- | Comhartha de chuid na SO chun siollaí a dheighilt in ainmneacha béarlaithe.
 - Comhartha de chuid na SO (agus Price) chun guta fada (Béarla) a chur in iúl.
 ~ Comhartha de chuid na SO (agus Price) chun guta gairid (Béarla) a chur in iúl.
 " Comhartha de chuid na SO chun béim/príomhbhéim a chur in iúl (i logainm Gaeilge).
 ‘ Comhartha de chuid na SO chun fad nó béim a chur in iúl (i logainm Béarla).
 ‘ (1) Caoile consain, i dtras-scríbhinn foghraíochta.
 (2) Troigh, chun airde binne ar shean-léarscáileanna a shonrú.
 " Orlach.
 ? B’fhéidir...; b’fhéidir gurb ionann is...
 ?? An-éiginnte...
 ! Iontas éigin, m.sh. [sic!]
 {xx} Athrú uimhir leathanaigh laistigh de shleacht.

Giorrúcháin logainmneacha

Ainmneacha na gcontaetha

<i>AM</i>	Ard Mhacha
<i>Ao</i>	Aontroim
<i>BÁC</i>	Baile Átha Cliath
<i>Ca</i>	An Cabhán
<i>CC</i>	Cill Chainnigh
<i>CD</i>	Cill Dara
<i>Ce</i>	Ceatharlach
<i>Ci</i>	Ciarraí
<i>Cl</i>	An Clár
<i>CM</i>	Cill Mhantáin
<i>Co</i>	Corcaigh
<i>DG</i>	Dún na nGall
<i>Dn</i>	An Dún
<i>Do</i>	Doire
<i>FM</i>	Fear Manach
<i>Ga</i>	Gaillimh
<i>IM</i>	An Iarmhí
<i>La</i>	Laois
<i>Li</i>	Liatroim
<i>LG</i>	Loch Garman
<i>Lm</i>	Luimneach
<i>Lo</i>	An Longfort
<i>ME</i>	Maigh Eo
<i>Mu</i>	Muineachán
<i>PL</i>	Port Láirge
<i>RC</i>	Ros Comáin
<i>Sl</i>	Sligeach
<i>TÁ</i>	Tiobraid Árainn
<i>TE</i>	Tír Eoghain
<i>UF</i>	Uíbh Fhailí

Giorrúcháin logainmneacha eile

<i>aill</i>	Aill is ea an logainm a leanas agus aird á tarraingt ar an logainm féin. (Mar seo do na giorrúcháin eile go léir.)
<i>bar</i>	Barúntacht.*
<i>bf</i>	Baile fearainn.
<i>cn</i>	Cnoc.
<i>crg</i>	Carraig.
[G]	Logainm Gaeltachta.
<i>gl</i>	Gleann.
<i>id</i>	Ionad daonra.
<i>mng</i>	Mionghné (mionainm Gaeltachta go hiondúil).
<i>par</i>	Paróiste.*
<i>prc</i>	Páirc.
<i>po</i>	Postoifig.
<i>sl</i>	Sliabh.
<i>tr</i>	Toghroinn.

*NB Úsáidtear na giorrúcháin ‘bar.’, ‘par.’ chun ordlathas riaracháin a chur in iúl nuair nach mbaineann an logainm féin le hábhar, m.sh. ‘*bf* **Caisleán Uí Cheallaigh**, par. Thamhlachta’, nó ‘*par* **Tamhlacht**, bar. na Croise Uachtaraí’.

Fóinéimí, allafóin agus siombailí foghraíochta

/.../ Tras-scríobh fóinéimeach.

*.../ Foirm (fhóinéimeach) thuairimithe.

[...] Tras-scríobh foghrúil; foirm a breacadh díreach ón gcaint/ón téip.


- Príomhbhéim ar an siolla ar lean.
- Béim thánaisteach ar an siolla ar lean.
- Fadú ar an bhfoghar a thagann roimhe.
- Leathfhadú ar an bhfoghar a thagann roimhe.
- Sos.

An Ghaeilge

Úsáidtear an córas traidisiúnta le haghaidh leaganacha foghrúla Gaeilge.¹ Léirítear caoile (carballú) consain leis an siombal (') ina dhiaidh; seasann [x] don chuimilteach neamhghlórach atá le clos in G **chas** /xas/, srl., agus seasann [x'] don leagan caol de, m.sh. G **cheannaigh sé**; seasann [ɣ] don chuimilteach glórach atá le clos in G **dhá** /ɣɑː/, srl., agus seasann [ɣ'] don leagan caol de, m.sh. G **ghearr sé**; seasann [ɽ], [ɽ] do na leaganacha teanna de na sondaigh /l/, /n/; úsáidtear [o] don réadú láraithe íslithe den fhóinéim /o/ atá le clos in G **bog** /bog/, srl. Ní dhéantar aon chaighdeánú ar shleachtanna tras-scríofa Gaeilge a bhaintear as foilseacháin eile mura sonraítear a mhalairt.

Na Gutaí

Sa tras-scríobh ar na foirmeacha áitiúla béarlaithe, is dócha gurb iad na siombailí do na gutaí is mó a chruthóidh fadhbanna dóibh siúd nach bhfuil taithí acu ach ar an gcóras leathan a úsáidtear i bhfoilseacháin Ghaeilge. Dá bhrí sin a chuirtear an léaráid thíos ar fáil mar threoir:



© 2015 An Cumann Idirnáisiúnta Foghraíochta (IPA)²

¹ Féach mar chuntas cuimsitheach *LASID I*: xvi–xvii; cf. Quiggin 1906.

² Bunaithe ar <<http://www.internationalphoneticassociation.org/content/ipa-chart>> (ceadaithe 3/10/2023), Ceadúnas Sannta Creative Commons 3.0.

Eolas breise

- [ɔ] Leathshlí idir *a*-cúil /a/ agus *a*-tosaigh /a/.
- [ɛʊ], [ɛwɜ] Réadú áitiúil ar /u:/. NB ní hionann is [ɜʊ] = réadú ar an défhoghar /əʊ/ ag cainteoirí áirithe, cuir i gcás Brl. *do* [dɛʊ] ≠ *doubt* [dɜʊ]; *fool* [fɛwɜ] ≠ *foul* [fɜwɜ].
- [aʊ], [awɜ] Réadú áitiúil ar /o:/. Cloistear [ʌʊ], [ɐʊ], [ɔʊ], srl., ag cainteoirí éagsúla.

Na Consain

De bhreis ar na fóinéimeanna tarraingítear aird sa tras-scríobh Béarla ar na hallafóin seo a leanas — mura sonraítear iad seo is féidir glacadh leis gur gnáthfhoirm den fhóinéim a bhí le clos:

- [d] Fuaimniú déadach den fhóinéim /d/. Bíonn guagacht idir seo agus an fluaim ailbheolach uaireanta, ag an aon chainteoir fiú, m.sh. i leithéid ***An Feadán** [GS2.77]: [-d̥-], [-d-]; Brl. *the* [d̥ɜ], [dɜ]; srl.³
- [ð] Cuimilteach déadach glórach ar nós Brl. *the* [ðə] i mBéarla Chúige Uladh.
- [t̪] Fuaimniú déadach den fhóinéim /t/, ar aon dul le [d] thuas.
- [θ] Leagan cuimilteach siosach den fhóinéim /t/ a chloistear go coitianta i mBéarla na hÉireann idir dhá ghuta nó i ndeireadh siolla, m.sh. Brl. *light* [l̪ɪθ], *better* [bɛθə].⁴
- [ʔ] Stop glotais ar réadú áitiúil é ar /t/ roimh /n/ siollach, m.sh. Brl. *beating* [be:ʔŋ].
- [θ̪] Cuimilteach déadach neamhglórach ar nós Brl. *think* [θ̪ɪŋk] i mBéarla Chúige Uladh.
- [ɹ] An réadú coitianta áitiúil ar /r/, ar neasach ailbheolach [ɹ] nó aisfhillteach [ɹ] é go baileach.
- [r̪] Réadú ar an bhfóinéim /r/ ar tap-chonsan é. Gan le clos ach anois is arís, is minicí sa charr Brl. (-)tr- [r̪].
- [ə̪] Dathú rótach ar an nguta láir atá coitianta i mBéarla Bhaile Átha Cliath mar réadú ar Brl. *-er*, srl., i ndeireadh siolla. NB ba cheart a leithéid de dhathú a thuiscint as [ɹ] i ndeireadh siolla freisin, agus é ar lean guta láir eile nach bhfuil a mhacasamhail de nasc-shiombail IPA ar fáil dó, m.sh. [ɜɹ].
- [n̪] Leagan siollach den chonsan /n/, m.sh. Brl. *mountain* [mɜn̪n̪].
- [l̪] Leagan siollach den chonsan /l/, m.sh. Brl. *tickle* [tɪkl̪].
- [k̪] Leagan cuimilteach den chonsan /k/ nach bhfuil chomh cuimilteach le /x/ féin. Bíonn idir /k̪/ agus /x/ le clos sa ghnáthchaint anois is arís chomh maith le logainmneacha de bhunús Gaeilge, m.sh. Brl. *broken* [br̪ɔk̪ɜn̪]. Is mó de thruailliú ná d'allafón é.
- [j̪] Sleamhnán i ndiaidh consain nach bhfuil chomh láidir le /j/ féin; cosúil le caoile na Gaeilge.
- [s̪] Leagan iar-ailbheolach de /s/ nach bhfuil chomh láidir le /f/ féin.
- [sb], [sd], [sg] Mar seo a léirítear na cairn ghlóraithe /s+/p/, /s+/t/, /s+/k/, m.sh. Brl. *stone* [sdv̪n̪].

³ NB úsáidtear an tsiombail [D] i sliocht a bhaintear as *Log. na Rinne*.

⁴ Ní thaispeántar an diaicritic [̪] i gceart in éineacht le [θ]. Úsáidtear folíne [θ̪] sa tráchtas seo mar réiteach.

- [ŋ] An coguasach srónach a bhíonn le clos in Brl. *-ng*, m.sh. *thing* [tʃŋ], sa charr Brl. *-nk-*, m.sh. *think* [tʃŋk], agus mar sin de.
- [g] Úsáidtear an ghnáthlitir seo tríd síos chun [g] an IPA a chur in iúl.

Féach 3.2.2 thíos le haghaidh tuilleadh eolais faoin gcóras tras-scríofa seo.

Liosta Príomhfhoinsí

- AcS* Stokes, W. (eag.). 1900. [‘Acallamh na senórach’] *Irische Texte mit Wörterbuch*, Vierte Serie. Leipzig: Verlag von S. Hitzel.
- Alen’s Reg.* McNeill, C. (eag.). 1950. *Calendar of Archbishop Alen’s register, c. 1172–1534*. Dublin: Royal Societies of Antiquaries of Ireland.
- Alen LS* Bun-LS de chuid de *Alen’s Reg.* le nótaí i láimh Alen féin (‘Lámhscríbhinn A’). Cartlann Eaglais na hÉireann.
Ar fáil ag <<https://issuu.com/churchofireland/docs/alen>>
- ASB* Leabhair nótaí agus buncháipéisí eile a d’úsáid R.V. Walker agus é ag ullmhú ‘Notes on Cavan Place Names’, sraith alt a foilsíodh ar an *Anglo-Celt* 1920–1921 faoin ainm cleite ‘An Scoláire Bocht’. Bronnadh na páipéir seo ar an mBrainse Logainmneacha.
- ASE* ‘Abstracts of Grants of Lands ... under the Acts of Settlement and Explanation, A.D. 1666–1684’ in *Appendix to the Fifteenth Annual Report from the Commissioners of Public Records of Ireland*. Dublin: Commissioners of Public Records of Ireland.
- AU* Mac Airt, S. & G. Mac Niocaill (eag.). 1983. *The Annals of Ulster, to AD 1131*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- BÁCTheas* *Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas/South Dublin Placenames and Streetnames*. Baile Átha Cliath: Comhairle Contae Átha Cliath Theas [*sic*].
- BPR* Corlett, C. (eag.). 2008. *Beneath the Poulaphuca Reservoir. The 1939 Poulaphuca Survey of the lands flooded by the Liffey Reservoir Scheme*. Dublin: Government of Ireland.
- CJR* Mills, J. (eag.). 1914. *Calendar of the justiciary rolls or proceedings in the court of the justiciar of Ireland... Edward I. Part 2...* Dublin. Alex Thom and Co.
- Cl. Sol.* *An Claidheamh Soluis* (1899–1932). Ar fáil ag:
<<https://cnag.ie/ga/eolas/an-ghaeilge/an-claidheamh-soluis-ar-líne.html>>
- Corpas* *Corpas na Gaeilge*. Corpas Stairiúil na Gaeilge arna thiomsú ag Acadamh Ríoga na hÉireann. Ar fáil ag <<http://corpas.ria.ie/>>
- CS* *The Civil Survey A.D. 1654–56* (Iml. I–X) [1931–1961], Coimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann.
- DFil.* [Dinnseanchas na Filíochta] Gwynn, E.J. 1903–1935. *The Metrical Dindshenchus* (I–V). Dublin: Hodges Figgis.
- Dinn.* Dinneen, P. 1927. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish–English Dictionary* (1927). Dublin. Irish Texts Society.
- Dinnseanchas* Iris arna foilsiú ag an gCumann Logainmneacha. 6 imleabhar (1964–1975), ar fáil ag <<https://www.logainm.ie/ga/acmhainni/foilseachain>>
- DPróis* [Dinnseanchas an Phróis] Stokes, W. 1894–1895. ‘The prose tales in the Rennes Dindshenchas’, *Revue Celtique* 15 (1894) 272–336, 418–484; *ibid.* 16 (1895) 31–83, 135–167, 269–312.
- DUPN* McKay, P. (eag.). 2007. *A Dictionary of Ulster Place Names*. Belfast: Cló Ollscoil na Banríona.
- EDD* Wright, J. (eag.). 1898–1905. *The English Dialect Dictionary, being the complete vocabulary of all dialect words still in use, or known to have been in use during the last two hundred years*. Iml. I–VI. London: Henry Frowde.

- Fardal* Fardal Seandálaíochta [Archaeological Inventory], Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá ábhar Chontae Bhaile Átha Cliath le fáil ar líne: <<https://www.archaeology.ie/archaeological-survey-ireland>>
- FNCM* The Meath Field Names Project. 2013. *The Field Names of County Meath*. Drogheda.
- FNCL* Campbell, E. 2014. *Field Names of County Louth*. Drogheda.
- FNGS* *The Field Names of Glenasmole*. Compiled by Pat Lee, with Donie Anderson, Michael Collins, Martin Conroy, Brian Jones, Pat Jones, Liam Kilbride, Jim Mahon, John Murphy, Winnie Murphy and Jim Worth (2015).
- FNKK* *Meitheal na bPáirceanna: Field Names of Kilkenny*.
- FTÓN* Foclóir Gaeilge–Béarla Thaidhg Uí Neachtain (c.1739). LS 1290 (H.1.16), Coláiste na Tríonóide.
- GR* [Patrick Healy.] 2006. *Glenasmole Roads*. Dublin: South Dublin County Council.
- GVal.* [Griffith’s Valuation] The Primary Valuation of Tenements (1847–1864).
- HMR* Cary, G.S. (eag.). 1928. ‘Hearth Money Roll for Co. Dublin, 1664’, *Journal of the County Kildare Archaeological Society [JKAS]* X (1922–1928) 245–54; *id.*, 1933. ‘Hearth Money Roll for Co. Dublin’, *JKAS* XI (1930–1933) 386–466.
- Iris. na G.* *Irisleabhar na Gaedhilge*. Ar fáil ag <<http://irisleabharnagaedhilge.fng.ie/>>
- Inq. Ult.* Hardiman, J. (eag.). 1826. *Inquisitionum in Officio Rotulorum Cancellariae Hiberniae asservatarum Repertorium II (Ultonia)* (‘Inquisitions: Ulster’). Dublin: His Majesty’s Printers.
- KIL 20* Sleachtanna ilchineálacha le Tadhg Ó Neachtain (1724–1736). LS 20 i Leabharlann Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath.
- LASID* Wagner, H. & C. Ó Baoill. 1958–1969. *Linguistic atlas and survey of Irish dialects* Iml. I–IV.
- LGen.* Ó Muraíle, N. (eag.) 2003. *Leabhar Mór na nGenealach. The Great Book of Irish Genealogies compiled (1645–66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh* (Iml. I–V). Dublin: De Búrca.
- Liosta Lhwyd* Liosta 80 logainm Gaeilge le míniúcháin Bhéarla a sheol comhfhreagraí anaithnid go dtí Edward Lhwyd, gan dáta [c.1700], in Brynley F. Roberts, Richard Sharpe, Helen Watt agus Cultures of Knowledge (eag.), ‘The Correspondence of Edward Lhwyd’, *Early Modern Letters Online* (EMLO), <<http://emlo.bodleian.ox.ac.uk/w/401958>> = Bodl. MS. Ashmole 1820a, fols. 272–273 (‘For Mr Edward Lhuyd at the Musæum in Oxford’). Cuntas le fáil in Mac Giolla Chomhghaill 2024.
- LME* Mac Gabhann, F. 2014. *Logainmneacha Mhaigh Eo* (Iml. 1–10). Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- LnÉ* *Logainmneacha na hÉireann* (sraith):
Ó Maolfabhail, A. 1990. *Logainmneacha na hÉireann I: Contae Luimnigh*;
Ó Cearbhaill, P. 2007. *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann*;
Ó Cearbhaill, P. 2010. *Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann*;
Ó Cruaíoch, C. & A. Mac Giolla Chomhghaill. 2016. *Logainmneacha na hÉireann IV: Townland names in Co. Wexford*.
- LSO* Litreacha na SO i Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann.
Ar fáil ag <<https://www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/digital-books-by-subject/ordnance-survey-of-ireland/>> [sic]
- Marsh* Leabharlann an Ardeaspig Marsh, Baile Átha Cliath.
- MHR* Little, G.A. 1943. *Malachi Horan Remembers*. Dublin: M.H. Gill and Son, Ltd.
- NDEFN* Cavill, P. 2018. *A New Dictionary of English Field-Names. With an Introduction by Rebecca Gregory*. English Place-Name Society.
- O’Kelly* O’Kelly, O. 1969. *Kilkenny — a history of the county*. Kilkenny.
- OLBÁC* An tOrdú Logainmneacha (Baile Átha Cliath) 2011.
Ar fáil ag <<https://www.logainm.ie/download/an-tordu-logainmneacha-contae-bhaile-atha-cliath-2011.pdf>>

- Ox. Dict. FN* Hanks, P., R. Coates, P. McClure (eag.). 2016. *The Oxford Dictionary of Family Names in Britain and Ireland*. Oxford University Press.
- Pac. Hib.* O’Grady, S. (eag.). 1896. *Pacata Hibernia or a history of the wars in Ireland during the reign of Queen Elizabeth...* (2 iml.) London: Downey & Co. Ltd.
- PRIA* *Proceedings of the Royal Irish Academy*.
- PriceBL* Litreacha, leabhair nótaí agus cáipéisí eile de chuid Liam Price a bhronn sé ar an mBrainse Logainmneacha.
- PriceBL/CGT* Litir a sheol C.G. Thompson [CGT] chuig Liam Price i 1946 ina dtugann sé liosta de na logainmneacha go léir a d’aimsigh sé sna sléibhte thar na blianta fada taighde.
- PriceLN* Leabhair nótaí Liam Price. Buncháipéisí atá ar coimeád i gCartlann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- PriceLN/SÓS* Logainmneacha a bhreac Seán Ó Súilleabháin [SÓS] i leabhar nótaí de chuid Liam Price (*PriceLN*) fad is a bhí an bheirt acu ag caint le Christopher Mulvey i nGleann Cuilinn i 1939.
- PS I* Laoide, S. (eag.). 1905. *Post-Sheanchas i n-a bhfuil cúigí, dúithchí, conntaetha, 7 bailte puist na hÉireann. Cuid I.—Sacsbhéarla–Gaedhilg*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- PS II* Laoide, S. (eag.). 1911 (in athchló gan leasú 1922). *Post-Sheanchas i n-a bhfuil cúigí, dúithchí, conntaetha, 7 bailte puist na hÉireann. Cuid II.—Gaedhilg–Sacsbhéarla*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Reg. St. Jn. B.* Brooks, E. S. (eag.) 1936. *Register of Saint John the Baptist without the New Gate, Dublin*. Dublin: Stationery Office.

**Mionlogainmneacha de bhunús Gaeilge
i ngleannta Chontae Bhaile Átha Cliath**
Aindí Mac Giolla Chomhghaill

Is é príomhaidhm an tráchtais seo mionlogainmneacha agus páircainmneacha de bhunús Gaeilge i ngleannta Chontae Bhaile Átha Cliath a bhailiú le chéile in aon chnuasach cuimsitheach amháin, scrúdú a dhéanamh orthu chun corpas ceannfhoirmeacha Gaeilge a chruthú agus anailís a dhéanamh ar an gcorpas Gaeilge sin. Tá 323 logainm sa chorpas, a aimsíodh i bhfoinsí stairiúla, i gcnuasaigh áitiúla, ar sheantaifeadtaí cartlainne agus le linn obair pháirce. Tá an fhianaise scríofa agus fhoghraíochta seo leagtha amach, in éineacht le heolas ábhartha eile, in iontráil ar leith do gach logainm. Sa tráchttaireacht ar gach iontráil mínítear an anailís ar a bhfuil an moladh Gaeilge bunaithe. Pléitear leis an tacar ceannfhoirmeacha Gaeilge seo mar chorpas logainmneacha Gaeilge don cheantar taighde. Déantar anailís ar dhéantús na logainmneacha ó thaobh struchtúir de ar dtúis. Déantar iad a scagadh de réir aicmitheoirí agus cáilitheoirí ansin le gur féidir na heilimintí sin a rangú go tíopeolaíoch ar mhaithe le solas a chaitheamh ar an bpatrún logainmníochta Gaeilge sa cheantar. Déantar anailís den saghas céanna ar chorpais eile mionlogainmneacha Gaeilge laistean agus lastuaidh den cheantar taighde agus cuirtear na torthaí i gcomparáid le chéile. Tarraingítear aird ar ghnéithe áirithe d'fhuaimniú na logainmneacha béarlaithe a d'fhéadfadh a bheith ina leid ar bhunfhuaimniú na logainmneacha i nGaeilge dhéanach na háite. Tarraingítear aird ar ghnéithe den phróiseas béarlaithe féin freisin. Ar deireadh, féachtar ar na mionlogainmneacha Béarla sa dá ghleann. Cuirtear an cóimheas páircainmneacha *Gaeilge* : *Béarla* sa cheantar taighde i gcomórtas le dhá cheantar eile ina bhfuil sonraí inchomparáide le fáil. Déantar rangú tíopeolaíoch ar na páircainmneacha Béarla sa dá ghleann chun spléachadh a fháil ar an bpatrún logainmníochta sa teanga sin is féidir a chur i gcomparáid leis na mionainmneacha de bhunadh na Gaeilge a mhaireann taobh leo.

1. Réamhrá

Is álainn mar atá an Sliabh Rua suite taobh theas d’abhainn mhór ag rith isteach san fharrage, pictiúr pléisiúrtha ar fhíor na spéire — idir cathair agus grian. Ach ní breáthacht gan téagarthacht a bhí ann riamh, mar bhí an sliabhraon seo ina bhalla cosanta ag muintir Chualann ar ionsaithe Uí Néill an Deiscirt agus ina dhiaidh sin ar Lochlannaigh an longphoirt nua — idir cathair agus tuath. Bhagair na sléibhte seo an Gaelachas ar mhórbhaile na Sean- agus na Nua-Ghall agus cuireann siad dúshlán na príomhchathrach gus an lá inniu — idir cathair agus dúchas. Bhí an Ghaeilge le clos beo i ngleann de na gleannta anseo chomh déanach le 1837. Agus tá iarsmaí den teanga i mbéal na bhfeirmeoirí a shaothraíonn an talamh céanna leis na Gaeilgeoirí deireanacha i nGleann an Smóil agus sa ghleann mór eile béal dorais leis, Gleann Cuilinn, mar a n-úsáidtear na céadta mionlogainmneacha agus páircainmneacha de bhunús Gaeilge, bíodh is go bhfuil siad i riocht an Bhéarla le fada anois. Féachann an tráchtas seo leis na hiarsmaí sin a chnuasach le chéile, iad a scrúdú go mion agus anailís a dhéanamh orthu mar logainmneacha Gaeilge. Cuirtear an tacar logainmneacha sa dá ghleann i gcomórtas lena chéile agus cuirtear an tacar iomlán sin i gcomórtas le tacair eile ó shean-Chúige Laighean ó dheas agus ó shean-Chúige na Mí ó thuaidh féachaint an bhfuil aon phatrúin logainmníochta le haithint. Féachann an tráchtas fós leis an bhfianaise a scagadh mar leideanna ar fhuaimniú Ghaeilge na háite. Cuirtear cuntas cuimsitheach ar logainmneacha an cheantair taighde dá réir a d’fhéadfadh a bheith ina lón staidéir do scoláirí amach anseo. Ach roimhe sin is uile caitear súil i gCaibidil 2 ar logainmneacha na hÉireann, ar mhionainmneacha agus ar pháircainmneacha i gcoitinne, ar na gleannta féin is ábhar don tráchtas seo agus ar na príomhfhoinsí a bheidh in úsáid ann.



Fig. 1: Rocque (1760) — Glenn an Smóil
 Ar deiseal ón mbarr: Sleh na Bordoge [GS1.35];
 Glan ne Snool [GS1.3], The Church [GS1.45], The Breaks [GS1.15]; Castle Kelly [GS1.20]; Kippure [GS1.5];
 Carrigreen Rea [GS1.12]; Seehon [GS1.1]; Seevick na Bontry Mountain [GS1.2].



Fig. 2: Rocque (1760) — Glenn Cuilinn
 Bally Brack [GC.208], Boullagh orlagh [GC.181], Glan Cullen, the pound

2. Léirmheas Litríochta

2.1 Logainmneacha in Éirinn

2.1.1 Dinnseanchas na Meán-Ghaeilge go dtí meath an léinn dúchais

Is minic é ráite go bhfuil scoláirí in Éirinn ag gabháil do logainmneacha chomh fada siar le tús ré na litríochta féin. Dá mbeadh sé deacair a chruthú gur chuir na Gaeil spéis in ainmneacha áite thar phobal ar bith eile, is fíor ar a laghad go bhfuil plé ar shanasaíocht logainmneacha (agus ar shanasaíocht ainmneacha pearsanta agus focal eile nach iad) le fáil sa litríocht is ársa dá dtagann anuas chugainn. Níl toghail, táin ná tochmharc nach dtugtar míniú ar ainm áite mar mhaisiú ar an insint nó mar thuar ar dhráma an scéil. Nuair a chuirtear san áireamh gur sine bunús na scéalta sin ná an scríbhneoireacht féin ní ródhána an maíomh go bhfuil cúrsaí logainmneacha i lár an aonaigh i gcultúr na nGael le míle go leith bliain.

Agus is beag nach ionann stair na logainmneacha in Éirinn agus stair na nGael, mar is suarach an rian a d'fhág aon teanga réamh-Cheilteach a labhraíodh in Éirinn ar logainmneacha na tíre. Cuir i gcás na príomhghnéithe aiceanta, ós iad is faide siar is féidir a n-ainmneacha a leanúint de ghnáth. Mar shampla, na haibhneacha a d'adhraigh pobal réamhstairiúil an oileáin — is de bhunús Ceiltise formhór a n-ainmneacha, fiú amháin iadsan a ainmníodh as bandéithe: féach **An Bhanna** i gCúige Uladh ([#1165494](#)) agus i gCúige Laighean ([#116057](#)), **An Bhóinn** ([#116563](#)) sa Mhí, **An Bhandain** [**Banda**] ([#116056](#)) i gCúige Mumhan agus 'príomhshruth Éireann' féin .i. **An tSionainn** [**Sionna**] ([#1166693](#)) (O'Rahilly 1946, Ó Murchadha & Murray 2000). Ní taise don chuid is mó den dornán ainmneacha is féidir a aithint go cinnte ar léarscáil Tholamaes, an chéad léaráid d'Éirinn a breacadh riamh (cf. Mac an Bhaird 1991). Ar ndóigh, níorbh ainmneacha dúchasacha 'Éireannacha' iad gach uile ainm Ceiltise a bhí in úsáid ag na Gaeil, más féidir an meascán téarmaíochta a úsáid: is léir, ar bhonn teangeolaíochta, go bhfuil cuid díobh fréamhaithe sa Bhreatain nó ar mhórthír na hEorpa féin agus gur tugadh anall go hÉirinn iad mar chuid den chultúr Ceilteach i gcoitinne (Ó Corráin 1992). Mar shampla, is i ndiaidh na *Dumnonii*, a bhfuil tuairisc ag na Rómhánaigh orthu sa Bhreatain agus a thug ainm do *Devon* i Sasana, a ainmníodh **Iorras Domhnann** (*ME*) (= *bar Iorras* ([#176](#))); is iad na *Menapii*, treibh a raibh a dtír dhúchais suite sa Bheilg, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc, atá caomhnaithe san ainm *co Fear Manach* ([#100014](#)) (O'Rahilly 1946, Ó Muraíle 2001). Agus is ann d'fhíorbheagán ainmneacha a bhféadfaí bunús réamh-Ceiltise a áiteamh ina dtaobh, mar atá réamhtheachtaithe ainmneacha abhann amhail **An Feabhal** ([#1166108](#)) agus **Samhaoir** (= An Éirne ([#1166093](#))) agus b'fhéidir corcheann eile ar nós **Life** (.i. an machaire ar ghlac Abhainn na Life ([#1166309](#)) ainm uaidh). Níl a mbunús seo soiléir ar aon tslí (O'Rahilly 1946, Mac Eoin 2007). Is ann freisin d'ainmneacha luatha a bhfuil cruth simplí Gaeilge orthu a d'fhéadfadh a bheith ina dtruaillithe ar sheanainmneacha réamh-Cheilteacha (m.sh. *abh An tSiúir* ([#67256](#))).

Gnéithe aiceanta mar seo agus mórainmneacha eile nach iad atá pléite sa Dinnseanchas [MG *Dindsenchas*], an cnuasach cáiliúil filíochta agus scéalta beaga úd a thugann faoi mhíniú a sholáthar d'ainmneacha na n-áiteanna is mó le rá i litríocht na linne. Ach más logainmneacha de bhunús

Gaeilge (nó ar a laghad Ceiltise) iad formhór glan na n-ainmneacha seo, bhí cuid acu tite i ndoiléire cheana do shaineolaithe na Meán-Ghaeilge. Is mó de mhiotaseolaíocht ná de theangeolaíocht a úsáidtear sa Dinnseanchas chun brí na logainmneacha a thabhairt chun beatha. Ní hannamh dhá shanas nó trí cinn luaite i dtaobh logainm amháin, agus gan aon cheann acusan á mholadh thar a chéile. Sceitheann sé seo ar lucht scríofa na míniúchán seo agus léiríonn gurb amhlaidh a bhí siad beag beann ar chruinneas sanasaíochta, ach an logainm a bheochan agus a chur i láthair i dtéarmaí liteartha na haoise (Ó Cuív 1990, Ó Murchadha & Murray 2000). Thairis sin, lasmuigh den dá chnuasach seo Dinnseanchas na Filíochta [DFil.] agus Dinnseanchas an Phróis [DPróis], is minic a dhéantar tagairtí fánacha sna scéalta luatha liteartha, ar mhaithe le maisiú, do logainmneacha a raibh suntas ag baint leo ar chúis éigin. Sa chur síos géarchúiseach ag Baumgarten ar an ngnás liteartha seo, tugann sé trí shaghas sanasaíochta, mar atá:

1. incidental or additive etymology, as ... *Cuirrech Lifi do Laignib dia tá Ráith Cuirrig, is é...* [‘Currach Life i gCúige Laighean, as a dtagann an logainm Ráith Churraigh, is é...’]
2. constituent etymology, as, e.g. the explanation of Oisín’s name [‘when Bláí [his mother] conceived in the shape of a deer, she conceived a fawn (*oisín*)’]
3. creative etymology, the use of the explanation(s) of one or more names in the creation of the tale

Baumgarten 1987: 24

I saothair léannta eile na luathré ar nós *Sanas Chormaic*, freisin, faightear iarrachtaí ar bhrí logainmneacha nó eilimintí logainmneacha a scaoileadh, m.sh. ‘*Benntraige .i. binitrige .i. (de) millsen dligeas rí Caissil dib indsin. no a mBenta patre eorum*’ (Stokes 1862: 7) = **Beantraí** (#36);⁵ ‘*Temair .i. té múr múr Téa ingine Lúgdach maic hItha. no grec rotruailned and téomora i.e. conspicio ... temair intige .i. grianan*’ (Stokes 1862: 42) = **Teamhair** (#1410576);⁶ ‘*Tulach ... quasi tul uach .i. uacht inti* (‘cold in it’) & *sí na tul .i. nocht ar is tul gach nocht* (‘and it *tul* i.e. naked, for *tul* is everything naked’)’ (Stokes & O’Donovan 1868: 161).

Mar a deir Baumgarten, i ré na Sean- is na Meán-Ghaeilge, ‘Etymology was a category of thought and of literary creation’ (*loc. cit.*). Más ea, níor cheart a bheith ag súil lena mhalairt ó lucht an Dinnseanchais féin. Ní haon ábhar iontais ach oiread gur dhírigh siad ar na logainmneacha ba mhó le rá lena linn féin: ainmneacha na ngnéithe tíre ba shuntasáí cló, na bhfód catha ba ghránna ár agus na láithreacha eaglasta ba shine naofacht. Gnéithe aiceanta beagnach gach sampla a luaitear ann, comhartha ar sheandacht an traidisiúin, b’fhéidir.

Murab ionann is na mórlogainmneacha clúiteacha seo a bhí faoi chaibidil sa tseanlitríocht, agus iad á bplé tráth a raibh an Ghaeilge á labhairt ó cheann ceann na tíre, tá an tráchtas seo idir

⁵ ‘‘Bantrymen’’ i.e. *binit-rige* ‘rennet-kingdom’ from the cheese-curds that the king of Cashel is entitled to from them (is) this. Vel a *Benta* patre eorum [‘nó as *Benta*, a n-athair’] Stokes & O’Donovan 1868: 21.

⁶ ‘[...] .i. wall (‘mound’ O’D.) of Té daughter of Lugaid, son of Ith. Or Greek was corrupted there: *teomora* i.e. *conspicio* [...] *temair in tige* (‘*temair* of the house’) i.e. an upper room’ Stokes & O’Donovan 1868: 157.

chamáin dírithe ar mhionlogainmneacha in dhá ghleann nach raibh pobal Gaeilge ann le breis is 200 bliain. Ach b'iomráiteach na gleannta Gaelacha iad tráth dá raibh. Tá Gleann an Smóil luaite go cinnte, b'fhéidir in éineacht le Gleann Cuilinn, in DFil. s.n. *Bairend Chermain: 'Dolluid Cassán go Glend Cuill ... dolluid Fulach co Glend Smóil'*; faoi mar atá an abhainn a shníonn tríd s.n. *Bend Etair I: 'a gualú dess ri Dothra'*.⁷ Luaitear Abhainn na Dothra — ach ní luaitear ainm an ghleanna — sa scéal Meán-Ghaeilge *Togail Bruidne Da Derga [TBDD]*. Tá ceangal nach beag idir Gleann an Smóil agus na scéalta Fiannaíochta freisin, ar ndóigh. Toisc gur i réimse na miotaseolaíochta atá na scéalta sin lonnaithe bhí éileamh ag gach cúige ar ainm an ghleanna mór le rá úd: i gContae Thiobraid Árann atá Gleann an Smóil eile;⁸ agus féach an nóta seo a leanas faoi *bf Glensmoil* (#[16267](#)) (DG 70, 79) i gContae Dhún na nGall:

Glensmoyle [Received Name]: *Gleann an smóil*, vale of the thrush. This valley, which is claimed by almost every Co. in Ireland, is celebrated for its romantic scenery in the poems of Ossian: *tharlaigh dhúinn a maidin ceo*~~th~~, / *go gleann na smol le ar n-gadhar go moch*. This Glensasmole, however, is in Wicklow.

AL (DG) par. Clonleigh, lch.22 (ÓD, 1836)

Nuair a chuaigh eagarthóirí *Trans. Kilk. Arch. Soc.* i gcomhairle le Seán Ó Donnabháin (1806–1861) chun a thuairimí a sholáthar ar éileamh an ghleanna úd i gContae Thiobraid Árann (Dunne 1852) sheol sé an nóta seo a leanas chucu:

According to the traditions in Meath and in the glens of the County of Dublin, where the people still speak Irish, *Gleann-a-smoil* means 'the valley of the thrush.' We of the south add another syllable to *smól* to express thrush (*smólach*); but the Meath men will have their own form (*an smól*, gen. *an smóil*) and interpretation to be correct; they insist that the *Gleann-a-smoil* of the Fenian story, is the place still so called in the County of Dublin, and they hold us in great contempt for attempting to transfer this glen to the south.

Dunne 1852: 358n.

Bhí an béaloideas seo le fáil ar fud na tíre, agus na scéalta Fiannaíochta á n-aithris leis na cianta. Ní gá a bhfuil ann a shlogadh gan cheist, ar ndóigh, ach oiread le Diarmaid agus Gráinne a bheith luaite le gach tuama meigiliteach in Éirinn. Is sa dá threo a bhíonn an tionchar le brath, áfach, agus níor cheart mar sin diúltú scun scan dá bhfuil san Fhiannaíocht de logainmneacha agus de leideanna ar logainmneacha. Ba mhór an áis do na seanchaithe áitiúla má bhí gleann ina gceantar féin a bheadh oiriúnach chun an t-ainm a ghlacadh chuige féin agus na scéalta faoi Fhionn i mbun seilge a shuiteáil go logánta. San insint thar na blianta ní haon iontas go dtiocfadh ainmneacha áite eile mórthimpeall

⁷ Cf. b'fhéidir '*do Chuiliund chíar, dar Crecca, / dar Sruthair, dar Slíab Lecga*' DFil. s.n. *Bend Etair II*. Is cosúil ó fhoinní eile, m.sh. *TBDD*, gurb ionann '*Slíab Lecga*' agus *sl Binn Dá Charraig* (#[1165533](#)). Féach *FSÁG* s.n. **Cuil(I)eann (8)**: 'In S. DB / N. WW.'

⁸ Féach 'the glen, of considerable extent, commencing in Tipperary, under Sliabh-na-mban, running eastward at the foot of the Newtown hills, and thence taking a southerly direction along that portion of the County of Kilkenny modernly known as "the Slate Quarries"...' Dunne 1852: 356.

ar na gleannta seo faoi anáil na scéalta Fiannaíochta céanna. Ní háirithe gur ainmneacha bréige iad na hainmneacha a ceanglaíodh leis na scéalta seo go háitiúil, mar a mheabhraíonn Ó Muraíle dúinn:

Take, for example, the great medieval prose compilation, *Acallam na Senórach* [the Tales of the Elders], which tells of the encounter with St Patrick of two survivors of the Fianna, Oisín and Caoilte, and dates from about the year 1200. It has been suggested by more than one scholar that many of the hundreds of placenames cited in that work refer to the Otherworld rather than having any concrete reference to actual Irish locations. However, when I studied a selection of a dozen of these names taken (fairly randomly) from two separate passages in the *Acallam*, I discovered — rather to my surprise — that virtually all of them are identifiable as genuine places located in north Co. Sligo, at or near the foot of Benbulbin.

Ó Muraíle 2001: 33

Chun lorg na Féinne a chur, go cáiréiseach, sna gleannta seo idir chamáin i gContae Bhaile Átha Cliath, tá na bunscéalta féin luachmhar .i. eagrán acadúla de na scéalta LS atá in eagar in *Silva Gadelica* ag O’Grady (1892); *Agallamh na Seanórach*, idir eagrán Stokes (*AcS*) (1900) agus eagrán Ní Sheaghdha (1942–1945); *Duanaire Finn* in eagar ag Mac Néill agus Murphy (1908–1953); agus *Fianaigecht* in eagar ag Meyer (1910). Tá plé déanta in ailt acadúla le 40 bliain anuas ar ghnéithe éagsúla de na logainmneacha sna scéalta seo, m.sh. Baumgarten 1987 agus 1990; Mac Cana 1987; Ó Coileáin 1993; agus FitzPatrick 2012. San alt deiridh seo déanann FitzPatrick amach gurb ionann **Suí Finn** “the seat of Fionn” agus cnocainm coitianta **Formaoil**, agus gur téarmaí iad araon a bhaineann leis an **dumha seilge** (“‘hunting-mound’, look-out place for leader of hunt” *FGB* s.v. **dumha**) ar a suíodh Fionn chun an tseilg a thionlacan. Tugann sí cuntas ar leagan amach na n-áiteanna den ainm **Formaoil** (a dtugann sí ‘*formaoil* landscapes’ orthu) agus ar nósanna seilge na nGael. Aisteach go leor, ní luann FitzPatrick Gleann an Smóil (*BÁC*), agus Suí Finn os a chionn laistean, mar shampla de thórdhreach formaoile in aon chor.

Má bhí na gleannta lomlán d’ainmneacha Gaeilge aimsir cheaptha agus inste na scéalta Fiannaíochta seo, áfach, tá a leithéid ina mionlach iontu inniu. Thairis sin, má bhí formhór na n-ainmneacha soiléir do na Gaeilgeoirí a chum iad tá siad go mór faoi scáth an bhéarlachais anois. Níl sé de rogha ag scoláirí an lae inniu iompú ar an mbréagshanasafocht ná dul i ngleic le corpas mionainmneacha go cruthaitheach liteartha, mar ba nós i ré na Meán-Ghaeilge. Ní mór anailís stuama a chur i bhfeidhm ar a bhfuil d’fhianaise ar marthain, agus an anailís sin a bheith fréamhaithe sa taighde acadúil atá déanta ar an ábhar seo idir an dá linn. Ní miste mar sin cuntas gairid a dhéanamh ar na hailt acadúla agus ar na saothair eile faoi logainmneacha agus faoi chúrsaí eile a bhaineann le hábhar a ndéanfar tagairt dóibh sa tráchtas seo.

Mar is follas óna bhfuil ráite thuas ní fhéadfaí tráchtairacht stuama acadúil a bhaisteadh ar na míniúcháin liteartha a chuir seanchaithe na Meán-Ghaeilge chun cinn. Agus bhí cúraimí eile ag déanamh tinnis don lucht léinn a tháinig i gcomharba orthusan, idir thuath agus chlér, mar a mheabhraíonn Ó Muraíle:

... for several centuries after the time of the medieval *dinnshenchus* there is comparatively little examination of such names by native scholars — very often, no doubt, they had more pressing problems on their minds!

Ó Muraíle 2001: 26

Níor tháinig aon ath-Dhinnseanchas amach as ré na Gaeilge Clasaicí, cé gur leanadh ar an gcóipeáil de na bun-LSS. Ní raibh an meon céanna ag lucht an dáin dhírigh chun logainmneacha fánacha a phlé san fhilíocht is a bhí ag lucht scríofa na seanscéalta. Dá mhéad luach na ndánta ‘topagrafaíochta’ úd *Triallam timcheall na Fodla* le Seán Mór Ó Dubhagáin (†1372) agus *Tuilleadh feasa ar Éirinn óigh* le Giolla na Naomh Ó hUidhrín (†1420),⁹ agus na filí sin ag leagan síos ainmneacha na seantreibheanna Gaelacha ar fud an oileáin a bhí sean-díshealbhaithe faoin tráth féin a rabhadar ag scríobh, ní haon ghrá ar logainmníocht a spreag iad ach cúinsí polaitíochta. Tá sé seo fíor freisin i gcás na ndánta a phléann le treibheanna dúiche ar leith, m.sh. *Iomdha gabhlán do chloinn Chuinn* le Giolla Íosa Mac Fhir Bhisigh (fl.1418) (O’Donovan 1844: 176–298).

A second inauspicious factor was the cessation of creative onomastics. While *dindshenchas* continued to be copied by scribes, nothing new was added to the corpus. Because of the emphasis on land acquisition due to an increasing population, place-names now acquired an even more territorial dimension, linking to septs and sub-septs their ancestral lands and delimiting their boundaries. ... though compiled in the late fourteenth century, [the Topographical Poems] totally ignore the territorial changes wrought by the Norman incursions...

Ó Murchadha & Murray 2000: 148

An dála céanna le foinsí eile de chuid na tréimhse seo, amhail *Caithréim Thoirdhealbhaigh* a scríobhadh sa 14ú haois, anuas go dtí Caithréim Aodha mhic Seáin Uí Bhroin (†1579) sa *Leabhar Branach* a luann na céadta logainm as Cúige Laighean. Tá na hainmneacha atá le fáil iontu thar a bheith luachmhar mar fhoirmeacha comhaimseartha ach ní haon chuid de sheantraidisiún an Dinnseanchais iad. Faightear tagairtí fánacha ar an sean-nós i scéalta na Nua-Ghaeilge Moiche (NGM) ar nós *Oidheadh Chloinne Tuireann* (O’Duffy 1901). Sampla déanach inspéise is ea *Eachtra Chlainne Thoroilbh* san 18ú haois (féach 2.1.2 thíos).

Tháinig borradh áirithe ar léann na Gaeilge le linn an Fhrith-Reifirméisin. Nuair a bhí an bráthair Proinsiasach Michél Ó Cléirigh (c.1592–1643) (de shliocht sheanollúna Chineál Conaill) ag cnuasach shean-annála na tíre níor chuir sé aon róbhéim ar shanasaíocht logainmneacha mar chuid dá cheird, ach oiread leis na hannálaithe a tháinig roimhe. I measc na bProinsiasach is iad Aodh Buí Mac an Bhaird (c.1591–1635) agus Seán Mac Colgáin (c.1592–1658) is mó a bhfuil fianaise ann gur chuir siad spéis i logainmneacha — ach de réir mar is féidir a dhéanamh amach is liostaí loma nó gasaitéir ainmneacha eaglasta is mó a bhí Mac Colgáin, ar a laghad, ag ullmhú (Mooney 1950a, 1950b). Tagann blúire de LS anuas chugainn i gnuasach na bProinsiasach¹⁰ a bhfuil cuma

⁹ In eagar in O’Donovan 1862 agus Carney 1943.

¹⁰ Is é seo LS A 31 9 atá i gcló ag Mooney (1950a), a deir ina thaobh ‘may have been intended as an Irish ecclesiastical onomasticon’.

chríochnaitheach go leor air agus níl ann ach liosta logainmneacha ina dtugtar ainm gach áit in ord aibítreach chomh maith leis an deoise, contae nó barúntacht ina bhfuil sé suite; tugtar eolas breise uair fhánach ach ní bhaineann sin le sanas na n-ainmneacha féin. Pé scéal é, ar nós mórán saothar léannta Gaeilge nach é a ceapadh le linn an Fhrith-Reifirméisin níor cuireadh i gcló é mar a bhí beartaithe ag an am. Tugann Mac Colgáin faoi chorrainm a mhíniú i bhfoilseacháin eile dá chuid, ach más ea is d'fhonn seanláithreacha eaglasta a cheangal le logainmneacha an lae inniu a dhéanann sé, m.sh. ‘ad cellam Bairrigh: Hodie vulgo *Baile Barrigh* vocatus...’ in *ASH* (= *bf Baile an Bharraigh* (#26011).) Níor thaise do shaothar eile ar sheanainmneacha na hÉireann, *De nomenclatura hiberniae*, a bhí á ullmhú ag Aodh Buí Mac an Bhaird nuair a fuair seisean bás ach nach dtagann anuas chugainn. Tá cur síos comhaimseartha air sin sa Laidin mar ‘[a] most extensive [tract] concerned with the ancient names of Ireland’ (Breatnach 1999: 6).¹¹

Más ábhar inspéise liostaí seo Mhic Colgáin, de na blúiríocha dinnseanchais a thagann anuas chugainn ó na Proinsiasaigh sa tréimhse seo is mairg nach dtagann a thuilleadh ar nós *Itinerarium in Hibernia ex relatione R. P. Fratris Edmundi MacCana* (LS 5307 i Leabharlann na Bruiséile). Tráchtas gairid faoi Chontae an Dúin é seo a scríobh sagart Proinsiasach de bhunadh na háite dar sloinne Mac Cana timpeall na bliana 1643. D’aistrigh William Reeves as Laidin go Béarla é agus chuir i gcló in *UJA* II (1854). Eolas a fuair Mac Cana ó sheanfionduírí na háite is mó atá le fáil ann — cuirtear síos ar theampaill, ar chaisleáin, ar reiligí, srl., agus pléitear brí na logainmneacha leis. Cuntas gearr ar cheantar leathan, d’fhéadfaí a rá, ach ar a lán slite is féidir é a chur i gcomórtas le cuid de Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis a scríobhadh 200 bliain ina dhiaidh. Maidir leis na logainmneacha, tugtar a leithéid seo:

- ❖ míniúcháin ar ainmneacha Gaeilge a bhí in úsáid fós, m.sh.
 - *id An tIúr* (#1166280): ‘the monastery of *The Yew* (so I would interpret the Irish name, or if you like to express it in a Greco-Latin form, *Taxo-polis*)’;
 - *bf [Dún na nGiall]/Dunnyneill* (#66264): ‘an island in this lake which rises like a mound, called *Dun-na-n-giull*, that is, the “Fort of the Hostages;” for there, as tradition says, were kept Hostages which Niall the Great exacted of foreign nations’;
 - *in Loch Lao* (#1166381): ‘“Lake of the Calf” or *Loch Laodh* in Irish’;
 - *bf An Mhainistir Fhionn* (#1412084): ‘an ancient monastery of the Order of Saint John of Jerusalem, commonly called *White Abbey*, in Irish *Mainistir fhionn*’;
- ❖ roinnt mionainmneacha agus ainmneacha stairiúla eile, m.sh.
 - ‘a monastery of the order of St. John of Jerusalem, which even still is called by the inhabitants *Killin Seon*, that is, ‘the church of St. John’ [Cillín Sheoin];
 - ‘a dwelling-house beside the walls of the castle [*sc.* Carraig Fhearghais], which went by the name of the *New Works*, or in Irish *Obair-nath*’ [An Obair Nua];
- ❖ ainmneacha ársa, m.sh.
 - *in Loch Cairlinn* (#1166336): ‘Lake Lir, now known by the natives as Loch Carling’;

¹¹ Ionann is LS de chuid na ‘MSS in Louvain at the time of the death of Colgan’ a bhí i gceist ag Mooney 1950b: 295.)

- *sl Sliabh Dónairt* (#130175): ‘that exceedingly high mountain ... formerly bore the name of *Slanga*, but in the common use of modern times, that of *Domanghart*’;

❖ eolas eile faoi logainmneacha, m.sh.

- *bar Múrna* (#65435): ‘*Mugharna* [Contae an Dúin] derived its name from Mugharna, in Orghialla: for ... the family of MacMahon were driven [out] by the English [and] sought for themselves another settlement, namely, this Mugharna [Co. an Dúin] which they subdued by force of arms, and called after the name of their former inheritance ... So I learned from the mouths of many aged men’;
- *id Cill Ruaidh/Kilroot* (#1165751): ‘the church of *Kill-Ruaithe* which the English call *Kill-read*’.

I measc ár gcuid *desiderata* i stair na hÉireann, agus is fada an liosta é sin, ba mhór againn a leithéid de chuntas a bheith scríofa ag gach sagart tuaithe faoina pharóiste féin le linn an Fhrith-Reifirméisín. Nuair a deir Mac Cana gur bhailigh sé an fhianaise ó bhéalaibh seandaoine, cuimhnítear gur daoine a rugadh is a tógadh sa tréimhse c.1560–1580 atá i gceist. Tá blúiríocha beaga den eolas céanna le fáil anseo is ansiúd i saothar beirt mhórscoláirí dúchasacha eile, an staraí Séathrún Céitinn (c.1580–c.1644) — a scríobh *Foras Feasa ar Éirinn* chun bolscaireacht fhrith-Ghaelach staraithe gallda an Choncais a bhréagnú¹² — agus an gineolaí Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (c.1600–1671).¹³ Ach má tá is fánach iad, agus is léir go raibh an tsanasaíocht as faisean go mór i gcomparáid le ré na Gaeilge Luaithe.

Is ag staraí de chuid na Gaillimhe, Ruairí Ó Flaithbheartaigh (1629–1716) atá an iarracht is spéisiúla sa tréimhse seo, mar atá *A Chorographical Description of West or H-Iar Connaught* (1684) (in eagar in Hardiman 1846). Tráchtas é seo a scríobhadh mar aguisín leis an Down Survey (ar nós iarracht spéisiúil eile, *A Chorographical Description of Westmeath* le Henry Piers a cuireadh i gcló in Vallancey 1786) agus tá sé breac le míniúcháin fhánacha, m.sh.:

Echinis, i.e. Horse Island, now Inis Gearain, or Garon Island, the same in sense as Horse Island ... In this island St. Enna of Arann visited St. Coelan, priest on Lough Orbsen...

Hardiman 1846: 23

Inis an Ghoill, so called of a certain holy person who there lived of old, known only by the name of An Gall Craibhtheach, i.e. the devout foreigner: for Gall (i.e. of the Gallick nation), they call every foreigner...

ibid. 24

Iniscreawa, or Wild-garlick Isle ... a small island, where the walls and high ditch of a well fortified place are still extant, ...

ibid. 25

Tá na foirmeacha áitiúla comhaimseartha seo a sholáthraíonn an Flaithbheartach luachmhar thar na bearta, agus é ag caint faoina fhód dúchais. Níl sé chomh hiontaofa céanna ina mhórshaothar eile

¹² Comyn & Dinneen 1902–1908.

¹³ *LGen.*

Ogygia, seu rerum Hibernicarum chronologia a foilsíodh sa bhliain 1685 (aistriúchán Béarla ag Hely 1793). Saothar breá é sin mar stair Éireannach, fáiscithe as an léann dúchais, ina gceartaíonn an t-údar iomad botún a rinne staraithe gallda sa 17ú haois. Mar le cúrsaí logainmneacha agus teangeolaíochta de, áfach, tá idir ghéarchúis agus bhréagshanasáíocht gach re seal aige, agus uaireanta téann sé thar fóir ar son an Ghaelachais a chosaint ar thuirimí na n-údar gallda, mar a léireoidh an sampla seo a leanas. Agus é ag caint faoi na Domhnainn, an treabh úd a luadh thuas a bhí fréamhaithe sa Bhreatain agus a thug ainm do **Iorras** (< **Iorras Domhnann**) i gContae Mhaigh Eo agus **Cathair Dónall** (< **Cathair Domhnann**) (#22119) i gContae Chiarraí (cf. Ó Corráin 1992: 42), deir sé:

What can be more clearly inferred from Domnann, than, that they were most certainly, the Damnonii, who lived in Cornwall, and Devonshire, in the south of Britain, opposite to Ireland? ... Camden would correct Damnonii, in Ptolemy [to] Danmonii ... but Devonshire retains its antient British name, to this day; which is called Devnan, by the people of Cornwall, in like manner as we pronounce Domnann, Dovnann ... There have been places in Ireland called from the same Domnonians, as Inver Domnon, where they arrived first from Britain, afterwards Invermor, which is now a river of Arklow, in the county of Wicklow, and a harbour, to the south of Dublin. But Arklow and Wicklow are most assuredly, original Irish names, the former Ardclloch, and the latter Buidhc-cloch,¹⁴ and, by no means of foreign extraction; as our Ware would feign persuade us.

O'Flaherty 1793 I: 21–22

Cruthaíonn an Flaithbheartach go maith leis na Domhnainn a cheangal leis na *Dumnonii* a bhí suas sa Bhreatain tráth agus an treibh chéanna a cheangal leis an ainm stairiúil **Inbhear Domhnann**, ach ní hionann é sin agus **An tInbhear Mór** (#2667). Is measa ná sin an botún a dhéanann sé i gcás na n-ainmneacha gallda *Arklow* agus *Wicklow*. Tá sé ag tagairt do *De Hibernia & Antiquitatibus eius* (1685) le James Ware (1594–1666), mar a ndeirtear:

Wickloa Hibernis *Kilmantan* vocatur, Sed Wickloa (ab Ostmannis olim possessa) exotica sapit originem: Nam Wick Germanicè fluminis sinum significat ... Arckloa recentius est nomen, ab Ostmannis impositum...

Ware 1685: 176

[Wicklow is called by the Irish, Kilmantan, but Wicklow (heretofore possess'd by the Danes) seems to have a foreign Original, for Wick in the German tongue signifies the Bay of a River ... Arcklow is the Modern Name given by the Danes...]

Ware 1705: 80

Níl an sanas ceart ag Ware ach oiread, ar ndóigh, ach is mó go mór an chuid den cheart a bhí aigesean ná ag an bhFlaithbheartach (agus féach rompuasan go léir James Ussher (1581–1656), Ardeaspag Ard Mhacha, ‘quem Giraldus Cambrensis *Wykingelo*, Angli *Wicklo*, Hiberni *Kilmantan* vocant’ Ussher 1639: 846). Phléigh Eoghan Ó Comhraí bréagshanasáíocht seo Uí Fhlaithbheartaigh i LSO

¹⁴ Sic; NB ‘Ard-chloch’ agus ‘Bhuidhe-chloch’ sa bhuneagrán Laidine 1685.

(*CM*) 283–289 ach mhol sé a mhalairt de bhunús Gaeilge ar an logainm *Wicklow* a bhí gach aon phioc chomh seafóideach leis.¹⁵

Pé ar domhan de, agus an deis cailte ag na Proinsiasaigh na liostaí logainmneacha eaglasta a chur i gcló i Lováin, fágadh nach raibh aon tráchtairacht ghinearálta ná fiú gasaitéar ar logainmneacha Gaeilge na tíre le fáil in Éirinn, i gcló ná ar phár, faoin tráth ar thit an tóin as an léann dúchais i ndeireadh an 17ú haois. Mar sin, nuair a thug an scoláire Tadhg Ó Neachtain (c.1671–c.1752)¹⁶ aghaidh ar liosta logainmneacha Gaeilge na hÉireann a scríobh sa chéad leath den 18ú haois déag, ní raibh d’fhoinsí tagartha aige ach foilseacháin Bhéarla. I 1728 d’aistrigh sé ceann acusan .i. *An exact description of Ireland...* (Eachard 1691) go Gaeilge faoin teideal ‘*Eirinn ranntadh ’réir Chronaic Gaill’* (KIL 20: 117–150).¹⁷ De réir na hanailíse atá déanta ag an taighdeoir seo ar an LS céanna, is féidir a dhéanamh amach go raibh Ó Neachtain ag aistriú leis as a sheasamh. Is dócha go raibh eolas dúchasach ag Ó Neachtain ar 17% de na 472 logainm a bhí ag Eachard, agus tá 28% eile ina dtugann sé leagan inmheasta Gaeilge a d’fhéadfadh a bheith ina mbuillí faoi thuairim bunaithe ar an litriú Béarla. Ní raibh tuairim dá laghad aige faoin 55% eile — thabharfadh sé faoin leagan Béarla a ghaelú go tuatach nó díreach an litriú Béarla ag Eachard a athscríobh i bpeannaireacht na Gaeilge. É sin ráite, is féidir an t-eolas breise a chuir sé le bunábhar Eachard a shonrú ach léamh cúramach a dhéanamh ar an dá shaothar. Díol spéise go bhfuil trí logainm Gaeilge i gceantar taighde an tráchtais seo i measc na n-ainmneacha breise a chuireann Ó Neachtain lena leagan féin den ghasaitéar seo:

snámhan trí haibhne go cún na cathrach so. an Liffe. Fionnghlaisi, 7 Abuin Dothair shníomhas os Gleann Smóil

KIL 20: 147

contæ Duibhlinn ionna bhfuil Tuath Bhranach, Fine Ghall, & Fearonn a Righ, ~ Gleann Smóil, Gleann Ghroide fo bhun an Ghearradh Dubh, Gleann an Óir

ibid.

[ceannlitreacha caighdeánaithe]

(Níl aon logainmneacha a bhaineann le hábhar luaithe in *Cath Bearna Chroise Brighde*, an dán fada a chum Seán Ó Neachtain, athair Thaidhg, agus atá suite sna sléibhte ‘*os cionn Tabhlachtadh a gContae Átha Cliath*’.)¹⁸ Maidir leis na saothair acadúla teangeolaíochta, ar ndóigh is annamh a luaitear logainmneacha i ngraiméir na linne, m.sh. *Grammatica Latino–Hibernica* le Proinsias

¹⁵ ‘I have made up my mind to believe that *baic an locha* or *baic loch* ... the Bend (or nook) of the Lake, or the Bent Lake, is the original of the name Wicklow’ *ibid.* 287–288 (EÓC 19/1/1839).

¹⁶ Tugtar “c.1749” mar dháta báis ar *ainm.ie* ach is é 1752 an dáta is déanaí atá in aon lámhscríbhinn dá chuid (LNÉ G135: 186).

¹⁷ Thug Ó Neachtain an leagan Gaeilge den ghasaitéar ar iasacht do dhuine amháin dá chuid comhscóláirí ar a laghad: rinne Risteard Tuibear a chóip féin de i 1729 (MS 23 E 26 san Acadamh Ríoga). Agus gach seans gurb é an gasaitéar Gaeilge seo atá i gceist ag Ó Neachtain le ‘John Hedin has the Irish Survey’ ar an liosta iasachtaí atá i gcló in Harrison 1988: 39.

¹⁸ Williams 1981b. **Crois Bhríde** = *par Cill Bhríde* (#2773) (*CM*): ‘ye high way of Crosbride’ CS VIII: 48; freagraíonn ‘*Ball ruidri no Suardas*’ agus ‘*cross bhigide*’ [*sic*] ag Tadhg Ó Neachtain féin in KIL 20: 119 don dá bharúntacht ‘Ballrudery’ agus ‘Cross’ in Eachard 1691, mar atá *bar An Chrois Íochtarach/Nethercross* (#62) [= *Balrothery*] i dtuaisceart an chontae agus *bar An Chrois Uachtarach/Uppercross* (#66) [= *Cross*] i ndeisceart an chontae.

Ó Maolmhuidh (O Molloy 1677). Ach díol spéise conas mar a mhínítear focail atá coitianta mar aicmitheoirí logainmneacha i bhfoclóirí na tréimhse sin, le meascán d’fhocail dhúchasacha agus de chruafhocail as seanfhoinní Gaeilge. Ina measc seo tá an foclóir Laidin–Gaeilge le Risteard Pluincéad (1662) i LS Marsh MS Z 4.2.5, a bhfuil cuntas air in de Bhaldraithe 1987, Mac Amhlaigh 2008; foclóir Laidin–Béarla–Gaeilge le Proinsias Bhailís (1654–1724) a raibh lámh ag beagnach gach scríobhaí de chuid Chiorcal Neachtain sa chóip a thagann anuas chugainn i LS Marsh Z.3.1.13 (c.1730); agus foclóir Gaeilge–Béarla Thaidhg Uí Neachtain (c.1739) i LS 1290 (H.1.16) i gColáiste na Tríonóide.¹⁹ Is beag logainmneacha Gaeilge a tharraingítear anuas mar léiriú ar na heilimintí seo. Ar an dornán samplaí tá siad seo a leanas as Foclóir Bhailís:

s.v. *Fluvius: a River, abhann, abhuinn, ...* mar a dubhairt Doct. Céat. **ó thráith Inbhear Cholpa go Cumar na tTrí nUisce .i. from the sea shore of Drogheda, to the meeting of the three Rivers which is betwixt Waterford and the Sea.**

s.v. *Templum: a temple, a Church, teampall, diomrach; eaglais, ceall, cill. from it comes Cill Dá Luadh i.e. Killaloo, Cill Dara .i. Kildare and many more.*

s.v. *Via: ... tóchar, o raidhtear Tochar na Nrag a ndothrus Allúin Laighean*²⁰

Amach san 18ú haois freisin is sna foclóirí a bhí cuid mhaith den eolas dúchasach ar logainmneacha agus ar bhrí a n-eilimintí le sonrú, in iontrálacha fánacha cosúil leis an dá cheann seo a leanas as foclóir Uí Bhriain (O’Brien 1768):

DUMHA, a place of gaming as *Dumha seilge*.

DÚN, a strong or fortified house, a fortress, or fastness; a habitation built on a hill or mount, such a position being generally the fittest for defence, but the true meaning of this word in Irish, is a strong, & well barricaded habitation ... *Dùn* was in common use in the celtic of Gaul ... The names of a great part of the ancient strong habitations of the old Irish begin with the word *Dun*, as *Dùn-cearmna*, now wicklow, *Dun-cearmna*, now the old head of Kinsale, *Dun-gláire*, a Regal house near *Sliabh mis* in Munster: *Dun-Cliach* another Royal house near *Knoc-aíne* in the County of Limerick. *Dùn-Criomhthain*, the palace of an Irish King near the hill of Hoth, *Dun-grot* one of the Regal houses of Munster near the Gailty-hill, *Dun-da Leath-ghlas*, now Down, à Bishops see in Ulster, the burying place of S. Patrick, S. Columcille & S. Britget *Dun-Dubhline*, an ancient name of Dublin, litterally signifying thecastle of the black pool, the water of the River Liffy being very black toward the harbour. *Dun-na sead* Baltimore, &c.

The old Irish had four sorts of habitations, viz 1°. *Cathair*, a City; 2°. Baile a town, Lat. Villa, called also *baille mòr*, if à large town. 3°. *Dun*, a strong or fortified habitation; 4°. *Brúighean*, otherwise called *Brug*. vid. *Cathair & Bruighean & Brug*. sup. ...

O’Brien 1768

Tá an ghnátheilimint **dumha** “mound” míthuigthe ag Ó Briain sa chéad iontráil anseo de bharr an chomhthéacs ina dtagann sé i gceist sa nath reoite úd **dumha seilge** sna scéalta Fiannaíochta (pléite in FitzPatrick 2012 thuas; cf. *Iris. na G. XVIII* (1908) 570). Féach freisin an plé ar an eilimint **dún** sna teangacha Ceilteacha le ‘Dún; Dinn, Dionn; *Duron*’ in Ó Maolfabhail 2005: 54–59.

¹⁹ FTÓN sa tráchtas seo.

²⁰ Tadhg Ó Neachtain a scríobh an chuid seo den Fhoclóir.

2.1.2 Ó amaitéaraigh an 18ú haois go dtí Ó Comhraí (1794–1862) & Ó Donnabháin (1806–1861)

Tá go leor alt scríofa faoi Chiorcal Neachtain a luadh thuas, an grúpa scríobhaithe is scoláirí a bhí ag treabhadh leo i mBaile Átha Cliath i mblianta dorcha an chéad leath den 18ú haois. Tá cuntais bhreá ar an mbuíon seo agus ar an obair ilchineálach a bhí á saothrú acu le fáil in Risk 1975, Ó Háinle 1983, 1986, 2005, Harrison 1988, Mac Mathúna 2012, 2015.

Cé gur dhíograiseach an comhluadar iad ba shnámh in aghaidh an easa a gcuid saothair ar a lán slite. Go deimhin is díomách an macalla deiridh den seanléann dúchasach atá le fáil sa litríocht a thagann anuas chugainn uathu. (Ní gan údar a chuireann Ó Doibhlin (2009) an fotheideal ‘An Dubhaois’ leis an imleabhar den tsraith *Manuail de Litríocht na Gaeilge* a bhaineann leis an tréimhse 1704–1750.) Bhí cuid mhaith de na scoláirí seo páirteach in athscríobh Fhoclóir Bhailís thuasluaite. Ach b’fhéidir gurbh é an saothar acadúil is cumasaí a thug éinne acu amach *The Elements of the Irish Language*, graiméar a d’fhoilsigh Aodh Buí Mac Cruitín (c. 1680–1755) i Lováin i 1728²¹ — ach níl ansin féin ‘ach achoimre ar ghraiméar lámhscríofa leis an Athair Proinsias Bhailís’ mar a deir Morley 1995 (cf. Harrison 1988: 36–37).

Más leamh dúinne sa lá atá inniu ann cuid den saothar a chuir Ciorcal Neachtain amach agus má bhí scoláireacht Thaidhg — go háirithe ó thaobh na logainmneacha de — gan a bheith ar aon chaighdeán lena réamh-theachtaithe i saol na Gaeilge (gan trácht ar a chomhaoisigh i saol an Bhéarla), bhí an léann dúchais ar an ngannchuid ar fad ina ndiaidh. Is féidir foinse eisceachtúil dinnseanchais a lua anseo, mar atá an scéal rómánsúil *Eachtra Chlainne Thoroilbh* leis an údar Mícheál Coimín (1676–1760) ina bhfuil brí agus bunús roinnt mionainmneacha in iardheisceart Chontae an Chláir fite fuaithe sa scéal ar an sean-nós (Ó Dálaigh 2007: 142–143). Ach is beag a saothraíodh go hacadúil sa Ghaeilge sa dara leath den 18ú haois. Bhí ainm in airde ar Shean-Chathal Ó Conchúir (1710–1791) ó Bhéal Átha na gCarr, Contae Ros Comáin, mar scoláire dúchasach sa tréimhse seo agus an saol Gaelach i ndeireadh na feide, ach ní don phobal Gaeilge a bhí seisean ag scríobh ach chun botúin leithéidí Ussher agus Ware a chur ar shúile an phobail Bhéarla (m.sh. ‘Sir James Ware ... through the Misfortune of understanding but little of its Language ... what he has published on the Antiquities of Ireland is very lame and defective’ agus ‘In Facts not difficult to ascertain, he is not seldom mistaken; and his Mistakes naturally produced his groundless Conjectures’ O’Conor 1766: ix). Mar a dúirt Ó Buachalla, ‘Ní ag caint lena mhuintir féin a bhí Ó Conchúir ach lena máistrí ag iarraidh dul i bhfeidhm orthu le réasún, le loighic, le háitiú fealsúnta, le tláithínteacht’ (Ó Buachalla 1996). Is ag an saol gallda a bhí an svae i gcúrsaí staire faoi mar a bhí i ngach gné eile de shaol na hÉireann sa 18ú haois.

Tá caibidil spéisiúil ag an gConchúrach in *Dissertations on the History of Ireland* (1766) dar teideal ‘*Topographical Description of IRELAND, deduced from the earliest Times, and compared with the Accounts of foreign Geographers*’ (op. cit. 162 et seqq.) ina gcáineann sé na húdair sin nár thóg aon cheann den léann dúchasach nó nár thuig na foinsí Gaeilge i gceart, m.sh. James

²¹ MacCurtin 1728.

Macpherson (1736–1796) agus a chuid bréagscéalta Oisíneacha, agus staraithe gallda ar nós James Ware. Leanann sé air agus pléann sé léarscáil Tholamaes a tiomsaíodh sa 2ú haois AD i gcomhthéacs lena bhfuil le déanamh amach faoin tréimhse sin as seanchas na lámhscríbhinní Gaeilge. Tugann sé cuntas gairid ar phríomhlogainmneacha na tíre cúige ar chúige, rud a chuireann sé i láthair le réamhrá tuisceanach (*ibid.* 162–168). Leanann sé air ag plé sheanainmneacha na tíre féin sa Laidin .i. *Hibernia* agus *Scotia*. Chomh maith leis an ngéarchúis a thaispeáin sé sa réamhrá, tá léargas nua-aoiseach go leor aige ar an teangeolaíocht Cheilteach, bíodh is go bhfuil sé measctha le tuairimí sean-nósacha ar bhunús na nGael féin (*ibid.* 170–171). Pléann sé na treibheanna a tháinig ón mBreatain agus ón Mór-roinn agus tagann go dtí rannú na hÉireann ina gcúig Chúige (*ibid.* 171–172n.). Is ansin a chuireann sé síos ar na príomháiteanna i ngach cúige atá sonraithe ar an léarscáil a chuir sé féin leis an leabhar, agus tugann faoi shanasáocht i gcúpla cás, m.sh. [Cúige Laighean] ‘originally called *Galian*, from its *Galenian* Inhabitants of the *Fir-Bolg* or *Belgian* Race ... its present Name, *Lagean*, a Name imposed by *Labhra Loingseach*’, [Cúige Chonnacht] ‘*Drum Druid*, famous for its great Cave and druidic Rites ... it obtained the Name of *Cruachain*, where *Eochy Feylogh* erected the celebrated *Rath-Cruachain*’ (*ibid.* 172–179). Comhartha ar an ardmheas a bhí ag Ó Conchubhair ar Ó Flaithbheartaigh (‘His technical Chronology is the most accurate that any antient Northern Nation can boast’ *ibid.* x) is ea go nglacann sé leis an moladh *Arklow* < ***Ardchloch** agus *Wicklow* < ***Buíchloch** in O’Flaherty 1685 (pléite faoi **2.1.1** thuas). Thug Ó Conchubhair a cheart do Tholamaes mar gheografaí a bhí ag iarraidh ciall a bhaint as tuairiscí fánacha ó thíortha i bhfad i gcéin, ach tá cáineadh géar aige ar Ware as a bheith caoch ar na foinsí dúchasacha. Deir sé gur fiú an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

that Sir *James Ware*, who, without any Knowledge of our Language, wrote professedly on our present Subject, follows that Geographer [*sc.* Tolamaes] {181} blindly, and receives the Whole of his Performance as a genuine Picture of *Ireland* in the second Century. Ignorant of what the native *Senachies* have delivered on this Head, he gives up all their Accounts before the Reign of *Laogary*, the Son of *Niall* the Great, as deficient in Chronology, and corrupted with Fables. But in this Supposition, and it is no more, he should pronounce his Sentence with more Reservedness, and take a little more Pains to separate the Periods of true History, and Fable.

ibid. 180–181

Bhí an cáineadh seo a leanas aige don fhear céanna cheana sa réamhrá a chuir sé leis an saothar sin:

Sir James Ware, made noble Collections for the History of his native Country; and yet, through the Misfortune of understanding but little of its Language, and meeting with no skilful Interpreter, until the last Year of his Life, what he has published on the Antiquities of *Ireland* is very lame and defective, in many Particulars. ... In Facts not difficult to ascertain, he is not seldom mistaken; and his Mistakes naturally produced his groundless Conjectures.

ibid. ix

Mar scoláire dúchasach ag impí ar mhuintir na hÉireann úsáid a bhaint as na foinsí Gaeilge, áfach, bhí Ó Conchubhair ina chadhadh aonair i ndeireadh an 18ú haois. Bhí borradh ag teacht ar chúrsaí

eolaíochta ar fud na hEorpa i rith na haoise sin, an tseandálaíocht agus an ársaíocht san áireamh, agus níor thaise don tsochaí fhíneálta in Éirinn. Mar chomharbaí ar Ussher agus Ware mar staraithe gallda in Éirinn tháinig leithéidí Walter Harris (1686–1761), Mervyn Archdall (1723–1791), Charles Vallancey (1731–1812), William Beauford (1735–1819) (NB ní hionann is Daniel Beaufort (1739–1821), a d’fhoilsigh léarscáil stairiúil i 1792 a raibh moladh ag Seán Ó Donnabháin dó), Edward Ledwich (1738–1823), John Lanigan (1758–1825), William Seward (1766–1806), William Betham (1779–1853). B’ann do na cumainn ‘Physico-Historical Society’ (1744–1752), ‘the antiquarian ‘Select Committee’ of the Royal Dublin Society’ (1772–1774) agus don ‘Hibernian Antiquarian Society’ (1779–1783) sular cuireadh Acadamh Ríoga na hÉireann ar bun i 1785 (Love 1962: 419). Agus ceird na hársaíochta i bhfaisean, thosaigh an dream seo de bhunadh na huasaicme Protastúnaí a chur spéise i dteangeolaíocht na Gaeilge agus i sanasaíocht logainmneacha na hÉireann mar chuid dá ngnóthaí taighde, in ainneoin go raibh siad dall, den chuid is mó, ar an nGaeilge agus ar na foinsí dúchasacha.

Más iad ba thúisce ar an obair ‘eolaíoch’ seo, áfach, níl moladh dá laghad eile ag dul dóibh. Bhí smacht acu ar na foinsí Laidine is Béarla, ar ndóigh, ach bhí siad lán de bhréagthuairimí na linne ar an teangeolaíocht agus gan aon leagan dúchasach de stair na hÉireann léite ag éinne acu. An pobal a raibh na staraithe seo ag freastal orthu, ní raibh fios a mhalairt ag an gcuid is mó díobh, gan amhras, agus thuig Cathal Ó Conchubhair gur mar sin a bheadh an scéal ag an nglúin a thioctadh ina dhiaidh nuair a bhí seisean ag scríobh. Cé gur thug Ó Conchubhair comhairle éigin don eagarthóir Vallancey, is beag den léann dúchasach atá le sonrú ar *Collectanea de Rebus Hibernicis* I–VI (1770–1804).²² Cé nach raibh mórán cruinnis sa tsanasaíocht logainmneacha sna foinsí dúchasacha, mar a tugadh faoi deara cheana, ba dhóigh le duine go mbeidís ríluachmhar do lucht seo na hEagnaíochta ó thaobh cúrsaí staire de. Dhaingnigh na scoláirí seo na seanbhotúin sa tuiscint choitianta ach níos measa ná sin is ea an phraiseach a rinne siad lena gcuid póirseála aineolaí i stair Ghaelach na tíre. Cuir i gcás teoiric Vallancey faoi na sean-Ghaeil a bheith ina n-adhlaitheoirí gréine agus féach conas mar a thugann sé ‘fianaise’ ón teanga bheo ar aird:

the first day of May la Bel-tine, or the day of Belus’s fire ... a deity named Belus or Belinus, which seems to have been the Assyrian God Bel

Vallancey 1786a: 64

the usual salutation of the common people was *Bal de dhuit*, the God Belus to you; the meaning of which not being understood by the present race, they now say *Bal o Dhia dhuit*...

ibid. 66

Is ar a leithéid seo d’earráidí, préamhaithe sa dúil mhallaithe a bhí i bhfaisean ag an am an Ghaeilge a cheangal le teangacha an Oirthir,²³ a chroch na hársaítheoirí gallda seo a gcuid tuairimí seafóideacha faoi logainmneacha na tíre. Bheadh an méid seo a leanas le rá ag an Donnabhánach

²² Cnuasach atá ‘utterly useless to modern scholars’ dar le Love (1961).

²³ Féach Lennon 2003.

fúthu: ‘It would have been much easier ... if nothing had been written on them [*sc.* cúrsaí logainmneacha stairiúla] since the days of Colgan — but the writings of Ware, Harris, Archdall and Lanigan ... have bewildered me like so many *Ignes fatui*...’²⁴ LSO (*IM*) I 4 (ÓD 1/9/1837).

Is amhlaidh ba cheart a bheith buíoch nach raibh sé d’aga ag éinne de na scoláirí seo aon staidéar córasach a dhéanamh ar logainmneacha na tíre agus na tuairimí aineolacha a ghreanadh i gcloich go ceann na nglúinte. An iarracht is measa a rinneadh ná ‘The Antient Topography of Ireland’ le William Beauford in imleabhar III de na *Collectanea* (1786). I mbeagnach gach iontráil tá botún le fáil atá deacair le creidiúint. (Déanfaidh sampla amháin an gnó: díorthaíonn sé *Baltinglass* [**Bealach Conglais** (#2672)] ó ‘Beal-Tinne-Glas, or the fire of Beal’s mysteries’, agus leanann sé air go n-áitíonn sé, as a shamhlaíocht féin, ‘fires were lighted, on the first of May and the first of August, in honour of the sun by the Druids’ *ibid.* 286–287.) Tagraíonn sé d’fhoilseacháin Uí Chonchubhair ach is léir nár thóg sé aon cheann díbh. Scríobh Ó Conchubhair léirmheas binbeach a foilsíodh san imleabhar céanna (1786b).²⁵

Ní raibh aon fheabhas ar sheafóid seo Beauford le fáil i mórshaothar William Seward ar logainmneacha na hÉireann, *Topographica Hibernica or the Topography of Ireland* (1795). Mar lámhleabhar ar gach baile in Éirinn, is éacht é an saothar seo mar gheall ar an eolas fiúntach áitiúil atá le fáil ann a chaitheann solas ar shaol na linne. Ach ó thaobh na logainmneacha Gaeilge de ní fiú biorán é. Tugtar roinnt foirmeacha áitiúla anseo is ansiúd a bhfuil cuma luachmhar orthu ar an gcéad fhéachaint, ach is annamh atá siad iontaofa. Cuir i gcás ‘Rutland, a village sit. in bar. Catherlogh, co. Carlow, prov. Leinster. It is called by the Irish Rutlo’,²⁶ rud atá go hiomlán mícheart mar ráiteas faoin logainm **Iorchuileann** (#3329). Go deimhin, bhí cás na logainmneacha Gaeilge tugtha suas ag Seward sular thosaigh sé, mar a admhaíonn sé sa Bhrollach:

An ingenious writer to whom we are indebted for several remarks, very justly observes, that “innumerable and almost unsurmountable difficulties attend the elucidation of the *antient* Topography of Ireland; little or no information relative to this subject is to be obtained from foreign, and not much from our domestic writers.” All we could do therefore was to consult the best authorities which such circumstances afforded: and amongst others we must confess how considerable we are indebted to the late Mr. Archdall’s *Monastic. Hibernic.* and *Doctor Ledwich’s* antiquities of the country.

Seward 1795: Preface

Is é Beauford an ‘scríbhneoir cliste’ gan ainm atá i gceist anseo (tá an ráiteas thuas bainte aige as Beauford 1786: 253) agus is léir go raibh Seward ag tarraingt ar a shaothar siúd tríd síos. Ar ndóigh,

²⁴ ‘Tinte gealáin’/“Will o’ the Wisps”.

²⁵ Déanfaidh cúpla leadhb an gnó mar shampla: ‘This conduct in an Antiquary is extraordinary, and cannot be more so, than his confidence in etymologies, when it appears with certainty, that he has obtained but very superficial knowledge of the antient language of this island’ O’Conor 1786b: 675; ‘I shall not follow Mr. Beauford through 170 pages, in remarking on these capital positions, and the variety of *hitherto unheard of* facts, which he has established on them. The task would be equally irksome and fruitless; when he exhibits proofs for the authority of those facts, unincumbered with fanciful etymologies, he shall be attended to...’ *ibid.* 677.

²⁶ Níl na leathanaigh uimhrithe in Seward 1795; tá gach iontráil le fáil in ord aibítreach.

ar na ‘deacrachtaí’ is mó a bhí ag gabháil do na scríbhneoirí seo bhí easpa Gaeilge. I gcartlann an Bhrainse Logainmneacha tá cóip idirdhuillithe de Seward 1795 a bhí in úsáid ag an gcéad Suirbhéireacht Ordanáis sa 19ú haois, ina bhfuil nótaí i lámh an Donnabhánaigh agus i lámha eile nach é. Den chuid is mó, ceartaíonn Ó Donnabháin bunús na logainmneacha os íseal san imeall, ach briseann ar a fhoighne ar uairibh. Cuir i gcás an iontráil seo a leanas ag Seward:

BREOGHAIN, an antient district ... The inhabitants of this district were frequently called *Sliocht Breaghan*, or the race dwelling on the forked river...

... Their most antient chiefs were denominated *Hy Breaghan* and *O’Breaghan*, whence by corruption *O’Brain*, and made by the genealogists of latter ages to descend from the O’Briens of *Thomond*, whereby they have confounded one race with the other...

... The *Sliocht Breoghan* was also called by the antient writers *Sliocht Lugach* or the race on the water...

Seward 1795

Pléascann an Donnabhánach óg go gcuireann líne faoi ‘race on the water’ agus scríobhann ‘such stuff!’ agus ansin ‘from Beauford’ — ar ndóigh, d’aithin sé foinse na háiféise ar an toirt. Ar shlí is gaisce a rinne sé smacht a choimeád ar a pheann tríd síos, ach tagann straidhn air de réir a chéile. Díol spéise go n-iompaíonn sé ar an gcódmhalartú chun an méid seo a leanas a scríobh san iontráil faoi HY CABHANAGH:

Deirim-se le Bófarid gur mhór an ann-dánacht do sean anmanna na h-Eireann do sgríobhadh mar do rinne sé. S. O. D.

[peannaireacht Ghaeilge]

Cúis ghéire é a leithéid sa lá atá inniu ann, b’fhéidir, ach ba cheart cuimhneamh i gcónaí ar an tionchar tubaisteach a bhí ag an tseafóid seo ar an scoláireacht in Éirinn. Ar nós a lán saothar eile nach é a tháinig amach sa tréimhse seo, tá cuma bhreá shlachtmhar ar an eolas seandálaíochta agus staire in *Topographica Hibernica* sa mhéid is go ngabhfaidh an té nach bhfuil cur amach aige nó aici ar chúrsaí logainmneacha gach a bhfuil ráite ann faoin ábhar sin freisin. Cuir i gcás an sampla seo a leanas de nóta fada a chuir Ó Donnabháin leis an gcóip idirdhuillithe úd os comhair na hiontrála faoi LOUGH-NEAGH, mar a ndeir Seward ‘Its antient name was *Loch-eacha* or *Loch Neach*, from *Loch* a lake, and *Neach* wonderful, divine or eminent’:

The following derivations have been given of Lough neagh, **.i. loch neach** q.d. **loch na neach**, i.e. the lake of horses! Then comes Beauford: “*neach* in the old Irish tongue never signified a horse; it has been frequently indeed used in that sense by several of the latter Bards, as a metaphor, though the original signification was any thing noble, excellent or eminent;” wherefore he translates Lough neagh, the *wonderful, divine or heavenly lake*! 3. Dr. Smyth will have it **loch neasg**, i.e. the Lake of *sores or ulcers*! 4. William Haliday, a very ingenious youth who died at the age of 22, and who was the author of an excellent Irish Grammar, considered that it would be well, if the name could be connected with, or expressive of the petrifying qualities of the lake; wherefore he has made out a word **ní** (but where he found it, I know not) which he makes or forces to signify *cos* or whet-stone, and hence the 4th derivation, the most ingenious of all, **loch-ní**, i.e. *Lacus-cotifaciens*, i.e. the lake that turns wood into whetstones!

But surely all these are fanciful and forced significations wrung from the name. The following are our authorities for the original spelling of it.

Luch Echach, Nennius a writer of the 9th Century

Loch n-eachach, Tighernach Abbot of Clonmacnois, 1088

Lacus Ethach, Old Life of St. Patrick

Loch n-Eachaidh, Irish Map of Ireland

Loch n-eachach, Lughaidh or Louis O'Clery, a Poet

Loch n-Eathach, Duaid Mac Firbiss, a famous Antiquary

Loch Eachach, Dr. Keating

Lacus Neachus, Roderic O'Flaherty in Ogygia

O'Flaherty in Ogygia (Vol. ii. p. 178, Eng. Trans.) speaks thus on this lake: "This is the Loughneach of which we have spoken in the preceding Chapter; *echach* or *echa* is the proper name of a man (which I turn into *Achaius* in Latin, others *Echod*) from the oblique case of which (*neach*) *Lough Neach* is derived, which most assuredly converts holly into hones."

To this observation of O'Flaherty I have only to add that the **n** is adventitious, and used euphoniae gratiâ, as **críoch n-Eren**, **righe n-Eren**, **Dal-Aruidhe** or **Dal-nAruidhe**, **sliocht Oililla** or **slicht n-Oillila**, &c. &c. **Cenel Eoghain** or **Cenel n-Eogain**, Tig. 988. Again, if **n-Eachach**, in this name signifies *horse*, *divine*, *ulcer*, *whetstone*, what will it signify in **Uibh Eachach**, a large territory, south of *Lough-neagh* now Anglicized *Iveagh*? Will it mean *ulcer* or *whetstone* in **Teallach Eachach**, a territory in Cavan, bordering upon Leitrim?

Eochaidh, Gen. **Eathach** was a man's name formerly very common in Ireland; it is still preserved in the family names *Keogh*, *Kihoe* and *Mc.Geoghegan*. From whatsoever person *Iveagh* is called, *Lough Eagh* is called after the very same person. J. O'Donovan.

[cló trom ar pheannaireacht Ghaeilge]

Ní féidir gan suntas a thabhairt anseo ar mheon anailíse an Donnabhánaigh. Scríobh sé an méid sin c.1831, i lár na bhfichidí dó, agus bíodh is nach raibh sé ina shaineolaí críochnaithe fós ar an tseanteanga (féach nár aithin sé an chúis ghramadúil leis an urú caltha ar lean an ainmfhocail neodraigh **loch**, cuir i gcás — ‘próistéiseach’ an bhrí le Brl. *adventitious* thuas) bhí faobhar a intleachta agus an cur amach a bhí aige ar na foinsí údarásacha i bhfad Éireann chun cinn ar na staraithe eile a bhí faoi chaibidil againn go dtí seo.

Rinne cuid de na scoláirí seo éacht taighde, m.sh. Archdall in *Monasticon Hibernicum* (cé go bhfuil an leabhar sin féin breac le botúin sna logainmneacha).²⁷ D’ullmhaigh Archdall foclóir dar theideal *Nomenclatura Hiberniae*, a sholáthair míniúcháin ar logainmneacha de bhunús Gaeilge. Níor cuireadh i gcló riamh é ach bhí teacht ag Ó Donnabháin ar an LS. De réir mar is féidir a dhéanamh amach ar na tagairtí a dhéantar dó i gcáipéisí na Suirbhéireachta bhí an saothar seo chomh lochtach leis an gcuid eile ó thaobh logainmneacha de.

Bhain Ó Donnabháin leas as na saothair fhoilsithe seo mar bhuntéacsanna, gan amhras, ach ba bheag é a mheas ar a gcuid scoláireachta agus ba mhór an crá croí dó an bréagshanas agus na botúin eile a bhí fite fuaite iontu.²⁸ Má bhí sé cráite ag gach éinne acu, thug sé aitheantas dóibh ar na hócáidí fánacha úd a raibh scoláireacht ghéarchúiseach le sonrú. Mhol sé an t-áth mar a fuair sé, mar ba dhual dó i gcónaí, fiú amháin agus é ag foghlaim a cheirde. Féach mar shampla an nóta seo a leanas maidir le Déise Mumhan: ‘According to this very judicious and accurate observation of Dr. Lanigan, I have

²⁷ Moltar a scoláireacht in MacShamhráin 2009: Introduction.

²⁸ Cuir i gcás an greadadh a thug sé do Vallancey ní ba dhéanaí sa léirmheas a scríobh sé ar *Grammatica Celtica* le Zeuss (O'Donovan 1859).

made the country of the Desii to comprize all the County of Waterford, and that part of the County of Tipperary belonging to the Diocese of Lismore. J. O'Donovan, Septemb'. 5, 1831'. Níor leasc leis lochtanna an scoláire chéanna a léiriú freisin, áfach, m.sh. “There is an affinity between the names Maghlacha and Clonderlach”, Lanigan — *Not the slightest, JOD*'.²⁹

Bhí roinnt scoláirí dúchasacha eile i dtús an 19ú haois a bhí ag iarraidh na tuairimí aineolacha seo a bhréagnú. Den chuid is mó ní dharna siad ach an tsanasaíocht lochtach ag lucht na Gaeilge ón 17ú haois a aithris gan puinn taighde breise a dhéanamh. Cuir i gcás an t-eagrán d'Annála Thighearnaigh a d'fhoilsigh Dr. Charles O'Connor (1764–1828), garmhac le Cathal Ó Conchubhair ó Bhéal Átha na gCarr (1710–1791), in *Rerum Hibernicarum Scriptores* II (1825). Mar shampla, thug O'Connor an bréagshanas céanna a chuir Ó Flaithbheartaigh chun cinn maidir le *Arklow* agus *Wicklow*. Dúirt Ó Donnabháin faoi eagrán seo O'Connor ‘His text is full of errors; it is printed in the italic character; and the contractions of the MS., which in many places Dr. O'Connor evidently misunderstood, are allowed to remain, although without any attempt to represent them by a peculiar type. There are also many serious errors and defects in his Latin translation, arising partly from the cause just alluded to, but chiefly from ignorance of Irish topography and geography’ *ARE* I vii.³⁰ Murab ionann is formhór na scoláirí lena linn, bhí James Hardiman (Ó hArgadáin) (1782–1855) in ann tairbhe a bhaint as na foinsí gallda de bhreis ar an tsárthuisicint a bhí aige ar na foinsí Gaeilge. Cainteoir dúchais ab ea Hardiman a bhí ina fhochoimisinéir in Oifig na dTaiscead Poiblí, Caisleán Bhaile Átha Cliath, ó 1811. Sna 1820í chuir sé eagar ar Ionchoisní Chúige Laighean is Chúige Uladh ón 16ú agus ón 17ú haois (*Inq. Lag., Inq. Ult.*), chomh maith le seanghníomhais talún a bhain leis an gcóras Gaelach idir an 12ú agus an 16ú haois (Hardiman 1828). Faoi mar a chonacthas thuas, chuir sé cuntas Uí Fhlaitbheartaigh ar Iarthar Chonnacht os comhair an phobail i 1846. Foinsí ríluachmhara iad seo fós don taighdeoir logainmneacha sa lá atá inniu ann. Duine eile ba cheart lua ar leith a dhéanamh dó anseo — cé nach raibh mórán Gaeilge aige — is ea George Petrie (1790–1866), faoina ndúirt Ó Donnabháin, agus é tar éis an dream eile thuas a cháineadh go géar, gurbh eisean ‘the only original antiquarian that Ireland has ever produced’ (LSO (*IM*) I 4 (ÓD 1/9/1837)). Bhí an cogadh céanna á fhearadh ag Petrie ar na tuairimí seanfhaiseanta i gcúrsaí seanaitireachta is seandálaíochta agus a bhí ag an Donnabhánach i gcúrsaí logainmneacha. D'oibrigh an bheirt go dlúth as lámha a chéile ar an tSuirbhéireacht Ordanáis agus ar thionscadail eile nach í, m.sh. leabhar Petrie faoi chloigthis na hÉireann (Petrie 1845).

²⁹ Féach <<https://www.logainm.ie/download/logainm.ie-lamhscribhinn-sheain-ui-dhonnabhain.pdf>>.

³⁰ Bhí amhras ag Ó Donnabháin go raibh easpa Gaeilge freisin ar O'Connor, i gcomórtas lena sheanathair cáiliúil. Fuair sé cruthúnas air sin agus é ar obair pháirce i bpar. Chill Chaoimhín, Contae Ros Comáin: ‘He used to tell the old people “*Ta Gaelic maith agam-sa dá bh-féadfainn a tabhairt.*” You see, sir, he used the word *tabhairt* for *labhairt*. I often inferred from the nature of the mistakes he committed in translating the Annals that he could not have had a real native Connaught knowledge of Irish...’ LSO (*RC*) I 174 (ÓD 10/7/1837).

2.1.3 An tSuirbhéireacht Ordanáis

In ainneoin iarrachtaí na scoláireachta dúchasaí nua, sular tháinig Ó Donnabháin ar an bhfód bhí ardmheas ar chiorcal seo Vallancey mar shaineolaithe ar gach gné de stair agus de chultúr na hÉireann, an logainmníocht san áireamh, agus d'fhan a gcuid tuairimí i bhfaisean fada go maith isteach sa 19ú haois (Lennon 2003, Doherty 2004). Tharla gurbh é saothar seafóideach Beauford agus Seward a bhí ina gcaighdeán ar logainmneacha na tíre, ba phráinneach an gá staidéar córasach eolaíoch a dhéanamh tráth a raibh seanfhondúirí ina mbeatha a raibh nasc acu tríd an mbéaloideas agus tríd an traidisiún siar go dtí na glúinte Gaelacha. Rialtas na Breataine a sholáthair an deis, más go hindíreach é, nuair a chuir siad an tSuirbhéireacht Ordanáis ar bun i mí na Samhna 1824.

Gan amhras ní chun leasa oidhreacht logainmneacha na hÉireann a cuireadh an tionscnamh sin ar siúl an chéad lá, ach chun luacháil níos beaichte éifeachtaí a dhéanamh ar shealbhóirí talún na tíre.³¹ Go hachomair, ba éard ba aidhm ag an tSuirbhéireacht sraith léarscáileanna ar scála sé orlach in aghaidh an mhíle (SO 6") a chruthú don tír ar fad, agus teorainneacha beachta na mbailte fearainn — c.61,000 díobh sa tír mar a ritheann — a dheimhniú go hoifigiúil faoi dheireadh is faoi dheoidh. Sna sála ar shuirbhéireacht seo na dteorainneacha, bhí an tSuirbhéireacht Ordanáis le bogadh ar aghaidh tríd an tír ón tuaisceart go dtí an deisceart, ag tosú i gContae Aontroma, chun an léarscáilíocht chruinn a leagan síos. Seo teoracha Thomas Colby chomh fada lena bhain siad le logainmneacha:

His instructions concerning the names of places are as follows ... [they] constitute just four of his seventy-four *Instructions for the Interior Survey of Ireland*:

33. The persons employed on the survey are to endeavour to obtain the correct orthography of the names of places diligently consulting the best authorities within their reach.

34. The name of each place is to be inserted as it is commonly spelt, in the first column of the name book; and the various modes of spelling it used in books, writings &c., are to be inserted in the second column, with the authority placed in the third column opposite to each.

35. The situation of the place is to be recorded in a popular manner in the fourth column of the name book.

36. A short description of the place and any other remarkable circumstances relating to it are to be inserted in the fifth column of the name book.

Ó Maolfabhail 1992b: 13

Ba ghairid gur thuig an tSuirbhéireacht nárbh iad na teorainneacha amháin ar ghá teacht ar shocrú ina dtaobh, ach go gcaithfidís freisin cinneadh a dhéanamh faoi litriú ainmneacha na mbailte fearainn féin a bhí le greanadh ar na mapaí deifínídeacha seo. Ainmneacha de bhunús Gaeilge a bhí ar fhormhór glan na mbailte fearainn ar ndóigh (Mac Giolla Easpaig 2009) agus bhí an-éagsúlacht sna litrithe béarlaithe. Dá bharr sin ceapadh scoláire Gaeilge chun bunús gach logainm a dhéanamh

³¹ Tá cuntas cuimsitheach ag de Valéra (1949), Ó Maolfabhail (1989, 1991) agus Ó Muraíle (1997) ar an tSuirbhéireacht i dtaca leis an taighde ar logainmneacha de, agus cuntas breá ag Ó Cíobháin (1985) ar na cáipéisí agus conas is fearr tairbhe a bhaint astu (gnéithe a phléifear arís i gCaibidil 3). Ag Andrews (1975) atá an cuntas is cuimsithí agus is géarchúisí ar an tSuirbhéireacht i gcoitinne.

amach (seachas na mórainmneacha siúd a raibh a leaganacha béarlaithe daingnithe le blianta fada) agus litriú caighdeánach ‘Béarla’ a mholadh, bunaithe ar rialacha córasacha traslitrithé. Ní go rómhaithe a chruthaigh an chéad duine a ceapadh, Éadbhard Ó Raghallaigh (1765–1830). Fear leabhar ab ea é seachas fear teanga — ‘O’Reilly who could not pronounce Irish at all’, mar a dúirt Ó Donnabháin ina thaobh uair. Ba é an Donnabhánach a tháinig i gcomharbacht ar an Raghallach agus is fíor a rá nach dtosaíonn scéal na logainmníochta mar eolaíocht in Éirinn go dtí go dtagann seisean ar an bhfód.

O’Reilly apparently endeavoured to make sense of the name Maynooth, and rendered it *Magh an Fhuaith*, ‘the plain of the shape, or spectre’; that this was a truly ludicrous interpretation was noted by the young John O’Donovan, then only 26 and recently employed in O’Reilly’s place in the Ordnance Survey after the latter’s rather sudden death. O’Donovan cited the 17th century scholar Dubhaltach Mac Fhirbhisigh as giving the Irish form as *Magh Nuadhat*, meaning ‘the plain of Nuadha(t)’, the latter, he notes, being ‘a man’s name, formerly very common in Ireland.’ Thus, in a couple of pithy sentences, the young Kilkenny-born scholar cut through a mass of silly and wrongheaded speculation and brought clarity where there had hitherto been nothing but ignorance and {27} confusion.

Ó Muraíle 2001: 26–27

Ba é Thomas A. Larcom (1801–1879) a chéadthug an Donnabhánach isteach sa tSuirbhéireacht i 1830, tar éis dó é a fhostú i dtosach báire mar theagascóir pearsanta Gaeilge i 1828 (Ó Maolfabhail 1989). Nuair a cuireadh léarscáilíocht Chontae Dhoire i gcrích sa bhliain 1833 fuair Colby cead chun *Memoir* a chur i dtoll a chéile don chontae sin. Petrie a bheadh i gceannas ar an rannóg Staire agus Oidhreachta. Chuaigh Larcom, Petrie agus an Donnabhánach óg ó thuaidh chun triail a bhaint as obair pháirce. Scríobh Larcom go Colby ‘The light thrown on [place]names alone by local enquiry is quite curious ... I think an interest [is] given to connecting them with history and raising them above mere words and the whole of it due to local enquiry...’.³² De réir Herity 2014 is de bharr a shásta is a bhí Larcom agus Colby le torthaí seo Uí Dhonnabháin agus é ag bailiú eolais ó lucht na

³² Tá ardmholadh agus buíochas ag dul don Larcom céanna ní hamháin mar ghníomhaí de chuid na Suirbhéireachta ach mar ghníomhaire ar son na Gaeilge — chomh fada agus ab fhéidir i gcomhthéacs a chéimíochta féin ar ndóigh — sa mhéid is gur chosain sé modheolaíocht na Rannóige Topagrafaíochta go fíochmhar, agus an bhéim a chuir an tSuirbhéireacht ar an mbunfhoirm Ghaeilge, leis. Cuir i gcás an míniú seo a leanas a thug sé do thiarna talún a bhí míshásta le litriú ainm a dhiméine ar SO 6" lú eag.:

‘In explanation of the spelling on the Ordnance Map I beg to state that the system adopted in deciding the orthography of places which are variously spelled in different documents is to collect all the different modes of spelling with the authority for each, and then by the local enquiry of an Irish scholar accustomed to the subject to ascertain which of the Modern names is nearest to the Original and to discover if possible the local circumstances which have first given origin to the name. Among the spellings of your place I find Cornakeassagh in the patent of James 1st and Cornakessagh in the County Map of 1793; its derivation **cor na cesach** [peannaireacht Ghaeilge] led to the adoption of the name you have seen engraved in preference to the spelling you prefer. I have thought it necessary to go into this detail to shew you the name was not adopted without consideration...’

MSO (*Mu*) 206 (Larcom 25/6/1836)

Is iontach an chosaint é seo i gcomhthéacs na linne. Ach i ndeireadh na dála agus in ainneoin dhícheall Larcom, nuair a rinneadh athbhreithniú ar na léarscáileanna leasaíodh an litriú chun an tiarna talún a shásamh. (Is mar sin is iondúil a thit amach i gcás ainmneacha bailte fearainn arbh ionann iad agus ainmneacha diméinte na n-uaisle.)

Gaeilge i gContae Dhoire is ea a beartaíodh é a chur ar obair pháirce go córasach, ag tosú i gContae an Dúin sa bhliain 1834.³³

2.1.3.1 Petrie agus an Rannóg Topagrafaíochta³⁴

Murab ionann is an chuid is mó de chontaetha na hÉireann ní dhearna Ó Donnabháin aon taighde córasach ar na bailte fearainn i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Agus an Rannóg Topagrafaíochta i mbun taighde ar logainmneacha an chontae seo i 1837, is cosúil gur glacadh leis nach mbeadh mórán tairbhe le fáil ag muintir na tuaithe. (Gan amhras, tá cúpla seoid le fáil sna hAinmleabhair an uair sin féin, m.sh. *bf* **Tóin le Gaoith** (#17292) i bparóiste na Cúlóige i dtuaisceart an chontae: ‘meaning said to be in the country the Back to the Wind — an old man of the P[arish]’; féach íomhá thíos.)




Fig. 3: Ainmleabhar OS88/BÁC/Par. na Cúlóige, lch.12.
Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

Thug an Donnabhánach seáip go dtí Binn Éadair ar thóir an bhéaloidis babhta in earrach na bliana 1837 ach ní bhfuair sé aon eolas dúchasach ann.³⁵ Bhuail sé amach faoi Ghleann Cuilinn an tseachtain dar gcionn ach bhí fuar aige ansin freisin: ‘Mr. Curry and I travelled through Glencullen yesterday to ascertain whether the inhabitants retain any traditions worthy of preservation, but I am now satisfied that they retain none’ LSO (BÁC) 9 (ÓD 19/4/1837). Féach nár bhac sé leis an bhfuaimniú áitiúil a bhreacadh, fiú, nuair a luann sé *bf* Buaille an Araltaigh/*Boranaralda* .i. ‘a little cluster of houses called on the County map Bunardlagh’ [.i. an litriú ar léarscáil Duncan] *ibid.* Dhealródh sé gurbh iad ainmneacha na ngnéithe aiceanta ba mhó ab ábhar spéise dó ar an gcuairt fhánach seo: ‘*Catty Gallagher* in the name book of Rathmichael is *never, never* so called in Glencullen ... I enquired of 7 or 8 persons, and they all agreed that it was never known by any name but *Carrig-Ollogon*. It is set down as *Carrickgollogan* on the Co. map’ agus ‘I met no one to tell me the old Irish name of the Sugarloaf; the name seems to have been lost a long time’ LSO (BÁC) 10 (ÓD

³³ Nuair a foilsíodh an Memoir, níor mhó ná sásta a bhí seandream na bréagstaire. Dar le Herity gur William Betham a chum an chritic seo a leanas: ‘The part entitled Pagan Antiquities is written with rather too great an appearance of decision on some long disputed questions. Former writers may have been all wrong, but the magic words ‘Ordnance Survey’ will not alone prove that this author is right’ (Herity 2014). Seo é an Betham céanna a thug an léacht ‘On the Affinity of the Phoenician and Celtic Languages...’ *PRIA* I (1836–7) 63–65, a sholáthair eolas iontach ar nós ‘*Italy*—The corn country—**Ith-Tallamh**’. Cf. Betham 1842.

³⁴ Arís, tá cuntais níos cuimsithí le fáil in Andrews, Doherty, Ó Maolfabhail, Ó Muraíle, *opp. cit.*

³⁵ MSO (BÁC) 100–101 (ÓD 10/4/1837). Féach leis Aguisín M.

19/4/1837).³⁶ Níl aon fhianaise againn gur leag Ó Donnabháin cos i nGleann an Smóil riamh ina shaol.

Is é an fear a bhí ina theannta an turas sin i nGleann Cuilinn is mó is ábhar spéise don tráchtas seo, mar a bhí Eoghan Ó Comhraí (1794–1862) (EÓC). Tá cuntas ar chaidreamh na beirte seo ag de hÓir (1962) agus tá eolas cuimsitheach ar bheatha agus saothar Uí Chomhraí le fáil sa leabhar a tugadh amach mar chomóradh breithe dhá chéad bliain air .i. *Ómós do Eoghan Ó Comhraí [Eoghan Ó Comhraí: saol agus saothar]* (1995) (eag. Pádraig Ó Fiannachta), mar a bhfuil an aiste is mó is inspéise dúinne, Ó Maolfabhail 1995.³⁷

2.1.4 Obair pháirce Eoghain Uí Chomhraí

Agus an tSuirbhéireacht faoi lánseol, mar sin, agus fios a ngnó ag Ó Donnabháin is ag Tomás Ó Conchúir (TÓC) (scoláire ó Fhearnaigh, Contae Mhuineacháin) mar phríomhoibrithe páirce — le Pádraig Ó Caoimh (POK) (a bhí seanfhostaithe mar scríobhaí is taighdeoir cartlainne) arna oiliúint freisin chun cúnaimh a thabhairt agus logainmneacha a fhiosrú sa ghort — beartaíodh i ndeireadh mhí na Bealtaine 1837 go mbuailfeadh Eoghan Ó Comhraí féin amach faoi Ghleann Cuilinn athuair ‘to look out for some circles of stones which Mr. Petrie had reason to believe were to be found somewhere about the Druids Judgement Seat’ LSO (*BÁC*) 22 (EÓC 23/5/1837). Cúraimí seandálaíochta a bhí air i dtosach báire, mar sin, agus féach go ndeir sa litir chéanna ‘I ... will be glad to explore this and the other mountains to the N. W. of Glencullen the first day that leisure will permit me’ LSO (*BÁC*) 23 (EÓC 23/5/1837).³⁸

Bhí cúpla turas eile ag Ó Comhraí ar lorg iarsmaí seandálaíochta sna sléibhte seo in oirdheisceart an chontae sara luann sé logainmneacha Gaeilge go sonrach den chéad uair:

The Giant’s grave at Ballybrack is but little known, though it appears to have been partly opened, but not within the memory of Peter Welsh, who lives near it, and is now 90 years old. ... No person in the neighbourhood ever heard any name for it but Peter Welsh, who when he was a boy heard the ould Irish people call it **leaba na Saigh** (the greyhounds bed). This name must have originated in one of those popular fireside stories about spirits appearing in the shape of greyhounds &c.

Peter gave me some old topographical names, such as **lug mór, Sliabh gearr, lug a phuca, 7c.** ... I think it fortunate that one man lives in that un-Irish part of Ireland, who remembers something of the ould times

LSO (*BÁC*) 49–50 (EÓC 15/7/1837)
[cló trom ar pheannaireacht Ghaeilge]

³⁶ Phioc sé suas eolas éigin, áfach. Féach faoi ainm an ghleanna féin: ‘*Gleann Chuilinn*, Glen of the holly. Some think that this valley has been named from the family of Cullen’ *ÓD:AL*; agus nóta fánach ‘Several circles of stone and a white pillar stone, near Mr. Fitz Simon’s but outside the demesne. Holy well in the same neighbourhood’ i gcúl an AL.

³⁷ Cf. freisin de Valéra 1949, Ó Madagáin 2008.

³⁸ Cé nach raibh an bhrí cheannann chéanna ag an bhfocal Brl. *leisure* an uair úd is atá inniu, tá greann le baint as abairt réchúiseach seo Uí Chomhraí — faoi mar a bheadh gar á dhéanamh aige don tSuirbhéireacht agus é ar obair pháirce — ach é a chur i gcomórtas leis an litir a bhí á scríobh ag Ó Donnabháin an lá ceannann céanna ó bhaile an Longfoirt: ‘I shall hasten to Roscommon with all imaginable speed ... Three days more will do ... and no fair play from the hotel and Tavern keepers, who are the greatest robbers unhanged’ LSO (*Lo*) 61 (ÓD 23/5/1837).

Chuaigh sé ar ais go Gleann Cuilinn an tseachtain dár gcionn agus chaith sé Dé hAoine agus Dé Sathairn (21–22/7/1837) ag bailiú liosta luachmhar mionlogainmneacha áitiúla ‘with the assistance of a boy (to whom I paid 10^d for the two days)’. Bhreac sé na hainmneacha seo as Gaeilge (LSO (BÁC) 41–42 (EÓC 26/7/1837)) cé nach raibh aon Ghaeilge le clos sa ghleann de réir gach cosúlachta. Agus an méid sin obair bhailiúcháin logainmneacha faoina choim aige, bhuaill sé amach go dtí Tamhlacht Dé Máirt dár gcionn, a deir sé,

and visited a mountain above Ballynasorney called by the people **Suíghchán**, i.e. the seat. It is a very high boggy mountain ... I descended the east side of the mountain into Glen a Smoil, the far famed residence of the mighty Finn Mac Cool. There are many old recollections of him still in this glen. However I had not time enough left to make more than a passing enquiry, but expect to collect some curious facts when I visit it again, which I hope to be able to do on Friday next...

LSO (BÁC) 42–43 (EÓC 26/7/1837)
[cló trom ar pheannaireacht Ghaeilge]

Is cosúil, mar sin, nach raibh aon bhaint dhíreach ag obair pháirce seo Uí Chomhraí leis an athbhreithniú a bhí i gceist ag Ó Donnabháin nuair a scríobh sa chéad litir faoin gcontae seo .i. ‘There are a few Irish names in the mountains which I have marked as doubtful, and which I wish you to refer to the officers again’ LSO (BÁC) 1 (ÓD 31/3/1837), ach gur thapaigh Petrie agus Ó Comhraí an deis nuair a thuig siad go mbeadh faisnéiseoirí le dealramh le fáil sna gleannta.

Rud nach raibh súil ag duine ar bith acu leis, is cosúil, ná go mbeadh Gaeilgeoirí ó dhúchas le fáil i gContae Bhaile Átha Cliath.³⁹ Tá rian an iontais le brath ar chéadchuntas Uí Chomhraí ar na cainteoirí a labhair Gaeilge chomh binn is dár chuala sé riamh, mar atá Úna Uí Reachtúra agus Liam Ó Reachtúra. Ní scaoileann Ó Comhraí aon mhothúcháin eile sa litir, ach is léir gur chuir sé ceist ar Liam faoi oidhreacht Ghaelach Ghleann an Smóil. Dúirt an Reachtúrach go raibh aithne aige ar chuid mhaith daoine a raibh léamh agus scríobh na Gaeilge acu, ach gur éag an duine deireanach acusan le déanaí .i. Aindrias Ó Gabhann ó Ghlaise na Muice.

Ní tógtha ar scoláirí an lae inniu a bheith ábhairín éiginnte faoi chuartheanna seo Uí Chomhraí ar Liam Ó Reachtúra. Tá a bhfuil breactha síos aige luachmhar thar na bearta, gan aon agó. Ach cad a thug ar Ó Comhraí gan faic na ngrást a shoiléiriú faoin gcanúint seo ach ‘as good Irish as ever I heard spoken’? Maidir leis an gcuid eile den eolas sna Litreacha is beag míniú ar logainm ar bith i nGleann an Smóil atá le fáil ach dornán aistriúchán *ad hoc* nach cinnte an bhfuair Ó Comhraí iad ó mhuintir na háite. (Is i nGleann an Smóil, áit a raibh faisnéiseoirí Gaeilge aige, is mó go mór atá na haistriúcháin seo le fáil sna Litreacha aige, áfach.) Is ar éigean, mar sin, a d’fhéadfaí Litreacha Ghleann an Smóil féin a áireamh mar chuid den litríocht, mar ní chuirtear aon tuairimí chun cinn iontu ná ní thugtar aon anailís ar na logainmneacha. Tagrófar anseo is ansiúd do na foirmeacha Gaeilge a scríobh Ó Comhraí sna hAinmleabhair agus do na Litreacha eile a scríobh sé agus é ar obair pháirce i gcontaetha eile ar mhaithe le comhthéacs.

³⁹ M.sh. ‘...there are very few traditions, and no Irish in the Co. of Dublin’ MSO (BÁC) 100 (ÓD 10/4/1837).

Cé gur léirigh Ó Comhraí a thuiscint ar chúrsaí logainmníochta i roinnt nótaí fánacha atá spéisiúil ó thaobh comhthéacs agus araile de, mar anailís teangeolaíochta níl siad in aon ghiorracht do thráchtairacht Uí Dhonnabháin sna Litreacha, sna hAinmleabhair agus ina chuid saothar foilsithe siúd. Go deimhin tá cuid mhaith dá bhfuil le rá ag Ó Comhraí tuatach go leor i gcomórtas le tuairimí tomhaiste an Donnabhánaigh. Bhí sé de nós ag Ó Comhraí glacadh leis na fuaimeanna béarlaithe mar réadú díreach ar an mbunainm Gaeilge.

Mar fhocal scoir ar scoláireacht na linne seo, tá saineolas an Donnabhánaigh ar logainmneacha scaipthe ar fud a chuid litreacha agus a chuid nótaí tráchtairachta. Más spleodrach iad na blúiríochta seo féin mar theist ar a léannta is a éirimiúla is a bhí sé ar an ábhar, is mór an trua é nár thug sé aghaidh riamh ar aon mhórshaothar acadúil dírithe ar an logainmníocht i gcoitinne, macasamhail an ghraiméir a d'fhoilsigh sé sa bhliain 1845 (*Graim. ÓD*). Thart ar 1831, go gairid i ndiaidh dó tosú ar obair sa tSuirbhéireacht, chuir an Donnabhánach lámhleabhar i dtoll a chéile ina raibh liosta fada d'eilimintí coitianta a thagann i gceist i logainmneacha béarlaithe agus a mbunfhoirmeacha Gaeilge, mar a mheas sé ag an am, mínithe aige.⁴⁰ Tá corrnóta curtha leis an leabhar céanna ag Pádraig Ó Caoimh as a chuid taighde féin sna blianta beaga seo i dTigh Petrie. Ach níl i gceist sa liosta seo ach cuntas a bhí á choimeád ar an taighde is tuisce a bhí an Oifig Topagrafaíochta a dhéanamh ar na foinsí scríofa, agus níl aon rian le sonrú fós den taithí iontach úd a gheobhadh sé ó chaint na ndaoine. Tagairt indíreach don Lámhleabhar seo atá le fáil sa nóta seo ag an Donnabhánach tar éis dó aithne a chur ar chanúint na nUltach i gContae Dhoire:

They never admit the combination **cn** into their dialect, and hence their *Crock* instead of *Knock*. Not knowing this I conjectured that *Crockdooish* was derived from **cruach**, a *stack* or round *hill*, as in Croaghpatrick; but *Crockdooish* in the North is the same as *Knockdooish* in the South, the former always using **cr** for the **cn** of the latter. The **cn** however is the orthography always used in the MSS. both of the Northern and Southern *Gaidhil*.

LSO (*Do*) 67 (ÓD 18/8/1834)

[cló trom ar pheannaireacht Ghaeilge]

Tagairt é seo don lámhleabhar úd, de réir gach cosúlachta. Ach díol suntais go ndeir sé ‘not knowing this’ san abairt thuas. Ní dhearnadh aon leasú ar an iontráil úd ‘Crook, as in Crookdooish’ sa lámhleabhar, rud a thaispeánann is cosúil nach mbíodh an liosta bunúsach seo á thabhairt suas chun dáta ná níorbh amhlaidh gur dhréachtcháipéis bheo a bhí ann riamh. Sa liosta Gaeilge–Béarla, áfach, tá ‘Cnocán, Cnoicín: dim. of cnoc, a hillock. Eng. Knockan, Crockin, Knocken’ agus ‘Cnoc, a hill, a knoll, an eminence: Eng. Knock. This word is corruptly pronounced *crock* in the north of Ireland’.

Lámhscríbhinn eile a scríobh sé sa tréimhse chéanna agus atá i seilbh an Bhrainte Logainmneacha is ea ‘Derivation of all the names of places in Lanigan’s Ecclesiastical History of Ireland as given by himself, by Vallancey and others, with remarks by J. O’Donovan. December 23, 1830’ (leagan scanta ar fáil ar *logainm.ie*). Arís níl mórán den saineolas le brath fós

⁴⁰ Tá an lámhleabhar seo i seilbh an Bhrainte Logainmneacha faoi láthair agus tá cóip scanta de sin curtha ar fáil ar *logainm.ie* ag <<https://www.logainm.ie/ga/acmhainni/lamhscrabhinni>>.

ar nótaí an Donnabhánaigh um an taca seo, agus is cinnte nárbh aon scoláire críochnaithe fós é an t-ógánach:

N.B. In old Irish MSS. **n** is often prefixed to words beginning with vowels, as **Crích NÉRínn**, the Country Ireland. Peter O’Connel says that this **n** is a contraction of the article **na**.

Chonacthas a leithéid thuas sna nótaí aige ar chóip na Suirbhéireachta de Seward, a bhí comhaimseartha leis an LS seo.

Chuir an Donnabhánach nótaí flúirseacha faoi logainmneacha lena chuid foilseachán agus is eisean a thug comhairle don staraí Ultach William Reeves (1815–1892)⁴¹ a rinne sáróbair chun sean-logainmneacha stairiúla a aithint mar chuid dá thaighde staire. Luadh thuas an t-aistriúchán a rinne Reeves de thráchtas gairid an Athar Mac Cana ón 17ú haois. Is i gcúrsaí staire, idir eaglasta is áitiúil, is mó a bhí saineolas aige. Bhí urraim ag Ó Donnabháin dá éirim sa réimse sin agus ghlac sé a chomhairle ar chúpla pointe. Féach a ndeir Ó Murchadha:

Bhaist [Reeves] ‘Ollarba’ ar an Larne Water ... cé gurb é a mhalairt a thuigimse ón bhfianaise ... Toisc an mioneolas a bhí ag Reeves ar an gceantar, lean Seán Ó Donnabháin a lorg: ‘there can be no doubt as to their modern names (*ARÉ* I 100)’, agus dá réir sin ghlac scuaine de scoláirí mar *res judicata* é...

Ó Murchadha 2009: 101

Mar sin féin is léir ón gcomhfhreagras idir an dá scoláire a mhéad a bhí Reeves ag brath ar Ó Donnabháin i gcúrsaí Gaeilge.⁴² Dúrtas i dtaobh Reeves sa dara leath den 19ú haois: ‘Dr. Reeves is the highest living authority on the subject of Irish topography’ (Joyce 1869: viii), ach ní hionann sin is a rá gur tháinig sé in aon ghiorracht don Donnabhánach ná baol air.

2.1.5 I ndiaidh an Donnabhánaigh: Joyce (1827–1914), Corrigan (1860–1924), O’Hanlon (1821–1905), Ó hÓgáin (1831–1917), Laoide (1865–1939)

Más uileghabhálach iad na nótaí ar logainmneacha a bhreac Ó Donnabháin mar chuid dá chúraimí sa tSuirbhéireacht (idir cháipéisí réamhthaighde ar nós an dá LS a luadh thuas agus cháipéisí níos oifigiúla amhail na Litreacha, na Meamraim agus na hAinmleabhair) agus mar thráchttaireacht ar a chuid foilseachán scolártha ní ba dhéanaí, níor fhoilsigh sé alt ar bith ar aon ghné de logainmníocht na hÉireann, gan trácht ar leabhar a thug aghaidh ar gach logainm sa tír. Is ar scoláire Éireannach den chéad ghlúin eile a thit an chéad mhórshaothar faoi logainmneacha na hÉireann a fhoilsiú. Tá *Irish Names of Places* le P.W. Joyce (1827–1914) ina phríomhshaothar ar an ábhar seo ó foilsíodh é, go háirithe an chéad dá imleabhar a tháinig amach i 1869 agus 1875, go gairid tar éis bháis don Donnabhánach. Cé gur mhó a bhí an Seoigheach ag brath ar thuairimí an Donnabhánaigh agus ar cháipéisí na Suirbhéireachta ná mar a dúirt sé sa réamhrá, áit a dtugann sé le fios go raibh faisnéiseoirí

⁴¹ Cf. <https://www.ucd.ie/specialcollections/archives/odonovan_reeves/>.

⁴² Féach freisin ceist a chumais sa Ghaeilge pléite san iontráil faoi ar <ainm.ie/470>.

dá chuid féin aige ó gach cearn den tír, is gaisce taighde agus scoláireachta é. Mar léargas ginearálta ar logainmneacha na tíre, níl a shárú le fáil go fóill. Tá léirmheas cuimsitheach géarchúiseach ag Deirdre Flanagan ar an gcéad chuid seo den saothar in *BUPN* (Flanagan 1982a).

Agus is i saothar Joyce a fhaightear tráchtas tíopeolaíoch ar chorpas logainmneacha Gaeilge den chéad uair, rud a phléifear i gCaibidil 3. As a stuaim féin ar fad a chuir an Seoigheach rangú ar na logainmneacha mar seo — mar a dúirt sé féin ba é seo an chéad iarracht riamh ar logainmneacha na hÉireann a phlé mar chorpas (Joyce 1875: vii). Chun an t-éacht anailíse seo aige a thuiscint i gceart níl le déanamh ach féachaint ar an leabharliosta — ní raibh d’fhoinsí aige ach saothar an Donnabhánaigh agus Reeves, chomh maith le léachtaí Uí Chomhraí agus eagráin de Chogadh Gael le Gallaibh agus den *Chronicon Scotorum* (*ibid.*). D’éirigh leis dul i ngleic le logainmneacha na tíre mar a ritheann gan de threoir ach iad.

Deir Joyce sa dara himleabhar gurbh amhlaidh a bhí sé ar intinn aige i dtosach báire anailís níos doimhne fós a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann agus an corpas sa tír seo a chur i gcomparáid lena raibh le fáil thar lear:

It would have been extremely interesting to compare our place-names with those of other countries, and to point out curious parallels and instances of striking similarity of laws. Opportunities for doing so occurred in almost every page of this book; but I thought it better ... to confine myself to what I understood best, the local names of my own country, leaving to other hands the work of comparison and generalisation.

Joyce 1875: v

Mar a deir Flanagan, bhí an obair theoranta sin féin iomarcach don duine aonair, agus c.62,000 baile fearainn sa tír i gceist. Ná cuireadh sé iontas orainn, más ea, nach dtógann an Seoigheach mórán ceann de mhionainmneacha sa saothar seo.

Staraí eile a bhí ag treabhadh leis ina aonar ag deireadh an 19ú haois ab ea an Canónach William Carrigan (1860–1924).⁴³ Rinne seisean taighde cuimsitheach thar na bearta ar gach paróiste i ndeoise Osraí (.i. Contae Chill Chainnigh agus cuid bheag de Chontae Laoise) ó thaobh stair shóisialta agus stair an chreidimh de. Anuas air sin, chaith sé súil ar logainmneacha Gaeilge, agus seanchainteoirí dúchais ar fáil aige sa chuid is mó den deoise an uair úd. Murab ionann is Joyce a bhí ag plé le logainmneacha uile na tíre, geall leis, bhí sé d’aga ag an gCorragánach cúram a dhéanamh de mhionainmneacha ina mhórshaothar siúd. Fo-bhailte an chuid is mó díobh seo, ach thagair sé freisin d’ainmneacha toibreacha, d’ainmneacha páirce agus d’ainmneacha inspéise eile nach iad:

...he always visited the very old people and got from them the various particulars concerning the Irish names of the townlands, the walls, raths and cromlechs, the old graveyards, and any old ruins in the district. He took great pleasure in getting through the fields and hills and moist places in order to find out for himself some additional information which might be gained by a personal visit to those objects in which he was interested.

Ó Fearghail 1997

⁴³ Tá cuntas maith ar shaol agus shaothar logainmníochta an Chorrágánaigh ag Ó Dálaigh 2018: 52–62.

Foilsíodh *History and Antiquities of the Diocese of Ossory* I–IV i 1905. Foinse luachmhar don teangeolaí iad na mílte leathanaigh de leabhair nótaí a líon sé le heolas ó bhéalaibh na gcainteoirí dúchais deireanacha in Osraí, atá i gcoimeád i leabharlann Choláiste Chiaráin i gCill Chainnigh.⁴⁴

Is fearr agus is cuimsithí go mór a chruthaigh an Corragánach sa ghnó seo ná mar a rinne a chomhchleireach John O’Hanlon (1821–1905) a scríobh *History of the Queen’s County*.⁴⁵ Níl mórán le fáil ina chuid saothar de bhreis ar a bhfuil i gcáipéisí na Suirbhéireachta, in ainneoin go raibh aithne phearsanta aige ar an Donnabhánach agus gur mhinic a bhí an bheirt acu ag plé logainmneacha an chontae, de réir chuntas Uí Anluain féin (O’Hanlon 1879: 145–146).⁴⁶

Scóip níos leithne a bhí ag Éamonn Ó hÓgáin (1831–1917), a dhírigh ar na logainmneacha uile a luaitear i seanlitríocht na hÉireann agus i roinnt cáipéisí fíorluatha gallda a chnuasach le chéile, gur fhoilsigh *Onomasticon Goedelicum* (1910). Mar a deirtear sa bheathaisnéis ar *ainm.ie*, ‘Eagarthóir, tochtóir agus saothraí an-mhaith a bhí ann ach ní mheastar gurbh aon mhórscoláire é. Ba mhó an luí a bhí aige le stair ná le scoláireacht na Gaeilge’.⁴⁷

Le linn na hAthbheochana foilsíodh nótaí ar logainmneacha anseo is ansiúd sna hirisí Gaeilge agus mar fhonótaí eolais sna cnuasaigh bhéaloidis agus sheanlitríochta a bhí á bhfoilsíú ó thús an 20ú haois faoi stiúir an scoláire Seosamh Laoide (1865–1939). Bhí spéis ag an Laoideach féin i logainmneacha agus i gcanúintí na Gaeilge, agus is cinnte go bhfuil scoláireacht le brath ar na nótaí teangeolaíochta a sholáthraíonn sé, i mBéarla agus i nGaeilge, má tá a stíl féin neamhfhoirmeálta agus má tá a thuairimí ábhairín neamhchruinn.

“Goidé an maitheas at’ ar ghobáisde do gháid-se?” adeir an rí.

“Tá,” arsa Bréagóir Éireann: “Bhí málthraigh ag dul thart a rabh deich marcaigh is dá fhichid ionn. Thainic cíth mór fearthainne orthú. Chuaidh me fhéin,” arsa Bréagóir Éireann, “is fuair me duilleog ghobáisde is chuir me folach ar na deich marcaigh is dá fhichid.”

Laoide 1901: 82

Málthraigh, a wedding procession, on horseback, as will be seen from the use of the word in this story. For **málthraigh** one also hears **málthrach** (maul’-hrah), **márthlach** (maur’hlah). The latter occurs in the following line of a song:— **Cha leigfeadh Eoghan a’ márthlach ó lá go tigh a’ tsagairt ionn.** (This song was a satire by **Séamus Buidhe an táilliúr**, of South Armagh, on a wedding to which he was not invited). Mr. P.T. McGinley, hearing this word in Farney, when on a visit there, at once recognised it as a dialectic form of **marcshluagh**. The use of **marcaigh** in reference to it here bears him out. But what a change! The **cs** evidently first became **ch** and then **th**, the **u** disappeared and the final **gh** changed to **ch**, or rather **th** as pronounced. It occurs in topographical {110} names in Co. Monaghan, thus Tullynamalra (N. of Muckno Mill Lake, near Castleblayney)=**Tulaigh na málthrach**=**Tulach na marcshluagh**. This, probably, is a name that a topographer, unacquainted with the local form of **marcshluagh**, would, without hesitation, explain as **Tulaigh na malrach**, even though he

⁴⁴ *Ibid.*

⁴⁵ Foilsíodh an saothar seo ina dhá imleabhar tar éis a bháis: O’Hanlon & O’Leary 1907; O’Hanlon, O’Leary & Lalor 1914.

⁴⁶ Díol spéise nach luann O’Hanlon san alt céanna dornán mionainmneacha Gaeilge a fuair Ó Donnabháin ó sheanchainteoir dúchais i 1837. Tá cuntas an Donnabhánaigh le fáil in LSO (*UF*) I 56–63, áfach; bheadh tuairim ag duine go raibh O’Hanlon ag brath go hiomlán ar LSO (*La*).

⁴⁷ Féach <ainm.ie/83>. Féach leis Murray & Ó Riain 2011.

might also bear in mind that the use of **malrath** is confined to Connacht. Who could blame him?

ibid. 109–110

[**cló trom** ar a bhfuil sa chló Gaelach sa dara sliocht]

Nuair a theastaigh gasaitéar dátheangach d’ainmneacha phostoifigí na hÉireann ó Chonradh na Gaeilge, agus feachtas ar bun acu chun an teanga a normalú trí sheoltaí a scríobh as Gaeilge ar litreacha agus ar bhearta eile a bhí le próiseáil ag an tSeirbhís Phoist Ríoga, is ar Laoide a thit an obair. Bhí moltaí an Laoidigh bunaithe ar thaighde a rinne sé féin — cuid mhaith sa litríocht agus cuid eile sa ghort — agus ar eolas a sholáthair sé ar fhaisnéiseoirí áitiúla, go minic trí fhógraí ar leathanaigh na n-irisí Gaeilge.⁴⁸

Tá an easpa chéanna ar an obair seo is a bhí ar obair Joyce .i. gur obair an duine aonair a bhí ann sa dá chás. Gan amhras tá a lán de na foirmeacha Gaeilge a moladh sa leabhar lochtach, agus más go heolaíoch a bhí sé ag obair den chuid is mó, uaireanta ní raibh an cur chuige thar moladh beirte. Féach go háirithe an scéal a insíonn sé faoi conas mar a chum sé foirmeacha Gaeilge ar *Sandycove* (#[1165967](#)) (*PS* II 122–124). Cuir i gcás freisin an litir a chuir an Laoideach chuig Séamus Ó Ceallaigh (1879–1954) inar thug sé an cuntas seo a leanas ar a raibh aige d’fhianaise go raibh ‘*Cabhán an Chaorthainn*’ in úsáid mar ainm Gaeilge ar an sráidbhaile *Pomeroy* (#[1414084](#)) i gContae Thír Eoghain (pléite go mion i nóta eolais ar *logainm.ie*), mar a mhol sé in *Post-Sheanchas* I (1905):

I believe the old name has survived in Co. Monaghan. I asked Patrick Morris to get for me the Irish name of Emyvale (recte *Sgairbh na gCaorach*). He actually got *Cabhán na gCaorach*. I believe that the old man who gave this from hazy recollection was mixing up *Cabhán a’ Chaorthainn* (Pomeroy) with *Sgairbh na gCaorach* (Emyvale).

logainm.ie #[1414084](#) [íomhá scanta]

Ní chun ceap magaidh a dhéanamh de Laoide a luaitear na sleachta seo ach chun a léiriú go raibh a scoláireacht claonta ar uairibh de dheasca an réabhlóid chultúrtha a raibh sé lánpháirteach ann. Anuas air sin, táthar ag caint faoi dhuine aonair a bhí ina thaighdeoir páirtaimseartha (cé go bhfuair sé cúnaimh ó scoláirí áitiúla) agus a raibh d’aidhm aige liosta a chur le chéile chun úsáid dhíograiseoirí na hAthbheochana a bhí i mbun feachtais chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna seirbhísí poist (Mac Giolla Chomghaill 2024). Sa dá chás thuas bhí sé chomh láidir sin ar son an díghalldaithe gur scaoil sé uaidh an dea-chleachtas. Ach chun a cheart a thabhairt dó ghlac sé le ‘Béarlachas’ nuair a bhí fianaise dhoshéanta ar fáil dó, m.sh. nuair a thug sé aitheantas don fhoirm áitiúil Gaeilge **Mun Talbóid** (#[1414415](#)) i gContae Ros Comáin (*Móin Talbóid* = Mount Talbot. The Irish name was written down in English “phonetics” by a local resident who knows no Irish and was unaware of any connection with the English form’ *PS* II). In ainneoin na lochtanna seo is uile — agus tá

⁴⁸ Tá cuntas ar chur chuige an Laoidigh in *Post-Sheanchas* in Mac Giolla Chomghaill 2024. Tá cuntas fíorchuimsitheach ar shaol agus saothar an Laoidigh in Ó Giollagáin 2021.

drochthionchar acu fós ar thuairimí áitiúla faoi ainmneacha Gaeilge na mbailte poist — ba mhór an chéim chun cinn é *Post-Sheanchas* a theacht ar an bhfód. Den chéad uair riamh bhí liosta cuimsitheach de phríomhlogainmneacha na tíre ar fáil a raibh údarás éigin ag baint leis.

Bhí dhá mhórchorpas logainmneacha Gaeilge ar fáil i dtús an 20ú haois, mar sin .i. liosta ainmneacha na bpostoifigí (Laoide) agus liosta na logainmneacha uilig a luaitear sa tseanlitríocht (Hogan). Ach mar sin féin níor mhór an fonn a bhí ar scoláirí aon tairbhe a bhaint astu mar chorpais, chun cur leis an anailís agus an tráchttaireacht ghinearálta a sholáthair Joyce.

2.1.6 Cur chuige eolaíoch an 20ú haois agus staidéar oifigiúil

Bhí Joyce ina cheannródaí lena mhóthrachtas a foilsíodh i 1869, ach i dtiomsú bhunchorpas na leaganacha Gaeilge féin bhí sé go mór faoi chomaoin na hoibre córasaí a bhí déanta ag an tSuirbhéireacht Ordanáis tríocha bliain roimhe sin. Amaitéaraigh ab ea Corrigan, Laoide agus Hogan. Ba iad na tíortha Lochlannacha ba thúisce a thosaigh ar bhailiú logainmneacha mar fheachtas náisiúnta, taighde a bhí urraithe ag an stát agus scoláirí acadúla ina bhun (Paikkala 2012, Helleland 2012, Nilsson 2012). Is é an nós imeachta sin a cuireadh ar bun sna tíortha seo ag tús an 20ú haois a ghlac an Coimisiún Logainmneacha chuige féin ó bunaíodh é i 1946 — cuireadh an stiúrthóir go dtí Uppsala i 1952 chun an dea-chleachtas a fhoghlaim agus a thabhairt abhaile — agus sin é an nós atá i bhfeidhm ag an mBrainse Logainmneacha (taighdeoirí logainmneacha oifigiúla an Stáit) agus gach tionscadal acadúil logainmníochta gus an lá inniu (Mac Giolla Chomhghaill 2024). Is é sin, gach tagairt scríofa don logainm (i ngach teanga) a bhailiú agus a chur in ord aimsire agus an fhianaise sin a chur i gcomparáid leis an bhfuaimniú áitiúil ar bhonn teangeolaíochta chun bunfhoirm an logainm a dhéanamh amach. Bhí gnéithe bunúsacha áirithe den chur chuige seo le haithint cheana féin i modh oibre na Rannóige Topagrafaíochta le linn na chéad Suirbhéireachta Ordanáis sa 19ú haois, gan amhras — mar ar cíoradh na foinsí stairiúla Gaeilge agus gallda gur cuireadh an fhianaise sin i gcomparáid le fuaimniú mhuintir na háite — agus i meon scrúdaithe an Donnabhánaigh. Ach ní féidir a shéanadh gur mhór an chéim chun cinn é seo ag na Lochlannaigh ar son taighde logainmneacha i gcoitinne.

Tíortha ilteangacha iad na tíortha Lochlannacha agus bhí tionchar nach beag ag an gcur chuige eolaíoch ar chúrsaí logainmneacha i dtíortha eile dá sórt, na tíortha Ceilteacha san áireamh. Ag seo Kneen, ceannródaí logainmneacha Mhanann:

In the past the interpretation of place-names has been left to the historian and the antiquary, who, however well-versed they may be in their own particular branch of science, often possess a very rudimentary and superficial knowledge of the grammar and structure involved in the interpretation of place-names of a country. But toponymy has now come to be recognised as a branch of archæology requiring an essential knowledge of the languages spoken by the various races who have inhabited a country, and some states — notably the Scandinavian countries — have considered the matter of sufficient importance to have the study placed upon a national basis by subsidizing literature printed on the subject.

Kneen 1925 xi

In Éirinn ní foláir dul i ngleic ní hamháin le hathruithe foghraíochta agus litrithe sa Ghaeilge féin le míle bliain anuas ach le córas litrithe na Sean-Ghall agus na Nua-Ghall agus go deimhin leis na hathruithe sa Bhéarla freisin, de bharr go bhfuiltear ag brath go mórmhór ar cháipéisí gallda. Tá cur síos cuimsitheach ar na forbairtí seo go léir ag Breatnach 1994, McManus 1994, Dobson 1957.

Mar leis na tíortha Ceilteacha eile de, is beag staidéar córasach ar mhionainmneacha in aon tír acu seo, áfach, ach oiread le hÉirinn féin. D’fhéadfaí roinnt leabhar a foilsíodh in Albain a lua anseo (m.sh., *The Place Names of Elginshire* (Matheson 1905), *Place Names of the Highlands and Islands of Scotland* (MacBain 1922), *The Place Names of Upper Deeside* (Watson & Allan 1984)). Má fhéachtar ar achar na dtíortha seo go léir ní haon iontas gurb iad mionainmneacha Mhanann amháin atá clúdaithe ina n-iomláine, nach mór, ó na 1920í:

<i>Tír</i>	<i>Achar</i>
Éire	84,421km ²
Albain	77,933km ²
An Bhreatain Bheag	20,779km ²
Corn na Breataine	3,562km ²
Oileán Mhanann	572km ²

Tábla 1: Achar na dtíortha Ceilteacha.

Pléann Kneen (1925) agus Gill (1929) mionainmneacha Oileán Mhanann ar comhchéim le hainmneacha riaracháin, agus go deimhin ba thanaí an dá shaothar gan iad, agus an t-oileán sin leath chomh mór le Contae an Longfoirt (1,091km²). Bhí cainteoirí maithe dúchais le fáil i ngach cúinne den oileán an uair sin, agus tugtar cuntas cuimsitheach ar logainmneacha Oileán Mhanann, bídís fréamhaithe sa Ghaeilge, sa Lochlainnis, sa Bhéarla nó i meascán díobh. Leanann Kneen an córas riaracháin: imleabhar in aghaidh gach *sheading* (an roinn riaracháin os cionn an pharóiste) roinnte ina bparóistí dlí, le plé ar mhionainmneacha i ngach paróiste freisin. Ach déanann Gill cuid mhaith de na mionainmneacha a ghrúpáil go garbh de réir gnéithe tíopeolaíochta (‘Well-names and well-lore’, ‘Coast-names of Rushen’, ‘Old roads and road-lore’, srl.) sula dtugann sé faoi na paróistí a phlé in ord aibítreach. Leabhair shlachtmhara iad seo, bíodh is go bhfuil a n-ionad glactha anois ag mórshaothar nua logainmneacha Mhanann, *Placenames of the Isle of Man* (1994–2005) le George Broderick. Tá taitneamh le baint as Gill agus é ag éirí coincheapúil nuair a bhíonn deis aige, agus tá réamhrá úd Kneen an-ghéarchúiseach ina chur síos ar logainmníocht mar eolaíocht.

Mar a dúradh thuas, is é an cur chuige eolaíoch seo a leanann an Brainse Logainmneacha go dtí an lá inniu. Tá formhór glan den staidéar agus den anailís ar logainmneacha a dhéanann an Brainse fós gan fhoilsiú, ós é is príomhaidhm ag an oifig taighde cuimsitheach a dhéanamh agus leaganacha oifigiúla Gaeilge a mholadh (Ó Muraíle 2013b, Mac Giolla Chomhghail 2024). Bhunaigh an Cumann Logainmneacha an iris *Dinnseanchas* i 1964 chun ceisteanna ilghnéitheacha logainmneacha a phlé go hacadúil agus go mórmhór chun obair thaighde agus anailíse de chuid an Bhrainse a chur os comhair an phobail sa tsraith ‘As Cartlann na Logainmneacha’. Ó thaobh mórfhoilseachán de,

pléifear thíos (2.2.1) an leabhar *Logainmneacha as Paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge* a d'fhoilsigh an Brainse Logainmneacha i 1975, bailiúchán mionainmneacha as aon pharóiste Gaeltacha amháin ar soláthraíodh foirmeacha foghrúla do gach ainm díobh. Sa bhliain 1990, tar éis don Bhrainse an taighde córasach ar Chontae Luimnigh a chríochnú agus na hainmneacha oifigiúla Gaeilge a shocrú agus a fhaomhadh leis an gCoimisiún Logainmneacha, cuireadh *Logainmneacha na hÉireann: Contae Luimnigh* i gcló, in eagar ag Art Ó Maolfabhail. Sa leabhar seo bhí gach logainm riaracháin sa chontae sin le fáil in ord aibítreach na n-ainmneacha oifigiúla Gaeilge, chomh maith le rogha de na foirmeacha stairiúla agus aistriúchán Béarla ar an leagan Gaeilge a socraíodh. I roinnt cásanna tugadh eolas breise faoin logainm. Bhí ar intinn ag an oifig go leanfaí den tsraith seo de réir mar a bheadh na contaetha á gcur i gcrích — tugadh ‘Imleabhar I’ ar leabhar Chontae Luimnigh — ach ba rófhadálach malltriallach an obair í. D’fhonn gan cur isteach ar phríomhchúram na hoifige cuireadh an tionscnamh foilsithe seo ina stad tar éis an chéad leabhair.

Níor tháinig aon fhoilseachán toirtiuil eile ón mBrainse a chuir a chuid oibre i láthair go dtí gur foilsíodh an chéad dá imleabhar eile sa tsraith úd, mar atá *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (2007) agus *Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (2010) le Pádraig Ó Cearbhaill. Mar is léir ó na teidil, bhí réimse ábhar níos cúinge ag na leabhair seo, dírithe ar fhothacar ar leith de logainmneacha as contae amháin, agus dá bharr sin bhí scóip agus fairsinge ag an údar an fhianaise stairiúil agus an anailís teangeolaíochta a leagan amach agus a phlé go cuimsitheach den chéad uair ar an stíl a leantar sa Bhrainse Logainmneacha féin. Mar an gcéanna don chéad fhoilseachán dátheangach de chuid an Bhainse .i. *Logainmneacha na hÉireann IV: Townland Names of Co. Wexford/Ainmneacha na mbailte fearainn, Co. Loch Garman* (2016) le Conchubhar Ó Cruaíoch agus Aindí Mac Giolla Chomhghaill, saothar mór a chlúdaigh ainmneacha riaracháin an chontae sin.

Níor cheart gan tagairt a dhéanamh don tsraith *Place-Names of Northern Ireland* agus an t-ollshaothar *Logainmneacha Mhaigh Eo (LME)* le Fiachra Mac Gabhann a bhfuil an múnla céanna iontu — an fhianaise a thaispeáint ina hiomláine agus plé acadúil a dhéanamh ar gach logainm ó thaobh na teangeolaíochta de — agus atá ar aon chaighdeán leis na saothair a luadh. Thairis sin, ag tús gach imleabhair ina shaothar siúd rinne Mac Gabhann scagadh agus anailís ghéarchúiseach ar na patrúin logainmníochta a bhí le sonrú ar an ábhar a bhailigh sé.

2.2 Mionainmneacha agus páircainmneacha

Ó thaobh na mionainmneacha de, tá cúrsaí staidéir mar atá i Sasana i bhfad chun tosaigh orainne in Éirinn ar chúiseanna éagsúla. Ní miste, mar sin, sracfhéachaint a thabhairt ar an gcuntas cuimsitheach a thugann Rebecca Gregory ar an réimse acadúil sin thall agus conas mar a d’fhorbair sé amach as na bunaidhmeanna a bhí ag an English Place-Names Society i dtosach báire (Gregory 2018). Sna 1920í thosaigh an cumann seo torthaí a gcuid taighde a fhoilsiú, imleabhar in aghaidh gach contae ar dtúis. Mórlogainmneacha a pléadh sna chéad fhoilseacháin seo den chuid is mó (‘settlement names, administrative names, and larger landscape features’ Gregory 2018b). Is faoi gach eagarthóir a bhí

sé a rogha féin de mhionainmneacha a chlúdach i ngach contae. Ach tháinig méadú de réir a chéile ar líon na mionainmneacha a pléadh sna himleabhair. Cuireadh aguisín le leabhar Nottinghamshire, a foilsíodh i 1940, dar teideal ‘field and minor names’ — ach bhí an méid sin an-ghann le haghaidh cuid mhaith de na paróistí, agus cuid eile gan mhionainm ar bith luaite leo. As na 1950í amach, áfach, tháinig borradh mór ar líon na mionainmneacha: chuirí iad i gcorp an téacs anois, pléite faoi na hiontrálacha faoi gach paróiste. Go deimhin is é an bhéim nua seo ar mhionainmneacha faoi ndear an moilliú suntasach ar fhoilsiú na leabhar sa tsraith seo le déanaí: i gcás Lincolnshire, mar shampla, foilsíodh seacht n-imleabhar idir 1985 agus 2010 — agus ní bhaineann an méid sin féin ach leis an gceathrú cuid den chontae sin ar a bhfuil an tsuirbhéireacht curtha i gcrích!

Rud eile ar chóir a lua faoi mhionainmneacha i Sasana is ea an deighilt a dhéantar idir mionainm agus páircainm (‘Minor names and field-names are treated as slightly different things in the EPNS surveys’ Gregory 2018b). Toisc an fhoireann taighde oifigiúil in Éirinn a bheith chomh gann agus an bhéim a bheith chomh láidir sin ar phríomhchúram na mbailte fearainn agus na n-ainmneacha riaracháin eile, is minic a fhágtar gach ainm eile, cé is moite de na mórghnéithe aiceanta, ina ‘mhionlogainm’. Ach gan dabht is fothacar de mhionlogainmneacha iad na páircainmneacha (‘what is referred to technically as microtoponymy — that is, minor place-names ... can apply to a wide range of features that generally lie below the level of the townland ... they encompass such things as fords, bridges, hills, hillocks, slopes, hollows, ring-forts, raths, stone forts, roads, crossroads, pathways, lime-kilns, corn mills, sweat houses, house sites, holy wells, famine graves, children’s burial grounds, rivers, streams, lakes, bogs, islands, rocks, cliffs, caves, headlands and of course gardens and fields’ Ó Muraíle 2013a: 151). Seo an sainmhíniú reatha i Sasana:

Field-names are generally classified as the names of pieces of land, whether enclosed or unenclosed, which form part of the agrarian economy. Historically, this agrarian economy would typically have been linked to a settlement, with the surrounding land supporting the population of the village in a predominantly subsistence-farming relationship. Fields could be any size or shape, and could be owned by individuals, or held in common by a group of people, generally within a settlement, township or parish. Field boundaries and landholding patterns have changed time and again since our earliest records, as have many of those fields’ names ... Names can apply to sections of fields as well as each field as a whole, the most prominent example being the furlongs in medieval open fields, divided into strips and cultivated in common by villagers.

Gregory 2018a: v–vi

Is suntasach go gcloíonn na bailiúcháin mionainmneacha Bhéarla in Éirinn leis an gcur chuige Sasanach den chuid is mó agus díríonn nach mór go hiomlán ar pháircainmneacha. Clúdaíonn na suirbhéanna Gaeilge mionainmneacha eile de ghnáth, mar a fheicfear thíos. Cuir i gcás sainmhíniú Éamoinn Uí Ógáin⁴⁹ ar an saghas ainmneacha atá le fáil i nDún Chaoin, Contae Chiarraí:

⁴⁹ Ní hionann an scoláire seo is údar *Onomasticon Goedelicum* luaite i 2.1.5 thuas, ar ndóigh.

Cad is logainm ann? Áirítear gach sórt aonaid tíre nó farraige ina logainm má tá a shainainm dílis féin air ag daoine, mar shampla gort nó cuid de ghort, tobar, claí, cnoc, briseadh (cnoic), carraig, cumar, abhainn, poll, bóthar, bóithrín, cosán, droichead, faille, cuas, fochais, oileán...
Ó hÓgáin & Kennedy 2017: 9

Slí eile a bhfuil cúrsaí i Sasana chun cinn ar an staidéar sa tír seo is ea an anailís a dhéantar ar na logainmneacha thall. De bharr na heaspa tacaíochta go stairiúil sa Bhrainse Logainmneacha ba é a ndícheall ag an bhfoireann bheag a bpríomhchúraimí a chomhlíonadh, mar atá, taighde cuimsitheach a dhéanamh ar gach logainm riaracháin sa tír, contae ar chontae, agus leagan Gaeilge údarásach a shocrú chun úsáid oifigiúil.⁵⁰ D'fhág sin nach raibh aon tionscnamh córasach ar bun chun mionainmneacha na tíre a scrúdú, agus gur scoláirí nó grúpaí áitiúla ar leith is mó a bhíodh ag obair sa ghort seo. Tá súil ag an mBrainse Logainmneacha maoirseacht údarásach a dhéanamh ar na cnuasaigh mhionainmneacha ar *meitheal.logainm.ie* ach na hacmhainní cuí a fháil chuige sna blianta beaga amach anseo.⁵¹ Sa chomhthéacs seo is ceart an ráiteas seo a leanas ag Campbell sa Réamhrá léi le *Field Names of County Louth* a léamh:

Field names and other minor place names are remarkably under-researched in Ireland. In our neighbouring island of Britain field names have a long history of study, and they are an essential component in many studies of past settlement (see Field 1993). Townland names have received the closest study in Ireland...

FNCL 2

Rud eile is féidir a chur i leith na mbailitheoirí logainmneacha Gaeilge is ea go bhfuil siad claonta ar chúrsaí teanga. Gan amhras is leor é mar obair a bheith ag iarraidh a dhéanamh amach cad é an bunainm atá ceilte faoi bhrat an Bhéarla, ach mar sin féin ní fhéadfaí a shéanadh go bhfuil easpa mhór anailíse déanta ar a bhfuil againn de chorpais logainmneacha socraithe Gaeilge, gan trácht ar na mionainmneacha de. Seachas leithéid Ó Catháin & O'Flanagan 1975 (agus aisteach go leor is leabhar Béarla é sin faoi bhailiúchán Gaeltachta), is é an patrún atá le sonrú go ginearálta ná go bhfuil easpa spéise sa Ghaeilge ar na bailitheoirí Béarla agus easpa spéise san anailís ar na bailitheoirí Gaeilge.⁵²

Rinneadh corriarracht sa 20ú haois ar dháileadh eilimintí áirithe a iniúchadh, m.sh. Price 1958. Rinne Flanagan mionphlé ar roinnt eilimintí sa tsraith 'Common elements in Irish place-names' in *BUPN* ag deireadh na 1970í. Ach ó thaobh na tíopeolaíochta de, agus anailís níos eolaíche ar an téarmaíocht Ghaeilge, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh anseo don staidéar díograiseach atá déanta ag Liam Mac Mathúna ar thíopeolaíocht (mhór-)logainmneacha Gaeilge agus ar fhorbairt shéimeantach thar na blianta, agus tá na torthaí foilsithe aige i roinnt alt ar an ábhar sin (Mac Mathúna 1988, 1989, 1990b, 1997, 2004, 2007a). Caitheann sé léargas suimiúil ar fhorbairt nósanna téarmaíochta i

⁵⁰ Mac Giolla Chomhghaill 2024.

⁵¹ Féach <meitheal.logainm.ie/ga/eolas/>.

⁵² Ar na heisceachtaí tá 'Léargas ar logainmneacha Inis Meáin i gcomhthéacs logainmneacha na hÉireann' le Ciarán Ó Coigligh in *Studia Hibernica* 38 (2012) 217–238, bunaithe ar a thráchtas féin (Ó Coigligh 1995).

logainmneacha Gaeilge, m.sh. ar aicmitheoirí a bhaineann le réimsí séimeantaice ar nós AIRDE, UISCE, srl.

Ceist eile is ea an anailís seo ar mhionainmneacha Gaeilge, áfach.

2.2.1 Bailiúcháin Ghaeilge

Foilsíodh an tsraith ‘Notes on Cavan Place Names’ in *The Anglo-Celt*, mórnuachtán áitiúil a fheastalaíonn ar Chontae an Chabháin agus na contaetha mórthimpeall, sna blianta 1920–21 (ASB). Ba é an scoláire áitiúil R.V. Walker a scríobh na nótaí seo faoin ainm cleite ‘An Scoláire Bocht’. Pléann Walker bailte fearainn an chontae de réir barúntachta agus paróiste dlí, ach rinne sé cúram de na mionainmneacha taobh istigh de gach baile fearainn, nuair a bhí eolas ar a leithéid ar fáil aige, faoin teideal ‘sub-denominations’. Bhí an fhianaise cuíosach éagothrom, ach tá eolas an-luachmhar aige in áiteanna, cuir i gcás na leaganacha Gaeilge de logainmneacha ó sheanchainteoirí dúchais i gceantar Loch Ramhar i ndeisceart an chontae a fuair sé ó Philip O’Connell (1895–1970), a bhí i mbun taighde dá chuid féin (cf. ‘popular traditions were collected from Gaelic speakers ... local place-names were investigated’ O’Connell 1937: xxi). Tá dréachtnótaí Walker, chomh maith leis na gearrtháin a bhaineadh sé féin as na nuachtáin de réir mar a d’fhoilsítí a chuid nótaí, i seilbh an Bhrainte Logainmneacha.⁵³ Is minic atá na foirmeacha sna leabhair nótaí seo níos cruinne ná a bhfuil i gcló ar an nuachtán, de dheasca tuaiplisí clóite agus tras-scríofa. Déanfar tagairt don chnuasach seo in 2.2.4 thíos agus bainfear úsáid as na mionainmneacha as oirthear agus deisceart an chontae mar ábhar comparáide i gCaibidil 5.

Ar na leabhair faoi mhionainmneacha a tháinig amach as an nGaeltacht sa 20ú haois is é *Dinnseanach na mBlascaodaí* (1935, atheagrán 1999) le Tomás Ó Criomhthain (1855–1937) a bheireann an chraobh. Dála na leabhar thuasluaite faoi Oileán Mhanann, bhí de bhuntáiste ag an gCrimhthanach, agus gan de chanbhás aige ach na hoileáin, go raibh fad a théide aige cuntas a thabhairt ar gach mionainm agus páircainm dá raibh ar eolas aige. Cé go bhfuil an cuntas sin fréamhaithe go huile is go hiomlán i mbéaloideas na n-oileán, tá na míniúcháin dhúchasacha thar a bheith luachmhar agus spéisiúil, i gcás bhrí na n-aicmitheoirí go háirithe (gan amhras níor bhac an tOileánach le hanailís ná le rangú):

Ní gort rófhada é, agus ní gnáthach “Fearann” a thabhairt ar ghort ghearra

Nic Pháidín 1999: 3

Na Cluthairíní ... Fáth na hainme, é a bheith foithiniúil, pé aird go dtiocfaidh an tsíon air, ach an pointe thoir thuaidh, séan an lá san é

ibid. 6

⁵³ Baintear úsáid as na bun-nótaí seo [ASB] sa tráchtas seo. Tá leagan de na gearrtháin seo, gan bun-nótaí Walker, le fáil ar líne freisin: <<https://www.cavanlibrary.ie/cavan-history/history-online/digitised-material/an-scolaire-bocht-cavan-place-names-rv-walker.pdf>>.

Bíonn an áit dearg gan ribe féir ins an am so. As so a fuair an áit an ainm “Tóiteán.”	<i>ibid.</i> 12
cúlóg ghlas ... an lántán féir ghlais seo	<i>ibid.</i> 31
Dhá fhochais mar a chéile iad so. Bíonn an t-uisce orthu, leath na taoide	<i>ibid.</i> 36
Bíonn an fhochais seo fé uisce de shíor	<i>ibid.</i> 37
Fochais Mháirtín. Cloch í seo go dtagann an t-uisce lastuas di	<i>ibid.</i> 37
Is ionann beannaigh nó binn	<i>ibid.</i> 42
An Móinéar ... Gort nóalta é seo chun féir de shíor	<i>ibid.</i> 56

Sa bhliain chéanna a foilsíodh leabhar úd an Oileánaigh, bhí Bailiúchán na Scol ar siúl. Tá bunábhar na scoileanna scanta agus curtha ar fáil do chách anois ar an suíomh *Dúchas.ie* (féach leis Briody 2007). Cuireadh daltaí scoile abhaile ag triall ar sheanchas óna seanmhuintir faoina mbailte dúchais. Iarradh orthu logainmneacha suimiúla a bhailiú freisin, agus logainmneacha de bhunús Gaeilge is ea an chuid is mó díobh seo. Tuairisc inspéise is ea nóta mhúinteoir Scoil Theach na Giúise, Contae Bhaile Átha Cliath: ‘Gleann na Smól or Glenasmole. Glen of “*the Black Patch*”’ (*BnS* 0795.027) sa mhéid is go seachnaíonn sé an gnáthmhíniú a thugtar ar ainm an ghleanna .i. “glen of the thrush(es)”.⁵⁴ Anuas air sin ar ndóigh tá an cnuasach beag mionainmneacha ón ngleann (a fuarthas ó ‘Mrs Doyle, Up. Ballinascorney’) atá le fáil i leabhar Scoil Ghleann an Smóil féin (*BnS* 0795.12–13).⁵⁵

Sna sála ar Ó Criomhthain a tháinig An Seabhac, Pádraig Ó Siochfhradha (1883–1964), a thug aghaidh ar logainmneacha na leithinise sin ar fad in *Triocho-Céad Chorca Dhuibhne* (1939). Sholáthair sé dornán mionainmneacha in aghaidh gach baile fearainn, ach ba iad a rogha féin iad. Is ábhar spéise an tslat tomhais a bhí aige sa ghnó seo:

Dem dheoin do staonas ó n-a lán de chineál áirithe ainmneacha a chur síos. I ngach baile fearainn agus i ngach gabháltas feirmeora tá ainmneacha den tsaghas so ag muintir an bhaile féin nó an teaghlaigh—An Gort Caol, An Pháirc Fhada, An Garrdha Beag, Páirc Bhun a’ Chnuic, Gort na Trágha, &rl. Dar liom ní thuilleann an saghas san de ghnáth go n-áirmheochthaí ’na n-‘ainmneacha’ iad ach nuair a bheadh éifeacht éigin ar leith ag baint leo seachas tuaragabháil ar chruth nó ionad na neithe go bhfuilid mar chomharthaí aitheantais ortha ag beagán daoine. Ní hionann iad agus ainmneacha ar nós Páirc an Leasa, Gort na Catharach, Garrdha na nDeor, Poll an Lín, go bhfuil stair de shaghas éigin ceangailte dhíobh.

⁵⁴ M.sh. ‘The Valley of the Thrush, an exact English translation of Glenasmole’ *MHR* 139n. (1943) [Risteárd Ó Foghludha a scríobh].

⁵⁵ Féach Fig. 38.

Ar aon chuma is saghas iad na mion-ainmneacha d'fhágas ar lár a bhíonn ag síor-atharrú do réir mar atharruigheann daoine sa bhaile fearainn, nó sa teaghlach gur leo na páirceanna, &rl., nó do réir mar tógtar claidhe nua nó mar leagtar sean-chlaidhe. Ní bhíonn rud staireamhail ná suaicheantasach san ainm chun í a chosaint agus a bhuanú. Agus tá rud eile—nuair ná bíonn ainm ach ag beagán daoine ar áit, muintir bhaile amháin, abair, nó líntighe, ní bhíonn buaine ann.

An Seabhac 1938: ix

Mórchnuasach Gaeilge eile ab ea *Place-Names of Decies* le Pádraig Paor (1952) ('the first ever written in a detailed and systematic interpretation of the place-names (Barony, Parish, Townland and Infra-Townland) of a county or ancient Irish kingdom' Power 1952: 17).⁵⁶ Dála shaothar an tSeabhaic, soláthraítear dornán mionainmneacha faoi gach baile fearainn, agus macalla díreach ar na focail thuas atá sa mhíniú a thugann an Paorach ar a chritéir féin:

...i.e., designations of commonly named objects, such as roads, wells, cliff or mountain features, lioses &c. No account has been made of very frequently recurring field names such as "Long Field," "Lios Field," &c., first, because such names lack permanence, and secondly, because record of them would serve no purpose proportionate in utility with the space it would require. It is not claimed for the names here presented that they constitute an exhaustive list. In fact the writer is well aware that there are hundreds of interesting names, unrecorded in this work, which will provide a wide field for future research.

Power 1952: 17–18

Mar sin féin, tá an dá leabhar seo i bhfad chun cinn, ó thaobh na mionainmneacha de, ar *Place-Names of Westmeath* (1957) le Pól Breathnach (1885–1941). Ní raibh sa chéad eagrán de *PNWM* (1915) ach eagrán de LSO (*IM*) móide nótaí, ar ndóigh, ach sa dara leabhar féin (a tháinig amach tar éis bháis an údáir) ní thugtar ach dornán 'Names other than Townland names' le haghaidh gach paróiste, ar nós oileáin, caisleáin, fo-bhailte, srl.

Nuair a bhí Liam Price (1891–1967) ag déanamh suirbhéireacht ar logainmneacha Chontae Chill Mhantáin in *PNW* (saothar a foilsíodh idir 1945 agus 1967), rinne sé cúram mór de mhionainmneacha i ngach áit dá raibh sé ar obair pháirce. Tíocfar ar ais níos déanaí go dtí an t-ábhar a bhailigh sé i nGleann an Smóil, ach faoi láthair is leor a rá go bhfuil aitheantas ag dul dó mar bhailitheoir a thóg ceann d'ainmneacha spésiúla de gach aicme. Is é, freisin, a bhí páirteach go mór sa mhionsuirbhéireacht a rinneadh idir 1937 agus 1940 ar na bailte fearainn úd in iarthuaisceart Chontae Chill Mhantáin a bhí le báthadh faoi thaiscumar Pholl an Phúca. Chomh maith le cuntas ar stair shóisialta na mbailte beaga seo rinne sé deimhin de freisin gur bailíodh gach ainm páirce beo, de gach bunús. Bainfear leas mór as saothar Price, idir chorpas mór Chill Mhantáin mar a ritheann (Price 1945–1967 = *PNW*) agus mhionchorpas úd Pholl an Phúca (eag. Corlett 2008 = *BPR*).

Sa dara leath den 20ú haois is ea a tháinig borradh mór ar bhailiúchán mionainmneacha in Éirinn. Is ar na ceantair Ghaeltachta agus bhreac-Ghaeltachta (chomh maith leis na ceantair eile a raibh corr-sheandúine le fáil a thug an tseanteanga leo) is mó a bhí triall na mbailitheoirí seo. Le linn

⁵⁶ Féach Ó Cearbhail 2012.

obair pháirce le haghaidh athbhreithniú ainmneacha na mbailte poist i ndeireadh na 1950í chuir taighdeoirí an Bhrainse Logainmneacha (an Oifig Logainmneacha mar a bhí) fios ar na cainteoirí dúchasacha deireanacha a bhí luaite mar fhaisnéiseoirí ag Wagner in *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects I: Introduction* (1958). Tá na leabhair nótaí páirce ón tréimhse seo i seilbh an Bhrainse i gcónaí. Tugtar sonraí na gcainteoirí deireanacha in áiteanna amhail Contaetha an Chláir, Thiobraid Árann, Thír Eoghain, Lú agus oirthear Chonnacht, srl., chomh maith le cur síos ar a gcumas sa Ghaeilge. Ní bhfuarthas uathu ach fuaimniú Gaeilge na bpríomhlogainmneacha ba chúram do na taighdeoirí an uair úd. Agus an buntaighde seo curtha i gcrích sna 1960í, áfach, bhí deis ag cuid de na taighdeoirí céanna dul ar ais sna ceantair bhreac-Ghaeltachta seo agus an t-eolas áitiúil faoi logainmneacha eile a thaifeadh.⁵⁷

Ar na háiteanna is flúirsí ábhar sa tréimhse seo bhí barúntacht Mhaigh Fhearta i gContae an Chláir, mar a raibh cainteoir dúchais sármhaith le fáil .i. Anraoi de Blác (1884–1974). Breandán Ó Cíobháin an taighdeoir sa taobh seo tíre agus d’fhoilsigh sé na logainmneacha a fuair sé ón mBlácach agus ó chainteoirí eile i Maigh Fhearta, chomh maith le hábhar eile ó sheanchainteoirí Chontae Thiobraid Árann, i sraith alt in *Dinnseanchas*. Ní mór an anailís a rinne sé ar na mionainmneacha, áfach, ó thaobh na teangeolaíochta ná na tíopeolaíochta de. I gcás dheisceart Thiobraid Árann, mar shampla, is amhlaidh a thugann sé liostaí loma de na mionainmneacha chomh maith leis an bhfuaimniú áitiúil Gaeilge, agus uimhir gach mionainm léirithe ar léaráid (‘Tá trí roinn sa liosta...’ Ó Cíobháin 1964: 32). Corpas níos fairsinge a fuair sé i gContae an Chláir (Ó Cíobháin 1969–71) ach is é an leagan amach lom céanna atá ar an ábhar ansin. Tá nótaí spéisiúla faoin teanga agus faoin mbéaloideas áitiúil le fáil ann ach ní dhéantar aon iarracht ar anailís ná ar rangú na n-ainmneacha féin. Is ar an léitheoir a thiteann sé an tairbhe sin a bhaint as an dá chorpas seo.

Cur chuige den saghas céanna atá ag an scoláire céanna sa tsraith leabhar *Toponomia Hiberniae* (Ó Cíobháin 1978–1985). Chuir Ó Cíobháin roimhe logainmneacha uilig bharúntacht Dhún Chiaráin i gContae Chiarraí, idir mhór agus mhion, a scrúdú go cuimsitheach agus iad a chur i láthair go hacadúil thar 25 imleabhar (féach Ó Cíobháin 1985: Réamhrá).⁵⁸ Bhí teacht aige ar dhornán beag seandaoine a raibh Gaeilge ó dhúchas acu nuair a bhí sé ar obair pháirce sna 1970í, agus bhí an ceantar ina Ghaeltacht láidir 50 bliain roimhe sin. Díol spéise a chosúla is atá an scéal sin le Gleann an Smóil tráth ar thug Ó Comhraí cuairt ann i 1837. Ar chúiseanna éagsúla níor tháinig uaidh ach ceithre cinn d’imleabhair ach is iad atá leagtha amach go slachtmhar scolártha. Mionainmneacha atá sa chuid is mó de na hainmneacha a phléitear ann ach mar a deir sé féin sa Réamhrá leis an gcéad imleabhar:

... níl sa cheannainm [Gaeilge] uaireanta ach bacán ar a gcrochtar an fhianaise ... Ní mór a thuiscint gur fianaise lom atá á cur ar fáil sa leabhar seo go príomha, agus gur chun sainiú a dhéanamh uirthi nó chun míthuiscint a sheachaint a caitear breithiúnas uirthi i gcásanna fánacha.

Ó Cíobháin 1978: xvi–xvii

⁵⁷ Tá na taifeadtaí seo a rinneadh sna 1960í caomhnaithe i gCartlann Fuaime an Bhrainse Logainmneacha.

⁵⁸ Déanann Ó Cíobháin táblaí minicíochta a sholáthar de réir aicmitheoirí in imleabhar IV (1985).

Bhí sé ar intinn ag an mBrainse Logainmneacha tabhairt faoi thionscadal córasach bailithe mionainmneacha sna ceantair Ghaeltachta agus chuige sin rinneadh mionsuirbhéireacht ar Ghaeltacht na Rinne, Contae Phort Láirge, sa 1970í. As sin a d'eascair *Logainmneacha as Paróiste na Rinne* (1975) a luadh cheana (2.1.6), liosta de na mionainmneacha agus de na páircainmneacha i ngach baile fearainn sa pharóiste sin, maraon le foirmeacha foghrúla ó chainteoirí dúchais. Léiríodh na hainmneacha ar léaráidí dubh is bán de gach baile fearainn. Ach dála na n-alt a d'fhoilsigh Ó Cíobháin san iris *Dinnseanchas* deich mbliana roimhe sin, ní dhearnadh aon rangú ná anailís ar na hainmneacha éagsúla ann.

Foilsíodh bailiúcháin eile i ndeireadh an 20ú haois ar mhaithe leis an eolas a bhí le fáil iontu ar chanúintí marbha Gaeilge, go príomha, mar shampla cnuasach mionainmneacha as Oileán Reachlann, Contae Aontroma, i gcló ag Mac Giolla Easpaig (1990). Deich mbliana ina dhiaidh sin d'ullmhaigh Ó Muraíle innéacs leis an gcnuasach, go ndúirt:

It is to be hoped that this important and meticulously-edited collection by Dónall Mac Giolla Easpaig, having now been made rather more accessible, will in due course be the subject of the kind of analytical and comparative study it richly deserves. Such a study could shed interesting light on various aspects of the island's life — on linguistic matters or on aspects of the flora and fauna, settlement-patterns, political and social history, customs and beliefs, agricultural practices, etc.

Ó Muraíle 2000: 106–107

(Soláthraíonn Ó Muraíle féin 'just a selection of some brief, preliminary observations, at least some of which could form the basis of a more detailed and systematic examination' *ibid.*) D'fhéadfaí na focail chéanna ag Ó Muraíle a rá i dtaobh na mbailiúchán eile go léir den saghas seo a foilsíodh ar chúiseanna teangeolaíochta sna hirísí Ceilteacha sa tréimhse seo.

Le tuairim is fiche bliain anuas tá cúrsaí bailithe faoi lánseol in Éirinn agus béim láidir ar ainmneacha coitianta páirce. Tá roinnt cnuasach gleoite slachtmhar tagtha amach ón nGaeltacht a thugann go leor eolais faoin mbéaloideas agus faoin stair shóisialta ach ní mór atá le fáil iontu den saghas anailís tíopeolaíochta a gcuireann Rebecca Gregory síos air (féach 2.2.4 thíos), ná níl mórán anailíse teangeolaíochta iontu ach an oiread. Is é Lankford ina thráchtas siúd (1995) is fearr a thugann faoina leithéid. Tiocfar ar ais chuig saothar Lankford tar éis cuntas gairid a thabhairt ar na cnuasaigh áitiúla a tháinig amach ón nGaeltacht sa 21ú haois.

Díríonn Mac Graith & Ní Ghearraigh (2004) ar mhionainmneacha agus páircainmneacha Ghaeltacht Dhún Chaoháin i gContae Mhaigh Eo. Tugann siad cuntas breá ar gheolaíocht, ar dhúlra agus ar chúlra staire an cheantair chomh maith le cur síos ar an stair shóisialta agus ar shlí bheatha na ndaoine. Is minic freisin nótaí fada faoi mhionainmneacha ar leith agus léiriú ar bhrí áitiúil na dtéarmaí, rud atá an-luachmhar ó thaobh na canúineolaíochta de, mar a luadh thuas i gcás leabhar an Oileánaigh. Ach ní dhéantar aon anailís ar na hainmneacha féin ó thaobh na teangeolaíochta ná na tíopeolaíochta de, agus d'fhéadfaí *desiderata* úd Uí Mhuraíle a áiteamh mar gheall orthu freisin. (Sa cheantar seo atá Cill Ghallagáin a bhí pléite go mion cheana in Ó Catháin & O'Flanagan 1975, áfach, mar a fheicfear in 2.2.2 thíos.)

Tá rangú an-gharbh déanta ag Mná Fiontracha Árann ar an gcnuasach mionainmneacha in *Cosáin an tSaoil* (2003) ('eolas ... ar bhóithrí, toibreacha, carcaireacha agus sealbhóirí tithe, i chuile cheann de na cheithre bhaile dhéag in Árann' Mná Fiontracha 2003: ii) agus léirítear gach mionainm ar na léarscáileanna mar (T) Tobar, (R) Róidín nó (C) Carcair. Tá an t-uafás mionainmneacha le fáil laistigh de na hainmneacha bóithre seo, áfach, m.sh. 'R66 Bóthar Chreig na Réalóg; R67 Bóthar Bhuaille an Uain' *ibid.* 27 agus is mór an trua é nach bhfuil innéacs eilimintí leis an leabhar. Tugtar miniú ar ainmneacha na mbailte fearainn ar an oileán i gcúl an leabhair (*ibid.* 98) ach sin an méid. Tá mórán de na hainmneacha céanna is atá ag Mná Fiontracha le fáil ar léarscáileanna Tim Robinson, nach maireann, duine de na fathaigh chearta i ngort seo na mionlogaimneacha in Éirinn (Robinson 1980, 1990). Tá cnuasach breá ag muintir Loch Conaortha, pobal beag Gaeltachta i gContae na Gaillimhe, agus láithreán gréasáin feistithe go slachtmhar acu a bhfuil na hainmneacha leagtha ar léarscáil acu. Is é rangú a dhéanann siadsan ar an gcorpas ar an léarscáil 'cladach', 'fotracha', 'cnoc', 'garrantaí' agus '[áiteanna a bhaineann le déanamh] poitín'.⁵⁹

Níl aon rangú déanta ar na 600 éigin páircainmneacha i *Logainmneacha Dhúin Chaoin* (Ó hÓgáin 2017) ná ar na mionainmneacha cósta eile a sholáthraítear ann.

2.2.2 Anailís aicmíochta

Ó thaobh rangú agus aicmiú na mionainmneacha Gaeilge de, ba é Breandán S. Mac Aodha an ceannródaí. San alt leis in *Dinnseanchas VI*, 'Ainmneacha na nGarraithe: a nádúr agus a dtábhacht' (Mac Aodha 1977), cuireann sé síos ar an mionsuirbhéireacht a rinneadh ar 798 bpáircainmneacha i dtrí cinn de bhailte fearainn gar don Spidéal, Contae na Gaillimhe, i 1967. Is é seo a leanas an tábla a thugann sé san alt céanna:

AICME	CINEÁL	MINICÍOCHT	% DE NA HEILIMINTÍ GO LÉIR
1.	Téarmaí a bhain le suíomh	509	25.223
2.	Roinneanna talaimh	398	19.722
3.	Gnéithe fisiciúla	302	14.965
4.	Aidiachtaí ginearálta	270	13.380
5.	Ainmneacha pearsanta	128	6.343
6.	Téarmaí a bhain le gníomhaíochtaí faoi leith	112	5.550
7.	Ainmneacha plandaí agus ainmhithe	91	4.509
8.	Téarmaí talmhaíochta	78	3.865
9.	Téarmaí taistil	70	3.469
10.	Gnéithe eile den chultúr ábhartha	54	2.676
11.	Eilimintí eile	6	.297

Mac Aodha 1977: 93

Is an-chosúil an rangú seo ag Mac Aodha leis an múnla a leanadh do Chill Ghallagáin in Ó Catháin & O'Flanagan 1975. (Cuimhnimis áfach go bhfuil Mac Aodha ag cur síos i 1977 ar obair a rinneadh deich mbliana roimhe sin.) Is eiseamláir é leabhar seo Chill Ghallagáin agus tá géarchúis agus scoláireacht le brath air tríd síos. Mar seo a leanas a chuireann na húdair síos ar an togra:

⁵⁹ <<http://www.oidhreachtlca.ie/mapa.php>>

Such standard works on Irish placenames as [Price 1945–1967, Walsh 1957, Power 1952, Ó Siochfhradha 1939] differ greatly in scope, detail and method from the present study, which it is hoped, while chiefly serving the wider purposes outlined below, may also help to fill a lacuna in Irish placename studies in so far as it focuses for the first time in such detail upon the placenames of a single townland.

The main objectives of this work may be described as follows: to establish the principal categories of placenames which have been bestowed in Kilgalligan and to illustrate the functions of these names today; to pinpoint the factors and processes governing the creation of placenames; to account for the extraordinary wealth and abundance of placenames in Kilgalligan; to isolate the main changes which have taken place in the area in the course of the last two centuries by an analysis of the placenames and the lore and to examine the kind of social and economic conditions which prevailed during this same period, when, as seems likely, many of the place-names recorded here were bestowed; to attempt to determine the dating and life-span of Kilgalligan's placenames, and through them gain an insight into the consciousness Kilgalligan people have, and had, of their world, present and past.

Ó Catháin & O'Flanagan 1975: 2

Bhí ábhar flúirseach le fáil sa cheantar Gaeltachta seo an uair úd ar ndóigh; faraor, níl de shonraí ag an tráchtas seo a oiread céanna aidhmeanna a chur roimhe. Cuirtear na mionainmneacha Gaeilge i láthair go slachtmhar cruinn, foirmeacha foghrúla a ghabháil le gach ceann acu. Ach anuas air sin tá anailís thomhaiste acadúil déanta ar na hainmneacha, iad rangaithe de réir aicmí éagsúla, agus is mór an eisceacht í an leabhar sa mhéid sin chomh maith. Tá an rangú a leanann siad bunaithe go garbh ar an aicmiú a mhol an scoláire logainmneacha Meireacánach George R. Stewart i 1954 (Ó Catháin & O'Flanagan 1975: 284 *n.39*). Mar seo a leanas a dhéanann Matti Kaups achoimre ar an gcóras sin:

Recognizing the importance of psychological motives in the naming of places, George R. Stewart has devised a useful classification of place names based on the mechanisms of naming: (1) descriptive names, (2) possessive names, (3) incident names, (4) commemorative names, (5) euphemistic names, (6) manufactured names, (7) shift names, (8) folk etymologies, (9) mistake names.

Kaups 1966: 386–387

Is iad seo a leanas na seacht rang a úsáidtear i leabhar Chill Ghallagáin:

- I. 'toponyms' [47%]
- II. 'items of the cultural landscape' [20%]
- III. 'supernatural names' [5%]
- IV. 'possessive names' [8%]
- V. 'commemorative names' [9%]
- VI. 'metaphorical names' [2%]
- VII. 'biotic names' [9%]

Ó Catháin & O'Flanagan 1977: 14

Bhí a oiread sin seanchais ar fáil dóibh i gCill Ghallagáin, idir bhéaloideas beo, bhéaloideas scríofa agus thuiscint dhúchasach logánta ar bhrí na n-eilimintí Gaeilge, chun go bhféadfadh na húdair an rangú thuas a chur i bhfeidhm go pointeáilte. Mar shampla, ba dhóigh le duine go mbeadh

Cláí an tSírínigh “the ditch of An Siríneach (Brl. *Sheeran*)” agus **Cláí an Bhaolaigh** “the ditch of An Baolach (Brl. *O’Boyle*)” araon le cur i rang IV thuas. Ní hamhlaidh atá, a deir siad:

However, while possession is apparently implied in both names this is only true of the latter, for it is known that *Claidhe an tSírínigh* commemorates the activities of a ganger called Sheeran who supervised the erection of a ditch designed to prevent cattle falling over the cliffs of Kilgalligan into the sea. It belongs, therefore, to Class V, while *Claidhe an Bhaolaigh* belongs to Class IV.

ibid. 67

Is léir, ar an drochuair, nach féidir a leithéid sin de rangú caolchúiseach a chur i bhfeidhm ar an tacar logainmneacha seanbhéarlaithe sa tráchtas seo. Phléigh Ó Catháin agus O’Flanagan suíomh agus stair na háite úd freisin, cúrsaí dinnseanchais agus béaloidis, dáileadh na logainmneacha, cúrsaí gheilleagar tuaithe, cúrsaí lonnaíochta agus dátú na logainmneacha. Chuir siad gluais shnasta ar fáil i ndeireadh an leabhair. Is é an trua é nach ndearna grúpaí eile Gaeltachta aon aithris ar an gcur chuige seo idir an dá linn.

Sna 1980í lean Mac Aodha air le sraith alt a phléigh le dáileadh mionainmneacha i gceantair éagsúla i gContae Lú agus i gCúige Uladh. I 1982 d’fhoilsigh sé anailís ar na mionainmneacha atá léirithe ar na léarscáileanna SO do Chontae Lú, leis an achoimre seo a leanas a thaispeánann rangú i bhfad níos scaoilte ná leabhar Chill Ghallagáin thuasluaite:

Baill arda 144, Locha 20, Toibreacha 19, Aibhneacha 12, Pointí 8, Portaigh 6, Tithe 161, Caisleáin 17, Gléibeanna 18, Clacháin 67, Sráidbhailte 26, Lonnaíochtaí eile 8, Crosairí 45, Droichid 56, Forts 12, Liosanna 4, Mounts/moats 4, Gnéithe eaglasta 19, Gnéithe seandálaíochta 10, Foirgnimh mheascaithe 11, Aonaid talaimh 16, Diméinte 8, Meascán 9

Mac Aodha 1982

Thug sé aghaidh ansin ar Chontaetha Thír Eoghain, Dhoire agus Dhún na nGall (Mac Aodha 1986, 1988, 1990). Míníonn sé a raibh curtha roimhe aige san alt deiridh: ‘to assess the density of toponyms on Sheet 50 (Co. Donegal) of the ... OS map (1903 Revision...) and to examine the degree to which various linguistic strands contributed to the place-name pattern’ agus déanann iarracht bunfhoirmeacha na mionlogainmneacha a athchruthú. Bhí de bhuntáiste aige i nGaoth Barra gurbh as an gceantar sin don mhórscoláire Niall Ó Dónaill agus tharraing sé go mór as a chuid eolais siúd chun na mionainmneacha a shoiléiriú. Rinne sé minicíocht na mionainmneacha ar léarscáileanna SO sna ceithre cheantar seo a chur i gcomparáid lena chéile (‘Commeen ... 100 names in 24 square miles ... 4.17 per square mile ... Glenelly (Tyrone), Glenshane (Derry) and Ballintempo (Fermanagh) are 3.92, 4.75 and 7.54 respectively’). Mar a deir sé, ‘these are startlingly low figures when contrasted with 33 [names per square mile] for Tonga, 62 for Archon in France, 100 for the Ukraine and 140 for Japan’, figiúirí a bhain sé as Stewart 1975: 17 (Mac Aodha 1990).

Luadh thuas gur fhoilsigh an Brainse Logainmneacha liosta de mhionainmneacha Pharóiste na Rinne i nGaeltacht Phort Láirge i 1977 ach nach ndearnadh aon anailís ná rangú ar an ábhar ann.

Is amhlaidh a bhain taighdeoir de chuid an Bhrainse, Alan Mac an Bhaire, úsáid an-shamhlaitheach as cuid de na mionainmneacha seo, chomh maith le hainmneacha riaracháin sa chontae sin ar fad, le haghaidh tráchtas neamhfhoilsithe dar teideal ‘Placenames Universals’ (Mac an Bhaire 1982). Teangeolaí den chéad scoth ab ea Mac an Bhaire agus chuir sé corpas logainmneacha Phort Láirge i gcomparáid le corpas logainmneacha Hong Cong (mar a raibh seal caite aige ag scrúdú logainmníocht na háite) ó thaobh struchtúir agus tíopeolaíochta de. Meascáin éagsúla d’aicmitheoirí, cáilitheoirí agus suíomheilimintí (‘generics’, ‘specifics’, ‘locationals’) a bhí i struchtúr na logainmneacha sa dá áit. Ag seo an rangú tíopeolaíochta a d’úsáid sé:

Generics ⁶⁰	<ul style="list-style-type: none"> • Natural features • Population centres • Religious buildings • Secular buildings • Communications (path; gap; bridge; ford; etc.) • Earth- and stone-works • Fields and gardens (field; pasture; garden; land-holding)
Specifics	<ul style="list-style-type: none"> • Adjectives (contrasting groups [colour; big/little; long/short; high/low; old/new; rough/smooth; wide/narrow]; unclassified adjectives) • Directionals (cardinal points; upper/lower; opposite; next; middle) • Water • Wind • Mineral • Plant (crop; fruit; tree; miscellaneous) • Non-domestic animal (mammals; birds; reptiles; insects; marine animals) • Domestic animal • Human (human body; man physical and intellectual; man in the family; man in society; race (us/them)) • Name (surname; personal name; surname + personal name) • Artefacts • Food and comestibles • Rubbish and dung • Supernatural • Auspicious names • Activity
Locationals	<ul style="list-style-type: none"> • Beginning/end • Above/below • Middle/edge • Back • Mouth • Cardinal points • Between •

Labhraíonn Mac an Bhaire faoi logainmneacha a bheith doiléir nó soiléir (‘opaque/transparent’) freisin. Is gné thábhachtach den logainmníocht i gcoitinne é sin .i. gur féidir do logainmneacha a

⁶⁰ Is i mBéarla atá an tráchtas seo scríofa.

bheith doiléir (*opaque*) nó soiléir (*transparent*) don phobal a úsáideann iad (cf. Ó Maolfabhail 1992: 17). Ní bhaineann sé seo le hábhar i gcás mionainmneacha de bhunús Gaeilge á n-úsáid ag pobal seanbhéarlaithe, ar ndóigh. Más féidir na bunfhoirmeacha Gaeilge a athstruchtú, áfach, d'fhéadfaí eolas áirithe a bhaint astu. Beidh sé d'aidhm thánaisteach ag an tráchtas seo na hiarsmaí de mhionainmneacha Gaeilge sna gleannta a dhéanamh *soiléir* don Ghaeilgeoir a oiread agus is féidir.

Mar le toirtúlacht chorpas mionainmneacha de, ní thagann aon cheann acu seo atá luaite thuas i ngiorracht le bailiúchán Chontaetha Chorcaí agus Chiarraí faoi stiúir Éamon Lankford in Ollscoil Chorcaí ('these run to some 170 bound volumes which are estimated to contain more than 300,000 references to place-names in the two counties' Ó Muraíle 2013a: 153). Tá líon agus cáilíocht na logainmneacha an-éagothrom ó bhaile fearainn go baile fearainn, áfach, agus Lankford ag brath go mór ar pháistí scoile. Ach dhein sé gaisce rangaithe i gCuid 3 dá dhochtúireacht, bunaithe ar chuid den bhailiúchán céanna (Lankford 1995). Is mar seo a rangáíonn sé na haicmitheoirí ('bunelimintí'):

- (1) Tírdhreach / gnéithe fisiciúla.
- (2) Uisce / farraige.
- (3) Iarsmaí ó ré eile / lonnaíocht.
- (4) Cumarsáid / taisteal.
- (5) Ranna tailimh.
- (6) Eilimintí eile.

Mar seo atá na cáilitheoirí ('eilimintí tánaisteacha') rangaithe aige:

1. Téarmaí coibhneasta nó eilimintí bunaithe ar shuíomh, treo agus am.
2. Téarmaí atá bunaithe ar radharc na súl agus a chuireann síos ar: (a) Dath. (b) Méid. (c) Cruth.
3. Meastóireacht is tuairimíocht sa logainmníocht. (a) Téarmaí a bhfuil cáilíocht agus meastóireacht i gceist iontu. (b) Téarmaí a bhaineann le hábhar. (c) Mothú sa téarmaíocht.
4. Ainmniú ón Duine. (a) Aicmí Daoine. (b) Gairmeacha agus Ceardanna. (c) Tréithe. (d) Bail Choirp.
5. Ainmniú ó Ainmneacha Pearsanta, Sloinnte, Leasainmneacha agus Ainmniú Tíolactha.
6. Ainmniú ó Ainmneacha Áiteanna Eile.
7. Téarmaí a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi leith. (a) Talmhaíocht. (b) Iascaireacht. (c) Saothair eile.
8. An Dúlra sa Logainmníocht. (a) Aeráid. (b) Plandaí fiáine agus barraí. (c) Ainmhithe fiáine. Beostoic. Éin. Éisc. Mionmhíolta.
9. Uimhríocht sna háitainmneacha.
10. Ainmneacha na mBailte Fearainn sna mionainmneacha.

Ar na torthaí sin déanann sé anailís ar ‘cuid des na feidhmeanna a bhí agus atá le bronnadh ainmneacha’, rangáítear na ‘príomhchinéalacha ainmneacha a cumadh i gCléire’ agus pléitear ‘tábhacht na n-áitainmneacha mar fhoinsí eolais agus mar léiriú ar chultúr áite’. Níor mhór cuimhneamh go raibh cnuasach ollmhór le láimhseáil ag Lankford agus go raibh sé in ann dá dheasca sin pictiúr i bhfad níos cuimsithí a tharraingt leis na staitisticí a ghin sé as an gcorpas ná mar is féidir i staidéar ar an gceantar taighde cúng idir chamáin anseo.

2.2.3 Bailiúcháin Bhéarla

Ní díomhaoin a bhí grúpaí staire áitiúla sa Ghalltacht ach an oiread, agus meithleacha i mbun bailiúcháin le blianta beaga anuas i gContaetha na Mí (*FNCM* 2013), Lú (*FNCL* 2014) agus Chill Chainnigh (*FNKK* 2016). Tá míbhuntáistí follasacha ag baint leis an ábhar sna corpais seo maidir le líon na n-ainmneacha de bhunús Gaeilge — m.sh. faoi bhun 10% i gContae na Mí (‘c.7% of all names ... mainly found in the northern parts of the county’ Duffy 2013), 14% i gContae Chill Chainnigh (‘14% overall’, ‘29% in the southeast of the county’, ‘35% in Kilcross (Inistioge)’). Ach tá buntáistí freisin acu sa mhéid is go raibh cur chuige córasach eolaíoch leagtha síos roimh ré agus go ndearnadh an-iarracht ar rangú na bpáircainmneacha Béarla agus Gaeilge seo go tíopeolaíoch, de réir an ghnáthchleachtais a leantar i Sasana. Is iad seo a leanas na grúpaí cáilitheoirí (‘qualifiers’) a luann Gregory i gcorpas páircainmneacha Shasana:

location	human intervention
landscape features	churches
size and shape	industry
distinctive shape	folklore and superstition
fertility and quality of ground	ways, paths and trackways
crops or other cultivated plants	commemoration of events
wild vegetation	commemoration of people
fauna	

Gregory 2018a: vii–xii

Is léir go dtagann na bailiúcháin Bhéarla in Éirinn go mór faoi anáil chóras seo Shasana, mar a chífear thíos. Ach má tá an ghné sin den obair an-slachtmhar, is deacair gan a mhothú gur chaill na taighdeoirí seo seans ó thaobh na bpáircainmneacha de bhunús Gaeilge de. Go deimhin, i gcás Chontae na Mí, rinneadh neamhaird ghlan ar an dá cheantar Ghaeltachta sa chontae sin! Chuir na húdair liosta mionainmneacha de bhunús Gaeilge sa chuid eile de Chontae na Mí faoi bhráid Nollaig Uí Mhuraíle agus cé go ndearna seisean a dhícheall bhí sé de mhacántacht aige a rá go raibh easpa mhór ar an modheolaíocht i gcúrsaí teangeolaíochta. Níor bacadh le taifeadadh fuaimne in aon chor, ach níos measa ná sin is iondúil nár breacadh síos ach aon litriú béarlaithe amháin agus gan aon leid ar fhuaimniú ná fiú ar an bpatrún béime.

And it should also be pointed out that a considerable number of the names that have been abstracted from the overall collection on the grounds that they appear to be (linguistically) Irish are not readily amenable to interpretation ... there is a distinct possibility that a proportion of them (e.g. Old Fosset, Kiln Hill, Lapster, Haigs, Slang, Bunderland, Shook/Sheuch, Curnace, Combrook, etc.) consist of either straightforward English words or English dialect words — for example, the words slang and sheugh are both characterised in Terence Dolan's Dictionary of Hiberno-English as 'E dial.' ...

Ó Muraíle 2013a: 155

... [as to] methodology, it is to be regretted that all name-forms were not sound-recorded ...

ibid. 156

Dá bharr sin tá a lán ainmneacha ar an liosta (*FNCLM* 164–189) a bhfuil comhartha ceiste ag Ó Muraíle leo agus a lán eile atá gan mhíniú in aon chor.

Ní taise don chnuasach i gContae Lú de, agus gan aon cheann tógtha d'fholáireamh sin Uí Mhuraíle i leabhar na Mí. Is iontach an foilseachán é *FNCL* mar lámhleabhar seandálaíochta ar chúrsaí lonnaithe agus ar an stair shóisialta i gContae Lú. Déantar anailís chuimsitheach go leor ar na páircainmneacha go tíopeolaíoch freisin. Ach easpa mhór ar an leabhar álainn sin is ea nár beartaíodh aon chur chuige córasach le haghaidh pháircainmneacha de bhunús Gaeilge. Is ionduil arís gan ach an t-aon litriú áitiúil amháin le fáil, agus gan aon tagairt don fhuaimniú ná don chóras béime. (Níor cuireadh ach sampla fánach faoi bhráid an Bhrainte Logainmneacha sular cuireadh an saothar i gcló agus is chun aimhleas an leabhair na hiarrachtaí *ad hoc* a dhéanann na húdair ar pháircainmneacha Gaeilge eile a mhíniú.) Agus é sin ráite, tá cnuasach suimiúil mionainmneacha sa leabhar ó cheantar Ó Méith, a bhí ina bhreac-Ghaeltacht isteach sa 20ú haois, agus ba mhór an tairbhe do chúrsaí teangeolaíochta staidéar cuimsitheach a dhéanamh air sin.

2.2.4 Marthanacht mionainmneacha

Tá de bhuntáiste glan ag taighdeoirí de gach cineál i Sasana go dtagann an iliomad foinsí stairiúla anuas chucu slán sábháilte. Ar shlí, is é an chonstaic is mó a bhíonn rompu ná conas aghaidh a thabhairt ar na cruacha cáipéisí seo. Dá bharr sin is mó go mór na sonraí atá ag logainmneoirí Shasana agus is mó dá réir an scóip chun anailís staitistiúil a imirt ar na corpais mionainmneacha. Níl de shárú mar chuntas ar chúrsaí taighde agus anailíse thall ná an réamhrá a scríobh Rebecca Gregory le *A New Dictionary of English Field Names* (Cavill 2018) (*NDEFN*).⁶¹ Ar na réimsí taighde a bhfuil taifeach spéisiúil á dhéanamh orthu le blianta beaga anuas sa tír sin is ea marthanacht na bpáircainmneacha agus na mionlogainmneacha eile (cf. 2.2 thuas). Luann Gregory roinnt alt ina scrúdaítear foinsí chomh fada siar le teacht na Normannach i Sasana féachaint an féidir mionainmneacha a rianú trí na tréimhsí éagsúla staire agus staitisticí marthanachta a ghiniúint. Ag seo di sa Réamhrá úd:

⁶¹ Leagan méadaithe leasaithe é seo de shaothar ceannródaíoch Field (1972).

It had been assumed in the past that because field-names referred to small areas of only local significance, and because the use and ownership of the named pieces of land changed with relative frequency, field-names were in general short-lived, surviving for only a generation or two before being replaced. It is widely understood among place-name scholars that the more people know and use a feature, and know and use its name, the more likely that place-name is to survive, albeit not without changes in spelling and pronunciation. The converse was therefore assumed to be true of minor name [*sic*] and field-names, with frequent replacement of old names with new ones deemed far more likely... Oral transmission is arguably the main means by which field-names were (and still are) passed from generation to generation, and their recording has been largely a matter of chance, dependent on location, estate management, and the survival and cataloguing of written records.

Gregory 2018a: xxiii

D'fhéadfaí an dearcadh céanna a chur i leith logainmneoirí anseo in Éirinn freisin. Measann idir Ó Muraíle (2013b) agus Ó Cíobháin (1985) — beirt a bhí ar na bailitheoirí páircainmneacha Gaeilge is gnóthaí san aois seo caite — measann siad nach bhfuil an chuid is mó de pháircainmneacha na hÉireann ach cúpla céad bliain d'aois. Tá bonn teangeolaíochta acu leis an tuairim sin, m.sh.:

[While dating] may be difficult to pin down, given the usual lack of written evidence for such names, one sometimes gets the impression — from such things as constituent elements and the syntax — that many of the names are comparatively recent, perhaps a century or two old, at the outside.

Ó Muraíle 2013a: 152

Ach cuireann Gregory in iúl go bhfuil na tuairimí sin corraithe anois ag an scoláireacht is déanaí ar an oileán thall:

Studies ... have quantified survival rates of field-names based on their dates of attestation. Arnold Baines' study of field-names in the Buckinghamshire parish of Sherington produced a survival rate of 62% between c. 1300 and 1580, while 25% of names survived from c. 1300 to 1950. More recently, Della Hooke studied minor place-names found in pre-Conquest charter bounds in Worcestershire, and found an 'astounding' rate of survival into the modern period among the names in her corpus ... David Uttley's work on the manor of Glassonby in Cumbria measured the survival of field-names between 1568, 1841 and 2009. 65% of his names were still found in the nineteenth century, with almost half surviving until the twenty-first. Eleanor Rye also conducted a minor name study in the north-west, examining names from the West Ward of Westmorland Barony. She calculated a survival rate of 38% into the modern {xxv} period for names recorded before 1500. As part of my own research I calculated survival of field-names in a Nottinghamshire parish, Rolleston, for names recorded before 1400. 45% of the names survived into an estate survey of 1626/7, and 32% were still present by the 1846 Tithe Award...

Gregory 2018a: xxiv–xxv

Arís is arís eile, nuair a dhéanfar tagairt don taighde agus don anailís atá déanta ag scoláirí i Sasana, cuimhneofar gur mór an difríocht idir an dá thír ó thaobh cúrsaí teanga agus cúrsaí cartlainne de. Na ceisteanna seo thuas faoi ráta marthanachta na mionainmneacha seo, baineann siad le hainmneacha a d'eascair den chuid is mó as aon phobal teanga amháin. Chun a mhacasamhail d'anailís a dhéanamh

ar chorpas mionainmneacha Gaeilge is é ráta marthanachta a bheadh i gceist an mharthanacht i saol na Gaeilge féin; agus ar ndóigh, ceist eile ar fad is ea iarsmaí de mhionainmneacha agus de pháircainmneacha de bhunús Gaeilge a bheith fós in úsáid tar éis an athraithe teangan go Béarla. (Mar thaighdeoir logainmneacha le Gaeilge is éasca gan dóthain suntais a dhéanamh do mhionainmneacha Gaeilge a mhaireachtaint i gcomhthéacs lán-Bhéarla.)⁶² Is tearc sampla de liostaí éagsúla mionainmneacha don aon cheantar amháin is féidir a chur i gcomparáid le chéile ar bhonn diacronach mar seo (cf. Ó Cíobháin 1985) ach féach fianaise Uí Mhuraíle thuas maidir le mionainmneacha Shligigh (2.1.1).

Luadh thuas nótaí R.V. Walker ar logainmneacha Chontae an Chabháin (2.2). Bhailigh seisean roinnt mionainmneacha de bhunús Gaeilge i ngach baile fearainn i mbarúntacht Chlann Chaoich i oirthear an chontae úd, a raibh 54% ar a laghad den ghlúin a rugadh 1771–1781 ina gcainteoirí dúchais in aimsir na chéad Suirbhéireachta Ordanáis.⁶³ Tá sé d’ádh againn go dtugtar cuntas ar fho-ranna i gcúpla mainéar de chuid na barúntachta seo in Ionchoisní an 17ú haois (*Inq. Ult.*). Roinnt blianta ó shin, le linn obair oifigiúil ar an mbarúntacht chéanna ar son an Bhrainse Logainmneacha, rinne an taighdeoir seo mionainmneacha a bhailigh Walker c.1920 a lorg i gcáipéisí SO agus iad a chur i gcomparáid le hIonchoisní 1629 agus 1638. Ba dhíol spéise a laghad a réitigh ainmneacha an dá thréimhse lena chéile. Tá sé i gceist ag an taighdeoir tuilleadh oibre a dhéanamh ar an gceist spéisiúil seo go gairid.

Díol spéise freisin nár aimsigh meitheal FNKK i 2016 ach 6 cinn de na 36 pháircainm a bhreac Seán Ó Donnabháin ina bhaile fearainn dúchais féin c.1839 (i gcló in Ó Niatháin 1960), mar atá ‘*Poll Donabhán*’ (?‘Poll a Bán’ (2015)), ‘*Gort na tin-aoileach*’ (‘The Kill Field’ (2015)), ‘*Con bhuidhe*’ (‘The Cunawee’ (2015)), ‘*Cnoicín Gaodhlach*’ (‘The Knock Field’ (2015)), ‘*Crochtín Philib*’ (‘Truckteen’ (2015)), ‘*An gabhlán*’ (‘Gaul Áwn’ (2015)) (FNKK 87–96).⁶⁴ Ní léir an ionann ‘High field’ is ‘*An t-Ard ... a rising ground just over the village*’ ná an ionann ‘Field at Home’ is ‘*Garraidh an tigh*’. Ná ní heol anois conas mar a réitíonn ‘Cormick’s Bog’, ‘Little Bog’, ‘Long Bog’, ‘The Bog’ an lae inniu le ‘*Móin bhog*’, ‘*Móinteán*’, ‘*Móin Láir*’, ‘*Tóin na móna*’, ‘*Móinéar* nó *Móin-achaidh na bhfraochán*’, ‘*Móinteán garbh*’ nó an bhfuil baint ag ‘Field of Well’, ‘Bog of Well’ le ‘*Tiobar an t-sléigh*’, ‘*Tiobar an chloidhe*’, ‘*Tiobar an chriathadóra*’, ‘*Tiobar na lachan*’, agus mar sin de.

Tabharfar aghaidh i mír 5.5.2 thíos ar na mionainmneacha Gaeilge a tháinig slán sa dá ghleann seo i measc ainmneacha eile atá i mBéarla anois. Ceist eile is ea cad ina thaobh go dtagann páircainmneacha Gaeilge áirithe slán tar éis an athraithe teanga.

⁶² Cuir i gcás sa cheantar taighde idir lámha anseo: ‘Nearly every field has a name. Some of them just ordinary names, like the Big Field, the Little Field. Others have funny names. Something to do with the Irish language, I suppose.’ Z1 (1980).

⁶³ Fitzgerald 1984: 134.

⁶⁴ Cuireann an t-aistriúchán míthras-scríofa ‘*Gort na tin-aoileach*, Garden of (i.e. at) the Limekiln. highroad’ (Ó Niatháin 1960) eagarthóirí FNKK amú, ionas go ndéanann siad amach nach féidir gurb ionann is ‘The Kill Field’ an lae inniu, mar a bhfuil an tiníl. Ach is amhlaidh go mbaineann an focal deiridh ‘highroad’ leis an aistriúchán ar an chéad líne eile .i. ‘*Gort Láir*, the Middle Garden, (middle between village and [^]High Road).’)

2.3 Na gleannta: litríocht nach mbaineann le logainmneacha

Mar is léir ón léirmheas thuas, mar sin, is beag atá foilsithe faoi mhionainmneacha na hÉireann agus is lú fós atá foilsithe faoi mhionainmneacha Gaeilge na hÉireann. Níl aon scrúdú acadúil foilsithe faoi mhionainmneacha Gaeilge Ghleann an Smóil is Ghleann Cuilinn, an ceantar taighde idir chamáin. Luadh thuas gur chuir Liam Price spéis sa cheantar seo, ach níor fhoilsigh seisean ach beagán faoi logainmneacha Bhaile Átha Cliath. San alt gairid leis ‘The antiquities and place names of south county Dublin’ (Price 1940) ní luann sé de logainmneacha ach ‘Seahan’, ‘Seefin’/‘Seefingan’, ‘Ballymorefinn’, ‘the Shed Stone’, ‘Kilmesantan’ agus ‘Glenasmole’ féin. Ina chuid leabhar nótaí tá tagairtí breise aige do mhionainmneacha a bhailigh sé sa cheantar ar chuairteanna idir 1928 agus 1956, nár chuir sé féin i gcló riamh.⁶⁵ Níorbh aon teangeolaí é an Príseach agus ní phléann sé na hainmneacha eile seo go ródhoimhin in aon áit, cé is moite den dornán a chuireann sé san áireamh faoi pharóiste Chúirt an Phaoraigh (CM) in PNW 299–303 .i. ‘Tromanallison Brook’, ‘Moreens Brook’, ‘Kylena·brone’, ‘Barnascallard’, ‘Garrydooes’ [GS]; ‘Cloghna·gun’, ‘·Gornago·bawstha’ [GC]. Níor luaigh Éamonn de hÓir de logainmneacha an tráchtas seo ach ‘An Dothra’ agus ‘An Chamóg’ san alt spéisiúil úd aige faoi logainmneacha Chontae Bhaile Átha Cliath.⁶⁶

Maidir leis an bhfoilseachán *The Field Names of Glenasmole* (Lee et al. 2015) (FNGS), is príomhfhoinsé an-luachmhar é ar a bhfuil cuid mhaith de na foirmeacha scríofa de na mionainmneacha sa tráchtas seo bunaithe toisc nár scríobhadh síos iad in aon áit eile riamh. Is liosta lom é den chuid is mór, áfach, agus déanfar é a phlé ainm ar ainm sa Tráchttaireacht féin.

Ba chóir Pádraig Ó hÉailidhe/Patrick Healy (1916–2000) a lua anseo, seandálaí a scríobh an-chuid faoi stair aitiúil Ghleann an Smóil anuas ar a chuid saothair acadúil ar na hiarsmaí seandálaíochta sa cheantar. Chuir sé a chuid eolais faoin ngleann i láthair den chéad uair in alt leis ‘The Valley of Glenasmole’ (Healy 1961); foilsíodh an leabhrán *Glenasmole Roads* (GR) tar éis bháis dó. Is é an trua é nach ndearna Ó hÉailidhe aon róchúram ar leith de mhionainmneacha. Cuir i gcás an t-eolas faoi Thobar Santáin: ‘In a field about 250 yards to the north of the burial ground is St. Anne’s Holy Well’ Healy 1961: 118 — bheadh ainm na páirce sin .i. Brl. *Moonatubber* < **Móin an Tobair** “the bog(land) of the (holy) well” le fáil go héasca dó i 1961, chomh maith lena thuilleadh mionainmneacha mórthimpeall air atá tite in éag idir an dá linn, is cinnte. Mar sin féin, déanfar tagairt anseo is ansiúd do chormhalairt foirme a bhí aige ar ainmneacha na ngnéithe aiceanta sa ghleann.

Stair shóisialta a bhí á scríobh ag Ó hÉailidhe. Cuireadh Gleann an Smóil faoi scrúdú ní b’acadúla in aiste le William Nolan in alt leis sa leabhar *Dublin City and County* (Nolan 1992). Saineolaí ar an tíreolas stairiúil is ea Nolan agus cuireann sé síos go héirimiúil ar stair gheografach agus shóisialta an cheantair. Tugann sé cuntas ar an déantús geolaíoch: oighearshruth a ghrean an gleann uachtarach as an sliabh féin agus abhainn na Dothra a ghearr an gleann íochtarach amach as

⁶⁵ Leabhair nótaí 2–3, 16–19, 23, 26 de chuid PriceLN (= Corlett 2002: 13, 34, 283, 336, 338–9, 354 [móide léaráid], 375, 484–5, 588).

⁶⁶ De hÓir 1975.

an smionagar oighreach. Míníonn sé an tionchar a bhí ag an leagan amach seo ar an lonnaíocht réamhstairiúil, a bhfuil na hiarsmaí is ársa de le fáil thuas ar Chnoc Bhaile an Phiobaraigh.




Fig. 4: Gleann an Smóil — léarscáil cháilíocht talún.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

Bhog lárionad an ghleanna go dtí an láthair eaglasta mar a bhfuil seanreilig Theampall Santáin inniu, gur leathnaigh an pobal suas an cnoc i dtreo Ghlaise na Muice de réir a chéile sna meánaoiseanna agus ansin go dtí Cionn Ard. Déanann Nolan scagadh ar na foinsí daonra ón 17ú haois ar aghaidh go ndéanann amach na patrúin lonnaíochta trí na glúinte.

An examination of surnames recorded in rentals may aid our understanding of two basic problems in the historical geography of Glenasmole: first, the origin of settlement nucleation and its association with partition of nuclear farms among inheriting members of the same family and second, the nature and extent of historical migrations into the valley and consequent changes in the balance of indigenous and immigrant elements.

Nolan 1992: 201

Ábhar spéise a laghad leanúnachais, dar leis, atá le sonrú sna sloinnt. Ar na léarscáileanna eastáit ón 18ú haois rianaíonn sé éagsúlachtaí sa chóras feirmeoireachta sa ghleann, idir straidhpeanna oscailte agus chóras páirceanna iata ('Significant variations within the valley in settlement, land use and structure of holdings indicate the influence of environmental factors but also the pervasive influence of earlier arrangements' *ibid.* 180). Tugann Nolan scagadh géarchúiseach ar a bhfuil le fáscadh as an mionsuirbhé ar eastát mhuintir Cobbe a rinneadh i 1771:⁶⁷

⁶⁷ LN P.4033 (Cobbe).

If we accept that well defined boundaries suggest older structures, then the carefully mapped intermixed strips represent an inheritance from the earlier period. Intermixture was extended to upland reclamations in Glassavullaun and Glassamuckey Brakes, but was not evident in the ‘newer’ denominations of Cunard, Castlekelly or Ballymorefin where individual tenants held undivided lowland arable and the upland partnerships were not sufficiently defined to be mapped. Both systems were intrinsically the same: variations were a product of topography and chronology.

ibid. 199

(Is é an trua é nach bhfuil mionsuirbhé 1771 seo chomh proifideach don taighdeoir logainmneacha is atá don gheografaí; ní luaitear ach aon logainm amháin ann (‘Monemore’) de bhreis ar na hainmneacha riaracháin! Pléitear é in Aguisín R.) Tá léargas seo an Nuallánaigh, agus tuilleadh aige nach iad, thar a bheith luachmhar nuair a thioctar chun tairbhe a fháscadh as dáileadh na bpáircainmneacha Gaeilge sa ghleann. Ach mar le logainmneacha an ghleanna de, áfach, is beag a luann Nolan, agus is léir nach bhfuil sé ar a chompord nuair a chasann sé go dtí an Ghaeilge féin:

Neither Cot Brook nor Slade Brook which have distinctly modern names were listed by O’Curry when he visited Glenasmole in August 1837 and he gives their Irish names as Lug Mór and Glaise an Ashuilm⁶⁸ [*sic!*]

ibid. 182

Is é ‘*Glaise an Mhuilin*’ an litriú a bhí ag Ó Comhraí ann, agus *M*-ornáideach na Gaeilge san fhocal deiridh:



Fig. 5: LSO (BÁC) (14 C 15) lch.45 (EÓC 2/8/1837).
Acadamh Ríoga na hÉireann.

Chun ceart éigin a thabhairt don Nuallánach, is léir ón bhfonóta a chuireann sé leis an téacs go bhfuair sé an tras-scriobh seafóideach seo ‘Glaise an Ashuilm’ i gcóip chlósscríofa O’Flanagan de LSO (BÁC). Ach tá an litriú chomh hainnis sin mar fhoirm Ghaeilge go gcuireann sé amhras mór ar an léitheoir faoina iontaofacht i gcúrsaí teanga i gcoitinne. Abairt eile a bhaineann go mór le hábhar anseo:

In 1837 Eoghan O’Curry visited Glenasmole and described how he met William Rafter, a man of 84 years of age in Castlekelly, who told him that ‘forty years ago [1797] very few spoke English in the glen except the Dublin carmen, very few men of forty years of age even now in the Glen that don’t understand though they don’t speak the Irish’. Commentators have taken this single statement as definitive evidence of widespread Irish-speaking in the glen in the eighteenth century. However, other evidence does not necessarily lend support to this position. The appearance of English fieldnames in the late eighteenth century may pinpoint the period of language transition. Malachi Horan (1847–1946) makes no reference to hearing Irish spoken in the Tallaght area.

Nolan 1992: 201

⁶⁸ Níl an t-ionannú seo le ‘the stream of Lug Mor’ LSO cruinn. Suirbhéir de chuid na nInnealtóirí Ríoga a chuir na hainmneacha Brl. *Cot Brook* agus *Slade Brook* leis an dréachtléarscáil i 1843 (féach Aguisín M.)

Is fíor go ndeachaigh díograíseoirí Gaeilge áirithe thar fóir ar uairibh maidir le ‘Seanghaeltacht Átha Cliath’ (Piatt 1952), mar a fheicfear sa chéad mhír eile (2.4), ach is deacair meon an Nuallánaigh sa ráiteas seo a thuiscint nó cad a thugann air dul chomh láidir sin sa treo eile. (Bheadh níos mó céille le baint as a ráiteas dá léifi ‘...definitive evidence of widespread Irish-speaking in the glen in the *nineteenth* century’, agus tuairimí Piatt i gceist aige.) Agus ní phléann Nolan comhthéacs ráiteas seo Uí Chomhraí in aon chor. Gan amhras, ní san abairtín sin amháin atá eolas le fáil i LSO (BÁC) faoin nGaeilge sa ghleann. Is amhlaidh a mholann Ó Comhraí an Ghaeilge a chuala sé ó na Reachtúraigh, deartháir is deirfiúr, go cranna na spéire, ní hamháin san abairt cháiliúil úd sna Litreacha ach i nóta fánach eile san Ainmleabhar chomh maith (féach íomhá thíos).⁶⁹




Fig. 6: EÓC ag moladh Ghaeilge an Reachtúraigh in Ainmleabhar OS88/BÁC/Par. Thamhlachta III lch.28 [GS1.35].
Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

Deir sé thairis sin gur rugadh agus tógadh na sár-Ghaeilgeoirí seo i nGleann an Smóil. Cuireann sé seo i gcoinne Nolan, a thugann le fios go bhfuil amhras aige faoi leanúnachas an phobail Ghaeilge sa ghleann sa 18ú haois nuair a leanann sé air ag caint faoi ‘historical migrations’ agus ‘changes in the balance of indigenous and immigrant elements’. Thairis sin, bhí aithne ag na Reachtúraigh ar a lán daoine sa ghleann a raibh léamh agus scríobh na Gaeilge acu. Ag seo an sliocht ina iomláine:

I met an interesting old man at the bottom of the Glen from whom I collected the subjoined list of local names. His name is *William Rafter* — **Uilliam Ó Rachtabhra**, he is now 84 years old, with all his faculties in full vigour, and with more activity and buoyancy of spirit than his son, a man of about 50 years of age. He was born and bred in the old Castle Kelly, on the foundation of which his house is built, and part of the old wall of which may be still seen in the gable of his house.

[He] speaks as good Irish as ever I heard *spoken*, as does his sister *Una*. He says that 40 years ago very few spoke English in the Glen except the Dublin Carmen — very few men of 40 years of age even now in the Glen that don’t *understand* tho’ they don’t speak the Irish.

He has no account of O’Kelly from whom the Castle is named nor have I. He knew many persons who read and wrote Irish, the last of whom was Andrew Smith, **Aindrias Ó Gobhan**,⁷⁰ who died three years ago at *Glasamucky* on the glenside.

LSO (BÁC) 46–47 (ÓC 2/8/1837)
[cló trom ar pheannaireacht Ghaeilge]

⁶⁹ Gaeltacht thuaisceart Chill Chainnigh an t-aon áit eile i gCúige Laighean a thuill moladh óna pheann sna Litreacha: ‘I am now on Irish ground ... here, glory to them, they all speak fine Irish, and English, wear blue frize, drink whisky, dance and fight, the girls are going barefoot {5} and bareheaded, in short here is every good manner and custom, that ought to distinguish a decent country town in Ireland’ LSO (CC) I 4–5 (EÓC 13/8/1839).

⁷⁰ Tá an sloinne Gaeilge seo caomhnaithe i mionainm a taifeadadh sa ghleann i 1980 [→GS2.65].

Is féidir na Gaeilgeoirí seo a rianú i dtaifead pharóiste Caitliceach Ráth Fearnáin, a thugann le fios go raibh gaol pósta idir muintir Ghabhann agus muintir Reachtúra: Brúnaigh ab ea bean Aindrias agus bean Liam.⁷¹ Féach gur mór an difríocht idir an tuairisc seo thuas ag Ó Comhraí⁷² agus an tslí inar chuir sé i láthair an chéad dornán beag logainmneacha a fuair sé i nGleann Cuilinn mí roimhe sin (ainmneacha nár mhair, dar leis, ach i gcuimhne seandúine 90 bliain d’aois):

Peter Welsh, who when he was a boy heard the ould Irish people call it **leaba na Saigh** ... Peter gave me some old topographical names, such as **lug mór**, **Sliabh gearr**, **lug a phuca** &c ... I think it fortunate that one man lives in that {50} un-Irish part of Ireland, who remembers something of the ould times

LSO (BÁC) 49–50 (EÓC 15/7/1837)

Agus tabhair faoi deara an litriú ‘*cr-*’ ag Ó Comhraí don réadú canúnach ar **cn-** /kr-/ na Gaeilge sna logainmneacha a bhreac sé ar a chéad turas eile i nGleann Cuilinn: ‘*Crucan*’, ‘*cruc a choille*’, ‘*Cruc*’, ‘*cruc buaile*’ LSO 41 (26/7/1837). Is léir gur bhraith Ó Comhraí níos gaire don Ghaeilge, coicís ina dhiaidh sin, i nGleann an Smóil: ‘*Cnoc a tsidhain*, a tumulus’ LSO 47 (2/8/1837).

Ar ndóigh, ní hionann easpa taithí an Nuallánaigh ar logainmneacha Gaeilge is a rá gur gá beag is fiú a dhéanamh den anailís a bhaineann sé astu. Tá géarchúis sa mhodheolaíocht a mholann sé chun na cnuasbhailte éagsúla sa ghleann a dhátú i ndeireadh an ailt chéanna, cé go bhfuil lochtanna ar na sonraí logainmneacha a úsáideann sé:

Dating the clusters is difficult as it was not considered necessary to depict settlement on early maps. Could Piperstown be the modified successor of an earlier medieval settlement at the edge of the demesne? The Brakes may have connections with the church. Glassavullaun likewise is old, its arable fields having Irish names such as Criosóg and Cuairteóg, whereas in newer Castlekelly more recent English names such as Bryan’s Hill, Coarse Meadow Road, Anderson’s Inches and The Boar’s Lane testify to mideighteenth-century origins.

ibid. 224

Níor aithin Nolan ‘The Boar’s Lane’ (*recte* Brl. *Boar Lane* [GS2.113]) mar bhéarlú athluaiteach ar an bhfocal Gaeilge **bóthar** “road, lane” atá le fáil i gcúpla áit eile sa ghleann (Brl. *Kearney’s Bore* [GS2.135], Brl. *Boardloss Lane* [GS2.145]). Ná níorbh eol dó go bhfuil an dara sampla den pháircainm ***Crosóg** le fáil i *bf* Caisleán Uí Cheallaigh freisin [GS2.128]. Agus ceist cháiriseach í Brl. *inch* < G **inse** “low-lying land beside water” a chomhaireamh mar logainm Béarla. Mar sin féin is féidir modheolaíocht den sórt céanna a úsáid sa tráchtas chun iarracht a dhéanamh ar dhul i ngleic le dátú na bpáircainmneacha.

⁷¹ Féach Aguisín O. Tá leideanna eile ar an oidhreacht Ghaelach le fáil sna foinsí seo, m.sh. ainmneacha ar nós Laughlin Kelly a sheas mar chara as Críost do mhac le hAindrias i 1782, agus an ghuagacht i leaganacha Béarla d’ainmneacha pearsanta i dtagairtí éagsúla m.sh. Eleanor/Elinor/Nelly/Alice [Brown], a phós an Reachtúrach.

⁷² Cf. abairtí eile ó mhuintir Ghleann an Smóil ar nós ‘which the people call **Tromán Allison**, ie Allison’s stream’ LSO (BÁC) 77 (EÓC 23/8/1837) [an taighdeoir a chuir an líne faoi].

Níl a oiread céanna scríofa faoi oidhreacht Ghaeilge Ghleann Cuilinn, ach tá cuntas ar an stair shóisialta le fáil sa leabhar nua *Glencullen: the story of a village, its people and heritage* (2021) leis an staraí Nicholas Ryan, a thug cúnaimh don taighdeoir seo.

2.4 Gleann an Smóil mar Ghaeltacht rómánsúil

Is mealltach iad na blúiríocha beaga thuas a tháinig ó pheann Eoghain Uí Chomhraí mar chur síos ar Ghaeilgeoirí dúchasacha laistigh de scread asail de Chaisleán Bhaile Átha Cliath sa 19ú haois. Agus mealladh scoláirí áirithe sa 20ú haois. D’áitigh Donn Piatt (1905–1970) san alt ‘Seanghaeltacht Átha Cliath’, a foilsíodh in *Feasta* (Márta) 1952, go raibh an Ghaeilge sa ghleann go dtí 1880⁷³ agus gur i nGaeilge a tugadh seanmóir in eaglais nua Bhóthar na Bruíne, a bunaíodh i 1870, mar ‘nach dtuigfeadh an pobal aon teanga eile’.⁷⁴ Sceitheann an drochmheas a bhí aige ar an Donnabhánach ar uairibh agus is léir gur shíl sé go raibh Ó Comhraí níos gaire do chultúr na hÉireann (cé go bhfuil sé de cháiréis aige a rá gur fathaigh ab ea an bheirt). Thairis sin, léiríonn Piatt nach raibh tuiscint dá laghad aige ar conas mar a cuireadh Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis le chéile,⁷⁵ agus ní hamháin go ndéanann sé maisiúchán glic ar a bhfuil sna Litreacha⁷⁶ ach is follas ar uairibh nár léigh sé na buncháipéisí i gceart in aon chor.⁷⁷ Luaigh sé scéal a insíodh dó faoi sheanbhean a bhí ag rámhailí as Gaeilge líofa le teann niúmóine, má b’fhíor, ach nár thuig focal Gaeilge nuair a tháinig sí chuici féin ná ar feadh an chúpla bliain eile dár mhair sí beo.⁷⁸ Tugann sé seo ar Piatt a rá gur i

⁷³ Cf. Piatt, fiche bliain roimhe sin: ‘19th Century, Dublin, O’Curry: Irish was spoken, in 1838 [*sic*], “by all over 40” in Glenasmole, and understood even by the young. There must, therefore, have been some Irish in the glen until about 1880’ Piatt 1933: 6. Níl sa bhuntéacs ar ndóigh ach: ‘He says that 40 years ago very few spoke English in the Glen except the Dublin Carmen — very few men of 40 years of age even now in the Glen that don’t understand tho’ they don’t speak the Irish’ LSO 47 (EÓC 2/8/1837).

⁷⁴ Aistriúchán a rinne Piatt féin ar litir a foilsíodh ar *Scéala Éireann* 16/6/1933, a shlogann sé gan cheist. Má tugadh seanmóir i nGaeilge riamh sa séipéal seo an uair úd ba dhóigh leat gur ar mhaithe le cuid de na spailpíní ó Chontae na Mí a thagadh ag obair sa ghleann a bhí sé.

⁷⁵ M.sh., ‘...rop an Donnabhánach síos a chúig nó a sé de leagnacha ó dhaoine agus ó fhoinsí difriúla, agus ansin chaith sé féin tuairim’ *ibid.* 3. Cé go bhfuil cuid den cheart ag Piatt maidir le héagruinneas ÓD i gContae Bhaile Átha Cliath is léir nár thuig sé córas oibre na Rannóige Topagrafaíochta in aon chor.

⁷⁶ Cuir i gcás ‘...d’fhág E. O. C. cuimhne glé againn ar Theach Mhuintir Reachtabhra ... thrácht sé ar na hamhráin bhinne Gaeilge a chuala sé sa teach sin...’. Níor thrácht ná é!

⁷⁷ ‘Dúirt seandúine in aice le Baile Éamoinn Duibh leis an Donnabhánach gur Leaba na Saighe an t-ainm a bhí ag “the ould Irish people” ... An cruthú an abairt Béarla [sin] go mba bhéas leis an Donnabhánach Gaeilgeoirí, go háirid áit nach raibh an teanga láidir, agus deacrachta canúna ann, b’fhéidir, a cheistiú i mBéarla? B’fhéidir go raibh Mr. Alma nó Béarlóir de na Béarlóirí eile leis, a luaitear sna hAinm Leabhair—cuimhnítear [go] mba Stát-Sheirbhíseach ar dhroch-pháighe é, faoi orduithe Rialtais Gallda ag am a raibh drochmheas do-innste ag boicíní ar an teanga.) Ní bheidh a fhios againn choíche.’ Piatt 1952: 4. Ní bheidh a fhios againn choíche, cinnte, mar gurbh é Eoghan Ó Comhraí a scríobh an litir sin atá i gceist ag Piatt.

⁷⁸ *Ibid.* 4. An Dr. G.A. Little [<https://www.dib.ie/biography/little-george-aloysius-a4848>], fear eagair *Malachi Horan Remembers* (MHR) (1943), a d’inis an scéal seo do Piatt i 1952. Tharla an eachtra i 1933, de réir a chuimhne, cé nár bhreac sé aon nótaí ag an am ‘toisc gur chás daoncharadach [.i. daonchairdiúil] é’ Piatt 1952: 4. Nuair a tháinig sí chuici féin, dúirt an bhean ‘gur labhair sí Gaeilge agus í ina leanbh ach nár chuimhneach léi focal anois di’; nuair a labhair an Dr. Little cúpla focal Gaeilge léi, ‘bhí cuma uirthi nár thuig sí’ agus ‘[d]hearbhaigh sí nach raibh focal féin i gcuimhne aici’. Nuair a fiafraíodh di cár rugadh í, shín an bhean a méar i dtreo na gcnoc go ndúirt, “I was born just across the hill there.” [Piatt a d’aistrigh an litir go Gaeilge.]

1933 a d'éag an cainteoir dúchais deireanach ó Chontae Bhaile Átha Cliath.⁷⁹

Is léir nach bhfuil san fhianaise seo ag Piatt ar Ghaeilge a bheith á labhairt i nGleann an Smóil sa dara leath den 19ú haois ach brobh — fianaise ar nós ‘d’innis P.T. Daly ... dom go mba chuimhneach leis...’, ‘Dearbhaíonn Liam Ó Broin ... go raibh Gaeilge ag a mháthair mhór...’, ‘Dúirt daoine creidiúnacha liom ... go raibh Gaeilge ag sean-aithreacha daoine áirithe...’, ‘Sílím go gcruthaíonn ráitis na beirte go raibh Gaeilge ag...’ agus mar sin de. Cuirimis i gcás, áfach, go bhfuil an ceart aige agus go raibh an scéal amhlaidh. Más ea tá sé fíorait go bhfaighimid duine de na hIníocha Grierson, a rugadh agus a tógadh sa teach mór i gCaisleán Uí Cheallaigh i mbun an ghleanna, ag scríobh go dtí Eoghan Ó Comhraí i 1850 ag lorg aistriúcháin Ghaeilge ar roinnt nathanna agus manaí, gan trácht dá laghad a dhéanamh ar an teanga a bheith beo sa ghleann — fiche bliain roimh an tseanmóir Ghaeilge a bhí ag ‘teastáil’ sa séipéal nua ag barr an ghleanna, má b’ fhíor.⁸⁰ Ná ní dhearna éinne de Bhaile Átha Cliathaigh na hAthbheochana aon tagairt don Ghaeilge nó d’iarsmaí na Gaeilge a bheith le clos sa ghleann i ndeireadh an 19ú haois, cé go raibh tarrac mór ón bpríomhchathair amach go dtí dúiche sheilge Fhinn mhic Cumhaill.⁸¹ (Dream eile a chuir an-spéis sa cheantar seo timpeall an ama chéanna ab ea na luibheolaithe, agus iad ar thóir ainmneacha áitiúla plandaí agus bláthanna. Fíorbheagán iarsmaí Gaeilge a fuarthas.)⁸² Féach mar shampla an tsraith

⁷⁹ Cf. ‘Mr. Kevin Doyle, of Bohernabreena, or near it, told me that his father was punished for speaking Irish on his way to or from school!’ in Hogan 1900: x. Bhí duine den ainm sin ina chónaí in *bf* Buaille na Scornaí Íochtarach in aois 84 dó, de réir [Dhaonáireamh 1901](#) (is ar éigean go bhfuair Ó hÓgáin an t-eolas [ón mbuachail 15 bliana d’aois](#) ar an mbaile fearainn céanna). Ag casadh an 19ú haois a bheadh athair dhuine a rugadh c.1817 ag dul ar scoil, ba dhóigh leat — tráth nach raibh mórán Béarla le clos níos faide ó dheas i nGleann an Smóil, de réir an Reachtúraigh.

⁸⁰ Féach [Aguisín B](#) = an cháipéis <https://digital.ucd.ie/view-media/ivrla:5348/canvas/ivrla:5349> ar coimeád in UCD. Is cosúil nach raibh an bhean uasal seo (iníon leis an Grierson a thóg Heathfield Lodge i 1792 = Lóiste Ghleann an Smóil = Brl. *Cobbe’s Lodge*) ná a cuid deirfiúracha scoite amach ó mhuintir an ghleanna in aon chor: féach ‘The First Exhibition of Work Executed in Industrial Schools, held on April 11, 1855 ... Glenasmol. The Misses Grierson, Patronesses. Carving was first introduced about 7 years ago ... Thomas Rogers ... Peter Brady’ *Proceedings of the Royal Dublin Society* Vol. XCI (1855, Dublin: Gill) cvi; cf. ‘... Specimens of Wood Carving, designed from Natural Flowers, and executed by the Peasant Boys on the Dublin Mountains, without any professional instruction’ *ibid.* Innéacs (1855) lch. 20.

⁸¹ Cuir i gcás J.M. Synge (1871–1909). Dar le Declan Kiberd, ‘Synge’s first encounter with the effects of Irish as a spoken language probably occurred on a walking tour, in his early teens, through the valley of Glenasmole, where Irish had been spoken only forty years before and where stories were still told of ancient Gaelic heroes’ Kiberd 1978: 5. Is deacair brí an fhrása sin ‘the effects of Irish as a spoken language’ a thuiscint. Níl áitithe sa bhunleabhar dá ndéanann Kiberd tagairt ach go ndeachaigh Synge amach lena dheartháir go dtí an gleann: ‘Later he walked with his brother Samuel to the valley of Glenasmole. The place has subsequently been changed by the building of reservoirs, but at that time it was as wild as the glens of Wicklow. Irish had been spoken in the valley of Glenasmole only forty years before, and stories were still told of ancient Gaelic heroes by the people of the valley, and the place names were redolent of Irish folklore—Bohernabreena, the Road of the Hostel; Glenasmole, the Glen of the Thrushes’ Greene & Stephens 1959: 7. Pé ar domhan de, is réasúnta a mheas go scríobhfadh Synge cuntas ar Ghaeilgeoirí an ghleanna sna 1880í dá mb’ann dóibh an uair úd.

⁸² Ag Colgan, a ghnáthaigh na gleannta seo sa tréimhse 1900–1903, atá an cuntas is beaichte ar na hainmneacha dúchasacha a fuair sé roimhe. Níl d’iarsmaí Gaeilge aige díreach ón gceantar taighde ach ‘Barney brack ... *Orchis maculata*. *Spotted orchis* ... Used in Glenasmole’ (? < *magairlín breac?) Colgan 1904: 295; ‘Bohalawn, Boleyawn, Boolyan ... *Senecio Jacobaea*. *Ragwort* ... One or other of them is used ... at Glenasmole, at Killakee, at Ballybrack, and at Hazelhatch’ (< buachalán) *ibid.* 297; ‘Cloobawn. *Spergula arvensis*. *Corn spurrey* ... Glencullen. No doubt a Gaelic name, but of obscure affinity and meaning’ (< *clúmh bán?) *ibid.* 299; ‘Frocken. *Vaccinium Myrtillus*. *Bilberry*. General in the mountain districts and at Howth (< fraochán)’ *ibid.* 302; ‘Ciab (Keeab) ... *Juncus squarrosus*. *Heath Rush* ... Glencullen Hills. A purely Gaelic name ... applied to coarse grasses, sedges, and rushes’ (< cíb) *ibid.* 304; ‘Quayreen ... *Pyrus Aucuparia*. *Mountain Ash* ... given me by a man at Killinardan, near Tallaght (< caorthann)’ ach NB ‘[Brl. *quicken tree*]

‘Ball de Bhallaibh Seirce na hÉireann’ a foilsíodh i samhradh na bliana 1917 ar an gClaidheamh Solais, i bhfoirm agallaimh idir glasach d’fhoghlaimoir agus Gaeilgeoir léannta, mar dhea, agus iad ar thuras rothaíochta ó dheas ón gcathair. Pléann siad roinnt logainmneacha agus cúrsaí Fiannaíochta (béaloideas áitiúil faoi chloch Fhinn mhic Cumhaill san áireamh) ach tagairt ní dhéantar do litreacha Uí Chomhraí ná do na Reachtúraigh.⁸³ Gan amhras bhí scoláirí eile ar nós an Laoidigh ar an eolas faoi Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis⁸⁴ ach is cosúil gurb iad na leaganacha clóscríofa a rinneadh faoi stiúir an Ath. Micheál Ó Flannagáin c.1927 a scaip an t-eolas sa chuimhne coitianta, gur mhéadaigh ar an nóisean as sin amach. Agus is ait, freisin, má bhí an gleann ina Ghaeltacht chomh láidir sin sa 19ú haois go raibh an Ghaeilge riachtanach don Aifreann i 1870, nár chuala éinne sa Rannóg Topagrafaíochta faoi agus nach raibh siad ag súil le Gaeilgeoir ar bith a bheith ar fáil dóibh agus iad ag tabhairt faoi obair thaighde an chontae seo (2.1.4). D’athródh an Donnabhánach a phort beagán: tar éis dó cuairt a thabhairt ar Bhinn Éadair agus ar Ghleann Cuilinn i 1837 is léir gur mheas sé gur chontae gan Ghaeilge é Baile Átha Cliath. Bhí sé in amhras faoi **tromán** a bheith ina fhíorthéarma Gaeilge ar shruthán níos déanaí sa bhliain chéanna (MSO (*BÁC*) 125) — cé gur léir gur mar sin a míníodh d’Ó Comhraí é — agus chomh déanach le 1839 bhí sé fós ag diúltú dó mar ainm srutháin in *AL (CM)*: ‘Tramonghār Brook ... Must be wrong. I think it should be Srumonaghar’. Is léir nach raibh na litreacha léite aige go rómhion, ach is léir freisin go bhfuair sé tuairisc éigin ó Ó Comhraí faoi shean-Ghaeilgeoirí Ghleann an Smóil go ndeir sé i 1852: ‘...in Meath and in the glens of the County of Dublin, where the people still speak Irish...’. Ba dhóigh leat nach raibh aon phlé ró-dhoimhin idir an bheirt mar gheall ar chúrsaí canúna ná logainmníochta, sa ghleann seo pé scéal é — rud is deacair le tuiscint anois.

Pé ar domhan de, níl aon fhianaise dhearfach a thabharfadh le fios nárbh iad Úna agus Liam Ó Reachtúra na cainteoirí dúchasacha deireanacha sa chontae agus gur mar bheirt Oisín i ndiaidh na Féinne a bhuaill siad le EÓC i 1837.

is the usual name in Glenasmole’ *ibid.* 305 [→**GS1.25**]; ‘Shoorawn ... *Heracleum Sphondylium*. Cow Parsnip ... Kilmashogue, Bray, Tallaght and Ballybrack. The form, Foorawn, was given me at the last locality’ (< **feabhrán**) *ibid.* 307.

⁸³ ‘Déaglán’ .i. Micheál Ó Foghlú [ainm.ie/336], foghlaimoir Gaeilge ó Chontae Phort Láirge, a scríobh an tsraith alt gearr seo. Tá cuid de na hiarrachtaí a dhéanann sé an tseanlitríocht a thabhairt isteach i saol an lae inniu níos fearr ná a chéile: ‘Níor leighis ‘*Tógáil* Bruidhin dá Derga’ riamh, b’fhéidir?’ *Cl. Sol.* 19/5/1917 lch. 3; ‘Gleann an *Dothru*’ *ibid.* 26/5/1917 lch. 2 [ag an taighdeoir an cló iodálach]. I gCuid IV (30/6/1917) lch. 2 luann sé ‘Baile na Scórnaighe’, ‘Cnoc na bhFiadh’, ‘Cip Iubhair’ agus ‘Gleann na Smól eatorru istigh’. Is cinnte nárbh aon easpa rómánsúlachta faoi ndear na Reachtúraigh a bheith gan lua ag Ó Foghlú — féach an sampla den stíl scríbhneoireachta a bhí aige in [Aguisín C](#).

⁸⁴ Féach mar shampla an tagairt indíreach ‘*Abhainn Dóthair*’ (pron. *aidhin dóthair*)’ Laoide 1907: 367.

Gleann Cuilinn	
Owntroasan	Stream rising between Bruckly & Glendoo Mts
Blaske	E. of Glendoo Mt
Big & Little	E. of Boranarathragh
Rugmore	wood above Bruckly (Brookly map)
Gl-yol	Between Gl-yol & river
Rooasans	E. of Gl-yol
Tomalung	"1540" Between 2 Rocks & Dibradden
bornagat	Bog W. of road & S. of Ballyedmond's off (Ballymaduff locally)
Lugavous	Bluff over river W. of Killegal.
browfall	

Fig. 7: Liosta logainmneacha a chuir C.G. Thompson go dtí Liam Price i 1946: sampla as Gleann Cuilinn. Cartlann an Bhraínse Logainmneacha.

2.5 Príomhfhoinsí an tráchtas seo

Nuair a tionscnaíodh an tráchtas seo den chéad uair mar staidéar ar logainmneacha Ghleann an Smóil amháin, is éard a theastaigh ón taighdeoir foirmeacha Gaeilge LSO (1837) a chur i gcomparáid le foirmeacha béarlaithe a bailíodh sa 20ú haois (Price, *passim*) agus le foirmeacha beo an lae inniu (FNGS 2015). Leathnaíodh scóip an taighde ansin go dtí Gleann Cuilinn, áit eile a raibh foirmeacha Gaeilge in LSO (1837) agus tagairtí ón 20ú haois araon le fáil. Cuireadh na mionainmneacha a bailíodh ar Chnoc Thamhlachta agus ar na cnoic i bpar. Theach Sagard in LSO (1837) san áireamh freisin ar mhaithe le hiomláine agus mar anlann canúna. Ba é Liam Price an scoláire ba mhó a bhailigh mionainmneacha sa cheantar seo sa 20ú haois agus ceadaíodh an chartlann nótaí a bhronn sé féin ar an mBrainse Logainmneacha (PriceBL) agus a chuid leabhar nótaí i gCartlann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (PriceLN).⁸⁵ Ba mhór an borradh ar an taighde é nuair a tháinig an taighdeoir ar shraith agallamh a thairfid Cnuasach Bhéaloideas Éireann sa dá ghleann seo i 1980 (UFP), rud a chuir fianaise dhiacronach éigin ar fáil. Tá liostaí scríofa de mhionainmneacha Ghleann an Smóil i gcló in FNGS 2015 agus chuir Nicholas Ryan liosta an Choirnéil Fitzsimons de mhionainmneacha Ghleann Cuilinn (1975) suas ar meitheal.logainm.ie i 2017 (féach [Aguisín S](#)).

2.6 Achoimre

Mar a dúradh thuas, is léir nach bhfuil aon litríocht le dealramh scríofa faoi mhionlogainmneacha Gaeilge Ghleann an Smóil is Ghleann Cuilinn. Ná níor tugadh faoi anailís cheart ar chnuasach Gaeilge LSO (BÁC) i 1837 ná faoin dá chorpas mór mionainmneacha le Pat Lee (2015) agus Nicholas Ryan/an Choirnéil Fitzsimon (1975). Go deimhin is beag anailís atá déanta ar mhionainmneacha Gaeilge na hÉireann i gcoitinne, ach oiread lena mórainmneacha. Ach is ann do roinnt eiseamláirí,

⁸⁵ Tá an t-eagrán clóite de na leabhair nótaí (Corlett 2002) an-snasta an-luachmhar ach tá corrbhotún tras-scríofa ann. Sa tráchtas seo is don bhunábhar a thagraíonn na noda PriceLN (bunleabhair nótaí i gCartlann na Séadchomharthaí Náisiúnta) agus PriceBL (buncháipéisí i seilbh an Bhraínse Logainmneacha). Tagraíonn PriceBL/CGT don liosta logainmneacha a chuir C.G. Thompson chuig Price i 1946, mar aithris ar na hainmneacha go léir a sholáthair sé dó thar na blianta (féach Fig. 7). Tagraíonn PriceLN/SÓS do na malairtí leaganacha luachmhara a bhreac Séan Ó Súilleabháin, béaloideasóir, agus é ina sheasamh taobh le Price ar cuairt ar Ghleann Cuilinn.

m.sh. Mac Aodha, Ó Catháin, Mac an Bhaird, Lankford, srl., a thabharfaidh treoir sa ghnó seo. Sa chéad chaibidil eile pléifear an mhodheolaíocht a bheartaigh an taighdeoir a úsáid sa tráchtas seo agus an cinneadh a rinne sé maidir leis an gcur chuige anailíse.

3. Modheolaíocht

3.1 An ceantar taighde

Dhá ghleann, Gleann an Smóil [GS] agus Gleann Cuilinn [GC], i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath atá faoi chaibidil, chomh maith le ceantar Chnoc Theach Sagard/Chnoc Thamhlachta [TS] ar mhaithe le hiomláine agus le cloí leis an mbunfhoinsé LSO.




Fig. 8: An ceantar taighde.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

Díobh seo is é Gleann an Smóil [GS] is mó go mór ainmneacha; dá bhrí sin roinntear é ina dhá chuid ar bhonn chroineolaíocha, mar atá GS1 [ainmneacha a bhfuil fianaise stairiúil orthu] agus GS2 [ainmneacha an lae inniu nach bhfuil fianaise stairiúil orthu]. Níl teorainneacha oifigiúla le GS ná le GC mar ghleann, ach is féidir an ceantar taighde a dheimhniú ó thaobh riaracháin de i dtéarmaí toghrann agus bailte fearainn.

3.1.1 Gleann an Smóil

Tá ‘Gleann an Smóil’ intuigthe go maith dóibh siúd a bhfuil cur amach acu ar an áit, cé nach roinn riaracháin é a bhfuil teorainneacha oifigiúla leis. Freagraíonn an iontráil *gl* **Gleann an Smóil** ([#1417357](#)) ar *logainm.ie* (ina seasann an lipéid *gl* don chatagóir ‘gleann’) don ainm *Glenasmole* atá léirithe ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis [SO] (SO 6" 1ú eag. (1843); SO 6" (2ú Eag.) (c.1870); SO 25" (1913); SO 6" [‘Cassini’] (athbhreithniú 1937); Sraith Eolais/Discovery Series).

Ar *logainm.ie* is é an t-ionad daonra [*id*] dar uimhir [#1166179](#) an phríomhiontráil, ach tabhair faoi deara nach dtugann An Phríomh-Oifig Staidrimh aitheantas d’aon aonad riaracháin faoin ainm

maith le cúpla mórlogainm ar bailíodh foirmeacha Gaeilge díobh i 1837, ar mhaithe le leanúnachas le príomhfhoinsí na SO. Chun an bailiúchán seo a dhéanamh a chuimsithí agus ab fhéidir, bhí taighde uileghabhálach ag teastáil, idir thaighde cartlainne agus thaighde páirce. Cíoradh na foinsí stairiúla agus breacadh gach foirm scríofa de gach logainm in ord aimsire, chomh maith le sonraí iomlána na foinse agus mórán eolais faoin gcomhthéacs. I gcás na n-ainmneacha úd atá fós beo, cuireadh faisnéiseoirí éagsúla faoi agallamh le taifeadadh fuaimne chun a oiread samplaí agus ab fhéidir den fhuaimniú traidisiúnta áitiúil a aimsiú; fuarthas eolas tábhachtach eile a bhain le gach ainm maidir le suíomh, cáilíocht na talún, brí áitiúil, forleithne úsáide agus mar sin de. Ach an fhianaise iomlán seo tiomsaithe, rinneadh anailís teangeolaíochta ar na foirmeacha éagsúla de gach logainm gur socraíodh ceannfhoirm Ghaeilge.

NB ós foirmeacha athstruchtúrtha Gaeilge a bhformhór seo cuirtear réiltín (*) rompu, m.sh. ***Fearann an Ghréasaí** [GS2.149], ach amháin sa chás (a) gurb ionann an cheannfhoirm is an fhoirm Ghaeilge a bhreac EÓC i 1837, m.sh. **Bun na dTrí dTromán** [GS1.19] nó (b) go bhfuil an cheannfhoirm ina leagan oifigiúil cheana .i. arna dhearbhu in ordú logainmneacha, m.sh. *bf* **An Bhrocaigh** (#16646) [GC.176], nó arna mholadh ag an mBrainse Logainmneacha, m.sh. *sl* **Suí Finn** (#113173) [GS1.40]. Mar sin, cuirtear réiltín le ceannfhoirm atá éagsúil lena foirm oifigiúil, m.sh. *bf* ***Buaile Mhurcha Fhinn** [GS1.33] (= *bf* **An Baile Mór/Ballymorefinn** (#17425)). Tá éiginnteacht áirithe le tuiscint as gach ceann acu seo, dá bhrí sin, ach i gcás ainm a bhfuil rídhoiléireacht ag roinnt leis úsáidtear comhartha ceiste anuas ar an réiltín, m.sh. ***Áth Chorrán na bhFiach?** [GC.189].

Baintear úsáid as an gceannfhoirm Ghaeilge seo chun an logainm a rangú agus anailís a dhéanamh i míreanna 5.1–5.2.

3.2.1 Taighde cartlainne

Níor mhór tagairtí stairiúla a sholáthar as foinsí Gaeilge, Laidine agus Béarla, lenar áiríodh cáipéisí eaglasta agus stáit, léarscáileanna agus suirbhéanna eastáit, gníomhais talún, srl., chomh maith leis na tagairtí luachmhara áitiúla a bhí le fáil i mBailiúchán na Scol (*BnS*) ar *Dúchas.ie*, i leabhair nótaí scoláirí áirithe agus i bhfoilseacháin eile.

I dtosach báire cíoradh na foinsí is gnách do thaighdeoirí an Bhrainse Logainmneacha a cheadú nuair a thosaítear ar cheantar nua a scrúdú go córasach. Tá an buntaighde oifigiúil ar na hainmneacha riaracháin sa cheantar taighde curtha i gcrích le fada agus ceadaíodh tuilleadh foinsí breise nuair a bhí logainmneacha na bparóistí seo (par. Thamhlachta, par. Chill Ghobáin, par. Chill Tiarnáin) á scrúdú ag an mBrainse Logainmneacha sna 2000í. Phléigh an Coimisiún Logainmneacha (mar a bhí) an fhianaise seo agus cuireadh dréachtordú logainmneacha i dtoll a chéile i gcaitheamh na bliana 2010.⁸⁷ Ní raibh ainm gné aiceanta ar bith sa cheantar seo le scrúdú as an nua an uair úd; níl le fáil dá leithéid san [Ordú Logainmneacha \(Contae Bhaile Átha Cliath\) 2011](#) (OLBÁC) ach an t-ainm

⁸⁷ Tháinig an Coiste Logainmneacha i gcomharbacht ar an gCoimisiún Logainmneacha i 2013.

River Dodder/An Dothra.⁸⁸ In [Gasaitéar na hÉireann \(2007\)](#) bhí ainm na habhann céanna úd le fáil cheana agus *id/gl Gleann an Smóil* freisin; cuireadh *sl Cipiúr* (#1165765) agus *sl/sc Suí Finn* (#113173) — dhá shliabh a phléitear sa tráchtas seo — i leith Chontae Chill Mhantáin ar ndóigh. (Pléitear 16 bhaile fearainn sa tráchtas a bhfuil a n-ainmneacha dearbhaithe san ordú céanna, mar gheall ar leaganacha Gaeilge díobh a bheith bailithe i 1837.)⁸⁹

Dá bhrí sin scrúdaíodh na príomhfhoinsí go mion as an nua arís, féachaint an raibh aon tagairt d'ainmneacha na ngnéithe aiceanta eile nó do mhionainmneacha eile sa cheantar taighde ab fhéidir a chur i gcomparáid le hainmneacha an lae inniu. Ina measc seo bhí na foinsí luatha Gaeilge, m.sh. Féilirí na Naomh, an Dinnseanchas; foinsí luatha eaglasta as Laidin, m.sh. *Alen's Register, Register of the Hospital of St. John the Baptist, Calendar of Papal Letters*; foinsí stáit de chuid na Sean-Ghall agus na Nua-Ghall, m.sh. *Calendar of Justiciary Rolls, Calendar of Documents relating to Ireland* (13ú haois); *Calendar of Fiants...* (16ú haois); *Inquisitiones Lageniæ, Calendar of Patent Rolls of James I* (tús an 17ú haois); na suirbhéanna Cromalacha *Down Survey, Book of Survey and Distribution*, 'Daonáireamh/Census' 1654, *Civil Survey* (lár an 17ú haois); agus mar sin de. Ní raibh le fáil sna foinsí sin ach tagairt an-fhánach bhreise do na mionainmneacha faoi chaibidil ach ba mhór an chabhair an comhthéacs a bheith scrúdaithe as an nua.

Toisc an tseilbhíocht sheasta ag na tiarnaí talún sa dá ghleann seo is beag a bhí le fáil sna gníomhais talún i gClárlann na nGníomhas (*CGn.*), agus ar an drochuair ní luaitear ach aon mhionainm amháin sa suirbhé a rinneadh ar thailte Ghleann an Smóil i 1771. Spléachadh ar an saibhreas mionainmneacha atá folaithe orainn san 18ú haois is ea léarscáil a rinneadh i 1752 de phaiste beag talún (44 acra) a bhí ina chnámh spairne idir gabháltas an Spéicéir Conolly i Mountpelier lastoir agus gabháltas Ardeaspag Bhaile Átha Cliath i nGleann an Smóil laistiar (féach Fig. 34): léirítear trí cinn de mhionainmneacha Gaeilge an-ghairid dá chéile chun na teorainneacha a bheachtú.⁹⁰

Ceadaíodh cáipéisí uile na Suirbhéireachta Ordanáis ansin: ní hamháin na Litreacha a scríobh Eoghan Ó Comhraí mar chuntas ar a chuid obair pháirce i gContae Bhaile Átha Cliath (LSO) agus na hAinmleabhair inar bhreac sé foirmeacha Gaeilge ón gcaint (AL) (féach 2.1.4), ach anuas air sin na Dréachtléarscáileanna (DLSO=OS Fair Plan), na hImprisin Phrofála (IPSO=OS Proof Impression), na Meamraim (MSO=OS Memoranda), na hAinmleabhair Athbheithnithe agus tuilleadh cáipéisí nach iad.⁹¹ Is ar na cáipéisí tánaisteacha seo, go háirithe sna Dréachtléarscáileanna agus sna Meamraim, atá an cur is cúiteamh maidir le litriú críochnaitheach na mionainmneacha ar an mapa le rianú. Scrúdaíodh go mion iad ar lorg solaoidí de na hainmneacha a greanadh ar an gcéad

⁸⁸ <<https://www.logainm.ie/download/an-tordu-logainmneacha-contae-bhaile-atha-cliath-2011.pdf>>

⁸⁹ Mar atá, **GS**: *bf Aill an Ghabhair, bf An Baile Mór, bf Bóthar na Bruíne, bf Caisleán Uí Cheallaigh, bf An Carraigín, bf Cionn Ard, bf Glaise na Muice, bf Mothar Ghlaise na Muice*; **GC**: *bf An Baile Breac, bf An Bhrocaigh, bf Buaile an Araltaigh, bf An Gleann Dubh*; **TS**: *bf Gleann an Ráithín, bf Gleann na Raithní, bf An Log, bf An Slád Mór*.

⁹⁰ I gcló in Refaussé & Clarke 2000: 74.

⁹¹ Is mór an trua é nach raibh an ceantar sléibhtiúil seo clúdaithe in Ainmleabhair na gCnoc ('Hill-Drawing Namebooks') a cuireadh le chéile idir 1840 agus 1848, nach raibh i gceist ach *CC, Ga, DG, ME* (de hÓir 1964).

eagrán den SO 6" a thagann salach ar obair pháirce Uí Chomhraí. Fuarthas amach freisin gur bhailigh EÓC tuilleadh logainmneacha Gaeilge, sa dá ghleann, nár luaigh sé riamh in LSO ná in AL.⁹²

De réir ghnáthchleachtas an Bhrainse Logainmneacha leagadh amach an fhianaise stairiúil as na foinsí seo go léir i dTacar Logainmneacha in ord aimsire ar thábla simplí a léiríonn Dáta, Litriú, Foinse agus Nótaí Breise, mar a fheicfead thíos. Is minic ar ndóigh nach raibh le fáil ach aon litriú nó fuaimniú áitiúil amháin.

3.2.2 Taighde páirce

Lorgaíodh cead eitice i dtosach báire. Tar éis don taighdeoir freastal ar chúrsa eitice taighde sa Scoil Eitice, DCU, cuireadh iarratas le mionchuntas ar an taighde faoi bhráid an Choiste Eitice, a thug cead.

Ag cloí leis an dea-chleachtas a gcuirtear síos air in **2.1.6**, bhí na foirmeacha stairiúla le cur i gcomparáid leis an bhfuaimniú áitiúil chun bunús an logainm a dhéanamh amach ar bhonn teangeolaíochta. I gceantair sheanghallda ní go rómhínic a chaitheann an foghrú áitiúil mórán solais ar bhunús logainmneacha, seachas b'fhéidir chun ceisteanna faoin bpatrún béime a réiteach. I dtionscadal mionainmneacha, áfach, is minic a bhítear ag brath go huile is go hiomlán ar an bhfuaimniú béarlaithe amháin. Maidir leis na páircainmneacha agus na mionainmneacha eile atá in úsáid ag muintir GS agus GC sa lá atá inniu ann, nó a bhí go dtí le déanaí, ba é an beart ba phráinní samplaí éagsúla den fhuaimniú áitiúil a thaifeadadh ó na faisnéiseoirí is iontaoifa, uathu siúd a úsáideann na hainmneacha go laethúil nó a chloiseadh iad i ngnáthúsáid ag an seandream tráth, i gcás ainmneacha atá ar an dé deiridh. Rinne an taighdeoir obair pháirce i nGleann an Smóil den chéad uair i Meán Fómhair 2018, ag déanamh fiosruithe ar son an Bhrainse Logainmneacha mar gheall ar chnuasach mionainmneacha a foilsíodh go háitiúil (*FNGS*). Nuair a chéadcheapadh an tráchtas seo chuaigh an taighdeoir ag triall ar na faisnéiseoirí eile a sholáthair na logainmneacha don tionscadal sin. Ar mhúnla dhea-chleachtas obair pháirce an Bhrainse Logainmneacha rinneadh gach iarracht, ar bhealaí éagsúla, na leaganacha is nádúrtha a úsáidtear sa chaint a aimsiú.

De dheasca na srianta taistil le linn na paindéime⁹³ ní raibh sé d'aga ag an taighdeoir aon agallaimh phearsanta a dhéanamh go dtí 2022. Faoin tráth sin bhí an tráchtas leathnaithe amach ó mháistreacht ag díriú ar GS go dtí dochtúireacht ag díriú ar GS agus GC araon. Cuireadh na logainmneacha Gaeilge a tháinig chun solais de bharr an taighde chartlainne (**3.2.1**) faoi bhráid mhuintir na ngleannta chun a dhéanamh amach cé mhéad acu a mhaireann go dtí an lá inniu. I ndeireadh na dála, aimsíodh 11 fhaisnéiseoir maith sa dá ghleann a sholáthair leaganacha beo. Rinneadh gach iarracht suíomh na n-ainmneacha seo agus ainmneacha eile a bheachtú le muintir na ngleannta. Fiosraíodh fuaimniú áitiúil ainmneacha na mórghnéithe aiceanta agus rinneadh iarracht eolas breise a sholáthar fúthu siúd. Nuair a thángthas ar thaifead de 17 gcainteoir ar théipeanna

⁹² Tá an t-ábhar seo in MSO pléite ag an taighdeoir in Mac Giolla Chomhghaill 2023 [i. léacht don UPNS] agus in achoimre in Aguisín M.

⁹³ Paindéim COVID-19 (2019–2023).

Chnuasach Béaloidis Éireann le linn na tréimhse taighde,⁹⁴ ina raibh mionainmneacha sa dá ghleann le fáil, cuireadh a gcuid foirmeacha siúd san áireamh agus cuireadh faoi bhráid mhuintir na ngleannta iad.

Lorgaíodh eolas i dtaobh na gné nó na háite atá faoi thagairt i ngach ainm, m.sh. cáilíocht na talún, úsáid talmhaíochta agus mar sin de. Ní raibh a leithéid ar eolas i ngach cás. Tá gach logainm de bhunús Gaeilge ‘doiléir’ do mhuintir na háite anois, nach mór (cf. **2.2.2** thuas); tá tuiscint éigin ar na hiasachtaí Brl. *inch* agus Brl. *curragh*. Fiosraíodh freisin forleithne úsáide na n-ainmneacha: rinneadh iarracht chun a fháil amach ó gach faisnéiseoir an raibh eolas nádúrtha acu ar na mionainmneacha a sholáthair na faisnéiseoirí eile. Is beag eolas a bhí ag éinne acu lasmuigh dá limistéir féin.

Tras-scríobhadh fuaimniú áitiúil na logainmneacha de réir chóras a chuireann blas suntasach Béarla na háite in iúl. Córas cuíosach cúng, léirithe le [...], a d’úsáid an taighdeoir don tras-scríobh a rinne sé féin beo nó as agallaimh thaifeadta de ghnáth. Rinneadh iarracht na défhoghair agus na tréfhoghair ‘Bhaile Átha Cliathacha’ ar réaduithe iad ar na príomhghutaí fada a léiriú, m.sh. [ɛʊ], [ɛwɜ] </u:/; [aʊ], [awɜ] </o:/ . (Córas leathan foinéimeach, léirithe le / ... / atá le fáil i roinnt samplaí eile as cartlann an Bhrainse Logainmneacha.)

3.2.2.1 Na faisnéiseoirí

Ag seo liosta na bhfaisnéiseoirí a sholáthair na mionainmneacha. (Rugadh agus tógadh gach faisnéiseoir sa bhaile fearainn a chuirtear ina leith, go bhfios don taighdeoir, mura sonraítear a mhalairt. Rinneadh cúpla agallamh díobh seo thíos thar an nguthán le linn na paidéime; chuirtear ceisteanna beaga fánacha ar chuid de na faisnéiseoirí i dtéacsanna freisin.)

Gleann an Smóil (taifid nua)

X1	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> Cionn Ard]	r.1950?	[taifead] (a) 2018, [fón] (b) 2020
X2	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> Caisleán Uí Cheallaigh]	r.1965?	[scríofa] (a) 2021, [taifead] (b) 2022, [scríofa] (c) 2023
X3	[fear (múinteoir scoile), <i>bf</i> Aill an Ghabhair]	r.1965?	2022
X4	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> An Baile Mór]	r.1955?	2023
X5	[buachaill óg, <i>bf</i> An Baile Mór]	r.2010?	2023
X6	[bean (feirmeoir), <i>bf</i> Glaise an Mhulláin]	r.1955?	2023

⁹⁴ Bailiúchán Shéamais Mhic Philib .i. Urban Folklore Project [UFP] (1979–1980), ar thug sé féin ‘Tionscnamh Béaloidis sa gCathair’ air as Gaeilge (CBÉ LS 1985: 1).

Gleann Cuilinn (taifid nua)

Y1	[fear, <i>bf</i> Barr na Coille]	r.1950?	2021
Y2	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> An Baile Breac]	r.1938	2022
Y3	[bean (feirmeoir), <i>bf</i> An Baile Breac]	r.1940?	2022
Y4	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> An Baile Nua]	r.1933	2022
Y5	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> An Gleann Dubh]	r.1945?	2022

Seantaifid

Z1	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> Cionn Ard]	r.1903	1980: (a) UFP0616, (b) 617, (c) 624A ⁹⁵
Z17	[bean (feirmeoir), <i>bf</i> Cionn Ard]	r.1903	1980: (a) UFP0616, (b) 617, (c) 624A
Z2	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> Glaise an Mhulláin]	r.1930?	1980: UFP0624B
Z3	[bean (feirmeoir), <i>bf</i> Glaise an Mhulláin]	r.1930?	1980: UFP0624B
Z4	[buachaill óg 1, <i>bf</i> Glaise an Mhulláin]	r.1970?	1980: UFP0624B
Z5	[buachaill óg 2, <i>bf</i> Glaise an Mhulláin]	r.1965?	1980: UFP0624B
Z6	[bean, <i>bf</i> Cionn Ard/Caisleán Uí Cheallaigh?]	r.1930?	1980: UFP0624D
Z7	[fear, <i>bf</i> Cionn Ard/Caisleán Uí Cheallaigh?]	r.1925?	1980: UFP0624D
Z8	[buachaill óg 1, <i>bf</i> Cionn Ard/Caisleán Uí Cheallaigh?]	r.1970?	1980: UFP0624D
Z9	[buachaill óg 2, Cionn Ard/Caisleán Uí Cheallaigh?]	r.1965?	1980: UFP0624D
Z10	[bean, <i>bf</i> Buaile an Araltaigh (rugadh i gContae Chill Mhantáin)]	r.1900	1980: UFP0378
Z11	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> Buaile an Araltaigh]	r.1900	1980: UFP0621, 622, 623
Z12	[fear (feirmeoir), <i>bf</i> An Baile Breac]	r.1920?	1980: UFP0621, 622, 623
Z13	[fear (oibrí bóithre), [<i>fb</i>] An Bhrocaigh, <i>bf</i> An Baile Breac]	r.1920?	1980: UFP0378B
Z14	[fear, <i>bf</i> Buaile na Scornaí]	r.1910?	<i>phono.logainm.ie</i>
Z15	[bean, <i>bf</i> Buaile na Scornaí]	r.1915?	<i>phono.logainm.ie</i>
Z16	[fear, <i>bf</i> Buaile na Scornaí]	r.1900?	1980: UFP0618, 619, 620

3.2.3 Cur i láthair an Tacair Logainmneacha

Theastaigh an corpas logainmneacha seo a chur i láthair i bhfoirm bunachair sonraí ina mbeadh iontráil ar leith ag gach áit/logainm faoi <uimhir thagartha + ceannfhoirm> sainiúil, áit a dtabharfaí eolas faoi shuíomh an logainm, fianaise scríofa, fianaise ó bhéal, eolas áitiúil ina thaobh, rangú na n-eilimintí Gaeilge, nótaí gonta tráchtairachta agus na bunghnéithe canúineolaíochta a d'fhéadfaí thuiscint as an logainm. Dá bhrí sin, aon áit a mbuailfí le hainm ar leith ar fud an tráchtais d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh dá phríomhiontráil seo. Ar an bpríomhchorpas seo a thugtar an Tacar Logainmneacha (Caibidil 4). Tá an Tacar Logainmneacha roinnte mar seo a leanas:

⁹⁵ NB le linn agallamh Z1c d'aithris an faisnéiseoir cúpla dán a chum sé féin ina raibh roinnt logainmneacha luaite. Tharla nach sa ghnáthchaint a bhí na samplaí seo á rá marcáiltear a leithéid mar Z1c* sa tábla fianaise i gCaibidil 4 thíos.

GS1: Seanainmneacha i nGleann an Smóil

- (a) Ainmneacha Gaeilge a breacadh i bhfoinsí SO (EÓC den chuid is mó)
- (b) Ainmneacha stairiúla eile nach maireann

GS2: Ainmneacha an lae inniu i nGleann an Smóil

- (a) Talamh ard taobh thoir de Chipiúr
- (b) Talamh ard taobh thiar de Chipiúr
- (c) Ainmneacha fánacha ó Bhailiúchán na Scol 1937
- (d) Mionainmneacha thoir
- (e) Mionainmneacha theas
- (f) Mionainmneacha thiar

GC: Gleann Cullinn

- (a) LSO agus ainmneacha stairiúla taobh theas den abhainn
- (b) LSO agus ainmneacha stairiúla taobh thuaidh den abhainn
- (c) Mionainmneacha an lae inniu

TS: Tamhlacht agus Teach Sagard

- (a) LSO agus ainmneacha stairiúla
- (b) Ainmneacha breise a fuarthas sa 20ú haois

I ngach iontráil, leagtar amach a raibh bailithe d'fhoirmeacha scríofa, d'fhoirmeacha cainte agus d'eolas ábhartha eile faoi gach áit ar leith san fhormáid seo a leanas:

[léarscáil(eanna) SO den áit]/[léaráid cháilíocht talún *epa.ie*]/
[grianghraf den áit]/[íomhá as an Ainmleabhar]

#Uimhir, m.sh. **GS2.23** [#23 sa tacar GS2]

Ceannfhoirm Ghaeilge le “míniúchán Béarla”

[= *Litriú* SO más ann dó]

Brl. *Name in English* mura bhfuil aon iarsma den ainm Gaeilge ann.

A. Foirmeacha ó bhéal: [féach 3.2.2]

Dáta	Foirm	Cainteoir
	1. /foirm fhóinéimeach/	(XX)
	2. [foirm fhoghrúil]	(YY)

B. Foirmeacha scríofa: [féach 3.2.1]

Dáta	Litriú	Foinse	Nótaí
	3. <foirm bhéarlaithe/laidinithe>		
	4. <foirm Ghaeilge>		

C. Eolas áitiúil: [Blúiríocha beaga as na hagallaimh]

- <'no stream in it' (XX)>
- <'tilled in the old days' (YY)>

D. Suíomh agus talamh:

- D1.** *suíomh an logainm:* cuntas beacht, ag tagairt go minic don léarscáil.
- D2.** *cáilíocht na talún* de réir na léaráide *epa.ie* agus de réir an eolais áitiúil.
- D3.** an *úsáid* a bhaintear as an bpáirc, m.sh. *iníor* nó díreach *capaill* a choimeád.

E. Tráchtareacht:

[**E.** Tugtar i dtosach báire aon nóta ginearálta nach dtiteann faoi 1–4 thíos agus tarraingítear aird ar aon Samplaí eile den logainm céanna sa cheantar nó in áiteanna eile.]

E1. *Struchtúr* an logainm: m.sh. <[A+C] *af+alt+af* (III)>

E2. *Aicmitheoir(t)* [A] — plé teangeolaíoch. Cuirtear líne faoin míniú a mheastar atá cruinn [le tagairt do *eDIL*, *FGB*, *Dinn.*, srl.] agus luaitear Samplaí eile. Uaireanta pléitear aicmitheoirí eile a mheastar atá Éiginnte nó An-éiginnte nó Éadócha nó An-éadócha.

E3. *Cáilitheoir(t)* [C] — plé teangeolaíoch, ar aon dul le **E2**.⁹⁶

E4. *Rangú tíopeolaíoch* — de réir na bpríomhchatagóirí (féach 3.4 thíos): m.sh. <A: ARDÁN + C: AINMHÍ>

F. Canúint:

Aon ghné canúna atá le sonrú san fhianaise agus a bheidh le plé i mír 5.2, m.sh.

- <-abha->
- <Iolra Brl. -s>

Sa chás go bhfuil go leor fianaise stairiúil le fáil don logainm cheana ar Bhunachar Logainmneacha na hÉireann scríobhtar <A., B. *logainm.ie* #xxxxx> le nasc beo chun an léitheoir a threorú go dtí an iontráil chuí, agus ní thugtar ansin ach foirmeacha inspéise a bhailigh an taighdeoir de bhreis air sin nó foirmeacha suntasacha eile.

Faoi Mhír **E.** (Tráchtareacht) de gach iontráil sa Tacar Logainmneacha a dhéantar anailís ar an bhfianaise ar bhonn teangeolaíochta, agus a phléitear go gonta an réasúnaíocht a thug ar an taighdeoir an ceannainm Gaeilge a mholadh i ngach cás. Tá plé déanta cheana ar an gcur chuige eolaíoch a leanann an Brainse Logainmneacha ina chuid taighde is anailíse (**2.1.4**). Ach, faoi mar a bheifí ag súil i dtionscadal ar bith a phléann mionainmneacha i gceantar seanghallda, is minic an

⁹⁶ NB is féidir *aicmitheoir* a bheith cáilithe le *aicmitheoir* eile, m.sh. **Fearann an Mhullaigh**; cuirtear a leithéid d'aicmitheoir tánaisteach faoi **E3**.

fhianaise gannchúiseach sa tráchtas seo i gcomparáid leis na saothair eile úd a phleánn le mórlogainmneacha riaracháin. Thuig Ó Cíobháin fadhb seo na mionainmneacha go maith, fiú agus é ag plé le ceantar ina raibh teacht aige ar dhornán sean-Ghaeilgeoirí fós (2.2.1). Uaireanta bhí an taighdeoir seo ag dul i bhfiontar agus gan le fáil ach foirm aonair de logainm, agus í sin seanbhéarlaithe. I gcás nó dhó níor éirigh leis ceannfhoirm shásúil Ghaeilge a shocrú agus fágadh an t-ainm sa litriú Béarla nó leath-Ghaeilge ina raibh sé le fáil.

3.2.4 Foroinnt an Tacair Logainmneacha

Tá trí mhór-roinn déanta den Tacar Logainmneacha (3.2.3) ar bhonn geografaíochta, mar atá GS [Gleann an Smóil], GC [Gleann Cuilinn] agus TS [Tamhlacht agus Teach Sagard]. Tá GS féin roinnte ina dhá chuid, mar atá GS1 agus GS2.

GS1

- (a) Na logainmneacha a scríobh Ó Comhraí i LSO agus i MSO is túisce a phléitear. Tá siad seo uimhrithe san ord a luaitear na logainmneacha sna litreacha a scríobh Ó Comhraí 26/7/1837, 2/8/1837, 23/8/1837, d'fhonn is go mbeidh leanúnachas sa Tráchttaireacht mar chuntas ar na trí chuairt seo a thug sé ar an ngleann.
- (b) Ansin, na foirmeacha áitiúla de logainmneacha a bhreac EÓC san AL le linn dó a bheith ar obair pháirce sa ghleann ar na dátaí thuas, agus ina ndiaidh sin iontrálacha eile as an AL.
- (c) Ina ndiaidh sin an dornán tagairtí ag George Petrie do logainmneacha sa ghleann, bunaithe ar eolas áitiúil ar cosúil gurb iad lucht taighde na SO a sholáthair é, agus
- (d) Ar deireadh, logainmneacha eile atá fianaithe i bhfoinsí a bhí ann roimh aimsir na SO ach (i) nach luaitear i gcáipéisí na SO agus (ii) nach raibh in úsáid go háitiúil sa 20ú/21ú haois.

Fágann sin an cruth seo a leanas ar Roinn 1:

#1–33:	SO (LSO/MSO (EÓC))
#34–42:	SO (AL)
#43–45:	SO (Petrie)
#46–56:	Foinsí stairiúla eile

GS2

Logainmneacha an lae inniu .i. na logainmneacha as foinsí scríofa de chuid an 20ú/21ú haois, as téipeanna a taifeadh i 1980 agus as obair pháirce an taighdeora. Roinntear an ceantar taighde ina cheithre fhocheantar gheografacha, mar atá [A] Marcanna na bhfeirmeoirí caorach (ar an talamh ard sa choimíneacht ar na cnoic den chuid is mó), [B] Mionainmneacha thoir, [C] Mionainmneacha theas, [D] Mionainmneacha thiar — tá siad seo léirithe ar Fhig. 10.




Fig. 10: Gleann an Smóil — focheantair gheografacha.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

Cuirtear anseo freisin dornán mionainmneacha as *BnS* nach bhfuil a suíomh ar eolas go cinnte. Fágann sin go roinntear na logainmneacha i Roinn 2 (ainmneacha de chuid an 20ú/21ú haois) mar seo a leanas:

- #57–72: Ceantar [A1] (Marcanna na bhFeirmeoirí thoir)
- #73–82: Ceantar [A2] (Marcanna na bhFeirmeoirí thiar)
- #83–87: Bailiúchán na Scol [a bhaineann leis an gceantar thiar]
- #88–111: Ceantar [B] (Mionainmneacha thoir)
- #112–142: Ceantar [C] (Mionainmneacha theas)
- #143–174: Ceantar [D] (Mionainmneacha thiar)

GC

Pléitear na hainmneacha a bhailigh EÓC ar dtúis agus ainmneacha an lae inniu ansin. Ní roinntear an gleann seo ach ina thaobh theas agus thaobh thuaidh den abhainn, agus ansin de réir foinsí:

#175–188	SO (.i. LSO/MSO (EÓC)) taobh theas
#189–190	Foinsí stairiúla eile taobh theas
#191–219	SO (.i. LSO/MSO (EÓC)) taobh thuaidh
#220–239	Tar éis na SO taobh theas
#240–262	Tar éis na SO taobh thuaidh

TS

#263–313	SO (LSO/MSO (EÓC))
#314–323	Foinsí eile

3.3 Cúlra an cheantair taighde

Tá cur síos cuimsitheach ar an gcúlra geografach, stair na lonnaithe agus an stair shóisialta don dá ghleann le fáil in Nolan 1992 agus Ryan 2021 (2.3). Pléadh thuas a bhfuil maíte ag údáir áirithe i dtaobh staid na teangan sa cheantar sa 19ú haois (agus fiú sa 20ú haois) (2.4), agus tugtar in Aguisín O a bhfuil le fáil sna taifid paróiste faoin triúr Gaeilgeoirí a ainmnítear i LSO 1837 .i. Liam Ó Reachtúra, Úna Ní Reachtúra agus Aindrias Ó Gabhann.

3.4 Anailís ar na logainmneacha (C5)

Ó thaobh na hanailíse de, ní mór cuimhneamh nach bhfuil sa tacar iomlán mionainmneacha don cheantar taighde ach 323 logainm Gaeilge molta.⁹⁷ Ní sampla fairsing randamach é seo de logainmneacha Gaeilge an cheantair; níl ann ach na hainmneacha a thagann anuas chugainn ar ámharaí an tsaol. Dá bhrí sin tá teora leis an tatal is féidir a bhaint as mar chorpas ó thaobh anailíse staitistiúil de. Mar sin féin, is féidir rangú a dhéanamh ar na hainmneacha Gaeilge ar bhonn tíopeolaíochta agus iniúchadh áirithe a dhéanamh ar na heilimintí Gaeilge féin ó thaobh minicíochta agus séimeantaice de, agus sin é a dhéantar i mír 5.1. Pléitear a bhfuil le fáscadh as an tacar logainmneacha maidir le leideanna ar fhuaimniú na Gaeilge sa cheantar i mír 5.2.

Tugtar cuntas ar na difríochtaí inspéise atá le sonrú ó na foirmeacha ó bhéal a taifeadh i 1980 agus iadsan a taifeadh le linn an tráchtais seo (2018–2023) i mír 5.3.

⁹⁷ NB: Tá na leaganacha oifigiúla Gaeilge de na hainmneacha riaracháin agus den chuid is mó de na mórlogainmneacha eile sa cheantar taighde seo (m.sh. gnéithe aiceanta) dearbhaithe le fada agus is iad na leaganacha sin a úsáidtear i gcorp an tráchtais. Mar shampla, ‘...ar leirg Chnoc an Bhaile Mhóir...’ agus *Ballymorefinn Hill* i gceist. Ach cé nach ndéantar aon athbhreithniú ná léirmheas anseo ar na leaganacha oifigiúla sin *per se*, b’éigean don taighdeoir ceannfhoirm a mholadh a bhí éagsúil ón bhfoirm oifigiúil i gcás nó dhó a bhí níos gaire don fhianaise, ar mhaithe leis an gcéim anailíse (m.sh. ***Buaile Mhurcha Fhinn** [GS1.33] in ionad an leagan oifigiúil *bf An Baile Mór/Ballymorefinn* (#17425)).

Pléitear roinnt gnéithe inspéise den phróiseas béarlaithe i mír 5.4. I mír 5.5 féachtar ar mhionainmneacha Ghleann an Smóil agus Ghleann Cuilinn amháin chun an cóimheas ainmneacha *Gaeilge : Béarla* a ríomh. Cuirtear an cóimheas seo i gcomparáid le dhá bhailiúchán chuimsitheacha eile a bhí dírithe ar pháircainmneacha go sonrach, ceann amháin 10km slí ó bhaile i gContae Chill Mhantáin agus an ceann eile i gContae Laoise.⁹⁸

3.4.1 Rangú

Sa chéad roinn (5.1) rangáítear na mionainmneacha de réir struchtúr (5.1.1) agus ansin de réir an rangaithe/aicmithe atá déanta ar gach ainm i mír E (Tráchttaireacht) de Chaibidil 4 (5.1.2, 5.1.3). Pléitear na logainmneacha ó thaobh séimeantaice agus minicíochta de i ndiaidh liosta rangaithe do gach focheantar de chuid an cheantair taighde. Cuirtear na sonraí sin i gcomparáid lena macasamhail (in achoimre) as na ceantair eile máguaird (a bhfuil rangú déanta orthu ag an taighdeoir in Aguisín P), i mír 5.5.1.

Is iad seo a leanas na struchtúir éagsúla ó thaobh dheilbhíocht na Gaeilge de (*af*: ainmfhocal; *aid*: aidiacht; *#*: uimhir; *dobr*: dobhriathar; *abr*: ainm briathartha; *díl*: ainm dílis [*ap*: ainm pearsanta; *log*: logainm ar leith; *sl*: sloinne]) (cf. *LME* 1: 12–27), rangaithe de réir grúpaí I–V:

I.	II.	III.	IV.	V.
af+alt+af	(alt+)af+aid	(alt+)af	af+ap	af+af
af+alt+af+aid	(alt+)af+dobr/abr		af+ap+aid	af+af+aid
[?af+af+alt+af]	[af+rf+af]		[?af+sl?]	af+af+aid+af
[?af+alt#+af]	af+rf+#+af		af+log	[?af+af+alt+af]
af+aid+alt+af			[?af+ap+sl?]	[?#+af+af]

Déantar na hainmneacha a rangú freisin de réir teaglaim dá gcuid buneilimintí struchtúir, mar atá **A**[icmitheoirí], **C**[áilitheoirí], **S**[uíomheilimintí], **U**[imhreacha] agus **D**[íspeagthaí] ionas gur fusa iad a chur i gcomparáid leis na mionainmneacha Béarla i mír 5.5.2.

Tá na haicmitheoirí grúpaithe mar seo a leanas (bunaithe go garbh ar mhúnla chuid de na bailiúcháin Ghaeilge úd atá pléite cheana (2.2.2) .i. Mac Aodha, Mac Mathúna, Ó Catháin, Lankford agus go háirithe Mac an Bhaird):

- GNÉITHE AICEANTA: ARDÁN (m.sh. **carraig, cnoc, leacain, sliabh**, srl. ... ach freisin **cloch** mar chloch aonair i lár goirt agus mar sin de),
- GNÉITHE AICEANTA: ÍSLEÁN (m.sh. **gleann, log**, chomh maith le talamh (íseal) fliuch m.sh. **currach, móin**),
- GNÉITHE AICEANTA: UISCE (uisce reatha, uisce seasta, toibreacha, m.sh. **glaise, linn, sruthán, tobar**),
- GNÉITHE AICEANTA: ILGHNÉITHEACH (m.sh. **coill, mongán, ruán**);
- CUMARSÁID (m.sh. **áth, bearna, bóthar**);

⁹⁸ Céitinn 1998 agus *BPR* atá i gceist.

- DAONRA (lonnaíocht idir shean is nua, m.sh. **baile, ráth, ráithín**);
- FOIRGNEAMH TUATA (m.sh. **áith, caisleán, cró, geata, teach**);
- FOIRGNEAMH EAGLASTA (m.sh. **teampall, reilig**);
- SAORGA (m.sh. **carn, claí, leaba, móitín, tuaim**);
- GORT & GARRAÍ (m.sh. **bánóg, buaile, ceapóg, cúil, fearann, garraí, páirc**).

Tá na cáilitheoirí grúpaíthe mar seo a leanas ar mhaithe le simplíocht (bunaithe ar Mhac an Bhaird 1982):

- UISCE (m.sh. **uisce féin, guairneán** “whirlpool”, srl.);
- GAOTH/SOLAS (m.sh. **grian, gaoth**);
- MIANRA (m.sh. **cloch, gaineamh, ór**);
- PLANDA (*crann*: m.sh. **caorthann**; *barra*: m.sh. **seagal**; *toradh*: m.sh. **sceachóir**; *eile*: m.sh. **aiteann, luachra**);
- AINMHÍ (*ainmhí clóis*: m.sh. **coileach, capall**; *mamaigh*: m.sh. **cat, sionnach**; *éanlaithe*: m.sh. **fiach, iolar**; *éisc*; *feithidí*);
- DUINE (*sa teaghlach*: **buachaill, duine**; *sa sochaí*: **aoire, gréasaí, rí**; *fisiciúil/intleachtúil*: **lobhar, gealt**; *corp*: **abhra, cluas**; *cine*: **Ultach**);
- AINM (*ainm pearsanta Gaelach/réamh-Angla-Normannach*: **Eoghan, Santán**; *sloinne Gaelach*: **Ó Ceallaigh**; *ainm pearsanta AN*: **Eilís**; *sloinne AN*: **An tAraltach**);
- DÉANTÚSÁN (m.sh. **bardóg, saighead**);
- BIA (m.sh. **salann**);
- BRUSCAR (m.sh. **cac**);
- OSNÁDÚRTHA (m.sh. **púca, síóg**);
- GNÍOMHAÍOCHT (m.sh. **loisceadh**);
- (AIDIACHTAÍ) TREOCHA (m.sh. **trasna**);
- AIDIACHTAÍ (*dathanna*; na péirí codarsnachta amhail **mór/beag, fada/gearr, garbh/mín, sean-/nua, ard/íseal, fliuch/tirim, leathan/caol**, srl.; aidiachtaí *eile* nach féidir a rangú mar sin).

Measann an taighdeoir go bhfuil dóthain sainiúlachta sa chur chuige seo chun corpais logainmneacha idir bheaga agus mhóra, idir Ghaeilge agus Bhéarla, a láimhseáil go héifeachtach. Tá sé neodrach go leor is nach bhfuil an iomarca mioneolais faoi chúlra na n-ainmneacha riachtanach, go háirithe sna cáilitheoirí — m.sh. ‘possessive’ os coinne ‘commemorative’ i gcás logainmneacha a bhfuil ainmneacha pearsanta nó sloinnnte iontu (féach 2.2.2).

3.4.2 Comparáid

Déantar na sonraí minicíochta do na haicmitheoirí agus do chuid de na cáilitheoirí a chur i gcomparáid le chéile, thar roinnt tacar as ceantair éagsúla. Féachtar ar na téarmaí is mó sampla

i ngach tacar agus ansin ar na téarmaí úd nach bhfuil ach solaoídí aonair le fáil i ngach ceantar agus tarraingítear aird dá réir sin ar na cosúlachtaí agus ansin na neamhréireanna idir na tacair. Cuirtear síos ar na deacrachtaí a bhaineann leis an gcur chuige seo i mír **5.5**.

3.5 Canúint

Is ámharach mar a thit clár oibre an Bhrainse Logainmneacha amach le blianta beaga anuas sa tslí is go raibh taighde córasach á dhéanamh ar chúig cinn de chontaetha teorantacha i sean-Chúige Laighean i ndiaidh a chéile. Dréachtaíodh orduithe logainmneacha do Chontaetha Cheatharlach, Loch Garman agus Laoise idir na blianta 2015 agus 2018, bunaithe ar thaighde a bhí ar siúl ar feadh tamaill mhaith roimhe sin arís; críochnaíodh Contaetha Chill Mhantáin agus Chill Dara le déanaí (2023). Tá cuid de na ceantair sna contaetha seo chomh seanghallda sin gur deacair aon leid a fháil ar chanúint dhéanach Ghaeilge na háite i gcáipéisí de chuid an 18ú/19ú haois, an tréimhse is fearr a léirítear gnéithe canúna san fhianaise ghallda i gceantair eile. É sin ráite, is féidir tairbhe a bhaint as sonraí a thagann chun solais má tá siad ar aon fhocal i dtaobh gné canúna ar leith, má tá siad leanúnach go leor agus más féidir iad a sheiceáil agus a chur i gcomparáid lena macasamhlacha i gcorpais eile i gceantair eile. Sampla amháin de nós atá le sonrú ar fud shean-Chúige Laighean go dtí seo is ea cailliúint **-th-** /-h-/ leathan idir ghutaí gairide, le fadú cúitimh ar an nguta a mhaireann (m.sh. *bf An Ráth Leathan/Rathlyon* ([#3522](#)) (*Ce* 8, 9): ‘Rathlahyne’ (1601), ‘*Raith* laan’ (1839); *bf An Currach Leathan/Curraghlan* ([#55892](#)) (*CM* 39, 44): ‘Curraghlaan’ (1832), ‘*Currach leáthan*’ (1839)). Cé gur gné é seo a d’fhéadfadh a bheith curtha i gcéill ag an bpróiseas béarlaithe ar logainm fánach (cuireann an Béarla féin suas de /-h-/ idirghutach de ghnáth), tá sé le fáil chomh forleathan sin sna foirmeacha stairiúla traslitrithe sna contaetha seo go measann taighdeoirí an Bhrainse Logainmneacha nach aon truailliú de chuid an bhéarlaithe é ach gurb amhlaidh is nós de chuid na Gaeilge féin é a bhain le mórchanúint an oirdheiscirt tráth dá raibh chomh maith lena bhaineann sé le canúint Oileáin Árann inniu.

Dá bhrí sin, bíodh is gur ar na heilimintí logainmníochta féin is mó atá an anailís dírithe sa tráchtas seo, tarraingítear aird freisin — go han-cháiréiseach — ar ghnéithe dá leithéid atá suntasach ó thaobh na canúineolaíochta de, de réir mar a bhailtear leo sa tráchttaireacht. Ní gá a rá gur ag dul i bhfiontar atá éinne a bheadh ag iarraidh an iomarca adhmaid a dhéanamh de bhailiúchán beag logainmneacha seanbhéarlaithe mar nod ar chúrsaí canúineolaíochta, ach mar chéim dheiridh san anailís ar an gcorpas Gaeilge i mír **5.2** tugtar breithiúnas macánta ar a bhfuil le fáscadh as an genuasach ina leith seo, ní chun canúint a athstruchtúrú, ná baol air, ach chun gnéithe d’fhuaimniú déanach na Gaeilge i ngleannta Chontae Bhaile Átha Cliath a dhéanamh amach.

Ach ní anailís go sonraí iontaofa, agus is ar mhaithe lena leithéid a ghiniúint a scrúdaítear an fhianaise do gach logainm go cúramach, ceann ar cheann, i gCaibidil **4**.

4. An Tacar Logainmneacha

Meabhrúchán: **A.** Foirmeacha ó bhéal. **B.** Foirmeacha scríofa. **C.** Eolas áitiúil. **D.** Suíomh agus talamh: **D1.** Suíomh an logainm; **D2.** Cáilíocht na talún; **D3.** Úsáid. **E.** Tráchtairacht: **E1.** Struchtúr an logainm; **E2.** Aicmitheoir(í); **E3.** Cáilitheoir(í); **E4.** Rangú tíopeolaíoch. **F.** Canúint.

GS1: Gleann an Smóil — EÓC, SO agus foinsí stairiúla eile




Fig. 11: LSO lch.47 (14 C 15/20) (EÓC 2/8/1837) — Gleann an Smóil: an chéad liosta ó Liam Ó Reachtúra. Acadamh Ríoga na hÉireann.




Fig. 12: GS1 — Suíomh na logainmneacha inaitheanta.






Fig. 13: Ainmleabhar OS88/CM/Par. Chill Bhríde ('part of Boystown') lch.76. Carlann Náisiúnta na hÉireann.

GS1.1 An Suíochán

“the seat”

[= *Seahan* SO]

A.

1980	1.	[,si:'kɑn] (<i>sic</i> , [ɑ] gairid)	Z1a
	2.	[,si:kɑn'mʌʊnŋ]	Z1c
	3.	['si:əkɑ:n]	Z2
1995	4.	['si:ə,xɑ:n]	Z14
	5.	['si:ʔxɑ:n]	Z14 (x2)
	6.	[,si:ə'kɑ:n] ([k] cuimilteach ar éigean)	Z14
15/9/2018	7.	[,si:'xɑ:n]	X1
2022	8.	['si:ʔ,kɒn]	X3
2023	9.	['si:kɑ:n] ⁹⁹	X4
	10.	['si:kɑn]	X4
	11.	['si:xɑ:n]	X4
	12.	[,si:'xɑ:n]	X4
	13.	[,si:'kɑ:n]	X4

B. *logainm.ie* ([#137300](#)) (*Slievebane* SO 6" 1ú eag. [botún, ceartaithe in *AL Athbhr.* (1870)]; beann 2128' gan ainm DL E.289.2 (25/4/1837)) (Scríobh TÓC ‘*Suidhe chán*’ [*sic*, .i. an chéad litir S- i bpeannaireacht Bhéarla agus an chuid eile i bpeannaireacht Ghaeilge aige] *pl:AL (CM)* mar a bheadh dhá fhocal) (féach Fig. 13); ‘Seechawn’ *PriceBL/CGT* 10 (1946); ‘See-Con ... where Con is buried’ *CBÉ LS* 1960: 278 (1980) (féach [Aguisín A](#)), atuisicint a thugann fuaimniú cosúil le (1) le fios.

C.

- *Fardal*: iarsmaí agus carn.
- ‘up on the top of Ballymorefinn Hill ... seven peaks there and each one of them has a cairn of some description’ Z1.

D. Thar mhullach an tsléibhe seo anuas a tháinig Eoghan Ó Comhraí isteach i nGleann an Smóil den chéad uair i 1837.

D1. *Rocque* (1760) (féach Fig.1): ‘Seechon’ marcáilte in aice an mhullaigh atá díreach laistar de ‘Carrigeen Rea’ [= *Corrig Mountain* SO], díreach san áit a mbeifí ag súil le *Seahan* SO; ‘Seevick na Bontry Mountain’ scríofa taobh thiar de ‘Seechon’ ar mhullach nach ann dó i ndáiríre.

⁹⁹ NB déanann muintir Ghlaise an Mhulláin amach gur ['si:kɑ:n] (9) (béim ar an gcéad siolla den chuid is mó, ach amháin nuair atáthar á idirdhealú leis na **Suí**-ainmneacha eile) atá ar an sliabh seo *Seahan* SO, agus gur ainm ar leith é [,si:'hɑ:n] (béim ar an dara siolla i gcónaí) a thagraíonn do *Seefin* SO. (Truailliú ar *Suí Fionnáin* atá ansin.) Glaonn siad [,si:'fɪn] (béim ar an dara siolla i gcónaí) ar *Seefingan* SO.

D2. Sliabh 648m; eibhear an bhuncharraig; clúdach portaigh sa chuid thoir agus theas de.

E. suíochán “seat” [*eDIL* s.v. **suidechán**]. An sliabh féin a bhí i gceist ag muintir na háite le ‘*Suíghchán*’ dar le EÓC LSO 42 (26/7/1837); Béarlú dá chuid féin (cf. **An Log Mór** [GS1.9]) is ea ‘Seechawn mountain’ LSO 46 (2/8/1837) (cf. ‘Seechawn’ PriceBL/CGT 10; ‘Seechon’ *Rocque* (1760); ‘Seehen Mountn’ *Duncan* (1821)). Chuimhnigh Petrie, as a sheasamh ba dhóigh leat, gur thagair ‘The Sighan’ don charn féin (‘a fine circle of Stones called “the Sighan”¹⁰⁰ in the mountains near Ballynascorney’ LSO 21). Más é an carn atá faoi thagairt san ainm **An Suíochán**, d’fhéadfadh sé gurb é an carn tánaisteach, atá déanta as clocha a réabadh as an bpríomhcharn seo, atá i gceist le ***Suí Mhic na Baintrí** [GS1.2]; cf. **Suí Finn** [GS1.40], ***Suí Fionnáin** [GS1.41]. De réir an bhéaloidis, shuíodh Fionn mac Cumhaill ‘ina dhumhaigh seilge i mullach cnoic agus scabhadh na Fianna amach ar fud na dúiche timpeall air’ agus iad i mbun fiaigh (Ó Domhnaill 1942: 18–19).

Samplaí eile den ainm céanna: **An Suíochán Bán**, **An Suíochán Dubh** (#34453) (*ME*); cf. **Cnoc an tSuíocháin** (*Co*) taobh thiar den Chumar in Oileán Chléire. Thugtaí ‘Glenn an Smóil’ ar an gCumar céanna úd anallód i scéalaíocht na háite (Lankford 1995 II: 340–341).

E1. [A] *af* (III)

E4. A: SAORGA [FIANNAÍOCHT]

F.

- **-án** /ɑ:n/

/ɑ:/ cúil fada glan (‘Seechawn’ LSO, ‘See-awn’ AL).

- **-ch-** /x/

Cuimilteach in ‘Sechan’ (1821), ‘The Sighan’ (1837), ‘Seechawn’ (1837), ‘Seechawn’ (1946), ‘See·chon’ (1967), (4–5, 7, 10); [k] (1–3, 6, 8, 11) ≠ ‘See-awn’ AL.



Fig. 14: ***Suí Mhic na Baintrí** [GS1.2] — *Down Survey (CM)*, *Rocque* (1760).

GS1.2 *Suí Mhic na Baintrí

“the seat of the son of the widow”

B.

1655	1.	S[ca]renisknabantree Moun.	<i>DS (CM)</i> 82
1655	2.	Seavick na bantree Mount	<i>DS (Par.)</i> [PNW 273]
1685	3.	Sarricknabantree	<i>Hib. Del. (CM)</i>

¹⁰⁰ Tá sé seo míthras-scríofa mar ‘The Lighan’ in Herity 2001: 6.

1760	4.	Seavik na Bontry Mountain	<i>Rocque</i>
1817	5.	Seevicnabontry Mountain	<i>Taylor</i>

C.

- *Fardal*: carn? Cf. ‘*suidhe mhic na baintrighe ...* There is a prehistoric cairn on the top of Seahan mountain’ *PNW* 273.

D.

E. Ní léir an fíorainm in aon chor é **Suí Mhic na Baintrí**. Is cosúil go bhfuil léarscáil Taylor (1817) ag leanúint Rocque (1760) agus ní bhfuair EÓC ná Petrie aon tuairisc ar an ainm sa tréimhse 1837–1841 [→**GS1.1**]. Ar ndóigh bheadh dealramh le **Suí** + ***Mac na Baintrí** i gcomhluadar **Suí** + **Fionn** agus **Suí** + ***Fionnán**, gan trácht ar an ainm athmhínithe ‘See-Con, where Con was buried’. Más fíor ba inmheasta an t-ainm é ar an bhfo-charn in aice le príomhcharn an tSuíocháin.¹⁰¹

E1. [A+C] *af+duine* (IV)

E2. **suí** “(hilltop) cairn (*lit.* seat)” [*eDIL* s.v. 2 **suide II** (s)]: Baineann na **suí**-ainmneacha eile (**Suí Finn**, ***Suí Fionnán**, **An Suíochán**) leis an bhFiannaíocht, is dealraitheach [→**GS1.40**], ach is deacair aon bhaint a fheiscint idir a leithéid seo d’ainm agus an tsraith scéalta sin. Samplaí eile: **Carraigín Suí Buachalla** *PND* 401, **Carraig Suí Gamhna** *PND* 415.

E3. **Mac na Baintrí**(?) “the son of the widow”: Pearsa coitianta sa bhéaloideas (*BnS*, *CBÉ passim*); cf. **mac** (nó **aonmhac**) **na baintrí** in *FFÉ*. Ní heol don taighdeoir aon tagairt shonrach dá leithéid i litríocht na Fiannaíochta.

E4. A: SAORGA + C: DUINE

F.

- **baintreach**, gin. u. **baintrí** [*eDIL* s.v. **baintrebthach**]
 ≠ gin. **baintreabhaí** */ban'tr'əwi/ atá luaite leis an tuaisceart, m.sh. *bf Lisnabantry* (#[3741](#)) (*Ca*): ‘Lisnabantru-ey’ *pron:AL*, ‘Lios na bantreab[h]aigh’ *pl:AL*.
- ≠ défhoghar roimh **-nt(r)-**
 ≠ /ai/ m.sh. *bf Baile na Baintrí* (#[12179](#)) (*Co*); *bf Baile na mBaintreach* (#[50401](#)), *bf Móin na mBaintreach* (#[50311](#)) (*PL*).




Fig. 15: ‘Gleann a’ smóil, *glen of the thrush*’ (ÓD 1843) [GS1.3]. *Meamram OS97/8(BÁC) lch.158*. *Cartlann Náisiúnta na hÉireann*.

¹⁰¹ Féach grianghraf aeir den dá charn in Abarta Heritage, [Dublin’s Monumental Mountains](#) lch.19.

GS1.3 Gleann an Smóil

“the smouldering glen?”

A., B. *logainm.ie* (#1166179): [ˌglɛnəsˈmoːl] (1980)

D. Féach **C3.1.1** maidir le cur síos ar an raon geografáíochta.

E. Sampla eile den ainm céanna: *bf Glensmoil* [**Gleann Smóil**] (#16267) (*DG*): [ˌglɛnzˈmɔil] (2021)

.i. gleann beag sna cnoic gar do Leifear (*DG*), faoina ndúirt Ó Donnabháin: ‘Glensmoyle — *Gleann an smóil*, vale of the thrush. This valley, which is claimed by almost every Co. in Ireland, is celebrated for its romantic scenery in the poems of Ossian: *tharlaigh dhúinn a maidin ceo*~~th~~, / *go gleann na smol le ar n-gadhar go moch*. This Glennasmole, however, is in Wicklow’ (AL par. Chluain Lao (*DG*) (1835) lch.22). B’eol d’ÓD gurbh i gCuala a bhí suíomh na seilge úd de réir na seanlitríochta ach is léir nach raibh aon eolas pearsanta aige ar Ghleann an Smóil (*BÁC*) agus é ag scríobh i 1835.¹⁰²

Samplaí den ainm céanna sa bhéaloideas áitiúil i Sliabh na mBan (*TÁ*) agus i gCléire (*Co*), ar a laghad. Ní háirithe gur fíorlogainmneacha dúchasacha iad seo ach gur tuigeadh do sheanchaithe na háite gur ansin timpeall a bhí an gleann miotaseolaíoch anallód (cf. ‘claimed by almost every Co. in Ireland’).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I) (< *af+af* (V)): ‘[*dolluid Fulach*] *co Glend Smóil*’ (c.1100) i measc áiteanna eile sa cheantar in *DFil*.

E2. gleann “glen, valley” [*eDIL* s.v. **glenn**]: Idir ghleannta fairsinge (*gl Gleann Cuilinn*, *bf An Gleann Dubh* [GC.184], *bf Gleann na Raithní* [TS.292], *gl Gleann Crí* (#113083) (*CM*)) agus ghleanntáin bheaga (***An Gleann (1), (2)** [GS2.104, 114], ***Gleann na Móna Báine** [TS.276], ***Gleann Mhóin Ghart** [TS.318]; cf. Brl. *Doyle’s Glen* [GS2.114], Brl. *Jemmy’s Glen* [GC]) faoi thagairt sa cheantar taighde. Ach Béarlú coitianta ab ea Brl. *glinn* [GS2.138] nach dtugann leid dá laghad ar an bhfuaimniú sa chanúint. Cuir i gcás G [ə(n)ˈgʲʲaun] = Brl. [dəˈglʲin]¹⁰³ *Log. na Rinne* 23 (mar léiriú ar a luaithe is a caighdeánaíodh an fhoirm seo cf. ‘Eng. *glinn*’ O’Brien 1768 s.n. **glean** [*sic*]; cf. ‘drove them into their Glynnes’ Ware 1705).

E3. smól, gin. u. smóil “smoulder, ember, ash(es)” [*eDIL* s.v. **smál, smól, smúal**; cf. *IGT* §96]. Tá na tagairtí Gaeilge c.1100–1730 ar aon fhocal ó thaobh gin. u. a bheith sa logainm, agus is cosúil nár chuala EÓC a mhalairt as Gaeilge tar éis dó cúpla cuairt a thabhairt ar an ngleann: ‘Glen a Smoil’ LSO 42 (26/7/1837) [ar a chéad turas], ‘Gleann a Smoil’ LSO 76 (23/8/1837) [agus comhrá aige le Gaeilgeoirí dúchasacha ann].¹⁰⁴

Níl aon bhunús stairiúil don leagan ***Gleann na Smól** (gin. iol.), cé go bhfuil sé le fáil san Fhiannaíocht i roinnt canúintí éagsúla — agus é ina rogha ag roinnt údar thar na blianta. An bhréagshanasaiócht choitianta “the valley of the thrush(es)” an bunús leis sin, agus an t-éan **smólach** (*L turdus*) i gceist. ‘Glanasmole, or Valley of the Thrush’ an míniú (áitiúil?) ag Petrie 1841. (Cf.

¹⁰² Féach Aguisín M mar a ndeir sé i 1837 ‘as there are few traditions, and no Irish in the Co. of Dublin, I think it is not necessary for us to spend much time at it’ MSO (*BÁC*) 100 (10/4/1837).

¹⁰³ Sheas litir *iodálach* do chonsan neodrach Béarla sa chóras tras-scríofa seo.

¹⁰⁴ An dá thagairt seo d’ainm Gaeilge an ghleana araon i bpeannaireacht Brl.

‘*Sliabh Smóil*. Mountain of the thrush, a mountain in the county of Tipperary’ ag O’Kearney 1854.) Thuairiscigh ÓD i 1854 go raibh Gaeilgeoirí na Mí go láidir ar son an mhíne ‘the valley of the thrush’ i dtaobh an ghleanna in *BÁC*, ach is cosúil nach raibh sé féin sásta le **smól** in áit an fhocail **smólach** an tráth úd (in ainneoin ‘*Gleann a’ smóil*, Glen of the thrush’ i nóta aige faoin ngleann seo in MSO (1843) (Fig. 15) agus an méid thuas aige ó 1835 [→E.]). Maidir le héileamh Ghaeilgeoirí na Mí, más fíor, feach gur ‘*smólach*’ (1662) atá i bhfoclóir an Phluincéadaigh s.vv. *Turdarium*, *Turdala*, *Turdus*. (Ní heol cár bh as don Phluincéadach ach luaitear go láidir é le Baile Átha Troim i gContae na Mí (Mac Amhlaigh 2008: 9).)¹⁰⁵ Níl aon tagairt don fhocal aonsiollach ***smól** ‘smólach’ sa litríocht (cf. *eDIL*, *Corpas*, srl.) cé go bhfuil an t-éinín céanna an-cheanúil ar an ngleann seo i gcónaí.

Más ea, is dóichí go mór foirm de **smál** “ember, smoulder”. Sampla eile: *bf Drom Smóil (Co)*: ‘*drom a smóil*’ *EÓC:AL* = ‘hill or ridge of the embers’ *ÓD:AL* (NB ní raibh ceachtar acu ar obair pháirce sa chontae úd; féach Ó Dálaigh 2008: 519). Brollach an éinín a bheith breac le spotaí beaga, is dócha, faoi ndear an focal **smólach** “speckled (bird)” a fhorbairt ó **smál**, **smól** an chéad lá.

NB: Ní mhaítear anseo aon cheangal ag an bhfocal **smól** “ember, smoulder” le loisceadh na brúine sa seanscéal *Togail Bruidne Da Derga (TBDD)* ina luaitear Abhainn na Dothra — ní luaitear ainm an ghleanna sna leaganacha úd den scéal a thagann anuas chugainn [cf. **Abhainn Dothra** [GS1]].

An-éadócha: ainmp., m.sh. ‘*cu cenn Sléibi Smóil meic Edleacair*’, an bhréagshanasaiócht ar sheanainm *sl Sliabh Bladhma (La/UF)* a thugtar in *AcS* (c.1200) 558–559, 4682–3.

E4. A: ÍSLEÁN + C: GNÍOMHAÍOCHT

F.

- ≠ défhoghrú

Tá fianaise shoiléir ar fhuaimniú an fhocail **gleann** tearc i gcontaetha Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin. Is féidir a rá gur coitanta *-a-* sna foirmeacha béarlaithe sa 18ú haois (cf. *Glan-* → *Glen-* in ‘Glan ne Snool’, ‘Glanduff’, ‘Glancullen’ *Rocque* (1760) → ‘Glen Smool’, ‘Glen Duff’, ‘Glen Cullen’ agus ‘Glenville’ *Duncan* (1821)).

GS1.4 Aill Mháirín

“the cliff of Máirín”

[= *Mareens Brook* SO]

Brl. *The Mareen Brook*

A1. = *Mareens Brook* SO = an sruthán

2018	1.	[,mɑːrɪ:nzˈbɾɔk]	X1
2023	2.	[dʒˈdɑdʒə]	X2

¹⁰⁵ Cf. <ainm.ie/1379>.

B1.

1800	3. Mareen's Brook	<i>PNW 299</i> (léarscáil eastáit)
1821	4. Mareens Brook ¹⁰⁶	<i>Duncan</i>
25/4/1837	5. River Dodder	DL E.289.4
2/8/1837	6. <i>Aill Mháire</i> , or Mareen's brook	LSO 45
23/8/1837	7. Mareens Brook	LSO 77
30/8/1837	8. Mairiens Brook	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	9. Mairins Brook — prond. Máreens (little Mary's)	MSO 123 (EÓC)
1837	10. Mareen's Brook	MSO 125 (ÓD)
1941	11. ·Mawreen brook	PriceLN 19:6

A2. = an chlais

2018	12. [dʒ'mɑ:ɪ'n,brɔk], the ravine we're looking into there	X1
------	---	----

B2.

25/4/1837	13. —	DL E.289.4
2/8/1837	14. [<i>Aill Mháire</i> or Mareens brook ...] rolls down a rocky precipitate channel	LSO 45
2/8/1837	15. <i>Aill Mháirín</i> is remarkable for producing perhaps the largest Ivy leaves...	LSO 47 [ag tagairt don chlais]
23/8/1837	16. <i>Aill Mhaire</i> (Marys Cliff)	LSO 77
1961	17. Mary's Cliff	Healy 1961 (léarscáil)

D. Cainéal leá-uisce oighreach.

E. Meascán úsáide ag EÓC, agus an logainm céanna aige a thagairt don sruthán agus don chlais/aill rite araon. ‘The first and largest of these streams, which is called *Aill Mháire* or Mareens brook, rises in Kippure Mountain...’ LSO 45 (2/8/1837) [→**B1.**]; ach ina dhiaidh sin tagraíonn na hainmneacha Gaeilge don chlais/aill féin [→**B2.**]. Léirítear an t-ainm ‘Mareens Brook’ díreach lastoir de ‘Heathfield Lodge’ ar léarscáil Duncan (1821) — an-ghairid don chuid is rite den chlais, cé nach gá go mbainfeadh sin le hábhar. Díol mór suntais nár luaigh Ó Comhraí an logainm Gaeilge seo **Aill Mháire/Mháirín** a bheag nó a mhór nuair a iarradh air an t-ainm ‘Mairiens Brook’ (8) a fhaomhadh ar dhréachtléarscáil den ghleann (9).¹⁰⁷

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. **aill** ‘cliff’ [*eDIL* s.v. 1 **ail**] (cf. Ó Maolfabhail 2005: 24). Níl sé inmheasta gur fíorchodarsnacht ‘clais’ : ‘sruthán’ atá sa mhalartú **Aill Mháire** : **Aill Mháirín** [→**E.**] ná ní dócha gur dhá logainm ar leith in aon chor iad, cé go bhfuil dhá ghné aiceanta faoi thagairt sna tagairtí léarscáile agus eile. Is ar éigean gur fíormheascán úsáide (sruthán : clais .i. ‘brook’/‘river’ : ‘ravine’) atá san éagruinneas atá le sonrú sa Bhéarla inniu, m.sh. ‘The ·Mawreen Brook, the ravine we're looking into there’ (12).

Maidir leis an bhforbairt chéille ‘gleanntán’ → ‘sruthán i ngleanntán’ a bheadh ag teastáil chun a leithéid a chur i gcás, cf. sna gleannta eile den cheantar taighde na samplaí de **slád** [TS] agus **easca** [GC] mar ainmneacha sruthán, an dá théarma acu bisiúil sa chomhthéacs nua i nGaeilge na háite (agus i gcás **easca**, ar fud shean-Chúige Laighean). I nGlinnte Aontroma chuala Holmer (1942) an

¹⁰⁶ (NB:— marcáilte díreach lastuaidh den aill rite.)

¹⁰⁷ Féach Aguisín M.


focal **allt**, atá gaolmhar le **aill** [eDIL s.v. 2 **alt**, **allt**] agus a chiallaíonn “glen” go hiondúil, mar théarma ar an sruthán a ritheann tríd an allt féin, rud a chloífeadh le gnáthbhrí an fhocail **allt** “stream” i nGaeilge na hAlban ar ndóigh.¹⁰⁸ Níl mórán fianaise ar son an fhoráis **aill**: ‘clais’ → ‘sruthán’ in ainmneacha sruthán eile sa cheantar, cé go dtugtar ***An Aill Mhór** [GS2.150] inniu ar leacain rite de chuid Chnoc an Bhaile Mhóir mar a bhfuil iarsma de shruthán tráite. (Caolseans go bhfuil an eilimint le fáil in ainmneacha doiléire na sruthán ***Cloch** —? [Brl. *Clow-nail Brook*] [GS2.75] agus **An Seanmhuinéal(?)**·*Shammernail* [GS2.118]. Níl sé inchreidte gur ***Aill Dothra** faoi ndear an défhoghar sa litriú ‘*adhain dóthair*’ faoi **Abhainn Dothra** [GS1.6], ná ní gá sruthán a chur san áireamh mar mhíniú ar *bf* **Aill an Ghabhair** [GS1.34] ar ardán suntasach os cionn na habhann é.) Samplaí eile de (f)**aill** mar ainm srutháin: **Aill na gComán** (*Cl*); **Faill an Ruáin**, **Faill na Laidhre**, **An Fhaill Dhoimhin**, *Foilaquinanee* SO, *Foilcnocnane* SO, *Foilavoe* SO, *Foilanna* SO (*TÁ*).¹⁰⁹

E3. Máire/Máirín (< AN *Marie*). B’fhéidir go raibh tionchar ag an mBéarla ar an nguagacht san ainm pearsanta. Cuir i gcás bunainm ***Aill Mháire** arna bhéarlú go *Mareen’s Brook* (Brl. *Mareen* ag freagairt do G **Máire** + Brl. *Brook*) arna athghaelú go ***Aill Mháirín**. Más ea, cf. freisin ***Tromán Eilíse(?)** [GS1.26] → Brl. *Troman+Allison* → G **Tromán Allison** LSO. Ní thagann **Máirín** i gceist ach in ainm aon bhaile fearainn amháin in Éirinn .i. *bf* **Fearann Mháirín**/*Farranmareen* (#[8106](#)) (*Co*).

E4. A: ARDÁN + C: AINM AN (MNÁ)

F.

- **-á- cúil** (1, 12)
- (défhoghar; **mh-** leathan tosaigh [→**An Aill Mhór** [GS2.150)])



Grianghraf 1: Radharc aduaidh.

Dubh: *Cipiúr* [GS1.5], *Carraig na Sióg* [GS1.23], **An Tulachán* [GS2.73], **Suí Fionnáin* [GS1.41], *An Charraig* [GS1.12];

Buí: **Coill na Brón* [GS1.50], **Abhainn Dothra* [GS1.6], **An Sruth* [GS1.10], *Log na bhFiach* [GS1.21].

¹⁰⁸ Cf. forás i dtreo eile ‘The word *Alt* which in other parishes is understood to signify a *glen* here [*sc.* i bpar. *Thamlacht Uí Chroiligh*] means a *bank* i.e. the slope of the *glen-side*’ LSO (*Do*) 112 (ÓD 18/8/1834).

¹⁰⁹ Iad seo go léir i gceantar Shliabh an Airgid/Shliabh Coimeálta (*TÁ*).

GS1.5 Cipiúr

Ní léir bunús.

A., B. *logainm.ie* (#1165765): [kɪ'pjɹu:ɪ] Z2; ‘The Póll, Summit of Kippure’ PriceBL/CGT (1946); ‘[Tromán Eilíse] away under The Pole [dʒ'pawzɪ] ... before there was any [mast] on it there was a pole on it’ X4,¹¹⁰ ‘[Carraig na Síóg] would be nearly under Kip-pure [kɪ'pjɹu:ɪ]’ X4.

C. ‘What’s Kip-pure ... is it the second-highest mountain?’ Z2 (1980).

D. Cnoc 757m ar airde. Eibhear an bhuncharraig; clúdaithe le portach; mullach nochta.

E. Díol spéise (is díomá) nár bhreac EÓC aon leagan Gaeilge den ainm ó Ghaeilgeoirí an ghleanna i 1837 ná aon eolas eile faoi. In ainneoin na foirme oifigiúla (réiteach fuaimne) is cosúil gur comhshuíomh oscailte is bunús don ainm .i. *af+aid* (II) nó *af+af* (V). Sin é a thuig ÓD, ach thuig sé freisin nach bhfásann an t-iúr chomh hard leis seo anois: cf. ‘*Cip ur*, yew stack’, ‘*ceap iubhair*’ (AL *BÁC*, 1837), ‘Meaning uncertain. *Cip iubhair*, stumps of yew. Does this produce the yew?’ (AL *CM*, 1839). Ba dhóigh leat go mbeadh ainm ársa ar an gcnoc suntasach seo ach ní féidir é a cheangal le **Cíoch Cualann** [→E2].

(i) Sa 20ú haois thángthas ar cheap giúise dar dáta 3000–2500BC faoin bporthach ar leirigh thuaidh Chipiúir in airde 730m. D’fhéadfaí a thuairimiú gur thángthas ar a leithéid uair eile fadó freisin, gur measadh gur iúr a bhí ann, gur tugadh *[**Carraig/Sliabh [an]**] **C[h]ip Iúir** “the mountain of the yew-stump” ar an sliabh.¹¹¹ Thaispeáin taighde a rinneadh ar an bpailín a fuarthas sa phorthach idir Suí Finn agus Suí Fionnain go raibh na hardáin seo clúdaithe le giúis agus leamhán nuair a chéadhtháinig daoine chun lonnaíochta anseo (cf. **An Leó (1)** [GS1.27], **An Leó Mhór** [GS1.22]).¹¹² Níl aon fhianaise gur fhás an fíor-iúr (nó fiú an t-iúr creige (“juniper”)) in airde ar an gcnoc ón am sin i leith. Is éadócha ar fad **cip** + an t-ainm pearsanta **Iúr** (cf. *bf Cill Iúir* (#54180) (*LG*)) [→E2].

(ii) Tharla nach bhfuil aon fhianaise níos sine ná 1604 againn (**Aguisín G**), cuir i gcás freisin sloinne na dtiarnaí gallda a raibh Gleann Crí agus an chuid is mó den sliabh seo ina seilbh acu ón 14ú haois .i. **Paor**. Rinneadh béarlú meicniúil ar *bf Lisín an Phaoraigh/Lisheenpower* (#47934) (*TÁ*): ‘Lysheenpower’ (1750) os coinne /lʲiʃi:n'ə'fe:rig'/ (1963) na Gaeilge. Caolseans gur béarlú meicniúil¹¹³ é *-power*, *-pure* (17ú haois), ag seasamh don sloinne seo *Power* (< AN *Poer*), ar ...**an Phaoraigh** sa bhunainm Gaeilge. Ní thagann aon fhianaise anuas chugainn ar ***Cip**/***Cíoch an Phaoraigh** áfach.

¹¹⁰ Cf. ‘The romantic mountain joins Kippure— / Why was it called ‘The Pole’? / In ’98 a flag was raised / O’er the vale of Glenasmole’ (sliocht as amhrán) *MHR* 140.

¹¹¹ Cf. ‘*Abies subterranea*. *Bog fir* or *subterranean Fir* or *Deal*. It is dug, at the depth of three or four feet, in the bogs of *Glanacullen* mountain’ Ruddy 1772 I: 99. Is ann do Brl. *Deal Holes* [ˈdɛɪl.hɔʊls] ar an sliabh os cionn an Ghleanna Dhuibh fós; cf. ***Creachaill** [GS2.79]. Ní thagann an focal **giúis** “fir; pine” i gceist i logainmneacha Gaeilge ach amháin sa sampla éiginnte *bf Log na Giumhaisí* (#49584) [G] (*PL*).

¹¹² ‘A peat profile taken between Seefin and Seefingan, suggests land clearance by early farmers, indicated by a sudden decline in the pollen record of Elm and Pine and a rise in Hazel and grasses’ NPWS 2005: 15.

¹¹³ Béarlú nó laidiniú meicniúil, is é sin, eilimint ar eilimint beag beann ar an mbunfhoirm Ghaeilge, m.sh. *par Mainistir Fheorais* (#2037): ‘de Castellopetra alias de Casleanfeorays’ (1438).

Éadócha: *Kippure Mountain* = ‘an sliabh a bhaineann le Kippure’ ≠ ‘an sliabh darb ainm Kippure’, is é sin, aistrithe ó logainm ***Ceap** [< **Ceapach**] **Iúir** “the tillage-plot of the yew-tree” a thagairt d’áit éigin ag bun an tsléibhe (lastuaidh nó laisteas) ó cheart.

E1. [C] *af+aid* (II), *af+af* (V)? (< [A+C] < X+alt+af+af/aid (I)??)

E2. Éadócha: **ceap** “tree-stump” [*eDIL* s.v. **cepp**]. Ní heol don taighdeoir aon sampla de **ceap** “tree-stump; block” mar ainm cnoic ná sléibhe [→E.]. Éadócha: **cí(o)ch** “mountain-top (*lit.* breast)” [*eDIL* s.v. 1 **cích** (e)]; cf. *FSÁG* s.nn. **Cíoch Chualann**, **Cíocha Anann**.

E3. **iúr**, gin. u. **iúir** [*eDIL* s.v. **ibar**]: Níl aon sampla eile sna gleannta.

E4. C: PLANDA?

GS1.6 *Abhainn Dothra

“the river Dothra”

[= *Cot Brook* SO]

A., B. *logainm.ie* #[1165094](#) (s.n. **An Dothra**) [gan ainm DL E.289.4 ach *River Dodder* DL = *River Dodder*, *Mareen’s Brook* SO 6” lú eag. = [d̪z̪ˈdaðə] Z2, [d̪z̪ˈd̪əd̪ə] Z1c; [ˈkaːhˌbrɒk] Z5 (1980)] ‘Neddy’s Brook’ X2 (2021).

D. ‘I have yet to explore the *Adhain Dóthair* or Dodder Stream, up from its junction with Mareens Brook to its Source’ LSO 78 (léirítear an ‘Source’ seo ar DL): *Cot Brook* SO 6” lú eag. an sruthán a bhí i gceist.

E. *Brl. Cot Brook* SO: pléite in *Aguisín M.*¹¹⁴

E1. [A2+A1] *af+log* (V)

E2. Tá dealramh le struchtúr fhoirmeacha EÓC, i bhfianaise ‘*ab[h]uin dothair*’ (1728) agus ‘Owen-Dugher’ (1838) (cf. ‘ye River Dogher’ (c.1660)) a thaispeánann nach raibh an t-alt le fáil san ainm sa Ghaeilge dhéanach. In ainneoin litriú LSO [→F.], ní gá **oigheann** “river-source” a thuairimiú don aicmitheoir [*Dinn.* s.v.; cf. ***adhann** < SG **ad-annai** “sets going, begins”]. Is léir gurbh é an sruthán féin, seachas foinse an tsrutháin, a bhí faoi thagairt san ainm ‘*Aidhin Dothar*’, et var., ag EÓC (m.sh. luann sé foshruthán eile ag rith isteach san ‘*Aidhin Dothar*’). Ní heol aon sampla de **oigheann/adhann** mar aicmitheoir in ainm abhann; tá samplaí (an-éiginnte) le fáil mar ainm foinse abhann (m.sh. **Moing an Oighinn** in *Dinn.* s.v. **oigheann**). Caolseans gur ***Aill Dothra** an fhoirm [→GS1.4]. Dá bhrí sin is dócha go seasann ‘*Aidhin/Adhain Dotha(i)r*’ */ˌainˈd̪o(h)ɛr(ˈ)/ do ***Abhainn Dotha(i)r** (< ***Abhainn Dothra**) [→F.].

E3. ***Dothar** (gin. ***Dothair**) (< ***Dothərə**) < **Dothra**, gin. **Dothra** [*eDIL* s.vv. **dothar**, **Dothra**]. Logainm ann féin is ea an dara heilimint dar ndóigh .i. foirm ghinideach dhéanach d’ainm stairiúil na habhann [→F.].

E4. A2: UISCE + A1: LOGAINM

¹¹⁴ Féach *Aguisín M.*: Meamraim na Suirbhéireachta Ordanáis. Ní heol bunús *Cot Brook*; is aistriúchán í an fhoirm (neamhdheimhnithe) *sruthan Sruthán an Choite* (#[1410970](#)) a mholtar ar *logainm.ie*.

F.

- athmhíniú Dothra (bain.), gin. **Dothra** > **Dothar** (fir.), gin. **Dothair**

Dothra /'doθrə/ an fhoirm stairiúil (*FSÁG* s.v.). Taispeánann foirmeacha traslitríthe ‘Dother’, ‘Dodir’ i gcáipéisí gallda sa 12ú haois guta cúnta sa charn /-θr-/ agus cailliúint an ghuta neamhaiceanta dheiridh (.i. /'doθ^ərə/ → /'doθər/). Sa Ghaeilge is cosúil gurb í an fhorbairt seo a leanas a d’imir ar an ainm **Dothra**: MG /'doθ^ərə/, NGM /'doh^ərə/, gin. /[**Abhainn**] 'dohərə/ → [**Abhainn**] /'dohər/ arna athmhíniú mar ***Dothar**, gin. [**Abhainn**] **Dothair**.

Dhealródh sé gurb í an fhoirm dheiridh seo, athmhínithe mar a bheadh *o*-ghas firinsneach, an leagan ginideach a bhí san aigne ag Tadhg Ó Neachtain (‘[*abuin*] *dothair*’) (1728) agus ag Liam Ó Reachtúra (‘[*Aidhin*] *Dothar*’, ‘[*Aidhin*] *Dothair*’, ‘[*Adhain*] *Dóthair*’) (1837) araon. NB an tuiséal ainmneach ‘the *Dothor* (or *Dodder*)’ ag EÓC féin in O’Curry 1873: 269. Cf. ‘Owen-Dugher’ (1838).

- -r caol

Meascán gin. ‘...*Dothar*’, ‘...*Dothair*’, ‘...*Dóthair*’ LSO. Más cruinn, b’fhéidir nach raibh difríocht róshuntasach idir na fóinéimeanna /r/, /r'/ sa chanúint.

- -th- leathan idirghutach

Bheifí ag súil le cailliúint an **-th-** leathain idirghutaigh san fhocal ***Dothair**, le fadú cúitimh ar an nguta /o/ sa chéad siolla .i. */(,ain')do:ʔr/'. Cf. an síneadh fada sa tríú solaoid ‘*Adhain Dóthair*’ ag EÓC. Cailcíodh an béarlú *Dod(d)er* go han-luath sna foinsí AN, agus *-d(d)- /ð/→/d/* gallda ag freagairt do MG /θ/.¹¹⁵ Ach faightear ‘Dogher’, et var., sa 17ú haois [→**E2.**] .i. NG **Dothra/Dothar** le /-h-/ láir. *Owendover River* SO an réadú béarlaithe ar na léarscáileanna, bunaithe ag ÓD ar ‘Owen Dogher River’ *AL* (1837);¹¹⁶ cf. ‘Owen-Dugher’ *D’Alton* (1838) le /-h-/ soiléir. Ach díol spéise na sráidainmneacha *Owendore Avenue/Crescent* [Ráth Fearnáin] .i. Brl. */,əun'do:r/, a thagraíonn don abhainn chéanna. (Tá na sráidainmneacha seo níos sine ná *Owendover Avenue/Crescent/Lodge/Haven* [Baile Baodáin]). NB cuireann Béarla Shasana suas de /-h-/ idir dhá ghuta neamhaiceanta freisin de ghnáth (cuir i gcás *Doherty* /'dohərti/ i mBéarla na hÉireann → /'dəʊəti/ nó /'dɒkəti/ i mBéarla Shasana).

- (-)abh(a)-

Léiríonn *bf Aill an Ghabhair* [GS1.34] bunfhuaimniú (-)abh(a)- sa chanúint (~/au/ fóinéimeach). Ach féach cf. [,ʌʊn'tiasnɜ] (2022) faoi ***An Abhainn Trasna** [GC.220], an t-aon sampla beo den fhocal **abhainn** sa cheantar taighde, inar réadú ar an bhfóinéim /o:/ atá sa [ʌʊ] ag an gcainteoir úd; cf. freisin ‘Grow, River from Lower L. Bray’ [< ***An Ghearrabha**] PriceBL/CGT: 6 (1946), **An Abha/Ow River** ([#113145](#)) (*CM*). Tá an litriú

¹¹⁵ Tionchar na bhfocal MBrl. *dodder* ‘1. planda... 2. falróid’ le cur san áireamh anseo.

¹¹⁶ **An Dothra Bheag** “the little Dothra” an fhoirm Ghaeilge atá in úsáid (m.sh. *BÁCTheas* 22).

Owendoher River SO débhríoch. Caolseans gur réadú béarlaithe ar **poll** */pəul/ (uatha) atá in [ˌpailˈfadiː] [→**GS2.117**].

Murab ionann is Gaeilge na hAlban, níl aon fhianaise ar an bhfuaimniú **abhainn** /ainˈ/ i nGaeilge na hÉireann. B’ann don deilbhíocht tabh. u. (**san**) **aibhinn**, gin. u. (**na h**)**abhanna** sa litríocht dhéanach ó Oiriaila, m.sh. ‘*a bhfás-bhruach na h-abhanna ... air mbeith san aibhinn dó*’ (1679).¹¹⁷ Is é is dóichí ná gur simplíodh **abhainn** /au(i)nˈd.../ (béim thánaisteach ar an gcéad siolla le sleamhnú láidir roimh /nˈ/) go /ainˈd.../ (gan aon bhéim ar an gcéad siolla) ach níl an próiseas soiléir. (Ní **abha(inn)** ach **uamha(in)** is préamh do *bf Uamhnach/Onagh (CM)*.)

- **-nn caol**

Threiseodh /nˈ/ teann an sleamhnán *~/au.inˈ/ agus d’éascódh sé an simpliú go */ainˈ/ roimh an mbéim. Ach **n**-singil atá scríofa ag EÓC gach uair .i. ‘*Aidhin Dothar*’, ‘*Aidhin Dothair*’, ‘*Adhain Dóthair*’; cf. **Suí Finn** [GS1].

- **/-ə/ ar lár**

GS1.7 An Tromán Dubh

“the black *tromán*-stream”

B.

2/8/1837	1.	<i>Tromán Dubh</i> (black Stream)	LSO 45
1837	2.	<i>Troman dubh</i>	LSO 47
1850	3.	Trumondoo or Trumonellish	Léarscáil eastáit

D. Craobhshruthán de chuid ***Abhainn Dothra** [GS1.6]: ‘[*Aidhin Dothar*] takes its rise in a Slough called *Tromán Dubh* (black Stream) some distance to the north [*sic, recte* ‘south’] of Mareens Brook on Kippure ridge...’ LSO. An sruthán is gaire do mhullach Chipiúir atá i gceist, is dócha .i. an t-aon chraobh amháin den *Cot Brook* SO a léiríodh ar SO 6”. (Ní léirítear aon fhoshruthán ar DL 25/4/1837.) Is léir nach ionann is *Cot Brook* SO féin [→**GS1.6**].

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **tromán** “(mountain-)stream”. Féach ***Tromán Eilíse** [GS1.26] agus **Bun na dTrí dTromán** [GS1.19]. Tá srutháin den ainm seo le fáil ó Ghleann an Smóil aduaidh go Gleann Molúra (féach Aguisín D), ach sampla níl le fáil in aon áit eile sa tír. Ná ní thagann aon samplaí anuas chugainn i mionainmneacha GC ná TS. NB níl aon tagairt stairiúil d’aon cheann de na mionainmneacha seo atá níos sine ná an 19ú haois.

Brí agus bunús: Aistríonn EÓC **tromán** leis an bhfocal Brl. *stream* i gcónaí (LSO *BÁC, CM*) agus ní foláir nó b’in an míniú a fuair sé ó Ghaeilgeoirí na háite seo. (Díol spéise, áfach, an fhoclaíocht in ‘takes its rise in a Slough called *Tromán Dubh* (black Stream)’ thuas — cf. ‘the Troman sloughs’ i nGleann Dá Loch (Aguisín D). Taispeánann **Bun na dTrí dTromán** [GS1.19] gur

¹¹⁷ O’Rahilly 1924: 14.

ghnáth-théarma bisiúil ar shruthán é tráth dá raibh (**Eas Caorthainn Doinn** [GS1.25] ab ainm do cheann de na trí ‘tromáin’). Mar le bunús an fhocail de, níor aontaigh an Donnabhánach le míniú EÓC: ‘I don’t believe that tromán is a stream. *Troman* is the elder or bore tree. *srothán* is a stream’, gur thuairimigh ‘*sruaim*, dim. *sruamán*; *bun na dtrí sruamán*...?’ MSO 125 (féach Aguisín M). Níl aon dealramh leis sin mar mhíniú ar **Bun na dTrí dTromán** ar ndóigh.

Éiginnte: dísp. < **tirim** (aid.) “dry” .i. **triomán** ‘an sruthán a thriomaíonn an bratphortach’(??). Ní bheadh réasún leis an míniú aisteach seo a thabhairt isteach sa scéal ach amháin an dáileadh suntasach ar na samplaí den téarma seo (féach Aguisín D). Níor léir cúis leathnú an chairn /tʳ-/ → /tr-/ ach oiread. (Is cosúil gur spúinse i gcomhthéacs leighis is brí leis an dá shampla den fhocal in *eDIL* s.v. **tírmán**. Cf. b’fhéidir an t-ainm stairiúil seo i *bf* Lios Roibeird (*ME*): ‘*go Muileann Tiormain*’ *LGen.* §271.21 (c.1650); cf. *abh An Triomóg* “the dried-up river” (#116677) (*ME*) *LME* 9: 418). B’fhéidir: Meititéis ar **tormán** (“noise” *FGB*, “rumbling noise” *Dinn.*) [cf. *eDIL* s.v. **do-formaig**, **tormach** agus **toirm**, **tairm**] .i. ‘sruthán tormánach’ (cf. freisin *FGB* s.v. **tormach** = **tórmach** “swelling (of flood); increasing”). Úsáidtear **tormán** (var. **formán** *FGB*) i dtaobh uisce, m.sh. ‘*formánshruth*—a Gargling brook’, ‘*forman gaise*—the Gargling of a stream’ FTÓN (c.1738). Mar cháilitheoir, tháinig **tormán** i gceist i míniú áitiúil ar ainm easa i ndeisceart *Ca*: ‘a lovely miniature cataract, obscured behind a hill in my father’s farm, called Poll a’ Tarmon which means the “Bothering” or “Deafening Hole”’ *BnS* 0999.184 (1937)¹¹⁸ — **Poll an Tormáin** “the hole of the rumbling noise” atá le tuiscint as an míniú sin, pé acu **tormán** nó **tearmann** “sanctuary” an bhuneilimint ó cheart. Samplaí mar cháilitheoir in Albain: ainmneacha sruthán **Allt nan Tormain** agus **Allt an Tormain** [“the murmuring stream” *Áit.*] in Earra Ghàidheal.¹¹⁹ Más ea, ba dheacair an easpa samplaí dá leithéid lasmuigh den talamh ard bratphortaigh seo a mhíniú.

Féach an mionainm stairiúil ‘2 [acres] of wood, called the Tormans in Killivoghe’ (1616) ar leirg thiar Ó Cualann i *bf* Cill Lóch (*CM*) — ó tharla gur coill atá faoi thagairt (agus nach léir aon srutháin ar an láthair), áfach, is dócha gur **tromán** “dwarf elder” atá anseo ó cheart. Pé scéal é is díol spéise a mhalairt de mheititéis (/trə-/ → /tər-/) a bheith le sonrú ansiúd. Cf. *bf* **Ard Bearna agus Tormán** (*Ce*), mar a bhfuil bollán suntasach (*Boulder* SO) ar imeall an *bf* — meititéis ar **tromán** (*Dinn.* s.v. “anything heavy, a weight”)?

Éiginnte: malairt foirme de shruth-théarma dar tús **sr-** (.i. ***sruamán** (< **sruaim**), **sreabhán**, **sruthán**) → ***str-** → **tr-**. Chuala Holmer (1949: §55) ainm. u. **truthán** (< **tsruthán**) [trʌn] ag faisnéiseoir amháin (le Gaeilge bhriste) as Glinnte Aontroma, más fíor. Caolseans gur foirm eatramhach ó *CM* a bheadh sa mhionainm ‘Lugadroohaun’ *PriceLN* 26:45 (1935) (= ‘Luggadroughy or Luggadruhawn. Upper part of Glenmacanass river’ *PriceBL/CGT* 8 (1946)) < ***na dtruthán** “of the streams” atá ann. Ba dheacair forbairt thánaisteach ó ***truthán** féin → **tromán** a thuairimiú, áfach (***/troha:n/** → ***/trowa:n/** → ***/troma:n/?**). Cf. in Oileán Mhanainn ‘*Cass Struan*, “Stream-foot”

¹¹⁸ Ceantar (.i. gar d’Achadh an Iúir (#4307)) nach raibh rófhada ón nGaeilge ag an am (Ó Tuathail 1937).

¹¹⁹ <https://scotlandsplaces.gov.uk/digital-volumes/ordnance-survey-name-books/argyll-os-name-books-1868-1878/argyll-volume-58/92> agus <https://scotlandsplaces.gov.uk/digital-volumes/ordnance-survey-name-books/argyll-os-name-books-1868-1878/argyll-volume-58/104>

or “Stream-side”; usually pronounced “Cass Struggan” Gill 1955: 116 (agus an séanas sa teanga sin faoi ndear).

Éadócha: dísp. **tromán** < **trom** (aid.) ‘sruthán trom(!)’. An-éadócha: Focal iasachta, m.sh. **tromán** < ***trom** < SIor. *straumr*; **tromán** < *triofan* ‘sileadh’ na Sean-Ghearmáinise Airde (cf. *eDIL* s.v. **trebán** ‘(perh. < O.H.G. *triofan*... “trickle”’).¹²⁰

E3. dubh “black; deep (of water)” [*eDIL* s.v. **dub**]: Cf. **Duibhlinn** < **dubh** + **linn**, bunús ainm Béarla Bhaile Átha Cliath (‘Dublin .i. *linn dubh no uisge doimhin*, a deep black water’ *Liosta Lhwyd* (c.1700), *pace* DPróis 326§25 mar a mínítear **Duibhlinn** mar ainm mná). Samplaí eile sa cheantar: le **gabhlaigh, garraí, giota, gleann, log, logán, ráithín**.

E4. A: UISCE + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **-bh** leathan balbh

Cf. ‘The Berries [*sc. fraocháin*] are called in the County of Wicklow *Brallan duh*’ Threlkeld 1726 < **breallán dubh**.

- **-án**

Ní léir buncháilíocht **-án** anseo [→**GS1.19**].

GS1.8 An Choill Mhór (1)

“the big wood”

A.

2018 1. *[kəil'vɔ:ɪ] X1

B.

2/8/1837 2. running down through *Coill mhor* & LSO 45
2/8/1837 3. *Coill mhór* LSO 47

C.

- Dúirt X1 [kəil'vɔ:ɪ], [kəil'vɔwɔ:ɪ], [kəil'vɔɔ:ɪ] ar dtúis mar iarrachtaí ar ‘Kylvrone’ a léamh as liosta na Marcanna, agus ansin [kəil'mɔɔn] ... [kəil'vɔɔn]. Comhtharlú is dócha, agus an cainteoir (a) curtha amú ag an -v- sa litriú seo agus (b) tar éis *Mun·vore, Park·vour, Garra·vore* a rá cheana. Bhí ‘the ·Kylena·brones [kəilnɛ'βɪlɔnz]’ sa ghnáthchaint ní ba dhéanaí ag an gcainteoir céanna .i. an t-ainm a bhí i gceist an chéad lá.

D. Is léir ó chomhthéacs LSO gur i *bf* Caisleán Uí Cheallaigh a bhí an áit seo, ag bun an tsléibhe de réir dealraimh. Níl aon chrainn nádúrtha léirithe anseo ar SO 6”.

E. Murab ionann is ***Coill na Brón** [GS1.50] ní thagann aon tagairt stairiúil anuas chugainn (murar tagairtí don ghné topagrafaíochta chéanna iad ‘the archbishop’s wood’ (c.1219), ‘the Friars wodde’ (c.1534) *Alen’s Reg.* 60). Samplaí eile: **An Choill Mhór (2)** [GC.175] → Brl. *The Big Wood*; ***An Choill Chnapach** [GC.249]; ‘Kyle·more’ (CM) PNW 231.

¹²⁰ B’in tuairimíocht ag Stokes chun an *hapax legomenon* ‘*trebān*’ in *TBDD* a mhíniú (‘*is cosmail ... fri caelglais n-uiscidí ... 7 a treban úadī sis*’). Ach **sreabhán** “streamlet” [*eDIL* s.v. **srebán**] an focal a thugann an *v.l.* ‘*srebān*’ le fios.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **coill** “wood” [*eDIL* s.v. 1 **caill**]. Cf. ***Coill na Brón** [GS1.50] le haghaidh foghraíochta.

E3. **mór** “big, great” [*eDIL* s.v. **mór, már**]. Samplaí eile sa cheantar: le **allt, ard, carraig, coill, easca, garraí, leó, log, móin, páirc, plaide**.

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

GS1.9 *An Log Mór (1)

“the big hollow”

B.

2/8/1837 1. the stream of Lug Mor

LSO 45

D. Ní léir cé acu don sruthán (i. ‘the stream *called Lug Mor’) nó don log as a ritheann sé (cf. ***Bearna Chroithligh** [GS2.76]) a thagraíonn (1) thuas. Féach ***An Sruth** [GS1.10].

E. Foirm Ghaeilge i bpeannaireacht an Bhéarla sa chur síos ar chúrsa na dtrí mhórshruthán a thiteann isteach sa Dothra (dála ‘Suidhchan’ LSO 98 [→**GS1.1**]). Is cosúil gur mionainm é a bhailigh EÓC ar an láthair; níl **Lug Mor* le fáil ar léarscáil Duncan 1821. Is é ‘*lug*’ an gnáthlitriú Gaeilge ag EÓC ar **log** “hollow” (cf. *bf* ***Log an Mhullaigh** [TS.291]). Samplaí eile den ainm céanna: (2) [GC.180], (3) [GC.216]; cf. ‘Lug·more: the name of the hill near Glenbride Lodge’ (*CM*) PNW 236.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **log** “hollow” [*eDIL* s.v. 1 **loc II (a)**]: Ach an cuntas ar chúrsa na gcrabhsruthán sa litir (LSO 45–6) a chur i gcomparáid leis an liosta logainmneacha (LSO 47) dhealródh sé go raibh ‘the stream of Lug Mor’ gar go leor don ‘*Leó mhór*’. Más ionann an dá logainm is deacair an meascán a mhíniú go sásúil. Ní féidir a chur as an áireamh gur ‘*Leó mhór*’ a bhí ar intinn ag EÓC agus é ag scríobh an chuntais i dtosach na litreach. An míniú is simplí is fearr, áfach, mar atá go dtagraíonn ‘the stream of Lug Mor’ don sruthán seo a ritheann anuas as log mór ar an leirg thoir theas den Charraig. [→**An Leó Mhór** [GS1.22]].

Samplaí de log ar shruthán: **Log na bhFiach** [GS1.21]; ***An Log Dubh** [GS2.70] (‘or Black Holla’) (cf. Brl. *Thompson’s Hollow* [GS2]); **An Log Mór (2)** [GC.180] (‘on a stream ... a glen’), ***Log na nGuairneán** [GC.221]. Samplaí de log eile: ***An Log Mór** [GS1.9]; **Log na Carraige** [GS2.173]; ***An Log Dubh (2)** [GC.262], ***Log na hAille** [GC.186]; *bf* ***Log an Mhullaigh** [TS.291]; cf. Brl. ‘The dry gap in the hill above Ballinascorney, to the South [*sc. Black Hill SO??*], is called The High Hollow’ PriceLN 2: 38 (1928).

E3. [**mór**→**GS1.8**]

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)




Fig. 16: Leabhair nótaí Liam Price (PriceLN) 16: 13.
Cartlann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.

GS1.10 *An Sruth

“the stream”

? < **Sruth an Loig Mhóir** “the stream of An Log Mór”

[= *Slade Brook* SO]

Brl. *The Srugh Slade*

A.

1980	1.	[ˈsɪʊx, sleɪd]	Z1a (x3)
	2.	[dʒˈsɪʊks] ¹²¹	Z4
2018	3.	[dʒˈsɪʊtˈsleɪd]	X1
2023	4.	[də, sɪʊxˈsleɪd]	X4
	5.	[dʒˈsɪʊk, sle:d]	

B.

25/4/1837	6.	—	DL E.289.4
2/8/1837	7.	the stream of Lug Mor	LSO 45
1843	8.	Slade Brook	SO 6" 1ú eag.
1939	9.	the Slade	PriceLN 16: 13
	10.	Srugh	
2015	11.	Scruc Slade Brook	FNGS
	12.	Srugh Slade Brook	FNGS (Marcanna)

C.

- ‘He spoke of the Slade, and I asked him what the brook was called and he s[ai]d we just call it Srugh...’ (1939) (Fig. 16).
- ‘This stream, that’s the *Srugh* Slade. That’s the *Slade* and this one is the *Srugh* Slade’ Z1a.

D. Is nach mór cinnte gurb ionann is ‘the stream of Lug Mor’ ag EÓC. Idirdealú idir seo agus an sruthán mór darb ainm Brl. *The Slade* nó Brl. *The Corrig Slade* [→**GS1.11**] a bhí i gceist ag Z1a [→**C.**].

E. Caolseans gur aistriúchán os íseal é ‘the stream of Lug Mór’ ag EÓC ar abairt thuairisciúil a chuala sé as Gaeilge .i. *‘*sruth an loig mhóir* [thall]’; is é is dóichí, b’fhéidir, gur logainm ann féin ab ea **Sruth an Loig Mhóir* (cf. **Sruth an Charraigín** [G] (#[1421838](#)) (PL): [ˌsɾuxənkariˈgʲiːnʲ]) agus gur giorrúchán go foirm shimpléacsúil faoi ndear leagan an lae inniu (cf. ***Easca Philib Uí Ghabhann** [GS2.65]).

Brl. *Slade Brook* SO luaite in Aguisín M. Ní dócha gur tiontú Brl. (A2) *slade* + (A1) *brook* atá anseo ar G (A1) **sruth** + (A2) **An Log Mór** [→**E2.**], ná ní dócha gur réadú é Brl. *Srugh Slade* ar G ***Sruth S(h)láid**.

¹²¹ Ní léir cé acu an fíor-leasainm é ag an gcainteoir óg seo nó ar fhág sé an logainm gan chríochnú — roinnt daoine ag caint in éineacht.

E1. [A] *af* (III) ?< [A2 + (A1 + C)] *af+alt+af+aid*. (I)

E2. **sruth** “stream” [*eDIL* s.v.]: Níl aon sampla eile sa cheantar taighde. Cf. ***An Sruthán** [GS2.74]. Samplaí eile de Brl. *slade* ‘log, gleanntán’ → ‘sruthán’ [*EDD* s.v. *slade* 1, 6]: *Slade Brook* SO 6” [*bf* An Baile Mór] [GS2]; cf. ‘Corrig Slade’ faoi **Glaise an Mhulláin** [GS1.11]. Is cinnte go raibh an leagan gaelaithe **slád** bisiúil i TS: féach ***Slád Ghort na Graí** [TS.282], **Slád na Cloiche Báine** [TS.312], ***Slád na bPrompóg** [TS.311], ***Slád na Riaibhche** [TS.313] srl., ansiúd).

E3. [→GS1.8]

E4. A2: UISCE + A1: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- **-th leathan** /x/

Cuimilteach soiléir sna trí sholaoid ón gcainteoir is sine (1); réadaithe go [k] roimh /s/ go coitianta (2, 5) ach /x/ fós le clos (4). Soiléiriú iad seo ar litriú débhríoch Price (10). Cf. ‘Scrock’, ‘Scruck’ *FNKK*; samplaí stairiúla ó Chontae Chill Dara in Ó Glasáin 2023: 50.

- **G sr-** tosaigh /sr-/ > Brl. [sdɪ-]

Forás coitianta i mbéarlú logainmneacha Gaeilge is ea /sr-/ > [sdɪ-], [sgɪ-]. Cf. *Sruhaun Bridge* SO (CD): ‘the Scrughán’ (1873); ‘the Stráid’ *O’Kelly*; cf. *FNKK*.




Fig. 17: Ainmleabhar OS88/BÁC/Par. Thamhlachta II, lch.77 [GS1.11].
Le caoinchead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.11 Glaise an Mhulláin

“the stream of/by the little summit”

Brl. *The Slade, The Corrig Slade*

[thug ainm do *bf* **Glaise an Mhulláin**]

A., B. *logainm.ie* (#17441): [ˌglaːsʲvʲiˈl̪ːn] Z2 [*bf*]; [d̪ːˈk̪oɪ̯ɟˌsleːd] (.i. sruthán) Z2, [d̪ːˈsleːd] X4 [→GS1.11]; OLBÁC.

D. Éiríonn an sruthán sa talamh fliuch bogach idir an Charraig agus an Suíochán agus gabhann síos isteach sa ghleann trí chlais shuntasach. Tugtar Brl. *The Big Stairs* [d̪ːˈbʲigˈsdej̪ːs] X4 ar an gcuid is rite is contúirtí den chlais seo, mar a bhfuil eas [→GS2.75].

E. An sruthán a thug ainm don *bf* ach is dócha gur cheart ‘the stream of *Glaise an Mhuilin*’ (LSO 45) a thuiscint mar ‘an sruthán darb ainm G...’ seachas ‘an sruthán a bhaineann leis an mbaile fearainn darb ainm G...’ (cf. ***An Log Mór** [GS1.9]).

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. glaise “stream” [eDIL s.v. **glais, glaise, glas**]. Dhá shruthán shuntasacha iad an dá shampla i GS. Sampla eile sa cheantar: *bf Glaise na Muice* [GS1.14]. Cf. **Clais na Spearóg** [GC.187], **Clais an Ghadaí** [GC.182].

E3. mullán “little summit” [eDIL s.vv. **mullán, mul**]. Dar leis an té a bheadh ag féachaint aníos ón tseanláthair eaglasta go dtagann an sruthán seo thar an mullach anuas [→**D.**]. Cé go raibh brí ar leith ag an bhfocal **mullán** i logainmneacha déanacha Chúige Laighean, mar atá “green field”,¹²² is cosúil gur sine an logainm seo ná an fhorbairt chéille sin. Samplaí eile: *sl Mullán Subh* (< **Mullán na Subhán**) (*CM*) “the little summit of the little berries?”: mullach lom portaigh atá ansiúd sa lá atá inniu ann. Cf. b’fhéidir ‘Inchana·mullan or Inchana·mulloge’ (*CM*) PNW 236.

Éadócha: **bh-** tosaigh .i. **bollán** “boulder”; **bullán** “bullock”. (Téarma de chuid na seandálaithe, is cosúil is ea **ballán** “cup-shaped rock-hole” san ainm Brl. *The Bullaun Stone* taobh thall den ghleann.) Bhreac EÓC ‘Glassavulawn’ *pl:AL* ach bhí foirm Ghaeilge ‘*Glas an mhullain*’ ÓD:AL ann roimhe. Níor scríobh EÓC leagan Gaeilge nua ach chuir líne *pl* faoin ‘*mh-*’ tosaigh, gur scríobh ‘*bh-*’ os a chionn chun é a leasú go ‘*Glas an bhulláin*’ d’aonghnó (Fig. 17). Ní léir cé acu an foirm/míniú é seo a fuair sé go háitiúil .i. **Glaise an Bhulláin** “the stream of the bullock” (mar chodarsnacht ar **Glaise na Muice** thall?) nó iarracht ag EÓC an fhoirm Ghaeilge a chur in oiriúint don -v- sa leagan Brl. aige. (Féach gur thuairimigh EÓC **bullán** san AL do *bf Baile Uí Mhothláin* (#10226) (*Co*) agus *bf Cathair an Mhaoláin* (#11875) (*Co*) araon nó gur scrios ÓD na moltaí sin amach. Ní raibh ceachtar acu ar obair pháirce sa chontae úd, ar ndóigh; féach Ó Dálaigh 2008.)

Éadócha: gin. iol. **na bhF...** Thabharfadh an dá thagairt is luaithe ‘Glassenfallan’, ‘Glasnesalthan’ [*leg. -nefalthan*] *Alen’s Reg.* (c.1534) le fios go mb’fhéidir gur **...na bhF...** atá sa cháilitheoir (m.sh. **Glaise *na bhFollán?**). Ba dheacair a leithéid d’ainm a anailísiú áfach.

An-éadócha: **muileann** “mill” [eDIL s.v. **muilend**] [→**F.**]. Tagann ‘the stream of *Glaise an Mhuilin*’ LSO salach ar ‘Glassavulawn’ *pl:AL* agus is dócha gur botún é. Is deacair a chreidiúint go raibh muileann anseo riamh ná gurbh ann do dhá logainm ar leith .i. ***Glaise an Mhuilinn** ar an sruthán agus *bf Glaise an Mhulláin* (#17441) ar an mbaile fearainn. Cf. buille faoi thuairim eile ag EÓC faoi *bf Glais na Muileann* (#55327) (*CM*): ‘stream ... called Glassanmullen (*Glaise an mhuillin*) or the mill stream’ LSO (*CM*) 299 (19/1/1839).

E4. A2: UISCE + A1: ARDÁN

F.

- **-án** /a:n/
- **mh-** leathan /v/

¹²² Féach an nóta mínithe faoi *logainm.ie* #28803.

GS1.12 An Charraig

“the rock”

< **Carraig Dhuáin**

“rock of kidney(-shape)?”; “the rock of Duán?”

logainm.ie (#137068)

[= *Corrig Mountain* SO]

A.

1980	1. [d̪ɜːkɔ.ɲgˈm̪eːɲn]	Z2
	2. [d̪əˈkɔ.ɲgˈm̪eːɲn]	Z14
2022	3. [d̪ɜːˈkɔ.ɲg]	X2a

B.

1219–28	4. Carycdowen	<i>Alen’s Reg.</i> 60
c.1225	5. Karricdowen	<i>Reg. St. Jn. B.</i> 234, 354
c.1534	6. Karaght Lobayne	<i>Alen’s Reg.</i> 293
	7. Karaght[.]ovayne	<i>Alen LS</i> 96b
c.1534	8. Karickowene	<i>Alen’s Reg.</i> 60n.
	9. Karcdovene	<i>Alen LS</i> 124
1760	10. Carrigeen Rea	<i>Rocque</i>
1813	11. Carrigeen Rea	<i>Griff. Bog Comm.</i>
1816	12. Carigeen Rea (-r- amháin sic)	<i>Taylor</i>
1838	13. Carrigeen-Rea	<i>D’Alton</i> 756
1821	14. Carrigeen Ruagh [x2] ¹²³	<i>Duncan</i>
2/8/1837	15. Carrigeen Roe	LSO 46
1877	16. Carrigeen Rhua	Handcock 1877: 73
25/4/1837	17. Corrig Mountain	DL E.289.4
1837	18. ‘Near the centre of Glasavolane Tld.’	<i>Situation:AL</i>
1837	19. <i>Carraig</i> “a rock”	<i>ÓD:AL</i>
1843	20. Glassavullaun Mountain ¹²⁴	SO 6" 1ú eag.
c.1870	21. Corrig Mountain	SO 6" ath.
2/5/1937	22. the Carrick	PriceLN 16: 13
17/12/1928	23. Corriganoura is Corrig Mountain ¹²⁵	PriceLN 2: 71
19/2/1946	24. Corriganoura ¹²⁶	PriceBL/CGT 10

D. Cnoc 618m. Eibhear an chuid is mó de; siosta sa chuid thiar thuaidh de i dteorainn leis an Suíochán agus ar feadh shruthán Ghlaise an Mhulláin; clúdaithe le portach in uachtar, lomadh carraige faoi bhun c.450m. Cf. ‘great place for the granite ... used it for the chapel in Bohernabreena and the

¹²³ Tugann Duncan an t-ainm seo ‘Carrigeen Ruagh’ faoi dhó: (i) mar a bhfuil ‘Carrigeen Rea’ ag Taylor 1816 & Rocque 1760 = *Corrig Mountain* SO, agus (ii) mar a bhfuil *Ballymorefinn Hill* SO.

¹²⁴ Sic ar an gcéad eagrán. Tugadh an botún faoi deara le linn athbhreithniú 1867: ‘Corrig Mountain ... This mountain is called “Glassavullaun Mountain” on the sheets but it is not known by that name in the neighbourhood. M. Carothers, 24 Novr. 1867’ *AL(Athbhr.)*: Tallaght Field Name Book No. 2.

¹²⁵ Ainm de chuid C.G. Thompson.

¹²⁶ ‘Corriganoura: Mt. between Seeachawn & Barnacreel’; cf. ‘Barnacreel: Gap between Seefingan & Corriganoura’ PriceBL/CGT 10.

Waterworks' Z2; cf. déantús Theampall Santáin [GS1.45]: 'A church built of randomly coursed granite, apparently quarried from Corrig Mountain' *Fardal* DU025-033001.

E. Is cosúil go bhfuil 'Carrigeen Roe' ag EÓC faoi thionchar 'Carrigeen Ruagh' ag Duncan (1821) (cf. an tagairt fhánach amháin forcheartaithe(?) aige don Sliabh Rua mar 'Sliabh Roe' LSO 49 (15/7/1837)). Cloíonn na léarscáileanna eile, agus D'Alton, le 'Carrigeen Rea' as léarscáil Rocque (1760) (Fig. 1). Seans áfach nach don chnoc seo a thagair an t-ainm sin ó cheart ach do ***Carraig an Abhra** [GS1.38].

Is geall le cinnte gurb é an Charraig seo idir chamáin atá i gceist sa chur síos ag an Ardeaspag Alen thuas (4, 6–8). Glactar anseo leis na foirmeacha úd mar bhunainm an chnoic seo idir chamáin. (Ní réitíonn an suíomh le 'Corrigadown ... a place in the eastern part of Athdown' *PNW* 270.)

E1. [A] *af* (III) (< [A+C] *af+af* (V)??)

E2. **carraig** "rock" [*eDIL* s.v. **carrac**]: 'Cnoc/sliabh carraigeach' an bhrí anseo ní foláir [→**D.**]. Tá an eilimint seo le fáil mar ainm ar charraigí aonair agus ar ghnéithe carraigeacha freisin, cairn san áireamh. Fianaise ar son **carraig** seachas **carraigín** [→**E.**] sa bhunainm is ea an mionainm ***Log na Carraige** [GS2.173] ar leirg íochtarach an tsléibhe.

E3. **duán**, gin. u. **duáin** "kidney(-shape)" [*eDIL* s.v. 2 **dubán**]: Tagairt do chruth an chnoic mar atá sé ceangailte den Suíochán le droim talún? Codarsnacht, b'fhéidir, le ***Carraig an Abhra** [GS1.38].

B'fhéidir: ainmp. **Duán** (< MG **Dubán**).

Éadócha: **Ó Dubháin**, gin. **Uí Dhubháin**. Cf. 'Morogh Downan' [**Murcha Ó Dubháin**] sa ghleann seo in *HMR* 434 (1664); cf. 'William Downes' in *bf* An Baile Mór (#17425) i 1771.¹²⁷

E4. A: ARDÁN (+ C: CORP)



Grianghraf 2: Cnoc an tSiáin [GS1.13].
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Bailiúchán Paddy Healy.

¹²⁷ **Aguisín N:** Ainmneacha na nGael sna gleannta.

GS1.13 Cnoc an tSiáin

“the hill of the fairy mound”

[= *Knockanteedan* SO]

A.

1980 1. *[naksɜːˈdan] Z1a

- Ní ó dhúchas a bhí an t-ainm seo ag Z1. Fiafraíodh den chainteoir faoi ‘fairy forts’ sa ghleann go ndúirt, ‘The one down in Glassamucky ... they call it [naksɜːˈdan] or something’. Cuimhne ar *Knockanteedan* SO ar an mapa agus meascán le *bf Cnoc Siáin/Knocksedan* (#17079), par. Shoird ([ˌnəkʃɪˈdaːn] (2022)) is dóichí faoi ndear. D’úsáid an cainteoir céanna ‘they’ nuair a ghearáin sé an leagan ‘Piperstown Spink’ a chonaic in ionad Brl. *Spinkeen Stone* ar léarscáil eile [→**GS1.37**].
- (1995: Níor aithin cainteoirí Z14, Z15 [*bf* Buaille na Scornaí] an t-ainm *Knockanteedan* SO.)

B.

25/4/1837	2. —	DL E.289.4
2/8/1837	3. <i>Cnoc a tsidhain</i> , a tumulus	LSO 47
18/9/1837	4. Knockan Tseedain	MSO 158 (Williams)
??/9/1837	5. Knockanteedan	MSO 158 (ÓD)
6/10/1843	6. ‘Mound’	IPSO 24.2 [Fig. 18]
1843	7. Knockanteedan	SO 6” 1ú eag. [Fig. 19]

E. Seo an chéad ainm ar an liosta a fuair EÓC ón Reachtúrach agus an ghné is suntasaí ag béal an ghleanna. Ní carn é seo ach cnocán cré. ÓD a mhol an litriú a greanadh ar an mapa ar deireadh .i. *Knockanteedan* SO (5), ach is léir gur eascair an *-d-* as droch-thraslitriú Lt. Williams (4) ar fhoirm Ghaeilge EÓC (3) (féach Aguisín M). Dá bhrí sin ní gá béarlú ársa ó ré na Meán-Ghaeilge a thuairimiú (ar nós MG **Cnoc Sídáin** /ˌknəkʲiːðaːnʲ/ → *bf Cnoc Siáin/Knocksedan* (#17079) (*BÁC*)).

Samplaí eile den ainm céanna: *bf Cnoc an tSiáin* (*Cl*), (*Li*); **Cnocán an tSiáin** (#1436741) (*Cl*): ‘*Cnocán a tSíodhain*’ *pl:AL*, ‘Knockateeaun’ *ÓD:AL*. Cf. *bf Sián* (#3294) (*Ce*): ‘Shean’ (1551), ‘Knocktian’ (1614), ‘Knocketyane’ (1631), ‘*Síodhán*’ *pl(EÓC):AL* (1839). Cf. *bf Siánach Mhór, ~Bheag* (#55280) (*CM*).

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. **cnoc** “hill, (natural) mound” [*eDIL* s.v. **cnocce**]: Ní gá **cnocán** a chur san áireamh [→**E**].

E3. **sián** (MG **sídán**), gin. u. **siáin** (MG **sídán**) “little fairy mound” [*eDIL* s.v. **sídán**] (pléite in Ó Cathasaigh 1978). I gcóngar do *bf Bóthar na Bruíne* (#17429) [GS1.42] < **bruíon** “(otherworldly) hostel”, a fuair ainm ó Bhruíon Dá Dhearga (cf. *TBDD*) (tugtha faoi deara cheana ag Mac an Bhaire 1977: 31).

E4. A2: ARDÁN + A1: OSNÁDÚRTHA

F.

- athrú teanga
Dhealródh sé nach raibh an logainm Gaeilge seo ar eolas ag muintir Bhéarla na háite faoin mbliain 1843: ‘Mound ... in Glassam[ucky] ... Called by the Inhabitants the Moat ...

considered to be a very ancient one' MSO 364. Is cosúil gur mhair an t-ainm i measc na nGaeilgeoirí deireanacha .i. na Reachtúraigh i gCaisleán Uí Cheallaigh agus a gcara Aindrias Ó Gabhann a bhí ina chónaí ar an gCarraigín in aice leis an gcnocán seo (féach Aguisín M).



Fig. 18: OS107 (IPSO BÁC) Bileog 24 (9/9/1843).
Le caoinchead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.



Fig. 19: SO 6" (BÁC) Bileog 24. An Chéad Eagrán (7/11/1843).
Le caoinchead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.




Fig. 20: Ainmleabhar OS88/BÁC/Par. Thamhlachta II lch.53 [GS1.14].
Le caoinchead ó Stiúirthóir na Carilainne Náisiúnta.

GS1.14 *bf* Glaise na Muice

“the stream of the pig”

[= *bf* *Glassamucky*]

A., B. *logainm.ie* (#17438); OLBÁC.

D. Cainéal leá-uisce oighreach a ritheann idir *bf* Baile an Phiobaraigh agus *bf* An Carraigín i mbéal an ghleanna. Bhí achar maith i gceist sa roinn ‘Glassamuckey’ i Suirbhé 1771 (féach *supra*). Dúirt an Reachtúrach go bhfuair a chara Aindrias Ó Gabhann bás ‘at Glasamucky on the Glens side’ — bhí seisean ina chónaí ar an gCarraigín de réir *GVal*. Díol spéise gur thagair *Glassamucky* don ghleann ar fad sa Bhéarla san 18ú haois,¹²⁸ tráth a bhfuil tagairtí againn don ainm traidisiúnta **Gleann an Smóil** [GS1.3] sa Ghaeilge.

E. **Gla(i)s M(h)uice** an tseanfhoirm sa Ghaeilge is cosúil (‘Glasmokyn’ [*leg.* -moky?]) (1172), ‘Glasmoky’ (1332), ‘Glasmoky’ (1550–51)) [*eDIL* s.v. **glais, glaise, glas**]. An t-alt gin. **na** le feiscint go soiléir den chéad uair in ‘Glassenamuickye’ (1582) (cf. ‘Glasenewyk’ (1540), ‘Glasnymicky’ (1541)) agus fanann ann go dtí ‘Glassnimicky, alias Glassmucky’ (c.1670) ar a laghad. San 18ú haois a tháinig foirm Bhéarla an lae inniu chun solais (‘the Glinn of Glassimuckey’ 1741) — ach tá corrrshampla leis an alt le fáil ar feadh an ama (‘Glassnamucky’ (1752), ‘Glassnamucky’ (1819), ‘Glassinamucky’ (1825)).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I) [< *af+af* (V)]

E2. Gan aon rian (ach oiread le **Glaise an Mhulláin** [GS1.11]) de mheascán le **clais** “trench, ravine”; cf. **Clais na Spearóg** [GC.187], **Clais an Ghadaí** [GC.182]; *bf* **Glais Ghainimhe** (#55053) (*CM*). Forás is féidir a shonrú, b’fhéidir, is ea ‘Glas-’ (aonsiollach) go ‘Glaise-’ (déshiollach). (Cf. fianaise *bf* **Glaise an Ghadaí/Clashagad** (#41822) (*UF*), mar a dtagann an t-alt chun solais idir 1305 agus 1552.) Is fusa fós an t-alt baininsneach a shonrú anseo, m.sh. ‘Glasnymicky’ (1541).

E3. **muc**, gin. u. **muice** “pig” [*eDIL* s.v. **muc(c)**]: Réitíonn an meascán ‘-moky’, ‘-moke’, agus gan amhras an t-alt baininsneach uatha sna foirmeacha déanacha ar nos ‘-nemuickye’, le gin. u. (**na**) **muice**.

¹²⁸ ‘A survey of the mountain farms in the Glinn of Glassimuckey, Glassimuckey, Piperstown, The Brakes of Glassimuckey, Coonard, Castlekelly, Glassevoolaun, Ballymorefinn together with the high mountain and bogs lying in the parish of Tallaght, belonging to the Archbishop of Dublin ... by Thos. Reading 1741’ in Nolan 1992: 226 n.46.

Éadócha: **muicí**, gin. u. **muicí** “swineherd” [eDIL s.v. **muc(c)aid**]: Níor cheart gan foirm an Reachtúraigh ‘*Glais a Mhuicídhe*’ LSO, ‘*Glais an Mhuicídhe, Glasamuckey*’ pl(EÓC):AL [***Glaise an Mhuicí** “the glen of the swineherd”] a chur san áireamh, cé go dtagann sé salach ar na foirmeacha béarlaithe 1582–c.1670 agus 1825 (*logainm.ie*). Ní bheadh aon locht air ó thaobh céille de [→F].

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINMHÍ

F.

- ?? -e /ɪ/ deiridh ~/-i/
Caolseans gur cheart ‘*Glais a Mhuicídhe*’ LSO a léamh mar ***Glaise Mhuice** “stream of (the) pig” .i. réadú ar an bhfoirm stairiúil .i. **Glaise Mhuice** */glafəˈvɔːkʲi/, b’fhéidir le claonadh sa chanúint -e /ɪ/ deiridh a chur chun tosaigh i dtreo [i(˚)].




Fig. 21: Ainmleabhar OS88/BÁC/Par. Thamhlachta II lch.81 [GS1.15].
Le caoinhead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.15 bf *Na Brácaí

“the Brakes”

[oifigiúil = bf **Mothar Ghlaise na Muice/Glassamucky Brakes**]

Brl. *The Brakes*

logainm.ie (#17439); OLBÁC

A.

2018 1. [dʒˈbɪːks] X1

B.

1741	2. The Brakes of Glassimuckey	Suirbhé ¹²⁹
1760	3. The Brakes	<i>Roque</i>
1771	4. Breaks	Suirbhé 1771
1772	5. the breaks of Glass-a-mucky	Rutty 1772 II: 19
1796	6. the Breaks of Glassmucky	Leac Uaighe
1821	7. The Break [sic]	<i>Duncan</i> ¹³⁰
25/4/1837	8. The Breaks of Glassamucky [bf]	DL E.289.4
25/4/1837	9. The Breaks Hill ¹³¹	DL E.289.4
1837	10. Brakes?	ÓD(corr):AL
2/8/1837	11. <i>brácaidhe</i>	LSO 47

¹²⁹ Nolan 1992: 226 n.46.

¹³⁰ Cf. ‘The Breaks’ in aice Bhuaille na Scornáí freisin, *ibid.*

¹³¹ Léirithe taobh thuas de ***An Chlais (1)** [GS2.131].

1837	12. Glassamuckey Brakes	<i>pl(EÓC):AL</i>
	13. <i>brácaidhe</i>	
	14. Brackey	
1838	15. the adjoining village of Brakes ¹³²	<i>D'Alton 754</i>
1943	16. the 'Breaks', St. Ann's, Bohernabreena	<i>MHR 131</i>




Fig. 22: *Na Brácaí [GS1.15] — cnuasbhaile os cionn na láithreach eaglasta.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

D. Fobhaile suite os cionn na seanláithreach eaglasta.

E. ***bráca**, iol. (na) **brácaí** < Brl. *brakes* [EDD s.v. *brake* (sb.5)] (cf. *eDIL* s.vv. 1 **muine**, 2 **muinech**; **dristenach**, **drong**, **fúalascach**, **raithnech**, 2 **ruba**; **práca**). Cf. freisin ‘gleann na raithnighe, i.e. the Glen of the ferns or brakes’ *ÓD:AL* [→**TS.292**].

Toisc gan aon phonc i ndiaidh an logainm ‘*brácaidhe*’ ag deireadh líne ar liosta LSO 47 (Fig. 11) bheadh fonn ar dhuine é sin agus an logainm ag tús an chéad líne eile ‘*Cón árd*’ a thuiscint mar a bheadh *‘*brácaidhe Cón árd*’ ann (m.sh. Herity 2001: 22; cf. “the brakes of the noble hound” [!!] *Irish Times* 8/5/1929). Is ann don mhionainm Brl. *Brakes of Cunard* inniu, de chomhtharlúint, ach deimhníonn nóta EÓC san AL (Fig. 21) gur thagair an t-ainm do *bf Glassamucky Brakes* (‘*brácaidhe*, Brackey’ *pl(EÓC):AL*).

Gaelú logainm Brl.? Is féidir an logainm Brl. (*The Brakes*) a rianú siar go dtí lár an 18ú haois ar a laghad. Bheifí ag súil le tuiscint fhorleathan ar bhrí an téarma thopagrafaigh Brl. *brakes* ‘raithneach, mothar, srl.’ an uair úd agus díol spéise gur tugadh isteach sa Ghaeilge é, más fíor. Is cosúil gur sampla eile é ***Na Brácaí Réidhe** [GS2.69] os cionn Aill Mháirín agus más ea bhí an focal iasachta seo bisiúil i nGaeilge na háite. Níor ghá, mar sin, gur ghaelú é ***Na Brácaí** anseo ar ainm Béarla na lonnaíochta bige os cionn na láithreach eaglasta, rud a thabharfadh leid dúinn ar *terminus ad quem* le haghaidh thréimhse bhisiúil na logainmneacha Gaeilge. Is dócha go bhfuil an iasacht

¹³² ‘from the adjoining village of Brakes down into the consecrated ground [sc. Teampall Santáin].’

Ghaeilge ***bráca** féin níos sine ná an t-athrú guta Brl. /bra:ks/ → /bre:ks/ a bhí tagtha chun críche faoin 18ú haois (McManus 1994 §11.6) [→**F.**].

Samplaí eile: Brl. *The Brakes (of Cunard)*; Brl. ‘The Breaks of Ballyn[a] Scorney’ *Rocque* (1760) = ‘the Breaks of Ballynasorney’ *Taylor* (1816) = ‘The Breaks’ *Duncan* (1821), marcáilte ar an ngleanntán idir *Black Hill* SO agus Sliabh na mBardóg. Tá tuairisc fhada shuimiúil ag D’Alton 1838: 752–753 ar an dúlra fiáin a thug ainm don áit dheiridh úd.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH

F.

- **-á- /?/**

Is léir ar litriú 1771 go raibh an guta san ainm Béarla forbartha go dtí /e:/ nó /eɪ/ faoi lár an 18ú haois, mar a mbeifí ag súil leis. Níl aon leid sa leagan ‘béarlaithe’ a scríobhann EÓC in AL .i. ‘*brácaidhe*, Brackey’ *pl(EÓC):AL* faoi cé acu *a*-tosaigh nó *a*-cúil a bhí sa Ghaeilge ach féach ‘prond. Máreens’ mar bhéarlú aige faoi **Aill Mháirín** [GS1.4] thuas, a bhfuil *a*-cúil le clos sa chaint; cf. freisin [ˌbɪɑːkiːɹɪ] faoi ***Na Brácaí Réidhe** [GS2.66]).

GS1.16 *bf* ***An Cuan Ard**

“the elevated river-confluence?”

[oifigiúil: *bf* **Cionn Ard**/*Cunard*]

A., B. *logainm.ie* (#17434): ‘Conard’, ‘Coonard’ Suirbhé 1771: 38, 112; [kɔːˈnaːɹd] Z1; [kɪˈnæːɹd] Z14, X1; [ˌkoːˈnæːɹd] X2; OLBÁC.

D. Síneann an *bf* ó dheas ar feadh leirg an tsléibhe os cionn *bf* *Castlekelly* agus cuid d’**Aill Mháirín**. Bhí an cnuasbhaile bunaidh suite ar imeall thuaidh an aonaid riaracháin seo, áfach, mar a bhfuil *Cunard* SO léirithe mar ainm fo-bhaile ag an ngabhal sa bhóthar (féach Nolan 1992: 218, Fig. 9 [sa saothar sin]).

D3. Suite os cionn chumar sruthán ar léibheann oigheardhobhrach.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **cuan** “haven, (river-)bend, ?” [*eDIL* s.v. 2 **cúan**] (“sometimes it appears to refer to where rivers join or widen” *FSÁG* 6: 148 s.v.). Is fearr a réitíonn an litriú ‘*Cón árd*’ LSO agus na foirmeacha áitiúla [→**A.**] le **cuan** (réamhbhéime) ná le **cionn** na foirme oifigiúla. Is deacair na gnáthbhríonna le **cuan** a léamh ar an tírdhreach, ach is anseo a ritheadh dhá shruthán anuas ón sliabh isteach ina chéile (féach ***An Ghabhlaigh Bheag** [GS2.115]) agus as sin isteach i sruthán **Aill Mháirín** [GS1.4] [→**D3.**]. Samplaí eile: *bf* **An Cuan Mór** (#54886) (*CM*), *bf* **Cuan an Bhealaigh** (#55588) (*CM*), ‘Quintagh’ (*CM*), ‘Coontia’ (*CM*) *PNW* 222; *bf* **An Cuan** (#28341) (*La*); b’fhéidir *tr* **An Cuan Ard** (#114114) (*ME*).

Éadócha: **conn** “bulge, protuberance” [*eDIL* s.v.]. Oifigiúil: **ceann**, tabh. **cionn** “head” [*eDIL* s.v. **cenn**] (cf. Ó Maolfabhail 2005: 44).

E3. **ard** [aidiacht] “high”: Sampla éiginnte: **The Fair Cord* [GC.246]. B’fhéidir freisin **ard** [ainmfhocal], gin. u. **aird** “height” [*eDIL* s.v. 1 **ard** II (a)]. Ní thiocfadh sé sin leis an litriú ‘árd’ LSO.

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (ARD/ÍSEAL)

F.

- **-ua-** /o:/?

Réadú an défhoghar /uə/ mar ghuta leathdhúnta cúil fada [o:]. Cf. ***Tuaim Moling** [GC.175].

GS1.17 Sliabh na gCloch

“the mountain(side) of the stones”

[~*bf* *Glassamucky Mountain*]

B.

2/8/1837

1. *Sliabh na ccloch*

LSO 47

C.

- ‘There’s the Rocks [raks] there where you are’ ... ‘[déarfai i dtaobh caorach] “they’re on the Rocks”’ X1.

D. Suíomh éiginnte ach is léir go raibh sé ar an taobh thoir den ghleann, de réir ord na logainmneacha in LSO 47. Is dóichí leirg thiar Shliabh Choill an Chaoich/Shliabh Ghlaise na Muice. Bhí clocha á mbaint den sliabh seo le linn an 19ú agus an 20ú haois, ‘when the outcrop of the hillside was exploited for the rising townships of Rathmines and Rathgar and Pembroke’ *JRSAI* 56 (1926) 123. Tá lomán creagach agus bolláin le feiscint go flúirseach anseo fós; féach freisin na trí **chloch**-ainmneacha anseo [→**E3.**].

E. Ní léir aon bhaint dhíreach idir na hainmneacha ‘*Sliabh na ccloch*’ agus *bf* *Glassamucky Mountain* (#17440). Sampla eile: ‘a stupendous rocky peak [= *sl Carrick Mountain* (#1411212) (*CM*)] ... the western part of this mountain is called very properly Sliabh na gcloch ie the Rocky mountain’ LSO (*CM*) 249 (EÓC 16/1/1839).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. sliabh “mountain” [*eDIL* s.v. **slíab**]: (Cuid áirithe de) leirg sléibhe ≠ an bheann féin, is dócha.

Samplaí eile: [leirg sléibhe] **Sliabh na Móna (1)** [GS1.36], ***Sliabh na Móna (3)** [GS2.60], **Sliabh na mBardóg** [GS1.35], ***An Sliabh Carrach** [GS2.90], **An Sliabh Gearr** [GC.213];

Samplaí eile: [beann, sliabhraon] ***An Sliabh Rua** [GS1.49], ***Sliabh na Móna (2)** [GS1.53].

E3. cloch, gin. iol. na gcloch “stone” [*eDIL* s.v.]: [mar cháilitheoir] cf. ***Páirc na gCloch** [GS2.119]; ***Gort na gCloch** [GC.192], ***Garraí na gCloch** [GC.233]. Tá sé le fáil mar aicmitheoir freisin [→**GC.188**]. Is ar an sliabh seo, i ndeisceart *bf* Mountpelier i dteorainn le *bf* Mothar Ghlaise na Muice, a bhí na mionainmneacha ‘Tubber na Clogh brack’, ‘Clogh a Da ooin’ agus ‘Clogh Ard’ marcáilte ar léarscáil 1752 [→**GS1.54–56**].

E4. A: ARDÁN + C: MIANRA

GS1.18 Dochtóg

“bedding(-bog)?”

[? = *Featherbed*]

B.

2/8/1837

1. *Dochtog*

LSO 47

C.

- (You wouldn't say 'Featherbed Bogs' or 'The Featherbeds'?) No, Featherbed Mountain [ˌfɛdʒˈbɛdˈmɛʊn], yeah. It was the whole area of Ca— Corra-wawn, Bannagha-bawn and all that. From there, it doesn't— just goes as far as the boundary, all that area is the Featherbed [ˌfɛdʒˈbɛd]. (But you wouldn't have heard *Dochtóg* [ˈdɔxd̪ˌoːg], *Do'tóg* [ˈdɔtˌoːg], no?) No, no. (X1).

D. Suíomh éiginnte. Seans gurb é seo an t-ainm a bhí ag Gaeilgeoirí na háite ar an sliabh portaigh *Featherbed Mountain/Bog*. Tá sé le tuiscint as LSO 47 go dtagraíonn ‘*Dochtog*’ d’áit éigin idir Sliabh na gCloch agus Bun na dTrí dTromán. Is idir an dá áit seo, ar gach taobh de theorainn an chontae, atá an áit darb ainm Béarla *Featherbed Mountain* suite [→C.].

E. Is é an trua é nár luaigh (nó b’fhéidir nár thuig) EÓC cén ghné a bhí i gceist leis an ainm seo ar an liosta. Más ionann é is an *Featherbed* díol spéise ‘on the edge of Feather bed Bog’ LSO 76 (23/8/1837) sa litir chéanna ina míníonn sé suíomh beacht ‘*bun na ttrí ttromán*’ LSO 77 a fuair sé ar an turas céanna le **Dochtóg**. Achar mór é an *Featherbed* a bhfuil *na Bánóga Bána, *an Corr-ruán, *Easca an Aoire agus an Garraí Dubh san áireamh ann [→C.] — seans go raibh an t-achar seo i gceist leis an ainm **Dochtóg**. Éadócha: giorrúchán < [Móin na?] d**Tochtóg**.

Brí agus bunús: Tharla gur minic *aidiacht* + **-óg** mar ainm abhann, níor chóir ainm srutháin a chur as an áireamh anseo, díorthaithe ón *aidiacht docht* .i. **dochtóg** (?) “straitened, narrowed river” [eDIL s.v. **docht**]. Níl aon sruthán idir Sliabh na gCloch agus Bun na dTrí dTromán, áfach, nach bhfuil (a) ainmnithe in *FNGS* nó (b) pléite nó luaite ag EÓC in LSO. Cuir i gcás mar sin an t-ainmfhocal **docht** = **tocht FGB**; cf. **tocht síos** “a shakedown bed” *Dinn*. s.v. **tocht** “bed-tick”, **éadach tochta** “ticking” *FGB* (Brl. *tick* ‘clúdach tochta; éadach tochta’ de Bhaldraithe 1959; Brl. *feather bed* = *feather tick* = *feather mattress*) [→F.].

Samplaí eile de ainmfhocal + dísp. -óg: ***An Cheapóg** (1), (2) [GS2.136, 165] < **ceap**; ***Crosóg** [GS2.156] < **cros/crios** (?); ***Na Bánóga Bána** [GS2.62] < **bán** (*af* fir.); ***Cúilteog** [GS2.155] < **cúl** (?); cf. ‘Fossöge’ [< **fás** (?)] *PNW* 228. (Samplaí eile in Éirinn in *Aguisín E.*)

B’fhéidir cf. **dachtán** “(place of) foul-smelling turf” (*DG*) Watson 2019: 127, nach léir a bhunús.

E1. [A(+D)] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN? (+D: -ÓG)

- Gaelú dúchasach (?)

Tagraíonn Brl. *Featherbed* féin don cheannbhan a fhásann go rábach ar fud an chuid seo den sliabh sa samhradh. **Síoda móna** an t-ainm a bhí air seo i gCill Mhantáin le linn an 17ú haois (‘Irish *Keanuan ban*, in the County of Wicklow *Siodha Monah*’ Threlkeld 1726). Más

aistriúchán dúchasach é (de chuid an 17ú haois?) ar an logainm coitianta Brl. *featherbed* cuir é i gcomórtas leis an ngaelú ***Na Brácaí** [GS1.15].




Fig. 23: Meamram OS97/8 (BÁC) lch.125 — ÓD ag ceistiú míniú áitiúil *troman*. (Féach Aguisín M.)
 Le caoinchead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.19 Bun na dTrí dTromán

“the confluence of the three streams”

A.

- | | | |
|-------|---|-----|
| (1980 | 1. [d̪₃.t̪r̪iːˈb̪r̪oːks] | Z5) |
| (1980 | 2. [d̪₃.t̪r̪iːˈb̪r̪oːks] (<i>sic</i> ≠ [t̪]) | Z2) |

B.

- | | | |
|-----------|---|--------------------|
| 2/8/1837 | 1. <i>Bun na ttrí ttromán</i> | LSO 47 |
| 23/8/1837 | 2. the point of junction of these streams is called
<i>bun na ttrí ttromán</i> | LSO 77 |
| 30/8/1837 | 3. Bun na dtri dtroman | MSO 123 (Williams) |
| 30/8/1837 | 4. pron ^d . Bun na dree dromán. The <u>mouth</u> ^{meeting} of
the 3 streams. | MSO 123 (EÓC) |
| 1837 | 5. Bun na dree dromán | MSO 125 (ÓD) |

C.

- [‘another one comes down here, that’s the Lodge, and when you go up to the top of that there’s a little one running into that one, that’s the Three Brooks coming down there’ Z5];
[‘the Dodder rises in the Three Brooks’ Z2]

D. Féach Fig. 24.

E. Pléite in Aguisín M. Tá dealramh le foirm EÓC, in ainneoin ghearán ÓD: ‘I don’t believe that troman means a stream. Do the three streams exist and meet here? *Troman* is the elder or bore tree. *srothan* is a stream. *sruaim*, dim. *sruamán* — *bun na dtrí sruamán*?’ MSO 125 (1837) (Fig. 23).

Sampla eile den logainm céanna: *bf Bun na dTrí Sruthán* [G] (#14357) (DG): [ˌb̪ɔ̃n̪n̪əˈd̪r̪iːˈs̪ruːh̪ən] (1979). Féach Brl. *The Three Brooks FNGS*.

E1. [S+U+A] *af+alt+uimhir+af* (I)

E2. **bun** “(river-)confluence” [*eDIL 1 bun*]. Tá brí na heiliminte seo soiléir ó chur síos EÓC. Cf. **bun na dtrí n-uisce** “the confluence of three streams” *FGB* s.v. **bun** (3); **bun na dtrí gcríoch** “where three boundary lines meet” *ibid.* s.v. **críoch** (1).

E3. [**troman**→[GS1.8]]

E4. S: BUN/BARR + U + A: UISCE

E.

- deilbhíocht
Díol spéise an t-urú ar thúschonsan na haidiachta a cháilíonn an t-ainmfhocal sa ghinideach iolra, comhartha ar logainm cuíosach seanbhunaithe. Samplaí eile: **Loch na dTrí gCarr** (#1396522) (*DG*); **Loch na dTrí gCaol** (*Ca*), (*Ci*); **Tobar na dTrí dTeorann, Garraí na dTrí gCúinne** [*G*] (*Ci*).
- athrú teangan
Ní léir cé chomh dlúth a d'fhreagair Brl. *brook* do **G tromán** le linn an athraithe teangan.

GS1.20 *bf* **Caisleán Uí Cheallaigh**

“the castle of Ó Ceallaigh”

[= *bf Castlekelly*]

A., B. *logainm.ie* (#17430): ‘*Caislén uí Cheallaigh*’ LSO 45; OLBÁC.

C.

- ‘born and bred in the old Castle Kelly, on the foundation of which his house is built, and part of the old wall of which may still be seen in the Gable of the house’ LSO 45.

E.

E1. [A+C] *af+sl* (IV)

E2. **caisleán** “castle” [*eDIL* s.v. **caislén**]: Níl aon sampla eile sna tacar logainmneacha. Ach cf. b’fhéidir ‘where this Killenarden road meets the Ballinasorney road is the Cushlawn. That is where Jack Doyle—the Stag Doyle—used to be living’ *MHR* 124 (1943), ‘Jack Doyle, of the Cushlawn’ *ibid.* 127.

E3. **Ó Ceallaigh** — sloinne? ainm treabhchais? **Uí Cheallaigh Cualann** seanainm an cheantair seo mar a bhfuil Gleann an Smóil. Bhí dul amú ar Price (1940): ‘the name Castlekelly does not appear at all before the eighteenth century’ — féach ‘Castlekelly’ i dTeistíochtaí 1641. Luaitear ‘Tirlagh Kelly’ [**Toirdhealbhach Ó Ceallaigh**] sa ghleann seo i 1664 (*Aguisín N*). Glactar le foirm an Reachtúraigh mar thuiscint áitiúil ar an logainm ach díol spéise nach raibh aon mhíniú ag gabháil leis an ainm i mbéaloideas na háite (‘He has no acct. of O’Kelly from whom the Castle is named, nor have I’ LSO 46).

E4. A: FOIRGNEAMH (TUATA) + C: AINM

GS1.21 **Log na bhFiach**

“the hollow of the ravens”

A.

15/9/2018	1.	[,lɔgnə'vɪk]	X1
2023	2.	[,lɔgnɜ'vi:x]	X4
	3.	[,lɔgnɜ'vi:k]	X4 (x3)
	4.	[,lɔgnɜ'vi:k]	
	5.	[,lɔgnɜ'vi:k]	

B.

2/8/1837	6. <i>Lug na ffiach</i>	LSO 47
2015	7. <i>Lugg na Vich</i>	FNGS
2019	8. <i>Lugnabhfiach</i>	EastWest

C.

- ‘On the Corrig ... way up over [Log na Carraige] ... just a place in itself, yeah, a hollow’. (Would it be as high up as the Quickem Tree?) ‘That’s the same place Lugna·veagh [ˌlognəˈvi:k] is!!’ X4.

D. Leirg thoir theas na Carraige, i dtreo an tSrutha [*Slade Brook* SO] (féach Grianghraf 1). Sa chur síos ar chraobhshrutháin na Dothra in LSO 45 deir EÓC ‘*Aidhin Dothar ... takes its rise in ... Tromán Dubh ... and running down through Coill Mhor &c, receives the stream of Lug Mor...*’. Sa liosta ag deireadh na litreach sin, idir ‘*Troman dubh*’ agus ‘*Coill mhór*’ tá trí mhionainm, mar atá ‘*Lug na ffiach*’, ‘*Leó mhór*’ agus ‘*Carraig na síodhóg*’ (LSO 47). De réir mar is féidir a dhéanamh amach níl na hainmneacha seo in ord docht suímh agus is cinnte nach bhfuil an *Cot Brook* SO (.i. ‘*Aidhin Dothar*’) in aon ghiorracht don log seo [→C.].

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. Ní **log** ar shruthán é seo ach log sa chnoc de réir dealraimh [→GS1.10].

E3. **fiach**, gin. iol. *id.* “raven” [*eDIL* s.v. **fiach**]: Cf. ***Áth Chorrán na bhFiach** [GC.189], **Carraig na bhFiach** [TS.274].

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINMHÍ

F.

- **-ch** /x/ → Brl. [k]

GS1.22 An Leó Mhór

“the big place of elm-trees?”

B.

2/8/1837	1. <i>Leó mhór</i>	LSO 47
----------	--------------------	--------

D. **Suíomh éiginnte**. Is cosúil nach bhfuil aon ord ar leith ar na mionainmneacha ar an liosta seo [→GS1.21].

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **leó** < **leamhach** (bain.), tabh. u. **leamhaigh** [*eDIL* s.v. 2 **lemach**]. Fianaise láidir is ea an séimhiú ar thúschonsan na haidiachta in LSO gurbh ainmfhocal baininsneach é **leó** .i. foirm thabharthach in **-aigh** d’ainmfhocal dar críoch **-ach** [→F.]. **Samplaí eile:** **An Leó (1)** [GS1.27], **An Leó (2)** [GC.179]. **Samplaí i gCill Mhantáin:** *bf An Leamhaigh* (#54822) ‘*Leõ pl:AL; bf An Leamhaigh Bhán*’ (#54824): ‘*Léobánñ dúch:AL, ‘Leomhach ban, white leo or land abounding in marsh mallows’ ÓD:AL; bf Baile an Leamhaigh*’ (#54613): ‘Leogh als. Both ye Leods als. Ballyanleo’ (1667); ‘the

Lyow ... or Lyaō' [*bf* Carraigín na Sionnach] PriceLN 26: 53. Sampla Gaeltachta: sl An Leamhaigh Mhór [G] (#111209) (DG): [ə.l'ävəx'vo:r] (c.1980).

Brí: Má tá **leamhaigh** oiriúnach ó thaobh struchtúir de, áfach, b'fhéidir go bhfuil sé míshásúil ó thaobh brí de mar fhorbairt ar an bhfocal **leamh** "elm-tree" leis an iarmhír chnuasaigh **-ach**. Ach níl aon dealramh leis an míniú (áitiúil) '*Leó-Phortach...* Sedgy Bog' ag EÓC in MSO [→**An Leó** [GS1.27]]. Éadócha: **leamhach** "marsh-mallow" [*eDIL* s.v. 1 **lemach**], in ainneoin 'In some parts of Ireland this name is understood to mean land of elms, in others, land abounding in the herb marsh mallows' O'Donovan 1844: 269.

An-éadócha: gurb ionann '*Leó mhór*' ar an liosta seo agus 'the stream of Lug Mor' a luaigh EÓC cheana [→**GS1.9**].

E3. mór "big" mar chodarsnacht, b'fhéidir, le **Leó Phortach Airt** [→**An Leó (1)** [GS1.27]].

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- **Leamhaigh** → **Leó**

≠ **Leamhach** → '*liúch*' *pl:AL* → Brl. [lu:k] (c.1990) (#26991) (CC) (cf. *b Leamhcán* > Brl. /u:/ (#17131) (BÁC)) agus */l'əux/ → */ljax/ > Brl. [lok] (#28857) (*La*). Cf. fuaimniú áitiúil Brl. *ewe* [jo:] 'caora bhaineann' sa ghleann (X1, X2).

GS1.23 Carraig na Sióg

"the rock of the fairies"

A.

1980	1. [kɔːmɐ'ʃoːg]	Z1a
	2. [kɔːmɐ'ʃoːg]	Z1a
15/9/2018	3. [kɑːmɐ'ʃoːg]	X1
2021	4. [kɑːmɐ'ʃoːg]	X2a
2023	5. [kɑːmɐ'ʃaʊg]	X4
	6. [kɑːmɐ'ʃaʊg]	X4
	7. [kɑː(n)ɪ'ʃaʊg]	X4
	8. [kɑːmɐ'ʃaʊg]	X4

B.

2/8/1837	9. <i>Carraig na síodhóg</i>	LSO 47
11/6/1939	10. Cornashogue	PriceLN 18: 28

C.

- 'if you go up Castlekelly Hill ... Brian's Hill ... you have Corna·shogue' Z1.
- 'flat area' X2.

D. An meall a ghobann amach ar bhruach thoir *Cot Brook* SO (Griangraf 1).

E. Cloítear anseo le foirm EÓC dar céadeilimint **carraig**. Maidir le truailliú/meascán **cnoc(án)** (*na.../carraig (na...)/srl.*, cf. **An Charraig Bhreac** [GC.212]: 'Knockbrack' (1821); ***Cnocán na bhFinidí** [TS.265]: 'Carrigreen a Vindee' (1821). Cf. 'Corna·grus' PNW 223 = 'Carricknagross' LSO; 'Corrna·holta, on Ballysmattan rock' PNW 260; 'Cornaspinkeen or Corrigaspinkeen'

PriceBL/CGT 9. (Scéal eile is ea **Carraig na bhFiach** [TS.274]: ‘*carraig na ffiach*’ LSO → *Knockannavea* SO 6’.) Cf. **Carraig na Pairte** [G] (#1394068) (Ci): [ˌkarəɡˈnəˈpartʲə], [ˌkarənəˈpartʲə].

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**carraig**→**GS1.12**]

E3. **sióg**, gin. iol. *id.* “fairy” [*eDIL* s.v. 1 **síd** + **-óg**]. Níl aon sampla eile sa ghleann; cf. **Cnoc an tSiáin** [GS1.13]. Is é forbairt atá le tuiscint G ‘*síodhóg*’ /ˈʃi:ɔ:ɡ/ → Brl. /ˈʃjo:ɡ/ i dtosach.

E4. A: ARDÁN + C: OSNÁDÚRTHA

F.

- Brl. [ɹ]

GS1.24 Cnocán Mhéabha

“the hillock (cairn?) of Méabh”

B.

23/8/1837	1. <i>Cnocán Mhéidhbh</i> (Cnockan Mheibh)	LSO 76
30/8/1837	2. Knockan Mheibh	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	3. Knockan Mheibhe pron ^{d.} -veivey ^{vavey} Mauds hillock	MSO 123 (EÓC)
1837	4. Knockanmévä	MSO 125 (ÓD)

C.

- ‘a Moate on the edge of the Feather bed Bog ... through which the county boundary line runs’ LSO.
- ‘has been cut through to the depth of 5 feet within the last month, but no grave, stone, urn or any thing else turned up but the bog of which the mound is composed’ LSO.

D. Ní mhaireann aon iarsma den charn/tuama seo ach tá an suíomh beachtaithe ag EÓC [→**C.**].

E. Pléite in Aguisín M.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. **cnocán** “hillock” [*eDIL* s.v. **cnocán**]. Le fáil sa cheantar (*a*) in ainmneacha carn agus (*b*) in ainmneacha gnéithe nádúrtha. [**Carn**]: ***Cnocán na bhFinidí** [TS.265], **Cnocán an Iolair** [TS.268], **Cnocán an Duine** [TS.269], **An Cnocán Gortach** [TS.270]. [**Cnoc (beag) nádúrtha**]: **Cnocán Mhéabha** [GS1.24]; ***An Cnocán (1)** [GS2.146], **(2)** [GS2.169], **(3)** [GC.185], **(4)** [TS.315]; ***Cnocán na Brocaí** [GC.238]. [**Éiginnte**]: **Cnocán Caorthainn** [GS1.28] (ainneoin ‘hillock’ ag EÓC), **An Cnocán Rua** [GS1.29].

E3. **Méabh**, gin. **M(h)éabha** (ainmp. mná): Seasann ‘*Mhéidhbh*’ do gin. **M(h)éabha** (le cailliúint an ghuta dheiridh) seachas do mhalairt gin. ***M(h)éibh**; féach ‘-veivey’ mar léiriú ar an bhfuaimniú ag EÓC thuas (3) [→**F.**]. Níl aon sampla eile den ainm pearsanta seo i logainmneacha Leath Mhogha.

E4. A: ARDÁN + C: AINM (MNÁ)

F.

- **-bh-** leathan idirghutach /v/
- séimhiú túschonsain

B'fhéidir nach bhfuil an t-ainm ró-ársa má tá túschonsan an cháilitheora faoi séimhiú ar lean **cnocán** (fir.).

GS1.25 Eas Caorthainn Doinn

“waterfall of the brown rowan-tree?”; “waterfall of the rowan-tree of Donn?”

B.

23/8/1837 1. *Eas caorthain duinn*, ie Cataract of the brown LSO 77
Roan tree ... not marked on the Plan.

C.

- ‘really steep stream’ ... ‘there is a waterfall, yeah’ X2

D. Ceann de na trí ‘thromán’ a ritheann isteach ina chéile ag Bun na dTrí dTromán. Ní léirítear an sruthán ar SO 6" 1ú eag. i 1843 (Fig. 24, ar chlé) ach oiread le DL E.289.4, ach is ann dó ar na heagráin athbheithnithe c.1870 (Fig. 24, ar dheis).




Fig. 24: *Eas Caorthainn Doinn* [GS1.25] ag rith isteach i Bun na dTrí dTromán [GS1.19] — SO 6" 1 eag. agus SO 6" athbheithnithe.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

E. Díol spéise nach bhfuil an t-ainm seo luaite in MSO (Aguisín M).

E1. [A+(C1+C2)] *af+af+aid* (V)?

E2. **eas** “waterfall” [*eDIL* s.v. 3 **es(s)**]. Níl aon sampla eile sa cheantar. Toisc dealramh le **eas** féin mar aicmitheoir agus toisc an caorthann a fhás go rábach ar fud an ghleanna, ní miste cloí le foirm EÓC anseo. Cf. ‘Asbawn Brook. *eas bán*, ‘white waterfall’: there is a waterfall on the stream’ [*bf* Cnoc na dTriús (CM)] PNW 222.

B'fhéidir: **easca** “gully, stream”. Tá an eilimint **easca** coitianta mar ainm srutháin san oirdheisceart, forbartha óna bhunbhrí “marsh”. Ach cé go bhfuil samplaí soiléire i GC mar

ainmneacha sruthán (**An Easca** [GC.222], **An Easca Láir** [GC.224]) tá na trí shampla i GS ag tagairt don bhunbhrí .i. do thalamh fliuch [→**Easca an Aoire** [GS2.64]].

E3a. caorthann, gin. u. **caorthainn** “mountain ash, rowan-tree” [*eDIL* s.v. **caérthann**]. Tá na crainnte caorthainn le fáil go flúirseach sa ghleann fós (cf. Brl. *Quickem Tree* [GS2]: ‘A rowan tree ... Is there lots of them in the glen?’ ‘Lots of them!’ X1) [→**Cnocán Caorthainn** [GS1.28]]. Cf. an caorthann san Fhiannaíocht, m.sh. Ó Domhnaill 1943. Ní thugann EÓC aon leid faoi fhuaimniú an fhocail seo sa chanúint áitiúil in LSO ná in MSO (féach Aguisín M). Díol suntais an litriú béarlaithe seo a leanas a breacadh ag casadh an 20ú haois: ‘Quayreen ... a variant of the Gaelic, *Caorthainn* or *Caorran* (Kweeran), the Berry tree, so famous in Irish myth, was given me by a man at Killinardan, near Tallaght’ Colgan 1904: 305. Fuaimniú cosúil le */k(w)εiri:n/ á thabhairt le fios anseo, is dócha (is ar éigean gur cheart */kwa:ri:n/ a thuiscint as), os coinne ‘Kweeran’ */kwi:rən/.¹³³

E3b. donn (aid.) “brownish”: Níl aon sampla eile sna gleannta. B’fhéidir: Donn (ainmp.), gin. **D(h)oinn**, a luaitear leis an bhFiannaíocht.

E4. A: UISCE + C1: CRANN + C2: AIDIACHT (DATH)?/C2: FIANNAÍOCHT?

GS1.26 *Tromán Eilíse

“the stream of Eilís?”

[= *Tromanallison* SO]

A.

2018	1.	?[,trɔmənˈaθɜn]	X1
2021	2.	?[,trɔməˈnatən] (-aʔn) ¹³⁴	X2a
2023	3.	[,trɔmɑˈnalɜs]	X4
	4.	[,trɔmanˈalɜs]	X4
	5.	[,trɔmanˈɛlɜs] ([ε] sic)	X4

B.

1800	6.	Trumonellish	<i>Léarscáil Eastáit</i>
25/4/1837	7.	—	DL E.289.4
23/8/1837	8.	<i>Tromán Allison</i> ie Allisons stream	LSO 77
30/8/1837	9.	Troman Altieson	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	10.	Troman Allison — Allisons stream	MSO 123 (EÓC)
1837	11.	Tromanallison	MSO 125 (ÓD)
1843	12.	Tromanallison	SO 6" 1ú eag.
1850	13.	Trumondoo or Trumonellish	<i>Léarscáil Eastáit</i>
1967 (1923)	14.	Tramon-ellis	<i>PNW</i> (C.G. Thompson)
1946	15.	Tramonellis (map Tramonallison). Stream. Flows through the “Heights”.	PriceBL/CGT
MF 1941	16.	? Trum ^m an·atten to the right of the Castle Bog. He did not know the name Tromanallison	PriceLN 19:15

¹³³ Níor chuala Colgan an fhoirm bhéarlaithe seo den ainm Gaeilge i nGleann an Smóil féin, áfach: ‘Quickem tree ... is the usual name in Glenasmole and through the mountains, where the tree is native along the upper stream courses’ *ibid*.

¹³⁴ ‘You called it *-allison*.’, is é sin, mar cheartú ar leagan an taighdeora.

C.

- ‘[duine ó Ghleann Crí] told me they were [ˌtʁoməˈnatən], [ˌtʁoməˈniə] and another one’ ... ‘the Deep Brook was one of them’ ... ‘the three [ˈtʁomanz]’¹³⁵ X2.
- (You wouldn’t have heard Tromán-[doo]...?) ‘Tromán·allis! Ahh very few lads know about that one ... away in under the Pole, down under a little hollow’ X4.

D. Féach Grianghraf 17.

E.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [tromán→GS1.8]

E3. Eilís (ainmp.) (< AN *Elise*) → Brl. *Al(l)ison*? Is cosúil gurbh é an cáilitheoir sa mhíniú áitiúil ‘Allison’s stream’ a bhí ag déanamh tinnis do EÓC (‘I can make but little of this name, but will enquire more about it’ LSO 77); sheas sé leis an míniú céanna seachtain dár gcionn in MSO 123. Más don aon sruthán a thagraíonn (a) ‘*Tromán Allison*’ (1837) a fuair EÓC ó mhuintir na háite, agus (b) ‘Trumonellish’ (1800), ‘Trumonellish’ (1850) ar na seanmhapaí, ‘Tramonellis’ PriceBL/CGT 6 (= ‘Tramon·ellis’ PNW 299), [ˌtʁomanˈelʲs] (2023) d’fhéadfaí **Eilís** a mholadh go cairéiseach. Féach Gael mná darbh ainm ‘Elicibeth ne Key de ffreerton’ [**Eilís Nic Aodha**, *bf* Baile na mBráthar] (1587) (Aguisín N). B’fhéidir go raibh an eilimint sin ag malartú leis an ainm mná Brl. *Al(l)ison* ag an nglúin nuaghalldaithe lenar bhain na Reachtúraigh (cf. **Aill Mháire/Mháirín** [GS1.4]). NB ní shonraíonn EÓC gur ó Ghaeilgeoirí a fuair sé an logainm ach díreach ‘which the people call...’ (LSO 77). Cf. ***Tromán Aitinn** [GS2.72] (1, 2) thíos, a d’fhéadfadh gurb ionann (le forbairt dhéanach */’-alsən/ → /’-aθən/?). Sampla eile: ‘Gleann Ailis’ (?) [*bf* Baile Rinn] (CC) *O’Kelly*.

Sampla eile den mhalartú G **Eilís**(?) : Brl. *-ellisson*: *bf Drumellis* [**Droim Eilís(e)**(?)] (#4579) (*Ca*): ‘Drumellyes (2 poles)’ (1666), ‘Drumellisan’ (1709), ‘Drumellis’ (1825), ‘Drumellisson’ *AL* (1836). Tugtar in Aguisín F an fhianaise ar logainmneacha Gaeilge ina bhfuil an t-ainm **Eilís** le fáil, rangaithe mar seo a leanas: **Eilís** (ainmp. < AN *Elise*), **Eilís** (sloinne < AN *Ellis*), **Eilís** (forbairt ar shloinne AN eile seachas *Ellis*), **Eilís** (ní léir cé acu G nó AN).

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINM AN

GS1.27 An Leó (1)

“the *leó*”

? < **Leó Phortach Airt**

“the *leó* at Portach Airt (the bog of Art)”

A.

1980	1. [ˈlilˌjɔː]	Z1a
1980	2. [ˈdiˌljɔː]	Z6
	3. [ˈiˌljɔː] (athrá arna iarraidh)	Z6, Z8
2018	4. [ˌiljɔːˈbɾok]	X1
	5. [ˈdiˌljɔː] “the...”	X1
	6. [ˌiljɔːˈbɾok]	X1

¹³⁵ Is é sin, na logainmneacha dar tús an eilimint seo — níl an focal sa ghnáthchaint.

2018	7. [ˌˈan di ɛ, iˈljɔː] “on the, eh, ...”	X1
	8. [dʒˈljɔːˌbrɒk] “the...”	X1
	9. [das ˌiˈljɔːˌbrɒk] “that’s...”	X1
	10. [ˌɔːl iˈljɔː] “(this is) all ...”	X1
2021	11. the [ˈljɔː] [a mhuintir féin]	X2a
	12. the [ˈhɪljɔː] [daoine eile]	
	13. the brook of the [ˈljɔː] ¹³⁶	

B.

30/8/1837	14. ?Leogh Phortech Airt	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	15. ?Leogh Phortach Art	MSO 123 (EÓC)
	16. ?pron ^d . Leó-Phortach Art, ie the Sedgy Bog of Arthur	
1837	17. ?Leóphortaghart	MSO 125 (ÓD)
2015	18. Lileoh Brook	FNGS
	19. Lileoh Hill	

C.

- ‘they christened it Heartbreak Hill’ Z1.
- (Is that a field?) ‘No, it’s a mountain! The mountain goes up to Featherbed...’ Z6; ‘...out to the Military [Road]’ Z9.

D. Ainm ar an leirg sléibhe os cionn Aill Mháirín lastuaidh agus ar an sruthán a ritheann síos go dtí Brl. *Shed Stone* [GS1.30].

E. Pléite in Aguisín M.

E1. [A] *af* (III) (< [A2+(A1+C)] *af+af+ap=af+log* (IV))

E2. [**leó**→**GS1.21**]. Níl aon dealramh le míniú EÓC ‘Leó-Phortach ... Sedgy Bog’ (16) murab amhlaidh a athmhíniú é mar ***leamhphortach** “worthless bog” [*eDIL* s.v. 2 **lem**].

E3. **Portach Airt** “the bog of Art”. As Beatha Sheanáin (14ú haois) an tagairt is luaithe in *eDIL* s.v. 3 **portach** (‘*hi bpoll phortaigh*’ gl. ‘móna’) ach níl an focal **portach** (< **port** “(turf-)bank” + **-ach**) raidhsiúil i logainmneacha stairiúla Gaeilge [→**GS1.51**]. B’fhéidir go raibh **An Leó** seo in aice le **Portach Airt** á hidirdhealú leis **An Leó Mhór** [GS1.22] sa chuid seo den ghleann freisin. Cáilitheoir: Art (ainmp.) [→**Tobar Airt** [GC.218]]. Féach samplaí ar nós ‘Arthur Cavenagh’ in Aguisín N.

E4. A2: ILGHNÉITHEACH (+ A1: ÍSLEÁN + C: AINM)

F.

- alt Gaeilge béarlaithe
- Athrú béime
Is cosúil gurb é carn an dá shondach Brl. /l/ + /j/ a rinne siolla fada de /-lj-/ .i. Brl. **The ·Lyeoh* → **Thill-yeoh*

¹³⁶ Tharraing an cainteoir seo aird ar an bhfuaimniú suntasach áitiúil Brl. *ewe* [joː] ‘caora (bhaineann)’.

GS1.28 Cnocán Caorthainn

“the hillock of the rowan-tree”

Brl. *The Upper Moat*

B.

23/8/1837	1. <i>Cnocán caorthain</i> (of the Roan tree) [NB síneadh fada ar <i>-an</i> curtha isteach le <i>pl</i>]	LSO 77
30/8/1837	2. Knockan caorthoin	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	3. Knockan Caorthain ^{Keeran} — the Quicken tree hillock	MSO 123 (EÓC)
1837	4. Knockankeeran [leasaithe ó ‘Knockenkeeran’]	MSO 125 (ÓD)
2015	5. The Upper Moat	FNGS

C.

- ‘...an oblong mound of considerable height, with a cairn on its lower end, and another at its upper end...’ LSO 77

D. Cnocán fada léirithe ar SO 6” lú eag., ach ní mharcáiltear na cairn.

E. Tá dealramh le foirm EÓC. Pléite in Aguisín M. Maidir leis an mbéarlú caighdeánaithe ‘Keeran’ a mholann sé (3), cf. ‘Quayreen’ [→**GS1.25**].

E1. [A+C] *af+af* (V)?

E2. Is é ‘hillock’ MSO 123 (anseo agus faoi **Cnocán Mhéalbha** [GS1.24]) an t-aon mhíniú Brl. a thugann EÓC ar an bhfocal **cnocán** i logainmneacha Gaeilge an cheantair.

E3. [**caorthann**→**GS1.25**] An-éadócha: fuaimniú áitiúil **carn**, gin. **cairn** forcheartaithe ag EÓC.

E4. A: ARDÁN + C: PLANDA

F.

- -ao- idir /k/ agus /r/ leathan

Ní féidir talamh slán a dhéanamh de go raibh an fuaimniú áitiúil ar aon dul le ‘-keeran’ MSO 123. B’in é an béarlú caighdeánach SO ar **caortha(i)nn** ach ní raibh EÓC mórán ar an eolas faoi na cúrsaí sin (Aguisín M.). Féach ‘Quayreen’ (1904) [→**GS1.25**].

- -nn caol

≠ /ŋ’/

GS1.29 An Cnocán Rua

“the red hillock”

Brl. *The Lower Moat*

B.

1604	1. Kilknockanroe otherwise Kilnebrone	CPR 53b
1605	2. Kilknockanroe alias Kilnebrone	<i>Erck Chanc.</i> 151§66
23/8/1837	3. <i>Cnocán ruadh</i>	LSO 77
30/8/1837	4. Knockan ruadh	MSO 123 (Williams)
??/8/1837	5. Knockánroe	MSO 125 (ÓD)
2015	6. The Lower Moat	FNGS

E. Tá dealramh le foirm EÓC. Pléite in Aguisín M.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [**cnocán**→**GS1.25**]

E3. rua “reddish” [*eDIL* s.v. ruad]. Tagann i gceist le **carraigín, cúil, garbhlach, móinín, sliabh**. Cf. freisin **ruán** [→**GS2.63, GC.177, GC.231**].

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (DATH)

GS1.30 Brl. *The Shed Stone*

A. [dʒˈʃed, sðvən] Z1, X1.

E. Níl d’ainm ag EÓC air seo ach ‘[a] cromleac’ LSO 77. Ní thagann an t-ainm Gaeilge anuas chugainn ach cf. ***Leaba Bhraín** [GS1.44].

GS1.31 Cnoc an Óir

“the hill of gold”

B.

30/8/1837	1. Knockan Oir	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	2. Knock an óir — <u>Golden hill</u>	MSO 123 (EÓC)
1837	3. Knockan <u>ore</u>	MSO 125 (ÓD)

D. Éiginnte. É seo agus **Cnoc na Saighead** [GS1.32] scríofa ag Williams mar ainmneacha cnoc timpeall le *bf* Mountpelier ar bhileog SO 25 de réir gach dealraimh. Ní heol na hainmneacha seo anois (cf. ‘some other funny name up there I can’t think of’ Z1a). Pléite in Aguisín M.

E. Tá dealramh le foirm EÓC.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**cnoc**→**GS1.13**]

E3. ór, gin. u. óir [*eDIL* s.v. 1 ór]: Is deacair an focal seo a aithint thar **fómhar**, gin. u. **an fhómhair** “harvest” i logainmneacha [*eDIL* s.v. **fogamar**].

E4. A: ARDÁN + C: MIANRA

GS1.32 Cnoc na Saighead

“the hill of the arrows”

B.

30/8/1837	1. Knockan Saighid	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	2. Knock na Saighiod — of the darts, pron ^d na <u>scythe</u>	MSO 123 (EÓC)
1837	3. Knocknascythe	MSO 125 (ÓD)

E. Tá dealramh le foirm EÓC.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**cnoc**→**GS1.13**]

E3. saighead, gin. iol. na saighead “arrow, dart” [*eDIL* s.v. saiget]: *bf* **Móin na Saighead** (#53232) (*LG*) an t-aon sampla eile i gCúige Laighean: /,mo:nəˈsi:d/ (c.1959), agus an claonadh i dtreo /i:/ ar aon dul le deisceart na tíre (m.sh. *dr* **Droichead Áth na Saighead** (#1412592) (*Lm*): /,ɑxnəˈsi:ɔ/

(c.1973); *bf* **Móintín na Saighead** (#10428) (*Co*): ‘Monteenaseed’ (1729), /si:dz/ (2001); *bf* **Cnoc na Saighead** (#23304) (*Ci*): /,nɔknə'si:d/ (2017) os coinne *bf* **Gort Lios Saighead** [G] (#14511) (*DG*): /,gɔrtlɪ'se:d/ (1983). Ar na samplaí le défhoghar tá *bf* **Cúil Saighead** (#63068) (*Ao*): ‘Coolsythe’ (c.1829); *bf* **Gortnasythe** [**Gort na Saighead**] (#42571) (*RC*): ‘Gort na saighiot, field or garden of the darts’ *ÓD:AL*. (Díol spéise an fhoirm Bhéarla a shonraigh Ó Donnabháin don logainm deiridh .i. ‘Gortnasythe, not -scythe’ *ÓD:AL*, scríofa aige i Meitheamh 1837; is cosúil go raibh dearmad déanta aige ar a chomhairle féin nuair a cheartaigh sé litriú Uí Chomhraí in MSO BÁC thuas (3).) Áit a raibh mianach saighead le fáil, ba dhóigh leat, pé acu adhmaid don fheac nó cloch don rinn.

E4. A: ARDÁN + C: DÉANTÚSÁN

F.

- **-aighe-** /ai/
Díol spéise ‘-scythe’ sonraithe .i. défhoghar.




Fig. 25: Ainmleabhar OS/88/BÁC/Par. Thamhlachta II lch.73 [GS1.33].
Le caoinhead ó Stiúirthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.33 *bf* ***Buaile Mhurcha Fhinn**

“the cattle-fold, summer pasture of Murcha Fionn”

[oifigiúil: *bf* **An Baile Mór/Ballymorefinn**]

A., B. *logainm.ie* (#17425): ‘alias *buaile Mhurchadh*, E. Curry’, ‘Buaile Murchadh’ [Brl.] *pl(EÓC):AL*; [ˌbalmɔrˈfɪn] Z2, [ˌbalmɔrˈfɪn] Z14, X1, [ˌbalməˈfɪn] X2; OLBÁC.

E. Bhreac ÓD ‘*baile mór Finn*, Finn’s great town ... a family name’ i ndúch san AL roimh 31/3/1837 (LSO 1), tamall sular thug EÓC cuairt ar an ngleann gur bhreac ‘alias *buaile Mhurchadh*’ *pl(EÓC):AL* in Ainmleabhar an pharóiste in éineacht le hainmneacha eile a fuair sé ón Reachtúrach (Fig. 25). Más é an leagan giorraithe seo **Buaile Mhurcha** an t-ainm a bhí ar an áit sa Ghaeilge dhéanach is léir gur ***Buaile Mhurcha Fhinn** an seanleagan ceart [→E3]. (Dhealródh sé go dtagraíonn ‘alias’ don chéad chuid den ainm .i. go dtugtaí ‘*buaile Mhurchadh*’ freisin ar an gcéad chuid de ‘*baile mór Finn*’ *ÓD:AL*, rud a thabharfadh *‘*Buaile Mhurchadh [Finn]*’ le fios.)

E1. [A+C] *af+ap+aid* (IV)

E2. **buaile** “cattle-fold, summer pasture” [*eDIL* s.v. 1 **búaile**]: Is minic buaile suite ar thaobh cnoic mar seo. Samplaí eile: *bf* **Buaile an Araltaigh** [GC.181], **Buaile an Ultaigh** [GC.239]; cf. in aice láimhe *bf* **Buaile na Scornaí** (#17419), *bf* **An Bhuaile Mheánach** (#17424).

E3. Murcha Fionn “fair Murcha” [**<NGM Murchadh**]. Féach sa ghleann céanna ‘Morogh Dowan’ [**Murcha Ó Dubháin**] (1664) (Aguisín N). Cf. ‘Teskyn ... Felim M‘Morgho moile’ [**Féilim mac Murcha Mhaoil** “Féilim son of bald Murcha”] (1549) [*bf* Buaille an tSeiscinn (#[55105](#))] (CM). Samplaí eile de AINMP. + LEASAINM: *bf* **Áth Fhearaíl** [**<Áth Fhearaíl Fhinn**] (#[17417](#)) (BÁC/CM); *bf* **Baile Dhonncha Riabhaigh** (#[55541](#)) (CM), *bf* **Baile Muiris** [**<Baile Mhuiris Dhuibh**] (#[55253](#)) (CM), *bf* **Baile Sheáin Shearbh** (#[55278](#)) (CM); *bf* **Baile Mhic Dhonncha Fhinn** (#[52170](#)) (LG); *bf* **Baile Sheáin Charraigh** (#[3225](#)) (Ce).

E4. A: GORT + C: AINM




Fig. 26: Ainmleabhar OS/88/BÁC/Par. Thamhlachta II lch.69 [GS1.34].
Le caoinchead ó Stiúirthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.34 *bf* Aill an Ghabhair

“the cliff of the goat”

[= *bf* *Allagour*]

A., B. *logainm.ie* (#[17418](#)): ‘*Aill an ghabhair*’ *pl*(EÓC):AL; [ˌalʲiːˈgʷə] Z14, [ˌalʲɜːˈgʷə] Z2, [ˌalʲiːˈɣʷə] Z2, [ˌɑːlʲiːˈgəu] X1; OLBÁC.

E. Sampla eile den ainm céanna: *aill Faill na nGabhar* [G] (#[1394399](#)) (Cí).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [→*Aill Mháirín* [GS1.4]].

E3. *gabhar*, gin. u. *gabhair* “goat” [*eDIL* s.v. 1 *gabor*]: Sampla eile: **Carraig na nGabhar* [TS.316].

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ (CLÓIS)

F.

- défhoghar

Díol spéise gan défhoghar san ainm riaracháin seo ach é caomhnaithe sa mhionainm **An Aill Mhór** [GS2.150]. Maidir le [a], [ɑː] anseo os coinne défhoghar in **Coill na Brón** [GS1.50], cf. *id Aill na Brón* (#[1420283](#)) (*Ga*): [ˌɑːlnəˈbruːn] (2007) in aon pharóiste le *bf Coill Sáile* (#[18316](#)) (*Ga*): [ˌkailˈsaːlʲə] (1979).

- -abha- /au/

Cf. **Abhainn Dothra* [GS1.6], **Easca Philib Uí Ghabhann* [GS2.65].




Fig. 27: Ainmleabhar OS/88/BÁC/Par. Thamhlachta III lch.35 [GS1.35].
Le caoinhead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.




Fig. 28: Ainmleabhar OS/88/BÁC/Par. Thamhlachta III lch.28 [GS1.35].
Le caoinhead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.35 Sliabh na mBardóg

“the mountain of the panniers”

[= *Slievenabawnoge* SO]

A.

- | | | | |
|------|----|-----------------------------|----|
| 2018 | 1. | [sli:vne'mo:ɪdɛx] (á léamh) | X1 |
| 2022 | 2. | [,sli:vɪnə'ba:no:g] | X3 |

B.

- | | | | |
|-----------|-----|--|----------------------|
| 1760 | 3. | Sleh ne Bordoge | <i>Rocque</i> |
| 1816 | 4. | Slieve na Bordoge | <i>Taylor BÁC</i> |
| 1821 | 5. | Slieve na Murdoge | <i>Duncan</i> |
| 1837 | 6. | [<i>Slievenabardoge</i>] ¹³⁷ | <i>Desc. Rem.:AL</i> |
| | 7. | <i>Sleigh-an-burdogh</i> [<i>sic</i>] ¹³⁸ | <i>Desc. Rem.:AL</i> |
| | 8. | <i>Sleibh-na-burdogh</i> | <i>Inhabs.:AL</i> |
| ??/4/1837 | 9. | <i>Sliabh na bardog</i> , mountain of the Bardogs (a sort of herb) | <i>ÓD:AL</i> |
| 25/4/1837 | 10. | <i>Sleibh-an-burdogh</i> ¹³⁹ | DL E289.2 |
| ??/8/1837 | 11. | <i>Sliabh na Bardoge</i> ¹⁴⁰ | <i>EÓC:AL</i> |
| ??/8/1837 | 12. | <i>Slieve na Bardóg</i> ^{141 142} | <i>pl(EÓC):AL</i> |

E. Féach an nóta mínithe a scríobh an taighdeoir ar *logainm.ie* (#137319). Ní léir ar a bhfuil againn anois de cháipéisí SO cén fáth ar greanadh an t-ainm *Slievenabawnoge* ar SO 6" 1ú eag. (1843), nach bhfuil de thacaíocht aige ach tuairim ÓD ar fhoirm bhéarlaithe aonair (Fig. 27), nuair a bhí an t-ainm ceart ar DL E.289.2 (25/4/1837) agus deimhnithe ag EÓC leis an Reachtúrach i Lúnasa 1837 (Mac Giolla Chomhghaill 2023) (Fig. 28). Níl aon fhianaise ar son mhíniú ÓD ‘Bardogs (a sort of herb)’ (á thuairimiú aige sular thug EÓC cuairt ar an ngleann, de réir gach dealraimh) — é ag cuimhneamh ar Brl. *burdock* .i. **cnádán, copóg thuathail**, is cosúil.

¹³⁷ ‘Northeast of Ballinascorney Upper townland’ [Situation]; ‘A large mountain rising from the north side’ [Desc. Rem.], s.n. *Slievenabardoge*.

¹³⁸ ‘It is a large ravine or valley lying between Belgard Deer Park and Sleibh-an-burdogh Mountain’ [Desc. Rem.], s.n. *Ballinascorney Gap*.

¹³⁹ Beann 1263' [= *Slievenabawnoge* SO 6"].

¹⁴⁰ peannaireacht Brl.

¹⁴¹ peannaireacht Brl.; dúch anuas ar *pl*.

¹⁴² ‘William Rafter, a native who speaks very good Irish. EC’ [Nóta EÓC]

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [sliabh→GS1.18].

E3. **bardóg**, gin. iol. *id.* “pannier, horse-basket” [*eDIL* s.v. **bardóg**] (‘*barrdog*—a Dung basket with ye bottom open’ FTÓN (c.1738); *Dinn.* s.v. **barrdóg**; *FGB* s.v. **bardóg** = **pardóg**; cf. T.S. Ó Máille, *Stud. Celt.* III 24: iasacht ó B *pardwgl* (? < Brl. *baldrick*). Tá an fhianaise measctha maidir le túschonsan an eilimint deiridh: d’fhéadfaí ...**na bPardóg** a mheas chomh maith le ...**na mBardóg**, ach glactar leis an bhfoirm in *M-* (5) mar *lectio difficilior*.¹⁴³ Cf. [pa:rdag] [sa chuid is mó de Chúige Uladh] ([ba:rdag] i nDeisceart Uladh) Ó Searcaigh 1925: 7.¹⁴⁴ Sampla eile: / Loch na bPardóg (#1396562) [G] (*DG*).

E4. A: ARDÁN + C: DÉANTÚSÁN

F.

- -óg le /o:/ soiléir
- -bh leathan /v/?

GS1.36 Sliabh na Móna (1)

“the mountain of the bog(land)”

B.

1821	1. ‘Bog’ ¹⁴⁵	<i>Duncan</i>
25/4/1837	2. Slievenamona	DL E289.4
1837	3. Slievenamona	<i>Orth.:AL</i> [gan údarás]
	4. ‘In the west of Ballymore Fin Townland’	<i>Situation:AL</i>
	5. ‘Covered with Furze, Heath, and loose Stones’	<i>Desc.Rem.:AL</i>
	6. Slieve na mōnã	<i>ÓD:AL</i>
	7. <i>Sliabh na móna</i> , mountain of bog, or peat moss	<i>ÓD:AL 25</i>
1937	8. ? <i>Sliabh na muan</i> ¹⁴⁶	<i>BnS 0795.013</i>

C. Níor chuala cainteoir X3 [ó *bf* Aill an Ghabhair] an mionainm seo riamh ar an taobh seo den ghleann, ach luaigh cearta móna (‘turbary rights’) go fánach ar an gcnoc céanna seo.

D.

D1. Léirítear ‘Bog’ ar léarscáil Duncan (1821) taobh thiar de ‘Carrigeen Ruagh’ = *Ballymorefinn Hill* SO. Marcáiltear ‘Slievenamona’ in aice leis an mbeann 1689’ ar DL E.289.4 (1837) = *Ballymorefinn Hill* SO 6” 1ú eag. (1843).

E. Samplaí eile: (2) [GS1], (3) [GS2].

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [sliabh→GS1.18]

¹⁴³ Cf. freisin ‘Tom Butler, of Ballymice—he was a Connaught-man—who made the ‘parrdógs’ for the asses, ay, and every other class of basket, too. He would make you a ‘cliabh’ for a shilling if you brought him a scallop of rushes’ *MHR* 96–97.

¹⁴⁴ Tras-scríobh foghrúil caighdeánta.

¹⁴⁵ Portach mór taobh thiar de ‘Carrigeen Ruagh’ = *Ballymorefinn Hill* SO.

¹⁴⁶ NB seanbhean ó Bhuaile na Scornaí a sholáthair na hainmneacha seo agus de réir dealraimh tá an chuid is mó díobh le fáil ar an taobh sin den ghleann. Is é is dóichí ná gurb é seo an Sliabh na Móna atá i gceist, seachas an logainm atá béarlaithe mar *Sleigh na Munn* taobh thoir den ghleann.

E3. móin “bog(land)” [*eDIL* s.v.]: Portach anseo tráth [→A.]. Ní i gcónaí a fhaightear portach in áiteanna darb ainm **móin** sa cheantar taighde. Samplaí de phortach/thalamh fliuch: **Sliabh na Móna (2)** [GS1.53]; ***Móin an Tobair** [GS2.106], ***Móin Log** [GS2.59]; **Móin an Loig** [GC.201]; ***An Mhóin Fhada** [TS.320]; Talamh/drochthalamh tirim: **An Mhóin Gharbh** [GS2.142], **An Mhóin Mhór** [GS2.122]; Ní fios: ***Móinín na dTruailí** [TS.303], **An Móinín Rua** [TS.304], ***Gleann Mhóin Ghart** [TS.320], ***Gleann na Móna Báine** [TS.276]; **An Mhóin Bhréan** (*CM*): ‘a rough boggy part of Brittas townland’; *bf* **Móin Easpaig** (#54871) (*CM*) ≠ portach.

E4. A2: ARDÁN + A1: ÍSLEÁN

F.

- -bh deiridh /v/?

GS1.37 An Spincín

“the little pinnacle, pointed rock”

A.

1980	1.	[ˈsbiːŋˈkiːn]	Z1a
	2.	[ˌsbiːŋkiːnˈsd̪əʊn]	Z1a
	3.	[ˈsbiːŋkiːn]	Z1a
	4.	[d̪ɜːsb̪iŋkiːnˈsd̪əʊn]	Z1c
	5.	[d̪ɜːsbr̪iŋˈkiːn]	Z6
2018	6.	[d̪ɜːsbr̪iŋkiːn]	X1
	7.	[d̪ɜːsbr̪iŋˈkiːnˈsd̪əʊn]	X1

B.

1837	8.	Spinkan Hill	<i>Orth.:AL</i> [gan údarás]
1837	9.	‘Situated a little North of the centre of Castlekelly Townland [<i>sic</i>]’	<i>Situation:AL</i>
1837	10.	‘It is covered with Heather’	<i>Desc.Rem.:AL</i>
25/4/1837	11.	Spinkan Hill ¹⁴⁷	DL E.289.4
1837	12.	Spinkan Hill	<i>JÓD:AL</i>
1837	13.	<i>Spincín</i> , a pinnacle	<i>ÓD:AL</i>
1927	14.	little hill known as Spinkeen	<i>PRIA B 37 184</i>
2006	15.	Spinkín — <i>Spincín</i> “Little Pinnacle or Crag”	<i>GR Scoil</i>

C.

- ‘It’s the hill generally’ ... ‘the Spinkeen Stone, a big stone on top of the Spinkeen above’ Z1. Ghearáin an cainteoir céanna ‘They described it as Piperstown Spink on some paper’.
- ‘the Spinkeen Stone ... a big stone on top of the Spinkeen above’ Z1.
- ‘always Spinkeen Stone (2), yeah ... sitting on top of the Spinkeen (3)’; ‘part of Piperstown Hill ... a *huge* big rock. Top of the skyline.’ X1.

D.

D1. Níl anseo ag Rocque ach ‘The Bishop’s Hills’ (1760). Tá ‘Spinkan Hill’ AL, DL san áit mhícheart.

D2. Lomcharraig siosta ar an leath thuaidh de (eibhear sa leath theas), carraig shuntasach ar a bharr.

¹⁴⁷ Marcáiltear ar bhóthar an phortaigh laistear de ‘Heathfield Lodge’.

E. In aice na lonnaíochta is sine sa ghleann. Cf. an frása Brl. *The Spinkeen Stone* le Carrickaspinkeen SO [***Carraig an Spincín** “the rock of the pinnacle”] (*bf* *Áth na Craobhaí*) (CM).

E1. [A+D] *af* (III)

E2. **spincín** (< **spinc** + **-ín**) “precipice, pointed rock” [*eDIL* s.v. **splingc**] (?foirm mheititéisithe de **speilg** = **sceilg**, féach *eDIL* s.v. **sceillec**). Samplaí eile: *cn An Spinc* (#113182) (CM); *crg An Spinc* (#107033) (La); **An Spinc** (CM) os cionn Ghleann Dá Loch: ‘...*ina leabaidh, ata i spingc anabaidh*’ *FNE* 144 (1630) (3 Meitheamh) [i. **Leaba Chaoimhín** (#113184) (CM)] “...in [Saint Kevin’s] bed, which is in a dangerous precipice” *ibid.* 145; *bf An Spinc* (#41466) (UF); cf. an mionainm ‘Spinkwee’, par. Chill Chua (Dn), bileog SO 49, a cuireadh faoi bhráid ÓD: ‘correct ... *Spinc bhuídhe*’ MSO (Dn) 285 (Larcom chuig ÓD 11/12/1834).

E4. A: ARDÁN + D: -ÍN

F.

- **-ín** le [i:] soiléir
- léacsachas: **spinc** vs. **splinc**

Luann *Dinn.* an fhoirm **spinc** le *DG* (cf. go háirithe Watson 2019: 143) ach is léir ón bhfianaise thuas [→**E2.**] go raibh sé níos forleithne ná sin i logainmneacha. Féach *Dinn.* s.v. **splinnc** “a pinnacle or projection; a high, sharp or pointed rock, a crag, a cliff; *al.* **spinnc** (*Don.*), **speanc** (*Torr.*)”. **Splinc carraige** atá sna Foclóirí Laidin–Gaeilge s.v. *rupes*; cf. ‘a *splinc* falls off the rocky face of the *Binn*’ LSO (*FM*) 82 (ÓD 12/11/1834). Is annamh **splinc** féin i logainmneacha ach féach ‘The Splink’ [*bf Skearke* (#38271)] (*Mt*), *FNCM* 187. (Cf. *bf Speilg an Fhiaigh* (#33847) (*Lú*.) Cf. an fhorbairt spéisiúil ‘Tollyspinck’ *Inq. Ult.* (1629) → ‘Tullä-splink’ *ASB* (1920) (*Ca*).

GS1.38 *Carraig an Abhra

“the rock of the (hill-)brow”

[= *Carrigeenoura* SO]

A.

1980	1.	[,kɔ.ɪŋɐˈnɜwɜ.ɪ]	Z1a
	2.	[,kɔ.ɪŋɜˈnɜwɜ.ɪ]	Z1a
1995	3.	[,ka.ɪŋɪˈnɜwɜ.ɪ]	Z14
	4.	[,ka.ɪŋɪˈnɜwɜ.ɪ]	Z14
2023	5.	[,ka.ɪŋɜˈnɜwɜ.ɪ] (<i>sic</i>)	X4 (x3)

B1.

1534	6.	Carik in na brie	<i>Alen’s Reg.</i> 60
	7.	Carkynnavrie	<i>Alen LS</i> 125
1821	8.	Carrigeen Ruagh ¹⁴⁸	<i>Duncan</i>
1837	9.	Corrigeen Noura ¹⁴⁹	<i>Orth.:AL</i>
1837	10.	<i>Carraigín Onóra</i> , Honora’s rock	<i>ÓD:AL</i>

¹⁴⁸ Tugann Duncan an t-ainm seo ‘Carrigeen Ruagh’ faoi dhó: an chéad uair ar *Corrig Mountain* SO (mar a bhfuil ‘Carrigeen Rea’ ag Taylor 1816 agus ag Rocque 1760), an dara huair mar a bhfuil *Ballymorefinn Hill* SO. Féach Fig. 30.

¹⁴⁹ ‘See Sheet’ mar údarás. Níl aon eolas tugtha faoi *Sit.:AL*.

25/4/1837	11. —	DL E.289.4
2/8/1837	12. the mountain of Carrigeen Roe	LSO 46
1843	13. Carrigeenoura	SO 6" 1ú eag.
1927	14. Corriganoura is Corrig Mountain ¹⁵⁰	PriceLN 2: 71
1962	15. Corrigan·oura	PNW 279
2006	16. Carrigeenowra	GR 60
2019	17. Corriganour	EastWest

C.

- ‘It’s up on the hill’ Z1.
- ‘That’s Ballymorefinn Hill ... the Fiddaun and back to Corrigan·oura’ X4.

D.

D2. Lomcharraig (siosta).

E. Is cosúil gur leagan é ‘Corrigeen Roe’ EÓC den ainm ‘Carrigeen Ruagh’ ar léarscáil Duncan 1821, an ‘County Map’ a bhí in úsáid ag lucht na Suirbhéireachta sna gleannta (cf. LSO 1). Sampla eile: *bf Doire Abhra* (#20780) (*Ga*) [NB **Carn Suí Finn** ar a bharr]. Má chuala EÓC an t-ainm sa ghleann níor bhreac sé aon fhoirm áitiúil san AL. Scríobh ÓD an fhoirm Ghaeilge (10) bunaithe ar ‘Corrigeen Noura’ (9) amháin. Cé nach féidir talamh slán a dhéanamh de, is cosúil gurb ionann is ‘Carkyn|navrie’ (7) (nóta imill scríofa thar dhá líne).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**carraig**→**GS1.13**] Cnoc carraigeach atá anseo [→**D2.**] ach ní cinnte cé acu **carraig** nó **carraigín** atá sa chéad eilimint. Talamh carraigeach, is cosúil, an bhrí le *bf An Carraigín* [GS2.58].

E3. **abhra**, gin. u. **abhra** “brow (of a hill)” [*eDIL* s.v. 1 **abra**]: faobhar an chnoic fhada ón Suíochan anuas ó thuaidh atá faoi thagairt san ainm, b’fhéidir; féach an léaráid thíos. Luífeadh seo le ‘-navrie’ (1534) → [-'nɔʊɪɜ] (2023).




Fig. 29: *Carraig an Abhra [GS1.38] ag síneadh aneas ón Suíochán go dtí Sliabh na mBardóg — comhrianta.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

¹⁵⁰ [→**GS1.13**]

Éadócha: **odhartha** (aid.) “of a dun or brownish colour” [eDIL s.v. **odorda**]; **amhra**, gin. id., “wonder; (aid.) wonderful” [eDIL s.v. **amrae**], cf. *bf Cnoc an Amhra* (#7815) (Cl). Féach freisin FSÁG s.n. **Ceann Eabhradh** ‘(C. of *Eabhra) Prob. Seefin Mt., tl. Glenosheen’ (Lm): ‘Bellum Cinn Febrat inter Mumhunenses inuicem’ AU 757.5.

E4. A: ARDÁN + C: CORP

F.

- défhoghar /au/
Is cosúil gur **-abh(C)a-** na Gaeilge a thug an défhoghar.
- /-ə/ cailte
I ndiaidh /r/ (1–4).




Fig. 30: Duncan (1821) — ‘Carrigeen Ruagh’ x2.

GS1.39 Brl. *Black Hill*

A.

- | | | |
|------|--|----------|
| 1995 | 1. [dəˈblakˌhil] (sampla d’ainm cnoic arna lorg) | Z14 |
| | 2. [dəˌblakˈhil] | Z14 (x3) |

B.

- | | | |
|------|--------------------------------------|-----------------------------|
| 1821 | 1. ? Slieve na Bulagh ¹⁵¹ | <i>Duncan</i> |
| 1837 | 2. Blackhill | DL E289.2 |
| 1837 | 3. Blackhill | <i>Orth.:AL</i> |
| 1837 | 4. The Black hill | <i>Orth.:AL</i> ‘See Sheet’ |
| 1843 | 5. Black Hill | SO 6" 1ú eag. |

E. Gach seans gur scáilainm é ‘Slieve na Bulagh’ ag Duncan (1821) (féach Fig. 30 sa chúinne thiar thuaidh), b’fhéidir mar aithris ar ‘Slieve na Murdage’ *ibid.* = *sl Sliabh na mBardóg* [GS1.35] lastoir ó thuaidh de. (Léigh, b’fhéidir, **Slieve na Burdagh*?) D’oirfeadh an suíomh go cruinn do *Black Hill* SO. Caolseans gur fíorainm é **Sliabh na mBolg** → *Slieve na *Bu(l)agh* → **Bullock Hill* → *Black Hill* [eDIL s.vv. 1–3 **bolg, Bolg**].

E1. **af+alt+af* (I)

¹⁵¹ An litir *-l-* sic, mar a bheadh stróic gan chríochnú tar éis *-u-* [→GC.15].

E2. [sliabh→GS1.18] ‘Fo-shliabh’ an bhrí a bheadh anseo más fíor.

E4. *ARDÁN+AIDIACHT DATHA




Fig. 31: Ainmleabhar OS/88/CM/Par. Chill Bhride (‘part of Boystown’) [GS1.40].
Le caoinhead ó Stúirthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.40 Suí Finn

“the seat of Fionn”

A.

1980	1. [ˈsiːfɪn]	Z1a
	2. [ˌsiːˈfɪn]	Z1a
	3. [ˌsiːˈfɪːŋ]	Z2
1995	4. [ˈsiːˈfɪŋ]	Z14 (x2)
	5. [ˌsiːˈfɪŋ]	Z14
(2018	6. [ˌsiːˈfɪn] (ag tagairt do <i>Seefingan</i> SO)	X1)
2021	7. [ˌsiːˈfɪːn]	X2a
2022	8. [ˌsiːˈfɪn]	X3
	9. [ˌsiːˈfɪŋ]	X3
	10. [sɪˈfɪːŋ]	X3
2023	11. [ˌsiːˈhɑːn] (<i>sic!</i>)	X4

B.

1654	12. Shiffin alias Shifeanan	CS X 7
1655–7	13. Seaf mont:	DS
c.1685	14. Seife	Hib. Del.
1760	15. Seafin	Nevill 1760
1821	16. Sefinn	Duncan
1839	17. Seafin	Orth.:AL (CM)
	18. ‘It is a high Mountain, the rock granite. 2043 feet...’	Descr. Rem.:AL (CM)
	19. <i>Suidhe Finn</i> ¹⁵²	TÓC:AL (CM)
	20. ‘Finn’s seat, or sitting place’	ÓD:AL (CM)
	21. Seefin, compare	JÓD:AL (CM)
1841	22. See-Fin	Petrie 1841: 282
MF 1929	23. Seefing ¹⁵³ [NB = <i>Seefingan</i> SO]	PriceLN 3: 54
11/6/1939	24. Seefing [NB = <i>Seefingan</i> SO]	PriceLN 18: 29

C. Féach PNW 278. Mar le [ˌsiːˈhɑːn] (*sic!*) (11) de, féach go bhfuil an-mheascán faoi ainmneacha na sléibhte seo inniu. *Seefin* SO a bhí i gceist anseo go cinnte ach ní truailliú ar an ainm **An Suíochán** atá ann — thug an cainteoir seo [ˈsiːkɑːn] air sin sa ghnáthchaint (‘that’s the one over us’) — ach truailliú ar *Seefing-aun* leis an mbéim ar an siolla deiridh atá ann. Bhí an cainteoir seo deimhnitheach gur [ˌsiːˈfɪn] an t-ainm ceart ar *Seefingan* SO (‘where the hiker’s path goes’). Féach freisin ‘See-Con.

¹⁵² Scríofa i ndúch. Ní dúch anuas ar *pl:AL* atá ann, munarb amhlaidh atá an *pl* glanta go sármhaidh. Féach íomhá thuas.

¹⁵³ Ní *-í-* a scríobhann Price ach *-i-* agus comhartha béime os cionn an phoinc.

That's where Con is buried [laughs]. (And there's a See-Finn up there too, isn't there?) M: Yes. That's another one. Mary: They're right next to one another have you never walked either of those?' CBÉ LS 1960: 279 (féach Aguisín A).

D.

D2. Eibhear an chuid is mó den sliabh; stráice siosta agus eibheardhióiríte idir seo agus Suí Fionnáin.

E. Pléann FitzPatrick (2012) **Suí Finn** mar mhalairt téarma ar an **dumha seilge** “hunting mound” a bhí ina ghné lárnach den tírdhreach miotaseolaíochta úd ‘Formaoil na bhFiann’. Cf. ‘a large Cairn on the top of the hill of Clomanta, called by the peasantry *suidhe finn*, Suidhe Finn ie Finn (McCooles) Seat’ LSO (CC) I 163.

E1. [C2+C1] *af+ap* (IV)

E2. [suí→GS1.2]. Sampla eile den ainm céanna: Suí Finn (mar phéire le **Suí Goill**) i nGleann Con Cadhain (*Do*): ‘There are two remarkable hills just at the two extremities of this valley district [*sc.* Gleann Con Cadhain] called *Suidhe Finn* (Sessio Finni) and *Suidhe Goill* (Sessio Galli)’ LSO (*Do*) 171 (ÓD 18/8/1834).

E3. **Fionn, gin. Finn** (ainmp.): Seo an t-aon tagairt dhíreach d’Fhionn mac Cumhaill i logainmneacha Gaeilge na ngleannta (ní áirítear Brl. *Finn McCool’s Stone*).

E4. C2: SAORGA + C1:FIANNAÍOCHT

F.

- -nn caol /ŋ’/

Fianaise ar an bhforbairt seo i bhfuaimniú an 20ú/21ú haois ach murab ionann is ***Suí Fionnáin** [GS1.41] níor thug TÓC /ŋ’/ faoi deara san AL (Fig. 31).



Fig. 32: Nevill (1760): ‘Seefinane’ [GS1.41], in éineacht le ‘Seafin’ [GS1.40], ‘Glinasmala’ [GS1.3], ‘Castlekenny’ [GS1.20], ‘Cipiúr’ [GS1.5].

Received Name.	Orthography.	Authority.
Seafingán	Suidhe Fionnán	W. Doyle
Seafingán	Seafingán	W. Doyle
Suidhe Finn	Seafingán	W. Smith

Fig. 33: Ainmleabhar OS/88/CM/Par. Chill Bhríde (‘part of Boystown’), lch.28 [GS1.41].
Le caoinchead ó Stiúirthóir na Cartlainne Náisiúnta.

GS1.41 *Suí Fionnáin

“the seat of Fionnán?”

[*logainm.ie*: Suí Fionnagáin (#113174)]

A.

2018	1. [si'fin]	X1
2018	2. [,si'fin]	
2022	3. (aware of [,sli'fiŋ'ga:n] (<i>sic</i>))	X3
2023	4. [,si'fin] (<i>sic</i>)	X4

B.

1654	5. Shiffin alias Shifeanan	CS X
1655–7	6. Seafeanan mountains	DS
	7. Sephenan Mt.	DS Reeves
1655–7	8. Stephanan Mt.	DS
c.1660	9. mountain called Shiffin alias Shifeanan	BSD
c.1685	10. Stephenon mt.	Hib. Del.
1760	11. Seafinane	Nevill CM
1809	12. Stephenon Mts.	Scale's Atlas
1816	13. Seafinan	Taylor
1821	14. Sefinane Mount	Duncan BÁC
1839	15. Seafingan	Orth.:AL (CM)
	16. <i>suidhe Fingán</i> ¹⁵⁴	pl(TÓC):AL (CM)
	17. <i>Suidhe Fiŋgaiŋ</i> ¹⁵⁵	dúch(TÓC):AL (CM)
	18. ‘Fingan’s sitting place’	ÓD:AL (CM)
1839	19. ‘It is a large Mountain 2023 feet...’	Descr. Rem.:AL (CM)
1841	20. See-Finane	Petrie 1841: 282
1929	21. Séefinglawn [NB = <i>Seefin</i> SO]	PriceLN 3: 54
1937	22. Séefingän, ¹⁵⁶ <i>Suidhe fingan</i>	PriceLN 16: 13

C.

- ‘The monument of Fin himself is on a mountain in the neighbourhood, and that of his wife, Finane, according to the legends of the place, gives name to the mountain over the glen, called See-Finane.’ Petrie 1841: 282.¹⁵⁷

D.

D1. Carn c.50m siar ó bharr an tsléibhe 724m.

D2. Eibhear agus eibheardhióirít an chuid is mó den sliabh; stráice siosta agus grianchloichíte mar a bhfuil an carn.

E. Más ó bhéaloideas áitiúil a fuair Petrie míniú na logainmneacha [→C.], ní foláir nó gurb é an t-eolas áitiúil ag an am gurb é *See-Finane* atá os cionn Ghleann an Smóil agus gurb é *See-Fin* atá os cionn Áth Dúin agus ghleann na Life.

¹⁵⁴ Peannaireacht Brl., an síneadh fada ar snámh i bhfad os cionn an -g-.

¹⁵⁵ Cuireann an litriú seo */si:'fɪn'gɑ(i):n'/ in iúl. *N*-teann (*fortis*) /N/ ba bhrí le -ñ- agus *n*-séimhithe (*lenis*) /n/ ba bhrí le -ñ- de réir chóras nodaireachta na Suirbhéireachta, a raibh Ó Conchúir agus Ó Caoimh an-tugtha dó. (Chuir siad an chodarsnacht chéanna in iúl le -ll- /l/ agus -f- /f/.)

¹⁵⁶ Ní -í- atá scríofa ach -i- agus comhartha béime os cionn an phoinc.

¹⁵⁷ NB ní léir cé acu taighdeoir de chuid na Suirbhéireachta a sholáthair an t-eolas seo do Petrie, Ó Comhraí i 1837 nó Tomás Ó Conchúir a bhí ar obair pháirce ar thaobh Chill Mhantáin de na sléibhte seo i 1839. D'fhéadfadh sé freisin gur thug Petrie féin cuairt ar an ngleann ar ndóigh.

E1. [C2+C1] *af+ap* (IV)

E2. [→**Suí Mhic na Baintrí** [GS1]].

E3. ?**Fionnán**, gin. **Fionnáin** [→ **Finneán**, gin. **Finneáin**] (ainmp. mná(?)). **Suí Fionnáin** */f'ɛnɑ:n'/ > **Suí Finneáin** ([-ɲ'-]) faoi anáil **Suí Finn** ([-n'] → [-ɲ'])? Cf. caolú **-nn-** láir in *bf Carraig Fhionnáin* (#27568) (CC): ‘*Carraig Fhineáin*’ ÓD:AL (1838); *bf Baile Mionnán* (#33275) (Lo): /baliːˈminjan/ (2007). Ní gá go bhfuil adhmaid le baint as tuama meigiliteach a bheith le fáil i *bf Cluain Fionnáin* (#30210) (Li): ‘Clonfenan’ (1621), ‘Cloonefanane’ (c.1660), ‘Clúin Fionáin’ *pl:AL* (1836), ‘near the centre is a carn called ‘Giant’s Grave’’ *Desc. Rem.:AL* (1836); *Fardal* (Li) LE032-086.

Éadócha: athmhíniú ar **finneán**, gin. **finneáin** [*eDIL* s.v. **finnén** “a shield (‘little white one’)”]

E4. C2: SAORGA + C1: FIANNAÍOCHT

F.

- **-nn-** leathan /n/ > **-nn-** caol /-n'-/ > Brl. [-ɲ-]?

Féach **E3.** thuas. Le cur i gcomórtas leis an mionainm **An Mongán** [GS2.99].

GS1.42 *bf Bóthar na Bruíne*

“the road of the (otherworldly) hostel”

[= *bf Bohernabreena*]

A., B. *logainm.ie* (#17429); [ˌboːəˈnəːˈbriːːnə] Z2, [ˌboːhəˈnəːˈbriːːnə] Z1; OLBÁC. Ní bhreacann EÓC aon leagan Gaeilge san AL ach díol spéise an tagairt seo a leanas aige fiche bliain tar éis dó bheith sna gleannta, agus é ag cur síos ar an seanscéal *TBDD*: ‘...the court, or mansion, of the great *Brughaidh* (or Hospitaller), Da Derga. This court was built on the river Dodder, at a place which to this day bears the name of *Bothar-na-Bruighné* (or the Road of the Court), near Tallaght, in the county of Dublin’ O’Curry 1861: 259.

E.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. **bóthar** “road” [*eDIL* s.v.]. Bealach níos substaintiúla ná na lánáí eile sa cheantar darb ainm céanna **An Bóthar** (1), (2) [GS2.113, 135], (3) [GC.228].

E3. **bruíon**, gin. u. **na bruíne** “(otherworldly) hostel” [*eDIL* s.v. 1 **bruiden**] (cf. Ó Maolfabhail 2005: 38). Níl aon dealramh leis an mbréagshanasáiocht ‘Bohernabreena or Fighting Road’ *School Reg.:AL* (1837), cé gur spéisiúil an t-athmhíniú (áitiúil?) é ar ndóigh [*eDIL* s.v. 2 **bruiden** “fight, contest, quarrel”]. B’ann d’iarsmaí imfhálaithe sa *bf* seo (*Fardal* DU022-027 = **An Ráth** [GS2.88]) ach is ar éigean gurbh é seo an bhruíon faoi thagairt. Cf. **Cnoc an tSiáin** [GS1.13].

E4. A2: CUMARSÁID + A1: OSNÁDÚRTHA

F.

- **-th-** láir

Ar ceal, fiú i ndiaidh an ghuta fhada: ‘Bohernebrion’ (1635) → ‘Borenebreene’ (1760), ‘Bournabreena’ *BS:AL* (1837), [ˌboːməːˈbriːːnə] X1.

GS1.43 *Tobar Oisín

“the well of Oisín”

B.

1841	1. the Well of Ossian	Petrie 1841: 282
1852	2. <i>Tobar Oisín</i>	Dunne 1852: 358 <i>n</i>

C.

- ‘In the Dublin glen they still point out a well called Tobar Oisín—Eds.’ Dunne 1852.

D. Suíomh anaithnid.

E. Petrie a scríobh (1) agus (2) thuas agus ba dhóigh leat go mbeadh dealramh leis an bhfoirm Ghaeilge dá bharr.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. **tobar** “well” [*eDIL* s.vv. **tipra**, **topar**]. Is féidir glacadh leis nach tobar beannaithe é ar nós ***Tobar Santáin** [GS2.61] [→**Móin an Tobair** [GS2.106]]; cf. **Tobar na gCloch Breac** [GS1.54], **Tobar Airt** [GC.218].

E3. **Oisín** (*ainmp. fir*): Mhair Oisín mac Fhinn mhic Cumhaill go dtí aimsir Phádraig agus is eisean a d’eachtraigh caitheamh aimsire agus scéalta na Féinne don naomh céanna in *AnS*, srl. Fuair EÓC mionainm Brl. i nGleann Cuilinn: ‘the *carn* ... called by the peasantry Ossian’s Grave’ LSO 21 (EÓC 23/5/1837). Ní léir cé chomh dúchasach is a bhí fuaimniú áitiúil **Oisín** ag cainteoirí 1980 le réaduithe ar /o:/ sa chéad siolla: [‘vʊ’ʃi:n] Z1, [‘ɑʊ’ʃi:n] Z2.

E4. A: UISCE + C: AINM (FIANNAÍOCHT)



*Grianghraf 3: Brl. The Shed Stone.
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Bailiúchán Paddy Healy.*

GS1.44 *Leaba Bhraín

* (“the grave of Bran”)

B.

1841	1. the tomb of Fin’s celebrated dog Bran	Petrie 1841: 282
1852	2. the site of the grave of Bran	Dunne 1852: 361 <i>n</i> .

C.

- ‘We could conduct our readers to the Well of Ossian, and the tomb of Fin’s celebrated dog Bran, in which, perhaps, the naturalist might find and determine his species by his remains.’ Petrie 1841.
- ‘A place alleged to be the site of the grave of Bran is also pointed out by the County of Dublin peasantry, in the valley of the Dodder.—Eds.’ Dunne 1852.

D. Suíomh éiginnte. Féach an cuntas seo a leanas ar a mhacasamhail sa Ghleann an Smóil eile ar Shliabh na mBan (*TÁ*): ‘a small cromleac-shaped monument, the site of which is still called *Leaba Brain* (the bed or grave of Bran), from Fionn’s favourite hound, said to have been interred there’ Dunne 1852: 361. Mar fhonóta eagarthóra ar an méid sin a luann Petrie ‘the site of the grave of Bran’ i nGleann an Smóil. Díol spéise a chosúlacht is atá an cur síos ar an séadchomhartha i dTiobraid Árann leis an gcromleac bheag darb ainm Brl. *Shed Stone* [GS1.30] (*Fardal* DU025-051) i mbun an ghleanna (Grianghraf 3). Ní féidir é a ionannú go cinnte leis an uaigh a luann Petrie, áfach, mar níor bhreac EÓC aon ainm air, Gaeilge ná Béarla [→**GS1.30**].

E. (*tuairimithe [→**D.**])

E1. *[A+C] *af+ap* (IV)

E2. *leaba “bed” sa chiall “grave” [*eDIL* s.v. **lepaid** II (b)]: Sampla eile: Leaba na Saidhe [GC.193].

E3. Bran (ainmp.) [cf. *eDIL* s.v. **1 bran**]: É seo agus **Sceolang** an dá chú is mó le rá le Fionn mac Cumhaill.

E4. A: SAORGA + C: FIANNAÍOCHT

GS1.45 *Teampall Santáin

“the church of Santán”

< **Cill Moshantáin** < **Cill Easpaig Sanctáin**

A.

1980	1. [se'n'senn]	Z1
	2. ['sentən]	Z1b
2018	3. [ˌsen'se:ʔnʃ] (<i>sic!!</i>) Cemetery	X1
	4. [-'sannz]	X1

B. *logainm.ie* ([#1414135](#)): ‘[*epscoḡ Sanctain*]’ (bl. 800), ‘*Cell episcopi Sanctani*’ (1179), ‘Killmesantan’ (1227), ‘Templesaunton’ (1672), srl.

C.

- ‘Saint Sentan [ˈsentən] I think ... the old graveyard that’s closed this long time’ Z1.
- ‘There’s a cemetery, old Saint Satan’s [ˈse:ʔnʃ] Cemetery, a big stone wall, and then Farna·trample.’ X1

E. **Cill Easpaig Sanctáin** → **Cill Moshantáin** → **Teampall Santáin** (→ Brl. *Saint Anne’s*): Níor bhreac EÓC aon fhoirm Ghaeilge. Maidir le hathmhíniú ar ainm an naoimh anseo (Brl. *Saint Anne’s* < **Temple-Saint-Anne* < 17ú/18ú haois *Templesaunton* .i. **Teampall Santáin**) féach cé chomh luath is a tharla an forás ceannann céanna sa logainm *par Skylt Sondane*, Oileán Mhanann: ‘Eccl. Sancti

Santani' (1291), 'Kirk Santon or St. Ann' (1648), 'St. Anne's Well' (1651) Kneen 1925 II: 133. Ach níor athraíodh dáta an phátrúin i Manainn ó Lá Santáin (9/20 Bealtaine) go Lá San Anna (26 Iúil), mar a tharla i nGleann an Smóil: 'St. Anns Chapel, called by the inhabitants St. Anns Church and only known by the latter. St. Anns well is a holy well and [the] day dedicated to St. Anne is the 26th July. It has been visited for all deseases [*sic*]' MSO 364 (Lt. Compton, [gan dáta] 1843). Cf. freisin *bf Coill Seansián* (#10032) (*Co*): 'Kilsheansian' (1589) → 'Killshanntane' [***Coill Seantsián**] (c.1660) → *Kill Saint Anne SO*.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. **cill** "church" [*eDIL* s.v. **cell**] (cf. Ó Cearbhaill 2007: 2): An t-aon sampla amháin den eilimint seo sna gleannta. [→] **teampall** "church" [*eDIL* s.v. **tempul**]: Tacaíonn an páircainm **Fearann an Teampaill** [GS2.105] le 'Templestanton' (1672) agus cruthaíonn go ndearna **teampall** den aicmitheoir **cill** sa Ghaeilge dhéanach.

E3. **Easpag Sanctán** (→ **Moshantán** (ainm ceana)) → **Santán**: Naomh ón mBreatain é seo; mac le Cantón, deartháir le Leathnán agus le Madóg. Tá cuntas air in Ó Riain 2011 s.n. (níl an t-ionannú idir 'Santan ... i Cill da Les' (c.800) agus *bf Cill an Léisigh* (#54955) (*CM*) slán, áfach).¹⁵⁸ Mar le forbairt luath an logainm Ghaeilge de, cf. an teideal **Easpag** ag géilleadh don réimír cheana **Mo-** i *bf Cill Easpaig Sháráin* (#55097) (*CM*): 'Kyllespuksaryn' (1332) → 'Kylmasarny' (1394) → 'Killarny' (1703). Agus maidir leis an **Mo-** céanna a chur roimh ainm naoimh gan **-óg** a chur mar iarmhír, cf. ainmneacha naomh eile de bhunadh iasachta i *par Cill Mochuidbhríocht* (#17351) (*BÁC*) < **Cuidbhreacht** (MG **Cudbrecht** < SBrl. *Cūpbeorht*), *par Teach Sagard* (< **Teach Moshagra**) (#17220) (*BÁC*).

E4. A: FOIRGNEAMH (EAGLASTA) + C: AINM

¹⁵⁸ Cf. 'Easbog Sanctan, Easbog Leathain, agus Madoc Ailithir tri mec Cantoin, righ Breatan; it e filead i cCill Easbuig Sanctain' LMnG §752.7.

Foinsí stairiúla eile

GS1.46 *Aill Phluicín(?)

“the cliff of the (little) cheek?”

B.

1256	1. usque ad Ayleplukyn	<i>Alen LS 152b</i>
c.1534	2. [...] unto the hill w ^l thalf cheke beyond dodir ¹⁵⁹	<i>Alen LS 152b</i>
c.1534	3. ly Ayleplukyn	<i>Alen's Reg. 202</i>

D. Suíomh anaithnid. Is cosúil gur ‘taobh thall den Dothra ón láthair eaglasta’ an bhrí le ‘beyond dodir’ (2) thuas .i. timpeall *bf* Glaise an Mhulláin/*bf* An Baile Mór. Más ea ní mhaireann, ach cf. **An Aill Mhór** [GS2] ansiúd. Éadócha: Truailliú ar **Aill Mháirín** [GS1] agus ‘Ayleplukyn’ le leasú go **AyleMARyn*? Cé go bhfuil an pheannaireacht sa deontas seo an-shoiléir ar an mbun-LS (*Alen LS 152b*) is léir go bhfuil cuid de na hainmneacha truaillithe ar shlí eile: cf. ‘Bothull colon’ [**Bóthar Cualann**] *ibid*. Ach ba ríluath an sampla é sin d’ainm pearsanta AN in ainm gné aiceanta as Gaeilge. An-éadócha: Cruth shuntasach na n-aillte os cionn Loch Bré (‘thalf cheke’ “the half-cheek?”) mar a thaibhsítear iad ó bhéal an ghleanna os cionn Aill Mháirín (‘beyond Dodir’)? **Na Scoir** “the rocky pinnacles” a thugtaí orthusan, áfach (‘called by the natives the Scárns of the lakes or loughs’ LSO (*CM*) 8 (EÓC 13/2/1838)) (cf. ***An Scor (1)** [GS2.91]).

E. Is cosúil gur saobhaistriúchán bunaithe ar an bhfoirm scríofa a bhí os comhair an Ardeaspig Alen faoi ndear an míniú in (2) thuas (‘chiefly on account of an Irishman’s interpretation ly Ayleplukyn ... great mysteries’ nóta Alen 202 — arna sholáthar ag cainteoir dúchais dá lucht aitheantais, b’fhéidir) (cf. ***Tigh an Triúir Dána** [GS1.47]).

E1. [A+C] *af+af* (V)???

E2. [aill→GS1.4].

E3. ?**pluicín** “(little) cheek” [*eDIL* s.v. 2 **pluc** (cf. 1 **pluc**) + **-ín**] (más fíor!). Samplaí eile: *bf* **An Pluicín** (*Ci*) (gan chnoc); *bf* **Pluc** (*DG*) (cnoc ann); *bf* **Na Plucáin** (*Co*) (cnoc mór ann). B’fhéidir ?leathphluicín “half-cheek, one of a pair of cheeks” (2). Cf. ‘*pluc ar an bhfalla = é ag bolgadh amach, ag scéachtaint*’ Mac Clúin 1922 s.v. **pluc**.

E4. A: ARDÁN + C: CORP

GS1.47 *Tigh an Triúir Dána(?)

“the house of the three rhymers?”

? Brl. *Cairns* SO

A.

2018	1. [dɛ'kæ:ɪnz]	X1
------	----------------	----

B.

1326	2. ? Tirtane	<i>Alen's Reg. 182</i>
1534	3. Tirtridan ¹⁶⁰	<i>Alen's Reg. 183</i>

¹⁵⁹ *leg.* ‘the hill with the half-cheek beyond Dodir’ .i. Brl. *cheek* < G **pluc**, **pluicín**?

¹⁶⁰ ‘One, nay two [free tenants hold divers parcels of land at Taulagh]. See Tirtridan, because three.’

1534	4. Tirtridane ¹⁶¹	<i>Alen LS 163 (= Alen's Reg. 128)</i>
	5. Tirtridande ¹⁶²	<i>Alen's Reg. 218</i>
	6. Tirtridane	<i>Alen's Reg. 183n.28</i>
2015	7. Cairns	<i>FNGS</i>

D. Suíomh anaithnid.

E. Thar a bheith éiginnte. ‘Tirtridane is not found elsewhere in that tenement except near Glasmokyn adjoining the land of the friars minors¹⁶³ called in the old Rental Balsagard, but now (though ill) Chaberstone [*leg.* ‘Piperstone’?], because Harold¹⁶⁴ claims an asserted diminished right on it (I know not what, unless tyranny). It is not called Balrayly, but from the original meaning of Tirtridan ‘3 Rymers howses’ and hearths and remains are there to be seen’ *Alen's Reg.* Cf. sanas eile a thug Alen faoi ***Aill Phluicín** [GS1.46] [E.].

E1. [A+U+C] *af+(alt+)#+af* (I)?

E2. ??**teach**, tabh. **tigh** “house” [*eDIL* s.v. **tech**]: An t-aon sampla amháin. Cf. *sr Teach gConaigh* → *The Gunny Hill (BÁC)*: ‘Staghcony’ (1332), ‘Tygunny’ (1821). **Éadócha**: **trí** “three” + ***teach dána** “?rhyming-house” .i. ‘[3]+[Rymers’ howses]’ a mhíniú.

E2. ??**fear dána** “poet, rhymers” [*eDIL* s.v. **dán II**] → ??**triúr dána** “three rhymers”. Is deacair ***triúr dána** a léamh ar na foirmeacha béarlaithe éagsúla ag Alen ach ní foláir gurb in é a thug an sanas ‘[3 Rymers’]+[howses]’ aige. Cf. ‘*Cú Connacht O Dálaigh o Lecain Midi, in fer dána is ferr dobái a n-Erinn*’ *ATig.* [XVIII] 157.

Samplaí eile: *mng Na Triúr Deirféar* [G] (#[1394436](#)) (*Ci*) (ar galláin iad); *sc Leaba an Cheathrair Álainn* [G] (#[1398262](#)) (*Ga*), *bf Inis Mhic an Trír* [G] (#[20655](#)) (*Ga*); *le Teampall an Mhórsheisir* [G] (#[1397235](#)) (*DG*); *par Cill Naonúir* (#[2582](#)) (*LG*); cf. *bf Baile an Triúir* (#[54657](#)) (*CM*).

E4. A: FOIRGNEAMH (TUATA) + C: DUINE?

GS1.48 *Bearna an Scallartaigh

“the gap, pass of An Scallartach”

B.

c.1660	1. Barneskalare	<i>BSD (BÁC)</i>
1850	2. Barnascallard alias	<i>PNW 301</i>
	3. Aughnascallard	
(2015	4. LaTouche’s Hunting Lodge (now green patch only)	<i>FNGS Marcanna)</i>

D. Idir Sliabh Ghlaise na Muice agus Sliabh an Ghleanna Dhuibh.

¹⁶¹ ‘Richard Rocar’ of Glasmoke Omanygan’ (1256–66) [nóta Alen: ‘Perhaps from Tirtridane’].

¹⁶² ‘Nay more [than 5a by Glasmoky are of our demesnes there and not of the lands of the Friars Minors:] Lutterel was heir to half a carucate of land by Tirtridande, which note against the friars.’

¹⁶³ *bf* Baile na mBráthar i mbéal an ghleanna.

¹⁶⁴ *Harold* = Araltaigh Ghleann Cuilinn, is cosúil. Cf. *bf Buaille an Araltaigh* [GC.181].

E.

E1. [A+C] *af+sl* (IV)

E2. *bearna* “gap, pass” [*eDIL* s.v. *bern*]: *Samplaí eile sa cheantar*: cf. ***Bearna Chroithligh** [GS2.76] (*bearna* sléibhe eile), ***An Bhearna Bheag** [GS2.164] (lána amach as cnuasbhaile Ghlaise an Mhulláin). Cf. ‘Barn·darrig’ *PNW* 313, ‘Barrenderrig Fort ... written *Bearna derg* by Mr. Curry’ *MSO* 368 (1843).

E3. **An Scallartaigh** < **Scallard** (sloinne AN). An sloinne seo le fáil sa mhórcheantar: cf. *bf* **Baile Scallart** (#17416) (*BÁC*): ‘*Baile Scallart*’ (c.1580); cf. ‘Henry Scallard of the Creuagh’ (1305) = paróiste teorantach na Craobhaí. Foirm ghaelaithe den sloinne AN *Scholard* (< *SIor. Skáli + erg* de réir Reaney 1970, ach < *MBrl. scolere* ‘scolaire’ de réir *Ox. Dict. FN* s.nn. *Schollar, Scullard*).

Éadócha: Cf. *bear* **Bearna an Scalaigh** (#102019) (*Ce* 23/LG 13); *FGB* s.v. **scalach** “strong sudden gusts”, ~ **gaoithe** “squally wind”.

E4. A: CUMARSÁID + C: AINM

GS1.49 *An Sliabh Rua

“the red mountain”

B.

1535	1. <i>ó Shliabh ruadh</i>	<i>ARÉ</i> V 1420
1557	2. <i>go sliabh ruadh</i>	<i>ARÉ</i> V 1548
1569	3. the Red Mountains	<i>F</i> §1415, §1416 ¹⁶⁵
1580	4. <i>an tsleibhe ruaidh</i> [g.]	<i>ARÉ</i> V 1736
1590	5. <i>an sliabh Ruaidh</i>	<i>ARÉ</i> VI 1900
1592	6. <i>tar an sliabh ruadh</i>	<i>ARÉ</i> VI 1916
1605	7. the Readd mountaine	<i>Erck</i> 238 §36
1728	8. <i>Sliabh rúadh—sleibhte chontæ chille mantáin</i> ¹⁶⁶	<i>KIL</i> 20: 147
c.1728	9. <i>na Sleibhte Ruadha</i> [g. iol.] ¹⁶⁷	<i>LN G198</i> : 173
c.1740	10. <i>chum an tSlíabh Ruadh</i> [g.]	<i>LN G135</i> : 91
15/7/1837	11. Sliabh Roe	<i>LSO (BÁC)</i> 49 [EÓC]
24/10/1837	12. Sliabhroe <i>Bh’leath’Cliath</i>	<i>LSO (CD)</i> I 47 [TÓC]
3/1/1839	13. still called Sliabh Ruadh ¹⁶⁸	<i>LSO (CM)</i> 151 [ÓD]
1856	14. <i>Sliabh ruadh</i> , i.e., the reddish mountain	<i>ARÉ</i> V 1420 <i>n</i>
1904	15. <i>Sliabh Ruadh</i> , the Dublin mountains	<i>Dinneen</i> 1904: 654 s.v. <i>Sliabh</i>
1927	16. <i>S. gCualann</i> , the Dublin Mts. (S[outh]E[ast])	<i>Dinn.</i> s.v. <i>Sliabh</i>
	17. <i>S. Ruadh, id.</i> (main range)	

¹⁶⁵ ‘from Bollynescorney, in the county Dublin, along by the Red Mountains unto Omaile, in the said county, both in the cross and the county’.

¹⁶⁶ ‘*Sliabh rúadh—sleibhte chontæ chille mantáin a laighnibh, ionna bhfhuil Sliabh an ime, sliabh samh, leithbhearn, ceidín ibh máil, gleann Mallughradh sliabh na lathrách duibhe, gleann dá loch, bealach dhuin buaic .7c.*’

¹⁶⁷ ‘*do luigh Síol mBruin, na Tuathaluibh, & fuireann na Sleibhte Ruadha orra*’ mar aistriúchán ag Ó Neachtain ar ‘The Birnnes [*sic*], Tooles, (the Mountain Enemies) like Wolves lay in Ambush for them’ *Ware* 1705: 41.

¹⁶⁸ ‘the Dublin mountains, the principal range of which are still called Sliabh Ruadh by the inhabitants of the County of Roscommon and other Irish people who are in the habit of going to Dublin’.

E. Iarsmaí d’ainm an tsiabhraoin le sonrú i bpar. Láithreach Bhriúin i dtuaisceart Chontae Chill Dara (12) ach ní bhfuair EÓC ná ÓD aon tuairisc ar an ainm sa dá ghleann seo (cf. LSO 49).¹⁶⁹

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [sliabh→GS1.17] Sa chiall ‘sliabhraon’ anseo.

E3. [rua→GS1.29] Tabhair faoi deara gur sléibhte bratphortaigh atá sa sliabhraon seo. (Féach Fig. 4; féach freisin Aguisín D.)

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (DATH)

‘A certain mountain, called the Bogge’¹⁷⁰

GS1.50 *Coill na Brón

“the wood of the quernstone?”

A.

1980	1. [ˌkøiˈlɲəˈbɹɔn]	Z1a (x2)
	2. [ˌkøilɲəˈbɹɔːn]	Z1c*
2018	3. [d̪əˈkøilɲəˈbɹɔːnɹ] (gnáthchaint)	X1
	4. [ˌkøilˈvɹɔːn]	X1
2021	5. [ˌkøilˈvɹɔːn]	X2a

B.

1604	6. Kilknockanroe alias Kilnebrone	<i>Erck Chanc.</i> 151§66
1605	7. Kilknockanroe otherwise Kilnebrone	<i>CPR</i> 61
1654	8. Killnebrowne	<i>CS VII</i>
11/6/1939	9. ·Kylenabrone	PriceLN 18: 28
1967	10. Kylena·brone	<i>PNW</i> 301
2015	11. Kylevrone	<i>FNGS</i>

C.

- ‘at the end of the Lodge Curragh’ X2.

D.

D2. *RckNCA*; *TGr*; paiste *Scree* [→E3.]

D3. *iníor capall*

E.

E1. [A+C] *alt+af* (III)

E2. [coill→GS1.9]

E3. bró, gin. u. brón “quern(stone)” [*eDIL* s.v. 1 **bró**]: Níl mórán dealraimh leis an amhras a chaith Price ar gin. u. **brón** anseo (‘hardly seems likely ... as the place is uncultivated mountain’ *PNW* 301).

Tá **Coill na Brón** ‘an choill mar a raibh mianach do bhrónna le baint go héasca’ nó ‘an choill ina bhfuarthas mianach bró mhór le rá’ inmheasta mar logainm anseo. Cf. paiste screathain taobh theas den Lóiste. Féach freisin go raibh **cloch mhuilinn** ina ghnáth-théarma ar eibhear (cf.

¹⁶⁹ Tá ‘Slieve Rhu’ léirithe ar léarscáil Fitzsimons mar áit ar thaobh an chnoic i *bf* Buaille an Araltaigh [GC] ach is mór an t-amhras nach fíorainm é sin; níl sé ar eolas inniu, níl sé le clos ar théipeanna 1980, níor chuala Price é i 1939 agus níor chuala Ó Comhraí é — agus é ar lorg an logainm seo go speisialta — i 1837.

¹⁷⁰ Pléite in Aguisín G. Seo an fuilleach i GS nach bhfuil fianaithe i bhfoinsí eile.

‘*Ath na g-cloch Muillinn*, River of the Mill stones. The country people in every part of Ireland call granite by the name Millstone’ LSO (AM) 7 (ÓD 22/4/1835). (Mhol Price féin **bruíon**, gin. u. **bruíne** mar cháilitheoir.) Sampla eile: ‘Corna-brōne ... three small fields’ [**currach**(?)] PNW 219.

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: DÉANTÚSÁN

F.

- défhoghar -oill

Samplaí eile i *CM: The Quill (Road)* [**An Choill**] (CM); *bf Cnoc na dTom Coill* (#55874) (CM); *bf Bearna Choill* (#55613) (CM); *bf Feadáin Coill* (#54793) (CM); *bf Ráth Choill* (#54575) (CM).

GS1.51 *Port na Gréine

“the (turf-)bank of the sun(shine)”

B.

1604	1. Portnegreney	<i>Erck Chan.</i> 151§66
1605	2. Portnegrane	<i>CPR</i> 63b

D. Pléite i gcomhthéacs in Aguisín G. Ní léir an ionann is Brl. *The Long Bank* an lae inniu, cé go mbeadh a shuíomh sin oiriúnach. Ach b’fhéidir gur foirm luath den fhocal **portach** “peat bog, *lit.* place of (turf-)banks” atá anseo [→**GS1.28**].

E. Sampla eile: ‘Portdarge, the Devil’s Glen’ [**An Port Dearg**] PNW 405 [*bf* Baile Murcha Rua] (CM); *bf Port Mhaológ* (#17346) (BÁC) gan aon abhainn ann.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. **port** “(turf-)bank” [cf. ‘*in ni curthar asin purt monad, in moin cruaid*’ *eDIL* s.v. **móin** (b)]. Níl aon sampla soiléir eile den eilimint seo [ach→**GS1.28**].

E3. **grian** “the sun” [*eDIL* s.v. **grían**]: Cf. ‘-greney’ (n-caol) le ‘Lognahaley’ *ibid.* (l-caol). Cf. *bf Baile na Gréine* (#3175) (Ce): ‘Ballynagreney’ (1577); cf. ‘Bolenagraina’ PNW 35.

E4. A: ARDÁN + C: GAOTH/SOLAS

GS1.52 *Ros an Aoire

“the (wooded) height of the shepherd”

B.

1604	1. Rossaniera	<i>Erck Chan.</i>
1605	2. Rostamarra [<i>leg.</i> Rossaniarra?]	<i>CPR</i> 63b

D. Suíomh éiginnte. Pléite in Aguisín G.

E. An-éiginnte. Cuirtear i gcás gurb í *Rossaniera*/**Rossaniarra* bunfhoirm an logainm thraslitrithé; más ea seans go seasann *Rossan-* do **rosán** ná ***ros an**, mar léirítear an guta neamhaiceanta láir sna mionainmneacha eile le *-e-* tríd síos sa liosta. Is dóchála, áfach, an struchtúr *af+alt+af* (I) [→**E1**]. Tá ***Easca an Aoire** [GS2.61] gar go leor don áit idir chamáin agus seans go bhfuil gaol idir an dá logainm; tuairimíocht a bheadh in aon iarracht ar na tagairtí thuas (1–2) a leasú ina threo sin, áfach.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. **ros** “wood; wooded height; height” [*eDIL* s.v. 1 **ros**] [→**E.**]. Samplaí eile: ‘the Rossán’ PriceLN 16:35 (1937) i nGleann Crí (*CM*) = ‘*Cill Ros Lachan ... alias Ros an tSéipéil ... an old unfrequented burying place*’ LSO (*CM*) 9 (EÓC 13/12/1838).

E3. **aoire, gin.** u. *id.* “shepherd” [*eDIL* s.v. **oegaire**] [→**E.**].

E4. A: ARDÁN + C: DUINE

GS1.53 *Sliabh na Móna (2)

“the mountain of the bog(land)”

[= *Glendoo Mountain SO?*]

B.

1604 1. Slewnemone

Erck Chan.

1605 2. Slewnemone

CPR 63b

D. Dhealródh sé gurb é an sliabh seo a thug ainm don cheantar atá faoi thagairt sa cháipéis ‘a certain mountain, called the Bogg’ (1604) atá pléite in Aguisín G. Cf. ‘Bog Mountains’ *Duncan* (1821) = *c. bf Sliabh an Ghleanna Dhuibh.*

E. Féach (1) [GS1].

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E4. A2: ARDÁN + A1: ÍSLEÁN

Léarscáil Kendrick 1752¹⁷¹




Fig. 34: Bunaithe ar léarscáil Kendrick 1752. Léiríonn an réiltín Brl. *The Tall Stone*.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS1.54 *Tobar na gCloch Breac

“the well of the speckled stones”

B.

1604 1. Tubber Na Clogh brack Refaussé & Clark 2000: 74

D. Féach Fig. 34. De réir mar is féidir a dhéanamh amach bhí an tobar seo suite i *bf* Mountpelier agus is cosúil nach ionann is Brl. *Spring Well* sa Brl. *Freestone Acre (FNGS)*.

D3. *foraoiseacht*

E. Sa mhéid is gur féidir aon bhreithiúnas a thabhairt ar fhoirm aonair, meastar anseo gur móide go mór gin. iol. ...**na gcloch breac** gan an claoclú tosaigh léirithe a bheith á réadú in ‘...Na Clogh brack’ (1) ná gin. u. ...**na cloiche brice**.

¹⁷¹ ‘A map of pt. of the Land of Glanas Moin in the Parish of Tallaght & County of Dublin, Survey’d for His Grace Charles Lord Arch B.p. of Dublin By Roger Kendrick Surveyor to the Honble. City of Dublin, June 18th, 1752 ... It is Supposed that this piece of Land (containing 44 ac.: 1 r.: 00p.) belongs to the See of Dublin; being part of the land of Glanas Moin in the Liberty of Glassnamucky Although it is taken into Mr. Conolly’s land by the stone wall which joins the road.’ i gcló in Refaussé & Clark 2000: 74. Meastachán garbh is ea an léaráid i bhFig. 34 thuas ach is nach mór cinnte go raibh ‘Clogh Ard’ (1752) taobh thoir thuas den bhóthar, fad is atá Brl. *The Tall Stone* taobh thiar thíos de.

E1. [A2+(A1+C)] *af+alt+af+aid* (I)

E2. [tobar→GS1.43]

E3. Cf. **Na Clocha Breaca** [TS.294].

E4. A2: UISCE + A1: ARDÁN + C: AIDIACHT (DATH)

GS1.55 *Cloch an Dá Uan

“the stone of the two lambs”

B.

1752 1. Clogh a Da ooin

Refaussé & Clark 2000: 74

D. Féach Fig. 21. Suite i ndeisceart *bf* Mountpelier de réir dealraimh.

D3. *foraoiseacht*

E.

E1. [A+U+C] *af+alt+#+af* (I)

E2. [cloch→GS1.17]

E3. **uan** “lamb” [*eDIL* s.v. 2 **úan**]: An t-aon tagairt amháin do chaoraigh i logainmneacha an cheantair.

E4. A1: ARDÁN + U: 2 + C: AINMHÍ CLÓIS

GS1.56 *An Chloch Ard

“the tall stone”

B.

1752 1. Clogh Ard

Refaussé & Clark 2000: 74

D. Féach Fig. 21.

E. Cé gur mór an chomhtharlúint é, tá sé nach mór cinnte nárbh í an chloch chéanna a bhí faoi thagairt sa mhionainm stairiúil seo agus atá i Brl. *The Tall Stone* sa lá atá inniu ann.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [cloch→GS1.17]

E3. [ard→GS1.16]

E4. A1: ARDÁN + C: AIDIACHT (ARD/ÍSEAL)

GS2

Marcanna na bhFeirmeoirí: Thoir



Grianghraf 4: *Na Bánóga Bána [GS2.62] ar chlé, *An Corr-ruán [GS2.63] ar dheis.
(Deireadh Fómhair 2023.)




Fig. 35: Marcanna na bhFeirmeoirí — Thoir.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.57 *An Chúil Rua

“the red corner, nook”

A.

1980	1.	[,ku:l'ɛʊ]	Z1c*
2021	2.	[,ku:l'ru:]	X2a
2022	3.	[,ku:l'ru:]	X3

B.

2006	4.	Coolroo	TT
------	----	---------	----

C.

- ‘Ah yeah, Coolroo Cottages’ X2.

D. Mar a gcuaraíonn an príomhbhóthar isteach sa ghleann ó Bhóthar na Bruíne ag *bf* An Charraigín.

D2. GLs, TLPSsS

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **cúil** “corner, nook” [*eDIL* s.v.] (cf. Toner 1996). Samplaí eile: **Uncúil* [GS2.89], **Cúil Mhic Aodha* [GS2.163]; **Cúil an Chaim* [TS.314]. Cf. ‘Coolaruer’ [*bf* Tigh Bródáin] *CGn.* (1788);¹⁷² ‘The Cule Threadóg’ *BnS* 0797.057 (Baile Éamainn) (1937).

E3. [rua→GS1.29]

E4. A: GORT + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **-ua(-)** → Brl. [u:]

GS2.58 *bf* An Carraigín (1)

“the little rock”

[= *bf* Corrageen]

A., B. *logainm.ie* #17433: [ˌkɔɪˈɡiːn] Z1, [ˌdəˈkaɪˌɡiːn] X1, [ˌdəˈkɔɪˌɡiːn] X3; OLBÁC.

E. **carraigín** [*eDIL* s.v. **carrac** + **-ín**]: B’fhéidir gur feidhm chnuasaithe atá leis an bhfoirceann **-ín** anseo; ‘talamh carraigeach’ an bhrí is cosúil. Samplaí eile den ainm céanna: ***An Carraigín (2)** [GC.191], ***Na Carraigíní** [TS.307], ‘Carraigeen’ *BnS* 0795.022 (Teach na Giúise) (1938).

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: ARDÁN + D: -ÍN




Fig. 36: **Móin Log* [GS2.59] — léarscáil cháilíocht talún. Léiríonn an paiste donn talamh portaing.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

¹⁷² ‘the pasture of Coolaruer’ *CGn.* (23/8/1820).

GS2.59 *Móin Log

“bogland of (the) hollows”

A.

1980	1. [ˌmʲeʊnˈlɔɡ]	Z1a
	2. [ˌmʲeʊnˈlɔɡ]	Z7
2018	3. [ˌmʲeʊnˈlɔɡ] (gnáthchaint)	X1
2021	4. [ˌmʲeʊnˈlɔɡ]	X2a

B.

1821	5. Bog	<i>Duncan</i>
2015	6. Munlugg	<i>FNGS</i>

C.

- ‘a place in a bog’ Z1.
- ‘the only area on the hill here that animals can’t graze, it’s that swampy’ X1.

D.

D1. Tá an lonnaíocht neoilteach suite ar an talamh carraigeach laistiar ó dheas den mhóin seo. Ba ar an genoc seo ba thúisce a chuir daoine fúthu sa ghleann (Nolan 1992).

D2. Paiste suntasach portaigh a bhíonn fliuch fiú le linn triomaigh (Fig. 36). ‘Bedrock at or close to surface’ ar an gcuid eile den chnoc agus ar Shliabh na Móna [GS2.57] cé is moite de bheagán gairbhéalach ar éadan thuaidh an chnoic sin agus paiste tille ar a bharr.

E. Díol suime, i bhfianaise ársaíocht an tsuímh seo, gan aon rian den alt sa logainm. Is cosúil gur [A+C] an struchtúr atá le tuiscint agus an t-aicmitheoir **móin** á cháiliú le **log**: cé go bhfuil an mhóin féin suite i log mór suntasach, is deacair an fhianaise a réiteach le struchtúr [A2+A1] ***Móin Loig** .i. an *mhóin sa log*.

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. Talamh riascach anseo fós ≠ ***Móin an Tobair** [GS2.106], ***An Mhóin Gharbh** [GS2.142], **An Mhóin Mhór** [GS2.122].

E3. **log**, **gin. u. loig**, **gin. iol. log**: Cf. samplaí de **gin. u. loig** → *-lug* freisin i *Ce*, *CM*, *La*. [Mar cháilitheoir→**GS1.10**]. **Éadócha: logach** (aid.) “full of hollows” le cailliúint **-ach** ar fad.

E4. A: ÍSLEÁN + C: UISCE?

F.

- ardú /o:/ → /u:/ (srónach)
Réadú áitiúil ar an bhfóinéim /u:/ atá i [ɛʊ] (1–4) thuas.

GS2.60 *Sliabh na Móna (3)

“the mountain of the bog(land)”

A.

1980	1. [ˌsli:vɪnɜːˈmɒn] (‘some call it’) ¹⁷³	Z1a
	2. [ˌsli:vɪnɜːˈmɔːn] (‘more call it’) (<i>sic</i> , ≠ [ɛʊ])	Z1a
	3. [ˌsli:nɜːˈmɛʊn]	Z6
2018	4. [ˌsli:nəˈmɛʊn]	X1
	5. [ˌsli:nəˈmʲɔːn]	X1
2021	6. [ˌsli:nəˈmu:n]	X2b

B.

1605	7. ? Slewnemone	CPR 53b
1821	8. [Old Deer Park]	Duncan
1946	9. Sleenamoon	PriceBL/CGT 10
2015	10. Slieve na Mun	FNGS Marcanna
	11. Sleigh na Munn	FNGS

C.

- ‘Mt. near Killakee (S. side of Glenasmole)’ PriceBL/CGT.
- ‘Very large area of rough ground, now in forestry’ FNGS.
- ‘beside [Moonlugg], not near as wet’ X1.

D2. *RckNca* agus paiste *TGr*; gaineamh agus gairbhéal oigheardhobhrach ar an éadan thuaidh agus as sin ar feadh an bhóthair chomh fada le ***Móin Loig** [GS2.59].

D3. foraoiseacht

E. Ní léir cé acu an iarsma é seo den logainm stairiúil ‘mountain called the Bogge ... Slewnemone’ 1604/5, a thagair don cheantar portaigh ar fud an cheantair taighde seo (**Aguisín G**) nó an amhlaidh a fuair an leirg sléibhe seo ainm ón móin shuntasach os a chomhair amach [→**D2.**]. Samplaí eile den ainm céanna: Sliabh na Móna (1) [GS1.37].

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [sliabh→GS1.17]

E3. ?**An Mhóin** (logainm) [→**GS2.59**] .i. Sliabh na Móna ‘os cionn/os comhair Mhóin Log’.

E4. A2: ARDÁN + A1: ÍSLEÁN?

F.

- **-bh** leathan deiridh
- ardú /o:/ → /u:/ (srónach)

Eisceacht is ea (2) thuas ar réadú é ar an défhoghar /əʊ/.

¹⁷³ Ní foláir nó is forcheartú faoi ndear an chéad fhoirm seo (cf. *sl Sliabh na mBan/Slievenamon (TÁ)*). Níor chuala an taighdeoir a leithéid ó éinne eile.



Grianghraf 5: *Tobar Santáin [GS2.61].
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Bailiúchán Paddy Healy.

GS2.61 *Tobar Santáin

“the well of Santán”

[= *St. Ann’s Well* SO]

A.

1980	1. [se:n'ta:nz,wel]	Z1b
	2. [se:n'ta:nz,wel]	Z3

B.

1843	3. St. Anns Well is a holy well ... 26th July	MSO 364
------	---	---------

C.

- ‘A small well, four feet by three feet in size and 1 foot deep, overhung by a small ash tree. No devotions now, but still known to have been a holy well.’ Ó Danachair 1958: 85–86.
- ‘St. Anne’s holy well, from which a strong spring issues and flows down into the reservoir. The well is faced around with a loose stone wall and is overshadowed by a rowan tree.’ Healy 1961: 118.
- ‘supposed to cure all stomach and— ills ... years ago used to be a pageant on the third Sunday in July ... a bush over it blew down and then another one grew in its place ... rags and medals ... coins thrown in the well ... the locals [still have] a belief in it for stomach ailments’ Z1.
- (Is there a cure in it?) ‘Oh there is! Eyes! And if you could fill the bottle with it pointing in the same direction as the water there was a cure for vomiting in it’ ... ‘there never was a special day for it’ Z3.
- *Fardal* DU025-018.

E. Tá fianaise indíreach ar an gcéad eilimint d’ainm Gaeilge an tobair sa pháircainm **Móin an Tobair** [GS1] taobh leis. Cf. ***Tobar Oisín** [GS1.43], ***Teampall Santáin** [GS1.45]. Cf. ‘St. Ann’s Well, here, on Killenarden, nigh to Martin’s cottage, they say is as good as Moling’s Well’ [*bf* Cill an Ardáin] *MHR* 88 — ní léir an raibh an bunús Gaeilge céanna leis sin.

E1. *[A+C] *af+ap* (IV)

E4. A: UISCE + C: AINM

GS2.62 *Na Bánóga Bána

“the white, fair tracts of lea-ground”

A.

1980	1. [ˌbɑːnəkəˈbɑːn]	Z1a
	2. [ˌalɪkɜːˈbɑːn] (<i>sic</i>) ¹⁷⁴	Z8
	3. [ˌbanɪkɜːˈbɑːn]	Z6
	4. [ˌbɒnɪkɜːˈbɑːn] (aithris ar cheist ‘[bɒnɪk-]?’)	Z6
2018	5. [ˌbɑːnɛxəˈbɑːn]	X1a
	6. [ˌbɑːnɛgəˈbɑːn] (gnáthchaint)	X1
2021	7. [ˌbanɜːkɜːˈbɑːn]	X2

B.

2015	8. Bannachaban	FNGS
------	----------------	------

C.

- ‘wet land’ X1.
- ‘open commonage grazing area’ X1.

D3. *iníor* (*coimíneacht*). (‘Collop rights, free grazing; every one had a right to graze so much’ an míniú a thug Z2 ar Brl. *commonage*.)

E. Sampla eile den ainm céanna: Tá an áit seo níos airde amach ar an sliabh ná **An Bhánóg Bhán** [GC.206]. Cf. ‘Bunnagbawn grazing, back of Black Hill’ (*CM*). D’fhéadfaí foirm uatha **An Bhánóg Bhán** a thuiscint anseo freisin, le guta cúnta tar éis bhéarlaithe, ach is fearr a mhíniú iol. **Na Bánóga Bána** idir an /b/ seachas /w/, /v/ i dtús an dara heilimint agus an guta a thagann roimhe. Cf. ‘Banagaboy’ (1727)¹⁷⁵ arbh ionann é, is cosúil, agus *bf Na Bánóga* (#54593) (*CD*) [→E3].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **bánóg** “tract of lea-ground” [*eDIL* s.v. **bán** II (b) + **-óg**]: Bhí na páirceanna móra darb ainm ***Na Bánóga** i nDeilginis roinnte ina stráicí arúla, cuid acu le hainmneacha Gaeilge, m.sh. ***An tAcra Bodhar** (*Aguisín* I). Cf. réaduithe Brl. éagsúla in ‘the Bawnags’ (1788) [*c. bf Tigh Brodáin*];¹⁷⁶ ‘Bannackmoore’ (1720) [*c. Teach Mealóg*];¹⁷⁷ *bf Bánóg Mhurcha/Bonabrocka* (#55350) (*CM*): ‘Bannockmurragh’ (1601), ‘Banogmorogh’ (1622), ‘Bannickmurrough’ (1647). (Cf. *Slievenabawnoge* SO faoi **GS1.35**.)

E3. **bán** (*aid.*) “white”: Is cosúil gur aidiacht atá anseo (cf. Brl. *The White Meadows* [TS]; **An Bhánóg Rua/Bonagrew** (#55382) (*CM*)). Tá cuma an-difriúil ar an bhfás anseo os coinne *An Corr-ruán taobh leis — féach Grianghraf 4.

E4. A: GORT + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **béim**
Laghdú suntasach ar **-óg**.

¹⁷⁴ Ní raibh éinne eile ag caint chun an túschonsan a dhoiléiriú. B’fhéidir go raibh locht beag ar an téip.

¹⁷⁵ ‘Lackessell & Banagaboy in the fields of Tepperkeven’ *CGn.* (25/2/1735). Tá *bf Na Bánóga/Bawnoge* buailte le *bf Tobar Chaoimhín*.

¹⁷⁶ ‘the field called the Bawnags’ [*v.l.* Bawnogs] *CGn.* 754.572.512908 (23/8/1820).

¹⁷⁷ ‘Bannackmoore juxta Temologe’ *CGn.* 25.557.16288 (20/7/1720).

GS2.63 *An Corr-ruán

“the curved tract of reddish ground, moorland?”

A.

1980	1. [ˈkoː.ɪəwɑːn]	Z1
	2. [ˈkɔː.ɪəwɑːn]	Z1c*
	3. [ˈkɔː.ɪə, wɑːn] ([ɔː]~[ɔʊ])	Z6
2018	4. [ˌkɑː.ɪəˈwɑːn]	X1
2021	5. [ˌkoː.ɪəˈwɑːn]	X2a

B.

MF 1941	6. Corawawn ... like Mayo <i>coire</i> ¹⁷⁸	PriceLN 19: 6
2015	7. Corrawawn	FNGS

C.

- ‘a kind of a ‘dip’ X2.

D3. *coimíneacht*

E. Cuar sa sliabh anseo. D’fhéadfaí struchtúr *af+alt+alt* (I) **Cuar (an) Ruáin** “(hill-)curve of (the) reddish ground” (cf. *bf Tír Ruáin* (#18000) (*Ga*)) nó **Cuar an Bháin** a mheas ach ní réiteodh sé sin leis an bpatrún béime ag an mbeirt chainteoírí is sine (Z1, Z6). Tugann a bhfoirmeacha siúd **An Corrbhán** “the curved lea-ground” le fios, nó, tharla go mbeadh **bán** ábhairín neamhghnách ar an airde seo, **An Corr-ruán**.

E1. [C+A] *aid-af* (II)

E2. corr- “rounded, curved?” [*eDIL* s.v. 1 **corr** (Compds.)]: Is minic nach léir brí na heiliminte seo i logainmneacha, ach más fíor gurb in atá i dtús an ainm seo ba dhóigh leat gurb é an cuar sa sliabh anseo atá faoi thagairt. **B’fhéidir:** **cuar** “bend, (hill-)curve” [*FGB* s.v. **cuar**¹; cf. ‘*forin chnuc cúar*’ *eDIL* s.v. **cúar** (c)]: cf. *bf An Cuar Liath* (#27056) (*CC*); *bf Cuar Uí Nialláin* (#3593) (*Ce*); *bf Cuar an Uisce* (#28814), *bf An Cuar Leathan* (#28813) (*La*).

E3. ruán, gin. u. **ruáin** “reddish-brown place, object” [*eDIL* s.v. **ruadán** ... dim. of **ruad**; cf. *Dinn.* s.v. **ruadhán** ‘...a moorland...’]. (Cf., b’fhéidir, dath an fháis i Mí Dheireadh Fómhair i nGrianghráf 4.) Cf. an t-aicmitheoir céanna in **An Ruán** [GC.177] (agus b’fhéidir ***Ruán an Fhearainn** [GC.231]). Cf. ‘Rhuands’, ‘Rua Ain’ *FNKK* 128.

B’fhéidir An Corrbhán “the rounded, curved lea-field, grazing land” [*eDIL* s.v. **bán** II (b)]. Taobh leis **An Bhánóg Bhán** [GS2.62]; cf. *bf An Breacbhán* (#31598) (*Lm*), *bf Glasbhánta* (#12802) (*Co*), *bf An Leathbhán* (#32174) (*Lm*), *bf Na Liathbhánta* (#50049) (*PL*). Tá ceist faoi oiriúnacht **bán** “lea-ground, green grazing field” chomh hard seo ar an sliabh; níl aon sampla eile sa cheantar.

E4. C: AIDIACHT + A: ILGHNÉITHEACH

F.

- athrú béime
- Brl. [i]

¹⁷⁸ Is cosúil gurb é éifeacht /ɪ/ neasaigh chun na gutaí a thabhairt chun tosaigh atá i gceist anseo.

C.

- (Is that a stream or something?) ‘It’s up further [from Plada·voar]— it’s a bog, a kind of a bog, it’s planted now’ Z1.
- ‘Askaphiliba·gowan the older people’d always— they just call it the Aska now’ Z1.

D. Suíomh éiginnte.

E. Sampla maith de ghiorrú logainm ó ghlúin go glúin. Ní úsáidtear an logainm anois. Cf. ***Easca an Aoire** [GS2.64]; Brl. *Nicholl’s Eska*, Brl. *Hick’s Eska* ar chúil Chloch na gCon [GC]. I bhfianaise an logainm seo, tá ainm pearsanta agus sloinne le sonrú in ‘Eskaheranavreean’ PriceLN 25: 29 (=PNW 51) freisin, cé nach bhfuil sé soiléir ina iomláine: **Easca [...]** **Uí/Ní Bhriain?**

E1. [A+C] *af+ap+sl = af+díl* (IV)

E2. [**easca**→**GS2.61**]. Fianaise luachmhar is ea an cur síos ar an áit seo mar ‘a kind of a bog’.

E3. Pilib Ó Gabhann (ainmp.+sloinne): An t-aon sampla d’ainmp.+sloinne sa cheantar taighde. An fhoirm seo bunaithe ar ‘*Aindrias Ó Gobhan*’ LSO 41. Cf. ‘Tyrlagh Smith’ (1664) ([Aguisín N](#)).

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINM

F.

- **-abha-**

GS2.66 *Plaide Mhór

“the big muddy land?”

A.

1980	1. [ˌplad̪əˈvɔːə]	Z1a
	2. [ˌplad̪əˈvɔːə]	Z1c*
2020	3. [ˌklad̪əˈvɔːɪ]	X1b

B.

1990	4. Pladavore	<i>Tallaght Trails</i>
2006	5. Pladavore — <i>Plodach Mór</i>	<i>GR Scoil</i>

C.

- ‘near the Lemass Memorial ... not P-; with a K- ...’ X1 (ach féach (1, 2)).

D. Suíomh éiginnte.

E. D’fhéadfaí **bóthar**, gin. **bóthair** a chur as an áireamh toisc nach móide go raibh a leithéid anseo riamh, m.sh. **Plaide an Bhóthair** (cf. *LnÉ IV* s.v. *Pludboher*/**Bóthar an Phluda** ([#54490](#)) (*LG*)).

E1. [A+C] *af+aid*. (II)

E2. *plaide “mud?” [*FGB* s.v. **pluid = pluda**; cf. **plaid**, **pluide = pluid**]. Ní heol aon samplaí eile i logainmneacha. Cf. ‘Coolnafluddy’ *PNW* 32. Éiginnte: **pollaid(e)** “pool, puddle” [*FGB* s.v. **pollaid** (bain.) = **pollaide** (fir.)], focal a luaitear le logainmneacha an iarthuaiscirt. Cf. *mng* **Bun na Pollaide** ([#1399221](#)) (*ME*), *rinn* **Pointe Phollaide** ([#1396866](#)) (*DG*).

E3. [**mór**→**GS1.8**]

E4. A: ÍSLEÁN? + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

GS2.67 *An Cnap Aitinn

“the knob of furze”

A.

- | | | |
|------|--------------------------|-----|
| 1980 | 1. [ˌkɪɑ.ˈpækɪn] [kʲ~tʲ] | Z1a |
| | 2. [ˌkɪɑˈpækɪn] | Z1a |

C.

- ‘down under the road ... all that area’ Z1.

D. Suíomh éiginnte — luaite ag Z1 tar éis *Na Bánóga Bána [GS2.62], *An Corr-ruán [GS2.63], *Plaide Mhór [GS2.66] agus *Easca Philib Uí Ghabhann [GS2.65] atá go léir suite sa choimíneacht os cionn an bhóthair. Is ag tagairt do léarscáil a bhí leata os a chomhair amach a bhí Z1.

E.

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. **cnap** “knob; rough field” [*eDIL* s.v. **cnap** < *Slor. knappr*]: An t-aon sampla amháin sna gleannta; cf. *An Choill Chnapach [GC.249]. Féach go bhfuil *Brl. knob* sa ghnáthchaint ar chnocáin bheaga. Samplaí eile: *An Cnap Darach “the knob of oak” (CM),¹⁷⁹ *An Cnap Rua “the red knob” (CM),¹⁸⁰ *An Cnap “the knob” (CM).¹⁸¹ Cf. **Cnap an tSagairt** (#1420023) (CI): [ˌkrapəˈtagərtʲ] ... a rough place, they used to fish there’ (1964) — ainm páirce ar bharr aill chósta.

E3. [aiteann→GS2.72]. Is é is dóichí ná gur réadú ar /tʲ/ na Gaeilge atá i [-kʲ-] san ainm; is deacair a rá cé acu atá le clos in (1). Cf. i gCill Mhantáin ‘Cushki·lay’ [*Cois tSléibhe] (CM) PNW 229, ‘Pawshkybawn or ·poshtebawn’ [*An Paiste Bán] PNW 98, ‘Móicyawn’ [*An Móinteán] PNW 93, ‘Bakeen’ [*An Bhéitín] PNW 101. Cf. *bf Ráth Aitinn* (#54779) (CM) gan an t-alt. Cf. ‘*Tobar teine aoil* or the Lime Kilns well’ LSO 64 */ˌtɔbərtʲiˈni:lʲ/ → ‘Crook o’neel Well or Crookonill’ LPN 557 (1953), ‘Cruck o’ the neale’ Ó Danachair 1958: 235 .i. *Brl. */ˌkrəkədʲiˈni:lʲ/*.¹⁸²

E4. A: ARDÁN + C: PLANDA

F.

- **cn-** /kr-/

GS2.68 An Garraí Dubh

“the black garden?”

A.

- | | | |
|------|--|------|
| 1980 | 1. [ˌgaːrʲˈdu:] (<i>sic</i> , ≠ [ɛʊ]) | Z1a |
| | 2. [ˌgarɐˈdu:] | Z1a |
| | 3. [ˌgarɐˈdɛʊ] | Z1a |
| | 4. [ˌgarɐˈdu:] | Z1c* |
| 2018 | 5. [ˌgarɜˈdɛʊ] | X1 |
| | 6. [ˌgarɜˈdɛʊ] | X1 |
| 2022 | 7. [ˌgarɜˈdɛʊ] | Y5 |

¹⁷⁹ ‘Crapdarragh. Name of Gate lodge at Luggelaw’ PriceBL/CGT 7.

¹⁸⁰ ‘Craprue (-rōō, stress nearly equal)’ PriceLN 20: 16 = ‘crap-rooa’ *ibid.* 23: 27 = ‘Crap-rooey’ *ibid.* 21: 47. Cf. freisin ‘·Crop ma ·cowl (*crap ma cabhl* or *crap ma cúl*)’ *ibid.* 18: 16.

¹⁸¹ ‘the Crop ... rounded low hill’ PriceLN 26: 57.

¹⁸² Cf. ‘A peculiar feature of the speech of the district is the substitution of [kʲ], [gʲ], for [tʲ], [dʲ]’ Mhac an Fhailigh 1948: 256.

B.

1604	8. Garryduff	<i>Erck Chan.</i>
1605	9. Garreduffe	<i>CPR</i>
1728	10. <i>an ghearradh dubh</i> [g.]	KIL 20: 147 ¹⁸³
1760	11. Garrydooes	<i>Nevill CM</i>
1821	12. Garrydow ¹⁸⁴	<i>Duncan</i>
MF 1941	13. ·Garrədoo	PriceLN 19: 6
2006	14. Garadoo — <i>Garrdha dubh</i> “Black Cultivated Plot”	<i>GR Scoil</i>
2008	15. Garadhu Road/ <i>Bóthar an Gharraí Dhuibh</i>	<i>BÁCTheas</i>

C.

- ‘out near the Glencree border’ Z1.
- ‘half of it would be bog ... below the road’ X1.

D. Mar a gcasann an bóthar go géar soir ó thuaidh an cnoc suas i dtreo Ghleann Crí.

D3. *portach & coimíneacht*

E. Cloítear le **garraí**, mar atá sa leagan oifigiúil (15), cé gur maith an seans gur **gearradh** (sa chiall ‘bearna’) atá anseo (9, 10). Réitíonn /a/ sa chéad siolla /,garə-/ (1–7) leis an litriú Gaeilge (10) ≠ fuaimniú áitiúil /a/~/ɔ/ in ***An Seangharraí** [GS2.102], ***Garraí na gCearc** [GS2.129], ***Garraí an Ghabáiste** [GC.247] (cf. *bf An Garraí Dubh* (#42287) (*UF*): ‘Gorrydhu’ *BS:AL*). Ar a shon sin, tá samplaí de chaolú **g-tosaigh** sa Ghaeilge dhéanach (*La*, *TÁ*). Maidir leis an litriú Gaeilge (10) díol mór spéise ‘*san Géarraidh Dubh*’ (c.1730) ag an scríobhaí céanna, Tadhg Ó Neachtain, mar thiontú *ad hoc* ar an logainm Brl. *Garryduff (Co)*.¹⁸⁵ Ba é ‘*gardha*’ agus ‘*garrtha*’, et var., an gnáthlitríú ar **garraí** aige.¹⁸⁶ Ní chuireann sé aon bhrí logainmníochta i leith an fhocail **gearradh** ina fhoclóir.¹⁸⁷

E1. [A+C] *af+aid* (I)

E2. **garraí** “garden” [*eDIL* s.v. **garrda** < *SIor. garðr*]: 7 sampla i GC/GS, cáilithe ag **mór**; **cearc**, **cloch**, **easca**(?), **gabáiste**, **uisce**(?); **Fearghas**(?). Ní talamh saothraithe é seo ná baol air (15) [→D3]. Rachadh sé thar fóir brí fháthchiallach a fháscadh as ***garraí dubh** mar áit a mbeadh ‘fómhar dubh’ le baint .i. móin [→C.] (cf. *Aguisín G*). Brl. *Garra-* an réadú coitianta; cf. ‘the Well of Garrawarish ... *Garrdha Mharais* = Maurice’s garden’ *MHR* 83 (1943), timpeall ar Theach Sagard. **B’fhéidir gearradh** “cut” [*FGB, Dinn.* s.v.; *eDIL* s.v. **gerrad** I(a)]: Is cosúil gur ‘bearna’ is brí le *bf An Gearradh* (#41713) (*UF*) (‘the Gearre’ (1551), ‘Garra’ (1629)).

¹⁸³ Féach 2.1.1 thuas.

¹⁸⁴ Léirithe c. *bf Sliabh an Ghleanna Dhuibh*.

¹⁸⁵ ‘*táinig Tríabarra, 7 an Roidre Fionn air Sheamus Íarla Deasmhumhuin, a ttoigh oirfide, dar bainim Diármuid Ó Dubhagan san Géarraidh Dubh*’ G198: 259, bunaithe ar ‘The Lord Barry ... knowing that one Dermond O’Dogan, a harper dwelling at Garryduff, used to harbour this arch-rebel [*sc.* the Suga Earl of Desmond] ... the White Knight was presently sent for ...’ *Pac. Hib.* I 204–205. **An Garraí Dubh** (*Co*) an áit atá i gceist.

¹⁸⁶ Cf. ‘so many gardens drest with curious care ... *garrdhaidh is grianán gaois-ghreanta*’ (LS *gárrthuidh*) Ní Chléirigh 1944: 22. Ina fhoclóir féin tá ‘*gardha .i. gairdín*—a garden’, ‘*gabhann*—a pound for Cattle, *garrtha gabhann*’, ‘*punt .i. garrthadh gabhann*’ FTÓN (cf. **An Garraí Gabhann** [G] (#1398754) (*Ga*), ar an léarscáil mar *Pound SO*).

¹⁸⁷ Cf. ‘*gearradh .i. leoradh* [sic] .i. *eisceadh .i. leod .i. rulas .i. ruladh .i. sealaidh .i. slaighe .i. sleachtadh .i. slaidhe .i. sledhe .i. teinmhe*’, ‘*gearradh*—a cutt a wound, a Gash’ FTÓN.

E3. [dubh→GS1.7]

E4. A: GORT + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **-bh leathan deiridh**

Caighdeánú nó léiriú ar /-du^h/ é ‘-duff(e)’ (1604, 1605).

GS2.69 *Na Brácaí Réidhe

“the level brakes?”

A.

1980	1.	[,bɾakiːˈɾai]	Z1c*
	2.	[,bɾakiːˈɾoi]	Z6
2018	3.	[,bɾaːkiːˈɾai]	X1
2021	4.	[,brakiːˈrøi]	X2a

B.

2015	5.	Brockeyrye	FNGS Marcanna
------	----	------------	---------------

D.

D1. Ar bhruach Aill Mháirín [GS1.4] lastoir.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [bráca→GS1.15]

E3. An-éiginnte. Ní léir cad a thabharfadh [-ˈɾoi], [-ˈɾai] anseo. D’fhéadfaí **réidh** (aid.), iol. **réidhe** */-ˈrei/ “clear(ed), open, smooth, level, plain ... disentangled” [*eDIL* s.v. **réid**] a mheas, amhail *bf* **An Muine Réidh** (#9818) (*Co*) (cf. mionainm **Na Leacacha Réidhe** [G] (*Ci*): [nəˈlʲəˌkaxəˈreː]), ach ba dheacair an forás /ei/ → /ai/ a mhíniú. Cf. fuaimniú áitiúil *prc* **Páirc na Réidhe** (#1421075) (*PL*): [ˌpɑːrˈkʲnəˈrai], [dəˈraiˌfʲiːlˈdʲ] *Log. na Rinne* 15, cé gur maith an seans gur Brl. *rye* ‘seagal’ atá ansin.

E4. A: PLANDA + C: AIDIACHT (GARBH/MÍN)

GS2.70 *An Log Dubh (1)

“the black hollow”

A.

2018	1.	[,logəˈd̪eʊ]	X1
	2.	[,logˈd̪eʊ]	X1

B.

11/6/1939	3.	Lugdoo or Black Holla	PriceLN 18: 29
2015	4.	Lugdoo	FNGS Marcanna

C.

- ‘on the far side [*sc.* taobh thiar theas de shruthán Aill Mháirín], it’s under Kippure’ X1.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [log→GS1.9]

E3. [dubh→GS1.7]

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- -bh deiridh

GS2.71 *An Easca Mhór

“the big marsh”

A.

2018	1.	[,asgɐ'vɔ:ɪ]	X1
2021	2.	[,asgə'vo:ɪ]	X2a

B.

11/6/1939	3.	·Askavore	PriceLN 18: 29
MF 1941	4.	? Askawawn ... at the head of the Dodder	PriceLN 19: 6
2015	5.	Askavore	FNGS

D. Ní réitíonn suíomh X2 (os cionn an ‘Castle Bog’ laisteas) leis an suíomh a bhreac Price ar léarscáil 1939 (thuas mar a ngabhann *Tromanallison SO* thar theorainn an chontae). Níl tuairisc Price ó Mheán Fomhair 1941 (4) róchruinn ó thaobh shuíomh na logainmneacha de [→GS2.109].

E. Sampla eile: ‘Aska·vore’ *PNW* 259.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [easca→GS2.64] Sampla eile den bhunbhrí “marsh”.

E3. [mór→GS1.8] Cf. an mionainm ***An Easca Bhán** (#1410947) (*CM*) i nGleann Crí, gan aon rian de shéimhiú ar an dara heilimint (‘Askebawn’ (1760), ‘Aska Bawn’ (1821), ‘Askebawn or Ascalban Stream’ (1850)). Is nach mór cinnte gurb in é a bhí i gceist ag Price sa dara tagairt thuas (4).

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- claochlú tosaigh

GS2.72 *Tromán Aitinn

“the brook of the furze”

A.

2018	1.	[,tɾamən'aθɜn] (á léamh)	X1
2018	2.	[,tɾəmən'aθɜn]	X1
2021	3.	[,tɾomə'naʔn]	X2a

B.

MF 1941	4.	Trumman·atten to the right of the Castle Bog.	PriceLN 19: 6
2015	5.	Trummanatten	FNGS

D. Suíomh éiginnte: níl an suíomh cinnte ar eolas.

E. An-chosúil le ‘*Tromán Ata* (Tromawn Ata)’ [**An Tromán Ata**(?) “the swollen stream”] LSO (*CM*) 8 (1838), ainm a bhailigh EÓC ar an taobh thall de Chipiúr (Aguisín D).

E1. [A+C] *af+af* (V)?

E2. [tromán→GS1.7]

E3. aiteann “furze” [eDIL s.v. **aittenn**]. Ní fhásann puinn aitinn ar an airde seo ar leirg Chipiúir (X2). Sampla eile: ***An Cnap Aitinn** [GS2.67]. B’fhéidir: **at**, gin. u. **ata** “swelling” [eDIL s.v. **attaid**]. Ní heol aon samplaí cinnte i logainmneacha ach cf. Aguisín D.

E4. A: UISCE + C: PLANDA?

Marcanna na bhFeirmeoirí: Thiar




Fig. 37: Marcanna na bhFeirmeoirí — Thiar.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.73 *An Tulachán

“the little hillock”

A.

2018	1.	[ˈtʊl̪əˌxɑːn]	X1
2023	2.	[ˈtʊl̪kɑːn] ([l]~[r])	X4
	3.	[ˈtʊl̪kɑːn]	X4
	4.	[ˈtʊl̪xɑːn]	X4
	5.	[ˈtʊl̪xɑːn]	X4

B.

11/6/1939	6.	the Turrachawn	PriceLN 18: 28
1949	7.	Tullacawn	PriceBL/CGT 6
1967	8.	·Tullacawn	PNW 276
2015	9.	Tullacawn	FNGS

C.

- ‘Small summit between “The Poll” & Seefingan’ (3).

D.

D1. Beann 662m lastoir ó dheas de *Seefingan* SO.

D2. *buncharraig eibhir, portach*

E. **tulachán** “hillock”, *dísp.* < **tulach** [*eDIL* s.v. **tulchán**]. An t-aon sampla amháin sa cheantar. Samplaí eile: *bf* **An Tulachán** (*Ga; La; IM; Li; ME; Mu; RC; Sl*), *bf* **Na Tulacháin** (*#29912*) (*Li*); an mhalairt foirme **tulchán** mar aicmitheoir (*CC; UF*) agus mar cháilitheoir (*Mí; TÁ; UF*).

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: ARDÁN + D: -ÁN

F.

- /l/ ~ /r/: (2, 6)
- G /x/ → Brl. [x]: (1, 4–6)

GS2.74 *An Sruthán

“the streamlet”

A.

2021	1.	[ˈsruːɑːnz]	X2a
2023	2.	[dʒˈsruːɑːnz]	X4
	3.	[dʒˈsruːɑːnz]	X4

B.

2006	4.	Sruans — <i>Srutháin</i> “Streams” (wet place)	<i>GR Scoil</i>
2015	5.	Sruans	<i>FNGS Marcanna</i>

C.

- ‘wet rushy place’ X2.

D.

D1. Talamh fliuch ar bhruach thoir *Cot Brook* SO tuairim is 400m ar airde; trí nó ceithre cinn de shrutháin bheaga anseo.

D2. *portach*

E. sruthán “streamlet” [*eDIL* s.v. **sruthán, srothán**]: An t-aon sampla amháin sa cheantar taighde. D’fhéadfaí foirm iolra a chur san áireamh sa bhunainm Gaeilge freisin ar ndóigh. Sampla eile: *bf Sruthán Saileach* (#54885) (*CM*): ‘Sroghanesillaghe’ (1573) → ‘Shroansillagh’ (1813). Sampla cosúil: **An Sruth** [GS1.10].

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: UISCE + D: -ÁN

F.

- **-th- láir**
≠ [-x] deiridh

GS2.75 *Cloch —?

A.

2021 1. [ˌklawˈneil] X4 x3

B.

2015 2. Clounall Brook *FNGS* Marcanna

D.

D1. An sruthán beag a ritheann isteach sa *Cot Brook* SO faoi bhun Charraig na Sióg.

E. An-éiginnte. Réadú áitiúil ar an bhfóinéim /o:/ atá sa chéad siolla [aw] (1). Chuirfeadh an patrún béime i gcoinne dlúth-chomhshuíomh den struchtúr [C+A] *aid+af* bunaithe ar **aill** “cliff, stream(?)” ar nós **An Chúlfhail** [G] (#1394149) (*Ci*), **An Mhaoirail** [G] (#1436368) (*PL*), *bf Srónail* (#48952) (*TÁ*), agus chuirfeadh struchtúr [A+C] in iúl. Cuir i gcomparáid é le ***Seanmhuineál** [GS2.118] freisin.

E1. [A+C] *af+af* (IV)?

F.

- **-ao-?**

GS2.76 *Bearna Chroithligh

“gap of (the) quaking bog?”

A.

1980	1. [ˌbaːmɜːˈkiːl]	Z1a
	2. [ˌbaːmɜːˈkiːʔl]	Z9
2018	3. [ˌbɛːmɜːˈkiːl]	X1
	4. [ˌbaimɜːˈkiːl]	X1
2021	5. [ˌbaimɜːˈkiːʔl]	X2b
2023	6. [ˌbæmɜːˈkiːʔl]	X5

B.

1654	7. Barnekeely	CS X 3
1821	8. Barnahuiel [<i>leg.</i> -kriel?]	<i>Duncan</i>

17/12/1928	9. Barnacreeliagh ¹⁸⁸	PriceLN 2: 71
11/1/1932	10. Barnacreel	PriceLN 10
2/5/1937	11. Barnacreel	PriceLN 16: 13
11/6/1939	12. Barnacreel	PriceLN 18: 29
1946	13. Barnacreel	PriceBL/CGT 10
1967	14. Barna·creel	PNW 279
2015	15. Barnacreel	FNGS

C.

- ‘bog between Corrig and Seefingan’ (8); ‘the hollow’ (10);
- ‘Gap between Seefingan & Corriganoura [*sic!*]’ (12);
- ‘the hollow’ X1; ‘just at the top of Bryan’s Hill’ Z1; ‘that’s a part of a mountain’ Z9.

D.

D1. An mám idir An Charraig agus Súí Fionnáin ó cheart is dócha, ar a dtugtar Brl. *The Hikers’ Path* inniu; an log mór faoina bhun sin ar bharr Chnoc Uí Bhriain a thuitgear leis anois [→C.].

D2. *buncharraig eibhir, portach, beagán screathain* sa log.

E. Éiginnte: Rogha sa chéad eilimint idir *af+alt+af* (I) le **Barr na Cr...** nó *af+aid* (II)/*af+af* (V)

Bearna C(h)r...; níl an dara heilimint an-soiléir ach oiread.

E1. [A2+A1] *af+af* (V)??

E2. [**bearna**→**GS1.48**]. **B’fhéidir: barr** “top(land)” [*eDIL* s.v. 1 **barr**] (cf. Ó Maolfabhail 2005: 29) ach bheifí ag súil le réaduithe gar do */baɪ-/-.

E3. **croithleach** “quaking bog” [cf. *eDIL* s.v. 2 **crithir**]. Tugann (7, 9) guta deiridh le fios. Sampla eile: *bf Croithleach* (#28092) (*La*): ‘*Craoileach*’ *pl:AL* (1838).

E4. A2: CUMARSÁID + A1: ÍSLEÁN

F.

- **-th- láir**

GS2.77 *An Feadán

“the stream”

A.

2022	1. [d̪ɜːˈfʲiɖɑːn]	X3
2023	2. [d̪ɜːˈfʲiɖɑːn] (<i>sic</i> , ≠ [-ɖ-])	X2
2023	3. [d̪ɜːˈfʲiɖan]	X4
	4. [d̪ɜːˈfʲiɖɑːn]	X4 (x2)
	5. [d̪ɜːˈfʲiɖɑːn]	X4

B.

2015	6. Fiddow [<i>sic</i>]	FNGS
------	--------------------------	------

¹⁸⁸ Ainm a bhailigh C.G. Thompson dar le Price ach féach litriú Thompson féin fiche bliain ina dhiaidh sin (13).

C.

- ‘going across from Glassavil·laun to Bal’mo’·fin’ X3.
- ‘splits Corrig from the other [mountain]’ X2.
- ‘Out at the end of the Deep Scunce.’ (It’s not a stream or anything?) Nah, just an area ... It’d run to the top all right ... nearly to the bog [*sc. ar bharr an tSuíocháin*]’ X4.

D.

D1. Suíomh éiginnte, ó thaobh an tsrutháin bhunaidh de.

D2. Mar a mbuaileann screathan le buncharraig (*RckNCa*; *AminSRPT*); slinnsiosta dorcha, grianchloichít.

E. feadán “pipe, tube; stream” [*eDIL* s.v. **fetán** (b)]: Níl aon sampla eile sa cheantar taighde. Cf. ‘Feddan ... the name is now used for the hill where the Moneystown river rises’ *PNW* 427; ***Feadán Bhuaille Dhónaill** (*CM*): ‘brooke of Fedanbolydonnell’ (1659). Is coitianta /i/ sa chéad siolla den fhocal seo ar fud na hÉireann ach faightear /ε/ agus /a/ i gCúige Uladh (feach *logainm.ie*).

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- -án

GS2.78 *Log an Phúca (1)

“the hollow of the pooka, hobgoblin”

[? = Brl. *The Big Stairs*]

B.

1937 1. Lug ’a’ Púca

BnS 0795.013

C.

- ‘The Big Stairs ... there’s about thirty, forty foot, fifty foot of a drop in that ... Slade. If anything ever went in it, there’d be no out.’ (You’d never get an animal back out of it?) ‘Ah no, no. Dangerous place for young lads or anything to be messing about’ X4. (Is there little waterfalls down there? [.i. faoi mar atá marcáilte ar SO 6” athbhr.]) ‘Oh there’s a big waterfall at the Big Stairs! ... a dangerous place, yeah’ X4.

D. Suíomh éiginnte.

D1. Ba oiriúnach an t-ainm é seo ar an eas domhain ar an gcuid is contúirtí de shruthán na Carraige .i. Brl. *The Big Stairs* [→**GS1.11**].

E. Sampla eile: ***Log an Phúca (2)** [GC.215].

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. **log** [→**GS1.9**]

E3. **púca**, gin. u. **an phúca** “pooka, hobgoblin” [*eDIL* s.v.] (cf. Ó Cearbhaill 1987). Cf. **Poll an Phúca** ([#55309](#)) (*CM*).

E4. A: ÍSLEÁN + C: OSNÁDÚRTHA

GS2.79 *Creachail?

“(place of) bog wood?”

A.

1980	1. [ˈkɪəkɜːlz]	Z4
	2. [ˈkɪəkɜːlz]	Z2
2023	3. [ˈkɪəkɪs]	X4 (x2)
	4. [ˈkɪəkɜːls]	X4

C.

- ‘What do you call this here, up under Toole’s Holla?’ Z2 (ceist ar pháiste); ‘Crockles’ Z4 (an páiste); ‘What would Craughals mean?’ Z2 (ceist ar an agallóir);
- ‘The Meelyen... and Crockles is across there too’ X4.

D.

D1. Cuid de Chnoc an Bhaile Mhóir, idir Maoileann [GS2.80] agus sruthán na Carraige.

E. Éiginnte: creachail “shaft of bog wood” [*FGB* s.v. **cearchail**; *Dinn.* s.v. **creachail**; cf. *eDIL*

s.v. **cerchail**]: Tá an áit seo tamall ón bportach ar mhullach an chnoic anois ach b’fhéidir nach amhlaidh a bhí tráth a ainmníodh é. [Cf. **GS1.5 (E.(i).)**]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH?

GS2.80 *An Maoileann?

“the rounded hill”

A.

2023	1. [d̪ɜːˈmi:lʲɜːn]	X4 (x2)
	2. [d̪ɜːˈmi:lʲɪn] (go tapaidh)	X4 (x2)
	3. [d̪ɜːˈmi:lʲiːn]	X4 (x2)

B.

1937	4. the Milleán ¹⁸⁹	<i>BnS</i> 0795.013
2015	5. Meelien ¹⁹⁰	<i>FNGS</i>

C.

- ‘Between the Bog Road and the Slade’ X4.

D.

D1. Leirg mhaol Chnoc an Bhaile Mhóir díreach os cionn chnuasbhaile Ghlaise an Mhulláin.

E. maoileann “rounded, gentle hill” [*eDIL* s.v. **maoileann**] agus maoile na leirge faoi thagairt.

D’fhéadfaí **maoilinn** (bain.) a mheas freisin. Is cosúil gur [-ji-] faoi ndear an fadú sa dara siolla (gan bhéim) (3) a thugann **maoilín** “little rounded hill” le fios (cf. *sl Maoilín/Trooperstown Hill* (#113201) (*CM*)); is fearr a réitíonn **maoileann** le tromlach na fianaise (1, 2, 5). Níl aon sampla eile sa cheantar taighde.

¹⁸⁹ Ní léir cé acu ar *-e-* nó ar *-a-* atá an síneadh fada. Féach Fig. 38.

¹⁹⁰ NB tá an uimhir a ghabhann leis seo in *FNGS* (‘12K’) san áit mhícheart ar an mapa. Réitíonn uimhir ‘18K’ leis an suíomh seo ag cainteoir X4.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

GS2.81 *An Sconsa

“the trench”

Brl. *The Red Scunce*

A.

1980	1. [d̪ɜ,ɪəd'sgʊns]	Z4
	2. [sgʊns] (<i>sic</i> , ≠ [ʊ])	Z2
2023	3. [d̪ɜ'di:p'sgʊns]	X4

C.

- ‘a stream ... rises way up in the mountain’ Z4; ‘scunce is water, you generally get water in a scunce, you don’t get it on the road. A scunce is a big ould open— I suppose from years and years of floods, it tore away down, made a kind of a valley of its own’ Z2, ag caint faoi Brl. *Red Scunce*.
- ‘dry ... I’ve never seen any [water] in it’ X4, ag caint faoi Brl. *Deep Scunce*.

D.


D1. Féach Grianghraf 6 thíos. Ní dócha gurb ionann Brl. *Red Scunce* (1980) agus Brl. *Deep Scunce* (2023). Ritheann an dara ceann trasna an chnoic agus tá sé tirim. Níl Brl. *scunce* in úsáid mar ainmfhocail coitianta sa ghnáthchaint inniu, faoi mar a thugann ráiteas Z2 (1980) le fios, de réir mar is féidir a dhéanamh amach.

E. sconsa “drain, trench” [*eDIL* s.v. **sconnsa** < Brl. *sconce* “defensive work, fortification”]. Is dócha ar an bhfuaimniú agus ar an mbrí (1980) gurb é an focal Gaeilge is bunús leis an mionainm seo, cé gur ceist cháiréiseach é. Féach ‘*Sconsa* ... ‘A fence or drain’ Ó Muirthe 2000: 170, ‘*sconsa* /ˈskʌnsə/ *n.*, a fence; a drain ... < Ir.’ Dolan 1998: 229. Níl a leithéid d’fhorbairt chéille le fáil i mBrl. Shasana agus níl sé le fáil i mionainmneacha na tíre sin: *EDD* s.v. *sconce*; *NEDFN*.¹⁹¹ (Cf. Price: ‘Bolenagraine scunce ... Scunce or sconce being a local word for a fence’ *PNW* 35 (1945).) **Samplaí eile:** Brl. *Doyles’ Sconce* (sruthán ag rith isteach in Brl. *White Sand Brook* (*CM*)). Is cosúil tionchar an fhocail **sconna** “gush, rapid flow; waterfall” a bheith i dtreis freisin (cf. *eas An Sconna* (#1414865) (*Ci*)). Brí an Bhéarla atá le fáil sna leaganacha áitiúla a fuair ÓD ar an logainm Brl. *bf Sconce* (#57643), bar. Chúil Raithin (*Do*): ‘one told me that it was called *Sconsa na bhFian*, i.e. the Sconce of the Fenians ... another that it was called *Dún Oisín*, i.e. Ossian’s fort’ LSO (*Do*) 63 (ÓD 18/8/1834).

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

¹⁹¹ Tá sé le fáil sa bhunchiall Bhéarla ar ndóigh, m.sh. *Sconce Hills*, par. Newark: ‘Fortifications were erected here by the Royalist troops in the Civil War’; cf. *Sconce Field*, par. Hawton (*EPNS*).



Grianghraf 6: *Na Toim Luachra [GS2.82].
 *An Sconsa [GS2.81] atá ag rith suas síos trasna ar an sruthán ar dheis.

GS2.82 *Na Toim Luachra

“the clumps of rushes”

A.

- | | | |
|------|--|---------|
| 2023 | 1. [ˌtʲimˈlʲeokəːs] | X4 (x3) |
| | 2. [ˌtʲimˈlʲeokəːs] (<i>in pausa</i> , [ɪ] soiléir) | X4 |

C.

- ‘that’s where the water rises up there’ X4.
- (What kind of stuff would grow up there?) ‘You wouldn’t grow anything up there, it’s just a ... always wet.’ (Nah, I mean weeds and rushes and that.) ‘Ah yeah, bits of rushes and that kind of thing’ X4.

D.

D1. Mar a n-éiríonn an sruthán a ritheann trasna Brl. *Deep Scunce*.

E.

E1. [A+C] *af+af* (V)

E3. **luachra** “rushes” [*eDIL* s.v. 1 **lúachair**]. Le feiscint ar Ghrianghraf 6. Cf. freisin i mBéarla an cheantair ‘The lucra—the green lizards’, ‘the Lucra dhu ... the black-bellied kind that do be living in the rushes’ *MHR* 78 (1943) < **earc luachra** “smooth newt .i. *Lissotriton vulgaris*”.

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: PLANDA

F.

- **-m** caol gan défhoghrú
- **-ch(-)** → Brl. /k/
- **-ua-** → Brl. /u:/

Réadú áitiúil ar an bhfóinéim /u:/ atá i [eʊ] (1, 2).

Bailiúchán na Scol




Fig. 38: Bailiúchán na Scol, Imleabhar 0795, Leathanach 013 ó Dúchas
© Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD agus faoi cheadúnas CC BY-NC 4.0.

GS2.83 *An Inse (1)

“the riverside meadow”

B.

1937 1. Inch

BnS 0795.013

D. Suíomh anaithnid.

E. [inse→GS2.123]

GS2.84 *An Port Mór

“the big bank?”

B.

1937 1. put mór

BnS 0795.013

D. Suíomh anaithnid.

E. An-éiginnte. Má tá foirm (1) cruinn, tuairimítear go cáiréiseach anseo */pot-/ mar réadú ar */port/ < port “(turf-)bank” neamhaiceanta. Caolseans gur **punt** “(animal-)pound” atá ann (cf. *An Puintín [GC.255]). D’fhéadfadh sé gur foirm thruaillithe é de *An Pháirc Mhór [GS2.144].

E1. [A+C] af+aid (II)

E2. [port→GS1.51]

E3. [mór→GS1.8]

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

GS2.85 *Ard na Croise

“the height of the cross(roads?)”

B.

1937 1. Ard na Cruise

BnS 0795.013

D. Suíomh anaithnid.

E.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [ard→GS2.157]

E3. **cro(i)s**, gin. u. **croise** “cross; crossroads” [*eDIL* s.v. **crois**] (cf. *FSÁG* 6: 124). Níl aon sampla eile sna gleannta agus ní léir cén gné a bheadh i gceist [→GS2.104]. (Is ar éigean gur cheart ‘Cruise’ (1) a léamh mar /kru:z/, cé go bhfuil sé scríofa i bpeannaireacht Brl.)

E4. A2: ARDÁN + A1: CUMARSÁID

GS2.86 *An Inse (2)

Brl. *The Bully Inch* (BnS 0795.013)

[inse→GS2.120].

GS2.87 *An Riasc (1)

“the marsh”

B.

1937 1. the reisk

BnS 0795.013

D. Suíomh anaithnid.

E. Caolseans gurb ionann is [ˌgɔːˈiːʃ] (1980) [→GS2.167].

E1. [A] (*alt+*)*af* (III)

E2. **riasc** “marshy ground” [*eDIL* s.v. **ríasc**]

E4. A: ÍSLEÁN

Mionainmneacha Thoir



Grianghraf 7: *Cnoc an Raithin [GS2.100] (chun tosaigh).




Fig. 39: GS2 Mionainmneacha — Thoir.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.88 *An Ráth

“ring-fort”

Brl. *Raw Hill*

A.

2020 1. [ra:] X1b

B.

2015 2. Raw Hill *FNGS*

C.

- ‘maybe from being exposed’ X1.
- ‘Ringfort – unclassified ... no visible remains’ *Fardal* DU022-027.

D.

D1. Na goirt 8-135 & 3-189 suite i *bf* Bóthar na Bruíne i dteorainn le *bf* Glaise na Muice .i. leirg thuaidh an tSléibhe Charraigh [GS2.90]. Suite in aice *Uncúil [GS2.89].

D2. ‘Bedrock at or close to surface’ *epa.ie*.

E.

E1. [A] *af* (III)

E2. [Brl. *hill*]

E3. **ráth** “ring-fort” [*eDIL* s.v. 2 **ráth, ráith**]. Is léir gur réadú ar **ráth** atá anseo .i. gnáth-théarma ar imfhálú san oirdheisceart. Díol spéise nár ionadaíodh é le Brl. *rath* /raʰ/. Cf. an meascán céanna in *FNKK, O’Kelly*. Tuigeadh do chainteoir X1 gurb í an aidiacht Brl. *raw* atá ann (cf. ‘the house on the “Raw” Hill’ *BnS* 0798.029 (Deilginis) (1937)).

E4. A: DAONRA

F.

- **-á-** [a:]

GS2.89 *Uncúil

Ní léir bunús.

A.

2020 1. *['unka:l] (níor aithin rómhaith é) X1b

B.

2015 2. Uncúil *FNGS*

D.

D1. An gort 1-954 sa chúinne thoir de *bf* Glaise na Muice i dteorainn le *bf* Mountpelier agus le *bf* Baile an Phiobaraigh.

E. **An-éiginnte:** Ba dhíol spéise páircainm Gaeilge anseo, más fíor, mar a bhfuil a leithéid tearc (murab ionann is **ráth** a thabhairt ainm do Brl. *Raw Hill* taobh leis). Brl. *The Curse Meadows* taobh thiar theas de, Brl. *Half Acre* lastoir. **An Chúil** “the corner, nook” agus an t-alt caomhnaithe ann amhail **An Leó (1)** [GS1.27]) [**cúil**→**GS2.57**]?

E1. [A] *alt+af* (III)?

GS2.90 *An Sliabh Carrach

“the rough, uneven mountain(-side)”

A.

1980	1. [sli: 'kɔɪə]	Z1c*
	2. [,sli: 'kɔɪə] [<i>sic</i>]	Z9
2020	3. [s'li: 'kɔɪə] (‘Never /-gɔɪə/.’)	X1
2021	4. [,sli: 'kɔɪə]	X2
2022	5. [,sli: 'kɔɪə]	X3

B.

1926	6. Slibh-Carra ¹⁹² [<i>sic</i>]	TT 31
1961	7. Slieve Gorra	Healy 1961
1990	8. Sleecora	TT 46
2006	9. Slieve Gorra	GR
2006	10. Sleecora — <i>Sliabh Carrach</i>	GR (Scoil)
2015	11. Slieve Corragh (Sleecora)	FNGS

C.

- (Never -gorra?) ‘Never -gorra.’ X1.
- ‘At the present time, the western slope of the hill over Piperstown is locally known as Slieve Gorra, a name which may at one time have been applied to the entire hill’ Healy 2006.

D.

D1. Leirg thiar theas chnoc Mountpelier.

D2. *lomcharraig slinnshiosta, grianchloichíte*; ‘loose, grey stones, not granite ... [they] tried to reclaim it but it was [so bad] it was still full of holes’ X1.

E. Beagán éiginnte: bheifí ag súil le **-ch** → Brl. /k/. Sampla eile: *bf An Sliabh Carrach* (#26608) (CC).

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [sliabh→GS1.17]

E3. **carrach** (aid.) “rocky (*lit.* scabby)” [*FGB, eDIL s.v.*]: an réiteach is fearr le [α~ɔ] san fhuaimniú áitiúil. Tá an eilimint **corrach** (aid.) “rough, uneven” [*eDIL s.v.*] coitianta in ainmneacha cnoc agus sléibhte freisin, ar ndóigh, ach shamhlófaí */kɔɪə(x)/ leis sin. Cf. ‘Acracaragh [1767] ... a long irregularly shaped field’ [***An tAcra Carrach**], par. Ráth Cúil in Ua Broin 1943. Éadócha: **garbh** “rough”: forcheartú ag Healy amháin faoi ndear G- (eisean a scríobh (7), (9)) [→GS2.142].

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (GARBH/MÍN)

F.

- **-ach** [ə]
An t-aon sampla amháin sa cheantar taighde.

¹⁹² As amhrán a foilsíodh i 1926.

GS2.91 *An Scor (1)

“the rock pinnacle”

A.

1989	1.	[dʒˈsgaː.ɪ]	RTE ¹⁹³
2022	2.	[dʒˈsgɑː.ɪ]	X3

D. Aill os cionn na n-oibreacha uisce, díreach taobh thuaidh de Chnoc an tSiáin, mar a ndreapadh páistí Aill an Ghabhair i dtreo Scoil Ghleann an Smóil ar uairibh (X3). Gob léirithe ar SO 6”.

E. **scar** “rock pinnacle”, iasacht ó Brl. *scar* [*Dinn. s.v. scar*; cf. *EDD s.v. scar* (sb.1)]. **Samplaí eile:** (2) [GC]; ‘the Scar field’ [*bf*Tigh Bródáin] *CGn.* (1788); cnap ag gobadh os cionn na habhann é Brl. *The Red Scar* i GC. Tagraíonn Brl. *The Red Scar* (*BnS* 0795.013) d’áit eile ‘over the Fiddaun between it and the Corrig ... an ould red clayey place, red banks’. Féach an bhrí ‘gearradh sa talamh’ i *CM*: ‘the red scar (a cutting was made here showing red clay)’ *BPR* 114).

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN



Fig. 40: *An Ghabhlaigh Dhubh [GS2.92] SO 6” (1843) os coinne léarscáil an lae inniu.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.92 *An Ghabhlaigh Dhubh

“the black river-fork”

A.

2018	1.	[,galɪˈd̪eʊ]	X1
	2.	[dʒˌgalɪˈd̪eʊ]	X1
2021	3.	[,galɪˈduː]	X2
2022	4.	[,galɪˈd̪uː]	X3

B.

2015	5.	Gollydoo	FNGS
------	----	----------	------

¹⁹³ <https://hdl.handle.net/10599/11982> ‘RTÉ: Donncha’s Sunday’ [ceadaithe 24/5/2022] 15:24.

D.

D1. Thiteadh srutháinín bídeach isteach i sruthán Ghlaise na Muice laistean de *bf* An Carraigín SO 6”).

E. Is dóichí go mór **gabhlai**h ná truailliú ar **garraí** sa chéad eilimint [→**D1.**].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **gabhlach**, tabh. u. **gabhlai**h “(place of the) (river-)fork; forked (river)” [*eDIL* s.v. **gabul** (g) + **-ach**]. Samplaí eile sa cheantar: ***An Ghabhlai**h Bheag [GS2.115], b’fhéidir ***An Ghabhlai**h Mhór [GS2.158]. Cf. ‘Gowlan Brook ... a small stream running into the Ballinagee Brook’ (*CM*) PNW 235.

E3. [**dubh**→**GS1.7**]

E4. A: UISCE + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **-abhC-** gan bhéim
- **-bh** leathan

GS2.93 *An Ráithín?

“the (little) ring-fort?”

A.

2020 1. [d̪ˠ,raˠˈhiːn] (éiginnte faoi) X1b

B.

2015 2. Rathieen
3. The Ratheain *FNGS*

D.

D1. An gort 5·488 taobh thiar theas den bhóthar idir *bf* Mountpelier agus *bf* Baile an Phiobaraigh lastoir den ghort **Uncúil*.

E. Éiginnte: **ráithín** “(little) ring-fort” [*eDIL* s.v. **ráithín**]. Níl aon iarsmaí seandálaíochta anseo.

Éadócha: **raithean** [→**GS2.153**]; bheifí ag súil le cailliúint **-th-** láir.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: DAONRA




Fig. 41: *Fearann na Conga [GS2.94]. Léarscáil SO Sraith Eolais.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.94 *Fearann na Conga

“the land(-holding) at the narrow neck?”

A.

2020 1. [ˌfʲaːnəˈkənʲə] X1b

B.

2015 2. Fear na Conna
3. Fearr Na Cogna FNGS

C.

- ‘... near the river ... not sowed’ X1.
- ‘good grazing’ X1.

D.

D2. ‘Sandstone and shale till; Clayey’ *epa.ie.*; ‘hummocky moraine deposits’ Nolan 1992: 192.

D3. *ba, caoirigh*

E. An-éiginnte. Tá an té ónar breacadh na foirmeacha scríofa (2, 3) ar shlí na fírinne agus níl ach leathchuimhne ag X1 ar an ainm (1).

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. fearann “land(-holding)” [*eDIL* s.v. **ferann**]: Téarma atá le fáil i GS ach nach bhfuil sampla cinnte le fáil mar aicmitheoir in GC/TS. Féach anailís ar an eilimint seo i mionainmneacha iardheisceart Chontae Chill Dara in Ó Gliasáin 2023: 60–64. Samplaí eile sa cheantar: cáilithe ag aicmitheoirí eile **mullach, teampall**; ag cáilitheoirí **gréasaí, scológ**. Mar cháilitheoir: ***Ruán an Fhearainn** [GC.231]. Cf. Deilginis (1765) mar a bhfuil **fearann** cáilithe ag aicmitheoirí **An Caisleán Buí, carraigín, geata, scioból, tobar**, agus ag cáilitheoir ***toistiún**.

E3. Éiginnte: **cuing**, gin. u. **na conga** “narrow neck of land” [*FGB* s.v. **cuing** (5); *eDIL* s.v.]. Tá an gort thoir suite ag béal an bhealaigh chúng mar a ritheann sruthán Ghlaise na Muice trí ghleanntán garbh (féach Fig. 41). Cf., b’fhéidir, ‘Knuckaneconge’ *PNW* 178. B’fhéidir: **connadh**, gin. u. **an chonnaidh** “firewood” [*eDIL* s.v. **connad**]. Éadócha: **coinne**, gin. u. **na coinne** “tryst” [*eDIL* s.v.].

E4. A2: GORT + A1: ÍSLEÁN?

GS2.95 *An Pháirc (1)

“the park”

B.

2015 1. Park FNGS

D. Ar aghaidh ó Fhearann na Conga, cois srutháin.

E.

E1. [A] *af* (III)

E2. páirc “field; park” (< AN *parc*) [*eDIL* s.v.]. Coitianta i logainmneacha Gaeilge an cheantair: ***An Pháirc Chaol** [GS2.170], ***Páirc Eoghain** [GS2.171], ***An Pháirc Mhór** [GS2.144], ***Páirc na gCloch** [GS2.119]; ***Páirc an Ghréasaí** [GC.240], **Páirc Aodha** [GC.195]; dá bhrí sin ní miste glacadh leis na samplaí simpléacsúla mar iarsmaí de logainmneacha Gaeilge, in ainneoin leithéid

‘Carrig Park’ (1771), ainm nua Brl. ar an talamh míntírthe i nGlaise an Mhulláin, Brl. *Mahon’s Park*, srl.

E4. A: GORT

GS2.96 *[X na] Scológ

“...of (the) small farmers”

A.

2020	1. [skʊ'lo:g]	X1b
	2. ['sku:lo:g]	X1b

B.

2015	3. Schologe	<i>FNGS</i>
------	-------------	-------------

C.

- ‘something to do with the School or scholars ... close to the river ... close to the School Field’ X1.

D.

D1. Gort caol 2.993 idir sruthán Ghlaise na Muice agus an bóthar, i dteorainn le *bf* Glaise na Muice. Is inmheasta gur don chúinne seo ar fad idir an bóthar agus an sruthán a thagair an t-ainm ó cheart.

D2. ‘Sandstone and shale till; Clayey’ *epa.ie*.

D3.

E. **scológ**, gin. u. **scolóige**, gin. iol. **scológ** “small farmer; tenant of church land” [*eDIL* s.v. **scolóc** (c)]. **Sampla eile:** ***Fearann na Scológ** [GS2.152] in iarthar an ghleanna. Cf. *bf* **Buaile na Scológ** (#54615) (CM). Is ann do **scológ** mar ainm (fáthchiallach/samhlaitheach) ar chnoc *mng* **An Scológ Mhór** [G] (#1397104) (DG) agus ar charraig mhara **An Scológ = An Seandúine** [G] (#1394883) (Ci) ach is é is dóichí ná gur giorrúchán ar logainm dar tús **fearann/páirc**, srl., atá anseo (cf. *[X an] **tSeagail** [GS2.132]).

E1. [C] (< [A+C] *af+alt+af* (I) ??)

E4. C: DUINE

F.

- **-óg** [o:] **soiléir** (1, 2)
- **athmhíniú Brl.** [→C.]

GS2.97 *An Croite (1)

“the croft?”

A.

1980	1. [d̪ʲ'gɾ̪eθ̪ʲ]	Z1a
2018	2. ['gɾ̪oθ̪ʲ]	X1 (x3)
	3. [d̪ʲ'gɾ̪oθ̪ʲ]	X1 (x3)

B.

2015 4. Grutter

FNGS

C.

- ‘a spring well at the bottom of it ... an old quarry’ X1.

D.

D1. Gort beag ·933 SO 25” in imeall thiar *bf* Baile an Phiobaraigh. Tobar léirithe ar léarscáil *GVal*. sa chúinne thiar theas. Talamh corrach anseo ar leirg thuaidh an chnoic.

D2. Suite ar stráice tille eibhir ag bun cnoc carraigeach. Tagraíonn ‘quarry’ [C.] don ghaineamh agus ghairbhéal a bhaintear as an léibheann oigheardhobhrach a shíneann siar ó dheas ón ngort seo.

D3.

E. Samplaí eile: ***An Croite** (2) [GS2.121], (3) [GS2.161], ***Croite na háithe** [GS2.162]. Cé nach féidir talamh slán a dhéanamh de, is é is dóichí ar fhianaise [,gɪʔnɜːˈhɑː] [GS2.162] gur logainm Gaeilge atá le sonrú in *Grutter*, *Gretta*, *Gritta*. Páirceanna beaga iad seo go léir ar cinnte nach **croit** “hump” ar leith atá iontu. Is é tuairim an taighdeora gur truailliú iad ar G **crochta** “croft”. (NB cf. Brl. *Craft* [GS2], gort ·357 nó ·562 i nGlaise an Mhulláin. Féach go maireann Brl. *craft* (= *croft*) taobh le réaduithe ar G **crochta** m.sh. Brl. *The Big Cruth*, i mionainmneacha Chontae Laoise freisin (Céitinn 1998.) Féach go háirithe ‘only a paddock ... under the door’ faoi ***Croite na háithe** [GS2.162]. Is minic a rinneadh Brl. *crot-*, *crit-*, *cret-* de **crochta** i logainmneacha shean-Chúige Laighean. Tugtar aitheantas don fhoirm **croit** in *FGB*¹⁹⁴ ach is léir gurbh ann d’fhoirm eile cosúil le **croite** i gCúige Laighean. Ag seo sampla den fhianaise:

CM: ‘Critacorra are paddock fields’ *BPR* 239; ‘·Critha·corra’ *PriceLN* 23: 79;¹⁹⁵ ‘Critha-more’ *ibid.* 23: 82. *CD:* ‘Crottpatrick’, ‘a Croft called Crotti Clonteig’, ‘Crottiforis’, ‘Crotty Nycholas’ (1654); cf. ‘*Cruitín*’ *BnS* 0777.028, ‘*Crota na Fráit*’ *BnS* 0774.216 (Ó Gliasáin 2023: 86). *La:* ‘Croughtentegle’ (1563) = ‘Crottintegill’ (1601); ‘Crithnapinnia ... Crithabweean ... Crithnanay’ (Mac Cába 1962).

(Cf. ‘Crothamore’ (1830), ‘Crutchymore ... a field’ [par. Ráth Cúil] *Ua Broin* 1943. Cf. freisin *bf* **Bearna na gCrochtaí** (*UF*) ar imeall an tseanchúige laistiar ó dheas in *Dinnseanchas* 6: 149.) Tuairimítear an forás **crochta** /ˈkroxtə/ → ***croichte** → ***croite** /ˈkroʲtʲ/ → Brl. */ˈkroθə/. Is deacair an glórú /kr-/ → /gr-/ a mhíniú go sásúil, áfach. Ní mhaireann aon réaduithe Gaeilge ar Brl. *croft* in GC, TS.

An-éadócha go bhfuil aon bhaint ag na páircainmneacha seo le ‘·Gruha, applied to a wet spot in the bog; this probably represents *grotha*, ‘curds’” [*bf* Baile Uí Shiall] *PNW* 88.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT

¹⁹⁴ Is é **croit** an leagan oifigiúil Gaeilge a fhreagraíonn don bhunmhír Brl. *croft* i sráidainmneacha de réir na dtreoirilínte oifigiúla: féach <<https://www.logainm.ie/download/sraidainmneacha-treoirilinte-ga.pdf>>.

¹⁹⁵ NB ní hionann an chéad dá shampla seo.

GS2.98 *An Fánlog?

“the slope?”

A.

2020	1. [ˈanlɔks]	X1b
2022	2. [ˈdɔːn(d)lɔks]	X3
	3. [ˈdɔn(d)lɔks]	X3 (x2)
2023	4. [d̪ʒˈdanlɔks]	X4
	5. [d̪ʒˈd̪anlɔks]	X4
	6. [d̪ʒˈd̪an(d)lɔks]	X4

B.

2015	7. Anuloux	FNGS
2015	8. Annlucks	FNGS

C.

- ‘The ·Onlucks (1) ... keep animals there’ X1.
- ‘I lived down the Waterworks one time.’ (So would you know The ·Onlucks and all?) ‘Ahh, the ·Donlucks (4) ... never heard tell of it only the ·Dandlucks (6)’ X4.

D.

D1. Na goirt 3·653 & 1·521 ag titim i dtreo an taiscumair; díreach ar faobhar na faille os cionn na Dothra (os comhair Aill an Ghabhair amach).

D2. *gairbhéalach gainmheach* — *gaineamhchloch* os a chionn lastoir

D3. *ainmhithe*

E. An-éiginnte. Bunús < Brl. *onlook* an-éadócha. Ní heol aon sampla de ***Anloc** “big (strong?) animal-enclosure” < **an-** + **loca**.

E1. [A] *af-af* (V)? *af* (III)?

E2. fánlog [*Dinn*. s.v. **fán-lag**]. D’oirfeadh an suíomh don fhocal seo [→**D1.**] ach níor mhór cailliúint f-tosaigh (trí fhoirm thabh. ***ar an Fhánlog**(?)) a thuairimiú. Cf. *bf Cnoc an Fhánloig* (#24472) (*Ci*). B’fhéidir: **fánlach** “sloped place?”. Cf. *bf Fánlach* (#46660) (*TÁ*).

Más bunfhoirm dar tús **d-** é (cf. an fhorbairt athmhínte **An Dabhach** “the vat, tub; the holy well” (*CD*) → Brl. *Dowack* (*Well*) → *The Oak Well* in Ó Gliasáin 2023: 267) tá sé níos doiléire fós.

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- Brl. /n/ → /nd/ roimh leachtach?
Cf. **An Bhanrach** [GC].

GS2.99 *An Mongán

“the (little) swamp, overgrown place”

A.

1980	1. [d̪ʒˈmɔŋɑːn]	Z1a (x3)
	2. [d̪ʒˈmɔŋɑːn]	Z2
	3. [d̪ʒˌbahɐmə d̪ʒˈmɔŋɑːn] ‘the bottom of...’	Z2
1980	4. [d̪ʒˈmɔŋɑːn]	Z2

2018	5. [ˈmɔŋɑ:n]	X1
2022	6. [dʒˈmɔŋɑ:n]	X3
	7. [dʒˈmɔŋɑ:n] (tapaidh)	X3
2023	8. [dʒˈmɔŋɑ:n]	X4 (x2)
	9. [dʒˈmɔŋɑ:n]	X4

B.

2006	10. Morgawn [<i>sic</i>] — <i>Mongán</i> “Overgrown Swamp”	<i>GR Scoil</i>
2015	11. Mongan	<i>FNGS</i>
	12. Morgawn	
	13. Mungan	

C.

- ‘sloped towards the lake, good land’ X1.
- ‘goes up from the waterworks ... what they call a bridle path, it’s a passway ... a footpath ... a Mass path ... from the eastern to the western side of the Glenasmole valley’ Z1; ‘a field ... the Waterworks had to leave a Mass path and a school path for the people of Glassavullaun and Ballymorefinn and Allagour’ Z2.

D.

D1. Achar mór faoi bhun *Glenasmole School (Girls)* SO laistiar, ar bhruach na faille (SO 6” 1ú eag.).

Tá an chora i lár an taiscumair suite díreach faoina bhun amach anois.

D2. Paiste till eibhir; léibheann oigheardhobhrach taobh thuaidh agus taobh thoir de.

D3. *caora & ba*

E. mongán “place of overgrown vegetation” [*eDIL* s.vv. **mong** (c), **mongach** + **-án**]. Brí chnuasaithe seachas dhíspeagtha le **-án** anseo. Níl aon sampla eile sa cheantar. Samplaí eile: [CM](#), [CC](#), [LG](#).

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH + D: -ÁN

F.

- **-án** /ɑ:n/ soiléir
- **-ng-** láir leathan
≠ /ŋg/ ag formhór na gcainteoirí

GS2.100 *Cnoc an Raithin

“the hill of the bracken”

A.

2018	1. [ˌkɪɔkəˈɾiɪn]	X1
	2. [ˌkɪɔkˈɾiɪn]	X1

B.

2015	3. Crockaroyne	<i>FNGS</i>
------	----------------	-------------

C.

- ‘big knob up over the lake ... one side of it would be slobland’ X1.

D.

D2. Cnoc débheannach a ghobann amach go suntasach as an léibheann oigheardhobhrach (gaineamh agus gairbhéal) (féach Grianghraf 7).

E. An-éiginnte: Toisc cruth an chnoic ní fhéadfaí a chur as an áireamh gur cnocainm den struchtúr **X Dhá Y** a bhí anseo ó cheart agus an focal láir báite (cf. *bf Cnoc Dhá Dhamh* (#49989) (PL): /kənuka:ˈɣav/ (c.1962); *ainmst Droim Dhá Choileán* (#1410440) (Ca): ‘Drumawhellan’ (c.1920); srl.).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [cnoc→GS1.14]

E3. raithean, gin. raithin “bracken” [cf. eDIL s.vv. 1 **raith**, 3 **rath**, **raithnech**]: Is i logainmneacha amháin a bhíonn an fhoirm **raithean** le fáil; d’fhéadfadh sé gur aischruthú é ó **raithneach** (< **raith**) ach cf. freisin B *rhedyn*. Más é seo atá ann, cuir i gcás cailliúint **-th-** agus fadú cúitimh ag forbairt go défhoghar .i. **raithin** → **rá’in** → [r̥ɪn]. Cf. forbairt an cháilitheora in ***Cúil Raithní** [GS2.133].

E4. A: ARDÁN + C: PLANDA

F.

- cn- /kr-/
- -th- láir

GS2.101 *An Seangharraí

“the old garden”

A.

1980	1. [ˈʃanɐ, ɣɔɪiː]	Z1a
	2. [ˈʃanɐ, ɣɔɪiː]	Z1a
2018	3. [ˈʃanɐgɔɪiː] ([r] <i>sic</i>)	X1
	4. [ˈʃanɐ, gɔɪiː]	X1
2021	5. [ˌʃanɐˈgɑiː]	X2

B.

2015	6. Shanagorry	FNGS
------	---------------	------

D.

D1. Gort 3.786 taobh thuas den bhóthar ag an acomhal *St. Anne’s* SO. ***An Linn** [GS2.102] sa chúinne thoir thuaidh de.

D2. Stráice de thill eibhir gainmheach idir lomcharraig lastoir agus gairbhéal aolchloiche laistiar.

D3. *iníor*

E.

E1. [C+A] *aid-af* (II)

E2. [garraí→GS2.68]

E3. sean- “old”: An t-aon sampla soiléir amháin in GS. Cf. ***Seanmhuinéal** [GS2.118].

E4. C: AIDIACHT (SEAN-/NUA) + A: GORT

F.

- guta cúnta

An sampla is faide ó thuaidh in Éirinn den ghuta cúnta i ndiaidh **sean-** a aimsíodh go dtí seo, go bhfios don taighdeoir. Samplaí eile: ‘Shana·vally, or Shana·valya’ (CM), ‘Shana-corry: doubtful’ (CM) ag Price; *bf* **An Seanbharr** (#28340) (La): ‘Sean a bhár’ (1838), [ʃanəˈva:r] (2004) ≠ *bf* **An tSeanchill** (#54873) (CM) (teorantach le GS): ‘Shankhill’ (1760), ‘Seancill’ (1839), ‘Shangill’ (1939).

GS2.102 *An Linn

“the pool?”

A.

2018	1.	[liːŋ]	X1
2018	2.	[dʒˈliːŋ]	X1

B.

2015	3.	Lyng	FNGS
------	----	------	------

C.

- ‘just grass and ferns ... never [would] have been wet’ X1.

D.

D1. Gort beag bídeach cearnógach (-461) os cionn acomhal *St. Anne’s* SO, isteach ón mbóthar beagán, lastuaidh de *Abbles* [GS2.103]. An cúinne thoir thuaidh den Seangharraí [GS2.101] atá ann.

D2. [→C.]

D3.

E. linn “pool, pond” [*eDIL* s.v. 1 **linn**]: Cf. ‘The Ling’ [*bf* Buaile an Chnocáin (CM)] BPR 237; ‘An linn, the Pond’ (CC) Ó Niatháin 1960. Cf. *Farnaling Cottage* SO (CD). B’fhéidir: Brl. *ling* ‘fraoch’; cé nach dtuigtear an focal sin i gcanúint Bhéarla na háite inniu.¹⁹⁶

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN?

F.

- ≠ défhoghar

Níl aon rian de dhéfhoghar roimh **-nn** caol deiridh anseo. Fadú a thugtar le fios in ‘Beendough’ [***An Bhinn Dhubhach?**] PNW 60.

- -nn caol /ŋ/

¹⁹⁶ Ní raibh Brl. *ling* sa chaint ag casadh an 20ú haois ach oiread: ‘Green Broom ... So named in Glenasmole and Ballinascorney, where the common Ling is known by the name Heath Broom’ Colgan 1904: 302.

GS2.103 *Abbles

Ní léir bunús.

A.

2018 1. ['ʌbʰlɪs'] X1

B.

2015 2. Abbles FNGS

C.

- ‘Abbliss, that’s the way we’d say it ... can’t help you with that one!’ X1.

D.

D1. An pháirc 1·706 díreach taobh thoir den acomhal lastuaidh de *St. Anne’s* SO Cassini.

D2. *tirim*; fuarán ann.

D3. *iníor* (*caorach*)

E. Doiléir. Ní léir cé acu Gaeilge nó Béarla atá ann.

E4. A: ILGHNÉITHEACH

GS2.104 *An Gleann (1)

“the valley, declivity”

Brl. *The Glenn and Heights*

A.

2018 1. [dʒˌglɛnɪnˈhɛɪts] X1

B.

2015 2. The Glenn and Heights FNGS

C.

- (Difríocht idir Brl. *bank* agus Brl. *height*?) ‘Well a *height* is steep ... Clarke’s Bank is a *bank* but you can drive up and down it; most of the *heights* you can’t’ X1; ‘a *bank* you could walk over, a *height* you couldn’t’ X2.
- ‘the high part is steep ... drops down fairly fast. A lot of them heights would have been caused by slips after the Pond was made’ X2.

D.

D1. Log faoi bhun Chnoc an Raithin [GS2.100].

D2. Gairbhéal sa léibheann oigheardhobhrach is ea an *height*; ritheadh an gleanntán síos isteach sa Dothra.

D3.

E. Is cosúil gur meascán de G **gleann** agus Brl. *heights* atá san ainm. An-éadócha: *Glen-and-heights* ina athmhíniú ar logainm Gaeilge [A+C] **gleann**+*alt*+*af* (I).

E1. [A] *af* (III)?

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- ≠ défhoghar

GS2.105 *Fearann an Teampaill

“the land(-holding) of the church”

A.

2018	1.	[,faːnəˈtʲampʲ]	X1 (x3)
2022	2.	[,faːnəˈtʲampʲ]	X3
	3.	[fəːnəˈtʲampʲ] (tapaidh)	X3
2023	4.	[,faːnəˈtʲampʲ]	X4

B.

1937	5.	far na tramps	<i>BnS</i> 0795.013
2015	6.	Farnatrample	<i>FNGS</i>

D.

D1. An pháirc rabhnáilte (1-020) suite díreach lastuaidh den reilig agus den ghort Brl. *Church Field*. Titeann an léibheann oigheardhobhrach síos go suntasach i dtreo an taiscumair. Níl an láthair eaglasta le feiscint ón lána thíos faoi.

D2. Till eibhir; gairbhéal eibhir sa léibheann thíos.

E. Truailliú é *Farnatrample* [,faːnəˈtʲampʲ] ar Brl. */far(ə)nəˈtampəl/ (< G */fʰarənəˈtʰampəl/). Is cosúil gur imir [ɪ] neasach an chéad siolla tionchar ar thús an tsiolla bhéimnithe. Ní héadócha an focal Brl. *trample* ‘sotail’ a bheith i dtreis freisin.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [fearann→GS2.91]

E3. *Teampall Santáin (< Cill Easpaig Santáin) [GS1.45] atá faoi thagairt san ainm.

E4. A2: GORT + A1: FOIRGNEAMH (EAGLASTA)

F.

- ≠ défhoghar

Is beag is féidir a fháscadh as leagan truaillithe an lae inniu ach gur cosúil go raibh /a/ sa chéad siolla de **teampall** amhail ‘Tample·teenawn’ (*CM*) *PNW*; ‘Teghteampall’ LSO (*CM*) 41 (EÓC 17/12/1838) = ‘still called Tee·tample’ *PNW*.

GS2.106 *Móin an Tobair

“the bogland of the well”

A.

1980	1.	[,mənəˈtobə]	Z1a
2018	2.	[,mənəˈtobə]	X1 (x2)
	3.	[ˈmənəˈtobə] (‘someone else said...’)	X1
2021	4.	[,mɛʊnəˈtobə]	X2

B.

2006	5.	Moonatubber — <i>Móin an tobhair</i> [<i>sic</i>] “Bogland of the Well”	<i>GR Scoil</i>
2015	6.	Munatubber	<i>FNGS</i>
	7.	Moonatubber	

C.

- ‘three or four fields’ Z1.
- ‘boggy land, Saint Anne’s Well is very near it’ X1.

D.

D1. Na goirt 3·569, ·577 & 3·476 (cuid de) díreach lastoir ó dheas de Thobar Shantáin taobh thoir thuaidh den seanteampall. NB gort Brl. *The Well Field* idir seo agus an tobar féin.

D2. Tá an mhóin, an tobar féin agus an teampall/reilig suite ar achar till eibhir idir dhá léibheann oigheardhobhracha.

E.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [móin→GS1.36]

E3. [tobar→GS1.43]

E4. A2: ÍSLEÁN + A1: UISCE

F.

- ardú /o:/ → /u:/ (srónach)

GS2.107 *An Stiall

“the strip?”

A.

1980	1.	[d̪əˈsːd̪eːl]	Z1a (x2)
2018	2.	[d̪əˈsd̪eːl]	X1

B.

2015	3.	The Style	FNGS
------	----	-----------	------

C.

- ‘decent land’ X1.

D.

D1. Gort mór 7·377, cúpla gort soir ón seanteampall; ritheann an lána go dtí an reilig ar feadh a theorann thuaidh. Sruthán is teorainn thiar dó. Suite tamall ó Brl. *Slang*.

D2. Till eibhir in aice an bhóthair; till gaineamhchloiche agus scealla in aice an tsrutháin; gairbhéal is gaineamh eibhir ar an Móin Mhór laisteas.

E. stiall “strip (of land)” [*eDIL* s.v. **stíall**]. An-amhrasach: níl an pháirc seo róchaol agus ní léir aon iarsmaí de stráiceanna anseo ar Shuirbhé 1771, SO 6" ná ar léarscáil athbhreithnithe *GVal*. Sampla eile: *bf An Stiall Bhán* (#55116) (*CM*): ‘Steelebane’ (c.1660), ‘Steelbawn ows. Steelbaun’ (1826), ‘Stylebawn’ (1839) [→**F.**].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT

F.

- G -ia- → Brl. /əi/




Fig. 42: *An Leacain (1) [GS2.108] — comhrianta ar léarscáil SO Sraith Eolais.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.108 *An Leacain (1)

“the hillside, glenside”

A.

1980	1.	[ˈlɑkɪn] ‘... <i>L-o-k-e-n</i> ’ [á litriú] ([ɑ~ɒ])	Z1a
	2.	[ˈlɑxɪn]	Z1a
	3.	[dʒˈlɑkɪn] ([k] cuimilteach ar éigean)	Z6
2018	4.	[ˈlɑkən]	X1 (x3)
2023	5.	[ˌlɑkɜnˈlɛɪn]	X4

B.

2006	6.	Lockin Lane — <i>Lochán</i> “Pond”	<i>GR Scoil</i>
2015	7.	Locken	<i>FNGS</i>
	8.	Slogger’s Lane	

C.

- ‘Slogger View is the name of [the lane]; *The Lockin* we used to call it’ Z6.

D.

D1. Leirg thiar theas an chnoic, síos i dtreo Theampall Santáin.

E. leaca, tabh. u. **leacain** “hillside (*lit.* cheek)” [*eDIL* s.v. **lecca**]. Ní gá **leacán** “place of flag(stone)s”

[*eDIL* s.v. **leccán**] a chur san áireamh anseo toisc a shoiléire is atá an ghné aiceanta ar thaobh an chnoic. Samplaí eile: *An Leacain (3) [GC.197]; *bf* An Leacain Darach (#55059) (CM), An Leacain Mhór (#1167064) (CM); cf. ‘the Lockens; name of a field’ PNW 427. Cf. ‘The Lockan ... hillside’ Mac Cába 1962: 24.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

F.

- /ɑ~ɒ/ idir consan caol agus consan leathan
≠ GC.194; cf. ‘The ·Lockens’ [páircainm i *bf* An Pháirc Mhór suite ar thaobh cnoic] PNW 427.




Fig. 43: *Áth na Leice [GS2.109] — SO 6'' Cassini.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.109 *Áth na Leice

“the ford of the flagstone”

A.

1980	1. [,hanə'lekɜ]	Z1a
	2. [,hanə'lekə]	Z1c*
2018	3. [,hanə'lekɪ]	X1
	4. ['hanələkɪ]	X1
2021	5. [,hanə'lekɪ]	X2 (x2)
	6. [,hanə'lekəz] (iol.)	X2

B.

MF 1941	7. Annalecka	PriceLN 19: 6
	8. (·Onna·lecka)	
1990	9. Hanalecka	TT
2006	10. Annaleckey — <i>Abhann an leice</i> “River of the Flat Stones”	GR Scoil
2015	11. Hanalecka	FNGS

C.

- ‘He said he lived in Cöonard ... Annalecka (·Onna·lecka) is the place where the Dodder crosses the road: I think he meant the crossing in the village of Castlekelly’ PriceLN.

D.

D1. Is forcheartú amú an méid thuas ag Price [→C.]. Is léir gur botún é ‘the Dodder’ — tá cur amach ar ·Hanna·lecka inniu agus téann sruthán trasna an bhóthair uachtaraigh ann, mar a léirítear ar SO 6'' lú eag.

D3. coimíneacht

E. Sampla eile: ‘Anna·lecka Brook’ PNW 235.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. áth “ford” [*eDIL* s.v. 1 **áth**]: Samplaí eile: cáilithe ag **dumhach**(?), **leac**, **punann**(?) [GS]; **Corrán na bhFiach**(?) [GC]; **colp** [TS]. Ritheann sruthán ó Pháirc na gCloch anuas trasna an bhóthair faoi bhun na bpáirceanna seo. Éadócha: **abhainn** “river, stream” (10); **eanach** “marsh”.

E3. leac, gin. u. leice “flag(stone)” [*eDIL* s.v. **lecc**]: Eilimint choitianta in ainmneacha átha.

E4. A: CUMARSÁID + C: MIANRA

GS2.110 *An Pháirc (2)

“the park”

B.

2015	1. Flood’s Park	<i>FNGS</i>
	2. Lee’s Park	

C.

- ‘several people would have the *Park* ... a holding area’ X1.

D.

D1. 13 ghort suite lastoir ó dheas den sráidbhaile *Cunard* SO. Le cois sruthán Áth na Leice.

D2. *TGr; AminDW & AminSRPT*

E. [→GS2.95]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT

GS2.111 *Áth na bPunann?

“the ford of the sheafs?”

A.

1980	1. [ˌhɔnəˈbʉnə]	Z1a (x2)
------	-----------------	----------

D.

D1. Éiginnte. Luaite i ndiaidh Brl. *The Four Acres*, *An Seangharraí [GS2.101] agus roimh *Áth na Leice [GS2.109], *Seanmhuinéal [GS2.118].

E. Doiléir. Is cosúil gur sampla eile de **áth na...** → Brl. *Hanna*- atá sa chéad chuid de.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [áth→GS2.102]

E3. **punann**, gin. iol. **na bpunann** “sheafs” [*eDIL* s.v. **pun(n)ann**], le coimriú *-n-n > -n*. An-éiginnte. Éadócha: **buinne** “torrent, current; wattle, wickerwork” [*eDIL* s.v. **buinne** (a), (d)].

E4. A: CUMARSÁID + C: PLANDA (BARRA)

Mionainmneacha Theas



*Grianghraf 8: An sruthán rite *Seanmhuinéal [GS2.118], mar a bhfuil *Na Poill Fhada [GS2.117]*




Fig. 44: GS2 Mionainmneacha — Theas.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.112 *Fearann an Mhullaigh

“the land(-holding) of the crest, summit”

A.

1980	1.	[, faːnɐˈwʊlɐ]	Z1a
2018	2.	[, fa.nɐˈwʊlɐ]	X1
2021	3.	[, fæ.nɐˈwʊlɐ]	X2

B.

2006	4.	Farnawolla — <i>Fearann an Bhólaigh</i> “Land of the Cattle”	<i>GR Scoil</i>
2015	5.	Farnawolla	<i>FNGS</i>

C.

- ‘it was never farmed ... orchids and wet plants ... sweet smell of grass’ X1.

D.

D1. Lastoir ó dheas ón láthair eaglasta i bhFearann an Teampaill, agus gort darb ainm Brl. *Church Field* eatarthu istigh.

D2. Buailéann till eibhir le léibheann oigheardhobhrach anseo.

D3. *iníor (capall)*

E.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [**fearann**→**GS2.93**]. Ní talamh treafa a bhí anseo riamh ach oiread le ***Fearann an Teampaill** [GS2.112] lámh leis.

E3. mullach “summit, crest” [*eDIL* s.v.]. Is é mullach atá i gceist an titim shuntasach ón léibheann oigheardhobhrach i dtreo na habhann sa chuid thiar theas den pháirc. Tugtar Brl. *Height* fós ar ghort taobh leis (cf. ***An Gleann (1)** [GS2.104]). Sampla eile sa cheantar: **An Mullach** [GC.204], *bf****Log an Mhullaigh** [TS.291].

Éadócha: **balla**, gin. **balla** “wall”: bheifí ag súil le Brl. */walə/. An-éadócha: **bólach**, gin. u. **bólaigh** “cattle, kine” (*GR Scoil*) [*eDIL* s.v. **bólach** (fir.) = **bólacht** (bain.)] — ní heol aon sampla eile de **bólach** i logainmneacha agus bheifí ag súil le Brl. */wɔ:lə/.

E4. A2: GORT + **A1**: ARDÁN

F.

- **bh-/mh-** leathan → Brl. /w-/
- **-aigh** → /ə/

GS2.113 *An Bóthar (1)

“the lane”

Brl. *The Boar Lane*

A.

2018	1.	[ˈbʌθˠrˠl̪eːn]	X1
2021	2.	[ˈbɔːrˠl̪eːn]	X2

B.

2015	3.	The Boar Lane	<i>FNGS</i>
------	----	---------------	-------------

C.

- ‘the entrance to the Munvores and all of that’ (X1).

D.

D1. An seanbhóthar ó dheas go dtí Caisleán Uí Cheallaigh; ghabhadh sé trasna an tsrutháin ag *Áth na Dumhcha [GS2.124] (Fig. 46).

E. [**bóthar**→**GS1.42**]. Sampla eile: Brl. *Mahon’s Bore* [ˈmaːnz, bɔːr] X2 8:44.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: CUMARSÁID

F.

- béarlú aithriseach

GS2.114 *An Gleann (2)

“the glen”

A.

2021	1.	[ˈdau̯l̪z, gl̪ɔ̯n]	X2
------	----	--------------------	----

B.

2015	2.	Doyle’s Glen	<i>EastWest</i>
------	----	--------------	-----------------

D. Mar a dtagann sruthán *Áth na Leice [GS2.109] anuas sa *Ghabhlaigh Bheag [GS.115].

E. [**gleann**→**GS1.3**]

E1. [A] *alt+af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

GS2.115 *An Ghabhlaigh Bheag

“the small forked river, river-fork”

A.

2018	1.	[ˈgɑːliˈbɛg]	X1
2021	2.	[ˌgɑːliˈbɛg]	X2

B.

2015	3.	Gauley Beg	FNGS
------	----	------------	------

D.

D1. Gort ·852 suite i ladhar *Seanmhuinéal [GS2.118] agus an tsrutháin anuas ó *Áth na Leice [GS2.109] faoi bhun an droichid, taobh thuaidh den Chuan Ard.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [gabhlaigh→GS2.92]. D’fhéadfadh sé freisin gurb é seo ainm an tsrutháin féin. Éadócha: **gabhla** “fork”, malairt foirme de **gabhal** (*Mu*).

E3. [mór→GS1.8] D’fhéadfadh sé gur *An Ghabhlaigh Mhór [GS2.158] i nGleann an Smóil Thiar a sheasann i gcodarsnacht leis seo.

E4. A: UISCE + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- -abh(C)a- → /ɑː/ gan bhéim
- -ea- [ɛ]
- ≠ claochlú tosaigh

GS2.116 *Poll Roide?

“hole, pool of reddish water?”

A.

2021	1.	[ˌpʰoʊˈɾoɡi]	X2
	2.	‘[ˌpʰoʊˈɾoɡi], I think it would have been’	X2
2023	3.	[ˌpʰeʊˈɾoɡi]	X2

C.

- ‘[Fear a d’éag le déanaí] showed it to me, only a small bit of ground down the Boar Lane beside the river’ X2.

D. Gort ·389 idir Brl. *Boar Lane* agus an sruthán a ritheann as cumar an dá shruthán anuas ón gcnoc [→GS2.113]. Dhealródh sé ón eolas áitiúil nach ionann é is *Na Poill Fhada [GS2.117].

E.

E1. [A+C] *af+af* (IV)

E2. **poll** “hole, pool” [eDIL s.v.]. Samplaí eile sa cheantar taighde: Poll na gCapall [GC]. Cf. ‘Polnafrog’ MHR léarscáil = ‘That bottom field beyond there they do call Poul na Frog. An odd name

it is, seeing that there be frogs in every ditch in the country' *ibid.* 128 (1943).¹⁹⁷ Cf. 'Pole na Colliens Hole ... a small pool shown near Liffey Head' *PNW* 300; 'a hillock ... a moate ... anciently called *Poll an choradh* ie the hole of the weir, or the hole or grave of the Champion' *LSO (CM)* 51 (EÓC 22/12/1838).

E3. An-éiginnte. B'fhéidir **roide**, gin. id. "reddish mud, bog-mire" [*eDIL* s.v. **rota**] le forás /d̪i/~g̪i/ (cf. ***An Cnap Aitinn** [GS2.67]). D'fhéadfaí **frog** "frog" a mheas freisin [→**E2.**] ach níl an t-ainmhí sin seanbhunaithe in Éirinn (cf. an mionainm déanach Gaeltachta **Bóthar na bhFroganna** [G] (*PL*) (#1420555)).

E4. A: ÍSLEÁN + C: UISCE

F.

- défhoghar

GS2.117 *Na Poill Fhada

"the long holes, pools?"

A.

1980	1. [ˌpailˈfadiː]	Z17a
	2. [ˌp̪ilˈfaːdiː]	Z1a (x2)

C.

- 'Butler's field over the road' Z1.

D.

D1. Suíomh Brl. *Butler's Field over the Road* (Z1) deimhnithe ag X2 = gort 2·138 taobh thoir thuaidh den acomhal i gcuasbhaile Chionn Ard. Ar imeall thiar an ghoirt seo a théann ***Seanmhuinéal** [GS2.118] faoin droichead (féach Grianghraf 8). Sruthán an teorainn thuaidh [→**GS2.132**].

E. D'fhéadfaí iol. **poill** + **p-séimhithe** /f/ a mheas (m.sh. **Poill Pheaidí**) ach b'fhéidir gur móide (**Na**) **Poill Fhada** le réadú ar an gconsan fréimhe **f-** /f/. Cf. **Poll Fada** [G] (#1398725) (*Ga*); *bf An Poll Fada* (#49954) (*PL*): [ənˌpəulˈfadə] (c.1962).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [poll→GS2.116] Sampla san iolra: Na Poill (< **Poill Ghort na Daibhche**) (#1421931) (*PL*).

E3. **fada** "long" [*eDIL* s.v. **fota, fata** (a)]: Cf. *bf Áth Fada/Afaddy* (#27663) (*CC*): 'augh fada' pl:AL; *bf Killyfaddy* [***Coillidh Fada**(?)] (*AM*), (*Do*). Éadócha: Peaidí, gin. **Pheaidí** (ainmp.)?

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (FADA/GEARR)

F.

- défhoghar

¹⁹⁷ Léirithe i *bf* Buaille na Scornaí Íochtarach mar a bhfuil an galfchúrsa anois.

GS2.118 *Seanmhuinéal?

“old gorge?”

A.

1980	1.	[ˌʃãːmøːˈneilʲ]	Z1a
	2.	[ˌʃãːmøːˈne:l]	Z1a (x2)
	3.	[niːøːˈʃa(n)møːˈne:lʲ] ‘near...’	Z1a
	4.	[føːˌʃãːmøːˈne:l] ‘for...’	Z1a
	5.	[ˈʃa(n)møːˈne:l]	Z1c*
2018	6.	[ˌʃamˠ.ɪˈne:l]	X1
	7.	[ˈʃamˠ.ɪˈne:l]	X1
	8.	[ˌʃamˠ.ɪˈneɟɜl]	X1

B.

1990	9.	Shamernail	TT
2015	10.	Shammernail	FNGS

C.

- ‘this brook [bɪɛʊk] coming down here’ Z1.
- ‘bad, boggy ... furze and ferns’ ... ‘gorged-out, dangerous [river]’ X1.

D.

D1. An sruthán ar feadh theorainn thuaidh *bf* Cionn Ard SO. Féach Grianghraf 8.

D2. *Scree* ‘Scree, Blocky, Bedrock at or close to surface’ *epa.ie*

E. Éiginnte. Is don sruthán rite a thagraíonn an t-ainm [→C.]. Ó tharla meascán sa phatrún béime is féidir truailliú ar chomhshuíomh oscailte [A+C] *af+af* (V) dar céadeilimint **sruth** nó comhshuíomh [C+A] *aid-af* (II) dar céadeilimint **sean-** a chur i gcás [→E2., E3.]. Níl aon mhíniú sásúil ar an *-r-* ach glactar leis anseo mar fhorcheartú ar an *schwa* réamhaiceanta: cf. athshamhlú an ghuta neamhaiceanta deiridh mar a bheadh *-er* sna samplaí de **croite**: [d̪ɜːˈɡɪɛθɜː] (1980) → [d̪ɜːˈɡɪɔθɜː] (2018). D’fhéadfaí Brl. */ˈʃan.mˠɔne:l/ a thuairimiú mar réamhtheachtaí do [ˌʃãːmøːˈne:l] (2) más ea.

E1. [C+A] *aid-af* (II)?

E2., E3. (i) **sean-** “old”: Tá fadú agus srónú le clos ar an gcéad ghuta ag an gcainteoir is sine (Z1) — b’fhéidir de dheasca an /m/ srónach a bheith ar lean — ach is deacair a rá an ann do /n/ (3, 5). Níl aon sampla de **sean+mh...** → Brl. **Sham-*; cf. *bf* **An Seanmhullach** (#33111) (*Li*): [ˈʃanmolə] (2007); (#33750) (*Lú*): [ˈʃanmələ]. Cf. guta cúnta in **An Seangharraí** [GS2.101] (cf. *bf* **An Seanmhachaire** (#28006) (*La*): [ʃanəˈvahiː]). Éadócha: **sruth** “stream”: cf. ***An Sruth** [GS1.10]: [sɾox] (1980), ***An Sruthán** [GS2.74]: [ˈsɾuːɑːnz] (2022); cf. ‘Sragh·oe Brook’ *PNW* 276.

Éadócha: **Seamar Néill** “the clover(-land) of Niall”, an réiteach fuaime is túisce a ritheadh as an leagan béarlaithe ach gan mórán dealraimh air mar ainm srutháin. Sa 17ú haois a tosaíodh ar an seamar a shaothrú in Éirinn, lus a bhí ríthabhachtach chun nitrigín a sholáthar do bharraí ar nós an phráta.¹⁹⁸ Aon sampla amháin mar phríomheilimint .i. *bbf* **An Seamar Bán, ~Dubh** (#36652) (*ME*): ‘leagan firinsneach i gciall chnuasaigh, áitreabhach atá sa dá ainm seo’ *LME* 10: 363. Ní dócha gur aistriúchán ar **G** ***An Seamar** atá i leithéid Brl. *The Clover* [GS2] ná ‘The big clover, The little

¹⁹⁸ Cf. freisin ‘My cousin, Malachi Horan—Black Malachi of the Hills—had good hay last year. Clover-hay it was’ *MHR* 121 (1943).

clover' *BPR*, srl., ach giorrúchán ar Brl. *The Clover (Field)*; ach is ann freisin do na páircainmneacha déanacha 'Páirc a' Clover' (*Ci*) (Lynch & Ó Loingsigh [2021]: 29), *bf Na Cleobhair* (#30992) (*Lm*): 'na cleobhair' *pl:AL* (1838). **Páirc na Seamróg** an t-aistriúchán oifigiúil ar *bf Clover* (#26844) (*CC*).¹⁹⁹

(ii) **muineál** "narrow part (of river?)" [*FGB* (var.) = **muineál**; *eDIL* s.v. **muinél** (b) "...narrow part ... Of a river"] (cf. an t-ainm abhann '[*lam re*] *Muinél Moghairne*'). **B'fhéidir: muinchille** "sleeve (of land)" */'mɔn'ɪ(h)əɫ'(i)'/? Leaganacha flúirseacha meititéisithe le fáil ar fud Leath Choinn ach gan aon samplaí i gCúige Mumhan ná i sean-Chúige Laighean. Neart samplaí as Deisceart Uladh inar imir gutú ar an **-ch-** caol, m.sh. *bf An Mhuinchille* (#39989) (*Mu*): 'Moyneelee al Moynheelee' (1629); **b Muinchille** (#4689) (*Ca*): 'Moynillie' (1609) (b'fhéidir freisin gur **muinchille** atá in *bf An Muineál* (#4112) (*Ca*) ó cheart). Féach go háirithe *bf An Mhuinchille* (#40220) (*Mu*): 'moin Neill' *pl:AL* (1835). Ní léir aon ghné aiceanta a bheadh oiriúnach dá leithéid áfach.

E4. C: AIDIACHT (SEAN-/NUA) + A: ÍSLEÁN

F.

- ≠ guta cúnta?

GS2.119 *Páirc na gCloch

"the field of the stones"

A.

1980	1. [ˌpaːɪki.nəˈglɔk] ([k]~[t])	Z1a
2018	2. [ˌpaːɪnəˈglɔk] (<i>sic</i>)	X1
	3. [ˌpaːɪknəˈglɔk] (á cheartú féin)	X1
	4. [ˌpaːɪknəˈglɔk]	X1
2021	5. [ˌpaɪknəˈglɔk]	X2

B.

2015	6. Park na Gluc	<i>FNGS</i>
------	-----------------	-------------

C.

- (A stony field?) 'Yeah! Yeah, yeah.' X1.
- '[The younger generation] have started calling it *Parky-duck* [ˌpaːɪkiˈdɔk]!' X2.

D.

D1. Goirt 1·089, 2·456, ·737 suite i ladhar shruthán *Áth na Leice [GS2.109] le *Seanmhuineál [GS2.118].

D2. *RckNCA* i smut beag den chuid thuaidh; *Scree* sa chuid is mó. 'Scree; Blocky; Bedrock at or close to surface' *epa.ie*.

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

¹⁹⁹ Tá **seamar** níos coitianta i Leath Choinn agus tá **seamróg** níos coitianta i Leath Mhogha (*logainm.ie*), m.sh. *bf Cnoc na Seamróg* (#55849) (*CM*). Tá fianaise ar sholaoidí eisceachtúla de **seamróg** ó thuaidh, m.sh. *bf Gort na Seamar* (#34941) (*ME*): 'Corneshamroge' (1635); cf. *bf Cloverhill* (#3626) (*Ca*): 'Greaghinshanrock' [Gréach na Seamróg] (1629), ach níor thángthas fós ar **seamar** ag malartú le **seamróg** ó dheas.

E2. [páirc→GS2.95]. Díol spéise cailliúint /k/ ag X1 thuas.

E3. [cloch→GS1.17]

E4. A: GORT + C: MIANRA

F.

- claochlú tosaigh

Cf. ‘Crockna·glugh: written Crucknagluck in the Name Book’ PNW 258.

≠ **Gort na gCloch** [GC.192]: ‘*carna cloch*’ LSO.




Fig. 45: *Garraí Eisce (1) [GS2.120] — léarscáil SO Cassini.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.120 *Garraí Eisce (1)?

“garden of (the) marsh, gully?”

A.

2018	1. [ga'ɾesgi]	X1
	2. [gʰ'ɾesgi]	X1
2021	3. [gʰ'ɾesgi]	X2
	4. ['ga,ɾesgi]	X2a

B.

2015	5. Gareskey	FNGS
------	-------------	------

C.

- ‘a ferny field ... no stream in it’ X1.
- ‘tilled in the old days ... some of the lazy beds in it’ X1.

D.

D1. Goirt 1·114, 2·595, 1·280, gach taobh den bhóthar. Tá seansruthán léirithe ar SO 25" agus SO Cassini a rith anuas ar feadh na teorann lastoir ó dheas, nach bhfuil léirithe ar SO 6" lú eag. ná ar an tSraith Eolais [cf. C.]; crainn ar feadh an tseansrutháin le feiscint ar na grianghraif satailíte.

D2. Screathan le beagán tille sa chuid theas.

D3. *garraí (fadó)*

E. Tugann an patrún béime comhshuíomh oscailte le fios seachas comhshuíomh ar nós ***garbh-**/**gearr-** + **easca**. Is dócha gurb é **garraí** an t-aicmitheoir ach ní léir cé acu struchtúr *af+aid* (II) nó *af+af* (V). Níl aon rian den alt *af+alt+af* (I) agus ní móide ainm dílis *af+díl* (IV). Moltar anseo go cáiréiseach **Garraí Eisce** “garden of (the) gully, marsh” */ga'refʲg'ɪ/ [→**E3**.] ach ní féidir **uisce** a chur as an áireamh. Sampla eile: ***Garraí Eisce (2)**/*Goresther* [GC.245]. Cf. *prc Páirc an Uisce (PL)* (x2), **Gort an Uisce** [G] (*Ci*) (srutháin iontu); **Faill an Uisce** [G] (#1394378) (*Ci*) (‘Well’ SO).

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. [garraí→GS2.101]

E3. Chuala EÓC focal cosúil leis seo sa mhionainm ‘*cluain uisce*’ [GC] cé gur minicí go leor a bhíonn an t-alt leis an eilimint **uisce** (cf. *bf Garraí an Uisce* (#28001) (*La*) agus 90+ sampla eile ar *logainm.ie* os coinne *c.10* gan an t-alt agus cuma ársa ar chuid díobhsan). Cuir i gcás **easca**, gin. ***eisce** b’fhéidir. Bunús eile atá leis an mionainm ‘the Iskit’ (*CM*) *BPR* is cosúil.

E4. A: GORT + C: UISCE

GS2.121 *An Croite (2)

“the croft?”

A.

1980	1.	[ˈgʲiɛθv̪] (<i>sic!</i> ≠ [θ])	Z1a
	2.	[ˈgʲiɛθv̪] (ceartú)	Z1a
2018	3.	[dʲiˈgʲiɛθv̪]	X1

B.

2015	4.	Gretta	FNGS
------	----	--------	------

C.

- ‘lovely little green field in the middle of nowhere’ X1.
- ‘There’s one there, in Castlekelly right near the head of the lake, they call it Gretha too—, Gretta, too!’ Z1.

D.

D1. Gort beag bídeach ·373. Léibheann oigheardhobhrach is ea an tseilf talún ar chúil.

D2. Gaineamh agus gairbhéal.

E. [croite→GS2.97]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT

GS2.122 *An Mhóin Mhór

“the big bog(land)”

A.

1980	1.	[ˌmɔnˈvɔːɪz]	Z17a
	2.	[ˌmɔnˈvɔːɪ]	Z1a
	3.	[ˌmɔnˈvɔːɪ]	Z1c*
1980	4.	[ˌmɔlˈvɔːɪz]	Z9
	5.	[ˌmɔnˈvɔːɪz]	Z6

2018	6. [ˌmʊnˈvʌʊɪz]	X1
	7. [ˌmʊnˈvʌʊɪ]	X1
2021	8. [ˌmʊnˈvɔːɪ] (<i>in pausa</i>)	X2
	9. [ˌmʊnˈvɔːɪz]	X2
2022	10. [ˌmɔlˈvɔːɪz]	X3 45:15

B.

1771	11. Breaks Monemore Quarter	LN P.4033 (Cobbe) 29
1990	12. Munvore	TT
2006	13. Munvore — <i>Móin Mhór</i> “Big Bogland”	GR Scoil
2015	14. Munvores	FNGS
	15. Long Munvore	

C.

- ‘Mun·vores would be all marly’ X2.

D.

D1. Ceantar mór os comhair na *Móna Gairbhe [GS2.142].

D2. *GGr* (léibheann oigheardhobhrach); liteasal, reigeasal; *AminSP. SRUNA*.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [móin→GS1.36]. Suirbhé 1771: ‘mostly worn out meadow by continual mowing without any rest’; cf. ‘They might tell you the meadows were bad in Mun·vore’ (Z1) (dán) ≠ portach.

E3. [mór→GS1.8]. Codarsnacht leis an *Móin Gharbh [GS2.142] laistear?

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- claochlú tosaigh: **mh-** /v/
Claochlú tosaigh /v/ *Áit*. ≠ consan fréimhe ‘-more’ (1771).

GS2.123 *An Inse (3)

“the low-lying river-field”

A.

1980	1. [diˈjin]	Z1a
	2. [v̪ˈniːn̪] ‘an Inch’	Z1a
	3. [diˈjin̪ʔz]	Z1a
2018	4. [int̪]	X1
2021	5. [iːnt̪]	X2

B.

2015	6. McNally’s Inch	FNGS
	7. Curran’s Inch	
	8. Butler’s Inch	

C.

- ‘I have an Inch, *you* have an Inch, it’s an area’ Z1.

- ‘wherever the Dodder flows through, it’s an *inch*, and it’s where the water overflows’ ... ‘every low-lying part of that, the little fields in behind the bushes, they’re all different farmers’ Inches’ X1.
- ‘an *inch* is a low flat meadow beside the river’ ... ‘that’s another Inch down there [beside Hanna·doo]’ X2.

D.

D1. Goirt ísle ·997, 1·548 agus 2·143 gach taobh de shruthán Aill Mháirín.

D2. Talamh glárach.

E. Samplaí eile: (1), (2), (4) [GS]; **Na hInsi** [GC.229]. Idir *Inch* agus *Insh* an-choitianta in *BPR*; cf.

‘on the inches of the Dodder’ Nolan 1992.

E1. [A] *af* (III)

E2.

E4. A: ÍSLEÁN




Fig. 46: *Áth na Dumhcha [GS2.124] — seanbhóthar léirithe ar SO 6" 1ú eag. (ar chlé); talamh gainmheach le feiscint ar léarscáil cháilíocht talún (ar dheis).



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.124 *Áth na Dumhcha?

“the ford of the (sand-)bank”

A.

1980	1. [ˈhanəˌd̪eʊ]	Z1a
	2. [ˌhanəˈd̪eʊ]	Z1a
	3. [ˈhanəˌduː] (<i>sic</i> ≠ [eʊ])	Z1a
2018	4. [ˌhanɜːˈd̪eʊ]	X1 (x2)
	5. [ˈhanɜːˌd̪eʊ] (<i>in pausa</i>)	X1
2021	6. [ˌhanɪˈd̪eʊ]	X2 x4

B.

c.1860	7. [Stepping Stones]	SO 6" athbhr.
2015	8. Hanadoue	FNGS

C.

- ‘down by an old lane ... at the bottom of the old lane’ Z1.
- ‘brook does cross the road ... the Boar Lane, by Hanna-doo’ X2.
- ‘it would be a sandy bank’ ... ‘old freestone, badgers burrow into it, so it is sandy ... only because it’s dry, if it was wet it’d probably turn into marl [marl]’ X2.²⁰⁰

D.

D1. Gort 1-423 mar a dtéadh ***An Bóthar (2)** [GS2.135] trasna shruthán Aill Mháirín. An trasnú le feiscint ar SO 6" 1ú eag. (Fig. 46) agus ‘Stepping Stones’ léirithe ar SO 6" athbhr. (Fig. 47).

D2. Gaineamh agus graibhéal (léibheann oigheardhobhrach).

E. Éiginnte. Toisc **áth** a bheith nach mór cinnte sa chéad eilimint is cosúil gur ainmfhocal atá sa cháilitheoir [A+C] *af+alt+af*. Ach de dheasca cé chomh cosúil is atá an deireadh le G **dubh** níor chóir gan [A+C] nó [A2+(A1+C)] a mheas, m.sh. *af+aid* (II) nó *af+alt+af+aid* (I) (***An tÁthán Dubh**, b’fhéidir).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [áth→GS2.109]. Cf. Brl. /h-/ proistéiteach in ***Áth na Leice** [GS2.106], ***Áth na bPunann** [GS2.108]. An-éadócha: **eanach** “marsh”: ní oirfeadh do cháilíocht na talún.

E3. **dumhach**, gin. u. (**na**) **dumhcha**, gin. iol. (**na n**)**dumhcha** “(sand-)bank” [*eDIL* s.v. **dumach**]. An cáilitheoir is dóchúla ó thaobh struchtúir agus brí de [→C.]. Luaitear gin. u. **na dumhcha** /'du:xə/ agus **na dumhaí** le Leath Choinn (*Ao; DG; Ga; Sl; ME*); faightear gin. u. **na duimhche** /'di:hi/ san iardheisceart (*Cl; Ci*). Níor mhór an fhorbairt G **dumhcha** > Brl. *-*dooha* /-du:hə/ > Brl. *-*doo* /-du:/ a thuairimiú.

Éadócha: gin. iol. **na nd...**, le cailliúint an chlaohlaithe tosaigh sa Brl., m.sh. **dubh** (*af*), gin. iol. (**na n**)**dubh** “black (animal)”; **dumha**, gin. iol. *id.* “mound; heap” [*eDIL* s.v. 1 **duma**] .i. ***Áth na nDumha** “the ford of the heaps, piles”. Éiginnte: **tua**, malairt gin. iol. **na dtua** “axe” [*eDIL* s.v. 1 **túag**]?

E4. A: CUMARSÁID + C: MIANRA?

F.

- **-th leathan** deiridh
Gan aon rian de /x/.
- Brl. /h-/ tosaigh proistéiteach
- léacsach: gin. u. **dumhcha** [→E3.]

²⁰⁰ Mar le Brl. *freestone* de, cf. ‘That which is called the *White Freestone-Sand*, from the mountains near *Ballynascorney*, which is brought to Dublin to strew on the floors in the Gentlemen’s houses ... A white Sand of an impalpable grit, and withal shining, as from what we call Firestone ... It scoured brass and silver well. It was found in a bank near the breaks of *Glass-a-mucky*, and with us should be called Firestone sand ... Freestone or *rotten Fire-stone*’ Ruddy 1772 II: 19.

GS2.125 *An Inse (4)

“the low-lying river-field”

A.

2021 1. [dʒ'færɪntʃ] X2

B.

2015 2. The Far Inch FNGS

D.

D1. Gort 1·215 cois sruthán Aill Mháirín gar d’Áth na Dumhcha. (Suíomh mícheart in FNGS.)

D2. Talamh glárach.

E.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

GS2.126 *Claí Stáca

“ditch, mearing of (the) stake”

A.

1980	1. [ˌkl̪iːʃˠ d̪aːk̪] ([k] cuimilteach, ar éigean) Z1a
	2. [ˌkl̪iːʃˠ d̪aːx̪] ([x] <i>sic</i>) Z1a
	3. [ˌkl̪iʃˠ d̪aːk̪] Z17a
	4. [ˌkl̪iʃˠ d̪aːk̪] Z1c*
2018	5. [ˌkl̪ɪˠ ʃˠ d̪aːk̪] X1 (x4)
	6. [ˌkl̪iʃˠ d̪aːk̪] X1
2021	7. [ˌkl̪iʃˠ d̪aːk̪] (gnáthchaint) X2

B.

1990	8. Cleestalk TT
2006	9. Cleestalk — <i>Claí Stáca</i> “Fence of Stakes” GR Scoil
2015	10. Cleestalk FNGS
	11. Cleestalk

C.

- ‘part of a farm ... decent land, for up here!’ X1.
- ‘This is one of the few remaining locations in Glenasmole valley where low mearings marking traditional boundaries within open-field arable are still visible. The mearings consist of small granite stones unearthed during tillage operations running parallel downslope from the cluster and at right angles to the road’ Nolan 1992: 217.

D.

D1. Goirt ·954, ·895, ·914 laistiar ó dheas den acomhal ag *Cunard* SO. Tá níos mó stráicí forannta le feiscint ar léarscáil SO 6” athbhreithnithe (Fig. 47).

D2. Till éibhir os cionn an léibhinn oigheardhobhraigh cois an tsrutháin laistiar.

D3. ‘good, arable meadow’ Suirbhé 1771.

E.

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. **cláí** “ditch; fence” [*eDIL* s.v. **claide** (b)]: Fuaimniú [kli(:)(f-)] anseo (1–7) ≠ *bf An Cláí Dubh* (#55002) (CM) (‘Cloyduffe’ (1680), ‘Cleyduff’ (1780), ‘Clayduffe’ (1833)) ná ≠ /klʲəi-/ a luaitear le Cúige Chonnacht.

E3. **stáca**, gin. u. “stake” [*Dinn.*, *FGB* s.v.]: Bundéantús na glaíocha, b’fhéidir [→C.]. Níl ach 2 shampla eile de **cláí** + DÉANTÚSÁN ar *logainm.ie* (as 50+), mar atá *bf Cláí na Leac* (#1415399) (Lm); *bf Cláí Doireach* (#11965) (Co): ‘Clyderagh known by ... Oakfront’ (1812). B’fhéidir: **stácadh**, gin. **stáctha** “(act of) staking”.

Éiginnte: **staca**, gin. iol. **stac** “stack (of corn)” [*eDIL* s.v. **staca** < SIor./Brl.], le fadú /a/ (agus béim an ghutha air) > /a:/ sa bhéarlú: cf. *bf Corr na Stac/Cornstauk* (#29919) (Li); cf. freisin *FGB stáca* = **staca**. Cf. an mionainm **Garraí na Stácaí** [G] (Ci). Ní dócha go raibh /x/ i ndeireadh an ainm ó cheart (1), (2).

E4. A: SAORGA? + C: DÉANTÚSÁN



Fig. 47: *Cláí Stáca [GS2.126] — *stráicí léirithe*; *Áth na Dumhcha [GS2.124] — ‘Stepping Stones’ ar SO 6” athbhr.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.127 *An Currach (1)

“the wet land”

A.

2018	1.	[ˈkʷɪɾɐk]	X1 (x2)
2021	2.	[d̪əˈkʷɪɾɐk]	X2

B.

2015	3.	Curragh	FNGS
------	----	---------	------

C.

- ‘whatever *curragh* [kʷɪɾˠk] means, it seems like a wet—... most of the Curraghs [kʷɪɾɪks] are wet. Marshy [ˈmæʃɪ]. There’s Curraghs across here on the Corrig [ˈkʷɪɾɪŋ], across the bottom of the Corrig there, where the whole hill kind of drains out’ X2 (≠ **An Currach (2)** [GS2.137])
- C:** ‘not wet’).

D.

D1. Goirt 4.294 & .752 taobh thuaidh de ***Garraí na gCearc** [GS2.129] ar chúil an tí lastuaidh.

D2. Meascán: talamh glárach cois an tsrutháin; léibheann oigheardhobhrach (gaineamh is gairbhéal); till eibhir.

D3.

E. currach “wet land” → “scrubby land?” [*eDIL* s.v. **cuirrech**] (cf. *FSÁG* 6 s.n. **Cu(i)rr(e)ach, (an)**

(1) “the moor”). Talamh fliuch an bhunbhí. Is cosúil gur tháinig athrú ar bhí an fhocail seo in áiteanna (‘riasc’, ‘(droch)t(h)alamh fliuch’ → ‘drochthalamh (féarach)’) chomh maith le **móin** (‘portach’ → ‘drochthalamh (féarach)’). Cf. ‘Curraghs ... Marshy flats along the Triogue stream near Kilvahan’ (*La*) Mac Cába 1962: 34. Bhí Brl. *curragh* coitianta mar théarma topagrafaíochta ar léarscáileanna de chuid an 18ú haois: d’fhéadfaí bunús Brl. a thuairimiú sna gabháltais nuashaothraithe eile ***An Currach** (2), (4).

Samplaí simpléacsúla eile: ***An Currach** (2) [GS2.137], (3) [GS2.143], (4) [GS2.172]; **An Currach** (5) [GC.198]. Samplaí le cáilitheoirí: ***Curracha Mháirtín** [GC2.213]; ***Currach Chathail** [GS2.151].

Éadócha: **corrachadh** “uneven field”.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- **-ch** /x/ → Brl. /k/




Fig. 48: ***Crosóg** (1) [GS2.128] — *cruth an 20ú haois (SO 25") os coinne chruth an 19ú haois (SO 6" athbhr.)*



Tailte Éireann
Clárachán Luacháil
Surfméiríocht
Registration Valuation,
Surveying

© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.128 *Crosóg (1)

“(little) cross(-field)?”

A.

1980	1. [ˈkɾɪsɔːg]	Z1
	2. [ˈkɾɪʃɔːg]	Z1
2018	3. [ˈkɾɪs,ʌɔg] (<i>in pausa</i>)	X1
2021	4. [ˈkɾɪsɔːg]	X2 (x7)

B.

1990	5. ? Criosóg	Nolan 1992
2015	6. Chrisog	FNGS

C.

- ‘there’s a flat bit and a wet bit ... that’s rushes ... used to call that the Flat of the Criosóg, because there’s a bottom in it and a top’ X2.

D. Gort ·752 acra idir *Garraí na gCearc agus *an Currach (1).

D2. Léibheann oigheardhobhrach (gairbhéal eibhir) os cionn talamh glárach [→C.].

E. **crosóg** “cross(-field)?” [*eDIL* s.v. **cros** (c) + **-óg**] nó “(land worth) a cross-stamped coin (i. 2¼ pingine)” [*eDIL* s.v. **crosóc**]? Samplaí eile den ainm céanna: *bbf An Chrosóg* (CC; CM; Co; DG; TÁ); *bf Na Crosóga* (DG; TÁ): ‘Criosóga’ pl:AL. Cf. ‘Croiseogs, probably crosswise fields’ O’Kelly (CC). Is é an crosbhóthar a thug ainm do Brl. *The Crosses Field* (‘Mathew Byrnes Garden called The Crosses’ (1748)) i nGleann Cuilinn.

Éadócha: criosóg “girdle-field, surrounding field?” [cf. *FGB* s.v. **crios** + **-óg**]. Díol spéise L-chruth ar an bpáirc seo agus ar an sampla (éiginnte) eile [→**GS2.156**] (cf. freisin *Dinn.* s.v. **criosach** “striped”). Ach ní heol aon sampla cinnte de sin mar pháircainm.

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH? + D: -ÓG

F.

- béim
 - -óg [o:] soiléir
 - /kɾɔ/ → /kɾɪ/ de bharr Brl. [ɪ] neasach?
- Cf. ***An Cnocán** (1) [GS2.146], (2) [GS2.169].

GS2.129 *Garraí na gCearc

“the garden of the hen-fowl”

A.

2018	1. [ˌkaːˈnəˈɡɾakʲ]	X1 (x2)
	2. [-gaɪkʲ] (ceartú)	X1
2021	3. [ˌɡɔmɪˈɡjækʲ]	X2
	4. [ˌɡɔmɪˈɡjækʲ]	X2

B.

2015	5. Cornagaric	FNGS
------	---------------	------

C.

- ‘only a small garden ... a real small field’ X1.

D.

D1. Gort beag ·956 suite ag camas i sruthán Aill Mháirín; ardán cuartha suntasach os a chionn laistiar ó dheas.

D2. Talamh glárach cois srutháin.

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [garraí→GS2.98]. Coimriú an chéad eilimint amhail ***Garraí an Ghabáiste** [GC.247].

Éadócha: **corr** “(river-)bend”; **gort** “field” le cailliúint /-t-/ [→TS.282].

E3. **cearc**, gin. iol. *id.* “hen” [eDIL s.v. **cerc**]: Ba dhóchúla cearca feirme ar pháirc bheag réidh in iochtar an ghleanna ≠ cearca feá, fraoigh, uisce, srl., m.sh. ‘Cruckna·garc : *cnoc na gcearc*, ‘hill of the grouse’ PNW 238, talamh ard gar do Mhullach Cliabháin (CM).

E4. A: GORT + C: AINMHÍ (CLÓIS)




Fig. 49: *An tÁth [GS2.130] — léarscáil SO 25".



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.130 *An tÁth

“the ford”

A.

2018	1. [a:]	X1
	2. [,dɪ'ja:]	X1
2021	3. [dɪ'a:]	X2
	4. [dɪ'(j)a:]	X2
	5. [dɪ'baθəmɐ dɪ'a:] (‘the bottom of...’)	X2

B.

2015 6. Awe

FNGS

C.

- ‘The Awe goes from the road right down here between Gorna·gark and the ·Crissoge’ X2.

D.

D1. Mar a ngabhadh an sruthán is teora thuaidh do *bf* Caisleán Uí Cheallaigh trasna an bhóthair, nach raibh ach ina lána beag aimsir SO 6" lú eag.

E. [áth→GS2.109]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: CUMARSÁID

F.

- -th leathan tar éis ghuta fhada ≠ /x/

GS2.131 *An Pháirc (3)

“the field”

B.

2015 1. Park
2. Murphy’s Park

FNGS

E. [páirc→GS2.95]



Grianghraf 9: *[X an] tSeagail [GS2.132] agus an chloch marcáilte.

GS2.132 *[X an] tSeagail

“[the field?] of the rye”

A.

2018 1. [ˈtɛgəl] X1 (x3)
2021 2. [ˈtɛgəl] X2

B.

2015 3. Tegele FNGS

C.

- ‘below Poyde’s Bank ... big stone in the middle of it’ X2; (Would they have been able to till it?) ‘Probably did till it, yeah, and worked around the ... big round stone’ X2

D.

D1. Ní dócha go bhfuil an chloch seo faoi thagairt san ainm.

E. Samplaí eile i gCill Mhantáin: ‘Parka·theegle, páirc a’ tseagail, ‘rye field’, the name of two fields near the river...’ PNW 219, ‘Shegle or Gurt·shegle’ PNW 101.

E1. [C] (< [A+C] af+alt+af (I?))

E3. seagal, gin. u. an tseagail ‘rye’ [eDIL s.v. secal]: Cf. Brl. *The Rye Bank*, Brl. *Martin’s Rye* [GC].

E4. [A: GORT? +] C: PLANDA

F.

- **-ea- /ε/**
...tseagail /ε/ (DG; Ca), (La; CM [PNW]) ≠ /a/ (Ga; Li; ME), (Ci; Cl; Lm; PL; TÁ).

GS2.133 *Cúil Raithní

‘corner, nook of (the) ferns’

A.

1980	1. [,kan' .iɑ:nʲi' n] ([kan-]~[kɔn-])	Z1a
	2. [,kɔn' .iɑ:nʲi' nz]	Z1a
	3. [,kɑ:l' .iɑ:nʲi' nz] ²⁰¹	Z1a
	4. ‘Up in [,kan' .iɑ:nʲi' nz]’ (.i. a deirtí)	Z1a
2018	5. [kə' .iɑ:nʲi]	X1 (x2)
	6. [kə' .iɑ:nʲi]	X1
2021	7. [kə' .iɑ:ni]	X2

B.

MF 1941	8. Cunranny	PriceLN 19: 6
	9. (Cöon·ranny)	
2015	10. Corainya	FNGS

C.

- ‘three fields’ X2.
- ‘They’re bits of fields’ ... ‘an area down round here down below’ Z1.

D.

D2. Meascán de thill eibhir (*TGr*; *AminSRPT*) agus bhuncharraig (*RckNCa*; *AminSRPT*).

D3. *iníor?*

E. Comhshamhlú /-nr-/ réamhaiceanta (1–4, 8, 9) → /-r-/ (5–7) idir 1941/1980 agus 2015; tuairimítear */-lr-/ → /-nr-/ trí chomhshamhlú *-l-r-n-* > *-n-r-n-* roimhe sin [→**E2.**]. Cf. /-lr-/ → /-r-/ in *bf Fail an Fhraoigh* (#[25637](#)) (*CM*): ‘Foyleree pronounced ‘File-ree’, with the ‘l’ hardly audible

²⁰¹ *Sic!* Ach [ɑ:l] faoi dhó díreach roimhe sin faoi ndear, is cosúil: ‘...that’s *all called Call*·rawnyeens’.

— almost ‘fiery’ *BPR* 85. Cf. *bf* **Cúil Raithneach** (#8512) (*Co*): ‘Coolrannagh’ (1791), ‘Coorannel’ (1841), [ku:r’anəl] (1955) (meititéis faoi ndear).

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. Éiginnte: **cúil** “corner, nook”. Suíomh an-éagsúil ó ***Cúil Mhic Aoidh** [GS2.163], sampla níos siúráilte den eilimint seo, ar seanghort é suite ag aomhal lána le sruthán. Éadócha: **cuan**. Is deacair ‘cuan’, sa bhrí a thuigtear le *bf* ***An Cuan Ard** [GS1.16], a dhéanamh amach anseo thuas. B’fhéidir: **ceann**, tabh. **cionn** “head” ar nós fhoirm oifigiúil an logainm sin, *bf* **Cionn Ard**.

E3. **raithneach**, gin. **raithní** “fern(s)” [*eDIL* s.v. **raithnech**]. Guagacht idir [-i:] agus [-i:n]: díol mór suntais cosúlacht na fianaise seo le *bf* **Gleann na Raithní** [TS.292]: ‘Glanarawny or the Ferny Glinn’ (1811), ‘Glenaranyeen’ *BS:AL*, ‘Gleann na Raithnidhe, the Ferney Glen (the natives)’ *EÓC:AL*; cf. ‘Cruckawn-a-ranyeen’ [**Cnocán na Raithní**] [*bf* **An Currach (CM)**] (1931); ‘Garnaranny’ [**Garraí na Raithní**] *BPR* 239. Cf. ***Cnoc an Raithin** [GS2.100].

Cf. ‘St. Joseph ... made a bed for them in the bracken. That is how the fern came to be holy ... Our Lady’s Fern’ *MHR* 91 (1943) .i. **raithneach Mhuire** “lady-fern .i. *Athyrium filix-femina*”; cf. ‘in the County of Wicklow, Fern is called *Raihneagh Muire*’ Threlkeld 1726.

E4. A: GORT + C: PLANDA

F.

- **-th-** caol láir — fadú cúitimh
raithní */ra^hn’i:/ → /ra:nji/.




Fig. 50: ***Cúil Raithní** [GS2.133] agus ***An Chlais (1)** [GS2.134] — léarscáil SO 25".



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.134 ***An Chlais (1)**

“the trench”

A.

1980	1. [dɜːˈklɑːʃ]	Z1a
	2. [dɜːˈklɒʃ]	Z6, Z7
2018	3. [dɜːˈklɑːʃ]	X1 (x2)
2021	4. [klɒʃ]	X2

B.

2015 5. Closh

FNGS

C.

- ‘people used to live there ... used to be houses there’ X2.

D.

D1. Seacht ngort ar leirg an tsléibhe os cionn Chaisleán Uí Cheallaigh suite idir dhá shruthán bheaga a ritheann as na Bánóga Bána [GS2.62] anuas (Fig. 50). Clais rite ar an sruthán thuaidh díobh díreach faoi bhun na ngort.

D2. Till eibhir.

E. clais “trench” [*eDIL* s.v. 1 **clas** (a)]. An chlais shuntasach faoi bhun na ngort atá faoi thagairt — talamh athmhíneithe ‘os cionn na Claise’/‘mar a bhfuil an Chlais’ [**clais**→**GS2.105**]. NB daoine ina gcónaí anseo faoi lár an 18ú haois ach gné aiceanta sa logainm.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

GS2.135 *An Bóthar (2)

“the lane”

Brl. *Kearney’s Boar*

A.

2021 1. [də'bo:ɹ] X2
2021 2. ['kæ:miz,bo:ɹ] X2

B.

2015 3. Kearney’s Bore *FNGS*
4. [Kearney’s] Boar

C.

- ‘bore is a lane’ X1.
- ‘at the fork ... Kearney’s Bore and Mahon’s [ma:nz] Bore ... people that own it now’ X2.

D.

D1. Lána beag. Brl. *Kearney’s Bank* taobh thiar de agus Brl. *Kearney’s Pasture* taobh thoir.

E. [**bóthar**→**GS1.42**].

E1. [A] *af* (III)

E3. Brl. *Kearney* < **Ó Cearnaigh**: cf. sa ghleann seo ‘Symon Carny’, ‘Caher Kerny’, ‘Donnogh Kerny’ *HMR* (1664) 434–435 (.i. 3 as 26 theaghlach i ‘Glasnemuky’ .i. an gleann ar fad is cosúil) (*Aguisín N*). Ní thagann **Ó Ceithearnaigh** i gceist sa taobh seo tíre.

E4. A: CUMARSÁID

F.

- **-th-** leathan

GS2.136 *An Cheapóg (1)

“the cleared plot of land”

A.

2018	1.	[ˈkʰap, ʌɔg] (in pausa) [a~æ]	X1 (x2)
	2.	[ˈkʰapɔg] (i dtús clásail i gcaint thapaidh)	X1
2021	3.	[ˈkʰapɔːg]	X2
	4.	[ˈkæ.miz, kʰapɔːg] (‘Kearney’s...’)	X2
	5.	[ˈzɔɪ, kʰapɔːg] (‘our...’)	X2
	6.	[zˈɪɛɪ.ks, kʰapɔːg] (‘O’Rourke’s...’)	X2

B.

2006	7.	? Cheapóg — <i>Cheapóg</i> “Little Green Plot”	<i>GR Scoil</i>
2015	8.	Capog	<i>FNGS</i>

C.

- ‘there’s Kearney’s ·Cappoge and then there’s *our* ·Cappoge’ X2.

D.

D2. Léibheann oigheardhobhrach; gairbhéal eibhir.

D3. *iníor*

E. ceapóg “field cleared of trees; tillage-plot” [*eDIL* s.vv. **cepp**, **ceppach** + **-óg**]. Coitianta sa ghleann. Achar mar ar glanadh crainnte amach as Coill na Brón fadó, sa chás seo, is cosúil, agus comhartha ar fheabhsú talún le linn na Gaeilge más ea. Níl muintir na háite cinnte go raibh aon úsaid churadóireachta sna páirceanna seo go stairiúil; b’fhéidir gur stuama an t-aistriúchán “cleared plot of land” dá bhri sin.

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: GORT + D: -ÓG

F.

- béim ar an gcéad siolla
- -óg le /o:/ soiléir
- G /ki-/ → Brl. /kj-/
- athrú teanga

GS2.137 *An Currach (2)

“the shrubby moorland”

Brl. *The Lodge Curragh*

A.

2018	1.	[dʒˈlʌdʒ, kʊɪɾɔk]	X1 (x2)
	2.	[dʒˈlʌdʒ, kʰɪɾɔk]	X1 (x2)
	3.	[dʒˈlʌdʒ, kʊɪɾɔk]	X1

B.

2015	4.	Lodge Curragh	<i>FNGS</i>
------	----	---------------	-------------

C.

- ‘not wet ... all grazed with sheep’ X1.

D.

D1. Gort fada caol cois Aill Mháirín lastoir ó dheas ('taobh thuas') de *Glenasmole Lodge* SO ([,kabz'la'dʒ] Z2).

D2. 'Granite sands and gravels; Gravelly; Glaciofluvial sands and gravels' *epa.ie*

D3. *iníor*

E.

E1. [A] *af* (III)

E2. [*currach*→**GS2.124**]

E3. Tá cuntas ar Heathfield Lodge, an teach mór a thóg Grierson i 1790, ag Nolan (1992). Ní sine an t-ainm Brl. *Lodge Curragh* ná 1790 mar sin. Ní fios an dtugtaí ***An Currach** ar an láthair roimhe sin.

E4. A: ÍSLEÁN

GS2.138 *An Gleann (2)

"the glen"

A.

2018 1. [dɪ'ɡlɪn]

X1

B.

2015 2. Glin

FNGS

C.

D. *Suíomh éiginnte.*

E. [*gleann*→**GS1.3**]

E1. [A] *alt+af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN




Fig. 51: *Clais na Muc [GS2.139] — faoi bhun léibheann oigheardhobhrach (ar chlé). Léarscáil cháilíocht talún anuas ar SO 25".



Tailte Éireann
Clárachán, Luacháil,
Súil, Meitheall,
RegISTRATION, VALUATION,
SURVEYING

© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.139 *Clais na Muc

“the trench of the pigs”

A.

2018	1. [ˈklɑːfnɜː mɒk]	X1
	2. [ˈklasnəˈmɒk]	X1
2021	3. [ˌklɑːfnɜːˈmɒk]	X2

B.

2015	4. Clashnamuck	FNGS
------	----------------	------

C.

- ‘boggy ground ... all ferns ... the stream is underneath it’ X2.

D.

D1. Paiste lom 2·514 ar bhruach thoir *Cot Brook* SO (féach Fig. 51).

D2. Till eibhir. Clais rite faoi bhun léibheann oigheardhobhrach.

D3. *raithneach, bogach*

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [clais→GS2.134]: Tá clais ar an sruthán faoina bhun seo; ní gá, mar sin, meascán le **glais(e)** “stream” a chur san áireamh (≠ *bf Glais na Muc/Clashnamuck* (#27822) (*La*)).

E3. [muc→GS1.14] Gin. iol. anseo ≠ *bf Glaise na Muice* (gin. u.) [GS1.14].

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINMHÍ (CLÓIS)

F.

- **-a(is)- /a(j)/ (gan bhéim)**
≠ **An Chlais** [GS2.134] */klɔj/ faoi bhéim.




Fig. 52: *Loisneach [GS2.131] agus *An Mhóin Gharbh [GS2.142] agus áiteanna darb ainm *An Inse (5) [GS2.140] cois na habhann. Léarscáil cháilíocht talún anuas ar SO 25".



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.140 *An Inse (5)

“the low-lying river-field”

[Brl. *Byrne’s Inch*]

D2. Talamh glárach cois abhann.

GS2.141 *Loiscneach

“burnt ground”

A.

2018	1.	[d̪əˈlʊʃˠ n̪ɑː]	X1
2021	2.	[ˈlʊʃn̪ək]	X2a
	3.	[ˈlʊʃn̪ək] (<i>in pausa</i> ; [k] leathchuimilteach)	X2
	4.	[ˈlʊʃn̪ək] (gnáthchaint)	X2

B.

2015	5.	Lushnagh	FNGS
------	----	----------	------

D.

D1. Gort 3·626 lastoir ó dheas de *Castlekelly Bridge (New)* SO; suite sa ladhar sruthán. **An Mhóin Gharbh** [GS2.142] lámh leis lastoir ó thuaidh — ainmníodh iad i bhfad sular tógadh an bóthar nua a scoilteann cuid mhaith seanpháirceanna anseo.

D2. Léibheann oigheardhobhrach in aice leis.

D3. *TGr*

E. loiscneach “parched, burnt ground” [*Dinn. s.v.*] (cf. *eDIL* s.v. **loiscech**). Tagairt do nós na nGael an talamh a dhó agus an luathreach a leathadh, b’fhéidir. Cf. ‘Lushnock’, ‘Lushnach’, ‘Leshnock’ ... ‘Loiscneach. Dry heath for burning ... Spring fires encouraged new growth of grass and herbs for high butter content in grazing cattle’ *FNKK* 122. Sampla eile: *bf Loiscneach/Lushkinnagh* ([#26992](#)) (CC): ‘loiscineach’ *pl:AL*; cf. *bf Loiscréán/Loskeran* [G] ([#49291](#)) (PL).

Éadócha: ***luisneach** “lush, luxuriant ground; herby, flaxy ground” (?) (an míniú ag *O’Kelly* (CC) [? < *eDIL* s.v. 2 **luisne**]).

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH

F.

- **-ch** /x/ > Brl. [k]
- ≠ guta cúnta

Thabharfadh an simpliú G */lʊʃgˠnˠax/ → Brl. /ˈlʊʃn̪ək/ le fios go raibh an logainm déshiollach sa Ghaeilge (≠ *bf Loiscneach* (CC)).

GS2.142 *An Mhóin Gharbh

“the rough bog(land)”

A.

1980	1. [ˌmʊŋˈgɔɹɐ]	Z1a
	2. [ˌmʊŋˈgɔɹɜ]	Z1a
2018	3. [ˌmʊŋˈgɑɹɪv] ([v] díghlóraithe beagán)	X1
	4. [ˌmʊŋˈgɑɹɪfs]	X1 (x2)
2021	5. [ˌmʊŋˈgɑɪf]	X2
	6. [tɛʊˌmʊŋˈgɑɪfs] ‘Two...’	X2 (x2)
2023	7. [ˌmʊŋˈgɑɹɐ]	X4, X6

B.

2006	8. Mungorives — <i>Móin Garbh</i> “Rough Bogland”	<i>GR Scoil</i>
2015	9. Mungoragh	<i>FNGS</i>
	10. Mungoribh	
	11. Mongorives	

C.

- ‘Oh, *rough* is the word!’ ... ‘No, not wet, it’s manageable’ X1.

D.

D1. Gort 8-698; an smut de *bf Cunard* taobh thiar den seanbhóithrín a ghobann isteach i dtuaisceart *bf Castlekelly*. An seanbhóithrín aduaidh ba theora thoir dó. Is léir gur chuid den ghabháltas seo ab ea an triantán laisteach den bhóthar nua (féach Fig. 52).

D2. *TGr* sa chuid thiar de; *GGr* sa léibheann oigheardhobhrach sa chuid thoir de; talamh salach corrach éagothrom. ***Loiscneach** [GS2.142] laistiar de ó dheas agus ***An Mhóin Mhór** [GS2.122] taobh thall den sruthán lastuaidh.

D3.

E. Cf. ‘*Móin Gharbh*’ *O’Kelly*; ‘Maoingarra’, ‘Móna Garra’ *FNKK*. Cf. *Brl. The Curse Meadows* [.i. *Coarse*] [GS2].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [móin→GS1.36]

E3. **garbh** “rough”: Níl aon sampla eile sa cheantar taighde. Cf. *bf Tamhnaigh Gharbh* (*CM*) i nGleann Crí; cf. an mionainm **An Currach Garbh** (*CD*): ‘Curra Gorra’ (1938) in Ó Glisáin 2023: 225. Ní hann d’aon *Mhóin Mhín/Réidh mar chodarsnacht (cf. faoi *bf An Móinéar* (#13553) (*Co*): ‘the Two Closes of Landes called Moneermeen & Monergarve’ [***An Móinéar Mín**, ***An Móinéar Garbh**] (1722)).

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (GARBH/MÍN)

E.

- **-bh leathan deiridh** tar éis leachtaigh

An fuaimniú dúchasach ag an gcainteoir is sine (1) agus beirt chainteoirí eile (7) ní foláir agus **-(r)bh** /-(r)ə/ mar a mbeifí ag súil leis sa taobh seo tíre. Díol spéise leagan (forcheartaithe?) an lae inniu (3–6).

Mionainmneacha Thiar



*Grianghraf 10: *An Bóthar Glas [GS2.145].*




Fig. 53: GS2 Mionainmneacha — Thiar.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.143 *An Currach (3)

“the shrubby moorland?”

Brl. *The Curraghs*

A.

2018	1.	[dʒ'kʊɾʰks]	X1
2022	2.	[dʒ'kʊɾɹ]	X3
	3.	[dʒ'kʊɾɜ]	X3
	4.	[dʒ'kʊɾɛks] (‘both [pronunciations] used’)	X3

B.

2015	5.	The Curraghs	<i>FNGS</i>
------	----	--------------	-------------

C.

- ‘not wet land at all’ X3.

D.

D1. Gort 4·395 os cionn an taiscumair; ar faobhar na faille ar léarscáil SO 6". Talamh éagothrom agus fána i dtreo na faille.

D2. Talamh tille (*TLPSsS*; *AminDW*; ‘Clayey’ *epa.ie*), faoi bhun an léibhinn oigheardhobhraigh (gaineamh agus gairbhéal) agus titim shuntasach ann.

E. [currach→GS2.127]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN




Fig. 54: *An Pháirc Mhór [GS2.144].



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.144 *An Pháirc Mhór

“the big field”

A.

2018	1.	[,pa:ɪk'vəɔɪ]	X1
2022	2.	[,pɔɪk'moə]	X3 (x2)
2023	3.	[,paɪk'vɑ:ɪ]	X4

B.

2015	4.	Parkvour	FNGS
------	----	----------	------

D.

D1. Gort 1·952 ar fhána an chnoic (faoi bhun an léibhinn oigheardhobhraigh).

D2. TLPSsS; AminDW.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [páirc→GS2.95]

E3. [mór→GS1.8]. Níl aon chuma rómhór ar an ngort seo anois [D1.] ach níl aon ainm ar na páirceanna timpeall air agus gach seans gur foroinnt faoi ndear (féach Fig. 54). Ní léir aon *Pháirc Bheag mar chodarsnacht.

E4. A: GORT + C: AIDAICHT (MÓR/BEAG)

F.

- claochlú tosaigh
- mh- leathan /v/

GS2.145 *An Bóthar Glas

“the green (overgrown?) lane”

A.

2021	1.	[,bʊ:ə(d)'las]	X2
2022	2.	[,boə'glas]	X3
	3.	[,boə-d'las]	X3
2023	4.	[,baʊɪ'glas]	X4
	5.	[,baʊɪ'glɔs]	X4

B.

2015	6.	Boardloss Lane	<i>FNGS</i>
------	----	----------------	-------------

C.

- ‘over there in Bal’mo’fin — it’s a green lane that goes up...’ X2.
- ‘an overgrown green lane’ X3.
- ‘it only went up to the ould pastures [‘pa:stə(s)] there, yeah, didn’t go up to the hill ... that’s a right of way up the pastures’ X4.

D.

D2. Fásta anois, faoi fhéar is sceacha (féach Grianghraf 10).

E. Sampla eile:

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [bóthar→GS1.42]

E3. glas (aid.) “green”: Cf. ‘the Glan·loss: perhaps *gleann glas*, ‘green glen’: compare Blaneloss’ *PNW* 259.

E4. A: CUMARSÁID + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- -th- *leathan*
- *béarlú aithriseach*
- *athrú teanga*

Seans go raibh an lána seo fásta sular ainmníodh é.

GS2.146 *An Cnocán (1)

“the little hill”

A.

2023	1.	[dɜ'kɪkɔ:n]	X4
	2.	[dɜ'kɪkɔ:n]	X4
	3.	[dɪ'kɪkɔ:n] (go tapaidh)	X4
	4.	[‘ʒʊɪ,kɪkɔ:n] ‘our...’	X4

B.

2015	5.	Crickon	<i>FNGS</i>
------	----	---------	-------------

C.

- ‘we have a ·Crickaun, there’s another one there ... over the Waterworks’ X4.

D.

D1. Ardán beag ag gobadh amach ar bhruach an taiscumair uachtaraigh.

D2. *TLPSsS; AminDW.*

E. Foirm de **cnocán** atá anseo [->F.]. Féach ***An Cnocán (2)** [GS2.169]. Cf. an guta fada in ***An Cnocán (3)** [GC.185]: ‘·Cruckawn’ (1939), [dʒˈkɹʊkɑːn] (2022). Maidir leis an bhforbairt i dtreo /i/ sa chéad siolla sa dá shampla i GS, cf. ***An Cnocán (4)** [TS.317]: ‘Crickaun’ (1957). (Cf. *bf Cnocán na nDraighneach* (#17184) (*BÁC*): ‘Cruckawnadreenagh’ *AL* (1837),²⁰² ‘Crucknadreena’ *TT* 42 (1990); ‘the ·Crockawn house’ *PNW* 51 = ‘the Cruckan Brook’ (c.1800) ar chúil Chipiúir *PNW* 300.)

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: ARDÁN +D: -ÁN

F.

- **cn-** /kr-/

Cf. ‘The Cruckawns’ (*CM*); ‘Cruckawnrúa’=‘Crocanrue’ (*CM*). Le forbairt go /i/ ‘Crickgarr’ (*CM*); ‘Kricknaweena’ (*CM*); ‘the ·Crickawns’ (*CM*); *bf An Cnoicín* (#54817) (*CM*): ‘Nickeen’. Cf. ‘*cnocán na mullach*’ *pl:AL*=‘Cruickeen a Mollagh’ *Rec. Name:AL (IM)*. Cf. *Crickeen* (x2), ‘Cnoiceán’ *FNKK*.

- **Brl.** /ɪ/

- **-án**

Ba dhóigh leat ar an bhfuaimniú go dtuigeann muintir na háite é mar a bheadh Brl. *on* ina dheiridh, rud faoi ndear an litriú (5) ní foláir.

GS2.147 *An Móinéar

“the meadow”

A.

2023	1. [ˈmaʊnjə]	X4
	2. [ˈmaʊ,njɜː]	X4

C.

- ‘·Moanier! Did I give you that? At the corner ... Fellow bought that field but died before he could do anything with it’ X4.

D.

D1. Gort 1·856 i ngabhal na lánaí in oirthear *bf* An Baile Mór.

D2. *TMp*

D3. *raithneach*

E. **móinéar** “meadow” [*FGB* s.v.; *Dinn.* s.v. **móinfhéar**]. An t-aon sampla amháin sa tacar logainmneacha seo.

E4. A: GORT

²⁰² Díol spéise an nóta seo a leanas ag an Donnabhánach agus é ag socrú litriú oifigiúil Béarla don logainm seo: ‘Crockaunadreenagh JOD. [*cnocán*] made Crockan and Knockan in the North’ *ÓD:AL*.

F.

- béim:

Gan a bheith cosúil le [mu:ˈnʲe:r] na Mumhan (*Log. na Rinne* 20) ach gan aon ghiorrú sa dara siolla; díreach mar a bheadh Brl. *moanier* .i. breischéim < aid. *moany* ‘tugtha don ghearán’.

GS2.148 *An Pháirc (4)

“the field”

B.

2015	1. The Park	<i>FNGS</i>
	2. Maher’s Park	

D.

E. [páirc→GS2.95]

E4. A: GORT

GS2.149 *Fearann an Ghréasaí

“the landholding of the shoemaker, embroiderer”

A.

1980	1. [ˌfaːɪnɐˈɡʲeɪsˠ]	Z1a
2023	2. [ˌfɛ.ɪnɜːˈɡʲeɪsɪ] (fiafraíodh faoi <i>Farna</i> -[ˈɡʲeɪs])	X4

B.

2015	3. Farnagragie (Shoemaker’s Lane)	<i>FNGS</i>
------	-----------------------------------	-------------

C.

- ‘under the road here ... a little field ... [Billy’s Ground and Maher’s Park] are all the one ground’ X4.

D.

D1. Gort 1·756 agus sruthán gan ainm lastuaidh de a shníodh trí chlais rite síos go dtí an abhainn.

D2. Till ghaineamhchloiche agus scealla (*TLPSsS*; *AminDW*). Ní fios go baileach cáilíocht na talún cois na Dothra sular tógadh an taiscumar ach is inmheasta gur thalamh glárach nó b’fhéidir oigheardhobhrach a bhí ann.

D3. *capaill*

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [fearann→GS2.94]

E3. gréasaí “shoemaker, embroiderer” [*eDIL* s.v. grésaide]. Tá bunús an cháilitheora nach mór cinnte ach díol spéise foirm aonsiollach (1). Cf. Sampla eile sa cheantar taighde: *Páirc an Ghréasaí [GC.240]: fána cois abhann sa chás úd chomh maith — comhtharlú is cosúil, i gceantar seo na ngleannta. Cf., b’fhéidir, Brl. *The Tailor’s Garden* [GS2].

E4. A: GORT + C: DUINE



Grianghraf 11: *An Aill Mhór [GS2.150]

GS2.150 *An Aill Mhór

“the big cliff”

A.

2023	1. [ˌɐil'vaːɪ]	X4
	2. [ˌɐil'vaɔɪ]	X4
	3. ['aɪl'voːɪ]	X4

B.

1937	4. Oil Vogar ²⁰³	<i>BnS</i> 0795.013
------	-----------------------------	---------------------

C.

- ‘an old pasture, he has the ferns gone off it’ X4.
- ‘very steep’ X2.

D.

D1. Gort 4.725 suite ar fhána an-ghéar os cionn an lána, gar do theorainn *bf* An Baile Mór le *bf* Glaise an Mhulláin. Claiseanna cuíosach rite is teora thuaidh agus theas dó.

E. Ní aill i mbunbhrí an fhocail atá anseo ach mar a bheadh log an-ghéar sa chnoc. Seans gur do shruthán den dá shruthán rite a thagraíonn an t-ainm. Sampla eile den ainm céanna: ‘Aellevore’, ‘Alevore’ (1527) *PNW* 330 = ‘the steep cliff above the river at the west side of Kilbride’ (*CM*); cf. ‘Oyledarrig’ *ibid.* 166.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- défhoghar

²⁰³ *Sic*, féach Fig. 38.

GS2.151 *Currach Cathail

“the wet land(?) of Cathal”

A.

1980	1. [ˌkʊɪɜ̃ˈkɑːl̪] (~[kʷɜ̃ɪɜ̃-], [k] beagán cuimilteach)	Z1
	2. [ˌkʊɪɜ̃ˈkɑːl]	Z2, Z4
2018	3. [ˌkʊɪɜ̃ˈkɑːl]	X1
2022	4. [d̪ɜ̃ˌkʊɪɜ̃ˈkɑːl̪]	X3 x2
2023	5. [d̪ɜ̃ˌkʊɪɜ̃ˈkɑːl̪] (NB fiafraíodh faoi <i>Curra</i> -[ˈkɑːl̪])	X4
	6. [ˌkʊɪɜ̃ˈkɑːl̪] (gnáthchaint)	X4
	7. [ˌkʊɪɜ̃ˈkɑːl̪] (~[ɑ̃])	X4

B.

1937	8. Corrach eal ²⁰⁴	<i>BnS</i> 0795.013
2006	9. ? Cora Caol — <i>Cora Caol</i> “Narrow Weir”	<i>GR Scoil</i>
2015	10. Curracall	<i>FNGS</i>
	11. Curracaught, Curracaw	

D.

D1. Goirt 2·144, 2·422, ·227, 1·133 agus b’fhéidir 1·646 in imeall thuaidh *bf* Glaise an Mhulláin ar leirg thoir an Aird.

D2. Till ghaineamhchloiche agus scealla (*TLPSsS*; *AminDW*).

E. Éiginnte. B’fhéidir gur cheart é a dheighilt mar a bheadh **currach** + /ɑː(̃)l/ .i. [A2+A1] *af-af* (V) ach ní léir aon cháilitheoir sásúil dar tús guta, **c(h)-** nó **f(h)-**. Is an-éadócha **currach** i gcomhshuíomh le **aill** “cliff”, amhail **An Chúlfhail** [G] (#[1394149](#)) (*Ci*): [ə̃n xuːˈlail̪’], **An Mhaoirail** [G] (#[1436368](#)) (*PL*): [ə̃(N)veːˈrail̪’]. Ná ní réiteodh [ɑː] sa siolla deiridh le ***Corrchoill**.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [**currach**→**GS2.124**]. Tabhair faoi deara suíomh na háite seo agus ***An Currach (3)** [GS2.143] .i. os cionn an taiscumair agus taobh thíos de na cnuasbhailte.

E3. Cathal, gin. C(h)athail (ainmp. fir): Níl aon sampla eile agus ní léir an t-ainm pearsanta seo i measc na nGael sa taifead stairiúil (murab ionann is **Cathaoir**, cuir i gcás). Cf. *bf* **Cill Mhic Cathail** (#[27019](#)) (*CC*): ‘*cill ma cathail*’ *pl:AL*, [kilmiˈkaːl] (c.1980); *bf* **Cúil Uí Chathail** (#[53972](#)) (*LG*): [kuːliːˈkaːl] (2003); ***Curracha Mháirtín** [GC.214].

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINM

F.

- **-th- láir**

GS2.152 *Fearann na Scológ

“the land(-holding) of the tenant farmers”

A.

2018	1. [ˌfæ̃nɐˈsgolɐɔ̃ɡs]	X1
	2. [ˌfæ̃nɐˈsgolɐɔ̃ɡs]	X1
	3. [ˈfɛ̃.nɐˌsgolag]	X1
2022	4. [d̪ɜ̃ˌsbaliks]	X3

²⁰⁴ *Sic*, féach Fig. 38.

- | | | |
|------|--|---------|
| 2023 | 5. ['sgaliks] (ceartú ar ·Spollicks) | X4 |
| | 6. ['sgaliks] (gnáthchaint, agallamh eile) | X4 (x2) |

B.

- | | | |
|------|------------------------|------|
| 2015 | 7. Fern Na Scallogoues | FNGS |
|------|------------------------|------|

C.

- ‘Fern Na Scallogoues. Borders Scallogoues Road and Waterworks.’ FNGS.
- ‘it’s a hill on the road ... all ferns ... an area of road’ X1.
- ‘Curra·coyle, yeah, the ·Spollicks is down there too’ X3 [ag cuimhneamh ar logainmneacha i nGlaise an Mhulláin].
- (Looks steep down there!) ‘Oh it’s a big ould steep— ... sheep wouldn’t even graze it!’ X4.
- [Ag tiomáint an lána aneas os cionn na ngort seo] (So are we still over the ·Scollicks?) ‘No, no, they end at Curra·call’ X4.

D.

D1. Na goirt ·506, 1·580, 1·489 idir an lána agus an taiscumar.

E. Tá an áit seo suite beagnach os comhair ***Fearann an Teampaill** [GS2.105] ar bhruach thall na Dothra, ach iad araon i *bf* Glaise an Mhulláin. Threiseodh sé seo **scológ** mar cháilitheoir, agus an chodarsnacht tuata/eaglasta i gceist. Díol mór suntais, mar sin, i bhfianaise gach sampla eile de **-óg** nó de **-án** i logainmneacha an cheantair thaighde, an fuaimniú ['sgaliks] < **scológ** ar an láthair inniu.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [fearann→GS2.94]

E3. [scológ→GS2.96]

E4. A: GORT + C: DUINE

F.

- **-óg** → Brl. [-ik]




Fig. 55: ***Raithéan** [GS2.153] agus ***Páirc Raithin** [GS2.154].



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.153 *Raithean

“bracken”

Brl. *The Ryne*

Brl. *The Ryne Lane*

A.

2018	1. [dʒ'ɹa,hi:n]	X1
	2. [,rɐɪnɐɹa'hi:n] ‘Ryne or Raheen’	X1
2021	3. [dʒ'ɹain]	X2a
	4. [dʒ'ɹain]	X2
2022	5. [ɹain]	X3
	6. [,ɹɐ'hɑ:n] or [,ɹɐ'hi:n] (‘some of them’)	X3
2023	7. [dʒ'ɹaiⁿn]	X4
	8. [dʒ'ɹain]	X4
	9. [dʒ'ɹai'n]	X4

B.

2015	10. Ryne	<i>FNGS</i>
	11. Ratheen	
	12. Ratheen Lane	
	13. The Ryon	

C.

- ‘The Ryne or Raheen ... two different families pronounce it different’ X1.
- ‘a field, well it’s a [section of the] road used to be called The Ryne [dʒ'ɹain], a lane, it’s kind of a continuation of Bal’mo’fin Lane’ X2.
- ‘a field ... and the road’ X4.

D.

D1. Goirt 1·397 agus 1·347 idir an dá lána ar theorainn *bf* An Baile Mór le *bf* Glaise an Mhulláin.

E. Éiginnte. Is dóichí **raithean** “bracken” bunaithe ar an bhfianaise áitiúil [→**D1.**] [→**GS2.100**]. Is réasúnta a mheas go bhfuil an t-ainm seo gaolmhar le ***Páirc Raithin** [GS2.154] atá díreach laistean den chuid seo den lána, ach ba rí-ait an t-ainm é **raithean** “bracken” ar lána. B’fhéidir: **roinn** “(land-)division, share, lot, portion” [*eDIL* s.v. **rann** I (c)]. Éadócha: **rian** “track” [*eDIL* s.v. **rían** (b)]. Cé go mba inmheasta an fhorbairt G /riən/ > Brl. */ri:n/ > Brl. /rain/ de bharr Athrú Mór na nGutaí (cf. ***An Stiall** [GS2.107]) tá sé soiléir go leor gur thug an pháirc ainm don lána.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH?

GS2.154 *Páirc Raithin

“field of bracken”

A.

2018	1. [ˈpa:ɹk'ɹain]	X1
	2023	2. [ˌpaɹk'ɹain]
	3. [ˌpɹɹk'ɹɐiⁿn]	

B.

- | | | |
|------|-----------------|-------------|
| 2015 | 4. Pairc Ryan | <i>FNGS</i> |
| | 5. [Pairc] Ryon | |

C.

- (Decent land?) ‘Oh no, ferns!’ X1.

D.

D1. Gort beag cearnógach 1·262 cois bóthair, ag gobadh amach go suntasach as *bf Ballymorefinn* isteach in *bf Glassavullaun*. Fásann raitheach go rábach sna goirt anseo timpeall ach tá an áit féin glanta le fada.

D2. Till eibhir (*TGr; AminDW; Acid Brown Earths, Brown Podzolics*) i dteorainn le screathan os a chionn laistiar.

D3. *raitheach*

E.

E1. [A+C] *af+af* (V)?

E2. [páirc→GS2.95]

E3. [raithean→GS2.100]. Éadócha: **Ó Riain**, gin. **Uí Riain** (sloinne) (→ Brl. *Ryan*). Níl mórán fianaise ar an sloinne seo a bheith seanbhunaithe sa ghleann; féach, áfach, gur le muintir Brl. *Ryan*
*An Pháirc Mhór [GS2.144] tamaillín ó thuaidh i *bf An Baile Mór* aimsir *GVal*.

E4. A: GORT + C: PLANDA

F.

- -th- caol

GS2.155 *Cúilteog

“(little) nook, hill-back?”

A.

- | | | |
|------|-----------------------|----|
| 1980 | 1. [ˈkʷ.ɪ.ˈtoːg] | Z1 |
| | 2. [ˈkʷ.ɪ.ˈtʰoːg] | Z1 |
| | 3. [d̪ʰ.ˈku.ˈtoːg] | Z4 |
| 2022 | 4. [d̪ʰ.ˈkʷ.ɪ.ˈtoːg] | X3 |
| 2023 | 5. [d̪ʰ.ˈkʷ.ɪ.ˈtoːg] | X4 |
| | 6. [d̪ʰ.ˈkʷ.ɪ.ˈtʰoːg] | X4 |

B.

- | | | |
|------|----------------------|--------------------------------|
| 1937 | 7. <i>Curt óg</i> | <i>BnS</i> 0795.013 |
| 1992 | 8. <i>Cuairteóg</i> | Nolan 1992: 221 ²⁰⁵ |
| 2015 | 9. <i>Couttoge</i> | <i>FNGS</i> |
| | 10. <i>Cutogough</i> | |
| | 11. <i>Cootage</i> | |
| 2023 | 12. <i>An Coutóg</i> | Ainm tí |

C.

²⁰⁵ NB gabhann Nolan buíochas le cainteoir Z1 agus le muintir Z4 san alt seo.

- ‘that small one there with the kind of—’ Z1 (2). Seans gurbh ann don dara sampla, gar do Mhóin an Tobair: ‘a small place here called ‘Coortoge’ Z1 (1) (14 nóiméad roimhe sin san agallamh).

D.

D1. Gort 1·236 os comhair an bhóthair ó *Pháirc Raithin [GS2.154] (Fig. 55). Fána ghéar go leor ann. Ar shuirbhé 1771 tá an gort seo 1·236 roinnte ina thrí stráice, comhthreomhar leis an stráice ·442 atá fós ann inniu.

D2. Till eibhir (*TGr; AminDW*).

E. Éiginnte. Tá formhór na bhfoirmeacha béarlaithe is sine (1, 2) agus an fhoirm is logánta (5, 6) go láidir ar son consan leachtach roimh /-t-/. Ní bheadh mórán dealraimh le comhshuíomh den déantús ***cuairt** “circle; enclosure; circuit” (?) [*eDIL* s.v. 1 **cúairt**] ná **cúirt** “court, manor” [*eDIL* s.v.] + **-óg** mar ainm ar stráice caol arúil.²⁰⁶ **B’fhéidir:** ***cúilteog** “(little) nook, hill-back (field)” [*eDIL* s.v. **cúl** + **-óg**] le forbairt /-lt-/ → /-rt-/. Cf. ‘the ·Cooltöges ... name of a field in Dunboyke’ [par. Chillín Chaoimhín] *PNW* 214 (*CM* 15), ‘The ·Cooltoge. A local name in Barnacleagh: pronounced ‘kultho:g’ [par. Chill Achaidh Urláir] *PNW* 489 (*CM* 40). Tharla an fhorbairt chéanna i gcás *bf* **Cúiltín Curraigh** (#53013) (*LG*): ‘Cultincurie’ (1654), ‘Cultincurry’ (1711), ‘Cooltincurrough’ (1758), ‘Courteencurragh’ *BS:AL*, ‘Coochincurragh’ *Common Usage:AL* (*LnÉ* IV s.n. *Courteencurragh*). Tuairimíonn Ó Crualaoich agus Mac Giolla Chomhghaill forbairt ó infhillleadh déadach de **cúl** “back” seachas **cúil** “nook” i gcás leithéid **cúilte**, **cúiltín** (*ibid.* s.n. *Cools*). Más ea, is é ***An tArd** [GS2.157] an ghné aiceanta a bhfuil an pháirc seo ar a chúl.

An-éadócha: meititéis < ***cro(i)t(e)óg** .i. **crot** “protuberance” nó ***croite** “croft” + **-óg**; ***curthóg** “(little) tillage-field” [*FGB* s.v. **cur**¹ (2); *eDIL* s.v. 1 **cor** (1) + **-óg**], le forcheartú sa bhéarlú ó */korho:g/ → /rθ/, /rt/?

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH? + D: -ÓG

F.:

- **-óg soiléir**
- **béim**

GS2.156 *Crosóg (2)

“(little) cross(-field)?”

A.

1980 1. [ˈkɪɪso:g]

Z1a

B.

1992 2. ? Criosóg

Nolan 1992: 224

²⁰⁶ Féach Aguisín E.

C.

- ‘Glassavullaun[’s] arable fields having Irish names such as Críosóg and Cuaireóg’ Nolan 1992: 224.

D. Suíomh anaithnid. Tá sé le tuiscint ón gcomhthéacs go bhfuil Z1 ag sonrú an dara sampla den logainm seo ar an taobh thiar den ghleann freisin [→**GS2.128**], agus é ag caint faoi logainmneacha i nGlaise an Mhulláin (i ndiaidh An Charraig [GS1.12] agus *An Bhearna Bheag [GS2.164], agus roimh *Cúil Mhic Aodha [GS2.163] agus *Garraí Fhearaís [GS2.164]). NB Sholáthair Z1 logainmneacha do Nolan (1992) [→**C**].

E.

E1. [A+D] *af* (III)

E4. C: AIRGEAD?

GS2.157 *An tArd

“the height”

A.

1980	1.	[di'(j)v:ʲɪd]	Z1a
	2.	[v:ʲɪd]	Z1a
	3.	[d̪i'ɑ:ɪd]	Z4
	4.	[dɑ:ɪd]	Z2
2018	5.	[ˈdʒɛɔnzɪs,ɑ:ɪd] ‘Jones’s...’	X1
	6.	[v.ɪdz]	X1
2023	7.	[dɪ'(j)q̪:ʲɪd]	X4
	8.	[dɪ'(j)q̪i:ɪd]	X4

B.

1938	9.	ord	<i>BnS 0795.013</i>
2006	10.	The Ord — <i>An Aird</i> “The Height”	<i>GR Scoil</i>
2015	11.	The Oard	<i>FNGS</i>
	12.	[The] Ord	

C.

- ‘mountain land ... farmed ... potatoes and all sowed in it’ X1.
- (Would the Oard be higher than the surrounding land?) ‘Nah, no, no. It wouldn’t jump off the landscape at you or anything like that’ X1.
- ‘Ah it’s just a field, they call it the [dɪ'(j)q̪i:ɪd]’ X4.

D.

D1. Meall mór a bholgann as an gcnoc agus a bheadh ní ba shuntasáí fós sula raibh an taiscumar ann.

D2. Till eibhir (*TGr; AminDW*) os cionn léibheann oigheardhobhrach.

E. Ní dócha gurb ionann is ***Ard na Croise** [GS2.85]. Ní leor d’fhianaise na sleamhnáin láidre (1, 7, 8) ar son **aird** ‘gob, rinn’ (cf. *Dinnseanchas* I 79–86) — is cosúil gur tionchar *r*-neasach na canúna Brl. faoi ndear [→**F**].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

F.

- /a~v/
- neasach Brl. [ɪ] le sleamhnán [i]




Fig. 56: *An Ghabhlaigh Mhór [GS2.158] cois taiscumair inniu agus cois abhann sa 19ú haois. Léarscáil cháilíocht talún anuas ar SO 25" (ar chlé) agus SO 6" lú eag. (ar dheis).



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.158 *An Ghabhlaigh Mhór?

“the big river-fork?”

A.

2018	1. *[garə'mv:ɪ] (á léamh)	X1
2022	2. *['garɛmv:ɪ] (tar éis don taighdeoir é a rá)	X3
2023	3. [dɜ'galɛ'mav:ɪ] (ag ceartú <i>Garra-more</i>)	X4
2023	4. [dɜ'galɛ'mav:ɪ] (gnáthchaint)	X4 (x2)
	5. ['galɛ'mv:ɪ]	X6

B.

2015	6. Garramore	FNGS
	7. Grallemore	
2019	8. Garramore	EastWest

D.

D1. Bhí achar ní ba mhó sa ghort 3-446 acra seo tráth, agus sruthán ar an teorainn theas (Fig. 56). Fána rite i dtreo na habhann agus talamh éagothrom ann.

D2. Léibheann oigheardhobhrach (*GGr*; *AminSW*) faoi bhun till eibhir (*TGr*).

E. Éiginnte. Is deacair an dá fhoirm in *FNGS* a réiteach lena chéile ach is foirmeacha in /-l-/ a chualathas ar an láthair, gan aon sampla de /gal-/ ná de /gar-/ [→E2.].

E1. [A+C] *af+aid* (II)?

E2. [gabhlaiġh→GS2.92] B'fhéidir: **garraí** “garden”. Cé nár chualathas foirmeacha in /-r-/ (6, 8) ar an taobh seo den ghleann níl forbairt [r] → [l] as an áireamh.

E3. [mór→GS1.8]

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

GS2.159 *An Pháirc (5)

“the field”

Brl. *The Parks*

A.

1980	1.	[dʒ'pæ:ɪks]	Z4
2023	2.	[dʒ'pæ:ɪks]	X4

C.

- (And is there any name on the kind of hill up the top of that lane, over the top of it, a bit of a lump of a hill?) That's the Parks they call that. (But there's no name for the hillocky thing itself, that's part of the Parks?) Yeah yeah.

D1. Goirt -401, -495 ag bun Chnoc an Bhaile Mhóir os cionn T-acomhal i nGlaise an Mhulláin.

E. [páirc→GS2.95]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT




Fig. 57: Dlús mionainmneacha i nGlaise an Mhulláin: *Graibhéal [GS2.160], *An Croite (3) [GS2.161], *Croite na hÁithe [GS2.162], *Cúil Mhic Aodha [GS2.163], *An Bhearna Bheag [GS2.164], *An Cheapóg (2) [GS2.165], *Caisiar (1) [GS2.166], *Garraí Fhearais [GS2.167], *An Cnocán (2) [GS2.169], *An Pháirc Chaol [GS2.170]; *An Pháirc (5) [GS2.159] os cionn an bhóthair thiar.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GS2.160 *Graibhéal

“gravel?”

A.

1980	1.	[d̪ʰ'gɪɑː've:l]	Z2
	2.	[d̪ʰ'gɪɑː've:l]	Z2
2018	3.	[,gɪɐ̯'ve:l]	X1
2023	4.	['gɪɑː'veɪl]	X4 (x2)
	5.	[d̪ʰ'gɪɑː'veɪl]	X4
	6.	[d̪ʰ'gɪɑː'veːl]	X4

B.

1937	7.	Gravale	<i>BnS</i> 0795.013
2015	8.	Gravale	<i>FNGS</i>
	9.	Gravile	

C.

- ‘you know, where you shear the sheep’ X4 [suíomh á mhíniú do dhuine eile i láthair].

D.

D1. Gort 1·705 ag cúinne Lána Ghlaise an Mhulláin.

D2. Till.

D3. *ainmhithe*

E. Éiginnte. Struchtúr [A] *af* (III) is dócha. D’fhéadfaí **graibhéal** “gravel” [*eDIL* s.v. **graibél**] a mheas, le fadú an chéad siolla de bharr na béime, ach ní bheadh a leithéid d’ainm oiriúnach ar an talamh tille seo. (Cf. freisin Brl. *The Back Gravel* [GC]: [d̪ʰbakˈɪav̪] (Y5) (‘on the back of the hill ... kind of stones up there’).) Sampla eile: *sl Graibhéal* ([#113100](#)) (*CM*), ach seans gur giorrúchán é sin ar **Carraig Dhroibhéil** “rock of (the) difficult ground” (?‘*co Carraic nDroibeoil*’ (c.1100)).

Éadócha: Toisc an phatrúin bhéime is beag an seans gur coimriú é seo ar struchtúr [A+C] *af+alt+af* (I) nó *af+af* (V) dar céadeilimint **garraí**.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH?

GS2.161 *An Croite (3)

“the croft”

A.

2018	1.	['gɪθ̪ɐ̯]	X1
2023	2.	[d̪ʰ'gɪh̪ɜː]	X4 (x3)
	3.	[d̪ʰ'gɪɐ̯h̪ɜː]	

B.

1937	4.	? Grittor	<i>BnS</i> 0795.013
2015	5.	Gritta	<i>FNGS</i>
	6.	Gretta	

D.

D1. Gort beag ·351 sa choirneál thoir theas de ***Graibhéal** [GS2.160], b'fhéidir, ach i 1771 bhí fo-ghort sa chuid thoir thuaidh den pháirc chéanna. Tá ***Croite na hÁithe** [G2.162] taobh thall den bhóthar de, pé ar domhan de.

D2. Till eibhir sa chuid is mó de; smut gairbhéalach ar imeall an léibhinn oigheardhobhraigh sa chuid thoir de.

E. [**croite**→GS2.97]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT

GS2.162 ***Croite na hÁithe**

“the croft of the kiln”

A.

1980	1. [ˌɡɪɾʲnɜ́ːhɑː]	Z2 (x3)
2023	2. [ˌɡɪɾʲnɜ́ːhɑː]	X6

C.

- ‘It’s only a paddock down here, now, under the door. That’s the name of it. That’s the name that was on it when *I* got to know it, anyway’ Z2.
- ‘Back up the lane’ X6.

D.

D1. Gort ·611 os comhair an tí feirme is sia siar i gcnuasbhaile Ghlaise an Mhulláin.

E. Bíodh is go bhfuil an cáilitheoir an-éiginnte, is tábhachtach an logainm é seo toisc gur cruthúnas é go raibh ***croite** → Brl. /ɡɾɪtə/ bisiúil sa Ghaeilge tráth dá raibh.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**croite**→GS2.97]. NB an cur síos ‘only a paddock’ [→C.].

E3. **áith**, gin. **áithe** “drying-kiln” [*eDIL* s.v. 2 **áith**]: Níl aon sampla eile sa cheantar agus is cosúil nach bhfuil aon iarsmaí dá leithéid anseo.

E4. A: GORT + C: FOIRGNEAMH (TUATA)



Grianghraf 12: *Cúil Mhic Aodha [GS2.163]

GS2.163 *Cúil Mhic Aodha

“the corner, nook of Mac Aodha?”

A.

1980	1. [ˌkʷ:lʲɜːˈki:]	Z1a
	2. [ˌkʷ:lʲ.ɐ.ˈki:]	Z1a
	3. [ˌkʷɔlʲɜːˈki:] ([ɛʊ]~[y:]!)	Z3
	4. ?[ˌkʷ:nʲɜːˈki:°(l)]	Z2
	5. ?[ˌkʷ:nʲɜːˈki:ə]	Z2
2018	6. [ˌkʷɔlʲɜːˈki:]	X1
2023	7. [ˌkʷ:lʲɜːˈki:]	X6

B.

(1771	8. [‘Common’ 1a-0r-0p]	Suirbhé 1771)
2015	9. Coolakee	FNGS
	10. Coolekey	

D.

D1. Goirt 1·255, ·408, 1·161 cois shruthán na Carraige lastuaidh, corrach go leor agus a lán iarsmaí de chlaíocha cloiche ann. De réir mar is féidir amach sa chomparáid idir léarscáileanna an lae inniu agus Suirbhé 1771 sa Leabharlann Náisiúnta, níor chuid den choimíneacht bheag é seo an uair úd.

D2. TGr

D3. caoirigh

E.

E1. [A+C] af+alt+af (I)

E2. [cúil→GS2.133]

E3. Mac Aodha (sloinne/ainm ath.): Cf. ‘Elicibeth ne Key de ffreerton’ [**Eilís Nic Aodha**, bf Baile na mBráthar] (1587). B’fhéidir: **An Caoch**, gin. **an Chaoich** (leasainm) “the (pur)blind person” [eDIL s.v. cáech II]: cf. bf/sl **Coill an Chaoich** (BÁC), idir GS agus GC; cf. ‘Glana·kee’ [sl Mullach Cliabháin] PNW 238. An-éadócha: **céachta** (?): Forbairt eisceachtúil é bf **Cúil an Chéachta** (#55110) (CM) → Coolakay.

E4. A: GORT + C: AINM

F.

- meascán consan sa bhéarlú: (4, 5)

GS2.164 *An Bhearna Bheag

“the small gap, pass”

A.

1980	1. [ˌbʲeː.ɪnʲəˈbʲeɡ]	Z1a
	2. [ˌbʲeː.ɪnʲəˈbʲeɪɡʲ] (<i>sic!</i>)	Z1a
2018	3. [ˌbʲe.ɪnʲəˈbʲeɡ]	X1
2023	4. [ˌbʲeː.ɪnʲəˈbʲeɡ]	X6

B.

2015	5. Bernabeg	FNGS
------	-------------	------

C.

- ‘small field ... three-cornered one’ Z1.
- ‘just down the end of the lane here’ X6.

D.

D1. An bhearna .i. an lána suas go dtí an cnuasbhaile i nGlaise an Mhulláin, a thug ainm don ghort seo ·610. NB gearrann an lána seo sean-implíne na bpáirceanna anseo: is déanaí ainm na bearnan ná bunú na bpáirceanna, ba dhóigh le duine.

E. Sampla eile den ainm céanna: ‘The place where the road crosses the ridge in Cloghoge ... is called Barna·veg’ [*bf* An Chlochóg] (*CM*) PNW 507n = ‘Barnaveg, second turn beyond Sallygap’ PriceBL/CGT 8 (1946).

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [bearna→GS1.48]. Maidir leis an bhfuaimniú in /e/, /ɛ/, cf. *bf* **Baile na Bearna/Ballynaberney** (#52586) (*LG*): ‘*Bérna* here is the same as *Bárna* in the County of Kilkenny’ *ÓD:AL* (1840); *bf* **Bearna Chaisil** (#55788) (*CM*): ‘A farmer in Boley ... pronounced Barnacashel as if spelled ‘Bernacashel’” PriceLN 9: 38 (1930).

E3. [beag→GS2.115] An t-ainm seo i gcodarsnacht leis na bearnaí sléibhe, b’fhéidir. Ní léir aon *Bhearna Mhór sa chomharsnacht. Féach an claochlú tosaigh caomhnaithe in ‘Barnaveg’ PNW 33.

E4. A: CUMARSÁID + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- -ea- /ɛ/

GS2.165 *An Cheapóg (2)

“the tillage-plot”

A.

1980	1. [kaˈpoːɡ]	Z1
	2. [ˈkʲapɔːɡ]	Z2
2018	3. [ˈkapˌɔːɡ]	X1 (x2)
2022	4. [dʒˈkaˌpoːɡ]	X3 (x2)

2023	5.	[dɪ'kap, aɔg]	X4 (x2)
	6.	[dɪ'kap, aɔgz] [k~ki]	X4

B.

2015	7.	Cappoge	FNGS
------	----	---------	------

C.

- ‘The ·Coshier, [Brl.] *Down the Field*, then the ·Cappoges — all the same bit of ground, just fences separating them’ X4.

D.

D1. Dhá ghort ·610 & 2·910 lastoir den lána faoi bhun chnuasbhaile Ghlaise an Mhulláin.

D2. Till eibhir (*TGr; AminDW*) ar bharr an léibhinn oigheardhobhraigh (*GGr; AminSW*).

E., F. [ceapóg→GS2.136]

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: GORT + D: -ÓG

GS2.166 *Caisiar (1)

“(deliberately) fallow land (*lit.* overgrown lea-land)?”

A.

1980	1.	[d̪ɜ, kaɟ' i:ɪ]	Z4
	2.	[d̪ɜ' kaɟ' i:ə]	Z3
2022	3.	[, kaɟ' i:ə]	X3
	4.	[kaɟ' i:ə]	X3
2023	5.	[d̪ɜ' k̪.ɟiə]	X4 (x2)
	6.	[d̪ɜ' k̪ ^h .ɟi:ə] (aithris ar an taighdeoir?)	X4
	7.	[d̪ɜ' kaɟiə]	X4
	8.	['ka.ɟiə]	X5

B.

2015	9.	Coisear	FNGS
------	----	---------	------

C.

- ‘a nice, tidy little field’ Z2.
- ‘fairly level, and a little stream running down the middle of it’ Z5.
- (And what kind of stuff would have been in the ·Coshier or what kind of stuff would it be used for?) ‘It was only a hold-up for ... sheep. That’s all it was. Used to put the sheep in and lock them up when you’d be shearing or dipping’ X4.

D. Scioból mór nua a bheith tógtha sa ghort beag ·397 trasna an lána ó Chúil Mhic Aodha [GS2.163] faoi ndear an aimsir chaite ag X4. Is cosúil ó chuntas Z5 go raibh goirt ·464 agus 1·047 i gceist chomh maith.

D3. *caoirigh*

E. ***Caisiar** < **caisfhiar** “dense, overgrown lea-land?” [*eDIL* s.vv. 1 **cas, fíadair**] (*pace Dinn.* s.v. **cas siar** “corn-land, *etc.*, allowed to lapse into grass”). Samplaí eile: (2) [GC] (‘an ordinary grazing or tillage field’). Cf. ‘Cosheer Meadow ... a small field’ [*bf* Fearann an Choláiste, par. Ráth Cúil (BÁC)] in Ua Broin 1943.

Tá 36 shampla ag *O’Kelly* as *CC*, lena n-áirítear ‘*Caithsiar na móna*’ [par. Chill Bhéacáin] a thaispeánann go raibh an focal bisiúil mar phríomheilimint sa Ghaeilge tráth. (Díol spéise nach bhfuil aon cheann de na samplaí seo as Cill Chainnigh le fáil i mbar. Uíbh Eirc, áit a chloígh le Port Láirge i gcúrsaí canúna.) Ar na samplaí eile as sean-Chúige Laighean tá 4 shampla i gceantar an Bhaile Fhinn (*La*) aimsithe ag Cétinn (1998) [in *bbf* #28316, #28320, #28358], móide 2 shampla eile i *La* atá luaite sa nóta ar *logainm.ie* faoi #28488; tá 2 shampla sa chuid sin de *UF* a bhí i gCúige Laighean go stairiúil (#41972, #42142). Níl aon samplaí cinnte le fáil i mbarúntachtaí Uíbh Fhailí i *CD* (Ó Gliasáin 2023). (Caolseans gurb é is bunús le *bf An Chóisir/Cosher* (#53019) (*LG*) atá pléite in *LnÉ IV* 764 — [ˈkoːʃər] (2001) an fuaimniú áitiúil — ach luaitear sampla eile de ‘Cosheer’ mar pháircainm gar do Ghuaire *ibid.*) Is dócha go bhfuil dlúthghaol ag na samplaí seo thuas leis na mionainmneacha ‘Cor-sheerach’ *PNW* 101 agus ‘Cah-sheerach’ *ibid.* 259 a chuala Price i *CM*.

Bunús: Tuairimíonn Ó Duinnín **cas siar** (*Dinn.* s.v., féach thuas) agus tuairimíonn O’Kelly **caitheamh siar**, ‘literally a throw back, that is land left fallow for a season after being reclaimed by digging, grafting or ploughing for cropping’ (*O’Kelly* 6). Ach ba neamhghnách an struchtúr é *ainm briathartha* + *dobhriathar* i logainm Gaeilge, murab ionann is *af* + *dobhriathar*, m.sh. **Páirc is Sia Soir** [G] (*Ci*), nó *dobhriathar* leis féin fiú, m.sh. **Lastoir Amach** [G] (*Ci*). Chuirfeadh an patrún béime sna foirmeacha áitiúla (2), (5–8) i gcoinne a leithéid de bhunús freisin, chomh maith leis an sampla ‘*Caithsiar na móna*’ thuasluaite. Feictear don taighdeoir seo gur móide struchtúr [C+A] *aid-af* (II) dar tús aidiacht réamhshuite **cas-** “dense (of vegetation)” [cf. na comhfhocail **caschrann**, **casdraigen**, **caisfid** in *eDIL* s.v. 1 **cas** “...of dense vegetation(?)”; cf. *FSÁG* 1 s.n. **Áth na Caisbhearna**]. Bunaithe ar an míniú coitianta ar an mionainm seo, d’fhéadfaí **ithir** “corn-land, arable land, pasture land” [*eDIL* s.v.] a mheas, b’fhéidir, .i. **caisithir** “stunted, fallow cornland??” [cf. *FGB* s.v. **caschoill** “stunted forest growth, brushwood”] */ˈkaːʃiːr/ → */ˈkaːʃiːr/ le cailliúint /h/ idirghutaigh agus fadú cúitimh. Níl an focal **ithir** bisiúil i logainmneacha, áfach, agus thairis sin bheifí ag súil le tuairisc éigin ag O’Kelly ar **r-caol** Osraíoch /ʒ/ sna samplaí ó Chontae Chill Chainnigh, agus le rian éigin den **-th-** /h/ láir stairiúil sna samplaí ar fad. D’fhéadfaí **féar** “grass(land)” a mheas ach défhoghar a chur i gcás, faoi mar atá le clos i gcanúintí na Mumhan inniu, m.sh. ***caiséar (caisfhéar)** */ˈkaʃiːr/, fuaimniú atá fianaithe in Osraí ach a bheadh éiginnte i dtuaisceart shean-Chúige Laighean. Féach freisin nach bhfuil **féar** féin bisiúil mar aicmitheoir i logainmneacha.²⁰⁷

²⁰⁷ Ní sampla deimhnithe é ainm oifigiúil an bhaile poist *b An Féar Bán* (#1416831) (*UF*), i dtuairim an taighdeora seo. Mar le **féar** de, áfach, díol mór spéise an tuiscint áitiúil(?) ar shampla den mhionainm seo i gContae Laoise sa 20ú haois: ‘Cosh-hear [*bf* Baile Uí Chionga (#27789)] ... a rough kind of grass; also the land where it grows’ Mac Cába 1962: 16. Fuarthas míniú níos mionsonraithe fós i gContae Chill Chainnigh ag casadh an 19ú haois: ‘*cosheers* ... land which had been burned and tilled for as many crops as it would bear, then left to nature; by which means it was covered by a mat of couch-grass, and was very barren, having been some years out of tillage’ Tighe 1802: 167. **Broimfhéar** (atá ginearálta) agus **féar gaoil** (atá luaite le Cúige Uladh in *Dinn.* s.v. **broim-fhéar**) an dá leagan a thugtar ar *tearma.ie* s.vv. Brl. *couch-grass*, *scutch* (L *Elymus repens*). Cé nach áirithe gurb é an féar féin atá faoi thagairt sna mionainmneacha seo, ar ndóigh, is dócha nach mbeadh ***caisfhéar** gan a bheith oiriúnach mar ainm eile ar a leithéid d’fhás. Ní heol dúinn aon tagairt don bhroimfhéar i logainmneacha Gaeilge, ach seans gur Brl. *quitch* (foirm luath den fhocal *couch* sa chiall seo) is bunús leis an logainm *bf Quitchery* (#53948) (*LG*) (féach *LnÉ IV* 1435).

I bhfianaise na malairte foirme ‘the Cah·sheerach’ (CM) PNW 259 — foirm ba dheacair a mhíniú le forbairtí amhail **cais-ithreach/*cais-fhéarach* ná le **caitheamh/cas siar+-ach* (**cas siarach*, ‘corn land allowed to lapse into grass’ ag Price féin *loc. cit.*) — measann an taighdeoir seo go bhfuil fuascailt na ceiste aimsithe ag an Dr. Pádraig Ó Cearbhaill, a mholann comhshuíomh le **fiar** “lea-land; green sward”.²⁰⁸ Tá an eilimint seo le fáil mar aicmitheoir i logainmneacha i sean-Chúige Laighean, m.sh. *bf Fiar an Bhealaigh* (#25572) (CD), *bf Fiar Mór* (#24927) (CD). (Tá sé le fáil mar cháilitheoir freisin, is cosúil, i *bf Cúil na Fiarach* (#25202) (CD): ‘Cowlynefidraghe’ (1567), ‘Coolenaferagh’ (1643).)²⁰⁹ D’fhéadfadh sé gurb í an tseachfhoirm **fiarach** (“uncultivated grassland, lea” FGB) atá le fáil mar aicmitheoir in *bf Fiarach Fionn* (#27868) (CD), munar foirm iolra **fiaracha** (< **fiar**) atá le tuiscint as an tiontú Béarla stairiúil ‘Fyraghfin otherwise Whitelaves’ (1619). (Is cosúil gur foirm iolra é *bf Fiaracha* (#21807) (Ga): ‘Pheraghphunagh als Pheraghglasse’ (c.1660), ‘Feragh-Clasha, Feragh-Finna’ (1667) [i. **Fiaracha Glasa** “green lea-lands” agus **Fiaracha Fionna** “white lea-lands”??]; agus b’fhéidir *bf Fiarachadh Liath* (#41367) (UF), in ainneoin an leagain Ghaeilge oifigiúil.) Díol spéise tuiscint Thaidhg Uí Neachtain ar na focail seo san 18ú haois, mar atá, *‘fiar .i. fiarach—*a plain, a field: [m.sh.] *ar a bhfiar úd*, *‘fiarach—*pasturage, plain, or field’ FTÓN. Tá leagan iolra faoi mar a bheadh gnáthfhocal ar ‘ghoirt’ ag an scríobhaí céanna san abairt *‘is ar eigin tug lúas a gcos 3000 duine fos na fiarachadh comhneasadh gan leine na cota ar morán díobh’* agus é ag eachtraí ar dhaoine ag éalú ó thine mhór i Sasana i 1731 (KIL 20: 177).

Is é tuairim an taighdeora go míníonn sanas géarchúiseach Uí Chearbhaill an mionlogainm Brl. *Coshier*, et var. — sa cheantar taighde agus ar fud Chúige Laighean — go fónta ó thaobh brí agus foghraíochta de. Is inmheasta go bhfuil foirmeacha áitiúla amhail [dɜːˈkɑːfˠiːə] (2), [dɜːˈkɑːˌʃiə] (5) níos gaire don bhunfhuaimniú sa Ghaeilge i GS agus gur tharraing an défhoghar stairiúil sa dara heilimint an bhéim chuige féin sa bhéarlú (1, 3) [→GC.227]. Bainfear úsáid as an litriú **Caisiar* (in ionad **Caisfhiar*) sa tráchtas seo toisc nach bhfuil an bunús go hiomlán soiléir.

E1. [C+A] *aid-af* (II)

E4. C: AIDIACHT + A: GORT

²⁰⁸ Comhfhreagras pearsanta.

²⁰⁹ Ní foláir nó d’fhorbair NG **fiar** ó NGM **fiadha(i)r**: cf. *Dinn.* s.v. **fiagar** “grass-land, lea” a luaitear le Cúige Uladh agus Ó Méith (cuir an mionainm **Cnoc na Fiagrach** (< **Fiadhrach**) (Ao) (Mac Giolla Easpaig 1990) i gcóimheas le foirmeacha stairiúla *bf Cúil na Fiarach* (CD) thuasluaite). Féach *eDIL* s.v. **fiadair** “bush, heath?” (díorthaithe ó 2 **fiad** “wild” ‘a derivative of **fid** “wood”) agus ‘a ngort *fiagrach* ní *fás* *ioth’* *ibid.* [as *Dioghluim Dána*]. Cf. *eDIL* s.v. **fiadail**, **fiat(g)ail** → FGB s.v. **fiaile** “weeds” an lae inniu (*var. fiail*, gin. **fialach**).

GS2.167 *Garraí Fhearáis?

“the garden of Fearaíos?”

A.

1980	1. [ˌgɔːˈiːʃ]	Z1a
	2. [dɛˌgɔːˈiːʃ]	Z1a
	3. [ˈɔpəgɔːˈiːʃ]	Z1a
	4. [dʒˈlɔːəgɔːˈiːʃ]	Z1a
2022	5. [ˌgɔːˈiːsg] I think, yeah’	X3
2023	6. [ˌgɑːˈiːʃ]	X4 (x2)
	7. [dʒˌgɑːˈiːʃ]	X4
	8. [ˈgɔːˈiːʃ]	X6

B.

1937	9. ? the reisk	<i>BnS</i> 0795.013
2015	10. Gariash	<i>FNGS</i>
	11. Goreash	

C.

- ‘under the road there, under that laneway there’ Z1.
- (Are they wet fields?) ‘No they’re not, Jaysus no, grand dry little fields’ X4.

D.

D1. Gort ·673 in aice an taiscumair. Suite idir *Slade Brook* SO (an ceann beag) agus shruthán Ghlaise an Mhulláin.

D2. Léibheann oigheardhobhrach (*GGr*; *AminSW*); till eibhir (*TGr*; *AminDW*) os cionn an lána laistiar.

E. Éiginnte. Cuireann an patrún béime i gcoinne struchtúr [C+A] *aid-af* (II) ar nós ***gearr-**, ***garbh-**, agus tugann **garraí** + */(r)i(:)ʃ/ le fios. Ní dócha gurb ionann bunús dó seo is do ***Garraí Eisce** (1) [GS2.120]. Cuireann struchtúr (3), (4) i gcoinne ionannú le ‘the reisk’ (1937) (cf. *Brl. The Risky Field* [GC.244] in aice [ˌgɑːˈiːsɪʃ] [GC.245]). Tharla gan aon rian den alt ba dhealraitheach ainm dílis mar cháilitheoir. Moltar anseo, go cáiréiseach, *af+ap* (IV) [→**E3.**].

E1. [A+C] *af+ap* (IV)?

E2. [garraí→GS2.101]

E3. Fearaíos, gin. Fhearáis [< **Fearghas, gin. Fhearghais**] (ainmp. fir): Níl aon sampla eile de **garraí** + ainm pearsanta sa cheantar (murab ionann is **páirc**). Cf. *bf Tulach Fhearghais* (#54647) (*CM*): ‘Tullaghferus’ (1326), ‘Collagharish’ (1541). Tuairimítear coimriú -r-r- → -r- (**Garra’ ’raís** → **Ga’ ’raís**) de bharr chailliúint an ghuta réamhaiceanta. Cf. *bf Áit Tí Fhearghais/Attireesh* (#37570) (*ME*): ‘Attyrisse’ (1606).

Éadócha: **riasc**, gin. u. **réisc** “marsh” [*eDIL* s.v. **riasc, ríascach**] [→GS2.166]. Éadócha: **easca**, gin. u. **eisce** “gully” nó **uisce** gin. id. “water”? Éadócha: **os**, gin. **ois** “deer, ox” [*eDIL* s.v. 1 **os(s)**].

E4. A: GORT + C: AINM?

GS2.168 *An Leacain (2)

“the hillside”

A.

1980 1. [ˈlɔxɪn] Z1a

C.

- ‘Theres another Lockin here!’ Z1.

D. Bhí Z1 [→C.] ag caint faoi logainmneacha i nGlaise an Mhulláin (i ndiaidh *An Bhearna Bheag [GS2.164], *An Cheapóg [GS2.165] agus roimh *An tArd [GS2.157], *Currach Cathail [GS2.151]), tar éis dó *An Leacain (1) [GS2.108] sna Brácaí a lua tamall roimhe sin. Is é áit is inmheasta chun a leithéid, b’fhéidir, an talamh faoi bhun na Ceapóige/na Bearnan Bige a thiteann i dtreo na habhann mar nach bhfuil aon pháircainm idir an *Ghabhlaigh Mhór agus *Garraí Fhearais.

E. [→GS2.108].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

GS2.169 *An Cnocán (2)

“the hillock”

A.

1980	1. [ˈkɪkɑːn]	Z4
2018	2. [d̪əˈkɪkən]	X1
2022	3. [ˈkɪkɑːn]	X3
2023	4. [ˈkɪkɑːn]	X4 (x2)
	5. [ˈkɪkɑːn]	X4
	6. [ˌt̪ɔːˈkɪkɑːnz] ‘two...’	X4 (x2)
	7. [ˈbʊːrnzˌkɪkɑːnz] ‘Byrne’s...’	X4

B.

1937	8. Cricán	<i>BnS</i> 0795.013
2015	9. Cricken	<i>FNGS</i>

C.

- ‘over the Corrig Lane ... a field’ X1.
- ‘like the ·Cappoge, just over Dinny’s’ X3.
- ‘wouldn’t be that far under the Round Park, just across the lane from it’ X4.

D.

D1. Ar bhruach theas shruthán na Carraige; meall beag ar a bhfuil gort 1·943 (Fig. 57).

D2. *TGr*, díreach faoi bhun an screathain.

E., F. [cnocán→GS1.24]

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: ARDÁN + D: -ÁN

GS2.170 *An Pháirc Chaol

“the narrow park”

A.

2022	1.	[,pɔɪk'ɪ:l]	X3
	2.	[,pɔɪk'ɪ:l]	X3
	3.	[,pɔɪk'ɪ:ɔl]	X3
	4.	[,pɔɪk'ɪ:l]	X3
2023	5.	[,pɔɪ'ki:l]	X4
	6.	[,bɔɪ'ki:l] ‘in P...’	X4

B.

1938	7.	parchel	<i>BnS</i> 0795.013
------	----	---------	---------------------

C.

- ‘that’s where we do have the sheep ... it’s on the road’ X5.

D.

D1. Gort 1·017 faoi bhun an lána, ar bhruach theas shruthán na Carraige (Fig. 57).

D2. *TGr*

D3. *caoirigh*

E. Is dóichí *af+aid* (II) (**An**) **P(h)áirc Chaol**. Níl anseo ach till eibhir [→**D2.**] agus ní gá *af+af* (V)

Páirc Aoil a chur san áireamh.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E3. **caol** “thin, slender, narrow” [*eDIL* s.v. **cáel**]: Níl aon sampla cinnte eile sa cheantar ach cf.

***Currach Cathail** [GS2.151]. **Éadócha**: **aol**, gin. **aoil** “lime” [*eDIL* s.v. 1 **áel**] agus leasú seachas mianach talún faoi thagairt.

E4. A: GORT + C: AIDIACHT (LEATHAN/CAOL)

F.

- **-ao-** [i:] más fíor

GS2.171 *Páirc Eoghain

“the field of Eoghan”

A.

2018	1.	[,pa:ɪk'zɔn]	X1
2022	2.	[,pɔɪk'o:ɪn]	X3
	3.	[,pɔɪk'o:n]	X3
2023	4.	[,paɪ'kɔn]	X4
	5.	[,pɔɪ'kjo:ɪn] (<i>sic!</i>)	X4

B.

2015	6.	Park Owen	<i>FNGS</i>
------	----	-----------	-------------

D.

D1. Gort beag (·852) ar leirg thoir thuaidh na Carraige.

D2. Dhá shaghas tille eibhir a bhualadh le chéile (*AminSRPT*; *AminDW*).

E.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [páirc→GS2.95]. Déanamh cearnógach air seo, chomh maith le *Páirc Raithin [GS2.154].

E3. Eoghan, gin. Eoghain (ainmp. fir): ‘One O Ronowe’ *F* (1601) = ‘Owen O Ronowe’ *CPR* (1611); cf. ‘Owen’ (ainmp.) *GVal.* (1851). Éadócha; Eoin, gin. *id.* (ainmp. fir). Caolsheans gur **Eoin** a bhí ar na Gaeil úd sa cheantar seo darbh ainm béarlaithe/laidinithe ‘Johannes Money’ (1587), ‘John Kenny’ (1664), srl.; **Uaithne**, gin. *id.* (ainmp. fir), atá neamhchoitianta i ngeinealaigh oirthear Laighean. Níl aon sampla cinnte de cheachtar den dá ainm seo sa ghleann (Aguisín N).

E4. A: GORT + C: AINM

GS2.172 *An Currach (4)

“the wet land”

A.

2018	1.	[ˈkʊɾək]	X1
2022	2.	[ˈkʊɾɛks]	X3

B.

2015	3.	Curragh	<i>FNGS</i>
------	----	---------	-------------

C.

- ‘desperately wet ground’ X1.
- ‘There were Currocks over there as well, they went down to Costelloe’s’ X3.
- ‘where the fields is ... the walls ... that whole *area* is ‘Lugna·corrig’ X4 [→GS2.173].

D.

D1. Oileáinín suntasach de thalamh saothraithe ar leirg íochtarach na Carraige. Cf. Nolan 1992: 196–197.

D2. Suite ar stráice screathain os cionn na tille (‘Scree; Blocky; Bedrock at or close to surface’ *epa.ie*).

E. [currach→GS2.127]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

GS2.173 *Log na Carraige

“the hollow of An Charraig”

A.

2018	1.	[ˌlɔɡnəˈkɑɪk]	X1
	2.	[ˌlɔɡnəˈkɑɪŋ]	X1
	3.	[ˌlɔɡnəˈkɑɪk]	X1
2023	4.	[ˌlɔɡnəˈkɑɪk]	X4
	5.	[ˌlɔɡnəˈkɑɪŋ]	X4 (x2)
	6.	[ˌlɔknəˈkɑɪŋ]	X4
	7.	[ˌlɔɡnəˈkɑɪŋ] ([g] deiridh díghlóraithe)	X4 (x2)

GC. Gleann Cuilinn: SO 1837 taobh theas den abhainn

both sides of the Glencullen river. coill mór. brúnaípe
 Ruadan. Toim mhn. an léo. lúg mór. baile an apalóat. Clarr
 a fúarúpe. baronac. gléan dub. cruicán. lúg na heala. clarr
 na ríseapúg. The four last names, though on the Glencullen
 side of the river, are not part of that glen, but
 of White Mountain, on the Ballybrack side

Fig. 58: LSO lch.41 (14 C 15/19) (EÓC 26/7/1837) — Gleann Cuilinn taobh theas den abhainn.
 Acadamh Ríoga na hÉireann.




Fig. 59: GC LSO — Taobh theas den abhainn.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.175 An Choill Mhór (2)

“the big wood”

Brl. *The Big Wood*

A.

1980 1. [dʒ'big, wod] Z11

B.

2/11/1748 2. ? The Oak Wood CGn. 152.371.102160
26/7/1837 3. *coill mhór* LSO 41
1975 4. The Big Wood Fitzsimons #100

E. Dealramh le foirm EÓC. **Sampla eile:** *An Choill Mhór [GS1.8]. Ní léir aon *Choill Bheag mar chodarsnacht ach féach an t-ainm éiginnte *An Choill Chnapach [GC.249].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- athrú teanga




Fig. 60: *bf* An Bhrocaigh (1) [GC.176] laisteas agus *An Bhrocaigh (2) [GC.199] lastuaidh — léarscáil cháilíocht talún ar SO 6'' Cassini.



© Tailte Éireann/Riailtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.176 *bf* An Bhrocaigh (1)

“the place of badgers”

[=*bf* Brockey]

A., B. *logainm.ie* (#16646); ‘Brookey’ *TAB* (1833), ‘Brookey’ *Schools Reg.:AL* (1836); ‘Brucky (Broky [*sic*] map)’ *PriceBL/CGT* (1946); [‘broki] *Y5*. Cf. sruthán an chontae, **Glaise na Brocaí** “the stream of An Bhrocaigh”: ‘Glassebrockadi’ (c.1220) *JRSAI* 81 (1951) = ‘the stream now called Glasnabrockey’ *PNW* 284, agus an mionainm *Cnoc na Brocaí [GC.238].

D.

D1. Taobh theas den abhainn.

D2. Gaineamh agus gairbhéal tulógach (*GGr*; *AminSW*) leagtha ar bhuncharraig eibhir [→**An Bhrocaigh (2)** [GC.199]].

E. Is cosúil gur forcheartú gaelaithe é foirm EÓC ‘*bruachaidhe*’ [***bruacháí** “banks”] bunaithe ar an bhfuaimniú áitiúil béarlaithe a chuala sé [→**B.**]. Tá bunús *Brockey* < **An Bhrocaigh** nach mór deimhnitheach ar na foirmeacha stairiúla den *bf* féin (*logainm.ie*) agus den mhionainm gaolmhar ***Cnoc na Brocaí** [GC.238]. Mar le brí de, tá an talamh gainmheach gairbhéalach a leag an t-oighearshruth ar gach taobh den abhainn anseo an-oiriúnach do thochailt na mbroc (Fig. 60). Cf. Brl. *Badgers’ Burrow* ar Shliabh an Ghleanna Dhuibh: ‘there’s badgers in it, there’s a burrow there’ Y5. Dríodar den déantús céanna a leagadh i *bf* **Buaille na Brocaí** (#54614) (*CM*) a thug ainm don áit eile úd freisin.²¹⁰ Díol spéise an dá shampla den logainm céanna ar dhá thaobh den abhainn — an fo-bhaile de *bf* An Baile Breac ar an taobh thuaidh is túsce a ritheann le daoine agus ní mór a shoiléiriú más é an baile fearainn ar an taobh theas atá i gceist. Tá bunús eile ar fad ag *bf* **Baile an Bhrú** (#55046) (*CM*) atá teorannach leis an mbaile fearainn seo lastoir, mar is léir ar an bhfianaise stairiúil.

≠ *bf* ***Na Brácaí** [GS1.15] ná ***Na Brácaí Réidhe** [GS2.69], ina bhfuil guta an chéad siolla réadaithe mar /a/ seachas /o/ anseo.

E1. [A] *af* (III)

E4. A. ILGHNÉITHEACH

E.

- Bréag-ghaelú EÓC
- **-aigh**
Bheifí ag súil le **-aigh** /ə/ i ndeireadh an logainm seo, rud a chuireann go mór leis an tuairim go bhfuil litriú Gaeilge EÓC bunaithe ar an bhfuaimniú Brl. *Brockey* /-i-/. Féach *bf* **Glaise na Muice** [GS1.14]: ‘*Glais a Mhuicídhe*’ LSO, áfach.

GC.177 An Ruán

“the reddish place, moorland?”

B.

2/11/1748	1. the Rovanes	<i>CGn.</i> 152.371.102160
15/2/1774	2. the Rowans	<i>CGn.</i> 299.565.199363
26/7/1837	3. <i>Ruadhán</i> [iarracht de shíneadh fada os cionn an -u-]	LSO 41
1946	4. Rooawns	PriceBL/CGT 11

C.

- ‘Between Il-yoe [GC.179] & river’ PriceBL/CGT.
- ? cf. ‘The Red River ... underneath the road going to the granite quarries’ Mulvey (1939).

D. Tá suíomh ‘Il-yoe’ [→**C.**] ar eolas; tá an áit seo suite ar bhruach theas na habhann laistiar de *bf* An Bhrocaigh, mar atá le tuiscint as liosta EÓC (féach Fig. 58).

E. [→**GS2.60**] Ní dócha go bhfuil aon bhaint aige seo le Brl. *The Red River* (1939); cf. **An Camruán** /ə kamruan/ “the crooked reddish-brown river(?)” [G] (*DG*) (Watson 2019: 54, 165 s.v. **ruán**).

²¹⁰ Féach *Wicklow County Geological Site Report: Athdown Moraine*: <http://spatial.dcenr.gov.ie/GSI_DOWNLOAD/Geoheritage/Reports/WW001_Athdown_Moraine.pdf>, ceadaithe 17/6/2023.

é, ach ní raibh EÓC tugtha dá leithéid. Tá fadhb mhór ann ó thaobh brí de, áfach — ní bheifí ag súil le líon a bheith ag fás ar dhrochthalamh fliuch. D’oirfeadh **Tuaim Moling** don phatrún béime freisin. Más réadú ar **-ua(i)-** mar /o:/ sa chanúint a bhí ann (dála **Cnoc Buaile** [GC.206]), níl le clos inniu ach [u] sa chéad siolla gan bhéim (1–3) [→E2.].

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. tuaim “tumulus, burial mound” [eDIL s.v. **túaim**]: Is cosúil gurb é an t-imfhálú [→C.] atá faoi thagairt agus gur bhronn sé a ainm ar an bportach laistiar de. Cf. *bf Tuaim Choill* (#55579) (CM): ‘Tomecoyle’ (1604), ‘*Tóm choille*’ [sic] *pl(EÓC):AL* (1839). Cf. foirmeacha stairiúla *bf Tuaim Mhór* (#55636) (CM). Cf. ‘Wedge tomb’ [*bf* Barr na dTuaimíní (TÁ)]. **Éadócha:** **tom**, iol. **toim** [→E.].

E3. Moling (ainmp.): Cf. **Tobar Moling** [TS.283]. Féach an ghuagacht idir *-ng* agus *-n* sna réaduithe béarlaithe d’ainm an naoimh *bf Cill Moling/Kilmalin* (#55056) (CM), 4km ó bhaile. **Sampla éiginnte:** is cosúil gur coimriú ar an logainm **Tobar Moling** féin atá san ainm seo a leanas: ‘from Toomaling to Glenasmole’ *MHR* 1, ‘St. Moling’s Well in Toomaling’ *ibid.* 20, ‘Toomaling Water’ *ibid.* 147 (1943), ‘a bleak and wild lake called Tourmaline’ *TT* 35 (1990).

Éadócha: **líon**, gin. **lín** [→E.]. Ní bheifí ag súil leis an alt idir **tom** + ainm an phlanda ach oiread (cf. ***Na Toim Luachra** [GS2.81]) ach cf. *bf Tom an Choire* (#55830) (CM) — guta cúnta faoi ndear ansiúd, b’fhéidir.

E4. A: SAORGA + C: AINM



Grianghraf 13: Radharc ó *Carraig na gCat [GC.203] ar An Leó (2) [GC.179] ar dheis agus Móin an Loig [GS.201] os a chomhair ar chlé.

GC.179 An Leó (2)

“the place of elm-trees?”

A.

2022	1. [d̪ɜːˈlʲaʊ]	Y2c
	2. [d̪iːˈlʲaʊ]	Y2c (x2)

2022	3.	[dɪ, lʲəʋ'ɪəʋd] ²¹³	Y2c (x2)
	4.	[, dɪl'jəʋ]	Y4
2022	5.	[dɪ'jəʋ] ²¹⁴	Y4
	6.	[dɜ, lʲəʋ'ɪəʋɜd]	Y5
	7.	[dɜ, lʲəʋ'ɪəʋd]	Y5
	8.	[, ɛʋtɜlʲəʋ'ɪəʋd] ‘out the Leoh Road’	Y5

B.

26/7/1837	1.	<i>An leó</i>	LSO 41
1946	2.	Il-yoe	CGT 11
1975	3.	An Yeoch ²¹⁵ (il yoe)	Fitzsimons #36

C.

- ‘Wood above Brucky (Broky Map) [*sic*]’ (1946).
- ‘Go right out through the trees and there’s a little oul’ derelict building. That was the Leoh ... belonging to Colonel Fitzsimons ... through the trees and there’s a bare patch on your right-hand side ... that’s the Leoh ... coming down there was all the Leoh Road’ Y2.
- ‘forestry over there ... a shooting lodge’ Y4.
- ‘the shooting lodge up there’ Y5.

D1. Fitzsimons: mar a bhfuil an cosán fiarlánach sa lá atá inniu ann. ‘The Leoh Road’ (6, 8) = an bóthar díreach ina threo sin aniar. (Féach Grianghraf 13.)

D2. Till eibhir (*TGr; AminSRPT*); ní bheadh an ithir thanaí ró-oiriúnach don leamhán.

E. Leirg sléibhe cois srutháin — amhail **An Leó (1)** [GS1.27].

E1. [A] *alt+af* (III)

E4. A: ILGHNÉITHEACH

F.

- alt Gaeilge béarlaithe

GC.180 An Log Mór (2)

“the big hollow”

A.

2022	1.	[, log'məʋə] (<i>in pausa</i>) ²¹⁶	Y2c
	2.	[, log'məʋ.ɪ] (gnáthchaint)	Y2c (x2)

B.

26/7/1837	1.	<i>Lug mór</i>	LSO 41
1939	2.	Lugmore	PriceLN 17: 98
1946	3.	Lugmore	PriceBL/CGT 11

C.

- ‘on the stream between Boranaraltry and Glencullen Mountain, a glen is called ‘Lugmore’, some way up the mountain’ PriceLN.

²¹³ An bóithrín soir ó Bhuaile an Araltaigh tríd an bhforaois phlandaithe.

²¹⁴ *Sic*, níl aon /l/ le clos.

²¹⁵ *Sic, leg.* ‘An Leoch’?

²¹⁶ Tar éis don taighdeoir ‘Any other *Lug*-names?’ a iarraidh.

- ‘E[ast] of Boranaraltragh’ PriceBL/CGT.
- ‘the ‘V’ in the trees ... all Lug·more outside of that’ Y2 (féach Grianghraf 16).

D.

D1. Log suntasach mar a n-éiríonn an sruthán, gairid do theorainn an chontae [→C.]. Cf. ***An Log Dubh (1)** [GS2.70].

E. Tá dealramh le foirm EÓC. Sampla eile: ***An Log Mór (1)** [GS1.9]. Ní léir an aithris é an tsolaoid seo (= LSO 26/7/1837) ar ‘lug mór’ a fuair sé cheana ó Peter Welsh (LSO 15/7/1837) [→GC.44]. Bhreac EÓC ‘Grave *Leaba na Saigh*’, ‘*Sliabh Gearr*’ agus ‘*Lug a Phúca* Glen’ ar léaráid 14/C/15/21(ii) (Fig. 67) ach níor bhreac aon ‘lug mór’ ná aon áit eile taobh theas den abhainn. Féach mar sin féin go bhfuil an logainm ag Mulvey [→D1.] suite díreach os comhair an ghleanna ó Lána an Bhreatnaigh agus Leaba na Saidhe — níl sé as an áireamh gur phointeáil Peter Welsh chuige i 1837.

E1. [A+C] *af+aid.* (II)

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

GC.181 *bf* **Buaile an Araltaigh**

“the cattle-fold, summer pasture of An tAraltach”
[= *bf* *Boranaraltry*]

A., B. *logainm.ie* (#16645); ‘This name is very uncertain that is, whether it is *bárr*, top, *baile*, town, or *buaile*, a dairy; *Artghalaigh* is a man’s name’ ÓD:AL (sular scríobh EÓC liosta LSO 41); [ˌbʊːrˈnaltəi] Z11, [ˌbʊːnɑːrəldə] Z12, [ˌbʊːrəˈnaltʃi] Z13 (1980); [ˌbʊːrˈnaltʃi] Y2, [bʊnˈarəldəˌhɪl] Y5.

D1. Is minic buaile suite ar leacain an tsléibhe mar seo.

D2. Till eibhir (*AminDW* mar a bhfuil na tithe cois abhann; paiste glárach *AminPD* in aice an tsrutháin thoir; *AminSRPT* thuas ar an gcnoc) agus portach ar bharr an chnoic.

E. Tá dealramh éigin le ‘*baile an Araldaigh*’ LSO. Pé faisnéiseoir(í) a bhí ag EÓC, bhí bunús an cháilitheora ar eolas. Ach is fearr a réitíonn an fhianaise stairiúil le **buaile**.

E1. [A+C] *af+sl* (IV)

E2. [buaile→GS1.33]

E3. **An tAraltach** — ón sloinne **Arald** (< SIor. *Haraldr*). Dhealródh sé gur de bhunadh Gall-Ghaelach, seachas Angla-Normannach, an teaghlach seanghaelaithe seo laistear de Bhaile Átha Cliath.²¹⁷ Cf. ‘nigh the parts of the county Dublin, called Walshes and Harrolds countries’ (1604).²¹⁸
Samplaí eile: guagacht idir an fhoirm aidiachtúil agus bunfhoirm an tsloinne sa Ghaeilge sa

²¹⁷ Féach Simpson 1994, O’Byrne 2003, Maginn 2004.

²¹⁸ Féach Aguisín G.

17ú/18ú haois, m.sh. *id Crois Araild* (#1412129) (BÁC): ‘*ag Crois a Haralta*’ (1728);²¹⁹
bf Gráinseach an Araltaigh (#17475) (BÁC): ‘*Grainseach Horoild*, aliàs Harold grandge’ (1647).²²⁰

E4. A: GORT + C: AINM AN

F.

- meititéis
 Coimriú agus meititéis *-l-n-r-l-* > *-r-n-l-r-* le sonrú [→A.].

GC.182 Clais an Ghadaí

“the trench of the thief”

Brl. *The Closh*

A.

2022 1. [dɜːˈklɑːʃ] Y2c, Y3

B.

26/7/1837 1. *Clais a ghadaidhe* LSO 41

D.

D1. Éiginnte ach de réir chuntas EÓC (Fig. 58) bhain **Clais na Spearóg** [GC.187] leis an nGleann Dubh; má fhreagraíonn Brl. *The Big Clash* agus *The Little Clash/The Clash* don dá chlais ag EÓC ní foláir nó is ionann **Clais an Ghadaí** agus *The Clash* .i. an sruthán idir *bf* Sliabh Ghleann Cuilinn agus *bf* Buaille an Araltaigh anuas as an Log Dubh (Grianghraf 16). D’fhágfadh sin **Clais na Spearóg** ar an sruthán idir *bf* Buaille an Araltaigh agus *bf* An Gleann Dubh .i. Brl. *The Big Clash*.

E. Tá dealramh le foirm EÓC ach feach [→E2.]. Cf. *bf* **Glaise an Ghadaí/Clashagad** (#41822) (UF): ‘Glasgady’ (1305), ‘Glassegaddie’ (1552), ‘Classygadd’ (1654), ‘Clashagad’ (1733).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [clais→GS2.131]. Is inmheasta gur **glais(e)** is bunús leis seo .i. **Glaise an Ghadaí** ó cheart [→E.]; cf. **Glaise na Brocaí** faoi *bf* **An Bhrocaigh (1)** [GC.176].

E3. gadaí “thief”, gin. id. [eDIL s.v. gataige]. Níl aon sampla eile sa cheantar.

E4. A: ÍSLEÁN + C: DUINE

GC.183 *An Bhanrach

“the paddock”

A.

1980	1. [dɜːˈbɑːndʲiɾəx] (beagnach [-ox])	Z11
	2. [dɜːˈbɑːndʲiɾək] (/k/ cuimilteach ar éigean)	Z11
	3. [dɜːˈbɑːndrək]	Z12, Z11
	4. [dɜːˈbɑːndrək] (gnáthchaint, go tapaidh)	Z11
2022	5. [dɜːˈbɑːndrək] ([ə~u])	Y5 (x2)

²¹⁹ KIL 20: 155.

²²⁰ Colgan 1647: 625.

B.

1604	6. Dandarge	<i>Erck Chan.</i>
1605	7. Bandarge	<i>CPR 63b</i>
26/7/1837	8. <i>bándrach</i> ²²¹	<i>LSO</i>
1975	9. The Bondrock	<i>Fitzsimons #94</i>

C.

- ‘piece of land, big oul’ hillside, the ·Bawndragh [dɜːˈbɑːndɪrək] they used to call it’ Z11.
- ‘around here, that area...’ (That’s an area, is it?) ‘...yeah’ Y5.

D1. Suíomh Fitzsimons (1975): mar a dtosaíonn an portach os cionn Bhuaille an Araltaigh. Léirítear imfhálú beag dronuilleogeach anseo ar SO 25", Cassini. Taobh cnoic de réir Z11 (féach Grianghraf 15).

D2. Till eibhir éadomhain (*TGr; AminSPRT*) faoi bhun phortach an lae inniu i mbarr an tsléibhe.

E. banrach “paddock” [*eDIL* s.v. **banrach**]: Nach mór cinnte, cé nach féidir comhshuíomh inaitheanta dar tús **bán-** “white” a chur as an áireamh. An t-aon sampla sna gleannta. Samplaí eile:

- **-d-** cúnta: *fb An Bhanrach* (#1417739) (*La*): ‘Bondra or Bondrach ... now nearly all bogland’ Mac Cába 1962: 28 [→**F.**];
- **-t-** cúnta: *fb An Bhanrach Ard* (#1420299) (*Ga*) [əɲ wɑːnrəx aːrd] (2007) (*Ga*); *bf An Bhánrainn Bhán* (#18701) (*Ga*): [əɲ wɑːnrəx ˈwɑːn] = [(ar) ə wɑːnrɪnˈ] = [əɲ wɑːrhɪnˈ ˈwɑːn] (c.1980), ‘Bonrabaun’ *BS:AL*, ‘Banrach Bán’ *ÓD:AL*.
- défhoghrú agus/nó comhshamhlú le -r-: *bf An Bhanrach* (#1414885) (*Ci*): [dəˈboundrəx] (1971); *bf Cnoc na mBanrach/Knocknamouragh* (#12565) (*Co*);
- fadú gan -d-/-t- cúnta: *bf An Bhánrach* (#19471) (*Ga*);
- fadú agus comhshamhlú le -r-: *bf Tulaigh Bhanrach* (#39379) (*Mu*): ‘Tollibanragh’ (1630), ‘Tollimandragh’ (1637), ‘tulaigh mhórach, v. nasal’ *pl:AL*.

E1. [A] *af* (III)

E4. A. GORT

F.

- **-ch** /x/ → Brl. /-k/
- **-n(n)r-** */-nr-/ → Brl. -ndr- /-ndr-/
- ≠ défhoghar

²²¹ ‘-a?’ (*pl*) sáite idir *-dr-* níos déanaí .i. *báandarach*.

GC.184 *bf* An Gleann Dubh

“the black glen”

[= *bf* Glendoo]

A., B. *logainm.ie* (#17482); [ˌglɪndʊˈm̩ɔnn] Y5.

C.

- ‘It is a rough cold mountain containing a great quantity of turf or peat. It abounds with grouse and other wild fowl’ *Descr. Rem.:AL* (1837).

E. Tá dealramh le foirm EÓC in LSO.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [gleann→GS1.3]

E3. [dubh→GS1.7]

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT DATHA

F.

- -bh leathan
- athrú teangan

An t-ainm Gaeilge a bheith soiléir i 1837 (‘Glendhu (the black glen)’ *Mr. White’s Gamekeeper:AL*), bíodh is gur ainm simplí é.

GC.185 An Cnocán (3)

“the hillock”

A.

2022	1. [d̪ɜˈkɾɔkɑːn] (iarracht de thapchonsan [r])	Y5
	2. [d̪ɜˈkɾɔkɑːn]	Y5 (x4)

B.

26/7/1837	3. <i>Crucan</i> ²²²	LSO 41
4/3/1939	4. ·Cruckawn	PriceLN 17: 105

C.

- ‘a rising ~~baek~~ bank; a sheep run’ PriceLN.

D.

D1. An talamh ard os cionn an tsrutháin teorann díreach laistear de Theach an Ghleanna Dhuibh, suíomh a thagann le tuairisc EÓC: ‘The four last names [*sc.* ‘*Gleann dubh. crucan. lug na heala. Clais na spearóg*’], though on the Glencullen side of the river, are not part of that Glen, but of Whites Mountain’ (1837). Ní réitíonn cuntas Price (1939) leis sin: ‘in the boundary of Tibradden’ — ar ndóigh d’fhéadfadh sé gur áit eile é sin.

E. [cnocán→GS2.133]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

²²² -a?-(pl) sáite idir -uc- níos déanaí .i. *Crucan*.

F.

- **-án** [a:n]
- **cn-** /kr-/

Díol spéise **cn-** /kr-/ scríofa mar *cr-* ag EÓC ar an gcéad turas seo aige ar obair pháirce ina aonar. Is deacair a chreidiúint nach dtuigfeadh sé láithreach gur réadú canúnach ar **cnocán** a bhí ann, tharla an meascán /kn-/ /kr-/ a bhí le clos ina chontae dhúchais féin ag cainteoirí a rugadh i lár an 19ú haois (*LASID* I: 245 s.v. **cnoc**). Ní cosúil go raibh sé ag iarraidh an fuaimniú canúnach seo a léiriú mar déanann sé iarracht meabhair a bhaint as níos déanaí trína leasú go ***cruachán**. Seachtain amháin ina dhiaidh sin, áfach, ní raibh leisce ar bith air **cn-** a scríobh i logainmneacha GS tar éis dó labhairt le Gaeilgeoirí na háite [→**GS1.13**].

GC.186 *Log na hAille

“the hollow of the cliff?”

B.

1604	1. Lognehaley	<i>Erck Chan.</i>
1605	2. Loughnehalie	<i>CPR 63b</i>
1760	3. Lugnahala	<i>Nevill CM</i>
26/7/1837	4. <i>lug na heala</i> ²²³	LSO

C.

- Níor aithin Y2 an t-ainm (2022).

D. Log mór gar do theorainn an chontae. Sníonn sruthán amach as trí chlais rite anuas i nGleann Cuilinn.

E. Féach Aguisín G.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [log→**GS1.9**]

E3. [aill→**GS1.4**]. Clais fhada rite trína ngabhann sruthán is ea an ‘aill’ anseo (cf. **Aill Mháirín** [GS1.4], ***An Aill Mhór** [GS2.150]). ‘Lognahaley’ (1604) le cur i gcóimheas le ***Port na Gréine** [GS1.51]: ‘Portnagreny’ (1604) maidir le consan caol agus guta neamhaiceanta deiridh.

E4. A2: ÍSLEÁN + A1: ARDÁN?

GC.187 Clais na Spearóg

“the trench of the sparrow-hawks, spurs?”

B.

26/7/1837	1. <i>Clais na spearóg</i>	LSO 41
-----------	----------------------------	--------

D1. Éiginnte. De bharr ord na n-ainmneacha (Fig. 58) is réasúnta a thuairimiú gurb é seo an sruthán mór a ritheann anuas as Log na hAille os cionn an Ghleanna Dhuibh aniar, nó neachtar acu ceann de

²²³ uaschamóg [ʔ] (*pl*) sáite tar éis *h-* níos déanaí .i. *lug na h'eala*.

na ‘Clashes Big & Little, E[ast] of Glendoo M[ountain]’ [→GC.225]. Cf. freisin a chosúlacht le ‘Clusnaspeire’ (2014), ‘Clochnaspeire’ (2019) faoi ***Cloch na Sceachóirí** [GC.190].

E. Tá dealramh le foirm EÓC cé nach bhfuil bunús an cháilitheora deimhnitheach.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [clais→GS2.134]. Ní léir cé acu an sampla é seo de **clais** mar ainm srutháin < **glais(e)** [→GC.182] nó an dtagraíonn sé do ghleanntán rite ar an sruthán féin, amhail na claiseanna beaga ***An Chlais** (1) [GS2.134], ***Clais na Muc** [GS2.139].

E3. **spearóg** “sparrow-hawk” [*eDIL* s.v. **speróc, spiróc**]. Ach cf. *bf Coill na Spideog* (#28195) (*La*): ‘Killnesperokye’ (1566), ‘Killespedogue’ (1812), [kəilnəspiˈdoːg] *Áit.* (2004).²²⁴

Éadócha: *FGB* s.v. **spiora** “1. Spur, sharp projection” + -óg? Samplaí eile: *crg Spioróg* (#1398875) (*Ga*), *rinn Speireog* (#1417591) (*Ci*) [→F.].

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINMHÍ

F.

- **-ea-** /a/?

D’fhéadfaí a thuairimiú go scríobhfadh EÓC **-io-** sa chéad siolla den cháilitheoir dá mbeadh aon ardú le sonrú sa ghuta sin, m.sh. */-’sb’eroːg/ (cf. **spearóg** = **spioróg** *FGB*).

GC.188 Cloch na gCon

“the rock of the hounds”

A.

1980	1. [kʲlʲɔknɜːˈgɔn]	Z13 (x2), Y5
	2. [kʲlʲɔkʲənɜːˈgɔn]	Z11 (x2)
2022	3. [klɔknɜːˈgɔn]	Y3

B.

1605	4. Cloghnegon ²²⁵	<i>Erck</i> 238 §36
1760	5. Cloughnagun	<i>Nevill</i>
1816	6. Cloughlnagun [<i>sic</i>] ²²⁶	<i>Taylor</i>
1821	7. William’s Seat [<i>sic</i>]	<i>Duncan</i>
1821	8. Castle Toole ²²⁷	<i>Duncan</i>
19/4/1837	9. Cloghnagun ... there is no one ^(a native) in the Glen, that understands the name	LSO 9 (ÓD)
1946	10. Cloughnagun ²²⁸	PriceBL/CGT 9

D.

D2. Tor eibhir ar bheann 555m. Tá beann comhard leis 1km soir uaidh [→GC.190].

²²⁴ *logainm.ie* #28195.

²²⁵ ‘over the midst of the mountains of Kilmasantan [→GS1.45], and soe to Cloghnegon; and from thence and by the foord of Glancullon’

²²⁶ ‘-l-’ *sic*, mar a bheadh an *-h-* á ghreanadh arís ach gan chríochnú [→GS1.39].

²²⁷ ‘Castle Toole: Rocks S.W. of Cloughnagun rocks’ PriceBL/CGT 9.

²²⁸ ‘M[ountain] 1809’ N. of Tonygarrow’.

E. ‘If the tradition were alive, the name would of course be accounted for by a story about the famous huntsman, Fin Maccooil, and his dogs’ LSO 9 (ÓD 19/4/1837).²²⁹ Díol spéise an t-ainm Brl. *Cat Rocks* díreach laistiar de seo inniu — comhtharlúint de réir dealraimh.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [cloch→GS1.17]. [Mar aicmitheoir: **GC.190, GC.211**]

E3. cú “hound”, gin. iol. **na gcon** [*eDIL* s.v. 1 cú]. Cf. ‘Moat na gun’ [**Móta na gCon** “the moat of the hounds”] *BnS* 0795.022 (Teach na Giúise) (1938).

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ

F.

- athrú teanga
Gan aon iarracht ar an ainm a mhíniú sa ghleann i 1837 (9).

‘A certain mountain called the Bogge’²³⁰

GC.189 *Áth Chorrán na bhFiach?

“the ford of the curved feature of the ravens?”

B.

- | | |
|------|-------------------|
| 1604 | 1. Aghcrannevogh |
| 1605 | 2. Aghcranenevogh |

Erck Chan.
CPR 63b

D. Suíomh éiginnte

E. An-éiginnte. Is deacair an dá fhoirm bhéarlaithe thuas a anailísiú:

- *Agh[e]ran(e)/ne/vogh* .i. *af+alt+af* (I) [A+C]
- *Agh/crannevogh, Agh/cranenevogh* .i. [A2+(A1+C)]
 - *crane/ne/vogh* .i. *af+alt+af* (I) [A1+C]

E1. [A2+(A1+C)]? = *af+af+alt+af* = *af+díl* (IV)??

E2. [áth→GS2.109]

E3. Corrán na bhFiach? An deighilt is réasúnta *Agh-* + *-cran/ne/vogh, -crane/ne/vogh* [→E.]. Ní hannamh a mheashtar *-v-* le *-b-* i bpeannaireacht na linne ach tá cuma an chruinnis ar an *-b-* in ‘Kilnebrone’ ar an liosta céanna. Bheadh sé réasúnta a mheas freisin go bhfuil an *-gh(-)* cruinn san *Agh-* agus sa *-gh* deiridh araon. Fágann sin *-vogh*, atá doiléir sa chomhthéacs seo. Is réadú coitianta béarlaithe sa 17ú haois é *-vogh* ar an bhfocal **both** “booth, hut”, gin. u. **botha/boithe** (cuir i gcás ***crannbhoth** “wooden hut?”) ach ní heol aon sampla eile de ***na bhf[o]ch/-th** ná de ***an mh-/bh[o]ch/-th** i logainmneacha. Leasú molta: *Agh/cran/ne/*vegh, Agh/crane/ne/*vegh* < **na bhfiach** “of the ravens” nó **na bhfiodh** “of the woods”; cf. **Carraig na bhFiach** [TS.274], **Log na bhFiach** [GS1.21] (cf. *bf Cnoc na bhFiach* (#35523) (ME): ‘Knocknevogh’ (1838); *bf Cnoc*

²²⁹ Tuairim a bhí bunaithe aige ar a chuid obair pháirce roimhe seo. Féach ‘Lough-na-gun, i.e. *the lake of the grey hounds* (so called from Fin McCool’s dogs)’ LSO (*Do*) chomh luath le 3/9/1834.

²³⁰ Féach Aguisín G. Seo an fuilleach i GC nach bhfuil fianaithe i bhfoinsí eile.

na bhFiodh (#3084) (*Ce*): ‘Knocknevegh’ (1606); *bf* **Lios na bhFiodh** (#3100) (*Ce*): ‘*Lios na bhach*’ *pl:AL*). Éadócha: Brl. *-vogh* = G **-bhóg**, m.sh. ***crannbhóg**

E3a. corrán “curved feature?” [*eDIL* s.v.]: Tá bríonna éagsúla leis an eilimint seo i logainmneacha.

Níl aon sampla eile sa cheantar. B’fhéidir: **crann** “tree” [*eDIL* s.v.].

E3b. [fiach→GS1.21]

E4. A2: CUMARSÁID? + A1: ILGHNÉITHEACH? + C: AINMHÍ?

GC.190 *Cloch na Sceachóirí

“the stone of the haws?”

B.

1604	1. Cloneskeaghory	<i>Erck Chan.</i>
1605	2. Cloneskeaghory	<i>CPR 63b</i>
2014	3. ? Clusnaspeire	<i>EastWest</i>
2019	4. ? Clochnaspeire	<i>EastWest</i>

D. An pointe is faide soir sa limistéar ‘A certain mountain called the Bogge’ 1604/1605; is cosúil gurb í an lomcharraig mar a bhfuil *Prince William’s Seat* SO an ghné atá faoi thagairt (*Fardal* WI003-012).

E. Cf. **Cloch na gCon** [GC.188] laistiar de. Ní léir nach dtagraíonn (3, 4) do **GC.187**.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [cloch→GS1.17]

E3. sceachóir, gin. iol. **sceachóirí** “haw, fruit of the hawthorn” [*eDIL* s.v. **scechóir**]. Ní léir an bhfásadh a leithéid ar an láthair nó an ainm fáthchiallach é ar chuma na gné aiceanta [→**D.**].

E4. A: ARDÁN + C: PLANDA

Glenn Cuilinn: SO 1837 taobh thuaidh den abhainn

of White Mountain. on the Ballybrack side
of the river the following places are situated. Carrige
an róistín. (a cairn) Capna cloe. Carrige. prond. íd. Cpuic
a cõlle. leacain. cuppac. bnuacaid. Cluain n'ce. moyn a lurg.
Aille. Caicain na ceac. millac. Cpuic. Cpuic buisle. alt moyn. baile
bneac. (the name of the lowlands). banos ban. Tom le gabte rock.
cloe ban. Carrige bneac. Slab'geann. Cuppac a'ban'cein.

Fig. 62: LSO lch.41 (14 C 15/19) (EÓC 26/7/1837) — Glenn Cuilinn taobh thuaidh den abhainn.
Acadamh Ríoga na hÉireann.



Fig. 63: GC LSO — Taobh thuaidh den abhainn.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.191 Carraig an Róistín

“the rock of the griddle”

B.

26/7/1837	1. <i>carraig an róistín</i> (a cairn)	LSO 41
30/8/1837	2. Carrick a Roistin	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	3. prond. Carrick a Roseteen	MSO 123 (EÓC)
1837	4. Carrickaroasteen	MSO 125 (ÓD)

D. Pléite in Aguisín M. B’fhéidir go bhfuil baint aige seo leis an ‘earthwork’ (nach maireann) a bhfuil cur síos air in *Fardal* DU025-049, atá léirithe ar SO 6" lú eag. Seans más ea gurb ionann is ***AN Carraigin Rua** [GC.258]: [ˌkaɾi:niːˈɾoː] (2022) — féach Fig. 73.

E. Tá dealramh le foirm EÓC (maidir le guagacht idir ‘an’ agus ‘a[]’ aige cf. ‘*Cruc a choille*’ LSO 41; ‘the stream of *Glaise an Mhuilin*’ LSO 45; ‘*Glais a Mhuicídhe*’ LSO 45 = ‘*Glais an Mhuicídhe*’ *pl(EÓC):AL*).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**carraig**→**GS1.12**]. Ba neamhghnách an t-aicmitheoir é seo in ainm cairn ach ní gá a mheas gur truailliú/athmhíniú ar ***Carn an Róistín** atá anseo — cf. **Carraig na bhFiach** [TS.274].

E3. **róistín**, *gin. id. “griddle” [eDIL s.v.]*. Leac leathan thanaí a thabharfadh an t-ainm seo ba dhóigh leat. Cf. ‘... the stone circle. It is called “the Griddle Stones”...’ *LPN* (1931) 118 = *Druidical Circle* SO [*bf* Buaille an Charraigín] (*CM*), ciorcal de ghalláin leathana thanaí.²³¹ Cf. ‘... many old tombs in the graveyard which are somewhat similar to the dolmans [*sic*] used by the ancient Irish ... the oldest known grave is Saint Melruaen’s which is covered by a round stone commonly called the “Griddle” *BnS* 0795.133 (Cluain Dolcáin) (1938).

E4. A: SAORGA + C: DÉANTÚSÁN

GC.192 *Gort na gCloch

“the field of the stones”

B.

26/7/1837	1. <i>carna cloch</i>	LSO 41
1975	2. Gortnagluck	Fitzsimons #72

D.

D1. Gort 5·909 acra, laistiar de *Butter Well* SO, a ghobann amach as *bf* Gleann Cuilinn i dtreo an tsráidbhaile *Brockey* SO siar.

D2. Gaineamh agus gairbhéal tulógach de thill (*GLs; AminSW*) leagtha ar bhuncharraig eibhir (*TGr*).

E. Níl mórán dealraimh le foirm EÓC ‘*carna*’ sa chéad eilimint (mar a bheadh iolra de **carn**?).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. **gort** “(cultivated) field” [*eDIL* s.v. 1 **gort**] [→**F.**].

E3. [**cloch**→**GS1.17**]. *Sampla (cosúil)* trasna na habhann .i. ***Garraí na gCloch** [GC.233].

E4. A: GORT + C: MIANRA

F.

- /-rtn-/ > /-rn-/
Forbairt choitianta is ea simpliú an chairn /-rtn-/ → /-rn-/. Ach is deacair a rá cé acu is bunúsaí **gort na...** nó **garraí na...** anseo ná sna *samplaí* seo a leanas: ‘Gorna·gree’ [***Garraí/Gort na Graí**] *PNW* 212; ‘Gorna·mōna’ [...**na Mōna**] *PNW* 227; ‘Gorna·hunniker’ [...**an Choinicéir**] *PNW* 266 (*CM*); *bf Gartnaneane* (#3640) (*Ca*): ‘Gartinnenan’ (1629), ‘*Gár na néún*’ *pl:AL*, ‘*gcathair na n-éún*’ [*sic*] *Local Irish:AL* (1836). Féach ***Slád Ghort na Graí** [TS.282]; cf. ***Garraí an Ghabáiste** [GC.247].
- -ch /x/ > Brl. /k/

²³¹ Cf. <<http://www.megalithicireland.com/Bolecarrigeen%20Stone%20Circle,%20Wicklow.html>>, arna chheadú 17/6/2023.



Fig. 64: Léaráid EÓC de Leaba na Saidhe [GC.193] agus An Sliabh Gearr [GC.213] os coinne ‘Giants Grave’ SO 6”.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.193 Leaba na Saidhe

“the bed of the bitch-hound”

[= *Giants Grave* SO 6” lú eag. = *Giants Grave (site of)* SO 25”]

A.

1980	1. [,lɔgrə'sai]	Z10
	2. [,lɔgnə'sai]	Z10
	3. [,lɔgrə'soi]	Z10 (x2)
2022	4. [,lɔgnə'sai]	Y2c
	5. [,lɔgnə'soi]	Y3c
	6. [,l'ɔgnə'sai]	Y4

B.

15/7/1837	7. <i>leaba na saigh</i> (the greyhounds bed)	LSO 46
30/8/1837	8. <i>Leaba na Saighe</i>	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	9. <i>Leaba na Saighe</i> — pron ^d . <i>Lebba na <u>Sigh</u></i> — Greyhounds bed	MSO 123 (EÓC)
1837	10. <i>Labba na sye</i>	MSO 125 (ÓD)
1975	11. <i>Lugna saigh</i>	Fitzsimons #66
2023	12. <i>Lug na Sí</i>	Ainm tí.

C.

- ‘They called [the house (12)] that because that’s (in) *Lugna·sigh*’ (Y3).

D.

D2. *Till eibhir (TGr; AminDW).*

E. Féach Aguisín M. Mionainm a sholáthair Peter Welsh 14/7/1837 (LSO 46) ach murab ionann is an Sliabh Gearr [GC.213], an leirg ar a bhfuil sé suite, ní luann EÓC arís é ar liosta 26/7/1837 (LSO 41) — faisnéiseoirí eile seachas an Breatnach aige an dara babhta, is cosúil. Tá dealramh lena fhoirm Ghaeilge. Is dócha nach raibh aon chur amach ag EÓC fós ar shamplaí eile den logainm seo. Cf. an traidisiún Fiannaíochta faoi chuain coileán a rugadh don tsoith ab ansa le hOisín mac Fhinn (Dunne 1852: 350). Cúpla mí sular bhailigh EÓC an logainm seo tháinig sé ar charn mór ní rófhada soir ó bhaile ‘called by the peasantry Ossian’s grave’ LSO 23 (EÓC 23/5/1837) (cf. ‘Cloghbrack or Ossian’s Grave’ [bf Lúb an tSámhais] (Ao) *DUPN* 74). (Féach *bf Leacht Saidhe* (#12728) (Co): ‘This is the same as Labbanacon, the hound’s Bed’ *ÓD:AL* (1840). Díol spéise gur thuairimigh EÓC

‘leacht sígh’ bunaithe ar an bhfianaise san AL sa chéad dul síos; scrios ÓD é sin gur scríobh ‘leacht saighe, monument of the greyhound bitch’.)²³²

Tá ‘Lugnaigh’ suite taobh thoir de Lána an Bhreatnaigh ar léarscáil Fitzsimons (1975); sa lá atá inniu ann (2021) tá an t-ainm ‘Lug na Sí’ crochta lasmuigh den teach láir as na trí tithe ar an bpríomhbhóthar díreach laisteanas den sliabh. Is cosúil go raibh dul amú ar EÓC nuair a dúirt gur ag an sean-Bhreatnach amháin a bhí an logainm seo ar eolas i 1837 (LSO 46), mar tá eolas forleathan ar an ainm anois. Ní dócha gur dhá mhionainm ar leith iad **Leaba na Saidhe** agus ***Log na Saidhe**.

Samplaí eile den ainm céanna: *bbf Leaba na Saidhe (Ce); (CM)* (agus cuntas ag Price ar an mbéaloideas in *PNW* v–vi). Samplaí cosúla in Albain: ‘Craigsaidh, near Loudon House, is for *creag saidhe*, ‘bitch’s cairn’ *Celtic PN Scot.* 199,²³³ ‘*Allt Saidhe*, ‘the bitch’s burn’, in Glen Urquhart, probably refers to its having been a haunt of wolves that bred there’ *ibid.* 453.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**leaba**→**GS1.44**]. Seo an t-aon fhianaise dhíreach ar an eilimint i logainmneacha Gaeilge an cheantair.

E3. **saidhe** “bitch-hound” [*eDIL* s.v. **sod, sad**]: An t-aon sampla amháin sna gleannta seo.

E4. A: SAORGA + C: AINMHÍ/FIANNAÍOCHT

F.

- /a~o/ roimh /b/?
- **saidhe** /sai/, /səi/
Bheifí ag súil le */sʲi:/ i gcanúint na Mí (cf. ‘*Leaba na Saoi*’ scríofa ar dtús ag TÓC, Fearnáoch, in *Ce* thuas).

GC.194 An Carraigín (2)

“the rocky area”

Brl. *The Corrigeens*

A.

1980	1.	[ˈkɔrɪɡiːn]	Z13
2022	2.	[ˌkɔrɪˈɡiːn] ²³⁴	Y3

B.

26/7/1837	3.	<i>Carrigín</i>	LSO 41
4/3/1939	4.	the ·Corrig·eens	PriceLN 17:107
4/3/1939	5.	Corrigeens	PriceLN/SÓS 89
1975	6.	Corrigeens	Fitzsimons #71

C.

- ‘another small pasture with a lot of stones, rocks and piles of stone’ Z13.
- ‘an ould pastor (pasture)’ PriceLN/SÓS.

²³² An Dr. Pádraig Ó Dálaigh a chuir an tagairt seo ar fáil don taighdeoir.

²³³ An Dr. Pádraig Ó Cearbhaill a chuir an tagairt seo ar fáil don taighdeoir.

²³⁴ ‘Corrigeena·roe’ a d’iarr an taighdeoir.

D.

D1. Laistear de bhun Lána an Bhreatnaigh de réir léarscáil Fitzsimons (1975). (Cf. ‘Conlon’s Rocks’, an chéad ainm eile laistiar de seo ar an léarscáil chéanna. Cf. ‘Little Rock’, ainm tí ar an taobh thuaidh den phríomhbhóthar.)

D2. Gaineamh agus gairbhéal tulóghach (*GLs*; *AminSW*) leagtha ar bhuncharraig eibhir (*TGr*).

E. Tá dealramh le foirm EÓC. Cuir foirm an uatha i gcomórtas le ***Na Carraigíní** [TS.307]: ‘*carraigínídhe*’ LSO 89. Bheifí ag súil leis an bhfoirm chéanna anseo freisin ag EÓC más leagan iolra a bhí sa chaint an uair úd [→**GS2.58**].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN?

F.

- béim
Comhbhéim (4).
- Brl. -s iol.

GC.195 Páirc Aodha

“the field of Aodh”

A.

1980	1. [,pɔːrˈkiː]	Z13
	2. [,pɑːrˈkiː]	Z13

B.

26/7/1837	3. <i>Páirc Aodh</i>	LSO 41
-----------	----------------------	--------

C.

- (Is it a narrow field?) ‘Tis a narrow field’ Z13.

D. Suíomh anaithnid.

D1. Cf. Brl. *The Old Parks* díreach taobh thiar de thús Lána an Bhreatnaigh (1975).

E. Tá dealramh le foirm EÓC. Ní gá ***An Pháirc Chaol** [→**GS2.170**] a chur san áireamh, cé gur léir gur mheas Séamas Mac Philib gur chuala sé */-ˈkiːl/ [→**C.**]. Tá foirmeacha (1, 2) an-soiléir ar an téip.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [páirc→**GS2.95**]

E3. **Aodh**, gin. **Aodha/Aoidh** (ainmp. fir). Cf. ***Cúil Mhic Aodha** [GS2.163].

E4. A: GORT + C: AINM

F.

- **-ao-**
Breithiúnas EÓC, ar ndóigh, faoi ndear [iː] deiridh a thuiscint mar **Aodha** ach tá dealramh leis. Ina chontae dúchais féin d’fhuaimníte idir **Aodh** agus gin. **Aodha** mar a bheadh **Ao’** /~eː/. Féach *bf Cúil an Chéachta/Coolakay* (#[55110](#)) (*CM*): ‘Cúil ic Aodh’ *pl*(EÓC):*AL* (1839) /~(k)eː/ ≠ *bf Baile Ífe/Balief* (#[27426](#)) (*CC*): ‘Baleef or Bally-Hugh, in English, and

baile aodh, pronounced Ballee, was the old Irish name' LSO (CC) I 166 (EÓC 1/9/1839)
/~i:/ aige.

GC.196 *Cnoc an Choiligh

“the hill of the cock”

B.

26/7/1837 1. *cruc a choille* LSO 41

D. Suíomh anaithnid.

E. Samplaí eile: Cnoc an Choiligh [cnocainm] (DG: Ci; TÁ) an míniú is simplí. Ach is ait an iarracht neamhghramadúil ag EÓC ‘*cruc a choille*’, mar a bheadh ***Cnoc an Choille**. Féach a leithéid chéanna aige faoi *bf Tuaim Choill/Tomcoyle* (#55579) (CM): ‘Tomecoyle’ (1604) = ‘*Tóm choille*’ *pl(EÓC):AL* (1839); *bf Barr Choille/Barchuillia* (#55080) (CM) = ‘*Barr choille*’ *pl(EÓC):AL*, is é sin, idir */xəi/’ agus */xwi:l/’ i gceist aige le ‘*choille*’ (!). Thairis sin, níl sé as an áireamh gurb ionann cáilitheoir don ainm seo is do ‘Glana·ch(w)eeliagh’ PriceLN/CGT 2: 71 (1929) = ‘Glanaqueeliagh or Glamakeeliagh’ [*sic*] PriceBL/CGT 9 (1946), ainm an tsrutháin a ritheann idir an Tóin Dubh agus Mullán na Subhán i nGleann Crí .i. */-xwi:l/’.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [cnoc→GS1.13]

E3. coileach, gin. coiligh “cock; rooster; male bird” [*eDIL* s.v. 2 **cailech**] [→E.]. Cf. freisin Brl. *Cot Brook* [→GS1.6].

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ

F.

- /l'~/l'/
Cf. litriú ‘*cruc a choille*’ os coinne ‘*Aille*’ agus ‘*lug na heala*’.
- **cn-** /kr-/
• **-igh** /-i/

GC.197 An Leacain (3)

“the hillside (*lit.* cheek); slope”

A.

1980	1. [ˈlʲakɪnz] ([a~ε])	Z13
	2. [dʒˈlʲakɪnz]	Z13
	3. [ˈlʲekɪnz]	Z13
2022	4. [ˈlakɪn]	Y2b
	5. [ðʒˈlakɪn]	Y2b (x2)

B.

26/7/1837	6. <i>leacain</i>	LSO 41
4/3/1939	7. ·Lackan	PriceLN 17: 111
4/3/1939	8. Lacken	PriceLN/SÓS 85

C.

- ‘Just here under the houses, slopy land running down to the river’ Z13.
- ‘The ground there that goes down to the river ... part of Brooky’ Y2.
- ‘under the house (in Ballybrack or Bornaralda, I’m not sure which he said)’ PriceLN.

D.

D1. Tá mionainm EÓC taobh thuaidh den abhainn (‘On the Ballybrack side of the river ... *leacain*’ LSO 41) i measc ainmneacha eile timpeall ar an bhfo-bhaile *Brockey* SO. Áit eile fós, de réir dealraimh, is ea ***An Leacain (4)** [GC.234]. Tá samplaí ar an dá thaobh den ghleann in GS freisin.

E. [leaca→GS2.105].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

F.

- **-ea-** [a], [ɛ]
= (3) [GC] ≠ [a], [ɒ] (1), (2) [GS2]

GC.198 An Currach (5)

“the wet land”

Brl. *The Currachs*

B.

26/7/1837	1. <i>currach</i>	LSO 41
1975	2. The Curracks	Fitzsimons #64

D.

D2. *TGr*; *AminDW*; *Acid Brown Earths*, *Brown Podzolics* (cf. ***Curracha Mháirtín** [GC.214]).

E. [currach→GS2.110]. Is luachmhar an litriú seo ‘*currach*’ ag Ó Comhraí mar idirdhealú le ‘*cruc*’, ‘*crucan*’, srl. Ní foláir nó bhí difríocht idir ‘*currach*’ agus ‘*cruc*’ mar mhionainmneacha béarlaithe i GC ar a laghad sa chéad leath den 19ú haois (cf. Brl. *curragh* [k^ɸ.ɪɔk] i GS sa lá atá inniu ann).
[→GC.214].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- Brl. *-s iol.*

GC.199 *An Bhrocaigh (2)

“the place of badgers”

A.

1980	1. [ˈbʲuːkiː]	Z13
	2. [ˈbʲɛɔkiː]	Z13
2022	3. [ˈbʲɔki]	Y2b, Y3c

B.

26/7/1837	4. <i>bruachaidhe</i>	LSO 41
1837	5. Brockey	SO

D., E., F. [→GC.176].

GC.200 Cluain Uisce

“wet pasture of (the) water?”

A.

2022 1. ‘[.kleʊnɜːˈsgɪ:]?’ (ní dócha gur aithin é) Y4

B.

26/7/1837 2. *cluain uisce* LSO 41

D. Éiginnte. Ar an taobh thuaidh den abhainn a fuair EÓC an t-ainm seo. Tá cúpla gort dea-thalún siar ón mBrocaigh [GC.199] ar theorainn na drochthalún i Móin an Loig [GC.198].

E. Tá dealramh le leagan EÓC ach b’fhéidir gur foirm de **easca** a chuala sé: féach ‘*Uisce an Fhéir*’ LSO (CM) aige ar leirg theas Chipiúir = ‘Eskineir’ PriceBL/CGT 6. D’fhéadfaí */.kluəˈnʲɛʃɡʲi/ a thuairimiú anseo dá bharr sin [→E3.].

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. cluain “wet pasture” [*eDIL* s.v. 1 **clúain**]. Is iondúil a thagairt d’áit suite idir drochthalamh agus abhainn, nó d’oileán dea-thalún i lár portaigh nó drochthalún (féach Ó Cearbhaill, *LnÉ III* 16–17). Níl aon sampla eile sa cheantar staidéir ach tá *bf Cluain* ([#55048](#)) (CM) díreach taobh thall den chnoc i nGleann Crí: ‘A meadow in a clearing in the forest’ PNW 285. Ní bheifí ag súil le **gleann** a bheith measctha le **cluain** sa cheantar seo maidir le foghrú agus tá Brl. *Jemmy’s Glen* [GC] taobh theas den abhainn.

E3. uisce, gin. u. uisce “water”: Níl aon sampla cinnte eile sa cheantar ach cf. ***Garraí Eisce** (1) [GS2.120], (2) [GC.245].

E4. A: GORT + C: UISCE




Fig. 65: Moin an Loig [GC.201] — léarscáil SO 25''.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.201 Móin an Loig

“the bogland of the hollow”

A.

1980 1. [ˌmoːnʲɛˈlʲig] Z13

2022 2. [ˌmaʊnʲɜːˈlʲig] Y2b (x2)

3. [ˌmaʊnʲɛˈlʲig] Y2b

B.

1837	4. <i>móin a luig</i>	LSO 41
4/3/1939	5. ·Mōnialig	PriceLN 17: 110
4/3/1939	6. Mòanyelig	PriceLN/SÓS 86
1975	7. Monalee or Lug	Fitzsimons #56

C.

- ‘a rale ould ould name, an old coarse pastury field’ PriceLN.
- ‘turf and boggy, marshy sort of land’ Z13.
- ‘would be the worst [bit of ground around here], yeah, but all ours was like that before I reclaimed it’ Y2.

D. (Féach Grianghraf 13.)

D1. Tá log le déanamh amach sa chuid theas de ghort 7·476 lastuaidh den mheall beag gainmheach cois abhann i ngort ·575 ar SO 25" (Fig. 65).

D2. Till eibhir ghlárach fhliuch (*TGr; AminPD; Surface water Gleys, Ground water Gleys*) sa chuid thuaidh de; till eibhir dhraenáilte (*TGr; AminDW*) sa chuid theas.

E. Tá dealramh le foirm EÓC. Cf. ***Móin Log** [GS2.59].

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [móin→GS1.36] = portach anseo.

E3. [log→GS2.59]. Tugann foirmeacha (1–3, 5, 6) gin. u. **loig** /lʲig'/~/lɔg'/ le fios.

E4. A2: ÍSLEÁN + A1: ÍSLEÁN?

F.

- caolú → Brl. /-Cj-/

GC.202 *Aille?

“cliff?”

A.

2022	1. [ˌɫ̪i'ali]	Y3b (x3)
------	---------------	----------

B.

26/7/1837	1. <i>Aille</i>	LSO 41
1957	2. The Alley	Flatrès 1957: planche VIII
2020	3. The Alley	Ainm tí

C.

- ‘stream runs down under the bridge’ Y2; ‘a stream ... yeah, at the Alley’ Y3.

D.

D2. Mar a mbuaileann an till thanaí éadomhain in uachtar (*TGr; AminSRPT*) le till níos doimhne (*TGr; AminDW*). Ritheann dhá shruthán bheaga isteach ina chéile anseo, go ngabhann faoin mbóthar trí Mhóin an Loig i dtreo na habhann.

E. An-éiginnte. Cloítear le litriú EÓC anseo cé nach cinnte a bhunús. B'fhéidir: ***ailleach**, tabh. **ailligh** “place of cliffs” (< **ail**): Is ar éigean a d'oirfeadh an bhrí chnuasach/áitreabhach “place of cliffs” don suíomh (*≠ bf An Fhailigh Bheag* (#28176) (*La*)) in ainneoin na sruthán sléibhe [→**D2.**]. B'fhéidir: **ail**, malairt iol. **aille** “cliffs”(?) [*eDIL* s.v. 1 **ail**]: ‘*co ndernai alle dímhora impe*’ *LU*

(c.1100). D’fhéadfaí foirm ghinideach chalctha de (**An**) **Aill** “steep-sided ravine/stream” a thuairimiú, freisin; cf. *bf An Aill/Aille* (#21563) (*Ga*): ‘*aill*’ *pl:AL*, [ˈal̪ə] *Áit*. (c.1980); cf. *bf Na hAille* [G] (#18807) (*Ga*). [**aill**→**GS1.4**] Cf. freisin *bf Aill an Ghabhair* [GS1.34].

Éadócha: **aileach**, tabh. **ailigh** < **ail** “place of rocks, boulders”: cf. **Ailigh** “boulders(?)” (*DG*): [ˈil̪i] Watson 2019: 155. Más ea níl aon rian dá leithéid inniu. Éadócha: Brl. *alley*.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN?

F.

- **-il-** caol
Cf. **Cnoc an Choiligh** [GC.196].

GC.203 *Carraig na gCat

“the rock of the cats”

A.

1980	1.	[ˈkɔːməˈgɔθ]	Z10
	2.	[ˌkɔːməˈgɔθ]	Z11
	3.	[ˌkɔːməˈgʲɔθ]	Z11
2022	4.	[ˌkɔːməˈgɔt̪]	Y2a
	5.	[ˌkɑːmɜːˈgɔt̪] ([ɑ] <i>sic</i>)	Y2b
	6.	[ˌkɑːmɜːˈgɔθ]	Y5

B.

26/7/1837	7.	<i>cathair na ccat</i>	LSO 41
1946	8.	Cornagat	PriceBL/CGT 11
1975	9.	Cornacot	Fitzsimons #57
2020	10.	Corr na gCat	Ainm tí

C.

- ‘1590’ Between 2 Rocks & Tibradden’ PriceBL/CGT — an chéad bheann c.480m siar ó mhullach Bhinn Dhá Charraig.

D. Éiginnte. Tá faisnéiseoirí Y2, Y3, Y5 cinnte gur thagair an t-ainm riamh don pháirc feirme taobh thoir de *Cruck House* ach mar bharr ar an meascán, de réir thuairisc CGT (1946) is cnoc atá i gceist [→**C.**, **E.**].

D2. Till eibhir (*TGr*; *AminDW*).

E. Tá dealramh le foirm EÓC ach amháin gur féidir talamh slán a dhéanamh de gur forcheartú é **cathair** “stone ring-fort”, eilimint nach dtagann i gceist i logainmneacha sa taobh seo tíre.²⁵⁵ Téann an fuaimniú áitiúil le litriú EÓC freisin. Ach is díol spéise nár sholáthair Mulvey an t-ainm seo i 1939 (PriceLN 17), cé go raibh sé suite ar a chuid talún féin de réir dealraimh. Ardaíonn seo an cheist an ionann ‘*cathair na ccat*’ (1837) is ‘·Gornago·bawstha’ (1939) [→**GC.247**]. B’fhéidir gur dóichí giorrúchán ar **carraig** (cf. **Carraig na Sióg** [GS1.23]) anseo, in ainneoin go mbeadh **corr** níos gaire don fhianaise [→**E2.**]. Cf. Brl. *Cat Rocks* in aice le Cloch na gCon.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

²⁵⁵ Is sampla neamhstairiúil é Brl. *The Caher* i nGleann Dá Loch, ainm tuairisciúil ag an lucht seandálaíochta.

E2. [carraig→GS1.24] Ní léir aon charraig shuntasach sna goirt seo ach cf. ‘Corna·goth runs down to the Red Scar’ [→GC.252], ar chnocán beag carraigeach é féin. Féach an forás ‘*Carraig na síodhóg*’ (1837) → [ˌkɑɪnəˈʃiːɡ] (1980) [GS1.24] — d’fhéadfadh sé go raibh */kɑɪ-/ déanta de **carraig** faoi 1837 i GC .i. **Carraig na gCat** */ˌkɑɪnəˈɡat/.

B’fhéidir: **corr** “projecting feature, srl.” [eDIL s.v. **corr** II]: Is deacair aon ghné oiriúnach a shonrú mar a bhfuil an tigh anois ná ní heol aon samplaí cinnte den eilimint sa mhórchéantar: cf. **Baile na Corra** (#55490) (CM), b’fhéidir, tamall maith ó bhaile.

E3. **cat**, **gin. iol. cat** “(wild) cat” [eDIL s.v. **catt**]: Samplaí eile: ***Carraig an Chait** [TS.289].

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ

F.

- -th- leathan láir?

GC.204 An Mullach

“the summit, crest”

A.

1980	1. [ˈmʊlək]	Z13
	2. [dʒˈmʊlˌəx]	Z11
2022	3. [dʒˈmʊlˌək]	Y2b
	4. [dʒˈmʊlək]	Y2b, Y2c

B.

26/7/1837	5. <i>mullach</i>	LSO 41
1939	6. the ·Muiliuc	PriceLN 17: 107
	7. (or ·Meelick)	
	8. (or ·Muilleack)	
4/3/1939	9. The Muilleach(k)	PriceLN/SÓS 86
1975	10. Mullagh	Fitzsimons #109

C.

- ‘an old rough field here on the main road’ (6)

D.

D1. Díreach os cionn ***Curracha Mháirtín** [GC.214] lastoir.

D2. Till thanaí éadomhain (TGr; AminSRPT; Podzols (*peaty*), Lithosols, Peats).

E. **mullach** “summit” [eDIL s.v.]. Cíor bhréige (“false crest”) atá sa pháirc seo ar leir an chnoic .i. níl barr an tsléibhe le feiscint dá dhroim. Níl aon sampla eile sa cheantar mar phríomheilimint ach cf. ***Fearann an Mhullaigh** [GS2.112].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

F.

- -ch /x/ > Brl. [-k], [-x]
- Brl. caolú /-l-/ leathan láir

Cf. caolú **-l-** ag Mulvey freisin in **Glaise an Mhulláin** [GS1.11]: ‘·Glassa·mullyawn’ (PriceLN 17: 111). Samplaí eile i gCúige Laighean: ‘The Gowlyauns’ < **gabhlán** (*La*); ‘The

Pulliaighs' < **pollach** (*La*); ‘·Mullauns, or ·Mullyawns’ < **mullán** (*CM*); ‘·Bullyaun·baun: the name of a field’ < **bollán(?)**/**mullán(?)** (*CM*).²³⁶




Fig. 66: An Cnoc [GC.205], Cnoc Buaile [GC.206], An Bhánóg Bhán [GC.209], *Páirt an Chaca [GC.250].



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.205 An Cnoc

“the hill”

A.

2022	1. [kɾɔk]	Y2a
	2. [ˌkɾɔkˈiɑɔd]	Y2c

B.

26/7/1837	3. <i>Cruc</i>	LSO 41
1957	4. <i>Cruck</i>	Flatrès 1957: planche VIII

C.

- ‘Cruck starts from the river up to here [láthair ‘Cruck Cottage’]’ Y2.
- ‘Bor·naltry only starts at the bridge ... it was Cruck Road from there’ Y2.

E. Ar éigean más féidir cnoc le dealramh a shonrú ar an láthair anois. Tá ardán maol le déanamh amach os cionn na habhann os comhair Bhuaile an Araltaigh.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ARDÁN

F.

- **cn-** /kr-/

GC.206 Cnoc Buaile

“hill of (the) cattle-fold, summer pasture”

A.

2022	1. [ˌkɾɔkˈbʲɑʊlʲɜ]	Y2a , Y2c
	2. [ˈbʲɑʊlʲɜ]	Y2a

²³⁶ NB Liam Price a scríobh iad seo go léir. Tá [lʲ] le clos i nGleann Cuilinn ar a laghad go cinnte.

B.

26/7/1837	3. <i>cruc buaile</i>	LSO 41
1975	4. Crook Pasture	Fitzsimons #61

C.

- ‘it was an entrance to the hill ... the old people called it [ˈbʌwɪljɜ] (2) ... a passway to the hill’ Y2.

D.

D1. Fitzsimons 1975: dhá ghort lastuas den bhóthar; ní goirt atá i gceist de réir Y2 (féach Fig. 66).

D2. Till thanaí éadomhain (*TGr; AminSRPT; Podzols (peaty), Lithosols, Peats*).

E. Tá rian na Gaeilge ar an bhfuaimniú áitiúil, rud a chuireann **Cnoc Buaile** “hill of (the) booley” in iúl. Fágann sin caolseans gur ghaelú de chuid EÓC é ‘*cruc buaile*’ LSO ar bhunlogainm Brl. *Cruck + Booley* .i. “the booley belonging to (the nucleated settlement of) Cruck”. Díol spéise go bhfuil Brl. *Crook Pasture* ag Fitzsimons sa suíomh céanna (1975); níor aithin faisnéiseoirí an Chnoic é sin [→F.]. (Cf. ‘Bo·naralda Pasture [boˌnarəldəˈpaːst̪ə] ... this is Bun·aralda [ˌbʊˈnarəldə] ... still ruins o’ houses up there. Lot higher up than this, ridges all over the mountains’ Z12 .i. Brl. *Boranaraltry Pasture* suite os cionn na lonnaíochta bige féin.)

E1. [A2+A1] *af+af* (IV)

E2. [cnoc→GS1.13]

E3. [buaile→GS1.33]

E4. A2: ARDÁN + A1: GORT

F.

- athrú teanga

GC.207 An tAllt Mór?

“the big gully, steep river-bank”

B.

26/7/1837	1. <i>alt mór</i>	LSO 41
1975	2. Paddy Toole (Sweet Shop & Cobbler)	Fitzsimons #60
2015	3. the Alt	Meitheal
	4. the Big Alt (Haunted ruins of old building)	

D.

D1. Léirithe ar léarscáil Meitheal san áit a bhfuil an tigh *Ballybrack 4e* in *GVal*. (‘Michael Merrigan ... House and office’). Tá an tigh sin léirithe ar SO 6” agus SO 25” ach níl ar SO Cassini. Ionad casta busanna is cóistí atá anois ann.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. ?allt “gully, steep river-bank, glenside” [*eDIL* s.v. 2 **alt, allt**; cf. *FSÁG* 1]. Is léir gur sine an t-ainm ná na fothracha tí [**D1.**]. Samplaí eile: (*The*) *Alt(h)* [x8] (*FNCM*) suite cois uisce. Is cosúil mar sin go bhfuair na fothracha tí seo ‘the Big Alt’ ainm ón bpáirc ina raibh an tigh ina sheasamh, agus go bhfuair an pháirc sin féin ainm ón ngné seo ar an sruthán os cionn an bhóthair.

E3. Ní léir aon *Allt Beag mar chodarsnacht; cf. *Aille [GC.202] tamaillín soir uaidh.

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

F.

- athrú teanga

Leathastríúchán ó ‘*Alt mór*’ (1837) go Brl. *The Big Alt* inspéise, más fíor, ach chuaigh den taighdeoir é a dheimhniú; cf. aistríúchán **An Choill Mhór (2)** [GC.175] → *The Big Wood*.

- défhoghar

Ar an drochuair níor aithin éinne de na faisnéiseoirí an t-ainm.

GC.208 *bf* An Baile Breac

“the speckled (i.e., rock-strewn?) town(land)”

[= *bf* *Ballybrack*]

A., B. *logainm.ie* (#16637); [ˌbaliˈbrak] Y2, [ˌbalʲɜˈbʲak] Y4, Y5.

D. Till eibhir éadomhain chlochach.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **baile** “town(land)” [*eDIL* s.v. 1 **baile**] (cf. Toner 2004).

E3. **breac** “speckled” [*eDIL* s.v. **brecc**]: Sampla eile: **An Charraig Bhreac** [GC.212] (ainm a d’fhéadfadh a bheith gaolmhar leis seo); **Na Clocha Breaca** [TS.294].

E4. A: DAONRA + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- cáilíocht chonsan G → Brl.

Fuaimniú suntasach ar an gcéad eilimint ag cainteoirí áirithe.

GC.209 An Bhánóg Bán

“the white lea-field”

Brl. *The Bonnoges*

A.

2022	1. [d̪ɜˈbanɔʊgz] ([a~ɔ] sa chéad siolla)	Y2c
	2. [d̪ɜˈba(ː)ɲjɔʊgz]	Y5
	3. [d̪ɜˈbanjɔʊgz]	Y5

B.

26/7/1837	1. <i>bánóg bán</i>	LSO 41
1975	2. Bawnagelbawn	Fitzsimons #58

C.

- ‘Where the white house is, in front of that ... the ground in front of that that runs down to where you see the bouncy castle ... runs up to the road’ Y2 (féach Fig. 66).

D.

D1. De réir léarscáil Fitzsimons: an gort 7·86 atá suite sa triantán idir Lána Bhuaile an Araltaigh agus an príomhbhóthar agus an sruthán laistiar — níorbh ann don ladhar bóithre seo in aimsir na Suirbhéireachta. Níl aon ainm ag muintir na háite ar an bpáirc sin anois ach sholáthair siad

[d̪ʒˈbancɔgz], et var., uathu féin ar an ngort 1·189, srl., faoi bhun an bhóthair, tamaillín siar ó bhaile. Tá an dara háit seo gan ainm ag Fitzsimons 1975. Seans maith gurb ionann, cé nach féidir talamh slán a dhéanamh de.

D2. *TGr; AminDW; Acid Brown Earths, Brown Podzolics*

E. Tá foirm 1975 ábhairín truaillithe ach ní dócha go dtugann sé siolla de bhreis ar an bhfoirm LSO le fios, murab ionann is ***Na Bánóga Bána** [GS2.62].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E4. A: GORT + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **-á-/a:/**

Is cosúil gur **a-cúil** atá á chur in úil le *-aw-* (faoi dhó) in 1975

GC.210 *Carraig Thóin le Gaoith

“the rock of Tóin le Gaoith”

< **Tóin le Gaoith**

“bottom to the wind”

A.

1980	1.	[kɔ.ɪ, go:nɪ'gi:]	Z11
	2.	[kɑ.ŋ, o:nɪ'gi:]	Z11
	3.	[kɑ.ɪ, go:nɪ'gi:] (go tapaidh)	Z11
	4.	[kɑ.ɪʒ... (<i>casacht</i>) ... , go:nɪ'gi:]	Z11
2022	5.	[,kɔ.ɪŋɑʊnɪ'gi:]	Y2b, Y2c
	6.	[kɔ.ɪ, ɡɑʊnɪ'gi:]	Y2c
	7.	[,kɑ.ɪŋo:nɪ'gi:] (go tapaidh)	Y2c
	8.	[kɑ.ɪŋ, ɑʊnɪ'gi:]	Y4

B.

26/7/1837	9.	<i>Toin le gaoith</i> rock	LSO 41
18/2/1939	10.	Corrigónigee (long o, accented)	PriceLN 17: 99

C.

- ‘In Ballybrack above the road (i.e. on the slope leading up toward the Two Rock)’ (10)
- ‘over on the other side there too’ Z1.
- (Is that a big rock or something?) ‘No, it’s nothing, it’s just a part of the hill’ Y2.

D. Suíomh éiginnte.

E. Díol spéise go bhfreagróidh an frása ***Carraig** [+] **T[h]óin le Gaoith** go maith don fhrása ‘*Toin le gaoith* [+] **rock**’ a bhreac EÓC in LSO (féach Fig. 62).²³⁷ Cf. comhshamhlú *-l-n-* → *-n-* in **bf Buaille an Araltaigh** [GC.181]: [**Bōl-naraldah* →] ‘Bō-naraldah’ (1939), [,bɔ'narəldə] (Z12) le ***Carraig Thóin le Gaoith** [GC.210]: [**Corrigónligee* →] ‘Corrigónigee’ (1939), [kɑ.ɪ, go:nɪ'gi:] (Z11).

²³⁷ Ba cheart a lua gur tháinig Liam Price ar an ionannú céanna freisin i nóta beag idirdhuilleach nár cuireadh i gcló sa leagan foilsithe dá chuid leabhair nótaí (Corlett 2002): ‘O’Curry records a number of local names in Glencullen in the Co. Dublin O.S. Letters (1837). Several of them are the same as names Mulvey gave us: ... Corrigonigee ... Tóin le Gaoith (rock)’ PriceLN 17: 112a. Is é an trua é nach raibh a mhalairt de chur chuige ag an bPriseach nuair a thosaigh sé a chuid taighde sa 1920í .i. lorg na mionainmneacha Gaeilge ó 1837 a chur.

Sampla eile: *bf Tóin le Gaoith* (#17292) (BÁC): ‘Toulnagee’ (1837), [ˈtʌnəgiːˌrʉəd] (*Tonlegee Road*) (2020).²³⁸ Cf. ‘Corrigónigee’, ‘*Toin le gaoith* rock’ le ‘Corrigakyouck or Corrigakyout’, ‘Kyout rock’ PriceBL/CGT (1946) = *sl Carraig an tSeabhaic/Carrigshouk* (#113046) (CM).

Éadócha: Gan aon bhaint idir an dá logainm agus ***Carraig Eoghain Mhic Aodha** “the rock of Eoghan Mac Aodha” mar bhunús d’fhoirmeacha (1–8, 10).

E1. [A2+(A1+S)] *af+af+rf+af = af+díl* (V)

E3. Déanann Ó Maolfabhail (1982) amach gur **gaoth** “expanse of water; inlet” [*eDIL* s.v. 3 **gáeth**] (cf. *d Gaoth Dobhair* [G] (#130384) (DG); *id Gaoth Sáile* (#1417272) (ME)) atá i dtreis sna samplaí den logainm **Tóin le/re Gaoith** ar fud na tíre. B’fhéidir gur móide an míniú tradisiúnta **gaoth** “wind” [*eDIL* s.v. 2 **gáeth**] anseo.

E4. A2: ARDÁN + A1: CORP + C: SUÍOMH

F.

- **le (< re)**

Tharla gurbh í **re** an fhoirm stairiúil den réamhfocal is féidir talamh slán a dhéanamh de go dtabharfadh EÓC /r/ faoi deara má bhí sé le clos. Sa tuaisceart is mó a mhaireann an tseanfhoirm **re** sna logainmneacha seo.



Grianghraf 14: An Chloch Bhán [GC.211].

GC.211 An Chloch Bhán

“the white stone”

A.

2022	1. [ˌklɔkˈwaːn]	Y2a, Y3c
	2. [ˌklɔxˈwaːn] ([o] sic)	Y2a

²³⁸ Malairt foirme choitianta é seo ar [ˈtʌnlɪgiːˌrʉəd] (2020), et var.

B.

26/7/1837	3. <i>cloch bhán</i>	LSO 41
4/3/1939	4. Cloch·wán (-wawn) stone	PriceLN 17: 106
4/3/1939	5. Cloch Vawn Stone	PriceLN/SÓS 89
1975	6. Clockwan	Fitzsimons #74

C.

- ‘huge big stone ... walk across the hay field and it’s just outside the wire, you can’t miss it ... granite’ Y2.

D.

D1. Suite ar bhruach an tsrutháin ar chúl an Chnoic [GC.205] laistiar.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [cloch→GC.17]

E3. Bollán eibhir é seo ach dhealródh sé go dtugtaí **cloch bhán** ar ghrianchloch sa cheantar freisin. Cf. **Slád na Cloiche Báine** [TS.312]. (Agus cf. **An Chloch Bhán/Pillar Stone** = Brl. *The White Stone/Queen Mab* [GC]: ‘The people have no name for it but the white stone’ LSO 10 (ÓD 19/4/1837); ‘a rectangular block of quartz’ *Fardal* DU025-050.)

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT DATHA

F.

- **-ch** /x/ → Brl. /k/
- **bh-** → Brl. /w/
- claochlú tosaigh

GC.212 An Charraig Bhreac

“the speckled rock”

A.

1980	1. [ˌko.ɾək.ˈbʲakʲ]	Z13
2022	2. [ˌka.ɾɪŋˈbʲakʲ]	Y2b (x3)
	3. [ˌkɔ.ɾɪŋˈbrakʲ]	Y2c

B.

1821	4. Knockbrack	<i>Duncan</i>
26/7/1837	5. <i>carraig bhreac</i>	LSO 41

C.

- ‘away up here on the mountain, all rocks on top of that mountain’ Z13.
- (Would that be your name for the whole hill up there?) ‘No, no, that’s only an area, a smallish area’ Y2.

D. Leirg thiar Bhinn Dá Charraig de réir léarscáil Duncan (1821) ach réiteodh suíomh an logainm ar liosta LSO 41 (*carraig bhreac. Sliabh gearr. Curraca Máirtín.*) le cuntas Z13.

D2. Lomcharraig eibhir anseo (*RckNca; Bedrock outcrop or subcrop; AminSRPT*).

E. Tá dealramh le foirm EÓC; díol spéise an séimhiú ar an aidiacht nach bhfuil le clos inniu. Ní háirithe go bhfuair *bf An Baile Breac* [GC.208] ainm ón sliabh breac seo.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [carraig→GS1.12]. Maidir le ‘Knock-’/‘carraig’/[kɔrək-] sa chéad eilimint cf. **Carraig na Sióg** [GS1.23]. **Éadócha:** cnoc “hill”.

E3. [breac→GC.212]

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT DATHA




Fig. 67: LSO (14 C 15/21(ii)) — léaráid de Ghleann Cuilinn.
Acadamh Ríoga na hÉireann.

GC.213 An Sliabh Gearr

“the short mountain”

B.

15/7/1837	1. <i>Sliabh Gearr</i>	LSO 49
26/7/1837	2. <i>Sliabh gearr</i>	LSO 41
1837	3. <i>Sliabh Gearr</i>	LSO 14/C/15/21(ii)
30/8/1837	4. <i>Sliabh Gaer [sic]</i>	MSO 123 (Williams)
30/8/1837	5. <i>Sliabh Gearr</i> — prond. Slieve Gár. The short mountain.	MSO 123 (EÓC)
1837	6. <i>Slieve Gárr</i>	MSO 125 (ÓD)

D.

D1. An cnoc maol 340m–360m a bholgann amach as leirg thoir theas Bhinn Dá Charraig, de réir léaráid EÓC féin (Fig. 67) (cf. **Log an Phúca (2)** [GC.215]). Bhí an t-ainm seo luaite aige cheana sa litir faoi Peter Welsh (LSO 46) ach luann sé arís é ag deireadh an liosta mionainmneacha (LSO 41).

D2. Buncharraig (eibhear) ar bharr, portach timpeall uirthi sin, till eibhir (*TGr*; *AminSRPT*) an chuid eile.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [sliabh→GS1.17]

E3. gearr “short” [*eDIL* s.v. 1 **gerr**]: Oiriúnach don chnocán maol seo. Ní gá **garbh** */garə/ a chur san áireamh. Níl aon *Sliabh Fada mar chodarsnacht.

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (FADA/GEARR)

F.

- **-bh** leathan

Níor cheart mórán adhmaid a bhaint as an litriú caighdeánach ‘*Sliabh*’ ach féach an nóta faoi **Sliabh na mBardóg** [GS1.35].




Fig. 68: Léarscáil SO Sraith Eolais de Ghleann Cuilinn — An Sliabh Gearr [GC.213] léirithe le ▲.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.214 *Curracha Mháirtín

“the *currachs* of Máirtín?”

A.

1980	1. [ˌkʲiɾəkəˈmɑːtʲiːn]	Z13 (x2)
2022	2. [ˌkʲoɾəkəˈmɑːtʲiːn]	Y2b
	3. [ˌkʲuɾəkəˈwɑːtʲiːn]	Y2b
	4. [ˌkʲoɾəkəˈmɑːtʲiːn]	Y2b (x2)

B.

26/7/1837	5. <i>curraca Máirtín</i>	LSO 41
1975	6. Currach Martin (or Morcha)	Fitzsimons #59
2019	7. Currach Martin	<i>EastWest</i>

C.

- ‘a flat place coming off at the very bottom of [An Charraig Bhreac [GC.209]] here’ Z13.

D.

D1. Díreach ar chúl an tí darb ainm ‘The Alley’ (cf. ***Aille** [GC.202]), ar thaobh an tsléibhe. I ndiaidh ‘*Carraig bhreac*’ ar liosta LSO [→C.].

D2. Mar a mbuaileann an till thanaí éadomhain in uachtar (*TGr; AminSRPT; Podzols (peaty), Lithosols, Peats*) le till níos doimhne (*TGr; AminDW; Acid Brown Earths, Brown Podzolics*). An dara saghas acu atá le fáil in **An Currach (5)** [GC.198] freisin.

E. Réitíonn litriú EÓC le fuaimniú 1980 agus is inmheasta go raibh /k/ le clos i ndeireadh an chéad eilimint faoi 1837. Is dócha gur **currach** atá ann ó cheart, mar sin féin [→**E2.**]. Maidir leis an nguta i ndiaidh /x/ cf. b'fhéidir *bf Curracha Brídín* (#5156) (*Ca*): 'Curraghbreedeen' *Comm. Surv.* (1652), '*Curracha Brídín*' *pl:AL. Sampla eile den ainm céanna: bf Currach Máirtín* (#27527) (*CC*): '*currach martin*' *pl:AL.*

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [**currach**→**GS2.127**]. **Éadócha:** **corrachadh** "uneven, oddly-shaped field".

E3. **Máirtín, gin. M(h)áirtín.** **Éadócha:** **An Máirtíneach, gin. an Mháirtínigh** < AN *Martin* (sloinne), rud a mhíneodh an guta i ndiaidh **currach**. Cf. *Brl. Martin's Rye* [GC] (Fitzsimons #37)

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINM AN

F.

- **-t-** caol → *Brl. /tʃ/*
Freagraíonn an litriú 'Morcha' [*leg. Morchin?*] (1975) don fhuaimniú áitiúil (1–4). Cf. **d-**caol → *Brl. /dʒ/* in *sl Dioghais* (#1167122) (*CM*): 'pronounced like Jouce' MSO (*CM*) 206 (1840), 'Jowse' *PNW; bf Céidín* (#54739) (*CM*): 'Káyjeen' *LPN* 14.²³⁹

GC.215 Log an Phúca (2)

"the hollow, glen of the goblin, elf"

B.

15/3/1726	1. Lugaffuka ²⁴⁰	<i>CGn.</i> 52.207.34227
15/7/1837	2. <i>lug a phuca</i>	LSO 46
1837	3. <i>lug a phúcha</i> Glen (<i>sic</i> , ponc séimhithe os cionn -c-)	LSO 14/C/15/21(ii)

D.

D1. Mionainm a fuarthas ó Peter Welsh 15/7/1837 ach, murab ionann is **An Sliabh Gearr** [GC.213], nár luadh arís é ar liosta LSO 41. Léirithe ar léaráid 14/C/15/21(ii) san áit a bhfuil gleanntán rite os cionn Bhaile Éamainn Duibh (féach Fig. 67); luaite le *bf* Barr na Coille i ngníomhas 1726, áfach, mar a bhfuil log ollmhór sa sliabh os a chionn.

D2. Ritheann an gleanntán amach as an gcarraig lom (*RckNCa; AminSRPT*) trí stráice tille eibhir éadoimhne (*TGr; AminSRPT*) isteach trí thill eibhir dhomhain (*TGr; AminDW*).

E. [→**Log an Phúca** [GS2.78]]

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E4. A: ÍSLEÁN + C: OSNÁDÚRTHA

²³⁹ Samplaí eile ag Ó Gliasáin 2023: 208 (*CD*), Ó Conchubhair 1948: 273 (*La*).

²⁴⁰ 'John Atkinson of Kilgobbin ... Joshua Baker of Palmerstown ... Gunsmith ... All that Part of the Town and Lands of Barnekill and Logaffuka now in the Possession of the said Joshua Baker situate in the Parish of Kilgobbin Barony of NewCastle [*sic*] and County of Dublin'

GC.216 An Log Mór (3)

“the big hollow”

B.

15/7/1837 1. *lug mór*

LSO 49

D. Ainm é seo a fuair EÓC ó Peter Welsh 15/7/1837. Ní léir an ionann is an sampla den logainm céanna taobh theas den abhainn a scríobh sé ar an liosta fada (LSO 41) 26/7/1837 [→GC.177]. Más rud é nach ionann, cuir i gcás an log mór idir Binn Dá Charraig agus Binn Trí Charraig i mBaile Éamainn Duibh lastuaidh. Ní thugann EÓC aon ainm san áit sin ar an léaráid, áfach (féach **Log an Phúca (2)** [GC.215]), cé go bhfuil na trí mhionainm eile marcáilte.

E. [log→GS1.9]

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

GC.217 Poll Diarmada

“the pool, hole of Diarmaid”

B.

30/8/1837 1. Poll Dermada

MSO 123 (Williams)

30/8/1837 2. Dermotts hole

MSO 123 (EÓC)

1837 3. Polldermot

MSO 125 (ÓD)

D. Suíomh éiginnte. Féach Aguisín M. Scríofa ar bhileog SO 25, par. Chill Tiarnáin .i. *bf* Gleann Cuilinn.

E. Tá dealramh le ‘Poll Dermada’ (Williams) = ‘Dermotts hole’ (EÓC). Is é an trua é nár thug EÓC leid ar fhuaimniú an chéad eilimint.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. Féach ***Na Poill Fhada** [GS2.117]. Seans maith gur poll cois na habhann é seo — cf. suíomh *Poll na gCapall [GC.254], Brl. *Sheep Hole* [GC] sa ghleann céanna.

E3. Diarmaid, gin. Diarmada (ainmp.) Ainm coitianta i measc mhuintir nuaghallda an 18ú haois ab ea **Diarmaid** → Brl. *Darby, Jeremiah* ach tabhair faoi deara freisin gur mhórphearsa de chuid na scéalta Fiannaíochta ab ea Diarmaid mac Doinn, leannán Ghráinne (cf. ***Carn na Screathaine** [GC.219]).

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINM/FIANNAÍOCHT

GC.218 Tobar Airt

“the well of Art”

B.

30/8/1837 1. Tober Airt

MSO 123 (Williams)

30/8/1837 2. Tober Art

MSO 123 (EÓC)

1837 3. Toberart

MSO 125 (ÓD)

D. Suíomh éiginnte. Féach Aguisín M. Áit éigin ar bhileog SO 25, par. Chill Tiarnáin .i. *bf* Gleann Cuilinn. Is léir nach ionann is Brl. *Butterwell*, *bf* Gleann Cuilinn.

E. Tá dealramh le foirm EÓC.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [tobar→GS1.44]. Ní heol ar bheannaithe an tobar é seo.

E3. [Art→GS1.28]

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINM




Fig. 69: *Carn na Screathaine [GC.219] — cuid de léaráid EÓC (14 C 15/21(ii)) (iompairthe 90° deiseal).
Acadamh Ríoga na hÉireann.

GC.219 *Carn na Screathaine?

“the carn, pile of stones of the (slope covered with) scree?”

B.

1837	1. <i>cornasgráine</i>	}	LSO 14/C/15/21(ii)
	2. or <i>cúl bán</i> 'chair' ²⁴¹	}natural pile	

C.

- ‘The rain and thunder prevented me of collecting, or seeking, any tradition connected with the pile of rocks on the S.E. brow of Tibradden mountain. I procured the two Irish names that I send you for it [Fig. 56] but can say nothing more about it at present. The little circles and cairns in its vicinity are the most curious that I have met yet’ LSO 50 (EÓC 15/7/1837)
.i. ‘natural pile’ sa léaráid thuas.
- ‘a Bronze Age cairn with centrally-placed cist’ *Fardal* DU025-023001; ‘Inscribed stone ... cross is cut on the face of a large granite rock SE of a cairn’ *Fardal* DU025-023002.

D.

D2. Carraig lom (*RckNCA*; *Bedrock at surface*; *AminSRPT*).

²⁴¹ Cuir i gcás **Colmán**, ainm naomh, b’fhéidir: cf. ‘A little to the NW of Calliaghstown [par. Ráth Cúil] is Badgerhill [#17177], on which they shew an artificial mound called Coleman’s Chair, but why it is so called I could not learn’ LSO 82 (EÓC 13/9/1837).

E. Éiginnte. Cloítear le **carn** mar a bhí ag EÓC, ach carn ná clocha ní léirítear ar SO 6". Éadócha:
***Carraig na Screathaine** agus an sliabh féin i gceist.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [?carn→TS.264].

E3. *screathain, gin. u. screathaine, malairt foirme de **screathan** “(slope covered with) scree” [cf. *eDIL* s.vv. sreth, sreth(n)aigid?]. Bheadh a leithéid oiriúnach don áit [→D2.]. Is ann do **scrathain** *FGB* = **grathain** “swarm, mob”. Cf. freisin infhilleadh baininsneach in *bf An Screathan* (#49271) (*PL*): /sə'ʃgr'ahən'/ (c.1962). D'fhéadfaí **Carn an Screathain** agus forchéartú ag EÓC a thuairimiú. Cf. **Móitín na Scraithe** [TS.267].

Éadócha: [**Diarmaid**] agus **Gráinne**, gin. [**Dhiarmada**] agus **Ghráinne** .i. bunús na Fiannaíochta; cf. **Poll Dhiarmada** [GC.217] ní fada ó bhaile. **Leaba** (= tuama meigiliteach) is gnách a lua leis an lánúin seo i logainmneacha, ach cf. leithéid **Carraig Dhiarmada agus Ghráinne** (*Cl*): ‘Corrig-yeer-mud-agus-yronna or The Lovers Leap’ *Local:AL*.

E4. A: SAORGA + C: MIANRA

F.

- -th- leathan láir?

Gleann Cuilinn — tar éis na SO taobh theas den abhainn




Fig. 70: GC tar éis na SO — Taobh theas den abhainn.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.220 *An Abhainn Trasna

“the transverse river”

A.

2022 1. [ˌʌʊnˈtʲasnɜ̃] Y5 (x4)

B.

18/2/1939 2. Owenthrasna, or it is sometimes called PriceLN 17: 99

3. Crossowen

4/3/1939 4. the Owen·trasna brook PriceLN 17: 108

1946 5. Owntrasan [*sic*] PriceBL/CGT 11

C.

- ‘The boundary between Glendoo and Killakee mountain (i.e. Cruagh) ... above where the people camp’ PriceLN 17: 99.
- ‘Stream rising between Cruagh & Glendoo M[ountains]’ PriceBL/CGT.

D.

D2. Ritheann amach as an bportach trí thill eibhir éadomhain (*TGr; AminSRPT*) isteach san abhainn.

E.

E1. [A+C] *af+dobr* (II)

E2. [abhainn→GS1.7]

E3. trasna “transverse, cross-” [*eDIL* s.v. tarsna II (b)]: An t-aon sampla amháin sa cheantar. Is minic nach léir brí tarsna/trasna i logainmneacha [→F.]. Cf *bf Glais Trasna* (#36544) (*ME*).

E4. A: UISCE + C: TREOCH

F.

- **-abha-** → Brl. /o:/
Réadú ar an bhfóinéim /o:/ atá in [ΛU] thuas (1). Ach meabhraíonn an tOll. Mícheál Ó Mainnín don taighdeoir gur minic a bhíonn tionchar ag an ainm pearsanta Brl. *Owen* ar a leithéid d'ainmneacha.²⁴²
- **athrú teangan: leathaistriúchán?**
Díol mór spéise an leathaistriúchán Brl. *Cross* (aistr. < **trasna**) + *owen* (trasl. < **abhainn**), más fíor. Níor ghreamaigh an tiontú seo i logainmneacha eile a bhfuil an eilimint **trasna** iontu. (Ní hionann is míniúcháin mar seo a leanas: *bf An Baile Tarsna* (#3524) (*Ce*): ‘*Baile Tarsna*’ *TÓC:AL*, ‘i.e. Cross-town’ *ÓD:AL* (1839).) Féach áfach *mng Crosabha* (#1419363) (*Ci*): ‘[ˌkroˈsou] ... mar a dtagann Abha na nGabhlán agus Abha an Locha le chéile’ (1970).

GC.221 *Log na nGuairneán

“the hollow of the eddies”

A.

2022 1. [ˌlɔɡnɐˈɡʊɾɜ] Y5

B.

4/3/1939 2. ·Lugana·gurnan PriceLN 17: 106
3. (or ·gurnawn)
4. (or ·Lug na ·gurlawn)
4/3/1939 5. Lug-a-na-gurnawn [ciorcal timpeall ar an dara -n- PriceBL/SÓS 88
agus -l- os a chionn .i. -gurlawn]

C.

- ‘beyond the gamekeeper’s house, on the bend of the road: this side of the gate leading up to Mahon’s’ PriceLN 17: 106.
- ‘on the river’ Y5.

D.

D1. Réitíonn suíomh Y5 le tuairisc 1939.

D2. Talamh glárach atá cois na habhann anseo, faoi bhun na carraige loime ar an gcnoc lastuaidh de agus na tille eibhir ar an gcnoc laistear.

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**log**→**GS1.9**]. Dhealródh sé ón suíomh gur ‘poll, áit dhomhain ar shruthán’ is brí le **log** anseo. D’fhéadfaí an dísp. **logán** a mheas i bhfianaise ‘Logana-’ (2), (5).

E3. **guairneán**, gin. iol. *id.* “whirlpool, eddy” [*Dinn.* s.v.]: An eilimint seo is réasúnta, tharla gur log srutháin atá i gceist, san áit a dtiteann srutháinín (gan ainm) anuas isteach in Abhainn Ghleann Cuilinn. **Sampla eile:** ‘·Inchagurnyawn, or Inchanagurnyawn: the place where the Glanakeera brook meets the Glashaboy brook’ *PNW* 224. **Éadócha:** **coirneán** “any round thing” (*Dinn.*) = **cornán**

²⁴² Comhfhreagras pearsanta.

“(small) roll, coil” (*FGB*); ~ **caisil**, ~ **leacáin** “navelwort” (*tearma.ie*). Níl sé as an áireamh gur ainm áitiúil ar luibh éigin a bheadh anseo.

E4. A: ÍSLEÁN + C: UISCE

F.

- claochlú tosaigh
ng- /ŋ/ → Brl. *g-*
- béim faoi ndear giorrú 2022
- **-án** → Brl. *-awn*: is cosúil gur i gcomhar le SÓS (5) a rinne Price na ceartúcháin (3, 4) ar a fhoirm thras-scríofa féin (2).
- díshamhlú *-r-n-n > -r-l-n*

GC.222 *An Easca

“the stream”

B.

4/3/1939	1. ·Aska	PriceLN 17: 108
4/3/1939	2. Āska	PriceLN/SÓS 87

C.

- ‘the name of a brook over Mahon’s: it branches off into the Dead Man’s Hollow’ PriceLN.
- ‘a bruk branches into Dead Mans Holla’ PriceLN/SÓS.

D. Éiginnte.

D1. Ba dhóigh leat gurb é seo an sruthán beag a éiríonn díreach laistiar den teach (cf. *Rises*, laistiar de *Glendoo Ho.* SO 6" Cassini) agus a ritheann isteach in Abhainn Ghleann Cuilinn faoina bhun lastuaidh.

D2. Éiríonn i dtill eibhir éadomhain agus ritheann trí thill eibhir dhomhain.

E. Sampla cinnte de **easca** = sruthán; cf. ***Easca an Aoire** [GS2.64].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: UISCE

F.

- ea- /a/
Cf. samplaí in *Esk(a)-*.

GC.223 *An Fhálbhuaile

“the (peat-)fenced booley”

B.

4/3/1939	1. the Fol·bólia brook	PriceLN 17: 108
	2. (<i>fal·bóilia</i>)	
	3. (·Fol·boulye)	
4/3/1939	4. (= <i>Fál·buaileadh</i>)	PriceLN 17: 108 (imeall)
4/3/1939	5. Folböwl ye Bruk [- <i>u-</i> os cionn - <i>w-</i>]	PriceLN/SÓS 90
	6. (<i>fal bó-lia</i> (stress on <i>bó</i>))	

C.

- ‘at the top of the bog between Glan·cree and Dublin. It’s out over the boundary of the Owen·trasna brook’ PriceLN.

D.

E. Níl sé as an áireamh gurb é seo is bunús leis an logainm Brl. *bf Oldboleys* (#55062) (CM) féin (oifigiúil: **An tSeanbhuaille**). Is léir gurb é an focal céanna é seo leis an bhfocal seo a leanas i mBéarla Chill Dara: ‘Faulbooliagh Houses are those erected on, or at the edge of, a bog, whose walls are composed of peat’ Omurethi 1911: 532.

E1. [A] *af-af* (V)

E2. [**buaile**→**GS1.33**]. Is léir gurb é an fuaimniú ceannann céanna atá ag Y2 faoi **Cnoc Buaile** [GC.206] atá i gceist sna hiarrachtaí éagsúla ag Price (1–3) agus Ó Súilleabháin (4–5).

E3. **fál** “hedge, (peat-)fence” [*eDIL* s.v. 1 **fál**]: Níl aon sampla eile sna gleannta. Cf. *Falbolie* (DG) ar *meitheal.logainm.ie*.

E4. A: FOIRGNEAMH

F.

- **-ua-** ~ /o:/

GC.224 *An Easca Láir (?)

“the middle brook”

B.

1928	1. ? ·Eska·lower ... streams above the ... water works	PriceLN/CGT 2: 71
4/3/1939	2. the ·Eska·law brook	PriceLN 17: 110
4/3/1939	3. Eskalaw Bruk	PriceLN/SÓC 19: 84
1946	4. Eskilour	PriceBL/CGT 6
1957	5. Esca·lower ... small brooks above the Reformatory (CGT)	PNW 294
2019	6. ?Eascalour	<i>EastWest</i>

C.

- ‘at the top of Glendoo Mountain, joining Glencree’ PriceLN.
- ‘Stream from Glendoo past Mrs. Dunne’s house’ PriceBL/CGT.

D.

D1. Ritheann isteach i nGleann Crí. Tá ***An Easca Bhán** “the white brook” laistiar de; ***Easca na gCrann(?)** “the brook of the trees?” (‘Askanacrann’ (1928), ‘Askanacran’ (1946)) lastoir, mar a raibh na linnte snámha.

D2. Éiríonn sa phortach, ritheann síos trí thill eibhir éadomhain (*TGr*; *AminSRPT*).

E. Ní fhéadfadh sé gurb ionann is Brl. *Middle Brook* ‘over Mahon’s house’ PriceLN 17: 108 ar Shliabh an Ghleanna Dhuibh.

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. Sampla cinnte de **easca** = sruthán. Cf. ***Easca an Aoire** [GS2.64].

E3. lár, gin. u. láir “middle” [*eDIL* s.v. **lár** ... attrib. gen.] [→**D1.**] Samplaí eile: ***An Charraig Láir** [‘Carrig·laur, Carriglaur Brook’] (*CM*) agus ***An Charraig Mhór** [‘Carrig·vore’] gar dó. **B’fhéidir: leabhair** (aid.) “slender” [*eDIL* s.v. **lebar**]: cf. ***An Ghlaise Leabhair** (?) ‘the rivulet called Glaslower to the river Dodder’ ... ‘the river called Glaslower running to the sea near the boundaries of the land of Carrickbrennan’ (1306) Brooks 1952: 54. D’fhéadfaí ***Glais(e) Lobha(i)r** ‘stream of (the) leper(s)’ a chur san áireamh freisin sa logainm luath úd.

E4. A: UISCE + C: TREOCH

F.

- **-r caol**

Más fíor, sampla de /-rj/ deiridh na Gaeilge a dhul ar ceal. Cf. Ó Gliasáin 2023: §4.1.6. Ach gach seans gur imir an dá fhocal Brl. *law* agus *lower* tionchar ar an dá fhuaimniú éagsúla, ar ndóigh.

GC.225 *An Chlais (2)

“the trench, ravine”

Brl. *The Big Clash*

B.

1946	1. Clashes Big & Little	PriceBL/CGT 11
1975	2. The Big Clash	Fitzsimons #93

C.

- ‘E[ast] of Glendoo M[ountain]’ PriceBL/CGT.

D. [→**GC.182**]

E. Féach ***An Chlais (1)** [GS2.134].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

GC.226 *An Currach (6)

“the wet land”

B.

1975	1. The Corracks	Fitzsimons #89
------	-----------------	----------------

D.

D1. Ceithre ghort ·310, ·317, ·365, ·379 os cionn Brl. *Stone Wall Field*.

E. Féach ***An Currach (1)** [GS2.127].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN



Grianghraf 15: Radharc ó Dhroichead Bhuaile an Araltaigh siar i dtreo *Caisiar (2) [GC.227], agus *An Bhanrach [GC.183] os a chionn aniar.

GC.227 *Caisiar (2)

“(deliberately) fallow land (*lit.* overgrown lea-land)?”

A.

1980	1. [dʒ,ka'ʃi:ə]	Z11
	2. [,ka'ʃi:ə]	Z11

B.

1939	3. the Cosheer or Casheer (equal stress)	PriceLN 17: 110
4/3/1939	4. The Cōshèer	PriceLN/SÓS 19: 84
1975	5. The Lower Coshire	Fitzsimons #86, #87
	6. The Upper Coshire	

C.

- ‘an ordinary grazing or tillage field’ PriceLN.

D.

D1. Dhá ghort taobh thiar den tigh i mBuaile an Araltaigh (*Upper* suite os cionn *Lower*). Sruthán is teora thiar dóibh.

D2. Till eibhir dhomhain (*TGr; AminDW; Acid Brown Earths, Brown Podzolics*)

D3. *iníor/curaíocht*

E. [*Caisiar→GS2.166]. Féach gur chuala Price comhbhéim (3) ach gur chuala Ó Súilleabháin béim ar an siolla deiridh (4), faoi mar atá le clos (don taighdeoir seo) ar théipeanna 1980 (1, 2).

E1. [A+C] *aid-af* (II)

E4. C: AIDIACHT + A: GORT

GC.228 *An Bóthar (3)

“the lane”

Brl. *The Boar Ditch*

B.

1939	1. The ·Bō-er Ditch (‘bó’ and ‘er’, two syllables)	PriceLN 17: 109
4/3/1939	2. The Boar Ditch	PriceLN/SÓS 85

C.

- ‘on a field underneath the house on the Bonaralda side’ PriceLN.

D.

D1. Ní léir ach aon bhóithrín amháin faoi bhun an tí ar SO 6" 1 eag., is é sin an lána aníos ón abhainn. Fuair Fitzsimons (1975) ainm ar gach páirc faoi bhun an tí anseo ach lána ná clais ní luann sé anseo.

E. [bóthar→GS2.113].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: CUMARSÁID

F.

- -th- láir
Féach nach sonraíonn SÓS an dá shiolla.

GC.229 *Na hInsí

“the riverside meadows”

A.

1980	1. [d̪iːn̪]	Z11
	2. [iːn̪]	Z11
2022	3. [d̪iːiːn̪]	Y2c

B.

4/3/1939	4. ·Inchy	PriceLN 17: 109
4/3/1839	5. Inchee	PriceLN/SÓS 86
1975	6. Inches	Fitzsimons #76

C.

- ‘the river runs beside it’ PriceLN.
- ‘little piece of ground the far side of the river, that’s the Insh’ Y2.

D.

D1. Gort beag 1·500 lastoir den droichead ar bhruach Bhuaile an Araltaigh den abhainn.

D2. Till eibhir dhomhain (*TGr*; *AminDW*) i dteorainn le talamh glárach (*A*; *AlluvMIN*).

E. Is dócha gur foirm iol. **insí** atá sa dá thagairt is luaithe (4, 5) [→GS2.123]. Cf. *bf Na hInsí/Inchee* (#22964) (*Ci*), *bf Na hInsí/Inches* (#8786) (*Co*).

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

F.:

- aistriúchán
Díol spéise an leagan iolra sa Ghaeilge ‘Inchy’.

GC.230 *An Pháirc (6)

“the field”

Brl. *Park*


B.

1975 1. Park

Fitzsimons #84

D.

D2. Meascán de thill dhomhain agus ithir ghlárach.



Grianghraf 16: Radharc aduaidh ar Clais an Ghadaí [GC.182] ag rith anuas as An Log Mór (2) [GC.180] thar bráid *Garraí na gCloch [GC.233] agus *Ruán an Fhearainn [GC.231].

GC.231 *Ruán an Fhearainn?

“the reddish (heathery?) place of the landholding?”

A.

1980	1. [ˌr̥uːn̪ˠˠˠˠˠ]	Z11 (x2)
1980	2. [ˌr̥uːn̪ˠˠˠˠˠ]	Z11
1980	3. [ˌr̥oːr̥ən̪ˠˠˠˠˠ] (gnáthchaint ach gan chríoch)	Z11
2022	4. [ˌr̥uːr̥ˠˠˠˠˠ]	Y2a (x2)
	5. [ˌr̥uːn̪ˠˠˠˠˠ]	Y2b

B.

1975 6. Robin Errin²⁴³

Fitzsimons #81

C.

- ‘all that place over there, the far side [from Cruck]’ Y2.
- Mar Brl. *roaring* a tuigeadh tús an ainm faoi 1980: ‘must have been somebody shoutin’...’ — míniú seoigh Z12 ar fhoirm Z11.

D.

D2. Till dhomhain (*TGr; AminDW*) agus paiste beag tille gláraí (*TGr; Surface water Gleys, Ground water Gleys; AminPD*) díreach lastuaidh de.

²⁴³ *sic, leg.* ‘Rorin Errin’.

E. An-éiginnte. Thabharfadh an bhéim struchtúr *af+alt+af* (I) le fios, le cáilitheoir dar tús guta nó **f(h)-**. Mar leis an aicmitheoir de, d’fhéadfaí **ruán** “reddish place” a chur i gcás (**An Ruán** [GC.177], ***An Corr-ruán** [GS2.63]) ach comhshamlú *r-n-n-(r-n) > r-r-n-(r-n)* a thuairimiú.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [**ruán**→**GS2.63**]. Féach dath an fháis ar Ghrianghraf 16 thuas.

E3. Tá **fearann** “land(holding)” le fáil mar aicmitheoir i GS ach ní heol aon sampla deimhnitheach mar cháilitheoir i mionainmneacha an cheantair (cf. *bf Ráth an Fhearainn* (#26421) (CC), *fb Lisín an Fhearainn* (#1415929) (Ci)). Ní léir cén **fearann** a bheadh i gceist anseo — tá an áit suite os comhair [ˌfɛrɲˠˠwa:lz] [GC.251] ach is mór an seans gur logainm Brl. é sin (< *fern* ‘raithneach’).

B’fhéidir: **iarann**, gin. **iarainn** “iron” [*eDIL* s.v. **íarn**]. Cf. an giorrú in *bf Fán an Iarainn* (#55274) (CM): ‘pronounced locally both Fānan·eering and Fānan·errin’ *PNW* 61 agus *bf Tom an Iarainn* (#55228) (CM): ‘-erron’ (c.1810).

E4. A2: ILGHNÉITHEACH + A1: GORT

E.

- comhshamlú *r-n-n- > r-r-n-*

GC.232 *An Bhéitín

“the top-burnt soil”

A.

1980 1. [be:ʔɲ]

Z11

C.

- ‘What’s the name of it now, up past [·Roarin·errin]?’ Z11 ... ‘The grazing place?’ Z12
- ‘[X’s] Beatin, *our* Beatin’ Z11

D. Suíomh éiginnte

D3. *iníor*

E. **béitín** “top-burnt soil” [*FGB* s.v.] (Cf. ‘*béitín* .i. *forlosgadh*—a Burning the frost Burnt heth or grass of ye hills’, ‘*béitineacht*—Burning rotten grass or heath’ FTÓN.)²⁴⁴ Tá an eilimint seo pléite go cuimsitheach uileghabhálach ag Ó Fionnagáin & Mag Eacháin (2019). Is iasacht ó Brl. *beating* atá anseo ó cheart agus is minic a réadaítear mar sin é i bhfoirmeacha athbhearlaithe. In ainneoin litriú an fhoclóra in **-ín** níl aon adhmaid canúna le déanamh as siolla gairid deiridh anseo (1). Is mar sin a réadaíodh é i nGaeilge Osraí freisin, áit a raibh sé an-bhisiúil: féach **Béitín Mharcais**, **An Bhéitín Riabhach**, **Gort na Béitne** i mbar. Ghabhráin agus (**An t**)**Seanbhéitín**, bar. Ó Deá (*O’Kelly*). Gaelú eile ar Brl. *beating* faoi ndear na foirmeacha **Béiteáil Nua** (#1421263) agus **Garraí na Béiteáil** [*sic*] (#1421307), par. na Rinne (*PL*).

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT

²⁴⁴ Is cosúil gurb é seo bunfhoinsé na dtagairtí as na foclóirí eile a luaitear in Ó Fionnagáin & Mag Eacháin 2019: 161.

GC.233 *Garraí na gCloch

“the garden of the stones”

B.

1975 1. Garnagloch

Fitzsimons #82

D.

D1. Gort 1·381 idir *Ruán an Fhearainn [GC.231] agus *An Chlais [GC.225].

E. **Gort na gCloch** i bhfad níos comónta mar logainm (féach ***Gort na gCloch** [GC.192] agus 15 shampla ar *logainm.ie*) ach féach *bf* **Garraí na gCloch** (#[21273](#)) (*Ga*).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E4. A: GORT + C: MIANRA

F.

- **-ch** /x/ → Brl. [x]?

GC.234 *An Leacain (4)

“the glenside, slope”

Brl. *The Lackins*

A.

2022 1. [dʒˈlakɜnz]

Y4

2. [dʒˈlakɪnz]

Y4

B.

1975 3. The Lakins

Fitzsimons #27

C.

- ‘That’s where the forestry is’ ... ‘Thomaleen Bog ... above the Lackins’ Y4.

D. *Éiginnte*, ach is cosúil gurb ionann is **An Leacain (3)** [GC.197] ag EÓC/Y2, faoi bhun *fb* An Bhrocaigh.

E1. [A] (*alt+*)*af* (III)

E4. A: ARDÁN

GC.235 *An Logán Dubh

“the black little hollow”

A.

(2022 1. ??[dɪ, blakʲˈhələ]

Y5)

B.

1975 2. Lochandubh

Fitzsimons #34

D.

D1. Mar a bhfuil an focal *Quarries (Disused)* SO 25”.

D2. Till eibhir éadomhain (*TGr; AminSRPT*).

E. *An-éiginnte*. Is aisteach an an litriú bréag-Ghaelach é ‘Lochandubh’ ag Fitzsimons (2). Loch ná rian de níl le fáil anseo. Tá an suíomh ró-ard chun **leacain** a chur san áireamh; b’fhéidir gur móide **logán**. Tá cur amach ar áit darb ainm Brl. *The Black Holla* (1) tamaillín beag soir ó shuíomh Fitzsimons (‘joins Ballin·ounther’ Y5).

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [logán→GC.259]

E3. [dubh→GS1.7]

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (DATH)




Fig. 71: *An Giota Dubh [GC.236] — léarscáil cháilíocht talún.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.236 *An Giota Dubh

“the black patch”

B.

1975 1. Gutta Dhu

Fitzsimons #33

D.

D2. Paiste *RckNca* i measc tille éadoimhne (*TGr*; *AminSRPT*) (féach Fig. 58).

D3. Coiréal.

E. Níl sé as an áireamh go bhfuil an logainm seo coimrithe.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **giota** “patch” [cf. **giota curaíochta** “patch of tillage” *FGB* s.v.]: Níl aon sampla eile sa cheantar.

Is ar éigean go bhfuil gaol aige le [d̪ˠ'gʲeθ̪ˠ], *et var.* [→GS2.93, 115, 152, 165]; ní bheifí ag súil le fíor-pháircainm in airde anseo. **B'fhéidir**: **guta** “filth, mire; filthy place” [*FGB* s.v.]. **Éadócha**: coimriú ar **gort**; cf. ‘Gutharidge ... Bridge Field’ [**Gort an Droichid**], par. Ráth Cúil in Ua Broin 1943.

E3. [dubh→GS1.7]

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **-bh** leathan deiridh

GC.237 *Garris Rock

A.

1980 3. [ˌgʲa:ɪsˈrak] Z11

B.

1975 4. Garris Rock Fitzsimons #31

D. Gar do na cairéil ar Shliabh Ghleann Cuilinn.

E. An-éiginnte: **gearradh** “cut”? Cf. **An Garraí Dubh** [GS2.68]. **Éadócha**: **carraig** “rock” — cuir i gcás **Corrig-arris* → Brl. *Garris Rock* ar nós **Carraig Thóin le Gaoith** [GC.210] → ‘*Tóin le gaoth rock*’?

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E4. A: ARDÁN + C: AINM

GC.238 *Cnoc na Brocaí

“the hill of An Bhrocaigh”

B.

2/11/1748	1. Knocknebrocky	<i>CGn.</i> 152.371.102160
15/2/1774	2. Nocknebrack ²⁴⁵	<i>CGn.</i> 299.565.199363
18/2/1939	3. Knöockanabröokey (<i>cnúc an a brúccaidh</i>) (öo is a short u sound)	<i>PriceLN</i> 17: 99
2019	4. Knockanabrockey ²⁴⁶	<i>EastWest</i>

C.

- ‘Brockey in Ballybrack^{brew} he called ... there are only three houses in it’ *PriceLN*.

E.

E1. [A2+A1] *af+log*. (IV)

E2. [cnoc→GS1.13], [cnocán→GS1.24]. Léiríonn foirmeacha (1, 2) thuas gur imir an ghnáth-fhorbairt Brl. *kn- /kn-/* → */n-/* ar an ainm agus gur cheart dá bhrí sin */*nokˠnəˠbruki/* a léamh ar fhoirmeacha 1930, in ainneoin an litrithe ‘Cn-’.

Sampla eile: Díol spéise a mhacasamhail dhíreach de mhionainm i dtagairt stairiúil do *bf Buaille na Brocaí/Ballynabrocky* (#54614) (*CM*): ‘Bolenabrooka alias Ballaghna-brack alias Knockenebracky’ (1667) *PNW* 258.

E3. [An Bhrocach→GC.176]

E4. A2: ARDÁN + A1: LOGAINM

²⁴⁵ Comhthéacs an dá ghníomhas seo: ‘All that part of the Town and Lands of Glancullen then in the Possession of Philip Carr Containing by Estimation Sixty one Acres be the same more or Less together with part of the Mountain known by the names of the Rovanes [→GC.177] Knocknebrocky the Oak Wood [→GC.175] and the Turf Bog thereto belonging together with Matthew Byrnes Garden Called the Crosses’ (1748); ‘the Lands of Glancullen the Mountain and Lands of Ballynurltagh [→GC.181] one other part of said Lands calld Carr’s holding the Rowans Nocknebrack the Oakwood and Turf Bogg ... part of said Lands of Glancullen called Goolding’s holdings ... the Lands of Ballybrack’ (1774). An staraí Nicholas Ryan a chuir an dá ghníomhas seo ar shúile an taighdeora. Thugtaí Brl. *The Crosses Field* ar an ngort mór 11·846 ag an gcrosbhóthar i nGleann Cuilinn; cuid den ghalfhúrsa anois é.

²⁴⁶ Léirithe ar an gcnoc 364m i *bf* Baile an Bhrú (#55046) (*CM*).

E.

- **cn-** > Brl. *kn-* /*n-*/
An ghnáthfhorbairt bhéarlaithe seo a d’imir ar an sampla áirithe seo de G **cnoc**, os coinne Brl. *cr-* /*kr-*/ (< G **cn-** /*kr-*/ (< /*kn-*/ (stairiúil)) a fheictear de ghnáth sa mhórcheantar. Tabhair faoi deara go bhfuil an mionainm seo ar an dornán beag a luaitear i seanghníomhais talún.

GC.239 *Buaile an Ultaigh

“the cattle-fold, summer pasture of the Ulsterman”

A.

2022 1. [ˌbalʲnʲɔn̪t̪ʲɔ] (*sic*, [-ɪ] soiléir) Y5

B.

1760	1. B:nulty	<i>Nevill</i>
1816	2. Ballynulty	<i>Taylor</i>
17/12/1838	3. <i>Baile na nUltach</i> ie the Town of the Ultonians	LSO (<i>CM</i>) 34
1939	4. Ballinóuntha or	PriceLN 17: 98
	5. Ballinoultha	
4/3/1939	6. Ballyn·oultha	PriceLN 17: 109
1946	7. Ballynountagh	PriceBL/CGT 9
1957	8. Balle·noulthagh	<i>PNW</i> 281
2019	9. Ballinounther	<i>EastWest</i>

C.

- ‘a small subdivision of Anacrivy’ LSO.
- ‘Kearneystown is the upper part of Ballybrew on the county boundary. Ballinóuntha (or Ballinoultha) is the hill above it where the trees are cut down.’ PriceLN 17: 98.
- ‘the granite quarries, on this side of Ballyn·oultha (i.e. Glencullen Mountain)’ *ibid.* 17: 108.
- ‘Wood E[ast] of Cornaspinkeen’ PriceBL/CGT.
- ‘the north part of Annacrivey east of the Ravens Rock’ *PNW* 281 (1957).

D.

D2. Carraig lom (*RckNCa*) agus till eibhir dhomhain (*TGr*; *AminDW*) thíos faoi lastoir.

D3. *foraoiseacht*

E.

E1. [A+C] *af+duine* (IV)

E2. Bheadh **buaile** níos fearr ná **baile**, b’fhéidir, de bharr suímh [**buaile**→**GS1.33**].

E3. **Ultach**, gin. u. **Ultaigh**, gin. iol. **Ultach** “Ulsterman”. Mar le fuaimniú an fhocail seo de, cf. *Dinn.* s.v. **Oiltach** ... ‘[Munster] forms of *Ultach*’; féach freisin Ó Cearbhaill 1997: 209–210 n.14. D’fhéadfaí foirm iolra a mheas, mar atá le fáil i *bf Buaile na nOiltach* (#12800) (*Co*): ‘Boulenoultough’ (1759), ‘Boulinanoulty’ (1804), ‘Boulinanoultagh’ *BS:AL*.²⁴⁷ Ach is dóichí gin. u. /-ə/ ó cheart ná gin. iol. /-əx/; cf. **Clais an Ultaigh** [TS.296]. Féach -y san 18ú/19ú haois (1, 2) = /-ə/ na canúna (4–8).

²⁴⁷ An Dr. Pádraig Ó Dálaigh a chuir an tagairt seo ar a shúile don taighdeoir.

E4. A: GORT + C: DUINE

F.

- -aigh /ə/
- Ultach ~ Olltach

Glenn Cuilinn — tar éis na SO taobh thuaidh den abhainn




Fig. 72: GC tar éis na SO — Taobh thuaidh den abhainn.



© Tailte Éireann/Riailtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.240 *Páirc an Ghréasaí

“the field of the shoemaker, embroiderer”

A.

1980	1. [ˌpaː(ɪ)kəˈɾeːsi] ²⁴⁸	Z12
	2. [ˌpaː(ɪ)kəˈɾeːsi]	Z11
2022	3. [ˌpɔːkəˈɾeisi]	Y2c
	4. [ˌpɔːkəˈɾeisi]	Y2c (x2)
	5. [ˌpaːkəˈɾeisi]	Y2c
	6. [ˌpɔːrˈgɾeisi]	Y5
	7. [ˌpɔːrˈgɾeisi]	Y5
	8. [ˌpaɪgˈɾeisi] (<i>in pausa</i>) ²⁴⁹	Y5

B.

4/3/1939	9. Porke·racy (or ·razy)	PriceLN 17: 108
	10. (pórc-ə-·réasaí) ²⁵⁰	
4/3/1939	11. Porkeracy	PriceLN/SÓS 89

C.

- ‘under the gamekeeper’s house’ PriceLN.
- ‘under Stubbses’ Z12.
- ‘Them stones [stone walls] there; Parka·racy would run from there down to the river’ Y2.

²⁴⁸ Fíordheacair a rá an bhfuil [ɪ] le clos sa chéad siolla in (1, 2).

²⁴⁹ Mar cheartú ar an taighdeoir a dúirt ‘Páirc an Ghréasaí’ mar a bheadh logainm Gaeilge sa ghnáthchaint.

²⁵⁰ Sic, peannaireacht na Gaeilge agus sic, gan síneadh fada ar an -i deiridh.

D.

D1. Goirt 3·084, 2·143.

D2. Más ionann is gort 2·143 acra thuas: buncharraig eibhir (*RckNCa; AminSW*) sa chuid thuaidh de; till eibhir dhomhain (*TGr; AminDW*) sa chuid theas.

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [páirc→GS2.95]

E3. [gréasaí→GS2.149]

E4. A: GORT + C: DUINE

F.

- claochlú tosaigh
Séimhiú ar thúschonsan an ainmfhocail gin. u. faoi ndear Brl. *-racy*.
- -á- /a:/
Féach **á** cúil in Brl. ‘Porke-’/‘pórc-’/[a:]

GC.241 *An Bogán

“the soft ground”

B.

4/3/1939	1. the Buggans	PriceLN 17: 105
4/3/1939	2. Bogawns	PriceLN/SÓS 90
	3. bŭgawn	

C.

- ‘[Names in Tibbradden...] ·Cruckawn ... the ·Buggans adjoining it.’ (1)

D.

D1. Éiginnte.

D2. *TGr; AminSRPT* agus *RckNCa; AminSRPT* ar an sliabh seo.

E. **bogán** “soft ground” [*eDIL* s.v. 1 **bocán**]. Níl aon sampla eile sa cheantar [→**F.**].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- -án /-a:n/
Foirmeacha breise SÓS (2, 3) thar a bheith luachmhar.

GC.242 *Bóthar an tSalainn

“the road of the salt”

B.

18/2/1939	1. Boherthóllin (short o, accented or stressed)	PriceLN 17: 100
4/3/1939	2. ·Boher·thollin (<i>bóthar talainn</i>)	PriceLN 17: 112
4/3/1939	3. Boherthalainn	PriceLN/SÓS 79

C.

- ‘In Ballybrack above the road (i.e. on the slope leading up towards the Two Rock)’ (1).
- ‘in Ballybrack, runs to the boundary of Ticknock’ (2).

D. Éiginnte.

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [bóthar→GS1.42]

E3. **salann**, gin. u. **salainn** “salt” [*eDIL* s.v.]. Níl aon sampla eile sa cheantar. Samplaí eile: mar cháilitheoir le **baile, cnoc, coill, com, currach, gleann, loch, log, poll, port, tamhnach, teach** (*logainm.ie*); cf. le haicmitheoir cumarsáide [**Áth an tSalainn**] ‘Aughatallan Bridge’, ‘*Ath a t-sallain*, ford of the salt’ (*Ce*).

Éadócha: **talamh**, gin. u. **talún** “ground”: cf. *bf Maidhm Talún* (#7938) (*Cl*): ‘*Madhm Talmhan*’ *pl:AL*, ‘Mounttallon’ *BS:AL* (1840).

E4. A: CUMARSÁID + C: BIA

F.

- **-th- láir**

Caomhnú /-h-/ idirghutaigh (1–3) inspéise [→**An Bóthar (1)** [GS2.113]].

GC.243 *An Cró

“enclosure, pen, outhouse”

Brl. *The Old Crow*

B.

4/3/1939	1. the Old Crow	PriceLN 17: 107
4/3/1939	2. The Ould Crow	PriceLN/SÓS 87

C.

- ‘the Old Crow, up on this mountain, an old bog, a sheep pen. there’s an old habitation in it. The Old Pin, near it. These are 7 or 8 minutes walk from one another, all surrounding the Stony Road.’ PriceLN.

D. Éiginnte.

E. cró “enclosure; fold, pen” [*eDIL* s.v. 1 **cró**]: Níl aon sampla eile sa cheantar. Díol spéise Brl. *The Old Crow* < G **cró** “pen” taobh le Brl. *The Old Pin* (< *Pen*). Sampla eile?: ‘The only two-storey house in Knockmeenach Lane is called ‘The Crow’ [Cluain Dolcáin] Ua Broin 1944.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: FOIRGNEAMH (TUATA)

GC.244 *An Riasc (2)?

“the marsh”

B.

1975	1. The Risky Field	Fitzsimons #97
------	--------------------	----------------

D.

D2. Till dhomhain dhea-dhraenáilte (*TGr; AminDW*).

E. Ní gá bunús Brl. a chur san áireamh. Foirmeacha Lochlannacha den fhocal SBrl. *risc, rysc, riscig* “rushes, rushy” a luaitear in *NDEPN* s.n. *Rushall Piece*, agus ní thagann Brl. *risky* [aid.] ‘contúirteach’ i gceist i bpáircainmneacha Shasana. Is maith an seans gur réaduithe iad Brl. *The Risky* */ḡə'nisgi/ agus ‘Goresther’ [ˌgə'nisḡə] araon ar an aon logainm Gaeilge amháin [→**GC.245**].

E1. *[A] *af* (III)??

E2. [riasc→**GS2.87**]

E4. *A: ÍSLEÁN

GC.245 *Garraí Eisce (2)??

“garden of (the) gully?”

A.

1980	1. [ˌgə'nisḡə]	Z11 (x2)
	2. [ˌgɒ'nisḡə]	Z11

B.

1975	3. Little Goresther	Fitzsimons #98, #99
	4. Big Goresther	

D.

D2. Till eibhir dhomhain dhea-dhraenáilte.

E. Is mó is cosúil struchtúr *af+af* dar céadeilimint **garraí** [→**GS2.129**]. Cuir i gcás [ˌgə'nisḡə] (1) mar thruailliú ar an mionainm céanna a thug **Garraí Eisce (1)** [GS2.117] (maidir le /(s)g/→/(s)d/ cf. ***An Cnap Aitinn** [GS2.64]; tá fianaise ar an malartú seo ar fud Chúige Laighean, m.sh. **Burgáiste** ‘Brigasky’ (1801) < ‘Burgage’ (1684) (*CD*) (Ó Gliasáin 2023: 141); cf. ‘Pawshkybawn or ·poshtebawn’ *PNW* 98 [→**GC.250**]. Ritheann sruthán anuas isteach ar feadh imeall thoir *Big Goresther*. Cf. **Cluain Uisce** [GC.200]. Tabhair faoi deara go bhfuil an dá ghort seo buailte le Brl. *The Risky Field* laistiar (1·585 acra). Más leathastriúchán é sin ar an mionainm G seo idir chamáin, cuir i gcás **Garraí Riascach** “marshy, moorish, hard-to-cultivate garden”.

E1. *af+af* (V)? *af+aid* (II)?

E4. GORT+UISCE?

GC.246 *The Fair Cord

?**An Pháirc Ard** “the high field”

B.

4/3/1939	1. the Fair Cord	PriceLN 17: 107
4/3/1939	2. The Fair Cord	PriceLN/SÓS 85

C.

- ‘the name of a field [in Ballybrack]’ PriceLN.

D. Éiginnte.

E. **An-éiginnte** [→**F.**].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [páirc→GS2.95]. Cf. ‘Faurkeen ... Fieldn[ame]. Clearly *Pháircín* with the first word gone’ [par. Chrois ar Loch] (*Ca*) *ASB* (1921). Cf. b’fhéidir ‘Ferk’ (1860) ag tagairt don mhionainm **Park** ‘A field, pasture land’, par. **Skyll Sondone/Kirk Santan**, Oileán Mhanann (Kneen 1925: 146); cf. *bf An Phailís/Phaleesh* (#44693) (*SI*): ‘*Failís*’ *pl:AL*, ‘*a phailis*’ *dúch:AL* (beagán éiginnte). Níl aon sampla de **fiarach** le fáil sna gleannta seo, ná de **féarach**.

Ní féidir bunús Brl. a chur as an áireamh; cf. ‘the puzzling name ‘the Fair’ [in Sevenchurches townland]’ *PNW* 223 & 45.

E3. [ard→GS1.16].

E4. A: GORT + C: AIDIACHT (ARD/ÍSEAL)

F.

- **ard** → Brl. *-ord*
Cf. ***An tArd** [GS2.157] ≠ ***Cuan Ard** [GS1.16].
- **páirc** → Brl. *-air/c- */-ærk/*
≠ ***Páirc an Ghréasaí** [GC.240], **Páirc an Chaca** [GC.250].

GC.247 *Garraí an Ghabáiste

“the garden of cabbage”

B.

- | | | | |
|----------|----|--|----------------|
| 4/3/1939 | 1. | ·Gornago·bawstha ... (? <i>gort na gcabáiste</i>) | PriceLN 17:107 |
| 4/3/1939 | 2. | Gor-na-gubaster ^{cabáiste} | PriceLN/SÓS 86 |

C.

- ‘a field opposite the door’ PriceLN.
- ‘near Mulvey’s house’ PriceLN/SÓS.

D. Éiginnte.

E. Sampla eile: [ˌgari:n’ ɣə’ba:ʃd’ə] [G] (*Ci*) — NB [n]. Ach féach [→GC.203].

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [garraí→GS2.101]. Rachadh **garraí** níos fearr le **gabáiste** ná **gort**, b’fhéidir [→E3.], ach féach ***Gort na gCloch** [GC.192].

E3. **gabáiste** = **cabáiste**, *gin. id.* “cabbage” [*FGB, Dinn.*].

E4. A: GORT + C: PLANDA

GC.248 *An Bóithrín

“the little road, lane”

B.

- | | | | |
|----------|----|----------|-----------------|
| 4/3/1939 | 1. | ·Boreen | PriceLN 17: 107 |
| | 2. | ·Boareen | |
| 4/3/1939 | 3. | Boar-een | PriceLN/SÓS 85 |

C.

- ‘Over Mulvey’s, the stony ground’ Z12.
- ‘That’s up at Cruck Bolia’ ... ‘see the two white stones? That’s Parcha·hocka, and then there’s a piece beside it called The Parks [ðɜːˈpaːks]’ Y2 (féach Fig. 53).

D.

D1. Os cionn an phríomhbhóthair agus in aice le Brl. *Crook Pasture*.

D2. Till eibhir éadomhain (*TGr*; *AminSRPT*).

E. Tá an /ɪ/ le clos go soiléir ó Y2 (2022) ach tá sé doiléir, más ann dó, ar thaifead 1980. (Cf. ‘Park Mauria [*bf* Ráth Cúil] ... Pock Mauria is often heard’ Ua Broin 1943: 87; ‘Pocknasheela’ [*bf* Cluain Dolcáin] Ua Broin 1944.) I bhfianaise fhuaimniú béarlaithe **-rt-** caol in ***Curracha Mháirtín** [GC.211] freagraíonn an chéad siolla go rímhaith le **páirt**, pé ní a bhí ann ó cheart.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. Éiginnte: **páirt** “part, portion” [*FGB* s.v., cf. *eDIL* s.v. 1 **pairt**], de bharr forás teangeolaíoch ó **páirc** “field”? Cf. ‘the field called Portatrocka’ [*bf* Tigh Bródáin] (*BÁC*) (1788).²⁵¹ ‘Park- (or Part-) na·goppulya’ [*bf* An Scailp] (*CM*) *PNW* 227; cf. *prc* **Páirtín Beag** (#1420759) (*PL*): ‘Ach is cosúil gur *Páircín* ab áil leis a rá’ *Log. na Rinne* 23. Samplaí eile in /f/, /t/: *bf* **Páirc an Mhada/Porchavadda** (#3044) (*Ce*): ‘*póirse an mhadaigh*, the dog’s manger’ *ÓD:AL* (1838), /portʃəˈvadə/, /prokəˈfadə/ (1996); cf. an mionainm ‘Pawshmeeawl’ (c.1950) a bhailigh Price i *bf* An Ghualainn (*Ce*). (D’fhéadfaí **r-**caol Osraíoch /z/ a chur san áireamh sa dá cheann dheireanacha ar ndóigh.)

Cf. ***Páirc an Ghréasaí** [GC.240].

B’fhéidir: **paiste** “place, spot” [*FGB* s.v.], ach ní bheifeá ag súil le fadú ar an gcéad siolla. Níl aon sampla eile sa cheantar taighde. Samplaí eile: ‘Patchacorra: On slope of Lugduff under old ruins’ (*CM*) PriceBL/CGT 3 (1946); ‘Pawshkybawn or ·poshtebawn ... rough fields ... was completely surrounded by bog ... *paiste bán*, ‘white patch of ground’’ [*bf* Carraig na Muc] (*CM*) *PNW* 98. Cf. *bf* **An Paiste/Patch** (#44764) (*Sl*): ‘*Paiste*’ *pl:AL*; *bf* **An Paiste** (#19066) (*Ga*): ‘*Postia*’ *BS:AL*, [pætʃ] (c.1980).

E3. **cac**, **gin. u. caca** “shit, ordure”: cáilitheoir dímholta. Níl aon sampla eile sa cheantar. Samplaí in ainmneacha bailte fearainn ar fud na tíre ina gcáilíonn sé **boilg**, **enoc**, **cuas**, **cúil**, **log**, **móin**, **muileann**, **srath**, **táite**, **toinn** (*logainm.ie*).

E4. A: GORT + C: BRUSCAR

F.

- claochlú tosaigh
ch- /x-/ → Brl. *H-* [h]. Cf. *bf* **Cúil an Chaca/Coolahocka** (#25934) (*CD*).

²⁵¹ *CGn.* 754.572.512908 (cláraithe 23/8/1820).

GC.251 *Fearann Walls?

“land of (the) —”

A.

2022 1. [ˌfɛrɲˈwa:lz] Y2c

E. **Bunús doiléir.** Níl sé as an áireamh gur Brl. *fern* + Brl. *walls* atá anseo ó cheart. Ach féach ***Ruán an Fhearainn** [GC.231] trasna na habhann uaidh.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [fearann→GS2.94]

E3. [??]

E4. A: GORT + C: ??

GC.252 *An Scor (2)

“the rock pinnacle”

Brl. *The Red Scar*

A.

2022 1. [ðɜˌɹɛdˈsgɑːɪ] Y2b (x2)
2. [dɜˌɹɛdˈsgɑːɪ] Y2b
3. [dɜˌɹɛdˈsgɑːɪ] Y5

B.

4/3/1939 4. Red Scar PriceLN 17:106

C.

- ‘see the little mound’ ... ‘Corna·goth ... runs down to the Red Scar’ Y2 [→GS.203].
- ‘opposite the house (Mulvey’s house)’ PriceLN.

D.

D1. Cnocán beag carraigeach é seo ag gobadh amach os cionn Abhainn Ghleann Cuilinn.

E. [scor→GS2.91]

E4. A: ARDÁN

GC.253 *An Pháirc (7)

“the field”

Brl. *Old Parks*

B.

1975 1. Old Parks Fitzsimons #68

D.

D2. Till eibhir dhomhain (*TGr*; *AminDW*).

E. Is féidir bunús Gaeilge a chur san áireamh anseo de bharr **Páirc Aodha** [GC.195], ***Páirt an Chaca** [GC.250], **The Fair Cord* [GC.246], agus na samplaí in GS2. Cf. ‘Parcha·hocka and then there’s a piece beside it called the Parks [ðɜˈpaːɪks]’ Y2.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: GORT

GC.254 *Poll na gCapall

“the hole of the horses”

B.

- 1975 1. Polyghoppel
 2. (Pol a Goppal)

Fitzsimons #70

D.

D1. Poll ar an abhainn faoi bhun na Brocaí.

E. Ní /x/ ach /g/ atá sa -gh- (1), is cosúil, soiléirithe ag ‘Goppal’ (2). (Bíonn guagacht idir foirmeacha uatha is iolra ina leithéid de logainm uaireanta; cf. *bbf Cnoc na gCapall, Cnoc an Chapail* ([CC](#), [LG](#); [Co](#), [Ci](#), [PL](#), [TÁ](#); [DG](#), [RC](#), [SI](#)). Gnáthfhorbairt sa Ghaeilge is ea /-ln-/ → /-l-/ agus roinnt samplaí eile le fáil ar lean **poll** ([logainm.ie](#)). Samplaí eile: cf. Brl. *Sheep Hole* [GC] díreach lastoir den droichead i *bf* Buaile an Araltaigh.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. Cf. ***Poll Roide** [GS2.116], ***Na Poill Fhada** [GS2.117], **Poll Diarmada** [GC.217].

E3. **capall** “horse (mare?)” [*eDIL* s.v. 1 **capall**]: Níl aon sampla eile sa cheantar. Níl aon fhianaise dhíreach a thaispeánfadh an raibh an bhrí ‘láir’ le **capall** sa taobh seo tíre.²⁵²

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINMHÍ

F.

- ≠ défhoghar
poll (gan bhéim).

GC.255 *An Pointín

“the little pound”

B.

- 1975 1. Punteen

Fitzsimons #65

D.

D1. Gort 1·124 lastuaidh de na tithe san fho-bhaile An Bhrocaigh.

D2. Meascán: till eibhir dhomhain (*TGr*; *AminDW*); gaineamh agus gairbhéal tulógach (*GGr*; *AminSW*).

D3.

E. **pointín** < **punt** “enclosure, pound” [*FGB* s.v. **punt**²]. Díspeagadh < **punt** “(Of enclosure) pound” is dócha. Níl aon phointe talún anseo ar aon nós. Cf. Brl. *The Old Pound* [GC]; tá ‘the pound’ (1760) ar léarscáil Rocque (Fig. 2) tamaillín ó bhaile. (Cf. b’fhéidir ***An Port Mór** [GS2.84].)

E1. [A+D] *af* (III)

E4. A: GORT + D: -ÍN

F.

- -ín soiléir

²⁵² Féach *LASID* I: 52 (dáileadh ‘horse *capall*, *gearrán*, *beathach*, *each*; mare *láir*, *capall*’) agus cf. ‘*capall*—*láir* i *Laighnibh*’ FTÓN.

GC.256 *Na Foidhrí?

“the steep slopes”

Brl. *Fiery Lane*

A.

- | | | | |
|------|----|------------------------------|-----|
| 2022 | 1. | [d̪ʲ, fu:ʲi:ʲl̪ɛm] | Y3c |
| 2022 | 2. | [d̪ʲ, fu:ʲi:ʲl̪ɛm] | Y5 |
| | 3. | [d̪ʲ, fu:ʲi:ʲl̪ɛm] (tapaidh) | |

B.

- | | | | |
|------|----|--------------------------------------|-----------------|
| 2008 | 4. | Fiery Lane/ <i>Lána na bhFoidhrí</i> | <i>BÁCTheas</i> |
|------|----|--------------------------------------|-----------------|

E. An-éiginnte. Is éard atá i gceist leis an leagan oifigiúil ná **foidhir** = **fothair** [*eDIL* s.v. **foithir** “a piece of unreclaimed valley or wooded land”], ach is beag idir fuaimniú an logainm agus an réadú áitiúil ar Brl. *furry* < *fur(ze)* ‘aiteann’.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- défhoghar

I ndeisceart na tíre atá na samplaí eile de dhéfhoghrú san fhocal **fothair/foithir** le fáil.

GC.257 *[X an] Chip

“[the field of] the tree-trunk”

B.

- | | | | |
|----------|----|--|-----------------|
| 1939 | 1. | Kip field adjoining it [<i>sc.</i> ·Corrigeena·roe] | PriceLN 17: 110 |
| 4/3/1939 | 2. | Kip | PriceLN/SÓS 90 |

C., D. Féach ***An Carraigín Rua** [GC.258] thuas.

E. Is ar éigean a d’oirfeadh aon bhrí dhúchasach Brl. *kip* do pháircainm anseo (*EDD*).

E1. *[C] (< [A+C] *af+alt+af* (I))

E2. Ní fios.

E3. ceap, gin. u. **cip** “tree-trunk” [*eDIL* s.v. **cepp** (a)]. Cf. an plé faoi **Cipiúr** [GS1.5].

E4. C: PLANDA




Fig. 73: *An Carraigín Rua [GC.258] — ionann is Carrraig an Róistín [GC.191]? Léarscáil SO 6".



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

GC.258 *An Carraigín Rua

“the reddish little rock, rocky place”

A.

2022 1. [ˌkaŋgiːnˈroː] Y4

B.

4/3/1939	2. ·Corrigeena-roe	PriceLN 17: 110
4/3/1939	3. Corrigeenaroo	PriceLN/SÓS 89
4/3/1939	4. Còrrigín(a)roe	PriceLN/SÓS 90
1975	5. Carrigeen Ruagh (Corrigeen Roe)	Fitzsimons #47

C.

- ‘opposite Fox’s’ PriceLN.
- ‘South of road’ PriceLN/SÓS.
- ‘On the left hand side of the Fiery Lane as you go down ... houses built on it now.’ Y4.

D.

D1. An dá ghort thuas marcáilte #47 ar léarscáil Fitzsimons (1975), gach taobh de shruthán a ritheadh anuas ón sliabh.

D2. Till eibhir is cosúil.

E. Seans gurb ionann is **Carrraig an Róistín** [GC.191].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [carrraigín→GS2.58]

E3. [rua→GS1.29] Éadócha: **An Róch**, gin. **an Róigh** < AN *Roe* (sloinne).

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- -a- /a/
- guta cúnta roimh cháilitheoir
- -ín

Guta fada le clos go soiléir ag cainteoir Y4; cf. (2), (3), (5).

GC.259 *Na Logáin

“the little hollows”

Brl. *The Luggauns*

A.

2022	1.	[dʒ'logɑ:nz]	Y2b
	2.	[dʒ'log,ɑ:nz]	Y2b
	3.	[dʒ'logɑ:nz]	Y4
	4.	[dʒ'logɑ:n]	Y4 (x2)

B.

4/3/1939	5.	·Lugawns	PriceLN 17: 110
4/3/1939	6.	Luggawns	PriceLN/SÓS 87
1946	7.	Lugawns	PricsBL/CGT 11
1975	8.	The Luggaun	Fitzsimons #103

C.

- ‘Bog W. of road & S. of BallyedmondDuff (Ballymaduff locally)’ PriceBL/CGT.
- ‘up over Fox’s house in Glencullen’ PriceLN.

D.

D1. Marcáilte ag Fitzsimons (1975) ar leirg thoir an tSléibhe Ghearr [GC.210].

D2. Galfchúrsa inniu, tógtha ar mheascán de thill eibhir éadomhain agus domhain.

E. logán “little hollow” [*eDIL* s.v. **locán** (b)]: *Sampla eile*: ***An Logán Dubh** [GC.235]. Díol spéise an cur síos ‘Bog’ [→C.] — cf. ***Móin Log** [GS2.59] agus **Móin an Loig** [GC.201].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- -án soiléir (cúil).
- béim ar an gcéad siolla cé gairid.
- iol. Brl.?

GC.260 *Cnoc na mBó

“the hill of the cows”

A.

2021	1.	[,naknɜmɔ'leɪn]	Y4
------	----	-----------------	----

B.

1975	2.	Knocknamoe	Fitzsimons #102
------	----	------------	-----------------

C.

- ‘He called the lane up to [the hill] Knocknamoe Lane but he didn’t know there was any name on the hill itself’ Y1.

D.

D3. *foraoiseacht*

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [cnoc→GS1.13]

E3. bó, gin, iol, na mbó “cow” [*eDIL* s.v.]. Níl aon sampla Gaeilge eile sa cheantar ach cf. Brl. *Cow and Calf Rocks* [GS2].

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ (CLÓIS)

F.

- cn- → Brl. /n-/

GC.261 *Rowdlam

A.

2021	1.	[ˈrɔdl[.]] ²⁵³	Y4
2022	2.	[ˈrɔdlɜm]	Y5

B.

1975	3.	Rowdlam	Fitzsimons #110
------	----	---------	-----------------

C.

- ‘A farmhouse consisting of old house, farm buildings and fields without specific names except the Big Field and the Small Field’ Y1.

E. An-éiginnte. Níl sé as an áireamh gur logainm Gaeilge é seo dar tús **rua-** is dar críoch **-án**; cf. an patrún béime in *bf Ruagharrán* (#46092) (*TÁ*): /ˈruːgərən/ (1989). Comhshamhlú/díshamhlú faoi ndear Brl. [-dl-] b’fhéidir. D’fhéadfaí bunús Béarla (< SBrl. *rūh* ‘garbh’) a thuairimiú freisin. An-éadócha: aicmitheoir ar iarraidh agus **rabhdalam** “giddy, irresponsible person; worthless creature” mar cháilitheoir ó cheart [*FGB* s.v.; *Dinn.* s.v. **fuirse(adh)**].

E1. *[C+A] *aid-af* (II)

E4. C: AIDIACHT (DATH) + A: ??

GC.262 *An Log Dubh (2)

“the black hollow”

B.

4/3/1939	1.	Lugdoo	PriceLN 17: 111
----------	----	--------	-----------------

²⁵³ Críoch doiléir ach mar aontú leis an gceist ‘·Rowdlem?’

C.

- ‘on the Ticknock estate, convenient for the Lamb Doyle’s [teach tábhairne]’ (1939).

D.

D1. Log mór os cionn Thigh an Chnoic.

D2. Log sa charraig lom (*RekNCa*) agus sa till eibhir dhomhain cois an tsrutháin (*TGr; AminDW*).

E. Féach ***An Log Dubh** [GS2.70]. Díol spéise go ngabhann *Blackglen Road* thar bráid an tí tábhairne; ní léir an bhfuil nasc idir an dá ainm [→**F.**].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT DATHA

F.

- -bh leathan deiridh
- athrú teanga

TS.263 Láthair na Rí

“the site of the kings”

B.

8/8/1837	1. <i>Láthair na Ríogh</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. <i>Láithir na Ríogh</i>	LSO 53
6/12/1919	3. Laur-na-ree (: free)	<i>TT</i> 72 ²⁵⁴
1957	4. Lournaree	<i>JRSAI</i> 87: 43

C.

- ‘a little Rath about 40 yards in circumference, enclosing a very small circle, somewhat higher than the outer one and close to the south side of the latter’ LSO.
- ‘Lournaree lingers as a name on Crooksling, but not many who have heard it know its precise location’ *JRSAI*.

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. láthair “site” [*eDIL* s.v. **láthar** III]. Is minic a thagann **láithreach** “(house-/battle-)site” i gceist i logainmneacha freisin [*eDIL* s.v. **láthrach**].

E3. rí, gin. iol. rí “king” [*eDIL* s.v.]. Níl aon sampla eile sna gleannta. Is minic a mheasctar **fraoch**, gin. **an fhraoigh** “heath” le **rí** i logainmneacha, sa Ghaeilge féin fiú, ach is féidir é a chur as an áireamh sa chás seo. Ní raibh ‘ye Kings Ditch’ rófhada ó bhaile — teorainn thuaidh *bf* Móin Seiscinn le *bf* An Corrbhaile agus *bf* An Log Mór de réir ghníomhas dar dáta 1719²⁵⁵ — ach ní gá go bhfuil baint dá laghad aige leis an ainm Gaeilge seo.

E4. A: SAORGA + C: DUINE

F.

- **-th- láir?**

TS.264 *Carn idir Dhá Chloch?

“the cairn between two stones”

B.

8/8/1837	1. <i>Carn andara ccloch</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. <i>Carn an dara ccloch</i>	LSO 54
	3. (<i>Carn an dearg laoich?</i>)	
18/9/1837	4. Cairn andra cloch	MSO 158 (Williams)
??/9/1837	5. Carnandracloch	MSO 158 (ÓD)

C.

- ‘a very regular circle of stones on the top of a handsome mound’ LSO.
- ‘Megalithic tomb (passage tomb) ... an incomplete circle of kerb-like boulders enclosing an area approximately 8m in diameter. At the centre ... a burial chamber’ *Fardal* DU024-030.

²⁵⁴ ex *Freeman's Journal*.

²⁵⁵ *CGn.* 27.23.15000, Moore–Rainsford.

D. Ar bharr Chnoc Thamhlachta.

D2. Suite ar phaiste lomcharraige sa till dhomhain ghaineamhchloiche is scealla (*TLPSsS; AminDW*).

E. An-éiginnte. Féach Aguisín M. Tugann ‘*Carn an dara cloch*’ patrún béime ar nós */karnədərə'glox/ le fios. Níl aon dealramh le hiarracht EÓC é sin a mhíniú mar ‘*Carn an dearg laoich*’ < **dearglaoch**, gin. u. **dearglaoich**. Cf. Foclóir Uí Chonaill s.v. **dearglaoch** “red mossy plant found in bog” (c.1826) [→**D2.**]. Ach is ar éigean a bheadh aon chiall leis an ngin. iol. ach go bhféadfaí **na ndearglaoch** */n'arəgle:x/ “of the bloody warriors” a thuairimiú go teoiriciúil (cf. *Corpas: borblaoch, Cruaiaoch, dea-laoch, dúlaoch, Fionnlaoch, garbhlaoch*, srl.), rud a bheadh as riocht leis an bpatrún béime a thugann EÓC le fios. Go deimhin ba dheacair aon struchtúr eile *af+alt+af* (I) a shamhlú, mar bheifí ag súil le béim ar an gcéad siolla den eilimint deiridh [→**E3.**].

E1. [A2+(S+A1)] *af+rf+#+af* (II)

E2. [carn→GC.219]

E3. idir dhá chloch “between two stones”: Bheadh an bhéim ar an eilimint dheiridh in ***Carn idir Dhá Chloch** ach níor mhór a thuairimiú go ndearna Brl. /g/ den **ch-** tosaigh.

Éadócha: **teora clocha**, gin. iol. **na dteora gloch** “three stones” le foirm bhaininsneach na huimhreach **trí**. Ní léir an dá nó na trí chloch anois, áfach. An-éadócha: gin. iol. ***na ndeargchloch** “red stone” (gan urrús) */d'arəkləx/; gin. iol. **na dtorclach** “of the champions” [*eDIL* s.v. **turcallach**] */dər^ok^ələx/.

E4. A2: SAORGA + S: IDIR + A1: MIANRA

TS.265 *Cnocán na bhFinidí?

“the cairn of the points, projections?”

[= *Knockanvinidee* SO]

B.

1821	1. Carrigreen a Vindee	<i>Duncan</i>
8/8/1837	2. <i>Cnocán a bhinidíthe</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	3. <i>Cnocan a bhinidíthe</i>	LSO 54
18/9/1837	4. Knockan a vinidee	MSO 158 (Williams)
??/9/1837	5. Knockanvinidee	MSO 158 (ÓD)
1843	6. Knockanvinidee	SO 6" lú eag.

C.

- ‘a pointed mound, with stones appearing through the earth on its top and around it’ (1837).
- ‘Mound ... partly natural’ *Fardal* DU024-029.
- ‘subsequent use as a gravel pit has removed any evidence of sepulchral usage’ Healy 2004: 88.

D. Ar bharr Chnoc Thamhlachta.

D2. *TLPSsS, AminDW*

E. An-éiginnte. Féach Aguisín M. Níl aon dealramh le foirm EÓC gin. u. ‘*a bhinidíthe*’. Ba éadócha guta fada deiridh in gin. u. **-(a)igh**, rud a thugann cáilitheoir in gin. u. ...**í** nó gin. iol. **na bhF...í** le fios. B’fhusa foirm uatha ***Cnocán na Feannaide** “the cairn (*lit.* hillock) of torment” a thuiscint ó

thaobh brí de (cf. *bf* **Com na Feannaide** [G] (#23229), **Teampall na Feannaide** [G] (#1394957) (*Ci*)) [→E3.] ach ba dheacair glóru an /-f-/ go /-v-/ sa bhéarlú a mhíniú.

Léirítear ar léarscáileanna SO mar a bheadh ainm cnoic. Thagair ‘Cruachan’, et var., in *MHR* (1943) do chuid de Chnoc Thamhlachta ach ní léirítear é ar an léarscáil.²⁵⁶ Ní léir cé acu **cruchán** “small rick, hill” a bhí ann nó forcheartú de chuid Risteáird Uí Fhoghlú (comhairleoir logainmneacha an fhir eagair — féach *MHR* vii) mar réiteach ar réadú béarlaithe áitiúil ar **cnocán** [→GS2.146].

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [**cnocán**→GS1.25]

E3. **finid**, gin. iol. **na bhfinidí** “point, projection (*lit.* end)?” [*eDIL* s.v. **finit**; cf. *FGB* s.v. **finid**]. Cf. “a very small potato (*Wat.*)” *Dinn.* s.v. [→C.]. **B’fhéidir**: ***fionnaid**, gin. iol. ***na bhfionnaidí** = *FGB* **feannaid** = **peannaid** “penitence, torment”, a bheadh deacair le tuiscint [→E.]. **Éadócha**: ***mionghadaí**, gin. u. ***an mhionghadaí** “pilferer, petty thief” [*eDIL* s.v. 1 **min** II (a) ... **mingait** “a petty theft”, iol. **mingata**].

E4. A: SAORGA + C: DÉANTÚSÁN?

TS.266 Cnoc Loisthe

“burnt hill”

B.

1821	1. Hill of Coolmine	<i>Duncan</i>
8/8/1837	2. <i>Cnoc Leisce</i> [<i>no Móitín na scratha</i>]	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	3. <i>Cnoc^{an} a leisce</i>	LSO 54
4/9/1837	4. Knock Loisce i.e. the hill of burning or where burning was done	LSO 89
4/9/1837	5. <i>Cnoc loisce</i>	LSO 89 liosta
18/9/1837	6. Knockleisca	MSO 158 (Williams?)
??/9/1837	7. Knocklesky	MSO 158 (ÓD)

D.

D1. Cnoc 309m, *bf* An Log.

D2. Lomcharraig (gréabhaca & sceall) (*RckNCa; AminSW*).

E. Samplaí eile: *cn* **Cnoc Loisthe** (x2) (*DG*).

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. [**cnoc**→GS1.13]

E3. **loisc**, aid. br. **loisthe** “burning” [*eDIL* s.v. **loisthe**]. Cf. ***Loiscneach** [GS2.141].

E4. A: ARDÁN + C: GNÍOMHAÍOCHT

F.

- **-the** (foirceann aid. br.) ≠ **loisc(i)the** */'lviʃg'ih/

²⁵⁶ ‘Croaghuan [*sic*]’ *MHR* 1, ‘Croaghan’ *ibid.* 57, ‘Cruachan’ *ibid.* 59, ‘a granite rock hard as Cruachan’ *ibid.* 86, ‘as well try to shift Cruachan with a furze-root’ *ibid.* 92 (1943)

TS.267 Móitín na Scraithe

“the little moat of the scraw”

B.

8/8/1837	1. <i>Cnoc Leisce, no Móitín na scratha</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
4/9/1837	2. Moteen na Sgratha; or	LSO 89
	3. the Moat of Knock Loisge	

C.

- ‘Ring-barrow’ *Fardal* DU024-008.

E.

E1. [A+D+C] *af+alt+af* (I)

E2. **móitín** “little mound” [*eDIL* s.v. **móta** + **-ín**]. Níl aon sampla eile sa cheantar. Eilimint de bhunús Angla-Normainnise í seo. Cf. an mionainm **Móitín an Eabhaidh** (?) (*CD*): ‘Moteen-an-ou’, ‘*Móitín an Eabha*’ LSO (*CD*) (ÓD) (1837). Cf. **Móta na gCon** (*BÁC*): ‘Moat na gun’ *BnS* 0795.022 (Teach na Giúise) (1938).

E3. **scraith**, gin. u. **scraithe** “scraw, topsoil” [*eDIL* s.v. **scraith**]: [→**F.**]. Cf. ‘I have before observed that the Soil of the County is but very little boggy; and even in all the mountainous tract from *Rathcool* to *Brittas* there is no Turf at all, but what they call *Scrawes*, being prepared from the Sod, which being naturally mixed with heath, after being dried about ten days in the Sun, makes a very hot blazing fire for the Peasants, and the ashes supply them with a good manure, preparing the ground for Potatoes, as these do a subsequent crop of Oats.’ Ruty 1772 II: 30.

E4. A: SAORGA + D: -ÍN + C: ILGHNÉITHEACH

F.

- **-th-** caol láir /h/?

TS.268 Cnocán an Iolair

“the hillock of the eagle”

[= Cnocán an Iolair/*Knockananillar* SO]

B.

1364	1. ? the mountain Knockincor ²⁵⁷	<i>Alen’s Reg.</i> 215
	2. = Mons vocat’ Cnokincor	<i>Alen LS</i> 156
c.1534	3. ? Cnokincor or Cnokelly ²⁵⁸	<i>Alen’s Reg.</i> 185
8/8/1837	4. <i>Cnocan an iolair</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	5. <i>Cnocán an iolair</i>	LSO 54
15/9/1837	6. Knockan an fhiolair	MSO 158 (Williams?)
??/9/1837	7. Knockananillar	MSO 158 (ÓD)

C.

- ‘was a monstrous large Cairn ... opened ... for the purpose of getting gravel’ LSO.
- ‘chambered cairn ... defined by granite kerbstones’ *Fardal* DU024-005001.

²⁵⁷ ‘24a. of the mountain Knockincor’

²⁵⁸ ‘Cnokincor or Cnokelly where she has 24a. of mountain’

D.

D2. Lomcharraig (gréabhaca agus slinn).

E. Tá dealramh le foirm EÓC (Aguisín M). Bhí an logainm gan an t-alt ó cheart, is cosúil (1, 2).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I) [*<af+af* (V)??]

E2. [cnocán→GS1.24]

E3. iolar, gin. u. iolair, gin. iol. iolar “eagle”: Gan aon sampla eile sna gleannta. D’fhéadfaí **Cnoc Iolar** (gin. iol.) → **Cnoc na nIolar** → athmhíniú ‘*Cnocán an iolair*’ a mheas ach is coitianta go mór gin. u. iolair i logainmneacha.

E4. A: SAORGA + C: AINMHÍ

TS.269 Cnocán an Duine

“the cairn of the human figure”

[= *Knockandinny* SO]

A., B. *logainm.ie* (#[137172](#)).

8/8/1837	1. <i>cnocan a duine</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. <i>cnocan a duine ... quite perfect</i>	LSO 55
18/9/1837	3. <i>Knockan a duine</i>	MSO 158 (Williams?)
??/9/1837	4. <i>Knockandinny</i>	MSO 158 (ÓD)

C.

- ‘Ring-barrow ... platform ... built of small stones ... Not visible at ground level’ *Fardal* DU024-002002.

D.

D2. *RckNCa*; *AminSW* i measc *TLPSsS*

E. Suite i *bf Cnocán na nDraighneach* ach ní dócha go bhfuil gaol idir an dá logainm.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [cnocán→GS1.24]

E3. duine, gin. u. duine “human figure, man”. Samplaí eile mar cháilitheoir: *bf Meall an Duine* (#[13441](#)) (*Co*), *par Oileán Inse Duine* (#[592](#)) (*Co*), *l Loch an Duine* (#[1396275](#)) (*DG*), *aill Fail an Duine* (#[1436296](#)) (*PL*).

Éadócha: An Dineach, gin. an Dinigh < AN *Denn(e)*. Bhí an sloinne *Denn(e)* sa chomharsanacht ón 17ú haois (Aguisín N) ach bheadh *carn* + SLOINNE AN an-neamhchoitianta ar na cnoic seo.

E4. A: SAORGA + C: DUINE

TS.270 An Cnocán Gortach

“the barren hillock, cairn?”

B.

8/8/1837	1. <i>Cnocan gortach</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. <i>Cnocan gortach</i>	LSO 55

C.

- ‘a very perfect and remarkable mound, nearly surrounded, by a deep boggy slough’ LSO.
- ‘A round-topped mound with cairn material exposed around its perimeter ... within an artificial lake’ *Fardal* DU024-036.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [cnocán→GS1.24]

E3. **gortach** (aid.) “hungry, barren” [*eDIL* s.v.]: Ní cinnte brí **gortach** anseo, más in atá ann. Cf. **an féar gortach** = Brl. *the hungry grass/sod* sa bhéaloideas, áit uaigneach áirithe a mbuailfeadh ocraas tobann ar dhuine (*dúchas.ie*, CBÉ *passim*; **f[éar] gorta(ch)** “quaking grass, a mountain grass supposed to cause hunger-weakness when trodden on...” *Dinn.* s.v. **féar**). D’inis Malachi Horan scéal den saghas sin (*MHR* 20), go ndearna an t-eagarthóir tagairt don mhionanim ‘Knockgortagh’, ‘The Gortagh’ [***An Cnoc Gortach** “the hungry hill”, *bf* Droimeanach] a bhí luaite in Ua Broin, *JRSAI* XII 3 (1942) 106).

E4. A: SAORGA + C: AIDIACHT

TS.271 *Bogach Lorcáin

“the bog of Lorcáin”

B.

8/8/1837	1. Bog	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. a deep boggy slough called Bog Larkin	LSO 55
1841	3. [bogach]	SO 6" 1ú eag.
c.1870	4. Mill Pond	SO 6" athbhr.

C.

- Báite i lár an 19ú haois: ‘an artificial lake established to provide water for paper mills’ *Fardal* DU024-036.

E. **An-éiginnte**. Is féidir chomh maith bunús Brl. *bog + Larkin* (sloinne béarlaithe) a chur san áireamh.

E1. [A+C] *af + ap* (V)

E2. **bogach** “bog” [*eDIL* s.v. 2 **bocach**]: Níl aon sampla eile sna gleannta. Cf. *bf* **Bogach Aoire** (#16915) (*BÁC*).

E3. **Lorcán**, gin. **Lorcáin** (ainmp.): D’fhéadfadh an sloinne **Ó Lorcáin** a bheith i dtreis freisin (*Aguisín N*).

E4. A: ÍSLEÁN + C: AINM

TS.272 *An Ráithín

“the (little) ring-fort”

Brl. *Raheen Bank*

B.

8/8/1837	1. Rathin bank	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. <i>Raithin</i> Bank	LSO 55
1943	3. on the Hill of Raheen	<i>MHR</i> 98
	4. above on the Raheen	<i>MHR</i> 100
1957	5. the Raheen	Ua Broin 1957: 47

C.

- ‘Cairn ... Not visible at ground level’ *Fardal* DU024-037.

D.

D2. Mar a bhfuil paiste tille éadoimhne gláraí (*TLPSSs*; *Surface water Gleys, Ground water Gleys; AminPD*) ar an talamh buncharraige (*RckNca*).

E. ráithín “(little) ring-fort” [*eDIL* s.vv. 2 **ráth, ráithín**]: Is minic gan aon éifeacht dhíspeagtha ag an iarmhír **-ín** san eilimint seo. Cf. **An Ráithín Dubh** [TS.277].

E1. [A] *af* (III)

E4. A: SAORGA

TS.273 Tobar na gCluas

“the well of (the cure for) the ears”

B.

8/8/1837	1. <i>Tobar na ccluas</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. <i>Tobar na ccluas</i> ie The Ear-well	LSO 55
1/9/1837	3. Tober na Cluas [<i>sic</i>]	LSO 95
1958	4. Tobar na gCluas—OSL and local.	Ó Danachair 1958: 85

C.

- ‘small crevice in a rock through which a little stream of very good water issues ... never dry ... cures the headache and earache by drinking of its water and saying some prayers’ LSO.
- ‘no visible surface remains’ *Fardal* DU024-012001, cf. Ua Broin 1957.

E. ***An Tiobrach** [TS.281] an sruthán a ritheann as [→C.], más fíor.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [tobar→GS1.43].

E3. cluas, gin. iol. (**na gcluas** “ear” [*eDIL* s.v. **clúas** (c)]). Níl aon sampla eile sa cheantar. Is cosúil gurb é an leigheas do ghalair chluaise a chreidte a bhí le fáil in uisce an tobair a thug ainm dó, seachas aon bhrí fháithchiallach eile den fhocal **cluas** (cf. *LnÉ IV (LG)* s.n. *bf Cúil na gCluas* (#53181)).

E4. A: UISCE + C: CORP

TS.274 Carraig na bhFiach

“the rock of the ravens”

[= *Knockannavea* SO]

B.

8/8/1837	1. <i>carraig na ffiach</i>	LSO léaráid
18/9/1837	2. Knockan na viogh	MSO 158 (Williams)
??/9/1837	3. Knockannavea	MSO 158 (ÓD)

C.

- ‘a circular round-topped cairn ... covered in furze’ *Fardal* DU024-025.

D. SO 1:50,000: ‘Cairn’ in aice le hairdphointe 396m. Toisc gur ghlac Ua Broin (1957) le *Knockannavea* SO 6" 1ú eag. mar ainm cnoic (agus nárbh eol dó an forás LSO → MSO → SO 6" 1ú eag.), mheas sé gur thagair ‘*carraig na ffiach*’ LSO d’imfhálú eile i *bf* Cnoc Slinne (*Fardal* DU024-014). Féach Aguisín M.

D2. Mar a mbuaileann *TLPSsS-AminDW* le *RckNCa* (gréabhaca, sioltachloch, slinn).

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [*carraig*→**GS1.23**]

E3. [*fiach*→**GS1.21**]

E4. A: SAORGA + C: AINMHÍ

F.

- -ch /x/

NB ní sampla é seo de **-ch /x/** → Brl. /-/. Béarlú bréige é *-navea*.

TS.275 Cnoc an Bhácúis

“the hillock of the bake-house, oven”

B.

8/8/1837	1. <i>cnoc a bhácúis</i> , a curious looking Fairy mound	LSO 14/C/15/22(ii)
18/9/1837	2. Knock a bha cúis	MSO 158 (Williams)
??/9/1837	3. Knockavacooish	MSO 158 (ÓD)

C.

- ‘remarkable-looking hump-like hill bordered by the Corbally Slade River’ Ua Broin 1957.
- ?‘rectangular enclosure defined by a bank ... two large stones’ *Fardal* DU024-019.

E.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [*cnoc*→**GS1.13**]

E3. bácús, gin. u. bácúis “bake-house, oven” [*eDIL* s.v.]: cf. ‘burnt bones have been dug out of handsome little oven-like cavities in several of the hillocks about this place’ LSO 86.

E4. A2: ARDÁN + A1: FOIRGNEAMH (TUATA)

TS.276 Gleann na Móna Báine

“the glen of the white bogland?”; “the glen of *An Mhóin Bhán?”

B.

8/8/1837	1. <i>gleann na móine báine</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
18/9/1837	2. Glen na moin bane	MSO 158 (Williams)
??/9/1837	3. Glennamoanbane	MSO 158 (ÓD)

D.

D1. Léirithe ag EÓC idir Cnocán na bhFinidí [TS.265] agus Carn idir Dhá Chloch [TS.264] .i. an gleanntán a scarann *bf* An Bhuaile Mheánach ó *bf* Baile Maoilíosa.

D2. Éiríonn sa talamh carraigeach (*RckNca*) agus ritheann trí thill dhomhain (*TLPSsS-AminDW*) isteach sa léibheann oigheardhobhrach cois na Dothra. Stráice buncharraige bruthaí (*TBi*) gar dó, an t-aon talamh dá leithéid sna gleannta.

E. Féach Aguisín M. Tá dealramh le foirm EÓC (cf. *bf* **Clais na Móna Duibhe** (#49861) (*PL*), *mng* **Glaise na Móna Brice** (#1415472) (*Lm*)), ach ní léir cá raibh *An Mhóin Bhán. B’fhéidir: truailliú ar ***Gleann na Buaile Meánaí** “the glen of An Bhuaile Mheánach” .i. ainm an bhaile fearainn trína ritheann (cf. *d* **Gleann an Bhaile Dhuibh** (#1415845) [G] (*DG*), **Gleann Fothair Chapall** [**Fothair Chapall**] (*DG*) Watson 2019: 91). Pé ar domhan de is cosúil gur logainm atá sa cháilitheoir. Ní hionann is ‘Balleminabawn’, ‘Ballamina Bawn’ *MHR* 1 (1943), tamall siar ó bhaile [*bf* An Corrbhaile/*bf* An Log Mór].

E1. [A2+(A1+C)] *af+alt+af+aid = af+log* (IV)

E2. [gleann→GS1.3]

E4. A2: ÍSLEÁN + A1: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (DATH)

TS.277 An Ráithín Dubh

“the black (little) ring-fort”

[= *Raheendhu* SO]

B.

8/8/1837	1. <i>Raithin dubh</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
c.1870	2. Raheendhu	SO 6" athbhr.
2023	3. Raheenoon	<i>mountainviews.ie</i> ²⁵⁹

C.

- ‘A barrow ... badly damaged’ *Fardal* DU024-031.

E. Faraor, ní thagann an tAinmleabhar Athbhreithnithe anuas chugainn i gcáipéisí SO agus ní fios cé a mhol an litriú béarlaithe (2).

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [ráithín→TS.272]

E3. [dubh→GS1.7]

E4. A: DAONRA + C: AIDIACHT DATHA

²⁵⁹ <<https://mountainviews.ie/start/1139/>> arna cheadú 28/6/2023.

F.

- **-bh** deiridh

TS.278 Cnoc an Bhuachalla

“the cairn of the cowherd”

B.

8/8/1837	1. <i>cnoc a bhuachla</i>	LSO 14/C/15/22(ii)
1841	2. ?Gravel Pit	SO 6" 1ú eag.
c.1937	3. [?cnocán bídeach]	SO 6" Cassini

C.

- *Fardal* —

E. Níl an t-ainm seo luaite in MSO (Aguisín M.).

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [cnoc→GS1.13]

E3. buachaill, gin. u. buachalla “cow-herd, boy” [*eDIL* s.v. búachaill]. Ní gá an sloinne **Ó Buachalla** a chur san áireamh. Más “boy” an bhrí anseo cf. Brl. *Adam and Eve Stones* (*Fardal* DU021-044), péire gallán i *bf* An Bóthar Buí. Cf. freisin i gContae Chorcaí: ‘Nearly a mile to the north-east of Buttevant is a considerable mound or tumulus, probably about twenty feet in height, called Knockaneabouhilla (or the Boy Hills); and about the breadth of a field from it is a smaller one, called Knockanea Collihine (or the Girls’ Hill)’ Crofton Croker 1824. Tá **Cnocán na mBuachaillí** le fáil mar ainm ar 6 bhaile fearainn agus 3 chnoc ar fud na tíre (3 Co, 2 TÁ, 1 Ga; 2 PL, 1 Lm), chomh maith le roinnt mionainmneacha eile, m.sh. ‘*Cnocán na mbuachaillí*’ (*Ga*) *BnS* 0037.314.²⁶⁰

E4. A: ARDÁN + C: DUINE

TS.279 *bf* Sliabh Toll

“hollow(?) mountain”

[= *bf* *Slievethoul*]

A., B. logainm.ie #17197; OLBÁC.

8/8/1837	1. <i>Sliabh Tóghail</i> mountain	LSO 14/C/15/22(ii)
8/8/1837	2. two cairns of Sliabh Toghail	LSO 55
18/9/1837	3. Slieve Toghail	MSO 158 (Williams)
??/9/1837	4. Slieve Towel	MSO (ÓD)

D.

D2. *RckNCa* (gréabhaca agus scealla).

E. Féach Aguisín M.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT

²⁶⁰ Tá an taighdeoir buíoch den Dr. Pádraig Ó Dalaigh as an tagairt seo a chur ar a shúile dó.

TS.280 An Chamóg

“the winding (river)”

[= *Cammock River* SO]

A., B. *logainm.ie* #116701.

E. cam [aid.] “crooked, bent, curved, twisted” + **-óg** [*eDIL* s.v. 1 **camm** (I)] (cf. Ó Maolfabhail 2005, 41). Samplaí eile: [CC](#), [Ci](#), [Cl](#), [Co](#), [Lm](#), [TÁ](#). Cf. **An Dochtóg** [GS1.19]; féach [Aguisín E](#).

E1. [A] *af* (III)

E4. A: UISCE

F.

- **-óg** → Brl. *-ock*

Is é ÓD a dhearbhaigh agus a mhínigh an litriú seo in MSO; ní féidir aon adhmaid canúna a dhéanamh as.

TS.281 *An Tiobrach

“the well-stream?”

[= *Toberagh* SO 6", *Toberagh (Site of)* SO 25"]

B.

1/9/1837	1. Tobarach ie of the well, or the well stream	LSO 95
4/9/1837	2. Tobarach	LSO 88
4/9/1837	3. <i>Tobrach</i>	LSO 89 liosta
8/9/1837	4. Tobarach	LSO 85
1938	5. the Tubberacks	<i>BnS</i> 0794.468
1957	6. Tobrachs, a plural form ... is now in use	Ua Broin 1957: 45

C.

- ‘a small stream running down by, and out of Tober na Cluas ... and falling into the Cammack, a little above the junction of the old and new roads ... This little stream is called Tobarach’ LSO 95.
- ‘I beg to correct a mistake ... The part of it above the new road is called Tobarach, but after it passes the road (through Crooked bridge) it takes the name of *Slád gáir na graidhe*’ LSO 88.
- ‘The entrance into the Crooksling Sanatorium was formally called, the Tubberacks because there was a blessed well there once called Saint Ann’s well’ *BnS*.
- ‘This well has disappeared and no tradition survives’ Ó Danachair 1958: 83.

E. Níl aon fhianaise go raibh tuilleadh is tobar amháin anseo (‘perhaps others ... *toibreacha*’ Ua Broin); cloítear le **tiobrach** < **tobar** “well, spring” [*eDIL* s.v. **tipra**] ach ní léir feidhm an fhoircinn **-ach**. Ní gá gurbh é seo a bhunainm: thugtaí **Tiobrach** go háitiúil ar an tobar beannaithe i *bf* **Tobar Baoith** [*nó Cill Fhinnche Mhór*] “the well of Baoith” (#27758) (*La*): ‘It is sometimes called Tubberig and Tubberach’ Carrigan 1905: II 228. Cf. freisin ‘Tibradagh river’ (1826)²⁶¹ i bpar.

²⁶¹ *CGn.* 809.453.545788.

Chromghlinne (*BÁC*) .i. **tiobradach**, forás ar **tiobraid** [cf. *FGB tiobraid* = *tobar*; cf. *eDIL* s.v. **tipratach** “containing springs”] — níl sé as an áireamh gur coimriú ar **tiobradach** atá anseo ó cheart freisin.

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

TS.282 *Slád Ghort na Graí

“the stream of Gort na Graí”

B.

4/9/1837	1. <i>Slád gáir na graídhe</i> — Slád Gár na Gree	LSO 88
4/9/1837	2. <i>Slád gáir na graídhe</i>	LSO 89 liosta

C.

- ‘litterally [*sic*] — The stream of the neighing of the horses; if the name be correct’ LSO 88.

D. [→An Tiobrach [TS.281] C.]

E. Níl aon dealramh le míniú EÓC ‘*gáir na graídhe* ... neighing of the horses’. Is é is dóichí ná gur **slád** + *páircainm* atá anseo, fuaimnithe ~*/,gɑ(:)rnə'gri:/.

E1. [A2+(A1+C)] *af+af+alt+af* = *af+log* (IV)

E2. **slád** “(slade-)stream”: Gaelú dúchasach ar Brl. *slade* ‘log, gleanntán’ → ‘sruthán’ [*EDD* s.v. *slade* 1, 6]. Cf. ***An Sruth** [GS1.10]. Bhí an focal seo bisiúil sa Ghaeilge sa chuid áirithe seo den cheantar taighde (*bf An Slád Mór* (*BÁC*), ***Slád na bPrompóg** [TS.311], **Slád na Cloiche Báine** [TS.312], ***Slád na Riaibhche** [TS.313]) ach níor fhág sé aon rian ar logainmneacha Gaeilge na ngleannta eile. Tá sé le fáil in ainmneacha Béarla i GS (m.sh. Brl. *Srugh Slade* [GS1.10], Brl. *Corrig Slade* [GS1.11], Brl. *Slade Brook* [GS2]) faoi mar atá go coitianta sa chontae, m.sh. ‘Solomon’s field ... with the Bushie Slade thereunto belonging’ (1726) i bhFionnghlas.²⁶² (Níl sé teoranta don chontae seo in aon chor: cf. *bf Gleann na Slád* (#47887) (*TÁ*), *bbf An Slád* (*BÁC, CC, CM, LG*).)²⁶³

E3. **Gort na Graí** “the field of the horses”: Is dealraithí **gort** anseo ná **garraí**. Féach ***Garraí na gCearc** [GS2.129], ***Garraí an Ghabáiste** [GC.247], ***Garraí na gCloch** [GC.233]. (Díol spéise an tuiscint cheart ag EÓC ar an bhfocal **groí** [*eDIL* s.v. **graig**] anseo, fad is a raibh sé de nós ag ÓD ‘*na g-croidh*, of the cattle’ a thuairimíú in AL ar fuaid na tíre [*eDIL* s.v. **croid**].)²⁶⁴ Cf. *bf Gort na Graí* (#22315) (*Ci*).

E4. A2: UISCE + A1: GORT + A2: AINMHÍ (CLÓIS)

²⁶² *CGn.* 51.251.33571.

²⁶³ Ag scríobh dó sular thug EÓC cuairt ar na sléibhte thuairimigh an Donnabhánach ‘Probably means the slope or slide’ ÓD:AL faoi *bf An Slád* (#17221). Is dócha gur scríobh sé ‘*Slaod mór*, great stratum or layer’ ÓD:AL faoi *bf An Slád Mór* (#17196) sa pharóiste céanna nuair a bhí na hAinmleabhair á n-athbhreithniú aige blianta ina dhiaidh sin.

²⁶⁴ Thug ÓD an tuairim seo leis ó laethanta beaga a chuid obair pháirce: ‘Revd. John McRory P.P. of Kilrea ... has thrown great light upon the names of places around Newtown Limavady ... McRory says that many forts were thrown up to defend cattle against wolves ... that the name Lisnagree is a great proof of it. *Lios na g-croidhe* signifies fort of the cattle’ LSO (*Do*) 273 (ÓD 6/10/1834). Chloígh sé leis sin os coinne ...**na graí** ar feadh na mblianta eile.

TS.283 Tobar Moling

“the well of Moling”

B.

25/7/1719	1. Touber Mulling al. Huntington	CGn. 24.240.13680
23/8/1837	2. <i>Tobar Moling</i>	LSO 78
1/9/1837	3. Tober Moling	LSO 95
1943	4. St. Moling’s Well in Toomaling	MHR 20
1943	5. Tobar Moling	MHR 88
	6. Moling’s Well	MHR 88
1958	7. Saint Moling’s Well ... local	Ó Danachair 1958: 85

C.

- ‘another blessed well’ LSO.
- ‘Tobar Moling cures dry retching and stomach troubles. It cured me for ever.’ MHR.
- ‘A strong clear spring in a marshy hollow in a sloping field. An old ash tree stands close to it, a second ash has been felled. Not visited now but still known as a holy well formerly visited for the cure of ailments. Rags and other small objects were left as offerings’ Ó Danachair 1958: 85.
- ‘a natural spring well’ *Fardal* DU021-051.

E. Is léir ar ghníomhas 1719 gur thagair an t-ainm, faoin tráth sin ar aon nós, don fheirm in aice leis an tobar: ‘the Dwelling house out houses Gardens and Backsides ... commonly called Touber Mulling al. Huntington and arable land meadow & pasture thereunto belonging’. Is maith an seans gur coimriú ar an ainm seo a thug ‘Toomaling’ (4).

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [tobar→GS1.43]

E3. Féach ***Tuaim Moling** [GC.178]

E4. A: UISCE + C: AINM

F.

- athrú teanga

TS.284 *Tobar an Phiopaire

“the well of the slender spout?”

B.

1/9/1837	1. Tober an Phiopaire i.e. The Pipers well	LSO 95
----------	--	--------

C.

- ‘another old and once blessed well ... a place of great resort, about 180 years ago’ LSO.
- I measc ‘Doubtful wells’ in Ó Danachair 1958: 86. *Fardal* —.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [tobar→GS1.43]

E3. piopaire “slender spout” [*FGB* s.v. **piopaire** 2. ~ **buidéil** “slender-necked bottle”]: Tagairt don sruth uisce amach as an tobar, is cosúil. Ní háirithe go mbeadh a leithéid ró-sheanbhunaithe — cf. ‘The Holy Spout ... The Eye Spout ... a short length of three-inch iron pipe’, ainm tobair i mBinn

Éadair (Ó Danachair 1958: 77). Ní léir cé acu ar bhreac EÓC an fhoirm Bhéarla ‘The Pipers well’ (1) ó mhuintir na háite nó an tiontú dá chuid féin é. Éadócha: **píopaire** = **píobaire** “piper” [*eDIL* s.v. **píopaire**]: níl aon sampla eile as Gaeilge sna gleannta ach cf. Brl. *Piper’s Stones* [GS].

E4. A: UISCE + C: DÉANTÚSÁN

TS.285 *An Chlais (3)

“the trench”

Brl. *The Clash Field*

B.

1/9/1837 1. the Claish field, i.e. The field of the Trench or LSO 96
Furrow ^{pit}

C.

- ‘where a great number of the inhabitants of Corballis were promiscuously buried during a great plague which raged there’ LSO.

D. Ritheann sruthán trí lár an *bf* a bhfuil bruacha rite léirithe ar SO 6" Cassini.

D2. *TLPSsS-AminDW*

E. [clais→**GS2.107**]

E1. [A] *af* (III)

E4. A: ÍSLEÁN

TS.286 Tobar Pádraig

“the well of Pádraig”

[= *St. Patrick’s Well* SO]

B.

1/9/1837 1. a well at Saggart called Tober Padraig ie Patricks LSO 96
Well

C.

- ‘There are two very remarkable stones standing within four or five feet of each other in a field convenient to this well. One of them is a perfect conical shape — the other square. They are about five feet over ground, and 6 or 7 feet in circumference’ LSO.
- ‘A slow spring with a little stream running away. Not visited now, but known to have been a holy well which cured headache and toothache. Legends: Saint Patrick baptised there. Masses were said there, but when some robbers broke the altar the well lost its power. It cannot be emptied’ Ó Danachair 1958: 82–83.

D. *bf* An Bóthar Buí

E. [tobar→**GS1.43**]

E1. [A] *af+ap* (IV)

E4. A: UISCE + C: AINM

TS.287 *Áth Colpa

“ford of (the) bullock, sturdy animal”

B.

4/9/1837	1. <i>Áth Collop</i> — Ath Collop	LSO 88
4/9/1837	2. <i>Áth collop</i>	LSO 89 liosta
8/9/1837	3. <i>Ath collop</i> (Ath Collop)	LSO 85

C.

- ‘difficult to reconcile the conflicting testimony of any two or three person [sic] who may be consulted’ LSO 88.
- ‘ascertained [that] the little brook called *Ath collop* ... is the nearest stream to Tobarach, above it, running down from the rocks called Clocha Breaca’ LSO 85.

E.

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. [áth→GS2.117]

E3. **colpa**, gin. u. id. [*Dinn*. s.v.; cf. *eDIL* s.vv. **colpthach**, **colpthae**]: cf. *bf Droim Colpa* (#30410)

(Li): *Drumcollop* SO.

E4. A: CUMARSÁID + C: AINMHÍ (CLÓIS)

F.

- cailliúint /-ə/




Fig. 76: LSO lch.89 (14 C 15/27) (EÓC 4/9/1837) — Teach Sagard.
Acadamh Ríoga na hÉireann.

TS.288 An Charraig Mhór

“the big rock”

Brl. *Carrigmore Commons*

B.

1821	1. Carrickmore	<i>Duncan</i>
4/9/1837	2. <i>Carraig mhor</i>	LSO 89 liosta
1957	3. Carrigmore Commons	Ua Broin 1957: 41

C.

- ‘a large boulder’ Ua Broin.

D.

D2. *RckNCa-AminSW* (siosta, grianchloichít).

E. Tá dealramh le foirm EÓC; díol spéise an séimhiú ar an aidiacht aige.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [carraig→GS1.12]

E3. [mór→GS1.8]

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

TS.289 Carraig an Chait

“the rock of the (wild-)cat”

B.

4/9/1837 1. *Carraig a chait*

LSO 89 liosta

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [carraig→GS1.12]

E3. [cat→GC.203]

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ

TS.290 An Bealach Dearg

“the red way, pass”

B.

4/9/1837 1. *Bealach dearg*

LSO 89 liosta

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **bealach** “pass, way” [*eDIL* s.v. **belach**]. Níl aon sampla eile sna gleannta.

E3. **dearg** “red” [*eDIL* s.v. **derg**]: Níl aon sampla eile sna gleannta. Luann EÓC ‘*bearna dearg fort*’

LSO léaráid (Ráth Mhichíl) = ‘Barrenderrig Fort’ MSO 368 (1843). Cf. ‘Barn·darrig’ *PNW* 313.

E4. A: CUMARSÁID + C: AIDIACHT (DATH)

Received Name.	Orthography.	Authority.
An lúg, the hollow lúg a mullaigh. ep.	Lugg	Mr Hayden, Vicar, Rathfriland
Lugg	Lugg -	Mr Senior of Rathfriland
The greater portion of the bog was common about 60 years ago - and generally under the name of Lugg.	The Lugg.	The people -
	Lugg, Is. & ch Sug-a-Mullaigh	Included in the Co. Wick the Commons of Lugg John Smith and others

Fig. 77: Ainmleabhar OS88/BÁC/Par. Theach Sagard, lch.14 [TS.291].
Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

TS.291 *bf* *Log an Mhullaigh

“the hollow of the summit”

[*oifigiúil*: *bf* An Log/Lugg]

A., B. *logainm.ie* #17215: ‘Hill of Luggawoollan’ (1811), ‘Lug-a-Mullaigh’^{ch} — John Smith and others, EC’ *Inhabs.:AL*, ‘Lug a mhullaigh’ EÓC:AL [*Lug leasaithe go Lag ag EÓC*] (Fig. 77); OLBÁC.

D.

D2. *RckNCa-AminSW* (gréabhaca, sceall)

E.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [log→GS1.9]

E3. [mullach→GS2.112]

E4. A2: ÍSLEÁN + A1: ARDÁN

F.

- -aigh /ə/




Fig. 78: Ainmleabhar OS/88/BÁC/Par. Theach Sagard, lch.17 [TS.292].
Cartlann Náisiúnta na hÉireann.

TS.292 *bf* Gleann na Raithní

“the glen of the ferns”

[= *bf* Glenaraneen]

A., B. *logainm.ie* #17214: ‘I think it may mean *Gleann na dtráithnín*, but it might be *gleann na raithníghe*, i.e. the Glen of the ferns or brakes’ ÓD:AL, ‘*Gleann na Raithnidhe*, the ferny Glen (the natives)’ EÓC:AL.

D.

D2. *GLs-BminSW* (gaineamh agus gairbhéal tulógach)

E. Thug ÓD a bhreithiúnas sular thug EÓC cuairt ar an ngleann [→**A., B.**].

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [gleann→GS1.3]

E3. [raithneach→GS2.108]

E4. A: ÍSLEÁN + C: PLANDA

F.

- -th- láir cailte le fadú cúitimh
- gin. raithní → Brl. -rawny & -rawneen

TS.293 ***Buaile an Chlinsigh**

“the cattle-fold, summer pasture of An Clinseach?”

B.

4/9/1837 1. *Bonn na Clinnse*

LSO 89 liosta

D. Suíomh anaithnid.

E. An-éiginnte. Níl mórán dealraimh le foirm EÓC; */bo:nə'kli:nʃɪ/ atá le tuiscint as, b'fhéidir. Ba dheacair a chreidiúint go bhfuaimneofaí **bun** “bottom(land)” mar sin [→GS1.19]. Tuairimítear anseo go cáiréiseach truailliú ar **Buaile an Chlinsigh** de bharr dhíshamhlú *-l-l-n- > -n-l-n-* (amhail **Buaile an Araltaigh** → [bo'narəldə] de bharr *-l-n-r- > -r-n-l-*).

E1. [A+C] *af+alt+sl = af+díl* (IV)

E2. [**buaile**→GC.8]

E3. An Clinseach < AN Clinch? Sloinne a bhí le fáil sa cheantar seo (cf. ‘Laurence Clinch [1821] ... resided in Rathcoole House and held considerable property in the vicinity’ Ua Broin 1943: 83; cf. *TAB* par. an Chaisleáin Nua). In Eaglais na hÉireann, Ráth Cúil, a chuirtear iad le linn an 18ú haois (James Clinch a d'éag 1747 in aois 65). Cf. ‘Rich. Clinch ... John Clinch of Newcastle’ *CPR* (1604), ‘Widd[ow] Clinch’ [*bf* Ráth Miontáin, par. Thamhlachta] *HMR* (1664). Má bhí bunús Gaelach leis an sloinne sin an chéad lá .i. **Mac Loingsigh** is deacair é sin a thaispeáint anois.

E4. A: GORT + C: AINM AN

F.

- -igh /ɪ/

TS.294 **Na Clocha Breaca**

“the speckled stones”

B.

1811 1. Cloghabrackaw or White Rock [*leg.* -ow /ə/?]

LN G 42

4/9/1837 2. *Clocha breaca*

LSO 89 liosta

8/9/1837 3. Clocha Breaca ie The Speckled stones

LSO 85

C.

- ‘stream ... running down from the rocks called Clocha Breaca ie The Speckled stones, and joining the Commack a little above Downshire Bridge’ LSO.

D.

D2. Leirg thiar Chnoc Slinne: gréabhaca agus sceall (slinn is ea an chuid eile den chnoc).

E. Tá dealramh le foirm EÓC. Díol spéise go bhfuil déantús ar leith ag na clocha ar an taobh seo den chnoc [→D2.]. Sampla eile: ‘Cloghbreakavalysda’ (c.1660) *PNW* 306. Cf. freisin ***Tobar na gCloch Breac** [GS1.54].

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [**cloch**→GS1.17]

E3. [**breac**→GC.208]

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (DATH)

TS.295 Carraig na Muc

“the rock of the pigs”

B.

4/9/1837 1. *Carraig na muc*

LSO 89 liosta

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [*carraig*→GS1.12]

E3. [*muc*→GS1.14]

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ (CLÓIS)

TS.296 Clais an Ultaigh

“the trench of the Ulsterman”

B.

4/9/1837 1. *Clais an Ultaigh*

LSO 89 liosta

E. Tá dealramh le foirm EÓC.

E1. [A+C] *af+alt+leas = af+díl* (IV)

E2. [*clais*→GS2.134]

E3. [*Ultach*→GC.239]

E4. A: ÍSLEÁN + C: DUINE

TS.297 *Carraig an tSeannaigh

“the rock of the fox?”

B.

4/9/1837 1. *Carraig a tana*
1957 2. *Cargathauna*

LSO 89 liosta

Ua Broin 1957: 51

C.

- ‘Cargathauna has been heard as an old name for where the outcropping rocks referred to in the preceding note occur’ Ua Broin 1957 (ní léir sa chomhthéacs cén nóta atá i gceist).

E. Níl mórán dealraimh le foirm EÓC mar logainm.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [*carraig*→GS1.12]

E3. seannach (= sionnach), gin. u. an tseannaigh “fox” [*eDIL* s.v. sinnach]: Ní luaitear an t-ainmhí seo aon áit eile sna gleannta ach bheadh sé ar aon dul le **Carraig an Chait** [TS.289], **Carraig na Muc** [TS.295] sa chónagar. Éadócha: **An Seannach** (< AN *Fox*)? cf. ‘John Fox’ *TAB* (par. Theach Sagard) (1831) .i. *alt+sl* (IV).

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ

F.

- **seannach = sionnach**
- **-aigh /ə/**

TS.298 *An Cnocán Cuimseach

“the middling hill?”

B.

4/9/1837

1. *Cnocán Coímseach*

LSO 89 liosta

E. Meastar anseo gur */-’kvi:m’fəx/, seachas */-’kaim’fəx/, atá á chur in iúl i litriú EÓC. Cf. an logainm *d Coimseanach* (*TÁ*) nach léir brí (*FSÁG* s.n.).

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [cnoc→GS1.13]

E3. **cuimseach** (aid.) “moderate, middling; neat, tidy” [*eDIL* s.v. 1 **cuimsech**]: Níl aon sampla eile i logainmneacha agus is mór an trua é nach féidir suíomh an chnocáin seo a aithint chun brí a fháscadh as an gcáilitheoir. **Éadócha:** **caimseach** (aid.) “lying, deceitful” [*Dinn.* s.v.]: (cf. **caimseog** “fib, lie” Williams 1981a). (Focal nuachumtha is ea **céimseach** (aid.) “gradated, gradual”).

E4. A: ARDÁN + C: TREOCH

TS.299 *An Garbhlach Rua

“the red rough land?”

B.

1831 1. Gaullereau

TAB

4/9/1837 2. *Garla ruadh*

LSO 89 liosta

6/12/1919 3. Gaulia Rhu

TT 73 (ex Freeman’s Journal)

C.

- ‘rough, stony, furze and heather ... [at the] end of the year assumes a fox-red colour’
Ua Broin 1957.

D.

D2. *GLs-BminSP* (gaineamh agus gairbhéal tulógach).

E. **Éiginnte.** Tá dealramh le foirm EÓC (2) atá neamhspleách ar na foirmeacha comhaimseartha béarlaithe nach dtaispeánann *-r-* roimh *-l-*.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. **garbhlach** “rough place” [*FGB* s.v.; cf. *eDIL* s.v. 1 **garb**]: An t-aon sampla sa cheantar taighde, más cruinn [cf. **GS2.142**].

E3. [rua→GS1.49]

E4. A: ILGHNÉITHEACH + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- **-ch-** /x/ cailte roimh **r-**
- **-bh-** balbh tar éis /r/ (agus /ə/)

TS.300 An Léana

“the (riverside) meadow”

B.

4/9/1837 1. *Leuna*

LSO 89 liosta

E. Tá dealramh le foirm EÓC mar litriú ar **léana** (cf. *bf Móinín an Lín* (#17216) (BÁC), ar thuig sé mar ‘*Móinín a leuin*, little bog of river bank’, ‘Moneenalane — it is on the *Leun* or bank of the river’ *EÓC:AL* (1837)). Ní léir suíomh don ‘*Leuna*’ seo ach is féidir a thuairimiú go raibh a fhios ag EÓC gur talamh cois abhann é.

E1. [A] *af* (III)

E2. **léana** “(riverside) meadow” [*eDIL* s.v. **lénae**]: Níl aon sampla eile sa cheantar.

E4. A: ÍSLEÁN

TS.301 An Scornach

“the gorge”

B.

4/9/1837 1. *Scórnach*
1938 2. Scornacks Road
1957 3. Scurnach

LSO 89 liosta

BnS 0794.468

Ua Broin 1957: 46

C.

- ‘Not very far from Crooksling ... an old road called ...’ *BnS*.
- ‘almost forgotten name for the little ravine’ Ua Broin.

D.

D2. Ritheann an sruthán anuas trí *TLPSsS-AminDW* agus *RckNCa*.

E.

E1. [A] *af* (III)

E2. **scornach** “gorge (*lit.* throat, gullet)” [*eDIL* s.v.]: *Sampla eile: bf Buaille na Scornaí* (#17419) (BÁC): /-skaːrni/ (1995), buailte leis an gceantar taighde.

E4. A: ÍSLEÁN

F.

- ‘Scurnach’ (1957) ≠ /-sgaːrni/ [*bf Buaille na Scornaí* [GS]].
- **-ch** /x/ → Brl. /k/

TS.302 An tArd Mór

“the big height”

B.

- | | | |
|----------|------------------------------------|-------------------|
| 4/9/1837 | 1. <i>Árd mór</i> | LSO 89 liosta |
| 1957 | 2. <i>Árd Mór and</i> | Ua Broin 1957: 51 |
| | 3. <i>Tárd Mór have been heard</i> | |

D.

D1. Léirithe ag Ua Broin (1957: léarscáil) ar leirg thoir *bf* *Log an Mhullaigh [TS.291]. Ní dócha gurb ionann, más fíor sin, is ‘the Ardmór’ *MHR* 58 (1943), ‘the Ardmór’ *ibid.* 84, ‘The Ardmór’ *ibid.* léarscáil, léirithe lastuas den bhóthar i *bf* Cill an Ardáin.

D2. *RckNCa-AminSW* (gréabhaca & sceall).

E. Tabhair faoi deara alt na Gaeilge (3), murab amhlaidh a bhí an fhoirm sin gríosaithe ag Ua Broin féin (‘have been heard’).

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. [ard→GS2.157]

E3. Ní léir aon *Ard Beag mar chodarsnacht.

E4. A: ARDÁN + C: AIDIACHT (MÓR/BEAG)

TS.303 *Móinín na dTruailí?

“the little bog(land) of the sheaths?; of the wretches?”

B.

- | | | |
|----------|-----------------------------|---------------|
| 4/9/1837 | 1. <i>Móinín a drúlaigh</i> | LSO 89 liosta |
|----------|-----------------------------|---------------|

C.

E. An-éiginnte. Níl mórán dealraimh le gin. u. ‘a *drúlaigh*’ ag EÓC. Iarracht ar */-(n)ə'dru:li/ b'fhéidir [→E3.].

E1. [A+D+C] *af+alt+af* (I)

E2. móinín “little bog(land)” [*eDIL* s.v.]: É seo agus **An Móinín Rua** [TS.304] an t-aon dá shampla. Cf. ‘the Moneens Hill’ *MHR* 38, ‘the Moineen Hill’ *ibid.* 146 (1943). Cf. ‘Moneene Affersan and Moneen Anaska’, par. Thobar Chaoimhín (*CD*) (1713).²⁶⁵

E3. truail, gin. iol. truailí “sheath, scabbard”; “wretch” [*eDIL* s.v. 1 **truail**; *FGB* s.vv. **truail**^{1, 2}]. An-éiginnte ar fad. B'fhéidir: **eadrúill**, gin. **eadrúille** < **eadar-shrúill** “central stream”? Níl eolas dá laghad faoin suíomh.

E4. A: ÍSLEÁN + D -ÍN + C: DÉANTÚSÁN

TS.304 An Móinín Rua

“the red little bog(land)”

B.

- | | | |
|----------|------------------------|---------------|
| 4/9/1837 | 1. <i>Móinín ruadh</i> | LSO 89 liosta |
|----------|------------------------|---------------|

²⁶⁵ *CGn.* 11.119.4141.

E.

E1. [A+D+C] *af+aid* (II)

E2. [móinín→TS.303]

E3. [rua→GS1.49]

E4. A: ÍSLEÁN + D -ÍN + C: AIDIACHT DATHA

TS.305 *bf* *Gleann an Ráithín

“the glen of the (little) ring-fort”

[oifigiúil: *bf* An Ráithín/Raheen]

A., B. *logainm.ie* #17219: ‘Rawheen’ *Finné:AL* (1837); ‘Gleann-a-Raheen (John Smith of Lug)’, ‘*Gleann a Ráithín*’ *pl(EÓC):AL*.

E. Más fíor go nglaoití **Gleann an Ráithín** ar an mbaile fearainn seo go háitiúil, ní foláir nó bhí tionchar ag *bf* **Gleann na Raithní** [TS.292], taobh thall den abhainn, air.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [gleann→GS1.3]

E3. **An Ráithín** (*logainm?*)

E4. A2: ÍSLEÁN + A1: DAONRA

F.

- -á- cúil

TS.306 *Log na Sclátaí

“the hollow of the slates?”

B.

4/9/1837 1. *Lug na sláitídhe*

LSO 89 liosta

E.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [log→GS1.10]

E3. scláta, gin. iol. sclátaí “slate” [*FGB s.v.*]. Níl mórán dealraimh le foirm EÓC ‘*sláitídhe*’ mar ghin. iol. < **sláit(e)* ná mar ghin. u. < **sláiteach* (bain.). B’fhéidir: truailliú ar fhocal díorthaithe ó **slád** “stream”. Níl aon eolas faoin suíomh. Cf. ‘Ballina·slaughter ... Ballinaslatha [1832]’ *PNW* 397.

E4. A: ÍSLEÁN + C: MIANRA

TS.307 Na Carraigíní

“the little rocks”

B.

4/9/1837 1. *Carraigínídhe*

LSO 89 liosta

E. Tá dealramh le foirm EÓC. (Botún is ea ‘*Carraigíníhdhe*’ i gcló in *Herity* 2001: 41.) Tharla an fhoirm iolra is féidir feidhm chnuasaithe/áitreabhach a chur as an áireamh don iarmhír **-ín** anseo; ‘carraigeacha beaga’ an bhrí is dóchúla.

E1. [A+D] *af* (III)

E2. [carraigín→GS2.58]

E4. A: ARDÁN + D: -ÍN

TS.308 Páirc an Dá Chloch

“the field of the two stones”

B.

4/9/1837 1. *Páirc a dá chloch*

LSO 89 liosta

E. Tá dealramh le foirm EÓC.

E1. [A+U+C] *af+alt+#+af* (I)

E2. [páirc→G2.126]

E3. **an dá chloch** “the two stones”, *gin. id.*: Cf. ***Carn idir Dhá Chloch** [TS.264].

E4. A: GORT + U + C: MIANRA

TS.309 *Na Ráithíní

“the (little) ring-forts”

Brl. *Raheen Field*

B.

4/9/1837 1. the Raheen field

LSO 90a

C.

- ‘two or three very large Circles of earth’ LSO.

E. Luífeadh an fhoirm Bhéarla dhébhrioch leis an bhfoirm iolra atá le tuiscint as an gcur síos [→C.].

E1. [A] *af* (III)

E2. [ráithín→TS.272]

E4. A: DAONRA

TS.310 *Cnoc Bromaigh

“hill of (the) colt”

B.

8/9/1937 1. ^KCnock Broma ...

LSO 85

2. anglicised Knock-broom

C.

- ‘a moat ... Great part of this little Knock has been carried away for road gravel’ LSO.
- ‘was a moat’ Ua Broin 1957.

D.

D2. Léibheann oigheardhobhrach: gaineamh agus gairbhéal *GLs-BminW*.

E. Tá dealramh le foirm EÓC ach díol spéise gan an t-alt (.i. ***Cnoc an Bhromaigh**).

E1. [A+C] *af+af* (V)

E2. **cnoc** “hill” ≠ **carn** [→GS1.13]

E3. **bromach** “colt”, *gin. u. bromaigh* [*eDIL* s.v.]: Níl aon sampla eile sa cheantar.

E4. A: SAORGA + C: AINMHÍ (CLÓIS)

F.

- **-aigh** /ə/
- **athrú teanga**

Díol spéise an fhoclaíocht ag EÓC sna Litreacha: ‘a moat on the left side of the Commock ... which is called ^KCnock Broma, and now anglicised Knock-broom’.

TS.311 *Slád na bPrompóg
“the stream of the little rounded hills”

B.

1811	1. Stawdnabrumpoge [<i>leg.</i> Slawd-]	LN G 42 (1) (léarscáil)
8/9/1837	2. <i>slad na Plumpóg</i>	LSO 86
	3. Slád na Plumpoge	
1957	4. <i>slád na bprompóg</i>	Ua Broin

C.

- ‘two adjacent round-topped hills’ Ua Broin 1957.

D.

D2. Shníodh tríd an léibheann oigheardhobhrach (*GLs-BminSW*).

E. Níl dealramh le foirm EÓC ‘*na Plumpóg*’ mar ghin. iol. ná u.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)

E2. [slád→TS.19]

E3. **prompóg**, gin. iol. **prompóg** “little hill (*lit.* rump)?” [*Dinn.* s.v. **prompa + -óg**]: Tá dealramh le moladh Uí Bhroin 1957 i bhfianaise a bhfuair sé amach ar obair pháirce [→**C.**]. **Éadócha**: ***plumpóg** = ***pliompóg** < **plimp** “crash, plump, sudden fall”.

E4. A2: UISCE + A1: ARDÁN

F.

- **-á- cúil**
- **comhshamhlú -l-n-r- > -l-n-l-**

TS.312 Slád na Cloiche Báine
“the stream of the white stone”

B.

1811	1. The White Stone Slade	LN G 42
8/9/1837	2. <i>slád na Cliúbáine</i>	LSO 86
	3. Slád na Clubaine	

C.

- ‘a large boulder composed mainly of white quartz’ Ua Broin 1957.

D.

D2. Éiríonn sa till dhomhain (*TLPSsS-AminDW*) agus ritheann tríd an léibheann oigheardhobhrach (*GLs-BminSW*) isteach san abhainn.

E. Ní thugann EÓC aon mhíniú in LSO.

E1. [A2+(A1+C)] *af+alt+af+aid* (I)

E2. [slád→TS.19]

E3. **cloch bhán**, gin. u. **na cloiche báine** “white stone, ?=quartz”: cf. *bf Baile na Cloiche* (#55456) (*CM*): ‘Baile na cleó, q. *cloichthe*’ *pl*(EÓC):*AL* (1839) — tabhair faoi deara an I-caol a chuala EÓC ansin freisin. Cf. *tob Tobar na Croiche Naomh* (*CD*) → *Tobercro* SO; *bf Crois Cloiche/Crosslow* (#3544) (*Ce*): ‘Crosschlohe’ (1559) → ‘Crossloe’ (1685).

E4. A2: UISCE + A1: ARDÁN + C: AIDIACHT (DATH)

F.

- gin. cloiche /klo:/'

TS.313 *Slád na Riaibhche

“the stream of the brindled cow”

B.

- | | | |
|----------|--|--------|
| 8/9/1837 | 1. <i>slád na Raoife</i> ^{mheadh} | LSO 86 |
| | 2. Slád na Raoife | |

D.

D2. Ritheann tríd an léibheann oigheardhobhrach (*GLs-BminSW*) isteach san abhainn.

E. Is cosúil gur forcheartú é ‘na Raoimheadh’ mar mhíniú ar gin. ‘na Raoife’ */-ri:fi/.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [slád→TS.282]

E3. **riabhach** (bain.) “grey, brindled cow”, malairt gin. u. **riaibhche** [*eDIL* s.v. **riabach**; *Dinn.* s.v. **riabhach, -aibhche**]: Cf. *bf Cathair Chon Riaibhche* (#31459) (*Lm*): ‘cathair Con Ríaftha’ *pl*:*AL* (1840), [ˌkɛhiˌkəˈri:fiː] *Áit.* (c.1973).

E4. A: UISCE + C: AINMHÍ (CLÓIS)

Foinsí eile

TS.314 *Cúil an Chaim

“the corner, nook of the bend?”

B.

- | | | |
|------|-----------------|----------|
| 1957 | 1. Cool-yeh-cam | JRSAI 44 |
|------|-----------------|----------|

C.

- Ua Broin: ‘Cool-yeh-cam ... probably got its name from a crooked tree trunk (*cuaile cam* in Irish)’ (44).

E.

E1. [A2+A1] *af+alt+af* (I)?

E2. [cúil→GS2.54] **B’fhéidir: cúinne** “corner” [*FGB* s.v.].

E3. **cam**, gin. u. **an chaim** “bent, crooked feature, object” [*eDIL* s.v. **cam** (II)]. An-éiginnte.

E4. A2: GORT + A1: ILGHNÉITHEACH

TS.315 *An Cnocán (4)

“the hillock”

B.

1957 1. Crickaun

JRSAI 44

C.

- ‘Crickaun, on the right side of the Camac, not far from Judy’s Pinch, was a name which, having origin in *cnocáin* (hillocks), was probably applied to the hillocks mentioned above [?]’ Ua Broin 1957: 44.²⁶⁶

E.

E1. [A] *af* (III)

E2. [cnocán→GS2.133]

E4. A: ARDÁN

F.

- cn- /kr-/
• -án cúil soiléir
• ardú go /i/ tar éis /ɪ/ neasaigh

Tá na samplaí de /i/ sna réaduithe béarlaithe de **cnocán** le fáil i TS agus i GS amháin.

TS.316 *Carraig na nGabhar

“the rock of the goats”

B.

1816 1. Tragnagower

Taylor

1957 2. Carrigagower

Ua Broin 1957: 44

C.

- ‘a rock on the east side of the valley between Saggart Hill and Knockannavea’ Ua Broin.

D.

D2. *NRckCa-AminSW* i measc tille doimhne (*TLPSsS-AminDW*).

E. Gan lua ag EÓC.

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. [carraig→GS1.23]

E3. [gabhar→GS1.34]

E4. A: ARDÁN + C: AINMHÍ (CLÓIS)

²⁶⁶ Ní léir cad iad na cnocáin seo atá i gceist san alt mar atá sé i gcló.

TS.319 *Plásán an Ghortáin

“the level patch of the starved, stingy person?”

B.

1811 1. Plawsane Gurtawn

LN G 42

D.

D2. Till dhomhain (*TLPSS-AminDW*) agus talamh carraigeach (*RckNCa*).

E. D’fhéadfaí **Plás na nGortán** a léamh ar an tagairt aonair seo freisin, b’fhéidir. Éadócha: **Plás na gC....**

E1. [A+C] *af+alt+af* (I)

E2. **plásán** “level plot of land” [*FGB, Dinn. s.v.*] (cf. *ibid. s.v. plásóg; Dinn. s.v. plásóg, plás; eDIL s.v. 1 plás* “(Fr. or Eng. loan-word...) a place, open square or terrain”). Cf. ‘*Plás Mhóire*’ (c.1720), mionainm gan aithint i gContae na Mí a cuireadh síos air mar ‘mhá beag idir dhá mhóin’.²⁶⁷

E3. ***gortán** “hungry, starved person; stingy person, niggard”? (cf. *FGB s.v. gortachán*); cf. **Cnocán Gortach** [TS.270]. Éadócha: **gortán**, dísp. < **gort** “field”: cf. *bf Na Gortáin* (#39684) (*Mu*).

E4. A: GORT + C: DUINE

F.

- **-á-** <aw> [a:] taobh le **-án?** <ane> [a:]?

TS.320 *An Mhóin Fhada

“the long bog”

B.

1811 1. Monnadagh the long bog road

LN 16 G 42 (1)

C.

- ‘no doubt, communicated with the turbary mentioned in ... Alen’s Register’ Ua Broin 1957: 50.

D.

D2. Gabhann tríd an till dhomhain suas i dtreo an chnoic.

E.

E1. [A+C] *af+aid* (II)

E2. Portach faoi thagairt go cinnte anseo ≠ **An Mhóin Mhór** [GS2.122]. Litriú 1811 ≠ ‘Glanmowin Gart’.

E3. **fada** “long” [*eDIL s.v. fota, fata*]: An t-aon sampla amháin sa cheantar. Cf. **An Sliabh Gearr** [GC.213].

E4. A: ÍSLEÁN + C: AIDIACHT (FADA/GEARR)

F.

- aistriúchán

²⁶⁷ ‘A naimsir Chromuill air mbeith do Ghaodhluibh dá gcaomhnadh a moigh beag idir dhá mhonuigh a bParráiste ___ a gContae na Midhe dá ngorthaoid Pláis Móire ... tug Riobiort Lil arm Galda Átha Truim chum an Phláis 7 níor fága fear, bean ná leannabh gan chur chum báis do Ghaodhluibh 7 ba hé a rádh san lá céadna ‘Is maith an plás feola Plás Mhóire aniu’ is a lámha 7 a ghnúis nó a dheilbh smearrthuidh da fhuil Ghaoidhil’ LN G132: 53, i gcló in Ó Buachalla 1992.

TS.321 *Tobar Seanáin

“the well of Seanán”

B.

1937	1. <i>Tobar Seanáin</i>	<i>BnS</i> 0793.003
1938	2. <i>Tobar Senáin</i>	<i>BnS</i> 0793.053
1958	3. Saint Senan’s Well	Ó Danachair 1958: 83
	4. Tobar Seanáin	

C.

- ‘a cure for earaches’ *BnS* 0793.053 (Teach Sagard).
- ‘lucky water for making butter’ *BnS* 0793.006.
- ‘A small clear spring of good water in a little well at the foot of a slope. There are no devotions but the water was said to cure earache and toothache, and is famous for use in making butter’ Ó Danachair 1958: 83.

E.

E1. [A+C] *af+ap* (IV)

E2. [tobar→GS1.43]

E3. Seanán (ainmp.). Cf. ‘Richard Gillsenan’ [**Risteard Mac Giolla Seanáin**] [*bf* An Corrbhaile, par. Thamhlachta] *HMR* (1664).

E4. A: UISCE + C: AINM

TS.322 *An tAcra Gearr

“the short acre”

B.

1719	1. Acragoare [<i>leg.</i> -geare?]	<i>CGn.</i> 24.240.13680
------	-------------------------------------	--------------------------

D. Éiginnte. ‘Touber Mulling al. Huntington [→**TS.283**] ... and another Parcell of Land in Corballis aforesd. called Acragoare containing about sixteen acres of land & a parcell of Land in ye same called Bannaseang Magalloge containing about sixty acres of Land’.

E. Cf. *bf* **An tAcra Gearr** (#28551) (*La*): ‘le Accregear otherwise called the short acre’ (1549); (#27486) (*CC*): ‘Short Acre’ (1549), ‘Accregear’ (1571).

E1. [A+C] (*alt+*)*af+aid* (II)

E2. **acra** “acre” [*eDIL* s.v. “Engl. loanword?”]: cf. ‘Acracaragh [1767] ... a long irregularly shaped field’ [**An tAcra Carrach**], par. Ráth Cúil, in *Ua Broin* 1943, agus dhá shampla de **acra** i nDeilginis (Aguisín I).

E3. [gearr→GC.210]

E4. A: GORT + C: AIDIACHT (FADA/GEARR)

TS.323 *Bánóg —*

“the lea-ground of —?”

B.

1719

1. Bannaseang Magalloge

CGn. 24.240.13680

D. [→TS.322]

E. Éiginnte. Níl an struchtúr cinnte ná ní háirithe, fiú amháin, gur aon logainm amháin é. An focal **bánóg** “lea-ground” ina thús, is cosúil, ach tá an chuid eile doiléir ón tagairt aonair seo.

5. Torthaí

Agus na ceannfhoirmeacha Gaeilge socraithe thuas, déanfar anailís ar an tacar logainmneacha Gaeilge ar an gcéad dul síos mar logainmneacha Gaeilge .i. de réir struchtúir agus rangú tíopeolaíochta ar an stór focal (5.1). Pléifear leo ansin mar iarsmaí de chanúint Ghaeilge na háite (5.2). Pléifear gnéithe den phróiseas béarlaithe freisin (5.3–5.4). Mar logainmneacha Gaeilge iontu féin, cuirfear tacar logainmneacha an cheantair taighde i gcomparáid le tacair eile ó Chontaetha Chill Dara, Chill Mhantáin agus Chill Chainnigh i sean-Chúige Laighean, agus ansin le tacair eile ó Chontae na Mí agus ó oirdheisceart Chontae an Chabháin ó thuaidh (5.5). Mar cheantar beag críochnúil ina maireann logainmneacha de bhunús Gaeilge i measc logainmneacha Béarla, is féidir an ceantar taighde a chur i gcomparáid le dhá shuirbhé eile atá cuimsitheach sa dá theanga, ceann ó thuaisceart Chill Mhantáin agus ceann eile ó Chontae Laoise (5.6).

NB tá 316 de na 323 logainm sa tacar logainmneacha inrangaithe chun na staitisticí seo a ghiniúint.

5.1 Struchtúr agus rangú na logainmneacha Gaeilge

5.1.1 Struchtúr

Is féidir eolas áirithe a fháscadh as an tacar logainmneacha Gaeilge ach anailís a dhéanamh ar a struchtúr ó thaobh dheilbhíocht na Gaeilge de. Cur chuige é seo is gnách a úsáidtear chun leid a fháil ar aois logainmneacha Gaeilge, cé nach bhfuil a chruinneas thar moladh beirte go háirithe nuair is tacar logainmneacha Galltachta atá i gceist.²⁶⁸ Is é an comhshuíomh ainmfhocal (*af+af*) an struchtúr Gaeilge is sine dá bhfuil ar eolas againn, agus is é an comhshuíomh dlúth (*af-af*) an saghas is ársa ar fad (Mac Giolla Easpaig 1981). Mar shampla, mar chomhshuíomh den dá ainmfhocal **dro(i)m** “ridge” + **muc** “pig” is féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil *bf Mucroim* [< *Mucdhroim*] (*Ao*) níos sine ná *bf Droim Muc* (*Mu*), atá féin níos sine, is dócha, ná *bf Drom na Muice* (*Ci*). Ó thaobh logainmneacha simpléacsúla de (.i. aonad amháin), ní féidir aon aois ar leith a chur orthu gan taifead iomlán fianaise: d’fhéadfadh sé gurbh ann do leithéid ***Droim** i bhfad roimh aon cheann acusan thuas, cuir i gcás, ach ar an lámh eile d’fhéadfadh ***An Drom** a theacht chun solais amach anseo mar ghiorrúchán ar **Drom na Muice** dá mairfeadh an teanga beo.

Tá 95 logainm béarlaithe atá le fáil mar logainmneacha simpléacsúla sa cheantar taighde, nó 30.06% den iomlán. Ní féidir aon tátal a bhaint as an méid sin ó thaobh aois a chur leo: tá sé geall le bheith cinnte gur giorrúchán ar logainm comhshuite faoi ndear formhór na leaganacha béarlaithe aon eiliminte amhail ***An tÁth** [GS2.130], **An Leó (2)** [GC.179], srl., agus seachas samplaí inspéise ar nós ***Easca Philip Uí Ghabhann** [GS2.65] ní fios anois cé acu teanga ina ndearnadh gairid iad den chéad uair (pléite in 5.3). Ach é sin ráite, ba logainm simpléacsúil ó cheart an logainm is sine fianaise dá bhfuil sa tacar .i. ***Abhainn Dothra** [GS1.6] [< (**An**) **Dothra**] (c.800). Tá dornán logainmneacha

²⁶⁸ ‘Níos déanaí ná an 12ú haois’ an cruinneas is fearr a d’fhéadfaí a bheith ag súil leis.

simpléacsúla eile a bhfuil fianaise éigin ar son a mbunleaganacha a bheith ina gcomhshuímh, m.sh. **An Charraig** (?< **Carraig Dhuáin**) [GS1.12]. Is mar logainmneacha comhshuite de shaghas éigin a tháinig an ~70% eile anuas chugainn.

Ní bhfuarthas aon sampla sa cheantar taighde den dlúth-chomhshuíomh ainmfhocal *af-af* (ar nós **Mucroim** thuas), ach tá 23 shampla den chomhshuíomh *af+af* oscailte (sa mhéid is gur féidir an struchtúr Gaeilge sin a aithint le cinnteacht ar an bhfianaise sheanbhéarlaithe), nó 7.28% den iomlán. Sampla an-soiléir is ea an tagairt ón 12ú haois do Ghleann an Smóil [GS1.3] féin mar MG **Glenn Smóil** chomh maith le tagairt ón 18ú haois mar **Gleann Smóil**, nó gur eascair an t-alt sa Ghaeilge dhéanach. Is cosúil gur tháinig an t-alt isteach tar éis ré na Meán-Ghaeilge in ainmneacha eile freisin amhail **Cnocán an Iolair** (< **Cnoc Iolair**) [TS.268] agus *bf* **Glaise na Muice** (< **Glaise Mhuice**) [GS1.14]. Níl rian dá laghad den alt in ainm an phaiste fíor-dhrochthalún úd ***Móin Log** [GS2.59] atá suite san áit is sine lonnaíochta i nGleann an Smóil — ach tá sé le sonrú i gcomhshuíomh den dá eilimint chéanna i nGleann Cuilinn .i. ***Móin an Loig** [GC.201]. Samplaí éiginnte is ea an dá ***Garraí Eisce (1)** [GS2.120], **(2)** [GC.245]. Is é an trua é nár éirigh leis an taighdeoir ‘*Cluain uisce*’ (1837) [GC.200] a chlos beo ná a shuíomh a aithint, ach tá cuma *af+af* ar an logainm **Cnoc Buaille** [GC.206] sa ghleann céanna i bhfuaimniú an lae inniu. Cnocáin nó mótaí ab ea ***Cnoc Bromaigh** [TS.310] agus **Cnocán Caorthainn** [GS1.28] agus má tá na foirmeacha sin cruinn d’fhéadfaí aois mhaith a shamhlú leosan. Tabhair faoi deara, áfach, gurb ann do logainmneacha eile a bhfuil ainmneacha plandaí áirithe ann nach dtugann easpa an ailt idir aicmitheoir agus cáilitheoir aon leid ar aois, amhail ***(Na) Toim Luachra** [GS2.81], ***(An) Cnap Aitinn** [GS2.67], ***Páirc Raithin** [GS2.154].

Is é an struchtúr (I) *af+alt+af*, et var., is coitianta, agus é le fáil i 99 logainm nó 31.33% den iomlán. Ba dheacair aois a chur le ceann ar bith acusan ar an mbonn sin, de bharr a bhisiúlacht is atá an struchtúr seo i logainmneacha Gaeilge ón 12ú haois i leith (Flanagan 1980). Tá cúpla leid inmheánach sa stór focal féin anseo is ansiúd, b’fhéidir: ***Fearann an Teampail** [GS2.105] a thugtar ar an áit in aice le ***Teampall Santáin** [GS1.45]. Ghlac an dara logainm sin ionad **Cill Easpaig Sanctáin/Cill Moshantáin** mar ainm ar an láthair eaglasta i gcáipéisí an 17ú haois.²⁶⁹ Agus seans go bhfuil an mionainm ***Log na Carraige** [GS2.173] níos déanaí ná an fhorbairt ***Carraig Dhuáin** → **An Charraig** [GS1.12].²⁷⁰ Mar a dúradh thuas, áfach, is féidir leis an alt sleamhnú isteach i logainmneacha nach raibh sé le fáil iontu go stairiúil. Faighimid an t-alt in ainmneacha gnéithe aiceanta a d’fhéadfadh a bheith ársa, amhail **Sliabh na gCloch** [GS1.17], agus in ainmneacha a bhfuil cuma níos déanaí orthu ar bhonn léacsach, b’fhéidir, ar nós **Sliabh na mBardóg** [GS1.35], **Carraig an Róistín** [GC.191] agus ***Garraí an Ghabáiste** [GC.247].

An déantús (II) *af+aid* an dara saghas is sine i logainmneacha Gaeilge. Tá níos mó ná 60 sampla den struchtúr seo, thart ar 20%. Orthusan níl ach 4 shampla den aidiacht réamhcháilithe:

²⁶⁹ Ar ndóigh d’fhéadfadh sé go dtugtaí **Fearann an Teampail** ar an talamh sin i bhfad roimh an athrú **cill** → **teampall** sa logainm eile.

²⁷⁰ Arís, áfach, bheadh **Log na Carraige** inmheasta mar logainm bunaithe ar **Log + (Carraig Dhuáin)**.

2 shampla de **sean-** agus sampla éiginnte de **corr-** san áireamh, nach féidir aon aois ar leith a chur leo toisc iad a bheith bisiúil sa Ghaeilge fós. B'fhéidir gur eascair an logainm doiléir ***Rowdlam** as sean-chomhshuíomh dar céadeilimint **rua-**. Anuas orthusan a bheadh dhá shampla den aidiacht **cas-**, más **caisfhiar** is bunús le ***Caisiar** [GS2.166, GC.227], comhshuíomh a d'fhéadfadh a bheith níos sine ná **sean-/corr-** mar chumadóireacht. Féachfar níos doimhne ar na haidiachtaí féin i mír **5.1.2**.

Fágann sin an tacar de 35 logainm (11.08%) ina bhfuil aicmitheoir cáilithe ag ainm dílis, bíodh sin ina ainm pearsanta, sloinne nó logainm eile. Is féidir aois mhór a shamhlú le leithéidí **Tobar Moling** [TS.283], agus gan dabht le **Cill Easpaig Sanctáin** [GS1.45] féin, tharla an naomh sin luaite sna Féilirí. Ach ba dheacair dáta cruinn a chur ar na páircainmneacha úd a bhfuil ainmneacha pearsanta Gaelacha iontu de réir dealraimh, amhail **Páirc Aodha** [GC.195] agus ***Páirc Eoghain** [GS2.171]. Bheadh sé réasúnta á ghlacadh leis go bhfuil na logainmneacha a bhfuil rian na Fiannaíochta orthu ar nós **Suí Finn** [GS1.40] ábhar maith níos seanbhunaithe ná na páircainmneacha deireanacha seo. Tá sloinnte Angla-Normannacha amhail ***An Clinseach** [TS.293] agus ***An Scallartach** [GS1.48] agus **An tAraltach** [GC.181] de bhunús na nGall-Ghael le fáil, agus na teaghlaigh ghallda sin sa cheantar leis na cianta. Toisc gur ghlac na Gaeil chomh fonnmhar sin le hainmneacha pearsanta de bhunús Angla-Normannach ó chasadh an 13ú haois ar aghaidh, áfach, ba dheacair aon dáta a chur ar logainmneacha ar nós ***Tromán Eilíse** [GS1.26], **Aill Mháirín** [GS1.4], ***Curracha Mháirtín** [GC.214], srl., ach amháin go bhfuil siad níos déanaí ná teacht na Sean-Ghall. Is é ***Easca Philib Uí Ghabhann** [GS2.65] is inspéise ó thaobh dátaithe de — faightear an t-ainm pearsanta Gaelach 'Tyrlagh Smith' [**Toirealach Ó Gabhann**] sa ghleann sa 17ú haois ach is fearr a luífeadh **Pilib** le nós an 18ú/19ú haois sa teaghlach céanna, mar a bhfaighimid a leithéid d'ainmneacha iasachta is 'Martin', 'Michael', 'Simon' sna foinsí stairiúla gan trácht ar '*Aindrias Ó Gobhann*' (1837) féin, ainm an Ghaeilgeora léannta a luaitear sna Litreacha (féach [Aguisín N](#)).²⁷¹ Dá mbeadh an Pilib seo suas sa 18ú haois bheadh ***Easca Philib Uí Ghabhann** ar an logainm Gaeilge indátaithe is déanaí sa cheantar.²⁷² Tháinig an logainm sin slán isteach sa Bhéarla nó go ndearnadh giorrú air le linn an 20ú haois, ó Brl. *Askaphiliba-gowan* go dtí Brl. *The Aska*; tá sé dearmadta ar fad anois (**5.3.1**).

Is féidir scagadh eile a dhéanamh ar na logainmneacha chun tuilleadh solais a chaitheamh ar a mbunstruchtúr, mar atá, scagadh de réir teaghlaim eilimintí .i. aicmitheoirí [A], cáilitheoirí [C], eilimintí suímh [S], uimhreacha [U] agus míreanna díspeagtha [D]. Is éard a thuigtear leis an bhfocal *aicmitheoir* [A] anseo ná an bhuneilimint a chuireann in iúl an ghné (aiceanta, saorga, srl.) atá faoi thagairt sa logainm. Bíonn an t-aicmitheoir faoi cháiliú ag *cáilitheoir* [C] de ghnáth, bíodh an cáilitheoir sin féin ina aidiacht, ainmfhocal nó ainm dílis, m.sh. is den bhunstruchtúr [A+C] na logainmneacha ***An Pháirc Mhór** [GS2.144], **Sliabh na mBardóg** [GS1.35], *bf Buaille an*

²⁷¹ Gan amhras d'fhéadfadh an nós sin a bheith ag Muintir Ghabhann sa 17ú haois cheana ach gan aon fhianaise a theacht anuas.

²⁷² Ní féidir a dhéanamh amach arbh ionann é agus an 'Philip Smyth' a bhí pósta le bean de Chlann Síomoin ('Alice (Fitz)Simmons') dár rugadh 'Catharine' (1780), 'Ann' (1782), 'Philip' (1786). Féach [taifead paróiste Caitliceach Ráth Fearnáin](#). Ní réitíonn sloinnte na gcairde as Críost a bhí ag na leanaí sin go rómhath leis na cairde a bhí ag clann Aindrias Uí Ghabhann sa taifead céanna, áfach.

Araltaigh [GC.181] araon. Is féidir dhá aicmitheoir a bheith in aon logainm amháin, m.sh. ***Fearann an Teampaill** [GS2.105] .i. [A2+A1]. Tá suíomheilimint agus uimhir le feiscint in **Bun na dTrí dTromán** [GS1.19] .i. [S+U+A] agus tá an díspeagadh **-án**, le feidhm chnuasaithe nó áitreabhach, le feiscint in ***An Mongán** [GS2.99] .i. [A+D].²⁷³ Is mó a bhainfear úsáid as an dara scagadh seo nuair a chaithfear súil ar na mionainmneacha de bhunús Gaeilge a mhaireann le hais mionainmneacha Béarla.

Deilbhíocht²⁷⁴

Tugtar anseo struchtúr na logainmneacha sa cheantar taighde ar fad ([GS]+[GC]+[TS] = [GGT]). Tá táblaí do na focheantair ar leith le fáil in Aguisín H.

[GGT = 316 logainm inrangaithe]

[GGT] Struchtúr Gaeilge	Samplaí	Minicíocht	%GGT
Ainmfhocal (+ aidiacht) + alt (+ #) + ainmfhocal (+ aidiacht)	*Páirc na gCloch, Clais na Spearóg, Bun na dTrí dTromán, Cnocán an Iolair, *Cloch an Dá Uan	99	31.33
Ainmfhocal simpléacsúil	*An Sruth, An Leó, An Scornach	95	30.06
Ainmfhocal + aidiacht nó Aidiacht-ainmfhocal	*An Pháirc Fhliuch, An Sliabh Gearr, An Ráithín Dubh, *An Seangharraí	64	20.25
Ainmfhocal + ainm dflis (.i. ainm pearsanta, sloinne, logainm)	*Easca Philip Uí Ghabhann, Páirc Aodha, *Slád Ghort na Graí	35	11.08
Ainmfhocal (+ #) + ainmfhocal (+ aidiacht)	*(Na) Toim Luachra, Cnoc Buaille, *Áth Colpa	23	7.28

Tábla 2: Deilbhíocht na 316 logainm inrangaithe sa Tacar Logainmneacha.

²⁷³ Leagan den chur chuige ag Mac an Bhaird 1982 é seo ar ndóigh.

²⁷⁴ Leantar téarmaíocht Mhic Gabhann in *LME* anseo.

Bunstruchtúr

[GGT = 316 logainm inrangaithe]

[GGT] Bunstruchtúr	Samplaí	Minicíocht	%GGT
A+C / C+A / A+D+C / A+(C1+C2) / A+U+C	An Ráithín Dubh, *Easca Philib Uí Ghabhann, *(Na) Toim Luachra	180	56.96
A / A+D / A+S	An Easca, *An Mongán	96	30.38
A2+A1 / A2+D+A1 / A2+(A1+C) / A2+A1+C / A2+U+A1 / A2+(A1+S)	*Móin an Tobair, *Tobar na gCloch Breac	35	11.08
C / C2+C1	Suí Finn	2	<1
S+A / S+U+A / A2+S+U+A1	Bun na dTrí dTromán, *Carn idir Dhá Chloch	2	<1
A+?		1	<1

Tábla 3: Bunstruchtúr na 316 logainm inrangaithe sa Tacar Logainmneacha.

5.1.2 Aicmitheoirí

Cuirtear na ranganna éagsúla i láthair in **3.4.1** thuas. De na 316 logainm inrangaithe, sainíonn 213 díobh (67.41%) gnéithe aiceanta agus pléifear iadsan ar dtúis. Pléifear an 41 aicmitheoir ilchineálach (12.97%) ansin. Fíor-pháircainmneacha — ainmneacha ar ghoirt arúla nó curadóireachta, srl. — is ea 62 eile (19.62%), agus pléifear iadsan ar deireadh.

(NB tugtar dornán táblaí minicíochta anseo thíos; tá na táblaí go léir don cheantar taighde [GGT] ina n-iomláine le fáil in [Aguisín H.](#))

5.1.2.1 Gnéithe aiceanta agus aicmitheoirí eile

De na 213 ainm ar ghnéithe aiceanta, tá 77 sa tacar **ARDÁN** (36.15%), 82 sa tacar **ÍSLEÁN** (38.50%), 30 sa tacar **UISCE** (14.08%) agus 24 sa tacar **ILGHNÉITHEACH** (11.28%). (De bharr gur ceantar intíre é níl aon samplaí le fáil sna tacair **CÓSTA** ná **FARRAIGE** ar ndóigh.)

Sa tacar **ARDÁN** (77) is é **cnoc** an téarma is coitianta le 14 shampla (18.18%) a thagraíonn do thalamh ard. Ag ceann amháin den scála is é **Cnoc Loiscthe** [TS.266] an t-ardán is toirtiúla den ainm (.i. an cnoc 309m ar airde ar a dtugtar Brl. *Lugg < bf An Log* (= ***Log an Mhullaigh** [TS.291]) go coitianta inniu); ag an gceann eile is ar éigean má tá **Cnoc an tSiáin** [GS1.13] dhá mhéadar ar airde. Ní léir gur ‘cnoc beag’ .i. cnoc ar leith a tharlaíonn a bheith beag, an bhrí a bhí leis an bhfoirm dhíspeagtha **cnocán** sa cheantar taighde, mar a bhfuil 6 shampla (8.3%) le fáil; is mó de mheallta beaga ar thaobh sléibhe iad ***An Cnocán (1)** [GS2.146] agus ***An Cnocán (3)** [GC.185]. Tá 25% de na hardáin sa tacar clúdaithe ag an dá théarma seo **cnoc** agus **cnocán**. **Carraig** an chéad téarma eile is coitianta sa tacar **ARDÁN**, le 10 sampla as 77 (12.99%). Is cosúil nach ‘carraig (.i. carraig cloiche nó cnoc carraige) bheag’ an bhrí a bhí le *bf An Carraigín (1)* [GS2.58], **An Carraigín (2)** [GC.194] ach ‘áit (bheag) charraigeach’ agus seans gurbh ainm cairn é ***An Carraigín Rua** [GC.258] ó cheart. Ach má áirítear **carraig** agus **carraigín** le chéile clúdaíonn siad níos mó ná 21% eile den tacar **ARDÁN**. Tá 9 sampla (11.69%) den téarma **sliabh** ann (idir chnoic mhóra ar leith agus fho-shléibhte nó fiú learga i gceist), m.sh. **Sliabh na gCloch** [GS1.17], **An Sliabh Gearr** [GC.213].

Sa chéad trí théarma seo amháin, mar sin — **cnoc(án)**, **carraig(ín)**, **sliabh** — tá thart ar 60% de na gnéithe aiceanta sa tacar ARDÁN. (Tabhair faoi deara go bhfuil 7 sampla soiléire de **cnoc**, **cnocán** agus **carraig** mar ainmneacha ar chairn agus iad áirithe sa tacar SAORGA dá bharr.)

Ar na heilimintí eile is coitianta sa tacar seo tá **cloch** le 10 sampla (12.99%) (idir lomcharraig ar mhullaigh agus chlocha suntasacha aonair); tá 4 shampla araon (5.19%) de **aill** (idir ‘aill’, ‘chlais’ agus, caolseans, ‘sruthán’ mar bhrí leis) agus de **leacain** (learg chnoic in ***An Leacain (1)** [GS2.108] nó fána i dtreo na habhann in ***An Leacain (3)** [GC.197], **(4)** [GC.234]); agus 3 shampla (3.90%) de **mullach** (ag tagairt do mhullach cnoic [TS.291], ardán géar os cionn na habhann [GS2.112] agus cíor bhréige ar thaobh cnoic [GC.204]). Dhá shampla araon (2.58%) de **ard** (meall mór i leacain an ghleanna an t-aon cheann atá inaitheanta [GS2.157]) agus **scor** (gobáin bheaga san aill [GS2.91] nó sa bhruach os cionn na habhann [GC.252]).

Tá sampla amháin díobh seo a leanas (cuid acu gan aithint): ***aile(?)** [GC.202]; ***cnap** [GS2.67]; ***maoileann** [GS2.80] (cuid uachtarach de Chnoc an Bhaile Mhóir mar a chuaráinn sé i dtreo an tSuíocháin); **mullán** [GS1.11] (ar talamh ard é, is cosúil, seachas ‘gort’ mar a bhíonn i gceist i logainmneacha déanacha i gCúige Laighean); ***port** [GS1.51]; ***prompóg** (dhá chnocáin bheaga a thug ainm do ***Slád na bPrompóg** [TS.311]); ***ros** [GS1.52]; **spincín** (carraig shuntasach ar bharr cnoic [GS1.37]); **tóin** (cuid de shliabh seachas mullach nó carraig ar leith is ea ***(Carraig) T(h)óin le Gaoith** [GC.210] de réir eolas an lae inniu); agus ***tulachán** (mullach in aice le Cipiúr is ea ***An Tulachán** [GS2.73]).²⁷⁵

Is iad **log** (14) agus **logán** (2) na téarmaí is coitianta sa tacar ÍSLEÁN (82) le 16 shampla (19.51%). Tá idir loig ar chnoc nó ar bhun cnoic (***Log na Carraige** [GS2.173], *bf* ***Log an Mhullaigh** [TS.288]) agus loig ar shrutháin (***An Log Dubh (1)** [GS2.70], ***Log na nGuairneán** [GC.221]) i gceist sa cheantar. Munarbh fhoirm iolra sa bhun-Ghaeilge é ***Na Logáin** [GC.259], ceantar cuíosach mór a gcuirtear síos air mar ‘[a] bog’ i 1946, d’fhéadfaí feidhm chnuasaithe a shamhlú leis an bhfoirceann **-án** ann. Tá **móin** (10)/**móinín** (2) sa dara háit le 12 shampla (14.63%): tá idir thalamh féarach (***An Mhóin Gharbh** [GS2.142], ***An Mhóin Mhór** [GS2.122]), dheathalamh fliuch (***Móin an Tobair** [GS2.106]), dhrochthalamh fliuch (**Móin an Loig** [GC.201]) agus fhíor-riasc (***Móin Log** [GS2.59]) i gceist.

Tá an-éagsúlacht sa 10% úd de na gnéithe aiceanta a chlúdaítear sa tacar ILGHNÉITHEACH (24). Tá 4 shampla de **coill**, m.sh. ***Coill na Brón** [GS1.50] agus **An Choill Mhór (2)** [GC.175]. Is cosúil freisin gur choill de shaghas éigin ba bhunús leis an téarma **leó** (< **leamhaigh** “place of elms”), a bhfuil 3 shampla de sa cheantar taighde, ceann amháin a thaispeánann inscne an fhocail .i. **An Leó Mhór** [GS1.22] agus ceann eile a thugann le fios go raibh sé bisiúil i nGaeilge dhéanach na háite .i. **Leó Phortach Airt** “the *leó* at *Portach Airt*” [GS1.27]. Is dócha gur fás rua de shaghas éigin atá faoi thagairt i **ruán** (sampla cinnte [GC.177], sampla éiginnte [GS2.63] agus sampla an-amhrasach [GC.231]). Raithneach atá i gceist ó cheart leis an logainm iasachta *bf* ***Na Brácaí** [GS1.15]. Cé go bhfuil cuma *ad hoc* ar an bhfoirm a breacadh ó na cainteoirí dúchais deireanacha mar leagan

²⁷⁵ Féach Aguisín T le haghaidh léarscáil dáileacháin de na téarmaí seo ar ardáin.

Gaeilge de Brl. *The Brakes* is maith an seans go dtaispeánann ***Na Brácaí Réidhe** [GS2.69], tamaillín ó dheas ón gcéad sampla, go raibh sé bisiúil i nGaeilge na háite. Is cinnte nach ionann iad seo agus **An Bhrocaigh (1)** [GC.176], **(2)** [GC.199], talamh gainmheach (foirfe do na broic) a leag an t-oighearshruth ar gach taobh d’Abhainn Ghleann Cuilinn.

De na solaoidí aonair tá idir phlanda (***mongán** [GS2.99], ***raithean** [GS2.153], ***tom** [GS2.82]), cháilíocht nó mhianach talún (***garbhlach** [TS.299], ***loiscneach** [GS2.141], **sraith** [TS.267]) agus chruth gné tíre (***cam** [TS.316], ***corrán** [GC.189]) i gceist sna heilimintí atá sothuigte.

Níl sa tacar FOIRGNEAMH EAGLASTA ach ***Teampall Santáin** [GS1.45] agus ***Fearann an Teampaill** [GS2.105] lámh leis (<1% de na haicmitheoirí ar fad), agus an teampall céanna faoi thagairt ar ndóigh. (Ní áirítear **cill**, seanaicmitheoir an logainm seo, mar eilimint ar leith sa tacar .i. **Cill Easpaig Sanctáin/Cill Moshantáin**.) Níl ach 4 ainm (1.27%) sa tacar FOIRGNEAMH TUATA: *bf* **Caisleán Uí Cheallaigh** [GS1.20] an ceann is mó le rá, agus tá samplaí béarlaithe de **cró** “pen” [GC.243] agus **fálbhuaille** “peat-sod booley” [GC.223]. Sa tacar a bhaineann le hionaid DAONRA — idir nua agus ársa — níl d’ainm ar imfháluithe sa cheantar seo ach **ráth** (1) agus **ráithín** (5), agus an chuid is mó díobh i TS. An eilimint **baile** sa logainm *bf* **An Baile Breac** [GC.208] an t-aon sampla eile sa tacar sin.²⁷⁶

Tá 18 n-ainm (5.70%) sa tacar CUMARSÁID, mar a bhfuil an chuid is mó le fáil i GS. Tá 6 shampla de **áth** (m.sh. ***Áth na Leice** [GS2.109]) agus 6 cinn de **bóthar** (m.sh. *bf* **Bóthar na Bruíne** [GS1.42], ***An Bóthar Glas** [GS2.145]). I GC atá an t-aon sampla amháin den fhoirm dhíspeagtha ***An Bóithrín** [GC.248]. Tá trí shampla de **bearna** ann: bearnaí sléibhe is ea ***Bearna Chroithligh** [GS2.76] agus ***Bearna an Scallartaigh** [GS1.48], agus lána beag é ***An Bhearna Bheag** [GS2.164] i dtreo shean-chnuasbhaile *bf* Glaise an Mhulláin).

Tá 19 n-ainm (6.01%) le fáil sa tacar SAORGA. Cé go bhfuil na ceithre charn is suntasaí, b’fhéidir, suite os cionn GS (.i. **suíochán** agus trí sholaoide de **suí**) tá an chuid is mó díobh le fáil ar bharr na gcnoc i TS, mar a bhfaightear **cnocán** agus **carraig** mar théarma orthu freisin. (Tá 9 gcinn d’aicmitheoirí sa tacar SAORGA i TS, is é sin 14.75% de líon iomlán na mionainmneacha san fhocheantar sin, an tacar is mó difríocht idir an ráta logánta agus an ráta don cheantar taighde mar a ritheann (6.07%).)

Sa tacar UISCE is iad na téarmaí éagsúla ar shrutháin is raidhsiúla, le 14 as 34 (41.18%). Díol spéise dáileadh na dtéarmaí seo san fhianaise a thagann anuas chugainn. Is iad na 4 shampla den fhocal **tromán** (11.76% den tacar UISCE) is suntasaí, agus gan an téarma sin le fáil ach i GS, mar a raibh sé bisiúil ina ghnáth-théarma ar shruthán (cf. **Bun na dTrí dTromán** [GS1.19] = ‘bun na dtrí sruthán’), agus díreach ó dheas amach trí shléibhte Chontae Chill Mhantáin (féach Aguisín D). Tá na 4 shampla (11.76%) den fhocal iasachta **slád** (< Brl. *slade*) go léir le fáil i TS, mar a raibh sé bisiúil sa Ghaeilge; cé gurb ann dó in ainmneacha déanacha Béarla i GS níl aon fhianaise air sna mionainmneacha Gaeilge ansin ná i GC. Is i GC atá an t-aon 2 shampla cinnte de **easca** mar théarma

²⁷⁶ Ní chuirfí an mórlogainm seo san áireamh sa tráchtas ach gur scríobh EÓC as Gaeilge é i LSO.

ar shruthán sa cheantar taighde, brí atá coitianta ar fud shean-Chúige Laighean (*LnÉ IV*) — is cosúil go dtagraíonn **easca** do thalamh riascach cíbeach sa logainm ***Easca an Aoire** [GS2.64] (cé go n-éiríonn sruthán ansin freisin) agus is cinnte gur riasc a bhí faoi thagairt ag ***Easca Philib Uí Ghabhann** [GS2.65]. Is dócha go raibh Ó Comhraí cruinn nuair a scríobh **Eas Caorthainn Doinn** [GS1.25], a bhfuil eas ann, agus nach truailliú ar **easca** an chéad chuid de. Tá an téarma **sruthán** le fáil agus é ag tagairt do shrutháin bheaga sa phortach ar leirg Chipiúir [GS2.74]; tá ***An Sruth** [GS1.10] féin le fáil mar ainm ar shruthán sléibhe (a phléifear arís i mír 5.2). Is cosúil gur thagair ***An Feadáin** [GS2.77] do shruthán beag a thit isteach sa chlais mhór idir an Charraig agus an Suíochán ó cheart, cé nach dtuigeann muintir na háite aon ní as an ainm anois ach paiste de Chnoc an Bhaile Mhóir.

Tá 3 shampla de **glaise**, téarma fíorchoitianta ar shruthán i gCúige Laighean (cf. Ó Gliasáin 2023). Is cosúil go mbaineann siad seo le tréimhse níos luaithe ná na téarmaí eile. Tagraíonn siad do dhá mhórshruthán i GS a thug ainm don dá bhaile fearainn *bf* **Glaise na Muice** [GS1.14] agus *bf* **Glaise an Mhulláin** [GS1.11], an dá cheann acu luaite i seandontais eaglasta. I GC tá tagairt againn ón 13ú haois do **Glaise na Brocaí** [GC.176], ainm an tsrutháin a ritheann ar feadh teorainn Chontae Chill Mhantáin. D’fhéadfadh sé go raibh an téarma **glaise** slogtha ag an bhfocal **clais** mar théarma bisiúil, mar sa ghleann céanna is dócha gur thagair **Clais an Ghadaí** [GC.181] agus **Clais na Spearóg** [GC.187] don dá shruthán rite shuntasacha is teorainn thoir agus thiar do *bf* Buaille an Araltaigh.²⁷⁷

Sruthán cuíosach beag atá in ***An Abhainn Trasna** [GC.220] os cionn an Ghleanna Dhuibh. Agus más fíor do thuairisc Uí Chomhraí thugtaí ***Abhainn Dothra** [GS1.6] ar fho-chraobh de chuid Abhainn na Dothra. Is beag an seans gur mhíchloisint ar ***Aill Dothra** a thug ar Ó Comhraí an chéad eilimint a scríobh mar ‘*aidhin*’ agus ‘*adhain*’. (Tá dhá shruthán sa ghleann céanna a bhfuil ainmneacha béarlaithe orthu atá an-doiléir agus an siolla *~/(n)e:l/* iontu, mar atá ***Seanmhuinéal**(?) [GS2.118] agus ***Cloch** —(?) [GS2.75]. Iad seo agus an logainm **Aill Mháirín** [GS1.4] a bheith in úsáid mar leagan Gaeilge de Brl. *Mareens Brook*, más fíor, a thabharfadh ar dhuine creidiúint éigin a thabhairt do ***Aill Dothra**. Tugtar ***An Aill Mhór** [GS2.150] ar ghort ar Chnoc an Bhaile Mhóir a bhfuil fána an-ghéar ann a mhíneodh an t-ainm — ach tá clais rite ann freisin trína ngabhadh sruthán an cnoc anuas.)

Uiscebhealach eile a bhaineann an chathair amach is ea *abh* **An Chamóg** [TS.280], a bhfuil ainm den déantús *aidiacht* + **-óg** air atá coitianta in ainmneacha sruthán. Ní léir cé acu an ainm srutháin den déantús céanna é **An Dochtóg** [GS1.18] nó an amhlaidh is *ainmfhocal* + **-óg** atá ansin a fhreagairt do Brl. *Featherbed*, ainm portaigh.

Tá cúpla sampla ar a laghad de **gabhlaigh** ar áit a ritheann dhá shruthán isteach ina chéile .i. ***An Ghabhlaigh Bheag** [GS2.115] agus ***An Ghabhlaigh Dhubh** [GS2.92]. Níl aon sampla de **loch** sa cheantar taighde níos mó. Sampla éiginnte is ea ***An Linn** [GS2.102].

²⁷⁷ Féach Aguisín U le haghaidh léarscáil dáileacháin de théarmaí ar shrutháin sa cheantar taighde.

Tá ainmneacha Gaeilge ar 9 dtobar sa cheantar. Toibreacha beannaithe ab ea 5 cinn acu seo, de réir mar is féidir a dhéanamh amach, agus iad ainmnithe i ndiaidh a gcuid éarlámh (**Moling** [TS.283], **Seanán** [TS.323], srl.) nó a gcuid leighis (**Tobar na gCluas** [TS.273]). Tá tagairt amháin do dhéantús an tobair (***Tobar an Phíopaire** [TS.284]). Is dócha gur thagair ***Tobar na gCloch Breac** [GS1.54] do mhionainm eile ***Na Clocha Breaca**. Tá tobar amháin a luaitear leis an bhFiannaíocht (.i. ***Tobar Oisín** [GS1.43]) ach ní heol aon rud faoin duine a thug ainm don tobar eile (**Tobar Airt** [GC.218]); tobar, nó toibreacha, a thug ainm don sruthán ***An Tiobrach** [TS.281] (< **tiobradach?**) b'fhéidir. Ag seo táblaí minicíochta do gach téarma sna tacair GNÉITHE AICEANTA agus CUMARSÁID atá díreach pléite:

[GGT] GNÉITHE AICEANTA [Tacar: 213/316 = 67.41%]

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: ARDÁN [Tacar: 77/213 = 36.15%]	Minicíocht	%GGT
Cnoc	14	18.18
Carraig	10	12.99
Sliabh	9	11.69
Cloch	9	11.69
Cnocán ²⁷⁸	6	7.79
Carraigín	4	5.19
Aill	4	5.19
Leacain	4	5.19
Mullach	3	3.90
Ard	2	2.58
Scor	2	2.58
Ailligh?, Cnap, Maoileann, Mullán, Port, Prompóg, Ros, Spincín, Tóin, Tulachán	10 x 1	1.30

Tábla 4: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar Gnéithe Aiceanta: Ardán.

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: ÍSLEÁN [Tacar: 82/213 = 38.48%]	Minicíocht	%GGT
Log (14), Logán (2)	16	19.51
Móin (10), Móinín (2)	12	14.63
Currach	8	9.76
Gleann	8	9.76
Clais	7	8.54
Inse	5	6.10
Poll	4	4.88
Easca (=riasc)	3	3.66
Allt, Bogach, Bogán, Croithleach, Cuan, Cuing, Dochtóg, Fánlog, Foidhre=Fothair?, Léana, Muinéal, Plaide, Port, Portach, Riasc, Scornach, Slád (=gleann), Sconsa	19 x 1	1.22

Tábla 5: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar Gnéithe Aiceanta: Ísleán.

²⁷⁸ Dhealródh sé nach ionann **cnocán** is cnoc beag ar leith i gcónaí, ach meall nó ardán ar thaobh cnoc. Áirítear mar eilimint ar leith é. Ní dócha gur ghá an t-idirdhealú céanna a dhéanamh i gcás **logán** agus **móinín** sa réimse ÍSLEÁN.

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: UISCE [Tacar: 34/213 = 15.96%]	Minicíocht	%GGT
Tobar	9	26.47
Tromán [GS]	4	11.64
Slád (=sruthán) [TS]	4	11.64
Gabhlaigh [GS]	3	8.82
Glaise	3	8.82
Sruth (1), Sruthán (1)	2	5.88
Abhainn	2	5.88
Easca (=sruthán)	2	5.88
Camóg, Eas, Feadán, Linn, Tiobrach	5 x 1	2.94

Tábla 6: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar Gnéithe Aiceanta: Uisce.

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: ILGHNÉITHEACH [Tacar: 24/213 = 11.28%]	Minicíocht	%GGT
Coill	4	16.67
Leó	3	12.50
Brácaí	2	8.33
Brocaigh	2	8.33
Ruán	2	8.33
Cam, Corrán, Creachail?, Garbhloch, Giota, Loiscneach, Mongán, Scraith, Tom	9 x 1	4.17

Tábla 7: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar Gnéithe Aiceanta: Ilghnéitheach.

[GGT] CUMARSÁID [Tacar: 18/316 = 5.70%]

	Minicíocht	%
Áth	6	33.33
Bóthar	6	33.33
Bearna	3	16.67
Cros[bhóthar?]	1	5.56
Bealach	1	5.56
Bóithrín	1	5.56

Tábla 8: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar Gnéithe Aiceanta: Cumarsáid.

5.1.2.2 Páircainmneacha

Tacar ar leith ó thaobh tábhachta de is ea an tacar GOIRT & GARRAITHE, arb ionann é nach mór agus fíor-pháircainmneacha de bhunús Gaeilge, is é sin, goirt arúla nó churadóireachta nó píosaí talún eile a bhaineann le feirmeoireacht ar bhaist lucht a saothraithe ainmneacha Gaeilge orthu. De na 316 logainm idir chamáin, faightear 62 eilimint aicmithe (19.62%) is féidir a áireamh sa tacar seo. Is é an téarma **páirc** a thugann svae — is é a bhí ar 16 cinn (níos mó ná 25%) de na goirt seo. Tá 5 shampla díobh ina logainmneacha simpléacsúla nó, mar is dóichí b'fhéidir, ina n-iarsmaí béarlaithe de logainmneacha comhshuite Gaeilge agus iad intuigthe mar a bheadh an focal Brl. *park*. De na samplaí comhshuite faighimid é cáilithe ag na haidiachtaí ***ard**, ***caol**, ***fliuch**, ***mór**; ag an bplanda ***raithean**; ag an mianra ***cloch**; ag an dímholadh ***cac** (más **páirc** is bunús leis an gcéad eilimint san ainm ***Páirt an Chaca** [GC.250]); ag an gceird ***gréasaí** [GC.240]; agus ag na hainmneacha pearsanta **Aodh** [GC.195] agus **Eoghan** [GS2.171].

Tagann **garraí** san áit thánaisteach le 8 sampla (12.9%) (agus b'fhéidir gur chóir ceann amháin de na samplaí de **gort** a chur anseo freisin). Tá **garraí** cáilithe ag an aidiacht ***sean-** [GS2.101] agus b'fhéidir **dubh** (munarb amhlaidh gur **gearradh** an t-aicmitheoir in **An Garraí Dubh** [GS2.68]); ag

***asca** [GS2.120, GC.245]; ag an mianra ***cloch** [GC.233]; ag an mbarra ***gabáiste** [GC.247]; ag an ainmhí clóis ***cearc** [GS.129]; agus b'fhéidir ag an ainm pearsanta ***Fearaíos** [< **Fearghas**] [GS2.167].

Tá 6 shampla den eilimint **fearann** ann, iad go léir i GS ach amháin an sampla an-éiginnte ***Ruán an Fhearainn** [GC.231]. Tá ***Fearann na Conga** [GS2.94] gar don bhealach cúng mar a ritheann sruthán Ghlaise na Muice trí ghleannán garbh; gné aiceanta eile a thug ainm do ***Fearann an Mhullaigh** [GS2.112] in aice le seanreilig Theampall Santáin. Tá ***Fearann an Teampaill** [GS2.105] féin ar an taobh eile den reilig sin. Ar bhruach thiar den abhainn, os comhair an teampaill amach, atá ***Fearann na Scológ** [GS2.152] agus, 200m lastuaidh de sin, ***Fearann an Ghréasaí** [GS2.149]. Díol spéise go bhfuil na samplaí cinnte go léir de **fearann** le fáil sa ghleann a raibh seanláthair eaglasta ann. Tá **fearann** pléite i gcomhthéacs mhionainmneacha Chontae Chill Dara ag an Dr. Justin Ó Gliasáin (2023: 60–64), a d'aimsigh go raibh formhór glan de na samplaí suite gar do bhaile (agus do theampall) Chill Dara agus, thairis sin, nach raibh an eilimint le fáil in ainmneacha bhailte fearainn an cheantair. (Is é *bf* **Fearann na Buaille** (#17521), par. Theach Naithí, an t-aon sampla amháin i mbailte fearainn *BÁC*. Níl sé sin rófhada ó bhaile agus is gaire fós é do Dheilginis, mar a raibh an eilimint **fearann** le fáil i 60% de na 10 bpáircainm Gaeilge ar léarscáil 1765. Féach [Aguisín I.](#))

Tá **buaille** áirithe anseo mar 'ghort' (murab ionann is an foirgneamh tuata ***An Fhálbhuaile** [GC.223]). De na 5 shampla díol spéise go bhfuil sé á cháiliú ag ***Murcha Fionn** agus ***An tUltach**, a thagraíonn do Ghaeil, ag **An tAraltach**, a thagraíonn do sheanteaghlach Gall-Ghaelach, agus ***An Clinseach**, a thagraíonn d'Angla-Normannach. Is den struchtúr [A2+A1] an sampla eile ***Cnoc Buaille** [GC.206], a mhínítear inniu mar bhearna suas amach ar an sliabh.

Is cosúil gurb é **croite** an réadú áitiúil ar an bhfocal iasachta **crochta** < Brl. *croft*. Páirceanna beaga deasa is ea na 3 shampla de ***An Croite** [GS2.97, GS2.121, GS2.161] agus thug an t-úinéar 'only a paddock' mar chur síos ar an gceathrú sampla, ***Croite na Háithe** [GS2.162], logainm a thaispeánann go raibh an eilimint seo bisiúil i nGaeilge na háite.

Faightear 4 shampla de **cúil**, freisin, nach áirithe gur fíor-pháircainmneacha iad ó cheart ar ndóigh: ach is gort sean-imfhálaithe é ***Cúil Mhic Aodha** [GS2.163] i measc páirceanna eile. Tá trí shampla de **bánóg** ann, dhá cheann a bhfuil a suíomh ar eolas: gort beag is ea **An Bhánóg Bhán** [GC.209] agus bánslíabh is ea ***Na Bánóga Bána** [GS2.62]. Faightear an páircainm coitianta Laighneach úd ***Caisiar**,²⁷⁹ nach cinnte a bhunús, in dhá ghleann [GS2.166, GC.227]. Is léir gur glanadh ***An Cheapóg (1)** [GS2.136] amach as an gcoill i mbun an ghleanna ach is gnáthpháirc é ***An Cheapóg (2)** [GS2.165] anois — leid, b'fhéidir, go raibh sé ar na háiteanna is túisce a saothraíodh i nGlaise an Mhulláin. Ainmneacha ar stráiceanna arúla is ea ***Cúilteog** [GS2.155] agus, b'fhéidir, ***Crosóg (2)** [GS2.156] agus ***An Stiall** [GS2.107]; páirc a bhfuil cruth 'L' uirthi is ea ***Crosóg (1)** [GS2.128]. Níl na samplaí de ***gort** cinnte dearfa [GC.192, TS.282]. Ar na solaoidí aonaracha baineann ***banrach** [GC.183] agus ***puintín** [GC.255] le feirmeoireacht bheostoic, agus

²⁷⁹ Féach samplaí eile as sean-Chúige Laighean faoi ***Caisiar (1)** [GS2.166].

baineann ***béitín** [GC.232] agus ***móinéar** [GS2.147] le curadóireacht. Is iad ***acra** [TS.324], **cluain** [GC.200], ***plásán** [TS.321] na páircainmneacha eile a bhfuil aon solaoid amháin díobh ann.

Ag seo tábla minicíochta do pháircainmneacha an cheantair:

[GGT] GOIRT AGUS GARRAITHE [Tacar: 62/316 = 19.62%]:

	Minicíocht	%GGT
Páirc (15), Páirt? (1)	16	25.8
Garraí	8	12.9
Fearann	6	9.68
Buaile	5	8.06
Croite (.i. crochta)	4	6.45
Cúil	4	6.45
Bánóg	3	4.84
Caisiar	2	3.23
Ceapóg	2	3.23
Crosóg	2	3.23
Gort	2	3.23
Acra, Banrach, Béitín, Cluain, Cúilteog?, Móinéar, Plásán, Puintín, Stiall	8 x 1	1.61

Tábla 9: Minicíocht na n-aicmitheoirí sa tacar Goirt agus Garraithe.

5.1.3 Cáilitheoirí

Tá na 185 cháilitheoir roinnte ina 86 ainmfhocal, ina 32 ainm dílis agus ina 66 aidiacht (lena n-áirítear 2 eilimint treocha).

Tá 5 cháilitheoir a chuireann UISCE in iúl, m.sh. ***Garraí Eisce** [GS2.120] (**easca** = sruthán), ***Poll Roide** [GS2.116] agus ***Log na nGuairneán** [GC.221]. Tá GAOTH/SOLAS le sonrú sa 2 logainm ***Port na Gréine** [GS1.51] agus **Tóin le Gaoith** [GC.210]. Tá MIANRA curtha in iúl i 9 logainm, m.sh. ***Páirc na gCloch** [GS2.119], **Cnoc an Óir** [GS1.31], ***Áth na Leice** [GS2.109].

Tacar níos substaintiúla is ea PLANDA, mar a bhfuil 15 cháilitheoir (8.1%). Na solaoidí den fhocal **caorthann** an t-aon dá shampla dheimhniheacha san fhothacar *crann*, móide sampla an-éiginnte den **iúr** (más é sin is bunús le **Cipiúr** [GS1.5]). Níl san fhothacar *barra* ach ***Garraí an Ghabáiste** [GC.247], an logainm barrscoite ***[X an] tSeagail** [GS2.132], agus b'fhéidir tagairt don chruithneacht sa logainm an-éiginnte ***Áth na bPunann** [GS2.111]; níl cáilithe le *toradh* ach ***Cloch na Sceachóirí** [GC.190]. Tá beagnach 50% de na samplaí sa tacar seo le fáil san fhothacar *eile* ina bhfuil na fásanna **aiteann** (2), **raithean/raitheach** (3) agus **luachair** (1).

[GGT] PLANDA [15]

	Minicíocht	%
<i>Eile</i> (2 Aiteann, 2 Raithean, 2 Raithneach, 1 Luachra)	7	46.67
<i>Crann</i> (1 Ceap?, 2 Caorthann, 1 Iúr?)	4	26.67
<i>Barra</i> (1 Gabáiste, 1 Punann?, 1 Seagal)	3	20
<i>Toradh</i> (1 Sceachóir)	1	6.67

Tábla 10: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar Planda.

Tá 23 shampla (12.43%) sa tacar AINMHÍ. Díobh seo is é *ainmhithe clóis* an tacar is raidhsiúla, le 12 shampla, m.sh. ***Clais na Muc** [GS2.139], *bf Aill an Ghabhair* [GS1.34], ***Cloch an Dá Uan** [GS1.55], ***Garraí na gCearc** [GS2.129], ***Slád na Riaibhche** [TS.313] (< **An Riabhach** .i. ‘an bhó riabhach’). (Gan dabht d’fhéadfaí a áiteamh gur cineál fiáin a bhí i gceist i gcuid de na logainmneacha seo ó cheart.) Tá 5 shampla sna fothacair *mamaigh* agus *éanlaithe* araon, m.sh. **Carraig an Chait** [TS.289], **Leaba na Saidhe** [GC.193], **Log na bhFiach** [GS1.24] agus **Cnocán an Iolair** [TS.268]. Níl aon samplaí de leithéid *éisc*, *feithidí*, ná mar sin de.

[GGT] AINMHÍ [23]

	Minicíocht	%
<i>Ainmhithe clóis</i> (3 Muc, 2 Gabhar, 1 Bó, 1 Bromach, 1 Capall, 1 Cearc, 1 Coileach, 1 Colp, 1 An Riabhach, 1 Uan)	13	56.52
<i>Mamaigh</i> (2 Cat, 1 Cú, 1 Sionnach, 1 Soith)	5	21.74
<i>Éanlaithe</i> (3 Fiach, 1 Iolar, 1 Spearóg)	5	21.74

Tábla 11: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar Ainmhí.

Mar leis an duine daonna de, feicimid an *duine sa tsochaí* in ainmneacha ar nós ***Easca an Aoire** [GS2.64], ***Páirc an Ghréasaí** [GC.240], ***Fearann na Scológ** [GS2.152], **Láthair na Rí** [TS.263], agus mar sin de. Samhlaíodh cruth gnéithe aiceanta le *baill choirp* an duine (m.sh. ***Carraig an Abhra** [GS1.38]) agus leigheas osnádúrtha ar ghalar coirp atá i gceist i **Tobar na gCluas** [TS.273].

[GGT] DUINE [18]

	Minicíocht	%
<i>Sochaí</i> (2 Aoire, 2 Gréasaí, 2 Scológ, 1 Fear Dána?, 1 Gadaí, 1 Gortán?, 1 Rí)	10	55.56
<i>Corp</i> (1 Abhra, 1 Cluas, 1 Duán, 1 Pluicín?)	4	22.22
<i>Teaghlach</i> (1 Buachaill, 1 Duine)	2	11.11
<i>Cine</i> (2 Ultach)	2	11.11

Tábla 12: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar Duine.

Mar leis an tacar AINM de, tá 19 sampla díobh — níos mó ná dhá thríán — san fhothacar *ainm pearsanta Gaelach nó réamh–Angla–Normannach*, m.sh. ***Páirc Aodha** [GC.195], ***Portach Airt** [GS1.27], ***Currach Chathail** [GS2.151], ***Teampall Santáin** [GS1.45] — ceann amháin a bhfuil buafhocal leis .i. *bf* ***Buaille Mhurcha Fhinn** [GS1.33]. San fhothacar *sloinne Gaelach nó réamh–Angla–Normannach* tá ***Cúil Mhic Aodha** [GS2.163], *bf* **Caisleán Uí Cheallaigh** [GS1.20] agus *bf* **Buaille an Araltaigh** [GC.181] (cé gur féidir a áiteamh gur chirte an sloinne deireanach seo a áireamh mar shloinne AN). Tá an logainm ***Easca Philib Uí Ghabhann** [GS2.65] ina aonar san fhothacar *ainm pearsanta + sloinne Gaelach*.

Tá ráite thuas nach féidir mórán adhmaid a bhaint as *ainm pearsanta Angla-Normannach* i logainm Gaeilge, de bharr a fhothacaire is a rinne na Gaeil a gcuid féin dá leithéid ón gcéad la. Ní nach ionadh go bhfuil 3 shampla san fhothacar sin, mar atá ***Curracha Mháirtín** [GC.214] agus 2 shampla d’ainmneacha mná .i. ***Tromán Eilíse** [GS1.26] agus **Aill Mháirín** [GS1.4] Dhá shampla atá san fhothacar *sloinne Angla-Normannach* agus baint láidir acu go léir leis na háiteanna a bhfuil siad le fáil .i. ***Buaile an Chlinsigh** [TS.293], ***Bearna an Scallartaigh** [GS1.48].

Logainmneacha ar leith a cháilíonn aicmitheoirí i 4 shampla, m.sh. **Slád Ghort na Graí** [TS.282], **Carraig Thóin le Gaoith** [GC.210].

[GGT] AINM [32]

	Minicíocht	%
<i>Ainm pearsanta Gaelach/réamh-AN</i> (2 Art, 2 Moling, 1 Aodh, 1 Bran, 1 Cathal, 1 Diarmaid, 1 Eoghan, 1 Fionn, 1 Fionnán, 1 Lorcán, 1 Murcha Fionn, 1 Niall, 1 Oisín, 1 Pádraig, 1 Santán, 1 Seanán; 1 Méabh)	19	59.36
<i>Logainm</i> (1 Gort na Graí, 1 An Dothra, 1 Tóin le Gaoith, 1 Corrán na bhFiach)	4	12.50
<i>Ainm pearsanta AN</i> (1 Máirtín; 1 Eilís, 1 Máirín)	3	9.36
<i>Sloinne G/réamh-AN</i> (1 An tAraltach, 1 Mac Aodha?, 1 Ó Ceallaigh)	3	9.36
<i>Sloinne AN</i> (1 An Clinseach, 1 An Scallartach)	2	6.25
<i>Ainm pearsanta & sloinne G</i> (1 Pilib Ó Gabhann)	1	3.13

Tábla 13: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar Ainm.

Is é DÉANTÚSÁN an tacar deireanach le dealramh de na hainmfhocail. I measc na 8 sampla (4.32%) tá **Cnoc na Saighead** [GS1.32], **Sliabh na mBardóg** [GS1.35], **Carraig an Róistín** [GC.191], ***Móinín na dTruailí** [TS.303]. Tá cúpla cáilitheoir sa tacar GNÍOMHAÍOCHT .i. **Gleann an Smóil** [GS1.3] agus **Cnoc Loiscthe** [TS.266], an dá cheann acu ag tagairt don loisceadh, b’fhéidir — níor cheart gan an t-aicmitheoir ***Loiscneach** [GS2.141] (GNÉITHE AICEANTA: ILGHNÉITHEACH) a athlua anseo freisin ar ndóigh. Níl mórán fianaise sna logainmneacha ar ghnóthaí eile daonna: ***Bóthar an tSalainn** [GC.242] an t-aon tagairt sa tacar BIA, ***Páirt an Chaca** [GC.250] ina aonar sa tacar BRUSCAR.

Is beag cáilitheoir atá sa tacar OSNÁDÚRTHA — 2 shampla de **Log an Phúca** [GS2.78, GC.215] agus ceann amháin de **Carraig na Sióg** [GS1.23]. Ba chóir ainmneacha na gceathrar naomh Críostúil a chur san áireamh anseo freisin, chomh maith le lucht na Fiannaíochta ar nós **Bran, Fionn, Oisín**, srl., agus b’fhéidir **Méabh**. Níor thaise do na haicmitheoirí **bruíon** “otherworldly hostel” agus **sián** “fairy mound”.

Fágann sin an tacar AIDIACHT (64) ina bhfuil 34.59% de na cáilitheoirí le fáil. Is é an fothacar *dath* is mó díobh, mar a bhfuil 23 shampla nó 35.94% de na haidiachtaí ar fad. **Dubh** (8) agus **rua** (7) an dá cheann is coitanta, **breac** (5) agus **bán** (4) ansin, agus gan ach aon tsolaoid amháin de **dearg** agus **glas** araon. Tá grúpa ilghnéitheach *eile* ina bhfuil 7 n-aidiacht ar deacair iad a rangú, m.sh. **cnapach** “lumpy”, **gortach** “hungry”, srl. Tá beagán níos lú ná leathchuid (48.44%) de na haidiachtaí sa chéad dá fhothacar seo.

Tá an 51.56% eile de na haidiachtaí i bpéirí atá i gcodarsnacht lena chéile, go teoriciúil ar a laghad. Díobh seo is é an péire *mór/beag* is mó go mór, le 19 sampla (29.69%) — 17 **mór** agus gan

ach 2 **beag**, rud a chuireann in iúl nach de bharr codarsnachta a baisteadh **mór** ar a lán de na háiteanna seo. Is iad na péirí *fada/gearr* (2 **fada**; 2 **gearr**) agus *garbh/mín* (1 **carrach**, 1 **garbh**; 1 **réidh**) na fothacair eile a bhfuil sampla ar gach taobh den chomórtas. Níl aon ‘nua’ os coinne an 2 shampla de **sean-**, níl aon ‘íseal’ os coinne an 2 **ard**, agus tá samplaí aonair de **fliuch** agus **caol** gan aon ‘tirim’ ná ‘leathan’ ann.

[GGT] AIDIACHT [Tacar: 64/185 = 34.59%]

	Minicíocht	%GGT
<i>Dath</i> (8 Dubh, 7 Rua, 5 Breac, 4 Bán, 1 Glas, 1 Dearg)	24	37.50
Mór/Beag (17 Mór; 2 Beag)	19	29.69
<i>Eile</i> (2 Cas-?, 1 Cnapach?, 1 Corr-, 1 Cuimseach, 1 Gortach, 1 Toll)	7	10.94
Fada/Gearr (2 Fada; 2 Gearr)	4	6.25
Ard/Íseal (3 Ard)	3	4.69
Garbh/Mín (1 Carrach, 1 Garbh; 1 Réidh)	3	4.69
Sean-/Nua (2 Sean-)	2	3.13
Fliuch/Tirim (1 Fliuch)	1	1.56
Leathan/Caol (1 Caol)	1	1.56

Tábla 14: Minicíocht na gcáilitheoirí sa tacar Aidiacht.

Níl ach dhá cháilitheoir sa tacar TREOCH agus srutháin mar aicmitheoir acu araon, mar atá an ginideach aitreabúideach in ***An Easca Láir** “the middle brook” agus an aidiacht in ***An Abhainn Trasna** “the transverse river” — an dá cheann acu i GC.

Cuirtear na torthaí seo i gcomparáid le logainmneacha Gaeilge as ceantair eile i mír 5.5 agus le logainmneacha Béarla an dá ghleanna i mír 5.6.

5.2 Canúint

Sonraí teoranta a chuireann tacar logainmneacha ar fáil ó thaobh na canúineolaíochta de, ar an drochuair: ní bhíonn ann de ghnáth ach leideanna ar an gcóras béime, ar fhuaimniú roinnt foinéimeanna agus ar stór focal arna chnuasú thar thréimhsí éagsúla logainmníochta. Scrúdaigh N.J.A. Williams iarsmaí Gaeilge Chúige Laighean mar a fuair sé iad ag deireadh an 20ú haois i logainmneacha béarlaithe agus i mBéarla na ndaoine, gur shonraigh dhá mhórghné go leanúnach iontu .i. an t-aiceann ar an gcéad siolla gan aon ghiorrú ar an dara siolla fada i bhfocail dhéshiollacha, agus an fhorbairt **cn-** → /kr-/ (Williams 1994: 467–472). Chuir sé an t-eolas seo leis an bhfianaise a d’aimsigh sé ar fhuaimniú **-adh** agus **-amh** i lámhscríbhinní Gaeilge a scríobhadh sa mhórcheantar seo, go ndearna aon mhórchanúint amháin (‘Gaeilge Gháileonach’) de Chúige Chonnacht in éineacht le leathchuid de shean-Chúige na Mí agus le sean-Chúige Laighean lasmuigh d’Osraí (*ibid.* 471, léaráid *ibid.* 446). Thaispeáin Peadar Ó Muirheartaigh (2015: 30–31, 261–274) cé chomh lag is a bhí an cur chuige seo mar chanúineolaíocht: dar leis go mbraitheann Williams go rómhór ar chúrsaí aicinn chun fochanúintí éagsúla a chumasc le chéile.²⁸⁰

²⁸⁰ Ní hamháin go ndéanann Ó Muirheartaigh amach gur tábhachtaí go mór an phríomhdheighilt idir Gaeilge na hAlban/Chúige Uladh agus canúintí eile na hÉireann, ach mar a thugann sé faoi deara, ‘Williams ...

Cé go bhfuil cuid mhaith inspéise sa mhír seo den tráchtas, is leasc leis an taighdeoir an fhianaise a chur i láthair mar léiriú ar sheanchanúint Ghaeilge ghleannta Chontae Bhaile Átha Cliath.²⁸¹ Cuireann logainmneacha béarlaithe méid áirithe in iúl maidir leis an aiceann, ach is mór idir sin agus prosóid na cainte .i. blas, ceol agus rithim na canúna beo mar a bhí. Ná ní thugann siad leid dá laghad ar fhormhór glan an stóir focal agus na ngnéithe gramadaí seachas iadsan a thagann i gceist in ainmneacha áite ar ámharáí an tsaoil. Níor mhiste aird a tharraingt ag an bpointe seo ar thuairisc chomhaimseartha ghonta ar an mblas a fuair Éireannach léannta ar an saghas Gaeilge a bhí le clos i ndeireadh an 18ú haois i ngleann eile de chuid an tSléibhe Rua, 40km slí ó dheas ó na gleannta atá idir chamáin sa tráchtas seo. Tá an t-alt ‘Coquebert de Montbret in search of the Hidden Ireland’ (Kennedy 1952) i gcló le níos mó ná 70 bliain agus tá tagairt spéisiúil ann a bhaineann le hábhar nach ndearnadh mórán adhmaid as idir an dá linn. Cuireann Síle Ní Chinnéide síos san alt ar chamchuart a thug Charles Étienne Coquebert de Montbret (1755–1831), scoláire agus consal de chuid na Fraince, timpeall na hÉireann i 1790. Bhí spéis thar na bearta ag de Montbret i dteangacha agus i logainmneacha agus bhí sé de nós aige blúiríní eolais ar na hábhair sin a bhreacadh ina chuid *carnets* (‘leabhair nótaí’) ar a thaisteal dó. Nuair a bhain sé sléibhte Chill Mhantáin amach, casadh daoine air in *gl Gleann Molúra* ([#1166193](#)) (*CM*) a raibh Gaeilge acu. D’inis seanfhondúir amháin dó — idir shúgradh is dáiríre, ba dhóigh leat — gur meititéis a bhí in ainm an ghleannta sin ar ***Gleann mar Uladh** (‘semblable à Ulster!’).²⁸² Dhealródh sé go raibh Gaeilge le clos ag an seandream amháin, gur bhreac de Montbret an abairt seo a leanas ina leabhar nótaí: ‘their dialect being closer to that of Munster than to the Irish spoken in the neighbourhood of Dublin’ (Kennedy 1952: 64). Is suntasach an ráiteas é sin, arna scríobh ag Francach nach raibh cos leagtha aige i gCúige Mumhan fós agus nach raibh ach cúpla frása sa Ghaeilge aige féin. Ach tá a fhios againn nach ina aonar a bhí de Montbret ar an gcamchuart seo ach i dteannta Risteáird Uí Chiarabháin MRJA (1733–1812).²⁸³ Cainteoir dúchais ab ea Ó Chiarabháin, ó Chinn Mhara gar don teorainn idir Contae na Gaillimhe agus Contae an Chláir — an áit ar leáigh canúint Thuamhan isteach i gcanúint dheisceart Chonnacht.²⁸⁴ Is é tuairim an taighdeora seo nach foláir nó ba é breithiúnas Uí Chiarabháin a bhí sa ráiteas úd .i. go raibh Gaeilge Ghleann Molúra níos gaire do Ghaeilge na Mumhan ná don Ghaeilge a labhraítí gar do Bhaile Átha Cliath. (Is féidir talamh slán a dhéanamh de gurbh é canúint dhéanach dheisceart na Mí, ag brú soir ó dheas isteach ar bhruacha na cathrach, a bhí i gceist le ‘the Irish spoken in the neighbourhood of Dublin’ sa bhliain 1790.)²⁸⁵ Más ea, is cosúil nár chuala an Ghailmheach seo rud

catalogues a greater number of features distinguishing between the ‘subdialects’ of Galeonic Irish than are set out in justifying the ‘Galeonic’ classification in the first instance.’ *ibid.* 270.

²⁸¹ Pléadh an t-íomhá rómánsúil de Ghleann an Smóil mar Ghaeltacht sa dara leath den 19ú haois i mír 2.4 thuas.

²⁸² Cuireann an t-imeartas focal guta gearr sa siolla leithdheiridh in iúl i bhfuaimniú an logainm ag an am. Is fusa an mheititéis go dtí **mar Uladh** */...mə'ɾɔlə/ a shamhlú le ***Molúra** */...mə'ɾɔrə/ ná le ***Molúra** */...mə'lu:rə/. Fianaise bhreise ar **-adh** /ə/ sa cheantar freisin gan dabht.

²⁸³ Kennedy 1952: 63.

²⁸⁴ Holmer 1958.

²⁸⁵ Díol spéise dáileadh na leaganacha éagsúla den lusainm **feabhrán** (*Heracleum sphondylium*) “cow-parsnip, hogweed” taobh thuaidh agus taobh theas den Life: ‘Hefferaun, Heffrann, Hefferann ... north of the Liffey from Balbriggan to Howth and west to Lusk and Westpalstown’ Colgan 1904: 303 (cf. ***eabhrán** i nGaeilge

ar bith i gcanúint an ghleanna sin a chuir Gaeilge Chonnacht i gcuimhne dó. Más fíor don léamh sin — agus má b'fhíor don Chiarabhánach an chéad lá — is meabhrúchán é go bhféadfadh seanchanúint Ghaeilge a bheith ar aon dul le Cúige Chonnacht maidir leis an aiceann agus fuaimniú **cn-** /kr-/ de, agus na gnéithe sin a bheith le sonrú ar an bhfianaise logainmneacha faoi mar atá ar fud Chill Mhantáin, ach gan a bheith Connachtach in aon chor ar an gcluais. Agus is léiriú eile é sin ar a theorantaí atá iarsmaí logainmneacha mar fhianaise chanúna.

É sin go léir ráite, áfach, níl d'fhianaise againn ach na logainmneacha céanna agus níor cheart gan iarracht a dhéanamh tátal a bhaint astu. Ag seo síos achoimre ar a bhfuil déanta amach ag an taighdeoir as an tacar logainmneacha ó thaobh na canúna de. (Ní thugtar ach cúpla logainm mar sholaoidí de gach gné anseo. Tá tuilleadh samplaí fáil in Aguisín J. Ar mhaithe le hiontaofacht, ní phléitear ach samplaí a chuala an taighdeoir sa chaint; is mar eolas a thugtar dornán foirmeacha scríofa ábhartha i liosta eangaithe i ndiaidh na bhfoirmeacha labhartha.)²⁸⁶

5.2.1 An bhéim²⁸⁷

Thug Séamas Mac Philib, bailitheoir béaloidis a thug cuairt ar Ghleann an Smóil i 1980, an cuntas gairid seo ar an bpatrún béime tar éis dó cnuasach c.60 mionainm a thairfeadh ó bhéal sheanfiondúra de bhunadh na háite.²⁸⁸

na Mí ag Aodh Mac Domhnaill .i. ‘*eibhran*, wild pasnup’ Beckett 1967: 120) os coinne ‘Shoorawn ... in the southern parts of the county at Kilmashogue, Bray, Tallaght and Ballybrack ... The form, Foorawn, was given me at the last locality’ *ibid.* 307 (cf. ‘*Angelica sylvestris* ... in Irish in the County of Wicklow *Gah Lauhran*’ Threlkeld 1726 [= **gallfheabhrán** “foreign *feabhrán*”], ‘Flooachaun or Flooraun; the cow parsnip’ [CD] Omurethi 1911 — is mór an trua nach dtugtar aon eolas faoi dháiliúchán na malairte foirme ‘Evelawn, the cow parsnip’ sa chontae céanna (CD), *ibid.*, tharla a chosúlacht le foirm na Mí). Cf. *Dinn.* s.v. **feabhrán** “cow parsnip, hog-weed ... **fiúrán** (*Dublin*)”. Thug Colgan dáileadh den saghas céanna faoi deara i gcás na n-ainmneacha éagsúla ar an mbuachalán buí (*Senecio*) .i. **balcaiseán** (< **balcais** “rag”) agus **buachalán** féin: ‘*Ragwort* ... [Bulkishawn] is the most wide-spread name in Dublin, [Bunkishann] is used at Feltrim and at Blanchardstown, as it is in Co. Tyrone’ Colgan 1904: 298 os coinne ‘Bohalawn, Boleyawn, Boolyan ... confined to the southern parts of the county ... at Glenasmole, at Killakee, at Ballybrack and at Hazelhatch’ *ibid.* 297. (Cf. ‘Booliauns; the common weed called “ragwort”. Boochalaun-bwee in the South [of Ireland]’ [CD] Omurethi 1911.) Féach *Dinn.* s.v. **balcaiseán** (**bolcaiseán**) “the rag-weed, rag-wort (usual as an *English* word in *Fingal*)” agus *eDIL* s.v. **búathfallán** “ragwort”.

²⁸⁶ NB Claonadh a d'fhéadfadh a bheith ar an taighdeoir ó thaobh cúrsaí canúineolaíochta de is ea go raibh taighde córasach agus anailís an Bhrainse Logainmneacha, ina raibh sé páirteach, dírithe ar chontaetha shean-Chúige Laighean le blianta beaga anuas, ag bogadh ar aghaidh ó dheisceart na cúige aneas. Ó thaobh a bhfuil le fáscadh as logainmneacha an cheantair sin maidir le canúint agus stór focal de, mar sin, seans go bhfuil luí ar an taighdeoir féachaint ar fhianaise na gcontaetha seo mar a bheidís ag léa isteach ina chéile go nádúrtha ó Chontae Chill Chainnigh in Osraí aneas chomh fada le deisceart Chontae Bhaile Átha Cliath i dtuaisceart na seanchúige. Sa chomhthéacs sin ní fhaigheann an taighdeoir aon ní as an ngnách sa ráiteas thuas ag de Montbret/Ó Ciarabháin faoi Ghaeilge Ghleann Molúra, ach tuigeann sé go mb'fhéidir go raibh anail ag clár oibre an Bhrainse ar a thuairim féin. Rinneadh gach iarracht an claonadh seo a chealú agus na sonraí canúna sa tacar seo á meas.

²⁸⁷ NB Cé go bhfuil an taighdeoir sásta go bhfuil an tras-scríobh cruinn, ní mór cuimhneamh nach ndearnadh aon anailís fhuaimniúil ar na taifid seo ach iad a thras-scríobh de réir na cluaise. Dá bhrí sin tá na sonraí tras-scríofa faoin bpatrún béime, mar shampla, impriseanach seachas a bheith bunaithe ar iniúchadh eolaíoch ar leibhéil déine, tonnairde agus araile.

²⁸⁸ Baile Átha Cliathach ab ea Mac Philib, a raibh Gaeilge Iorrais (Contae Mhaigh Eo) aige (Ó Giolláin 2018).

Ag éisteacht [leis na mionainmneacha] ba léir cuid mhaith go mbíodh an bhéim ar chéad shiolla focail, nó go mbíodh sé roinnte go cothrom (fearacht chanúintí Chonnachta cuid mhaith) agus go {243} mbíodh tréithe áirithe iontonaithe i gcoiteann ag canúint na háite seo le canúintí Chonnachta agus Uladh níos mó ná canúintí na Mumhan (más iontaofa mar léargas, béalathris an fhir seo...)

Aguisín A

Tagann an cuntas impriseanach sin ar an bpatrún béime go maith leis na foirmeacha tras-scríofa ó na téipeanna a rinne Mac Philib a chuirtear i láthair sa tráchtas seo, agus le fuaimniú an lae inniu cé is moite d'éisceachtaí beaga. (Ní bhactar anseo leis an mbreithiúnas maidir leis na canúintí eile.)

Is díol spéise a leanúnaí is atá an patrún béime céanna. Ní dhéantar siolla gearr den dara siolla fada i bhfocail dhéshiollacha [gearr+fada] sa ghnáthchaint nó *in pausa*. (Tabhair faoi deara nach eisceacht í an fhoirm scríofa ‘the ·Buggans’ (.i. ***An Bogán** [GC]) a bhreac Liam Price ina leabhar nótaí i 1939 — bhí Seán Ó Súilleabháin ina theannta gur scríobh ‘Bogawns’ agus ‘būgawn’ ón gcainteoir ceannann céanna.) Bíonn an iarmhír **-óg** lagaithe go mór roimh an mbéim in ***Na Bánóga Bána** [GS] [ˌb̥ɑːn̥kəˈb̥ɑːn], [ˌb̥ɑːn̥k̪əˈb̥ɑːn], áfach, agus rinne cainteoir amháin tagairt do na trí shruthán ina bhfuil an téarma **tromán** le fáil mar ‘the three [ˈt̪r̥ʊm̪anz]’.²⁸⁹

Ná ní tharraingítear an bhéim i dtreo an tsiolla fhada sa ghnáthchaint mar ba dhual don Bhéarla, ach amháin i gcás ainm an bhaile fearainn *bf Glaise an Mhulláin* [ˌgl̪ɑːs̪v̪iˈl̪ɑːn] agus, ag cainteoirí áirithe, [ˌsiːˈhɑːn] (!) agus [ˌs̪l̪iˈf̪iŋˈgɑːn] ar *Seefingan* SO. Athmhíniú faoi ndear an mhalairt fuaimnithe de **An Suíochán** mar *See-Con* [ˌsiːˈkɑːn] (‘where Con was buried’) ag corrhainteoir faoi mar a bheadh sé ar aon dul le **Suí Finn** (dá bhrí sin ní sampla é de ghiorrú siolla fada ach an oiread).

I ngach aon logainm eile bíonn an t-aiceann ar an gcéad siolla agus an siolla fada le clos go soiléir, gan aon ghiorrú níos mó ná leathfhada ann, m.sh. ***An Cheapóg** [GS]: [ˈk̪ap̪ˌʌʊg], [ˈk̪əp̪oːg]; ***An Feadán** [GS]: [d̪əˈf̪iːd̪ɑːn]; ***An Sruthán** [GS]: [ˈs̪r̪uːɑːnz]; ***An Cnocán (3)** [GC]: [d̪əˈk̪n̪ɔk̪ɑːn]. An dála céanna leis an logainm tréshiollach ***An Tulachán** [GS]: [ˈt̪ul̪ɛˌxɑːn], [ˈt̪ɔl̪k̪ɑːn].

Féach ardú /ɛ/ go /i/ roimh shiolla fada in **An Feadán** [GS] [d̪əˈf̪iːd̪ɑːn]. (Cf. freisin ardú /ɑ/ sa sampla scríofa ‘Poulascudhaun’ [**Poll na Scadán**] (1827), par. Ráth Cúil luaite in Ua Broin 1943.)

5.2.2 Défhoghrú/fadú roimh **ll**, **m**, **nn**

Leathan:

Tá sampla den défhoghrú roimh **-ll** leathan (gan bhéim) in ***Poll Roide** [GS]: [ˌp̪oːˈrogi], cé nach bhfuil an dara heilimint soiléir. Níl aon iarsma den défhoghrú ná den fhadú le sonrú roimh **-m-** leathan in ***Fearann an Teampaill** [GS]: [ˌfaːr̪n̪əˈt̪j̪ɑmp̪l̪]. Tá fadú ar an nguta roimh **-n(n)-** in ***An Bhanrach** [GC]: [d̪əˈb̪ɑːnd̪iːɾ̪x], [d̪əˈb̪ɑːnd̪iːɾ̪k̪].

²⁸⁹ Is iad na logainmneacha ar chuala sé fúthu dar tús Brl. *Trumman-* a bhí i gceist aige; ní hamhlaidh atá an focal Brl. *trumman* beo.

(*Scríofa*: Tá dhá shampla measartha cinnte den défhoghrú roimh **-ll-** leathan san fhianaise scríofa, mar atá *bf Sliabh Toll/Slievethoul* [TS]: ‘Slieve Towel’ agus ***Buaile an Ultaigh** [.i. **Olltaigh**] [GC]: ‘Balle·noulthagh’. Ní chuirtear aon défhoghrú in iúl sa tagairt scríofa do ***Poll na gCapall** [GC]: ‘Polyhoppel (Pol a Goppal)’; b’fhéidir gur fadú atá le tuiscint as an litriú débhríoch ‘an old boulder of rock and marl ... called the “Mall” rock’ [.i. **meall?**] *BnS* 0795.003. Cf. *-ou-* in ‘Poulascudhaun’ [**Poll na Scadán**] (par. Ráth Cúil) Ua Broin 1943.

Caol:

Tá défhoghrú le clos roimh **-ll** caol (gan bhéim) in **Coill na Brón** [GS]: [ˌkɔiˈl̪n̪əˈbr̪ɔn], [ˌkɔiˈvr̪ɔn], agus ***Na Poill Fhada** [GS]: [ˌp̪ailˈfadiː], [ˌp̪ailˈfaːdiː]. Níl aon fhadú ná défhoghrú le sonrú roimh **-m-** caol (gan bhéim) in ***Na Toim Luachra** [GS]: [ˌt̪imˈl̪uɔk̪əːs]. Tá iarracht den fhadú roimh **-nn-** caol in **An Linn** [GS]: [d̪əˈliːn̪] agus ag cúpla cainteoir in **Suí Finn** [GS]: [ˌsiːˈfiːn̪], [ˌsiːˈfiːn̪].

5.2.3 **-nn-**, **-ng-**

Tá meascán de **-nn** caol > /n/, /ŋ/ sa logainm **Suí Finn** [GS]: [ˌsiːˈfin], [ˌsiːˈfiːn̪], srl., agus guagacht ag na cainteoirí céanna fiú. Is cosúil gur forbairt dhéanach é **-nn-** leathan > /ŋ(g)/ in **Suí Fionnáin** [GS]: [ˌs̪iːˈfiŋˈgaːn̪]. Tá bunús ***An Linn** [GS]: [d̪əˈliːn̪] gan a bheith deimhnitheach.

(*Scríofa*: Cf. ‘Cooliachring’ [**Cúil an Chrainn**], par. Ráth Cúil in Ua Broin 1943; ‘Moneenachring’ [**Móinín an Chrainn**] (1765) i nDeilginis (*Aguisín I*); *bf Cnoc Slinne* (#17212): ‘Knocksling’ (1811), ‘Cnockslinge, slate-hill’ *EÓC:AL*; *bf Barr na Slinneán* (#16669): ‘On Barneslingan hill, is a heavy Slate’ (1772).)

Tá **-ng-** láir leathan in ***An Mongán** [GS] fuaimnithe mar [ŋ] ag 4 chainteoir: [d̪əˈm̪ɔŋːn̪], et var. (agus [d̪əˈm̪ɔŋːn̪] sa chaint tapaidh fiú) ach [d̪əˈm̪ɔŋːn̪] ag duine amháin.

5.2.4 **ch**, **th**

Is é **-ch(-)** > /k/ an réadú go coitianta, m.sh. **Log na bhFiach** [GS] [ˌl̪ɔŋn̪əˈviːk̪], ***Loiscneach** [GS] [ˌl̪ɔʃn̪ək̪], ***An Chloch Bhán** [GC] [ˌkl̪ɔkˈw̪aːn̪], **Cloch na gCon** [GC] [ˌkl̪ɔk̪n̪əˈg̪ɔn̪], **An Mullach** [GC] [d̪əˈm̪ɔl̪ək̪]. Faightear **-ch(-)** > /k/ > /x/ ar uairibh, m.sh. **An Suíochán** [GS] [ˌsiːˈx̪aːn̪], ***Curracha Mháirtín** [GC] [ˌk̪uɔx̪əˈm̪aːɾt̪iːn̪]. D’fhéadfadh sé gur iarsma é seo ar réadú díreach ar an mbun-Ghaeilge /x/ ach bíonn iarracht den chuimilteach seo /k̪~/x/ le fáil sa ghnáthchaint Bhéarla anois is arís ag na faisnéiseoirí is sine freisin. Tá an **-ch** balbh in **An Sliabh Carrach** [GS] [sliːˈk̪uɔɾ].

(*Scríofa*: Má tá **An Garbhlach Rua** [TS] cruinn mar bhunfhoirm féach go dtugann na foirmeacha scríofa ‘*Garla ruadh*’ **-ch** balbh in iúl. Áitíonn Ua Broin go mbíodh **-ch** /x/ fós le clos i logainmneacha ag seanchainteoirí i ndeisceart *BÁC*: ‘Knockmeenach ... by old people of 50 or 60 years ago was quite in accordance with the Irish spelling but now one

often hears “ock” and “ick” as its termination’ Ua Broin 1944: 193. Cf. freisin ‘The Lacter, or Locter ... heap of stones’ [**An Leachta**], *ibid.*)

Maidir le **-th-** idirghutach a dhul ar ceal, ar ndóigh is gá a bheith cáiréiseach in éagmais fianaise stairiúil iomlán a thaispeánfadh /-h-/ i seanfhoirmeacha a thitim amach as an bhfuaimniú; thairis sin, is athrú fuaime é sin is féidir a tharlú sa Bhéarla féin (3.5) — cf. an fhorbairt ó **Mac Mathúna** (m.sh. ‘Owen Mc. Mahon’ (1752))²⁹⁰ → Brl. *Mahon* → [ma:n] X1, X2, Y1, srl.²⁹¹ Ach is maith an seans go ndearnadh guta de **-th-** leathan idir dhá ghuta ghairide, le fadú cúitimh, in ***Currach Chathail** [GS] [ˌkʊɾɜːˈkɑːl], [ˌkʊɾɜːˈkɑːl̪] (~[ɑɪ]); go ndearnadh guta de **-th-** caol idir dhá ghuta gairide le fadú cúitimh in ***Bearna Chroithligh** [GS] [ˌbɑːnɜːˈkriːl̪], ***Cúil Raithní** [ˌkʊlˈiːn̪iːn̪], [kʊˈiːn̪iːn̪]; agus go bhfuil forbairt ó fhadú cúitimh go dtí défhoghar roimh chonsan caol le sonrú in ***Cnoc an Raithin** [GS] [ˌknɔkəˈr̪iːn̪], ***Páirc Raithin** [ˌpɑːkˈr̪iːn̪] agus **Na Foidhrí** (< **Foithrí**) [GC] [d̪ɜːfuːiːl̪iːn̪]. Is deimhnitheach gur imigh **-th-** leathan balbh i ndiaidh siolla fada in **Bóthar na Bruíne** [GS] [ˌboːənɜːˈbriːn̪] agus is samplaí nach mór cinnte iad ***An Bóthar (1, 2)** [GS] [ˈbʌθˈr̪iːn̪], ***An Bóthar Glas** [GS] [ˌboəˈd̪ˈlɑs] agus, roimh siolla fada, ***An Sruthán** [GS] [ˈs.r̪uːɑːnz] freisin.

(*Scríofa*: Tugann ‘The ·Bō-er Ditch’, ‘The Boar Ditch’ le fios go raibh **-th-** balbh in ***An Bóthar (3)** [GC], ach tugann ‘Boherthóllin’, ‘Boherthalainn’ (breactha ón gcainteoir céanna) le fios go raibh **-th-** le clos mar /h/ in ***Bóthar an tSalainn** [GC]. Scríobhadh ‘Laur-na-ree’ do **Láthair na Rí** [TS] i 1919. Féach gur ***Abhainn Dothra** .i. **An Dothra Bheag/Owendohar River** is bunús leis na sráidainmneacha *Owendore Avenue*, *Owendore Crescent* (*BÁCTheas*).

Réadaítear **-th** leathan deiridh mar /x/, /k/ in ***An Sruth** [GS] [ˈs.r̪ʊx̪ˌsl̪eɪd̪], [d̪ɜːˈs.r̪ʊk̪ˌsl̪eːd̪]. Tá **-th** leathan deiridh balbh i ndiaidh guta fhada in ***An tÁth** [GS] [d̪iː(j)ɑː], ***Áth na Leice** [GS] [ˌhan̪ˈl̪ek̪ɜː], [ˌhan̪ˈl̪ek̪ɪ].

5.2.5 bh, mh

Tá **-bh** leathan deiridh balbh i ndiaidh guta, m.sh. ***An Log Dubh** [GS] [ˌlɔgˈd̪eʊ], **Sliabh na Móna** [GS] [ˌsliːnɜːˈm̪eʊn], **An Garraí Dubh** [GS]; agus tá sé balbh i ndiaidh **-r-** (agus guta cúnata) in ***An Mhóin Gharbh** [GS] [ˌm̪oɲˈg̪ɑːr̪], [ˌm̪oɲˈg̪ɑːr̪]. Forcheartú, is dócha, faoi ndear na foirmeacha eisceachtúla in **-bh** /v/ [ˌsliːvnɜːˈm̪ɑn] (= **Sliabh na Móna**) agus [ˌm̪oɲˈg̪ɑːr̪f̪s] (= **An Mhóin Gharbh**).

²⁹⁰ ‘Thomas FitzSimon ... on the one part and Owen Mc. Mahon of Glancullen in the County of Dublin Farmer of the other part’ *CGn.* 152.371.102160 (29/2/1752).

²⁹¹ Cf. freisin an litriú ‘Cahane’ < **Ó Catháin** sa cheantar i bhfoinsí de chuid an 17ú haois ar nós *HMR* (*Aguisín N*).

Tá meascán de /w/, /v/ mar réadú ar **bh-**, **mh-** leathan tosaigh: /w/ in ***An Chloch Bhán** [GC] [ˌklɔkˈwɑːn], [ˌkloxˈwɑːn] (cf., áfach, ‘Cloch Vawn Stone’ (1939)); /w/ in ***Fearann an Mhullaigh** [GS]; /v/ in *bf* **Glaise an Mhulláin** [GS] (cf., áfach, an fhoirm choimrithe(?) ‘Glasholane’ *AL*), ***An Pháirc Mhór** [GS].

5.2.6 -abh(a)-, -amh(a)-

Tá réadú ar an défhoghar /əu/ le clos in **-abh(a)-** agus béim an ghutha air in *bf* **Aill an Ghabhair** [GS] [ˌalʲiˈgɜwə], ***Carraig an Abhra** [GS] [ˌkɑɪgəˈnɜwɜ], [ˌkɑɪgəˈnɜuɜ], ***Easca Philib Uí Ghabhann** [GS] [ˌasgəfɪlɜbəˈgəuˈn] (~[ɜwə]). Is réadú ar /o:/ é [Λʊ] ar **-abh(a)-** gan bhéim in ***An Abhainn Trasna** [GC] [ˌΛʊnˈtɪasnɜ]. Is cosúil gur samplaí de **-abh(a)-** (gan bhéim) gan défhoghar iad ***An Ghabhlaigh Bheag** [GS] [ˌgɑˈliˈbɛg] agus ***An Ghabhlaigh Dhubh** [GS] [dɜˌgɑlɪˈdɛʊ].

D’fhorbair **-amh(a)-** go /o:/ (via */ō:/, ní foláir) san fhocal **Leó** (< **Leamhaigh**) in **An Leo (1)** [GS] [ˈdiˌljɔː], [dɜˈljɔːˌbrɔk], **An Leo (2)** [GC] [d̪ɜˈljɑʊ].

5.2.7 dh, gh

Faightear **-(a)igh** deiridh > /ə/, /i/ in ***Fearann an Mhullaigh** [GS]. Ní fhaightear **-(a)igh** deiridh > /i/ ach in ainm an bhaile fearainn *bf* **An Bhrocaigh (1)** [GC] [ˈbrɔki] amháin.

(*Scríofa*: Fianaise bhreise ar son /ə/, /i/, má tá an t-athstruchtúru cruinn, in ***Cnoc an Choiligh**, ***Buaile an Ultaigh** [GC]; ***Log an Mhullaigh**, ***Buaile an Chlinsigh**, ***Carraig an tSeannaigh**, ***Cnoc Bromaign** [TS].)

Fuaimnítear **-aighe(-)**, **-aidhe(-)** le défhoghar in **Leaba na Saidhe** [GC] [ˌlɔgnəˈsɑi] (le fianaise scríofa ar an défhoghar céanna in **Cnoc na Saighead** [GS]: ‘pron^d na scythe’).

5.2.8 -t-, -d- caol

Samplaí soiléire de **-t-** caol > /tʃ/ is ea ***Curracha Mháirtín** [GC] [ˌkʊɾəkəˈmɑːɾtʃiːn] agus, is dócha, ***Páirt an Chaca** [GC] [ˌpɑːtʃəˈhækə], [ˌpɑːɾtʃəˈhɔkɜ].

(*Scríofa*: Cf. ‘Gutharidge ... Bridge Field’ [**Gort an Droichid**] (par. Ráth Cúil) Ua Broin 1943; **Dioghais** ‘Jowse’ *PNW* 53.)

D’fhorbair **-t-** caol > /kʲ/ in ***An Cnap Aitinn** [GS] [ˌkɪɑ.ˈpækɪn] (cf. **-c-** caol ~ /t/ in [ˌpɑːkʲi.nɛˈglɔk] ([kʲ]~[t]) agus, b’fhéidir, ***Páirt an Chaca** [GC] < **páire**(?)).

5.2.9 cn-

Ba é **cn-** > /kr-/ an fuaimniú coitianta: ***An Cnap Aitinn** [GS] [ˌkɲɑ.ˈpækɪm], ***Cnoc an Raithin** [GS] [ˌkɲɔkəˈræm], **An Cnocán (1, 2, 3, 4)** [GS, GC]: [dɔˈkɲɔkɑːn], [dɔˈkɲɔkɑːn], **An Cnoc** [GC] [kɲɔk] (agus fianaise *scríofa* ar son /kr-/ in ***Cnoc an Choiligh**, ***An Choill Chnapach** [GC]).

(*Scríofa*: Tá fianaise ar chaighdeánú béarlaithe níos sine **cn-** (> /kn-/ > /n-/ i bhfoirmeacha scríofa do ***Cnoc na Brocaí**, ***Cnoc na mBó** [GC].)

5.2.10 r-caol

Níl aon sampla cinnte ón gcaint ach scríobhann Ó Comhraí meascán ginideach ‘...*Dothar*’, ‘...*Dothair*’, ‘...*Dóthair*’ i 1837. Más fíor, is éadócha go raibh aon difríocht róshuntasach idir na fóinéimeanna Gaeilge /r/, /r’/ sa chanúint ag an am. Féach freisin nár chuala Liam Price ná Seán Ó Súilleabháin aon fhuaimniú as an ngnách sa mhionainm **An Bóithrín** [GC] (‘·Boreen’, ‘·Boareen’, ‘Boar-reen’). D’aimsigh Ó Gliasáin samplaí de ghuthú **r-caol** na Gaeilge i gContae Chill Dara, sna solaoidí den logainm **súmaire** (/suːˈmiː(ə)/ (2019), ‘Soomia’ (1839); Ó Gliasáin 2023: 48) ach faraor níor bhuail éinne leis an taighdeoir a d’aithin an mionainm ‘Soomerill’ atá léirithe ar léarscáil *EastWest* sa phortach ar leirg theas Shliabh an Ghleanna Dhuibh. Féach freisin **5.4.1** mar a bpléitear **r-neasach** [ɹ] sna foirmeacha béarlaithe, go háirithe **-t-** caol → /tʃ/ sa charn **-rt-** caol.

(*Scríofa*: Cf. *Tobermurry* SO [**Tobar Muire**] [bʲTábhairne an Fhíona, lastuaidh de Bhealach Conglais] (CM): ‘Tobarmweega’ [v.l. -mweesja], ‘Tobermuzzy’, ‘Tubbermoya’ na foirmeacha a bhreac Tomás Ó Conchúir in Ainmleabhar phar. Ráth Brain.)

5.2.11 Na gutaí

-a- cúil: **An Charrraig**, ***An Leacain (1, 2)** (GS); ***An Chlais (1)**, ***Carraig na gCat** (GC)

-á- cúil: ***Na Bánóga Bána**, ***An Bhánóg Bhán**, ***Na Brácaí Réidhe**, ***An Ráth**, ***An tÁth**, ***An tArd**, ***Croite na hÁithe** (GS); ***Páirc an Ghréasaí**, ***An Chloch Bhán**, **The Fair Cord*, ***Páirt an Chaca** (GC); (fianaise *scríofa* ar ***Slád na bPrompóg**, ***Plásán an Ghortáin** (TS)).

-a- tosaigh: ***Clais na Muc** (GS)

-á- tosaigh: ***Páirc Eoghain** [GS] (cf. (gan bhéim) **The Fair Cord* [GC]).

-ea- ~/ɛ/: ***An Ghabhlaigh Bheag**, *[X an] **tSeagail**, ***An Bhearna Bheag** (GS)

-ea- ~/i/ (gan bhéim): ***An Feadán** (GS)

-ea- ~/a/: **Clais na Spearóg**, ***An Leacain (3, 4)** (GC)

-ea- ~/o/: **Leaba na Saidhe** (GC)

-ó- ardaithe in aice srónaigh: ***Sliabh na Móna (3)**, ***Móin an Tobair**, ***Móin Log** (GS)

-ó- gan ardú in aice srónaigh: ***Móin an Loig** (GC)

-e ~/i/: *bf* **Glaise na Muice** (GS)

-ə caillte: ***Carraig an Abhra**, ***Easca an Aoire**, ***Bearna Chroithligh** (GS); (fianaise *scríofa* in ***Abhainn Dothra**, ***Áth Colpa** (TS)). (Fianaise *scríofa* ar -ə caomhnaithe: **Na Clocha Breaca** (TS).)

5.2.12 Na défhoghair

-ao- ~/i:/: **Cnocán Caorthainn??**, ***An Pháirc Chaol** (GS) (cf. fianaise *scríofa* > *cool* in *PNW* 70, 81).

(**Aodh**, gin. /i:/: ***Páirc Aodha** (GC), ***Cúil Mhic Aodha** (GS))

-ua- ~/o:/: *bf* ***An Cuan Ard** (GS); ***Cnoc Buaille**, ***An Fhálbhuaile** (GC)

-ua(-) ~/u:/: ***An Chúil Rua** (GS); ***An Garbhlach Rua** (TS); cf. ***Cloch an Dá Uan** (GS)

-ia- > Brl. /əi/: ***An Stiall** (GS)

5.2.13 An guta cúnta

Tá guta cúnta le clos go soiléir in ***An Seangharraí** (GS); níl sé le clos in ***Seanmhuinéal** (GS).

5.2.14 Canúint: achoimre

Bíonn cuid de na tréithe seo le fáil i dteannta a chéile freisin i logainmneacha béarlaithe Chontae Chill Mhantáin agus an oirdheiscirt (shean-Chúige Laighean) i gcoitinne. Tabharfar aird go háirithe ar an défhoghrú in **coill**, iol. **poill**; défhoghrú in **poll**; cailliúint **-th-** láir le fadú cúitimh; **-th** leathan mar /x/; **-(r)bh** leathan balbh; **mh-** leathan mar /v/; **-abha-** mar dhéfhoghar; **-aigh** mar /ə/; claonadh láidir ar **a-cúil**, idir fhada agus ghairid; an guta cúnta le **sean-**.

Ar na tréithe a bhíonn le fáil i logainmneacha san oirdheisceart agus in áiteanna eile freisin tá béarlú **-t-** caoil mar /tʃ/ agus /kʲ/; **-bh** leathan balbh tar éis guta; **cn-** mar /kr-/; **-ao-** mar /i:/: **-ua-** mar /o:/: gan aon défhoghrú roimh **-m-**; iarracht de **-nn** caol a bhéarlú mar /ŋ/.

5.3 Béarlú: fianaise tras-ama

Bhí sé i gceist riamh ag an taighdeoir go gcuirí na foirmeacha Gaeilge a bhreac EÓC i 1837 agus foirmeacha béarlaithe a breacadh le linn an 20ú haois a chur i gcomparáid le foirmeacha foghraíochta an lae inniu. Ar an dea-uair bhí sé in ann foirmeacha foghraíochta a taifeadadh i 1980 a chur i gcomórtas le foirmeacha an lae inniu freisin, rud a chuir roinnt fianaise diacronaí nó tras-ama ar fáil. Tháinig difríochtaí áirithe chun solais a thaispeáin idir ghiorrú go logainm simpléacsúil (nuair atá fianaise ar an mbunlogainm), thruailliú/choimriú (bíodh an bunlogainm deimhnitheach nó ná bíodh), athrú béime (sna taifid fuaime amháin) agus fhorcheartú (éiginnte).

5.3.1 Giorrú go logainm simpléacsúil

Bunainm	LSO/MSO 1837	20ú haois	1975/1980	2022/2023
*Easca Philib Uí Ghabhann	—	[,asgɛfɪlɜbɛ'gəu ^ə n]	[d̪ ³ 'asgɛ]	—
Leó Phortach Airt	<i>Leó-Phortach Art</i>	—	['d̪i,ljɔ:], ['lil,jɔ:]	['ɪljɔ:]
Clais an Ghadaí	<i>Clais a ghadaidhe</i>	Clashes Big & Little		[dɜ'klaʃ]
Clais na Spearóg	<i>Clais na spearóg</i>			
*An Bhánóg Bhán	<i>bánóg bán</i>	—	Bawnagelbawn	[d̪ ³ 'banaʊgz]

Tábla 15: Fianaise tras-ama ar ghiorrú go logainm simpléacsúil.

5.3.2 Truailliú/coimriú

	LSO 1837	20ú haois	1975/1980	2022/2023
*Cúil Raithní	—	Cunranny Coön·ranny	[,kan'ɪa:n̪i'n]	[kɛ'ɪɑ:n̪ɪ]
*Coill na Brón	—	Kylena·brone	[,kɛi'lnɜ'bɾɔn]	[,kɛil'vrɔn]
Carraig na Síóg	<i>Carraig na síodhóg</i>	Cornashogue	[,kɔ:ɪnɛ'ʃo:g]	
*Páirc na gCloch	—	—	[,pa'ɪki.nɛ'glɔk]	[,pa'ɪknɛ'glɔk] →[,paɪki'dɔk]!
*Plaide Mhór	—	—	[,pladɛ'vɔ:ə]	[,kladɛ'vɔɔɪ]
*Cúilteog	—	—	['kɛ:ɪ'tio:g]	[dɜ'kuʃ,ɔɔg]
Carraig an Róistín	<i>carraig an róistín</i>	·Corrigeena·roe	—	[,kaɪgi:n'ɪo:]
*Carraig na gCat	<i>cathair na ccat</i>	Cornagat	[,kɔ:ɪnɛ'gath]	
Leaba na Saidhe	<i>leaba na saigh</i>	—	[,lognɛ'sai]	
*Na hInsí	—	·Inchy Inchee	(Inches)	[d̪ɪ'ɪ:nʃ]
*Log na nGuairneán	—	·Lugana·gurnan -·gurnawn ·Lug na ·gurlawn	—	[,lognɛ'gɔɪɜ]

Tábla 16: Fianaise tras-ama ar thruailliú/choimriú.

5.3.3 Athrú béime

	LSO 1837	20ú haois	1980	2022/2023
*An Corr-ruán	—	Corawawn	[ˈkɔː.ɪə.wɑːn]	[ˌkɑː.ɪəˈwɑːn]
*Graibhéal			[d̪ɜːˈɡiː.veːl]	[ˌɡrɛˈveːl] (cainteoir amháin)

Tábla 17: Fianaise tras-ama ar athrú béime.

5.3.4 Forcheartú

	LSO 1837	20ú haois	1975/1980	2020–2023
*An Mhóin Gharbh	—		[ˌmɔŋˈɡɔːrɛ]	[ˌmɔŋˈɡaːɪfs] (cúpla cainteoir)
*An Sruth		Srugh	[ˈsrɔxˌslɛɪd]	[d̪ɜːˈsɪrɔtˌslɛjɛd] (cainteoir amháin)

Tábla 18: Fianaise tras-ama ar fhorcheartú.

5.4 Béarlú: gnéithe ilchineálacha

Pléitear dhá ghné shuntasacha den phróiseas béarlaithe anseo agus tarraingítear aird ar a thuilleadh in [Aguisín K](#).

5.4.1 -r- na Gaeilge → [ɹ] an Bhéarla

Is *r*-neasach [ɹ] (ar idir iar-aibheolach [ɹ] nó aisfhilleach [ɹ] é i ndáiríre) is mó atá le clos sa chanúint thraidisiúnta Bhéarla a labhraítear sa cheantar. Tá rian den tap-chonsan [r] le clos ó am go chéile (m.sh. /(-)tr-/ → [tɹ]) agus an dá fhoghar in úsáid ag an aon chainteoir ar nós cuma leo. Níl aon chodarsnacht fhóinéimeach idir an dá réadú seo ar /r/, ar ndóigh, ach díol spéise go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag an athrú ó [r] na Gaeilge go dtí [ɹ] an Bhéarla ar fhuaimniú na logainmneacha seo. Cuir i gcás ***Crosóg (1, 2)** agus ***An Cnocán (1, 2, 4)** (mar ar fhorbair ó /o/ go /i/ sa chéad siolla); ***Fearann an Teampaill** (mar a raibh tionchar ag [ɹ] thar an teorainn focal gur thug [ˌfaː.məˈtʲi.ɪ.ɪ.ɪ]); **An tArd** (le sleamhnán láidir [ʲ] roimh [ɹ]).

Tabhair faoi deara freisin gur i bhfochair [ɹ] atá an dá shampla de **-t-** caol → /tʃ/ le clos .i. ***Curracha Mháirtín**, ***Páirt an Chaca** (GC).

Ar na gnéithe eile a bhaineann le réaduithe áitiúla ar an bhfóinéim /r/ tá:

-r- > Brl. [r]: **An Carrraigín (2)** [GC]

-rtn- > Brl. /-rn-/: ***Gort na gCloch** [GC]

/r/~l/: ***Log na nGuairneán** [GC]; ***Slád na bPompóg** [TS]

/r/~n/: ***Ruán an Fhearainn** [GC]

/l/~r/: ***An Tulachán** [GS]

Déantar guta neamhaiceanta deiridh /-ə/, /-i/ a fhorcheartú mar [-ə] (mar a bheadh réadú ar /-ər/ fóinéimeach) i logainmneacha amhail ***An Croite (1)** [dʒ'g.i.ɔθə].

(*Scríofa*: Cf. **An Leachta**: ‘The Locter’ Ua Broin 1943; ‘The Lockter’ *BPR* 234.)

5.4.2 Claochlú tosaigh

Tá claochlú tosaigh na Gaeilge caomhnaithe ina lán samplaí béarlaithe: ***An Easca Mhór**, *bf* **Glaise an Mhulláin**, ***Fearann an Mhullaigh**, ***An Phlaide Mhór**, ***Páirc na gCloch** [GS]; ***An Chloch Bhán**, ***Páirc an Ghréasaí**, ***Poll na gCapall**, ***Páirt an Chaca**, ***Cnoc na mBó** [GC]; ***An Mhóin Fhada** [TS].

Níl an claochlú tosaigh Gaeilge le clos in ***An Ghabhlaigh Bheag**, ***An Bhearna Bheag** [GS]; **An Charraig Bhreac** [GC]; ***An Charraig Mhór** [TS].

5.5 Comparáid: corpas Gaeilge

Mar ábhar comparáide, bainfear úsáid as trí mhórchnuasach mionlogainmneacha Gaeilge a rinneadh ó dheas ón gceantar taighde i sean-Chúige Laighean agus as dhá cheann a rinneadh ó thuaidh, i gContae na Mí agus sa chuid sin de Chontae an Chabháin atá teorannach leis. Ar an gcéad dul síos ba chóir aird a tharraingt ar dhá bhunfhadhb mhóra, mar atá: (a) go raibh modheolaíocht agus caighdeán scoláireachta éagsúil i gceist i ngach cnuasach díobh, nach raibh d’acmhainn ag an taighdeoir seo fiosrú a dhéanamh le muintir na háite faoi mar a rinne ina cheantar taighde féin; agus (b) gur ceantair an-éagsúla iad seo ó thaobh tírdhreacha, staire is uile de.

Mar sin féin is uile, measann an taighdeoir gur féidir comparáid éigin a dhéanamh idir na logainmneacha i dtacar iomlán an tráchtais seo .i. GGT [=GS+GC+TS] agus na tacair seo thuasluaite, ach na tacair eile sin a scagadh roimh ré de réir struchtúir agus ansin de réir rangaithe tíopeolaíochta faoi mar atá déanta thuas i gcás GGT, chun a chinntiú go bhfuil na sonraí inchomparáideach. Mar le fadhb (a) de, má bhí ainm de chuid na gcnuasach eile go hiomlán doiléir níor cuireadh san áireamh é sa chomparáid. Má bhí a cháilitheoir doiléir ach an t-aicmitheoir cuíosach soiléir cuireadh an t-aicmitheoir san áireamh, agus mar sin de. Maidir le fadhb (b) ansin, chomh fada is atá an chomparáid cothrom — na hardáin á gcur i gcomórtas leis na hardáin agus na hísleáin leis na hísleáin — ba cheart go mbeadh spléachadh le fáil ar dháileadh téarmaí sna ceantair éagsúla a rithfeadh chun tairbhe leis an anailís.

Is iad seo a leanas na tacair ar baineadh úsáid astu (in ord a líonmhaire). *Ó dheas*: *O’Kelly* (1969) & *FNKK* (2016) le haghaidh Chontae Chill Chainnigh (3,608 logainm); *PNW* (1967) & *BPR* (2008) le haghaidh Chontae Chill Mhantáin (887 logainm); *Ó Glasáin* 2023 le haghaidh Chontae Chill Dara thiar theas (227 logainm). *Ó thuaidh*: *ASB* (1920–1922) a thugann 510 mionainm as oirdheisceart Chontae an Chabháin; *FNCM* (2013) le haghaidh Chontae na Mí mar a ritheann (453 mhionainm).

Chomh maith leis na mionlogainmneacha Gaeilge a gcuireann an tráchtas seo spéis iontu go príomha, tá sé d'adh againn go ndearnadh suirbhé cuimsitheach ar pháircainmneacha Béarla an dá ghleann freisin, ceann amháin acu i 1975 (GC) agus an ceann eile i 2015 (GS). Is beag suirbhé atá déanta ar mhionlogainmneacha cheantair bheaga shainiúla ar leith de chuid shean-Chúige Laighean a d'fhéadfaí a chur i gcomórtas le ceantar taighde an tráchtais seo páirc ar pháirc. Scrúdaigh Céitinn (1998) gach páirc i 35 bhaile fearainn thart ar an mBaile Fionn, Contae Laoise. Níos gaire do bhaile, áfach — gan ach 10km slí siar ó dheas ó Ghleann an Smóil — atá an suirbhé uileghabhálach a rinneadh i 1939, faoi stiúir Liam Price, ar na páircainmneacha sna bailte fearainn úd i dtuaisceart Chontae Chill Mhantáin a bhí le bá faoi thaiscumar Pholl an Phúca.²⁹² Is iadsan an dá shuirbhé is tábhachtaí don tráchtas seo agus bainfear úsáid astu i mír 5.5.2 thíos nuair a phléifear na mionainmneacha Gaeilge a mhaireann i measc an Bhéarla sa dá ghleann idir chamáin.

Cuirfear roinnt rátaí minicíochta a pléadh thuas (5.1) do logainmneacha Gaeilge an cheantair taighde [GGT] i gcomparáid le mionainmneacha Chill Chainnigh [CC] agus Chill Mhantáin [CM] laisteas, agus le Contae na Mí [Mí] agus an chuid thoir theas de Chontae an Chabháin [Ca] lastuaidh.

5.5.1 Struchtúr

	%GGT	%CC	%CM	%Mí	%Ca	meán
Ainmfhocal (+ aidiacht) + alt (+ #) + ainmfhocal (+ aidiacht)	31.33	29.07	32.81	25.39	39.31	30.96
Ainmfhocal simpléacsúil	30.06	33.59	21.31	31.57	22.40	27.29
Ainmfhocal + aidiacht nó Aidiacht-ainmfhocal	20.25	21.59	19.62	21.63	26.27	21.56
Ainmfhocal + ainm dílis (.i. ainm pearsanta, sloinne, logainm)	11.08	5.1	12.18	9.27	7.94	9.48
Ainmfhocal (+ #) + ainmfhocal (+ aidiacht)	7.28	10.64	8.91	12.14	4.07	9.64

Tábla 19: Comparáid struchtúr na mionainmneacha.
(Cló trom ar an gcéatadán is airde i ngach ceantar.)

Chun struchtúr na mionainmneacha sa cheantar taighde [GGT] a chur i gcomhthéacs na gcnuasach eile Gaeilge a thugtar na figiúirí seo thuas thar na ceantair éagsúla, leis an gcéatadán meánach sa cholún deireanach.

5.5.2 Stór focal

Is é stór focal na n-*aicmitheoirí* Gaeilge atá faoi chaibidil anseo. Ní fhéachtar ar na ranganna go léir thar na ceantair éagsúla ach ar na gnéithe aiceanta a bhaineann leis na príomhthacair ARDÁN, ÍSLEÁN agus UISCE agus ansin an tacar GOIRT IS GARRAITHE. Féachtar ar na téarmaí is mó sampla i ngach tacar agus ansin ar na téarmaí úd nach bhfuil ach solaoidí aonair le fáil i ngach ceantar agus tarraingítear aird ar na cosúlachtaí agus ansin na difríochtaí idir na tacair.

²⁹² A bhfuil cuntas den chéad scoth ag Corlett air in *BPR* (2008).

5.5.2.1 Ardáin — ó thuaidh

Sa chéad dul síos cuirtear na téarmaí Gaeilge sa tacar **ARDÁN** atá le fáil sa cheantar taighde [GGT] os coinne an tacair chéanna as Contae na Mí agus oirdheisceart Chontae an Chabháin [*Mí/Ca*]. Tá an chéad cheithre théarma is coitianta in GGT, mar atá **cnoc/-án**, **carraig/-ín**, **sliabh** agus **cloch** go léir le fáil i *Mí/Ca* (**cnoc/-án** an téarma is coitianta sa trí thacar). Tá **mullach** agus **ard** le fáil i ngach tacar freisin. Ar na solaoidí aonair in GGT tá **port**, **tóin** agus **tulachán** le fáil — mar thagairtí aonair freisin — i *Mí/Ca*.

Ach ní mhaireann aon sampla de na téarmaí coitianta **aill** agus **leacain** i mionainmneacha *Mí/Ca*, ná de **scor** a bhfuil dhá shampla de i GGT. Ó thaobh *Mí/Ca* de, tá roinnt téarmaí coitianta le fáil sa dá thacar sin nach bhfuil aon samplaí soiléire le fáil i GGT, mar atá **corr** “rounded hill, drumlin”, **droim** “ridge, drumlin”, **mala/malaidh** “brow”, **gob** “snout”, **carraigeach** “rock(s)”, **gréach** “(flattened?) drumlin”.

Maidir leis na samplaí is ísle minicíochta agus na solaoidí aonair, faightear **aill**(?), **cnap**, **maoileann**, **mullán**, **prompóg** (ach cf. **rumpa** *Mí/Ca*) **ros** agus **spincín** i GGT ach níl a leithéid i dtacar *Mí/Ca* ó thuaidh. Níl aon samplaí i GGT de **ais** “hill-back”, **buacas** “pinnacle”, **éadan** “hill-brow”, **léibheannach** “ledge?”, **lorgain** “shin-like hill”, **rinn** “point”, **rú** “point”, **rumpa** “rump-like hill” (ach cf. **prompóg** GGT), **scológ** (mar ainm cnoic), **sornán**, **starrán**, **storral** (cnoic bheaga), **tulaigh**.

Tá samplaí de **Tóin le Gaoith** i *Mí* agus i GGT; tá sampla de **Tóin re Gaoith** i *Ca*.

5.5.2.2 Ardáin — ó dheas

Nuair a chuirtear an t-ábhar i gcomórtas le *CM/CC*, faightear go bhfuil gach ball coitianta den tacar **ARDÁN** i GGT le fáil sa dá thacar eile sin. De na samplaí aonair, níl an focal éiginnte **aill** le fáil in aon áit eile, ach tá **mullán**, **ros**, **spincín**, **tóin** agus **tulachán** sa dá thacar eile. Thairis sin tá samplaí de **cnap**, **maoileann**, **port**, **prompóg**, et var., le fáil i *CM*.

Cruach/-án²⁹³ agus **Droim/-ín/-án** an t-aon dá shampla de théarma coitianta as *CM/CC* nach bhfuil le fáil i GGT. Ta cuid mhaith samplaí ar mhinicíocht íseal (<2%) i *CM/CC* nach bhfuil le fáil i GGT ach oiread, mar atá **ball**, **barr**, **binn**, **bollán**, **carragán**, **fána** (ach cf. ***fánlog** GGT), **gualainn**, **málainn**, **scailp**, **scairbh**, **sceilg**, **sraig**, **splinc**, **stuaic/-án**, **stuach** [*sic*].

5.5.2.3 Ísleáin — ó thuaidh

Tá níos lú neamhréireanna idir GGT agus *Mí/Ca* ó thaobh na n-eilimintí coitianta sa tacar **ÍSLEÁN** de. Tá gach eilimint choitianta i GGT le fáil i *Mí/Ca*, cé is moite de **easca** “marsh”. Níl ach solaoid aonair de **clais** agus **inse** i *Mí/Ca*. Ar an láimh eile, is téarmaí coitianta iad **allt**, **bogach**, **bogán**, **léana** i *Mí/Ca*, nach bhfuil ach samplaí aonair díobh i GGT. De na samplaí aonair eile i GGT, faightear

²⁹³ Theastódh tuilleadh taighde chun na samplaí de **cruach/-án** a thugtar in *FNKK/O'Kelly* a iniúchadh; bheadh an taighdeoir seo in amhras gur **cnoc/-án** (/kr-/) atá taobh thiar de chuid mhaith díobh.

samplaí aonair de **portach, riasc** agus **sconsa** i *Mí/Ca* freisin. Níl aon samplaí de **cuan, cuing, dochtóg, fánlog, fothair, muinéal, plaide, scornach** ná **slád** (sa chiall ‘gleann’) i *Mí/Ca*.

Ó thaobh *Mí/Ca* de, tá dornán samplaí de **báinseach, boglach, greallach, scraith** (mar aicmitheoir) agus **tóin** (talamh íseal) gan a mhacasamhail i GGT. Mar an gcéanna le **bréagach, cabhán, clár, com, eanach, fánóg, maigh, máirse, maothail, paiste** (ach cf. ***páirt** GGT), **screabach**, nach bhfuil le fáil i GGT.

5.5.2.4 Ísleáin — ó dheas

Nuair a chuirtear ábhar GGT sa tacar ÍSLEÁN i gcomórtas le *CM/CC*, feictear go bhfuil gach aon eilimint de dhá shampla nó níos mó i GGT le fáil i *CM/CC* — go hiondúil mar théarmaí coitianta. Is i measc na samplaí aonair i GGT a fhaightear téarmaí nach bhfuil le fáil i *CM/CC* in aon chor, mar atá **allt, bogán, croithleach, dochtóg, fánlog, muinéal, plaide, scornach, slád** (=gleann). Ach tá na samplaí aonair seo a leanas i GGT le fáil i *CM/CC* freisin: **bogach, cuan, fothair, léana, portach, riasc, sconsa**.

Ó thaobh *CM/CC* de, is iad **sra(i)th** agus **seisceann** an dá théarma is coitianta nach bhfuil le fáil i GGT. I measc na samplaí de mhinicíocht íseal (<2%) i *CM/CC* nach bhfuil le fáil i GGT tá **bléan, clár** agus **uamhnach** i *CM*, agus samplaí flúirseacha i *CC*, m.sh. **carrachán, ladhar, caoth, corcach, caológ, lathach, preaibín**. Thairis sin, tá roinnt malairtí foirme de théarmaí coitianta i dtacar mór *CC* nach bhfuil le fáil i GGT, mar atá **móineán, móinteach, móinteán, móintín; pollach, pollóg; curraichín; eascaín**.

5.5.2.5 Uisce — ó thuaidh

Nuair a chuirtear na heilimintí sa tacar UISCE i GGT os coinne an tacair chéanna i *Mí/Ca*, faightear nach bhfuil ach **abhainn, gabhlaigh, sruth/-án** agus **tobar** le fáil sa dá thacar. Níl **easca** (=sruthán), **glaise, slád** (=sruthán) ná **tromán** le fáil mar ainmneacha sruthán i *Mí/Ca*. Níl aon cheann de na samplaí aonair **camóg, eas, feadán** ná **linn** le fáil i *Mí/Ca*.

Ó thaobh *Mí/Ca* de, is de bharr chúrsaí geografaíochta nach bhfuil aon samplaí den téarma coitianta **loch/-án** le fáil i GGT. Níl aon sampla i GGT de na solaoidí aonair **bac, caol, dubhóg, glugaire, scardán, spá, síomaire**.

5.5.2.6 Uisce — ó dheas

Tá gach aon téarma sa tacar UISCE atá le fáil i GGT, idir choitianta agus neamhchoitianta, le fáil i *CM/CC*, ach amháin **slád** mar ainm srutháin i dTeach Sagard.

Ó thaobh *CM/CC* de, tá **loch** ansiúd freisin nach bhfuil i GGT ar ndóigh, agus cuid de na malairtí foirme i *CC* amhail **glaiseán, gabhailín**. Is é **fuarán/uarán** an t-aon téarma cuíosach coitianta nach bhfuil le fáil i GGT. Níl aon cheann de na solaoidí aonair seo i *CM/CC* le fáil i GGT ach oiread: **bré, bréagóg, clochóg, clóideach, craosóg, crompán, cuilthe, gliogaire, roideog, ropach, toinn, tuile**.

5.5.2.7 Páircainmneacha — ó thuaidh

Tá na heilimintí coitianta go léir sa tacar GOIRT & GARRAITHE i GGT le fáil i *Mí/Ca* ach amháin **bánóg** agus **crosóg**. Tá sampla an-éiginnte den pháircainm Laighneach **caisiar** le fáil i *Ca* ('Kū-sheery', par. Chaisleán Raithin) agus tá **croite** GGT réadaithe mar **crofta** i *Mí*. De na téarmaí aonair níl ach **béitín** agus **cluain** le fáil i *Mí/Ca* freisin — **cluain** mar théarma coitianta ó thuaidh. Níl **acra**, **banrach**, **cúilteog**, **móinéar**, **páirt**, **plásán**, **puintín** ná **stiall** i GGT i measc na mionainmneacha a mhaireann i *Mí/Ca*.

Ó thaobh *Mí/Ca* de, tá **achadh**, **bán** agus **tuar** le fáil go coitianta gan aon samplaí cinnte i GGT. De na téarmaí is ísle minicíochta i *Mí/Ca*, níl **coimín**, **coirnéal**, **gairdín**, **losaid**, **píosa** ná **tamhnaigh** le fáil i GGT.

5.5.2.8 Páircainmneacha — ó dheas

Níl aon téarma coitianta i GGT nach bhfuil le fáil i *CM/CC* freisin. De na téarmaí aonair, níl ach **banrach** nach bhfuil le fáil i gcnuasaigh *CM/CC*.

Ó thaobh *CM/CC* de, is iad **bán**, **fásach** agus **mullán** (sa chiall 'gort') na téarmaí coitianta nach bhfuil le fáil i GGT freisin. (Tá malairtí le fáil i *CC*, ar nós **crochta**, **croichtín**, **croichtán** le haghaidh **croite** GGT/*CM* agus **buailtín**, **buailteán**, srl.) Níl aon téarmaí ar mhinicíocht íseal i *CM* nach bhfuil le fáil freisin i GGT. Ach tá cuid mhaith i *CC*, mar atá **achadh**, **branar**, **ceapach**, **ceathrú**, **coimín/-eachas**, **faiche**, **gairdín**, **garraín**, **stríoca**, **talamh**, **tuar/-ín**, **úllord**.

5.5.3 Comparáid na gcorpas Gaeilge: achoimre

Sa mhéid is gur féidir adhmaid a bhaint as na tacair mionainmneacha seo atá ar fáil dúinn, is léir go luíonn tacar an cheantair thaighde [GGT] go mór le tacair Chontae Chill Chainnigh agus Chontae Chill Mhantáin. Níl ag GGT i bpáirt le *Mí/Ca* thar *CM/CC* ach **allt** sa tacar ÍSLEÁN, mionainm nach maireann. (NB níor cuireadh ainmneacha bailte fearainn san áireamh sa chomparáid.)

5.6 Comparáid: an Ghaeilge i measc an Bhéarla

Tá suirbhéanna thar a bheith cuimsitheach sa dá ghleann [GCGS] ar idir mhionainmneacha Gaeilge agus mhionainmneacha Béarla. Tá 251 mhionainm de bhunús Béarla sa dá ghleann (173 GS + 78 GC); tá 247 logainm de bhunús Gaeilge sa tacar logainmneacha (161 GS + 86 GC). Fágann sin céatadán 49.60% mionainm as Gaeilge thar an dá ghleann (48.20% GS, 52.44% GC) a tháinig slán thar an athrú teanga. Tá an ráta marthanachta seo i bhfad chun tosaigh ar na cnuasaigh dhátheangacha ghinearálta: *c.*7% mionainmneacha Gaeilge in *FNCM* ('mainly found in the northern parts of the county' Duffy 2013), 14% in *FNKK* ('29% in the southeast of the county ... 35% in Kilcross (Inistioge)') agus *c.*20% in *FNCL*.²⁹⁴

²⁹⁴ Ní thugtar figiúirí don chontae ar fad ach féach an tagairt indíreach 'the rough percentage of names appearing to be Irish was ... approaching twenty percent in the county as a whole' *ibid.* 370. Mar mheasúnú

Sa mhír seo cuirtear na hainmneacha i gceantar taighde GCGS — idir Bhéarla agus Ghaeilge — i gcomparáid le Céitinn 1998 agus le *BPR*. D’aimsigh Céitinn 866 ainm ar leith i gceantar an Bhaile Fhinn, Contae Laoise, 53 acu de bhunús Gaeilge (6.07%).²⁹⁵ Sa suirbhé a rinneadh i bPoll an Phúca (*BPR*) c.10km slí ó bhaile ón gceantar taighde, nuair a bhaintear na dúbailteachtaí as an liosta Gaeilge, tá 759 mionainm luaite a bhfuil bunús Gaeilge le 87 díobh (11.46%). Cuireadh samplaí d’iasachtaí amhail *Brl. inch < G inse*, *Brl. curragh < G currach*, srl., san áireamh sa dá cheantar eile faoi mar ar cuireadh anseo.

	GS	GC	GCGS	BPR	La
Ainmneacha Brl.	173	78	251	662	813
Ainmneacha G	164	86	250	87	53
Céatadán Gaeilge	48.66%	52.44%	49.90%	11.46%	6.07%

Tábla 20: Comparáid ráta marthanachta logainmneacha Gaeilge : Béarla.

Scrúdófar na logainmneacha sa dá ghleann anois ó thaobh struchtúir, rangaithe agus tíopeolaíochta de. (NB don mhír seo ní úsáidtear ach na sonraí ón dá ghleann GS agus GC [GCGS]; fágtar TS i leataoibh.)

5.6.1 Struchtúr

Meabhrúchán: **A:** Aicmitheoir. **C:** Cáilitheoir. **S:** Sufomheilimint. **D:** Díspeagadh. **U:** Uimhir.

Ar ndóigh níorbh aon mhaitheas é comparáid a dhéanamh idir struchtúr na n-ainmneacha Gaeilge agus Béarla ó thaobh deilbhíochta de. Is féidir, áfach, a mbunstruchtúr a chur i gcomórtas lena chéile chun na difríochtaí idir an dá chóras ainmnithe a thaispeáint. Féachfar i dtosach báire ar bhunstruchtúr seo na mionainmneacha Gaeilge:

	Samplaí	%GCGS	%BPR	%La
A+C / C+A / A+D+C / A+(C1+C2) / A+U+C	Aill Mháirín, *Páirc na gCloch; *Áth na gCipín, *Tobar na hAidhce	55.12	39.08	23.72
A / A+D / A+S	Dochtóg; *An Tóchar, *An Bhánóg	34.65	44.82	67.80
A2+A1 / A2+D+A1 / A2+(A1+C) / A2+A1+C / A2+U+A1 / A2+(A1+S)	*Fearann an Mhullaigh; *Ceap an Ghleanna, *Croite an Churraigh, Garraí Eochaille	8.66	12.64	3.39
C / C2+C1	Suí Finn; Soilseán, *Troithín	1.18	2.30	3.39
S+A / S+U+A / A2+S+U+A1	Bun na dTrí dTromán; *Barr na Ros, *Carn idir Dhá Chloch	0.39	—	1.69

Tábla 21: Bunstruchtúr na mionainmneacha Gaeilge a mhaireann sa cheantar taighde.

Ní hamháin go bhfuil an céatadán lom de na mionainmneacha Gaeilge i bhfad níos airde sa cheantar taighde ná mar atá sa dá cheantar chomparáide, mar a chonacthas cheana, ach in ainneoin an chlaonta i dtreo ghiorrúchán go dtí logainm simpléacsúil (**5.3.1**), maireann níos mó ainmneacha de dhéantús

garbh, ar na léarscáileanna de na bailte fearainn atá i gcló sa leabhar tá 4/29 [i. 4 pháircainm Gaeilge as 29 bpáircainm], 2/22, 4/37, 7/18, 0/10, 3/17, 4/17, 3/49, 16/55, 3/18, 8/22, 7/16, 2/87, 3/31, 50/56(!), 1/10, 2/20, 10/33 = 129/547 = 23.58% mionainm Gaeilge i measc an Bhéarla. Tá an sampla suntasach úd 50/56 as *bf* Ardachaidh in Ó Méith, a bhí ina Ghaeltacht isteach sa 20ú haois. Má bhaintear é sin den liosta faightear 79/491 = 16.09%.

²⁹⁵ 60 logainm Gaeilge as 869 san iomlán na figiúirí a thugtar sa tráchtas ach tá roinnt dúbailteachtaí ó thaobh na Gaeilge de.

coimpléascach *aicmitheoir* + *cáilitheoir*, et var. [A+C / A+C1+C2 / A+U+C / ...], nó *aicmitheoir* + *aicmitheoir*, et var. [A2+A1 / A2+A1+C / A2+U+A1 / ...]: 63.78% de na mionainmneacha sa cheantar taighde os coinne 51.72% i bPoll an Phúca agus gan ach 27.11% ar an mBaile Fionn. I GCGS is é *aicmitheoir* + *cáilitheoir* an struchtúr is mó minicíochta; sa dá cheantar eile is aicmitheoirí gan cháilitheoirí an struchtúr is coitianta a tháinig slán.

Is beag suíomheilimint [S] d'aon saghas ann, cé nach bhfuil cosc ar a leithéid i mionainmneacha Gaeilge agus an teanga ina steillbheatha, m.sh. ‘*Bárr a’ bháin ó thuaidh*, the top or upper part of the northern field’ [S+A+C] agus ‘*Fé thóin tigh Joe*, Under Joe’s House’ [S+A+C] ar liosta páircainmneacha Sheáin Uí Dhonnabháin (2.2.4); ‘*Páirc faoi bhun na gCottageí*’ [A2+S+A1], ‘*Páirc taobh thuas den Bhóthar*’ [A2+S+A1] *Log. na Rinne* 23, 25; ‘*Páirceanna theora na Gráige*’ [A2+S+A1], ‘*Crosaire bharra Bóthar Chéileachair*’ [A2+S+A1] Ó hÓgáin 2017: 15, 29.²⁹⁶ (Gan fhianaise dhíreach ar an mbunainm ní heol an aistriúcháin iad aon cheann de na samplaí den struchtúr seo as Béarla, m.sh. Brl. *Under Dinny’s*.) Thairis sin, is fíorbheag logainm Gaeilge dá dtagann anuas chugainn in aon cheantar acu seo nach bhfuil ann ach cáilitheoir(í) [C]. Ní mar sin don Bhéarla, áfach.

	Samplaí	%GCGS	%BPR	%La
C+A / C2+C1+A / C+(A2+A1) / C2+(C1+A1)+A2	Toole’s Garden, Grannie’s Acre; Black Bank Road; Lawlor’s Freestone Acre, Lynch’s Road Field; The Coarse Little Field; Conroy’s Old House Field	62.15	59.84	44.49
A / U+A	The Bank, Height, Half Acre, 10 Acres, The Pasture	12.35	16.09	12.89
A2+A1 / A2+C+A1 / A3+(A2+A1) / (A3+A2)+A1 / srl.	Limekiln Field, The Well Field; Belgard Deer Park; The Turn of the Road Field	12.35	13.16	11.52
C / C2+C1	Connolly’s, Farrell’s, The Fallow, The Silk, The Triangle; The Smoothing Iron; Martin’s Rye, Kit’s Three-Corner, Little Clover	11.55	5.15	28.62
S+A / S+C / A2+S+A1 / A+S+C / (A4+A3)+S+(A2+A1),	Under House, Back of Brakes, Under Dinny’s, Under the Blackthorns, Fornith the Door, Fronint the House, Over the New Line, Under Dooley’s Door; The Field at the bottom of the Lane, The Meadow Field off the Valley Inches, The Field in front of Paddy’s	1.99	5.80	2.48

Tábla 22: Comparáid bhunstruchtúr na bpáircainmneacha Béarla.

De dheasca an cáilitheoir a bheith chun tosaigh i logainmneacha Béarla de ghnáth, bíonn níos mó samplaí de logainmneacha arna ngiorrú go foirm shimpléacsúil [C] ná mar a bhíonn le fáil sa Ghaeilge, m.sh. *Connolly’s* [Field], *The Fallow* [Field], *The Smoothing-Iron* [Field], *Martin’s Rye* [Field].

²⁹⁶ Ar na samplaí stairiúla tá ‘*Corre-en-Earl whynred* [Cora an Iarla faoin nDroichead], the Earl’s weir or salmon leap under the Bridge’ i Suirbhé Peyton (1586) ar mhainéar Eas Géitine (*Lm*), ar fáil ar celt.ucc.ie.

	GCGS(G)	GCGS(Brl.)	BPR(G)	BPR(Brl.)	La(G)	La(Brl.)
A+C / C+A / A+D+C / A+(C1+C2) / A+U+C	55.12	62.15	39.08	59.84	23.72	44.49
A / A+D / A+S	34.65	12.35	44.82	16.09	67.80	12.89
A2+A1 / A2+D+A1 / A2+(A1+C) / A2+A1+C / A2+U+A1 / A2+(A1+S)	8.66	12.35	12.64	13.16	3.39	11.52
C / C2+C1	1.18	11.55	2.30	5.15	3.39	28.62
S+A / S+U+A / A2+S+U+A1	0.39	1.99	—	5.80	1.69	2.48

Tábla 23: Comparáid bhunstruchtúr na mionainmneacha Gaeilge le bunstruchtúr na mionainmneacha Béarla. (Cló trom ar struchtúr bunaithe ar cháilitheoir.)

Chun blaiseadh eile a fháil ar an dá chóras éagsúla ainmnithe sa dá theanga is féidir na hainmneacha Béarla sa cheantar taighde a rangú de réir aicmitheoirí agus cáilitheoirí freisin. Tugtar táblaí sna tacair ARDÁN, ÍSLEÁN, GOIRT IS GARRAITHE agus AIDIACHTAÍ; cuirtear na sonraí eile i láthair i bhfoirm achoimre.

5.6.2 Ardáin — Gaeilge & Béarla

ARDÁN: GAEILGE [57]	%GCGS	ARDÁN: Béarla [47]	%GCGS
Cnoc (9)/-án (6)	26.31	Bank	38.28
Sliabh	14.04	Hill	29.79
Carraig (5)/-ín (3)	14.04	Height	12.77
Aill	7.02	Rock	8.51
Cloch	7.02	Brow	6.38
Leacain	7.02	Mountain	2.13
Ard	3.51	Knob	2.13
Mullach	3.51		
Scor	3.51		
Cnap, Aille, Mullán, Maoileann, Port, Spincín, Tulachán, Tóin [8 x 1]	1.75		

Tábla 24: Comparáid aicmitheoirí Gaeilge le haicmitheoirí Béarla sa tacar Gnéithe Aiceanta: Ardán.

Is deacair a rá conas mar a fhreagraíonn na heilimintí Béarla do na heilimintí Gaeilge sa tacar seo. Ní léir eilimint Ghaeilge ar bith a d'fhreagródh don téarma is coitianta ar fad sna mionainmneacha Béarla .i. Brl. *bank*. (Tá an t-ionannú idir an logainm stairiúil ***Port na Gréine** [GS1.51] agus Brl. *The Long Bank* an-éiginnte.) Tá ardáin níos géire sna háiteanna darb ainm Brl. *height* ná mar atá in ***An tArd** [GS].²⁹⁷ Úsáidtear Brl. *X's Hill* (X = sloinne) mar ainm ar pháirceanna ar thaobh an chnoic darb ainm ***An Sliabh Carrach**;²⁹⁸ is don sliabh **An Charraig** a thagraíonn Brl. [*Corrig*] *mountain*,

²⁹⁷ Cf. (What's the difference between a 'bank' and a 'height?') 'Well a *height* is steep ... Clarke's Bank is a *bank* but you can drive up and down it; most of the *heights* you can't' X1; 'a *bank* you could walk over, a *height* you couldn't' X2 [An Gleann (1)→GS2.89].

²⁹⁸ NB codanna de chnoic mhóra, seachas chnoic ar leith, is ea Brl. *Kelly's Hill*, *Monks's Hill* agus *Kennedy's Hill*. Ceithre pháirc in aice a chéile ar leirg thuaidh Chnoc Bhaile an Phiobaraigh is ea Brl. *Gerry Murphy's*

ar ndóigh, agus tugadh Brl. *knob* sa ghnáthchaint mar chur síos ar ***Cnoc an Raithin** [GS]. Is féidir le Brl. *rock* a thagairt do charraig aonair, nó san iolra, d'áiteanna carraigeacha. Tugtar Brl. *The Rocks* ar **Sliabh na gCloch** [GS] inniu.

5.6.3 Ísleáin — Gaeilge & Béarla

ÍSLEÁN: GAEILGE	%GCGS	ÍSLEÁN: Béarla [21]	%GCGS
Log (13)/-án (2)	23.81	Hole	19.05
Móin	12.70	Ground	14.29
Currach	9.52	Glen	14.29
Inse	7.94	Strand	14.29
Clais	6.35	Bog	9.53
Gleann	6.35	Hollow	9.53
Poll	6.35	Inch	9.53
Easca	4.76	Fox Burrow; Land	4.76
Riasc	3.17		
Allt?, Bogan, Croithleach, Cuan, Cuing, Dochtóg, Fánlog, Fothair, Muineál, Plaide, Portach, Sconsa [12]	1.59		

Tábla 25: Comparáid aicmitheoirí Gaeilge le haicmitheoirí Béarla sa tacar Gnéithe Aiceanta: Ísleán.

Tá sé níos éasca, b'fhéidir, nasc díreach a cheangal idir téarmaí sa dá theanga sa tacar seo. Maireann tiontú díreach amháin .i. Brl. *Black Holla* < ***An Log Dubh** [GS]. Tá Brl. *Sheep Hole* ar an abhainn, faoi mar atá ***Poll na gCapall** [GC]. Ach níl faoi thagairt ag Brl. *The Goose Hole* ach log maol ar thaobh an tsléibhe nach raibh fliuch riamh. Gan dabht is iasachtaí iad Brl. *inch* agus *glen*. Níl tuairim ag an taighdeoir ar fhreagair aon téarma Gaeilge do Brl. *ground*, *land*, *strand* — sa tslí a úsáidtear i logainmneacha inniu iad — roimh an athrú teanga.

5.6.4 Páircainmneacha — Gaeilge & Béarla

GORT: GAEILGE	%GCGS	GORT: Béarla [111]	%GCGS
Páirc	28.57	Field	61.26
Garraí	14.29	Acre	9.90
Fearann	10.71	Park	8.11
Croite	7.54	Pasture	8.11
Buaile	7.54	Garden	5.41
Cúil	5.38	Lawn	2.70
Bánóg, Caisiar, Ceapóg	3.57	Meadow, Paddock	1.80
Banrach, Béitín, Cluain, Crosóg, Cúilteog, Gort, Móinéar, Puintín, Stiall	1.79	Bit, Craft, Green, Orchard, Slang	<1%

Tábla 26: Comparáid aicmitheoirí Gaeilge le haicmitheoirí Béarla sa tacar Goirt agus Garraithe.

Ó thaobh minicíochta amháin de, bheadh fonn ar dhuine nasc díreach a cheangal idir **páirc** agus Brl. *field*, agus a mheas go raibh **garraí** níos gaire do Brl. *field* freisin ná mar atá do Brl. *garden* an lae inniu. Ní fios cé mhéad díobh seo atá tiontaithe ón mbun-Ghaeilge. Tá Brl. *acre* an-choitianta ach ní

Hill, *Mill's Hill*, *Collins's Hill* agus *Georgie's Hill*. Tá Brl. *Barckle's Hill*, *Muldoon's Hill*, *Wood Hill*, *Little Hill* ábhairín níos neamhspleáiche mar ardáin. Ní áirítear Brl. *Bryan's Hill* i mbun an ghleanna mar pháircainm.

mhaireann aon sampla de **acra** sa Ghaeilge i GCGS (cf. **An tAcra Gearr** [TS] agus na samplaí a fhaightear i nDeilginis 1765). Freagraíonn **croite** (< **crochta** < Brl. *croft*) do Brl. *paddock*, cuid mhaith, ach tá Brl. *craft* féin le fáil freisin. D’fhéadfadh réimse téarmaí Gaeilge a bheith i gceist le Brl. *meadow* agus Brl. *pasture*, ba dhóigh leat: seans go bhfreagraíonn **Cnoc Buaile** [GC] do Brl. *Cruck Pasture* [GC] agus is ann do shampla amháin de **móinéar** [GS].

5.6.5 Aidiachtaí — Gaeilge & Béarla

AIDIACHTAÍ: Gaeilge	%GCGS	AIDIACHTAÍ: Béarla [39]	%GCGS
Dath (7 Dubh, 5 Rua, 3 Bán, 2 Breac, 1 Glas, 1 Donn)	39.58	Mór/Beag (7 <i>Big</i> /4 <i>Little</i>)	28.21
Mór (14)/Beag (2)	33.33	Cruth (3 <i>Three-Corner(ed)</i> , 2 <i>Square</i> , 2 <i>Round</i>)	17.95
Garbh (1 Carrach, 1 Cnapach, 1 Garbh)/Mín (1 Réidh)	8.33	Dath (4 <i>Green</i> , 1 <i>Black</i> , 1 <i>Red</i> , 1 <i>White</i>)	17.95
Ard (1)/Íseal (1)	4.17	Fada/Gearr (7 <i>Long</i> /0 <i>Short</i>)	17.95
Fada (1)/Gearr (1)	4.17	Sean-/New (2 <i>Old</i> /1 <i>New</i>)	7.69
Sean- (1)/Nua (1)	4.17	Garbh/Mín (1 <i>Coarse</i> /0 <i>Smooth</i>)	2.56
Fliuch (1)/Tirim (0)	2.08	Ard/Íseal (1 <i>High</i> /0 <i>Low</i>)	2.56
Leathan (0)/Caol (1)	2.08	<i>Hazy</i>	2.56
Corr-	2.08	<i>Blind</i>	2.56

Tábla 27: Comparáid cáilitheoirí Gaeilge le cáilitheoirí Béarla sa tacar Aidiacht.

Is do na haidiachtaí go léir a thagraíonn na figiúirí thuas, ní hamháin dóibhsean a ghabhann le páircainmneacha. Maidir leis na dathanna, ó thaobh na bpáircainmneacha féin de, tá 2 **bán**, 1 **dubh** agus 1 **rua**. Mar sin féin tá difríocht shuntasach idir an dá theanga maidir leis na dathanna sna logainmneacha. Lasmuigh de sin, is é an péire *mór/beag* (Brl. *big/little*) is coitianta sa dá chóras; tabharfar faoi deara go bhfuil na samplaí níos cothroime sa phéire seo sa Bhéarla, rud a d’fhéadfadh a thabhairt le fios gur le brí codarsnachta a bhíonn Brl. *big/little* in úsáid sa teanga sin murab ionann is an Ghaeilge (**5.1.3**).

Tá aicmitheoirí agus cáilitheoirí eile nár pléadh anseo le fáil i dtábla a thugtar in Aguisín P. Ag seo na difríochtaí is suntasaí atá le sonrú san fhuílleach sin:

- SRUTHÁIN: i bhfad níos mó éagsúlachta sa Ghaeilge ná sa Bhéarla (3 Brl. *brook*, 2 Brl. *slade*, 1 Brl. *river*);
- FOIRGNIMH THUATA: i bhfad níos mó samplaí sa Bhéarla;
- PLANDAÍ: gan ach **caorthann**/Brl. *quickem*, **seagal**/Brl. *rye* agus **aiteann**/Brl. *fur(ry)* le fáil sa dá theanga;
- AINMHITHE: gan ach **capall**/Brl. *horse* le fáil sa dá theanga;
- gan aon cheird DUINE le fáil sa dá theanga;
- OSNÁDÚRTHACHT le fáil sa dá theanga;
- i bhfad Éireann níos mó SLOINNTE le fáil sna mionainmneacha Béarla (2 G : 67 Brl.) ach níl ach **Ó Ceallaigh**/Brl. *Kelly* ar an dá liosta;²⁹⁹

²⁹⁹ Féach achoimre Uí Chruallaoich (2018: 30–31) ar a chuid taighde ar shloinnthe Gaelacha in ainmneacha bailte fearainn: ‘the occurrence of a surname (other than that of a principal [local] family) in a townland name of Irish origin usually indicates that that family belonged to the *lucht tí* (service kindred) of the area’s overlord.

(h) i bhfad Éireann níos mó aidiachtaí TREOCHA agus eilimintí SUÍMH sna mionainmneacha Béarla.

5.7 Suirbhé 1771: dáileadh na bpáircainmneacha Gaeilge

Déantar plé ar anailís a rinne William Nolan (1992) ar Shuirbhé Frizell 1771 agus ar cháipéisí eile a bhaineann le Gleann an Smóil in Aguisín R. Go hachomair, is cosúil go dtagraíonn gach fíor-pháircainm Gaeilge atá le fáil sa ghleann inniu d'áit a bhí bunaithe mar pháirc cheana i 1771, is é sin, nach bhfuil aon fhianaise againn gur baisteadh ainm Gaeilge ar áit a ndearnadh páirc di ó shin i leith. Agus is sa chuid thiar theas den ghleann, an áit is seasta lonnaíochta idir 1771 agus 1850 de réir anailís Nolan, is mó a bhfuil páircainmneacha de bhunús Gaeilge le fáil inniu.

Otherwise, it seems that native Irish surnames usually only occur in townland names where the land once belonged to the church'.

6. Conclúid

Rinneadh anailís sa tráchtas seo ar chnuasach mionlogainmneacha agus páircainmneacha de bhunús Gaeilge i ngleannta Chontae Bhaile Átha Cliath. Bhí an anailís dírithe ar thrí phríomhghné: (a) anailís a dhéanamh ar na foirmeacha béarlaithe chun teacht ar a mbunfhoirmeacha Gaeilge agus iadsan a mhíniú chomh fada agus ab fhéidir; (b) anailís a dhéanamh ar na haicmitheoirí agus ar na cáilitheoirí sa chorpas logainmneacha Gaeilge sin chun léargas a fháil ar an bpatrún logainmníochta sa cheantar taighde fad a bhí an Ghaeilge ina príomhtheanga ann; agus (c) anailís a dhéanamh ar na foirmeacha béarlaithe mar iarsmaí den chanúint dhéanach Ghaeilge a labhraíodh sa cheantar taighde. Cuireadh torthaí na hanailíse i gcomparáid le ceantair eile ansin agus, ar deireadh, rinneadh iniúchadh ar shuirbhé a rinneadh ar Ghleann an Smóil i 1771 féachaint an móide gur baisteadh aon pháircainm as Gaeilge idir an dá linn.

Cuireadh an tráchtas i láthair i dtosach báire. Rinneadh cur síos ar staidéar na logainmneacha i gcoitinne in Éirinn agus sna tíortha Ceilteacha (2.1), agus ar roinnt foilseachán éagsúil a bhaineann le mionlogainmneacha agus páircainmneacha go sonrach (2.2). Tugadh cuntas ar an litríocht a phléann an ceantar taighde ach nach bhfuil dírithe ar na logainmneacha atá le fáil ann (2.3). Pléadh an dearcadh rómánsúil a bhí ag scríbhneoirí áirithe ar Ghleann an Smóil mar a bheadh tearmann inar mhair an Ghaeilge beo isteach i ndeireadh an 19ú haois (2.4).

Cuireadh síos ar na príomhfhoinsí ar baineadh úsáid astu sa tráchtas (2.5). I measc na bhfoinsí scríofa bhí Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis (1837), liostaí fánacha Liam Price agus C.G. Thompson (lár an 20ú haois), liosta an Choirnéil O'Connell-Fitzsimons (1975) agus cnuasach mionainmneacha Pat Lee (2015); i measc na bhfoinsí fuaimthaifeadta bhí na hagallaimh a rinne Séamas Mac Philib sna gleannta le linn Tionscadal Bhéaloideas na Cathrach (1980), obair pháirce fhánach a rinne an Brainse Logainmneacha (1995) agus na hagallaimh a rinne an taighdeoir féin le blianta beaga anuas (2018–2023). Tar éis cur síos gairid a thabhairt ar an gceantar taighde (3.1) tugadh cuntas ar conas mar a aimsíodh na mionlogainmneacha sna foinsí éagsúla seo chun tacar logainmneacha an tráchtas a chruthú (3.2). Tugadh liosta (anaithnidithe) de na faisnéiseoirí a sholáthair an fuaimniú áitiúil (3.2.2). Cuireadh an tacar logainmneacha i láthair agus míníodh an leagan amach caighdeánach atá ar gach iontráil ann (3.2.3).

Is i gcaibidil 4 atá an chuid is toirtiúla den tráchtas. Is anseo a pléadh an fhianaise do gach logainm sa tacar logainmneacha ó thaobh anailís teangeolaíochta agus tráchttaireacht logainmníochta de, le cúnaimh léaráidí, léarscáileanna agus grianghraf. Tugadh aitheantas do na fadhbanna a bhain le hanailís a bhunú ar an bhfíorbheagán fianaise a thagann anuas. Rinneadh anailís ar gach logainm ó thaobh deilbhíochta agus bunstruchtúir de. Tar éis plé a dhéanamh ar bhunús agus ar bhrí an logainm, tugadh faoi cheannfhoirm Ghaeilge a shocrú i ngach cás. Rangaíodh buneilimint(í) gach logainm de réir na gcatagóirí ar cuireadh síos orthu i mír 3.4.1. Tarraingíodh aird ar ghné ar bith den fhuaimniú béarlaithe áitiúil a measadh a d'fhéadfadh solas a chaitheamh ar an bhfuaimniú déanach Gaeilge.

Rinneadh anailís ar an tacar logainmneacha mar logainmneacha Gaeilge ar an gcéad dul síos (5.1). Nuair a féachadh ar dheilbhíocht na logainmneacha (5.1.1) fuarthas amach go raibh níos mó ná leathchuid díobh (51.13%) den struchtúr (I) .i. *ainmfhocal* (+ *aidiacht*) + *alt* (+ #) + *ainmfhocal* (+ *aidiacht*) nó den struchtúr (II) .i. (*alt* +) *ainmfhocal* + *aidiacht* / (*alt* +) *aidiacht-ainmfhocal*,³⁰⁰ struchtúir atá le fáil go coitianta i logainmneacha Gaeilge ón 11ú haois i leith ach nach féidir aon aois níos cruinne ná sin a chur orthu. Ba *ainmfhocail shimpléacsúla* iad 30.35%, struchtúr nach féidir a dhátú in aon chor. Ní raibh ach 7.35% den struchtúr *ainmfhocal* (+ #) + *ainmfhocal* (+ *aidiacht*), an struchtúr is sine díobh go léir go teoiriciúil; ach cé go raibh cuma ársa ar chuid acusan (m.sh. ***Carraig Dhuáin**, ***Móin Log**) is léir go raibh cuid eile an-dhéanach (m.sh. *(**Na**) **Toim Luachra**). Rinneadh anailís tíopeolaíochta ar na haicmitheoirí (5.1.2); léiríodh dáileadh na n-ainmneacha ar ardáin in Aguisín T. Fuarthas torthaí spéisiúla, m.sh. ó thaobh ainmneacha sruthán de: samplaí cinnte de **tromán** i nGleann an Smóil amháin, de **easca** i nGleann Cuilinn amháin agus de **slád** i dTeach Sagard amháin; léiríodh dáileadh na n-eilimintí seo ar léarscáil in Aguisín U. Scrúdaíodh ainmneacha na ngnéithe aiceanta eile freisin. Rinneadh cúram speisialta de na téarmaí ar pháirceanna, go bhfuarthas gur **páirc** (25.80%) agus **garraí** (12.90%) is comónta, agus go raibh na samplaí cinnte de **fearann** le fáil i nGleann an Smóil amháin, rud a d'fhéadfadh a bhaint leis an láthair eaglasta. Sa ghleann sin amháin, freisin, a bhí **croite** le fáil .i. an réadú áitiúil ar **crochta** < Brl. *croft* le forás go /gr-/ sa bhéarlú.

Rangaíodh na cáilitheoirí idir ainmfhocail cháilithe (65.93%) agus aidiachtaí cáilithe (34.07%) (5.1.3). Ainmhithe, daoine, plandaí agus mianraí na hainmfhocail cháilithe is coitianta; de na haidiachtaí ba dhathanna 37% acu agus ba den fhothacar *mór/beag* 30.65% (ach thabharfadh an tromlach soiléir ar son **mór** san fhothacar sin (17/19 = 89.47%) nach méid coibhneasta a bhí á chur in iúl de ghnáth ach méid dearfa). Pléadh na cáilitheoirí eile freisin.

Cé gur leasc leis an taighdeoir na foirmeacha seanbhéarlaithe labhartha de na logainmneacha seo a chur chun cinn mar fhianaise chanúna (5.2), pléadh a raibh d'adhmaid le déanamh as fuaimniú an lae inniu mar threoir ar fhuaimniú déanach na Gaeilge sa cheantar. (Is ar na foirmeacha ó bhéil amháin a bunaíodh an anailís seo, gan ach tagairtí tánaisteacha don fhianaise scríofa.)

Cúrsaí aicinn is túisce a pléadh (5.2.1), mar a bhfuarthas i bhformhór glan na samplaí an bhéim ar an gcéad siolla de logainmneacha déshiollacha/tréshiollacha dar críoch siolla fada; ní raibh aon ghiorrú suntasach ar fhaid an tsiolla deiridh. Ní raibh ann ach cúpla eisceacht. Thaispeáin logainm amháin ardú /ε/ go /ɪ/ sa chéad siolla roimh shiolla fada freisin .i. ***An Feadán**; d'fhéadfadh sé gur ardú mar sin (i bhfochair /ɪ/ neasaigh bhéarlaithe) faoi ndear /ɪ/ sa chéad siolla den réadú ar **cnocán** i GS — ach níl a leithéid le clos i GC.

Fuarthas fianaise ar son défhoghrú roimh chonsain theanna chaola in **coill**, **poill** agus roimh chonsain theanna leathana in **poll**; níl aon fhadú ná défhoghrú le sonrú roimh **m** caol (gan bhéim in **toim**) ná leathan (faoi bhéim in gin. **teampaill**) (5.2.2). Tá iarracht den fhadú in **linn** agus gin. **Finn** agus fuarthas luaineacht idir /n/, /ŋ/ sa chonsan deiridh ansin. Bhí /-ŋ-/ ag ceathrar cainteoirí (agus

³⁰⁰ Tá na haidiachtaí réamhshuite **sean-** agus **corr-** bisiúil sa Nua-Ghaeilge fós agus ní thugann aon aois le fios.

[-ɣ-] sa chaint thapaidh) in **mongán** ach /-ŋg-/ ag cainteoir amháin (5.2.3); is cosúil nach **-ng-** stairiúil a thug /-ŋg-/ i ***Suí Fionnáin**.

Is mar /k/ a béarlaíodh **-ch(-)** leathan tríd síos (***An Sliabh Carrach** an t-aon eisceacht), le cuimiltiú /k/~x/ ar uairibh nach léir ar iarsma den chuimilteach Gaeilge é. Is cosúil gur réadaíodh **ch-** tosaigh mar /x/ in gin. **chaca**. An fuaimniú céanna /k/~x/ a bhí ar **-th** leathan deiridh in **sruth** ach tá **-th** leathan balbh sna samplaí de **áth**. Cailleadh **-th-** leathan idirghutach le fadú cúitimh in gin. **Chathail** agus an dála céanna le **-th-** caol in gin. **chroithligh**, gin. **raithní**; d'fhorbair défhoghar in gin. **raithin**, **foidhrí** (< **foithrí**). Cailleadh **-th-** tar éis guta fada in **bóthar**, gin. **áithe** agus roimh guta fada in **sruthán** (5.2.4).

Tá **-bh** leathan deiridh balbh i ndiaidh guta san fhuaimniú traidisiúnta béarlaithe de **sliabh**, **dubh** agus i ndiaidh **-r-** (+ guta cúnta) in **garbh**. Tá meascán fuaimnithe de **bh-**, **mh-** leathan tosaigh: /w/ (faoi bhéim) in **bhán**, gin. **mhullaigh**; /v/ (faoi bhéim) in **mhór**; /v/ (gan bhéim) in gin. **mhulláin** (5.2.5). Tá an défhoghar /əu/ le clos agus béim an ghutha ar **-abh(a)-** in **ghabhair**, **abhra**, **Ghabhann** [GS] agus ní fios cé chomh traidisiúnta is atá an réadú ar /o:/ in **abhainn** (gan bhéim) [GC]; fuarthas /a(·)/ i sampla cuíosach cinnte de **gabhlaigh** (gan bhéim). (Ar an drochuair níor chualathas aon fhuaimniú a chaithfeadh solas ar an litriú suntasach '*adhain*'/'*aidhin*' (1837) ar ***Abhainn Dothra**.) Thug **-(e)amh(a)-** réaduithe ar /j)o:/ sna samplaí de **leó** (< **leamhaigh**) (5.2.6). Rinneadh /ə/ de **-(a)igh** deiridh in gin. **mhullaigh** [GS] (mionainm); cloistear /i(·)/ in tabh. **brocaigh** [GC] (ainm baile fearainn). Tá /i:/ le clos in **cláí** (< **claidhe**) [GS] agus défhoghar atá le clos in gin. **saidhe** (< **sadh**) [GC] (5.2.7).

Cloistear /(ɪ)tʃ/ sa charn **-rt-** caol in gin. **Máirtín**, **páirt** [GC]; is cosúil gur fhorbair **t-caol** /tʃ/ go /kʲ/ i sampla amháin de gin. **aitinn** [GS] (5.2.8).

Is é /kr-/ an réadú coitianta ar **cn-** tríd síos (5.2.9).

Ó thaobh na ndéfhoghar de, béarlaíodh **-ao-** mar /i:/ in **chaol** agus in gin. **Aodha/Aoidh** (ní bhfuarthas aon deimhniú ar fhuaimniú **caortha(i)nn** a chaithfeadh solas ar litriú caighdeánta Brl. *-keeran* ag EÓC (1837) ná an litriú débhríoch Brl. *Quayreen* mar ainm áitiúil ar an gcrann féin (1904)); béarlaíodh **-ua-** mar /o:/ in **buaille** (faoi bhéim) [GC], mar /o/ in **cuan** (gan bhéim) [GS], agus mar /u:/ in **rua** (faoi bhéim) [GS]. Seans gur fhorbair **-ia-** go /əi/ in **stiall** [GS] de bharr Athrú Mór na nGutaí³⁰¹ ach bheadh an fhorbairt Bhéarla sin eisceachtúil sa cheantar taighde (5.2.12).

Ó thaobh na ngutaí de, is **a-cúil** gairid /a/ atá le clos in **carraig**, **leacain** [GS], **clais** (faoi bhéim) [GS], gin. iol. **cat** [GC]; **á-cúil** fada /a:/ in **bán** [GS, GC], **brácaí** [GS], **ráth** [GS], **áth** [GS], **ard** [GS], gin. **áithe** [GS], **páirc** [GS, GC], **páirt** [GC]. Cloistear **a-tosaigh** gairid /a/ i sampla eile de **clais** (gan bhéim) [GC], **leacain** [GC], agus **á-tosaigh** fada /a:/ i sampla amháin de **páirc** (i. ***Páirc Eoghain**) [GS]. Ardaítear /o:/ go /u:/ (i bhfochair srónaigh) i ngach sampla de **móin**, gin. **móna**, faoi bhéim i GS; ach is réadú soiléir ar /o:/ atá air (gan bhéim) i **Móin an Loig** [GC]. Pléadh na gutaí eile freisin (5.2.11). Tá sampla soiléir den ghuta cúnta tar éis **sean-** [GS] (5.2.13).

³⁰¹ An t-athrú forleathan a tháinig ar ghutaí fada i gcanúintí an Bhéarla idir an 16ú agus tús an 18ú haois.

Tugadh faoi deara gur gnéithe iad seo go léir a bhíonn le fáil i dteannta a chéile i logainmneacha an oirdheiscirt.

Scrúdaíodh foirmeacha taifeadta ó dhá thréimhse éagsúla le daichead bliain eatarthu (.i. 1980 agus 2018–2023) gur tháinig roinnt difríochtaí diacronacha chun solais sna leaganacha béarlaithe féin, mar atá, giorrú logainmneacha go dtí aicmitheoir simpléacsúil (5.3.1), truailliú nó coimriú (5.3.2), athrú béime (5.3.3) agus fiú forcheartú (5.3.4). Pléadh gnéithe ilchineálacha eile den phróiseas béarlaithe freisin (5.4).

Cuireadh na torthaí anailíse don cheantar taighde i gcomparáid leis na sonraí cuí atá ar fáil do cheantair eile. Rinne an taighdeoir scagadh agus rangú ar chnuasaigh mhionlogainmneacha i gContaetha na Mí, an Chabháin, Chill Mhantáin, Chill Dara, agus Chill Chainnigh ionas go bhféadfaí iad a chur i gcomórtas leis an gceantar taighde go hordúil ó thaobh a gcuid logainmneacha Gaeilge de (5.5). Ansin, cuireadh an ráta marthanachta *Gaeilge : Béarla* sa cheantar taighde i gcomparáid le dhá cheantar bheaga eile ina bhfuil sonraí uileghabhálacha le fáil (5.6). Rinneadh anailís ar an gcorpas mionlogainmneacha Béarla sa dá ghleann [GS+GC] ar an mbonn chéanna leis an gcorpas Gaeilge agus cuireadh na torthaí i gcomórtas le chéile chun spléachadh idirtheangach a fháil ar an gceantar taighde.

Caitheadh súil ar dháileadh geografach na bpáircainmneacha i nGleann an Smóil de réir na seanghabháltas talún a chuirtear síos orthu i suirbhé eastát Cobbe 1771 (Aguisín R). Fuarthas gur sa chuid thiar theas den ghleann, an áit is seasta lonnaíochta idir 1771 agus 1850 de réir anailís Nolan (1992), is mó a mhair na páircainmneacha de bhunús Gaeilge. Fuarthas freisin nach móide gur cruthaíodh aon pháirc nua ó 1771 i leith a bhfuil ainm Gaeilge uirthi (5.7). Ní bhfuarthas aon ainm ar ghort i nGlaise an Mhulláin atá imfhálaithe anois ach atá léirithe i Shuirbhé 1771 mar chuid den choimíneacht oscailte ('#6 Common 1a-0r-00p' P.4033) (.i. an pháirc 1-161 acra taobh thoir theas de *Chúil Mhic Aodha [GS2.163] lastoir — féach Fig. 57).

Chonacthas i mír 5.1 nach féidir aon dátú le dealramh a dhéanamh ar na páircainmneacha bunaithe ar a ndeilbhíocht. Mar sin féin, tugann páircainm amháin leid ar a aois féin: dhealródh sé go dtagraíonn ***Claí Stáca** do na straidhpeanna a marcáladh le linn na tréimhse feirmeoireachta oscailte ann. Dá bhfaigheadh lucht staire nó seandálaíochta amach ar ghearr ***An Bhearna Bheag** fiarsceabha trasna seanghort chun an cnuasbhaile a cheangal leis an mbóthar íochtarach i nGlaise an Mhulláin (Fig. 57), b'fhéidir go mbeadh *terminus post quem* againn don ainm Gaeilge sin; tá an fhianaise léarscáilíochta doiléir (Suirbhé 1771, SO 6", SO 6" athbhr., SO grianghraf satailíte). Agus dá mbeadh torthaí anailíse pailíne ar fáil don cheantar taighde b'fhéidir go mbeadh tuairim againn cathain is déanaí a d'fhás an leamhán sna háiteanna darb ainm ***An Leó (1) & (2)**, mar shampla — má d'fhás riamh!

Gan trácht ar an idirdhisciplíneachas seo, tá súil ag an taighdeoir go bhfuil go leor féidearthachtaí taighde logainmníochta eile ag eascairt as torthaí an tráchtais seo agus as an gcur chuige anailíse a úsáidtear ann. Ba mhaith ann tuilleadh taighde ar na srutháin sin darb ainm **tromán** i nGleann an Smóil agus i gContae Chill Mhantáin (Aguisín D) féachaint an bhfuil aon ghnéithe ar

leith ag baint leosan amháin a thuillfeadh an t-ainm sin thar na srutháin eile sa cheantar bratphortaigh. Tá cuntas ar an bhfianaise, idir scríofa agus labhartha, ar a bhfuil na ceannfhoirmeacha Gaeilge bunaithe go cáiréiseach ar mhaithe le tacar logainmneacha a chruthú don tráchtas seo, curtha os comhair an tsaoil d'fhonn is go dtiocfar ar réiteach níos géarchúisí ar na mionainmneacha is crua doiléire. Táthar ag súil leis freisin go mbeidh tuilleadh tátail le baint as na sonraí tíopeolaíochta agus as an ábhar canúineolaíochta amach anseo chun an ceantar taighde a chur ina chomhthéacs ceart. San obair sin tá géarghá le bailiúcháin iontaofa mionainmneacha, idir Ghaeilge agus Bhéarla, mar ábhar comparáide — bídís sin dírithe ar cheantar fairsing, ar aon dul le leithéid *Westmeath Field Names Recording Project* atá ar siúl faoi láthair,³⁰² nó ar cheantar cúng, amhail an suirbhé a rinne Céitinn ar chuid bheag de Chontae Laoise fadó.³⁰³ Rinne an tráchtas seo iarracht a thaispeáint go bhfuil fiúntas ag roinnt le suirbhéanna a dhéantar ar mhioncheantair ar leith chomh maith leis an léargas a thugann suirbhéanna níos leithne dúinn. B'fhéidir go bhfuil sé rómhall anois ina lán áiteanna le bailiúcháin a thiomsú a bheadh chomh saibhir, ó thaobh na Gaeilge de, leis an ábhar a thagann slán sa dá ghleann seo idir chamáin ar ámharáí an tsaoil. (Thabharfadh suirbhé cuimsitheach *FNCM* le fios, cuir i gcás, gur ar éigean a mhaireann dóthain sonraí fiú chun blaiseadh le dealramh a fháil ar phatrúin mhionlogainmníochta nó páircainmníochta Gaeilge i ndeisceart Chontae na Mí.) Más ea tá práinn leis an obair i ngach cearn den tír. Tá eireaball fada ag 'dá' riamh, agus cinnte ba mhór againn dá bhfágadh Ó Comhraí cuntas ní ba chuimsithí ar chanúint Ghaeilge na háite i 1837, dá mbeadh deis ag Liam Price an tsuirbhéireacht chéanna a dhéanamh ar pháircainmneacha na ngleannta seo is a rinne sé ar Pholl an Phúca i 1939, dá mbronnfadh Séamas Mac Philib an léarscáil ar ar bhreac sé na mionainmneacha ar an gCnuasach Béaloideas, nó dá mbeadh an taighdeoir seo in ann obair pháirce a thosú sular imigh triúr nó ceathrar d'fhaisnéiseoirí ar shlí na fírinne... Seans, mar sin féin, go bhfuil tuilleadh sonraí fiúntacha fós le teacht ón gceantar taighde idir lámha.³⁰⁴

Ó thaobh na modheolaíochta de, ní leor sa lá atá inniu ann iarracht nó dhó ar fhuaimniú mionlogainm a chur i bhfriotal in ortagrafaíocht an Bhéarla, agus áiseanna ar nós *meitheal.logainm.ie* ar fáil go saoráideach. Ach cnuasaigh iontaofa ó áiteanna eile i sean-Chúige Laighean ar an bhfód, d'fhéadfaí anailís tíopeolaíochta a imirt orthu, idir Ghaeilge agus Bhéarla, de réir catagóirí ar leith — ní gá go mb'ionann is na catagóirí a socraíodh sa tráchtas seo, nach paraidím anailíse in aon chor é ach sampla — chun solas a chaitheamh ar nósanna logainmníochta ár sinsear Gael in oirthear na hÉireann roimh an athrú teanga, lena linn agus ina dhiaidh.

³⁰² Féach <<http://aengusfinnegan.ie/field-names/>> arna cheadú Iúil 2023.

³⁰³ Céitinn 1998.

³⁰⁴ Mar shampla, rinne an taighdeoir obair pháirce chomh cuimsitheach agus ab fhéidir dó a dhéanamh agus blianta sciobtha uaidh ag an bpaindéim. Ach cloch mhór ar a phaidrín ó thús an tionscadail ab ea leagan Béarla den tráchtas, agus é nach mór críochnaithe, a chur i láthair do mhuintir an dá ghleann sa halla pobail nua i nGleann an Smóil; ní hamháin mar chúiteamh dá chuid faisnéiseoirí — rud a bhí ag dul dóibh go heiticiúil dar ndóigh — ach mar dheis aiseolais agus díospóireachta grúpa le muintir na ngleannta go léir freisin. Faraor cuireadh siar agus siar arís ar dháta oscailte an halla nua agus ní raibh na hoibreacha curtha i gcrích fós faoi Dheireadh Fómhair 2023, tráth ar cuireadh an tráchtas críochnaithe seo faoi bhráid na hOllscoile.

Leabharliosta

- Andrews, J. 1975. *A paper landscape: the Ordnance Survey in nineteenth-century Ireland*. Oxford: Clarendon Press.
- Andrews, J.H. 1966. *Introduction to Hiberniae Delineatio by Sir William Petty and Geographical Description of Ye Kingdom of Ireland by Sir William Petty and F R Lamb*. Shannon: Irish University Press.
- Baumgarten, R. 1987. 'Placenames, etymology, and the structure of Fianaigeacht' in *Fiannaíocht: Essays on the Fenian Tradition of Ireland and Scotland* (1987) 1–24. Dublin: Folklore of Ireland Society.
- Baumgarten, R. 1990. 'Etymological aetiology in Irish tradition', *Ériu* 41 (1990) 115–120.
- Beauford, W. 1786. 'The Antient Topography of Ireland' in C. Vallancey (eag.), *Collectanea de Rebus Hibernicis* Vol. III (1786) No. XI 253–426.
- Beckett, C. 1967. *Fealsúnacht Aodha Mhic Dhomhnaill*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Betham, W. 1842. *Etruria-celtica: Etruscan Literature and Antiquities Investigated: or, the language of that ancient and illustrious people compared and identified with the Iberno-Celtic, and both shown to be Phœnician*. Dublin: Philip Dixon Hardy and Sons.
- An Brainse Logainmneacha. 1989. *Gasaitéar na hÉireann/Gazetteer of Ireland*. Baile Átha Cliath.
- Breatnach, L. 1994. 'An Mheán-Ghaeilge' in K. McCone, et al. (eag.), *Stair na Gaeilge: in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (1994) 221–333.
- Breatnach, P.A. 1999. 'An Irish Bollandus: Fr. Hugh Ward and the Louvain Hagiographical Enterprise', *Éigse* 31 (1999) 1–30.
- Briody, M. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, Ideology, Methodology*. Helsinki: Finnish Literature Society.
- Brooks, E.S. 1952. 'The De Ridelesfords', *JRSAI* 87 (1952) 45–61.
- Carney, J. (eag.). 1943. *Topographical poems by Seaán Mór Ó Dubhagáin and Giolla-na-Naomh Ó hUidhrín*. Dublin: Institute of Advanced Studies.
- Carrigan, W. 1905. *The history and antiquities of the Diocese of Ossory*, I–IV. Dublin: Sealy, Bryers & Walker.
- Cavill, P. 2018. *A New Dictionary of English Field-Names*. Nottingham: English Place-Name Society.
- Céitinn, E. 1999. 'Mion-logainmneacha Bhaile Fionn: traidisiún agus béaloideas'. Tráchtas MA, Ollscoil Mhá Nuad.
- Colgan, J. 1647. *Trias Thaumaturga, seu divorum Patricii, Columbæ, et Brigidæ...* Lovania: Apud Cornelium Coenestenum.
- Colgan, N. 1904. *Flora of the County Dublin: Flowering Plants, Higher Cryptograms, and Characeæ*. Dublin: Hodges, Figgis & Co., Ltd.
- Comyn, D. & P.S. Dinneen (eag.). 1902–1908. *Foras Feasa ar Éirinn [FFÉ]* I–III in *Irish Texts Society [ITS]* 4 (1902), 8 (1908a), 9 (1908b).
- Corlett, C. & M. Weaver (eag.). 2002. *The Liam Price Notebooks*.
[Corlett, C. 2008. = *BPR* (príomhfhoinsé)]
- Crofton Croker, T. 1824. *Researches in the South of Ireland Illustrative of the Scenery, Architectural Remains, and the Manners and Superstitions of the Peasantry*. London: C. Roworth.
- de Bhaldraithe, T. 1987. 'An Pluincéadach: ceannródaí foclóireachta', *Teangeolas* 22 (Earrach, 1987) 19–25.
- de hÓir, É. 1962. *Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- de hÓir, É. 1964. 'Ainmleabhair na gCnoc', *Dinnseanchas* Iml. I, Uimh. 2 (Nollaig 1964) 46–49.
- de hÓir, É. 1975. 'Sracfhéachaint ar Logainmneacha Bhaile Átha Cliath', *Studia Hibernica* 15 (1975) 128–142.
- de Valéra, R. 1949. 'Seán Ó Donnabháin agus a lucht cúnta', *JRSAI* 79 (1949) 146–159.

- Dinneen, P. 1904. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish–English Dictionary* (1904). Dublin: Irish Texts Society.
- Dobson, E.J. 1957. *English Pronunciation 1500–1700*, I–II. Oxford.
- Doherty, G. 2004. *The Irish Ordnance Survey: history, culture and memory*. Dublin: Four Courts Press.
- Doolan, T.P. 1998. *A Dictionary of Hiberno-English. The Irish Use of English*. Dublin: Gill & Macmillan.
- Duffy, P.J. 2013. ‘Reading and Writing the Meath Landscape’ in *FNCM* 349–359.
- Dunne, J. 1852. ‘The Fenian Traditions of Sliabh-na-m-Ban’, *Transactions of the Kilkenny Archaeological Society for the year 1851*, Vol. 1, Part 3 (1852) 333–362.
- Eachard [sic], L. 1691. *An exact description of Ireland chorographically surveying all its provinces & counties...* (1691). London: Tho. Salusbury.
- FitzPatrick, E. 2012. ‘Formaí na Fiann: Hunting Preserves and Assembly Places in Gaelic Ireland’, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 32 (2012). Harvard.
- Flanagan, D. 1980. ‘Place-Names in Early Irish Documentation: Structure and Composition’, *Nomina* IV (1980) 41–46.
- Flanagan, D. 1982. ‘Some guidelines to the use of Joyce’s “Irish Names of Places”’, *BUPN*, Series 2, Volume 4 (1982) 61–69.
- Flatrès, P. 1958. *Géographie rurale de quatre contrées celtiques*. Rennes: Plihon.
- Greene, D. 1976. ‘The influence of Scandinavian on Irish’, *Proceedings of the 7th Viking Congress, Dublin 15–21 August 1973* (1976) 75–82.
- Gill, W.W. 1929. *A Manx Scrapbook*. London, Bristol: Arrowsmith.
- Gill, W.W. 1932. *A Second Manx Scrapbook*. Bristol: J.W. Arrowsmith, Ltd.
- Greene, D.H. & E.M. Stephens. 1959. *J.M. Synge, 1871–1909*. New York: The Macmillan Company.
- Gregory, R. 2018a. ‘Introduction’ in Cavill 2018: v–xxxviii.
- Gregory, R. 2018b. ‘Sense of place in the digital age: recent innovation in the English Place-Name Survey’, ‘*Aithním an chré agus an chloch...*’ *Cear dlann Mionlogainmneacha*, DCU 18/5/2018.
- Grierson, G. (eag.) 1786. *The Statutes at Large passed in the Parliaments held in Ireland...*, vol. III. Dublin: Grierson.
- Hardiman, J. (eag.). 1828. ‘Ancient Irish deeds and writings, chiefly related to landed property, from the twelfth to the seventeenth century’, *Transactions of the Royal Irish Academy* 15 (1828) 3–96. Dublin: Royal Irish Academy.
- Hardiman, J. (eag.). 1846. *A Chorographical Description of West or H-Iar Connaught*. Dublin: Irish Archaeological Society.
- Harrison, A. 1988. *Ag Cruinniú Meala: Anthony Redmond (1675–1726), ministéir Protastúnach, agus léann na Gaeilge i mBaile Átha Cliath*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Helleland, B. 2012. ‘Place Names and Identities’, *Oslo Studies in Language* Vol. 4, No. 2 (2012)
- Healy, P. 1961. ‘The Valley of Glenasmole’, *Dublin Historical Record* Vol. XVI No. 4 (August, 1961), 109–130.
- Healy, P. 2004. *All Roads Lead to Tallaght*. Dublin: South Dublin Libraries.
- Hely, J. (eag., aistr.) & R. O’Flaherty. 1793. *Ogygia, or, a chronicle of Irish events by Roderic O’Flaherty*. 2 vols. Dublin.
- Herity, M. (eag.). 2001. *Ordnance Survey letters Dublin: letters containing information relative to the antiquities of the County of Dublin collected during the progress of the Ordnance Survey in 1837*. Dublin: Four Master Press.
- Herity, M. 2014. ‘John O’Donovan’s work for the OS’, léacht a tugadh d’Acadamh Ríoga na hÉireann 29/10/2014. Le fáil ar www.slideshare.net.
- Hogan, E. 1910. *Onomasticon Goedelicum Locorum Et Tribuum Hiberniae et Scotiae. An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes*. Dublin: Hodges, Figgis & Co.
- Joyce, P.W. 1869. *Irish names of places. Vol. I*. Dublin: Phoenix Publishing Co., Ltd.

- Joyce, P.W. 1875. *Irish names of places. Vol. II.* Dublin: Phoenix Publishing Co., Ltd.
- Joyce, P.W. 1913. *Irish names of places. Vol. III.* Dublin: Phoenix Publishing Co., Ltd.
- Kaup, M. 1966. 'Finnish Place Names in Minnesota: A Study in Cultural Transfer', *Geographical Review* Vol. 56, No. 3 (July 1966) 377–397.
- Kelly, F. 1990. *A guide to early Irish law.* Dublin: Institute for Advanced Studies.
- Kennedy, S. 1952. 'Coquebert de Montbret in search of the hidden Ireland', *JRSAI* 82 (1952) 62–67.
- Kiberd, D. 1978. 'The Nature and Extent of Synge's Knowledge of Irish', *The Maynooth Review/Reviú Mhá Nuad*, Vol. 4 No. 1 (May, 1978).
- Kneen, J.J. 1925. *The Place-Names of the Isle of Man, With their Origin & History.* Douglas: Yn Cheshacht Ghailckagh.
- Lankford, E. 1995. 'Logainmneacha Chléire, Co. Chorcaí', Tráchtas PhD., Coláiste Mhá Nuad.
- Laoide, S. 1901. *Sgéalaidhe Fearnmhuighe.* Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Laoide, S. 1907. 'Triallam Mór-thimcheall Átha Cliath', *Irisleabhar na Gaedhilge XVII* (Iúil 1907) 361–367.
- Lennon, J. 2003. 'Irish Orientalism: An Overview' in Carroll & King (eag.), *Ireland and postcolonial theory.* Notre Dame Press.
- Love, W.D. 1961. 'Edmund Burke, Charles Vallancey and the Sebright Manuscripts', *Hermathena* 95 (July 1961) 21–35.
- Lynch, M. & E. Ó Loingsigh. 2021. *Logainmneacha na Machairí — The Traditional Place Names of Maharees.* Maharees Conservation Association.
[féach freisin <https://mahareesplacenames.com/>]
- Mac Airt, S. (eag.). 1944. *Leabhar Branach. Book of the O'Byrnes.* Dublin: Institute for Advanced Studies.
- Mac Amhlaigh, L. 2008. *Foclóirí agus foclóirithe na Gaeilge.* Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Mac an Bhaird, A. 1977. 'Sí agus Sián', LS neamhfhoilsithe i seilbh an Bhrainte Logainmneacha.
- Mac an Bhaird, A. 1982. *Placenames Universals.* Tráchtas neamhfhoilsithe i seilbh an Bhrainte Logainmneacha.
- Mac an Bhaird, A. 1991. 'Ptolemy revisited', *Ainm* 5 (1991) 1–20.
- Mac Aodha, B. 1977. 'Ainmneacha na nGarraithe: a nádúr agus a dtábhacht', *Dinnseanchas VI* (1974–77) 93–96.
- Mac Aodha, B. 1982. 'Mionainmneacha Chontae Lú', *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* Vol. 20, No. 2 (1982) 127–143.
- Mac Aodha, B. 1986. 'Some Aspects of the Toponymy of the Crannagh District, Glenelly, Co. Tyrone', *Ainm I* (1986) 83–91.
- Mac Aodha, B. 1988. 'Some Aspects of the Toponymy of the Glenshane District, Co. Derry', *Ainm III* (1988) 59–72.
- Mac Aodha, B. 1990. 'Some Aspects of the Toponymy of the Commeen District, Gweebarra, Co. Donegal', *Ainm IV* (1990) 165–179.
- Mac Cába, S. 1962. *Historical notes on Laois and place names of Ballyroan.* Portlaoise: Old Laois Society.
- Mac Cana, P. 1987. *The learned tales of medieval Ireland.* Dublin: Institute for Advanced Studies.
- Mac Clúin, S. 1922. *Réilthíní Óir.* Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachas na h-Éirean.
- MacCurtin, H. 1728. *The Elements of the Irish language, grammatically explained in English.* Louvain: Martin van Overbeke.
- Mac Eoin, G. 2007. 'What Language was Spoken in Ireland before Irish?' in H.L.C. Tristram (eag.), *The Celtic languages in contact: Papers from the workshop within the framework of the XIII International congress of Celtic studies, Bonn, 26–27 July 2007* (2007) 113–125. Potsdam: Potsdam University Press.
- Mac Gabhann, F. 1994. 'The water was the sheriff: the land beneath the Poulaphuca Reservoir', in K. Hannigan & W. Nolan (eag.), *Wicklow: History & Society* (1994).

- Mac Giolla Chomhghaill, A. 2022. ‘Galldú agus Gaelú i logainmneacha Chúige Laighean’, *Logainmneacha i gcríocha dátheangacha* (Ceardlann de chuid DCU, 12/5/2022).
- Mac Giolla Chomhghaill, A. 2023. ‘Microtoponymy in the Ordnance Survey Memoranda, including a case study from the Dublin glens’, *Léacht Dheirdre Uí Fhlannagáin*, Béal Feirste 2/6/2023.
- Mac Giolla Chomhghaill, A. [le teacht 2024] ‘Ireland’, in P. Jordan (eag.), *Minority place-name standardization in Europe. A comparison of regulations and approaches in Europe*. Wien: Springer.
- Mac Giolla Easpaig, D. 1981. ‘Noun + Noun Compounds in Irish Placenames’, *Études celtiques* 18 (1981) 151–163.
- Mac Giolla Easpaig, D. 1990. ‘The place-names of Rathlin Island’, *Ainm* 4 (1989–1990) 3–89.
- Mac Giolla Easpaig, D. 2002. ‘L’influence scandinave sur la toponymie irlandais’ in É. Ridel (eag.), *L’héritage maritime des Vikings en Europe de l’Ouest* (2002) 441–482.
- Mac Giolla Easpaig, D. 2008. ‘Placenames Policy and its Implementation’ in C. Nic Pháidín & S. Ó Cearnaigh (eag.), *A new view of the Irish language* (2008) 164–177.
- Mac Giolla Easpaig, D. 2009. ‘Ireland’s heritage of geographical names’, *Wiener Schriften zur Geographie und Kartographie* 18 (2009) 79–85.
- Mac Graith, U. & T. Ní Ghearraigh. 2004. *Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin i mBarúntacht Iorrais, Condae Mhaigh Eo*. Castlebar: Comhar Dhún Chaocháin Teo.
- Mac Mathúna, L. 1988. ‘Old Irish heights and word-field potential’, *Stud. Hib.* 24 (1984–1988) 29–50.
- Mac Mathúna, L. 1989. ‘Tilling some lexical fields’, *Teanga* 9 (1989) 84–99.
- Mac Mathúna, L. 1990a. ‘An Ghaeilge i mBaile Átha Cliath’ in J. Kelly agus U. Mac Gearailt (eag.), *Dublin and Dubliners; essays in the history and literature of Dublin city*. Dublin.
- Mac Mathúna, L. 1990b. ‘The topographical vocabulary of Irish: patterns and implications’, *Ainm* 4 (1990) 144–164.
- Mac Mathúna, L. 1997. ‘A lexical trek through some Early Irish “valleys”’, in A. Ahlqvist & V. Čapková (eag.), *Dán do oide. Essays in memory of Conn R. Ó Cléirigh 1927–1995* (1997) 325–36. Dublin.
- Mac Mathúna, L. 1998. ‘Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath’, in B. Mac Aodha (eag.), *Sráidainmneacha na hÉireann* (1998) 205–241.
- Mac Mathúna, L. 2004. ‘Continuity and change in Early Irish words for ‘Plain’: exploring narrative text and place-name divergence’, *Ériu* 54 (2004) 149–170.
- Mac Mathúna, L. 2007. ‘On the provenance of the Early Irish topographical lexicon’ in M. Ó Flaithearta (eag.), *Proceedings of the Seventh Symposium of Societas Celtologica Nordica* (2007) 33–52.
- Mac Mathúna, L. 2012. ‘Getting to grips with innovation and genre diversification in the work of the Ó Neachtain circle in early eighteenth-century Dublin’, *Eighteenth-century Ireland/Iris an dá chultúr* 27 (2012) 52–83.
- Mac Mathúna, L. 2015. Muintir Neachtain, an nua-aoiseacht agus dúchas Gaelach Bhaile Átha Cliath’, *Dublin Historical Record* 68 (2015) 206–225.
- Mac Philib, S. 2006. ‘Dublin South to North Inner City: An Urban Folklore Project 1979–1980’, *Béaloideas* 74 (2006) 103–121.
- MacShamhráin, A. 2009. ‘Early Christian Ecclesiastical Settlement in Ireland 5th to 12th Centuries’ <https://monasticon.celt.dias.ie/>.
- Mag Eacháin, C. & A. Ó Fionnagáin. 2019. ‘Béitín agus béiteáil’, *Éigse* 40 (2019) 161–185.
- Maginn, C. 2004. ‘English Marcher Lineages in South Dublin in the Middle Ages’, *Irish Historical Studies* Vol. 34, No. 134 (November 2004) 113–136.
- Marstrander, C.J.S. 1915. *Bidrag til det norske sprogs historie i Irland*. Kristiania: I kommission hos Jacob Dybwad.

- McCone, K., D. McManus, C. Ó Háinle, N.J.A. Williams & L. Breatnach (eag.). 1994. *Stair na Gaeilge: in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig.
- McGrath, M. (eag.), 1936–1937. *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúileabháin: The diary of Humphrey O'Sullivan, Irish Texts Society vols. 30–33*. London: Irish Texts Society.
- McManus, D. 1994. 'An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach' in K. McCone, et al. (eag.), *Stair na Gaeilge* (1994) 335–445.
- Mhac an Fhailigh, É. 1948. 'A Westmeath word-list', *Éigse* 5 (1948) 256–266.
- Mná Fiontracha. 2003. *Cosáin an tSaoil: Bailiúchán Bhéaloideas Árann*. Gaillimh: Mná Fiontracha.
- Mooney, C. 1950a. 'Topographical fragments from the Franciscan Library', *Celtica* I (1950) 64–85.
- Mooney, C. 1950b. 'Colgan's inquiries about Irish place-names', *Celtica* I (1950) 294–285.
- Morley, V. 1995. *Crann os Coill: Aodh Buí Mac Cruitín, c.1680–1755*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Murray, K. & P. Ó Riain (eag.). 2011. *Edmund Hogan's Onomasticon Goedelicum: reconsiderations*. Irish Texts Society, Subsidiary Series 23. London: Irish Texts Society.
- Nic Cárthaigh, E. 2004. 'Tadhg Ó Neachtuin: a man of lists', in Carey, Herbert, Murray (eag.), *Cín Chille Cúile: texts, saints and places. Essays in honour of Pádraig Ó Riain* (2004) 208–224.
- Nic Cárthaigh, E. 2011. 'Updating the *Onomasticon*: Challenges' in Murray & Ó Riain (eag.), *Edmund Hogan's Onomasticon Goedelicum: Reconsiderations* (2011) 81–102.
- Ní Chléirigh, M. (eag.). 1944. *Eólas ar an Domhan*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Nic Lochlainn, M. & B. Ó Raghallaigh (eag.). 2012. *Placenames Workshop – Management and dissemination of toponymic data online*. Dublin: Fiontar.
- Nic Pháidín, C. (eag.) 1999. *Dinnseanchas na mBlascaodaí*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Nic Pháidín, C. & S. Ó Cearnaigh (eag.). 2008. *A new view of the Irish language*. Dublin: Cois Life.
- Nilsson, L. 2012. 'Swedish Placename Research Yesterday and Today' in Nic Lochlainn & Ó Raghallaigh 2012: 77–82.
- Nolan, W. 1992. 'Society and Settlement in the Valley of Glenasmole', in F.H.A. Aalen & K. Whelan (eag.), *Dublin City and County: from Prehistory to Present* (Dublin: Geography Publications) 5–41.
- O'Brien, J. 1768. *Focalóir Gaoidhíle–Sax-Bhéarla, or An Irish–English Dictionary*. Paris. [Féach freisin <https://specialcollections.ul.ie/obriens-irish-english-dictionary-paris-1768/>.]
- Ó Buachalla, B. 1992. 'Seacaibíteachas Thaidhg Uí Neachtain', *Studia Hibernica* 26 (1991–1992) 31–64.
- Ó Buachalla, B. 1996. *Aisling ghéar: Na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn, 1603–1788*. Baile Átha Cliath: Clóchomhar Tta.
- O'Byrne, E. 2003. *War, Politics and the Irish of Leinster 1156–1606*. Dublin: Four Courts Press.
- Ó Catháin, S. & P. O'Flanagan. 1975. *The Living Landscape*. Dublin: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ó Cathasaigh, T. 1978. 'The semantics of *síd*', *Éigse* 17 (1977–1978) 137–155.
- Ó Cearbhaill, P. 1997. 'Abhalta nó olltaigh srl. i logainmneacha?', *Studia Hibernica* 29 (1995–1997) 205–216.
- Ó Cearbhaill, P. 2007. *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Cearbhaill, P. 2010. *Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Cearbhaill, P. 2012. 'An dinnseanchaí Déiseach agus a shaothar', *An Linn Bhuí* 16 (2012) 168–183.
- Ó Cíobháin, B. 1964. 'Logainmneacha ó dheisceart Thiobraid Árann', *Dinnseanchas* 1 (1964) 32–42.
- Ó Cíobháin, B. 1969–71. 'Logainmneacha ó bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir', *Dinnseanchas* 3 (1968–69) 38–49, 99–108; *ibid.* 4 (1970–71) 8–16, 38–45, 113–25.

- Ó Cíobháin, B. 1978. *Toponomia Hiberniae I: Barúntacht Dhún Ciaráin Thuaidh*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Cíobháin, B. 1984a. *Toponomia Hiberniae II: Paróiste Chill Chrócháin, leath thiar*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Cíobháin, B. 1984b. *Toponomia Hiberniae III: Barúntacht Dhún Ciaráin Theas, leath thoir*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Cíobháin, B. 1985. *Toponomia Hiberniae IV: Paróiste an Teampaill Nua*. Baile Átha Cliath: An Foras Duibhneach.
- Ó Coigligh, C. 1995. ‘Ainmneacha daoine agus áiteacha in Inis Meáin, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe’, Tráchtas PhD, Coláiste na Tríonóide.
- Ó Coileáin, S. 1993. ‘Place and Placename in *Fianaigheacht*’, *Studia Hibernica* 27 (1993) 45–60.
- Ó Conchubhair, D. 1948. ‘Focail Ghaedhilge ó Dharmhagh Ua nDuach’, *Éigse* 5 (1948) 267–282.
- O’Connell, P. 1937. *The Diocese of Kilmore: Its History and Antiquities*. Dublin: Browne and Nolan.
- O’Conor, C. 1766. *Dissertations on the History of Ireland* (2ú eag.). Dublin: G. Faulkner.
- O’Conor, C. 1786a. ‘Reflections on the History of Ireland’ [dar dáta 3/9/1782], in Vallancey (eag.), *Collectanea* III (1786) No. X 213–246.
- O’Conor, C. 1786b. ‘On the Heathen State, and Antient Topography of Ireland’ [dar dáta 20/3/1783], in Vallancey (eag.), *Collectanea* III (1786) No. XII 647–677.
- Ó Corráin, D. 1992. ‘A Future for Irish Placenames’ in Ó Maolfabhail (eag.), *The Placenames of Ireland in the Third Millennium/Logainmneacha na hÉireann sa Tríú Mílaois* (1992) 33–47.
- Ó Corráin, D. 1997. ‘Old Norse place names II: *Muirbech, Smjörvík*’, *Peritia* 11 (1997) 187.
- Ó Crualaoich, C. 2018. ‘Townland and Defunct Place-Names in Sligo: Evidence for Surnames in the Historical Forms of Townland and Other Place-Names. Part II’, *Sligo Field Club Journal* 4 (2018) 19–36.
- Ó Crualaoich, C. & A. Mac Giolla Chomhghaill, 2016. *Logainmneacha na hÉireann IV: Townland names of Co. Wexford/Ainmneacha na mbailte fearainn, Co. Loch Garman*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Cuív, B. 1979. ‘Borrowed elements in the corpus of Irish personal names from medieval times’, *Nomina* 3 (1979) 40–51.
- Ó Cuív, B. 1988. ‘Personal names as an indicator of relations between native Irish and settlers in the Viking period’, in J. Bradley (eag.), *Settlement and society in medieval Ireland: studies presented to F.X. Martin, O.S.A.* (1988) 79–87.
- Ó Cuív, B. 1990. ‘*Dinnshenchas*: the literary exploitation of Irish place-names’, *Ainm* 4 (1989–1990) 90–106.
- Ó Dálaigh, B. 2007. ‘Micheál Ó Coimín: Jacobite, protestant and Gaelic poet, 1676–1760’, *Studia Hibernica* 34 (2007) 123–150.
- Ó Dálaigh, P. 2006. ‘Logainmneacha bharúntacht Orbhraí agus na Coille Móire i dtuaisceart chontae Chorcaí’. Tráchtas PhD. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Ó Dálaigh, P. 2008. ‘Ainmleabhair Orbhraí agus na Coille Móire’ in S. Ó Coileáin, Liam P. Ó Murchú, Pádraigín Riggs (eag.), *Séimhfhear Suairc. Aistí in ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir* (2013) 519–545.
- Ó Dálaigh, P. 2018. ‘The holy wells of County Kilkenny in terms of documentary coverage, location, ritual practice and onomastic concept’. Tráchtas PhD. Ollscoil Luimnigh.
- Ó Doibhlín, B. 2009. *Manuail de Litríocht na Gaeilge. Faisicil IV. 1704–1750: An Dubhaois*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- O’Donovan, J. (eag.). 1844. *The genealogies, tribes, and customs of Hy-Fiachrach, commonly called O’Dowda’s country*. Dublin: Irish Archæological Society.
- O’Donovan, J. (eag.). 1856. *Annala Rioghachta Eireann. Annals of the Kingdom of Ireland, by the Four Masters, from the earliest period to the year 1616*. Vols. I–VII. (1ú eag. 1851, 2ú eag. 1856.) Dublin: Hodges, Smith, and Co.

- O'Donovan, J. 1859. 'Zeuss's "Grammatica Celtica."—No.2', *Ulster Journal of Archaeology* VII (1859) 79–92.
- O'Donovan, J. (eag.). 1862. *The topographical poems of John O'Dubhagain and Giolla na Naomh O'Huidhrin*. Dublin: The Irish Archæological and Celtic Society.
- O'Duffy, R.J. (eag.). 1901. *Oidheadh chloinne Tuireann: The fate of the children of Tuireann* (1888, athchló 1901) Dublin: Gill.
- Ó Fearghail, F. 1997. 'Canon Corrigan: achievement and challenge' in J. Kirwan (eag.) *Kilkenny: studies in honour of Margaret M. Phelan*.
- O'Flaherty, R. 1684. *Ogygia, seu, rerum Hibernicarum chronologia*. London.
- Ó Foghludha, R. 1935. *Log-ainmneacha .i. dictionary of Irish placenames (7,000) English–Gaelic*. Brún agus Ó Nualláin.
- Ó Giolláin, D. 2018. 'Séamas Mac Philib (1955–2016)', *Folk Life: Journal of Ethnological Studies* Vol. 56, No. 1 (2018) 62–63.
- Ó Gliasáin, J. 2023. 'Mionlogainmneacha i mBarúntachtaí Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar, Contae Chill Dara'. Tráchtas PhD, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Oftedal, M. 1976. 'Scandinavian place-names in Ireland' in *Proceedings of the 7th Viking Congress, Dublin 15–21 August 1973* (1976) 125–133.
- Ó Giollagáin, P. 2021. *Na Laoidigh: athair agus mac*. Tráchtas PhD, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Ó Háinle, C. 1983. 'Ar bhás Sheáin Uí Neachtain', *Éigse* 19 (1983) 384–394.
- Ó Háinle, C. 1986. 'Neighbours in eighteenth-century Dublin: Jonathan Swift and Seán Ó Neachtain', *Éire–Ireland* 21 (1986) 106–121.
- Ó Háinle, C. 2005. 'Seán agus Tadhg Ó Neachtain: cleamhnas agus gaol', *Éigse* 35 (2005) 53–70.
- O'Hanlon, J. 1879. 'Notes on some Undescribed Antiquities in the Parishes of Killenny and Kilteale, Queen's County', *PRIA* Vol. 1 (1879) 143–154.
- O'Hanlon, J. & E. O'Leary. (eag.). 1907. *History of the Queen's County, Vol. I*. Dublin: Sealy, Bryers & Walker.
- O'Hanlon, J., E. O'Leary & M. Lalor (eag.). 1914. *History of the Queen's County, Vol. II*. Dublin: Sealy, Bryers & Walker.
- Ó hÓgáin, É. 2001. 'Sloinnteoir an Chorrágánaigh', *Studia Hibernica* 31 (2000/2001) 191–210.
- Ó hÓgáin, É. 2017. *Logainmneacha Dhún Chaoin, Co. Chiarraí*. Trá Lí: Comharchumann Dhún Chaoin Teoranta.
- Ó hÓgáin, É. & J. Kennedy. 2017. *Logainmneacha Dhún Chaoin Co. Chiarraí*. Trá Lí: Comharchumann Dhún Chaoin Teoranta.
- Ó Madagáin, B. 2008. 'Eugene O'Curry 1794–1862: pioneer of Irish scholarship' in Lynch & Nugent (eag.), *Clare: history and society; interdisciplinary essays on the history of an Irish county* (Dublin: Geography Publications) 425–448.
- Ó Maolalaigh, R. 2003. 'Tírdhreach na nGael: Logainmneacha agus an tSamhlaíocht' in W. McLeod & M. Ní Annracháin (eag.), *Cruth na Tíre* (Baile Átha Cliath: Coiscéim) 195–244.
- Ó Maolfabhail, A. 1982. 'An logainm Tóin re Gaoith', *Seanchas Ard Mhacha* 10/2 (1982) 366–379.
- Ó Maolfabhail, A. 1989. 'An tSuirbhéireacht Ordanáis agus Logainmneacha na hÉireann 1824–34', *Proceedings of the Royal Irish Academy [PRIA]* 89 C 3 (1989) 37–66.
- Ó Maolfabhail, A. (eag.). 1990. *Logainmneacha na hÉireann I: Contae Luimnigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Maolfabhail, A. 1991. 'Éadbhard Ó Raghallaigh, Seán Ó Donnabháin agus an tSuirbhéireacht Ordanáis 1830–4', *PRIA* 91 C (1991) 73–103.
- Ó Maolfabhail, A. (eag.). 1992a. *The Placenames of Ireland in the Third Millennium/Logainmneacha na hÉireann sa Trú Mílaois*. Baile Átha Cliath: An tSuirbhéireacht Ordanáis.

- Ó Maolfabhail, A. 1992b. 'The Background and Present Role of the Placenames Branch of the Ordnance Survey' in Ó Maolfabhail (eag.), *The Placenames of Ireland in the Third Millennium* (1992) 11–32.
- Ó Maolfabhail, A. 1995. 'Eoghan Ó Comhraí agus an tSuirbhéireacht Ordanáis' in P. Ó Fiannachta (eag.), *Ómós do Eoghan Ó Comhraí [Eoghan Ó Comhraí: saol agus saothar]* 145–184. An Daingean.
- Ó Maolfabhail, A. 2005. *Ó Lyon go Dún Lúiche: Logainmneacha san Oidhreacht Cheilteach*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teoranta.
- O Molloy, F. 1677. *Grammatica Latino–Hibernica*. Roma: Propaganda Fide.
- Ó Muirheartaigh, P. 2015. *Gaelic dialects past and present: a study of modern and medieval dialect relationships in the Gaelic languages*. Tráchtas PhD, Ollscoil Dhún Éideann.
- Ó Muirthe, D. 2000. *A Dictionary of Anglo-Irish. Words and phrases from Gaelic in the English of Ireland*. Dublin: Four Courts Press.
- Ó Muraíle, N. 1997. 'Seán Ó Donnabháin: an Cúigiú Máistir' in R. Ó hUiginn (eag.), *Scoláirí Gaeilge: Léachtaí Cholm Cille 27* (1997) 11–82.
- Ó Muraíle, N. 2000. 'The place-names of Rathlin Island — Index', *Ainm* 8 (1998–2000) 105–135.
- Ó Muraíle, N. 2001. 'Some thoughts on matters onomastic', *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society* 53 (2001) 23–46.
- Ó Muraíle, N. 2013a. 'Irish Minor Place-names — especially Field Names' in *FNCM* 151–158.
- Ó Muraíle, N. 2013b. 'Irish placenames: the current state of research', *Éigse* 38 (2013) 273–305.
- Ó Murchadha, D. 2005. 'A review of some placename material from *Foras feasa ar Éirinn*', *Éigse* 35 (2005) 81–98.
- Ó Murchadha, D. 2009. 'Ollarbha: ainm abhann i gContae Aontroma', *Ainm* 10 (2009) 101–109.
- Ó Murchadha, D. & K. Murray. 2000. 'Place-names' in Buttimer, Rynne & Guerin (eag.), *The Heritage of Ireland* (2000) 146–155.
- Omurethi [FitzGerald, W.]. 1911. 'Dr. Joyce's "English as We Speak It in Ireland." With Notes on the "Brogue" and Irish Words Used in the County Kildare', *Journal of the County Kildare Archaeological Society* 6 (1909–1911) 524–539.
- Ó Niatháin, P. 1960. 'Names of Fields in the Townland of Atateemore, County Kilkenny', *Old Kilkenny Review* 12 (1960) 62–70.
- O'Rahilly, C. 1924. *Tóruigheacht Gruaidhe Griansholus: the pursuit of Gruaidh Ghriansholus*, Irish Texts Society 24. London.
- O'Rahilly, T.F. 1946. *Early Irish History and Mythology*. Dublin.
- [Ó Siochfhradha, P.] An Seabhac. 1939. *Triochoa-Céad Chorca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath: An Cumann le Béaloideas Éireann.
- Ó Riain, P. 2011. *A dictionary of Irish saints*. Dublin: Four Courts Press.
- Orpen, G.H. (eag.), *The song of Dermot and the earl*. Oxford: Clarendon Press.
- Paikkala, S. 2012. 'Digital maps and other data as tools for onomastic research' in Nic Lochlainn & Ó Raghallaigh 2012: 83–96.
- Petrie, G. 1841. 'The Old Bridge of Miltown, County of Dublin', *The Irish Penny Journal* Vol. I, No. 36 (1841) 281–282.
- Petrie, G. 1845. *The ecclesiastical architecture of Ireland, anterior to the Anglo-Norman invasion; comprising an essay on the origin and uses of the round towers of Ireland, which obtained the gold medal and prize of the Royal Irish academy*. Dublin: Hodges & Smith.
- Piatt, D.S. 1933. *Gaelic Dialects of Leinster*. Dublin [: féinchlóite].
- Piatt, D.S. 1952. 'An dara cuid. Seanghaeltacht Átha Cliath. An naoú céad déag agus go deireadh', *Feasta* (Márta, 1952) 2–4.
- Power, P. 1952. *The Place-Names of Decies* (chéad eag. 1907). Cork: Cork University Press.
- Price, L. 1940. 'The antiquities and place names of south county Dublin', *DHR* II (1940) 121–132.

- Price, L. 1945–1967. *Place-names of Co. Wicklow I–VII (1945–1967)*. Dublin: Dublin Institute of Advanced Studies.
- Price, L. 1958. ‘On the distribution of place-names beginning with Dun-, Lis-, and Rath-’, *JRSAI* 88 (1958) 83–4.
- Quiggin, E.C. 1906. *A Dialect of Donegal, being the speech of Meenawannia in the parish of Glenties. Phonology and texts*. Cambridge: University Press.
- Rannóg an Aistriúcháin. 1947. *Litriú na Gaeilge: Lámhleabhar an Chaighdeáin Oifigiúil*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Reeves, W. (eag.). 1854. ‘Irish Itinerary of Father Edmund MacCana, edited and translated by William Reeves from MS 5307 in the Burgundian Library in Brussels’, *Ulster Journal of Archaeology* II (1854) 44–59.
- Risk, H. 1970. ‘French loan-words in Irish’, *Études celtiques* 12 (1970) 585–655.
- Risk, H. 1974. ‘French loan-words in Irish’, *Études celtiques* 14 (1974) 67–98.
- Risk, M.H. 1975. ‘Seán Ó Neachtain: an Eighteenth-Century Writer’, *Studia Hibernica* 15 (1975) 47–60.
- Robinson, T. 1980. *Oileáin Árann, The Aran Islands, Co. Galway: A Map and Guide*.
- Robinson, T. 1990. *Connemara: Map, Introduction and Gazetteer*.
- Rutty, J. 1772. *An essay towards a natural history of the county of Dublin, accommodated to the noble designs of the Dublin Society*. Dublin: W. Sleater.
- An Seabhac [= Ó Siochfhradha, P.]
- Seward, W. 1795. *Topographica Hibernica or the Topography of Ireland*. Dublin: Alex Stewart.
- Simpson, L. 1994. ‘Anglo-Irish settlement in Uí Briúin Chualann 1169–1350’ in K. Hannigan & W. Nolan (eag.), *Wicklow: History & Society* (1994).
- Smith, M. 1992. ‘Minister criticises ‘Tuscany Downs’ mentality’ in A. Ó Maolfabhail (eag.), *The Placenames of Ireland in the Third Millennium/Logainmneacha na hÉireann sa Tríú Mílaois* (1992) 49–51.
- Stewart, G.R. 1975. *Names on the Globe*. New York: Oxford University Press.
- Stokes, W. (eag.). 1862. *Three Irish glossaries: Cormac’s glossary, codex A (from a manuscript in the library of the Royal Irish Academy)...* London: Williams and Norgate.
- Stokes, W. & J. O’Donovan (eag.). 1868. *Sanas Chormaic: Cormac’s Glossary* (1868). Calcutta: O.T. Cotter.
- Threlkeld, C. 1726. *Synopsis Stirpium Hibernicarum: or a short treatise of native plants*. Dublin.
- Tighe, W. 1802. *Statistical observations relative to the County of Kilkenny, made in the years 1800 & 1801*. Dublin: Graisberry and Campbell.
- Toner, G. 1996. ‘The Backward Nook: *cúil* and *cúl* in Irish Place-Names’, *Ainm* 7 (1996) 113–117.
- Toner, G. 1999. ‘The Definite Article in Irish Place-Names’, *Nomina* 22 (1999) 5–24.
- Toner, G. 2004. ‘*Baile*: settlement and landholding in medieval Ireland’, *Éigse* 34 (2004) 25–43.
- Ua Broin, L. 1942. ‘Traditions of Drimnagh, Co. Dublin, and its Neighbourhood’, *JRSAI* 72 (1942) 106–115.
- Ua Broin, L. 1943. ‘Rathcoole, Co. Dublin, and its Neighbourhood (with Map)’, *JRSAI* 73 (1943) 79–97.
- Ua Broin, L. 1957. ‘The Mountain Commons of Saggart’, *JRSAI* 87 (1957) 39–52.
- Ua Cadhain, L. 1935. *Knock Shrine*. Galway: O’Gorman printinghouse.
- Ussher, J. 1639. *Britannicarum Ecclesiarum Antiquitates. History of the Irish Church*. Dublin: ex officiana Typographica Societatis Bibliopolarium.
- Vallancey, C. (eag.) 1786. *Collectanea de Rebus Hibernicis* III (1786). Dublin: Luke White.
- Walsh, B. 2021. ‘Schooling, the Gaelic League, and the Irish language revival in Ireland 1831–1922’, in *Paedagogia Historica* (2021) [DOI: 10.1080/00309230.2021.1991400]
- Walsh, P. 1907. *The Place-names of Westmeath*. Dublin: Dollard.
- Ware, J. 1685. *De Hibernia & Antiquitatibus eius, Editio Secunda* (1685). London.

- Ware, J. 1705. *The Antiquities and History of Ireland* (1705). Dublin: A. Crook.
- Watson, S. 2019. *Gleann Cholm Cille – an áit agus a naomh*. Gleann Cholm Cille: Oideas Gael.
- Williams, N.J.A. (eag.). 1981a. *Pairlement Chloinne Tomáis*. Dublin: Institute for Advanced Studies.
- Williams, N.J.A. 1981b, ‘Cath Bearna Chroise Brighde’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 38 (1981) 269–337.
- Williams, N.J.A. 1994. ‘Na canúintí a theacht chun solais’ K. McCone, et al. (eag.), *Stair na Gaeilge: in ómós do Phádraig Ó Fiannachta* (1994) 447–479.

Aguisín A: Dialann Shéamais Mhic Philib

CBÉ LS 1985

{1}

Dialann Shéamais Mhic Philib ... agus é i mbun oibre don ‘tionscnamh béaloidis sa gcathair’, 1979-1980...

{146} An Chéadaoin 5/3/1980. Glencullen. Amuigh liom sa gcarr san iarnóin chun castáil leis an Lieutenant-Colonel Manners O’Connell-Fitzsimon i nGlencullen House. Ba é Seán Popplewell a d’aimsigh an fear seo i dtosach. Gaol aige leis an g‘Cabhsailéir’, Daniel O’Connell, é ina Chaitliceach é féin, ach de shliocht Thiarnaí talaimh. É ina oifigeach in airm na Breataine ag deireadh an Chéid Chogaidh {147} agus lean ar aghaidh ann go dtáinig amach ar phinsean i ndiaidh an dara cogadh... Canúint an-Angla-Éireannach aige. É an-chainteach, comhoibritheach agus rinne an uile iarracht ar gceisteanna a fhreagairt go {148} healaíonta.

{159} 27/3/1980 An Chéadaoin. Glencullen Valley. San iarnóin chuaigh mé féin, Seán Popplewell agus Rónán Bourke amach i gcarr Sheáin chuig Gleann Cuilinn sna sléibhte. Iarnóin álainn, meirbh, le blas láidir earraigh. {160} I dtús báire fágadh mise ag teach Pat Kenny i mBurrennaught³⁰⁵ ar thaobh an chnoic theas mé...

{220} An Chéadaoin 10/9/80. Gleann na Smól. Ar intinn agam inniú a dhul agus tosú ar cheantar Ghleann na Smól a fhoscailt! ... Nuair a bhain muid an carr amach sa deireadh, síos chun an Ghleanna linn agus thug aghaidh ar theach ar mhol an tAthair Tuohey (a d’fhreastal ar an gceantar tráth) é. Agus sinn ag fáil eolas na slí ó fhear ar an mbealach dúirt seisean go mb’fhear sách óg a bhí sa teach seo. Chuaigh sinn ann cibé, d’fhreagair cailín óg an doras agus dúirt go raibh a hathair amuigh. D’fhág mé billeog an tionscadail léi agus ón uair go raibh sé go hiomlán {222} dorcha faoin am seo thug sinn ár n-aghaidh ar an gcathair ar ais...

{240} An Chéadaoin 17/9/1980. Ballinasorney. Amach Bóthar na Bruíne arís san iarnóin i gcarr mo mháthar. Mé ag dul ag tabhairt aghaidh an lá seo ar John Lee i nGleann na Smól, fear ar mhol cúpla duine dom é, agus a bhfuil cáil an stairí aitiúil air agus cumadóra amhrán áitiúla. Moladh dom chomh maith é mar fhear a raibh go leor de sheanáit-ainmneacha an cheantair ar eolas aige. Bhí mé in éis nóta a fhágáil faoin doras aige ar oíche an Luain (in éis dom teach an leadránaí a fhágáil) nuair nach raibh aon duine istigh, ag rá go dtiocfainn ar ais tráthnóna inniu. É féin agus a bhean i mbun oibre péinteála (nó rud dá leithéid) — nó go {241} luath in éis a chríochnú nuair a chnag mé ar an doras. Fáiltíodh isteach go fíor is go caoin mé. Bean an tí ag síor-ghabháil leithscéalta dom as ucht ‘staid’ an tí (cé nach bhfacthas domsa go raibh a dhath i ndroch-staid. Cuma mhná tipiciúile de chuid Chonamara uirthi ar chaoi éigin, agus ach ab ea go raibh an bheirt ag glaoch ‘Mammy’ agus ‘Daddy’ ar a chéile agus iad á ghlaoch (agus tuilleadh eile nach é) i gcanúint shrónach, fhírinneach dheisceart Bhaile Átha Cliath, déarfa b’fhéidir go raibh tú in iarthar na hÉireann agus thú i do shuí le cois na tine maithe móna agus thú ag dearcadh amach an fhuinneog ar thír-dhreach locha, sléibhe, portaigh is spéire. Gan aon ró-mhoill bhí mé ag scaradh mo léarscáileanna sé orlach den gceantar ar an mbord, an taifeadán ag rith, an micreadfón i lámh amháin {242} agam peann-luaidhe i mo lámh eile agam agus mé ag marcáil uimhreacha de réir na n-áit-ainmneacha a bhí á n-insint ag John Lee. Ag deireadh an tseisiúin bhí isteach is amach ar sheasca áit-ainm (a mbunáite mhór i nGaeilge) faighte agam uaidh. Níor thuig John brí na n-ainmneacha ach go hannamh (ar insíodh dó ag ‘scoláirí’ áirithe) ach bhí mé féin in ann roinnt acu a dhéanamh amach. Cuid acu ba an-soiléir a bhí siad, ach a mbunáite ní raibh. Ba chosúil gur tháinig athrú ar a bhfuaimniú ó tugadh maitheamh ar labhairt na Gaeilge sa gceantar. Ag éisteacht leo áfach ba léir cuid mhaith go mbíodh an bhéim ar chéad shiolla focail, nó go mbíodh sé roinnte go cothrom (fearacht chanúintí Chonnachta cuid mhaith) agus go {243} mbíodh tréithe áirithe iontonaithe i gcoiteann ag canúint na háite seo le canúintí Chonnachta agus Uladh níos mó ná canúintí na Mumhan (más iontaofa mar léargas, béalathris an fhir seo, fear a bhfuil a shaol caite aige sa gceantar seo agus a shinsear roimhe agus arb é an chuid is mór dá léann é sin a d’fhorbair sé as a stuaim féin.) In éis a bheith réidh de reic na log-ainmneacha, chuir mé agallamh air faoi ghnóthaí gnáth-bhéaloidis. É go maith...

³⁰⁵ Sic! = *bf* **Buaile an Araltaigh** [GC.178]

{251} An Aoine 19/9/80. Cill an Chaoich. Gleann Chuilinn. Thug mé aghaidh ansin ar an té eile a moladh dom — Pat Kenny, fear ar thug mé cuairt ar a theach san Earrach, a bhí tinn sa leaba an uair úd, agus a ndearna mé beagán téipeála ar a mhnaoi. É le cois na tine nuair a chuaigh mé isteach. Cistineach an-seanaimseartha ar fad. Teallach fhoscailte (le sornóg), seandriosúr le soithí ildaitheacha, urlár crua, fíor-bheagán solais. É go deas múinte liom. ... {253} ... Gan ró-mhoill bhí mé ag tosú ag téipeáil uaidh. É an-santach a chuid eolais a roinnt liom. Cúpla log-ainm i nGaeilge aige. An-eolas aige ar go leor réimsí béaloidis aige [*sic*]...

{261} An Luan 22/9/80. Gleann na Smól. ... {262} In éis a bheith leis thug mé cuairt ar fhear — Jack Jones — a mhol John dom trasna an Ghleanna uaidh. É agus a chlann thar a bheith fáilteach. A bheirt ghasúr agus a bhean in ár gcuideachta. An-suim ag {263} na buachaillí san obair agus bhí in ann méid beag a aithris chomh maith. É deireanach go maith agus mé ag tabhairt aghaidh ar an gcathair, ach ba shásúil go maith mar lá oibre é.

CBÉ LS 1960

4/11/1979. Mrs Ryder. 75. Housewife. Moreen-a-ruagain, Belgard Road, [originally from] Bohernabreena.

{278} ...

S: But this stone at Saggart now, had that something to do with Finn Mc Cool or some thing?

Mrs R: Oh yes. The yarn used to be — well my father told me — {279} that Finn Mc Cool was supposed to throw it from See-Con (1). [fonóta (1): Mountain overlooking Glenasmole.]

S: See-Con?

Mrs R. See-Con. That's where Con is buried (laughs).

S And there's a See-Finn up there too, isn't there?

M: Yes. That's another one.

Mary: They're right next to one another have you never walked either of those?

(nóta: General talk follows. Informants have never heard of a bed of Dermot and Gráinne or anything else about Finn McCool. Mention is made of people buried by falling rocks in Glenasmole. Informants have never heard of Daniel O'Connell's meeting in Glenasmole. They mention that Kilakee House is full of ghosts. They know little about the Hell Fire Club.)

Aguisín B: Litir ó Iníon Grierson, Gleann an Smóil, chuig EÓC 31/7/1851

(Cláraithe i gCartlann UCD mar 'Letter from Miss Quinn [*sic*] (Tallaght, County Dublin) to Eugene O'Curry, regarding various mottoes and their translation'.)³⁰⁶

Irish Mottoes — kindly sent by Mr. Curry. 4th May 1850.

Caradas.
Sed Cairdeasa.
Na dearmad Eirinn.
Na dearmad me.
Cuimhnigh oram.
O Eirinn iathghlais.
O Inis na neamhon.
O T^hulcaibh Oisin.
O Thir na binn Cruite.
O Thir na b-Patataoi.
O Eirinn na feile.
O Eirinn na-min-Ban
O Eirinn na Broin.
Bennacht Naoimh Patraic ort.

³⁰⁶ UCD, Scoil na Staire agus na gCartlann. Páipéirí Eoghain Uí Chomhraí (1796–1862). LA38/29. <https://digital.ucd.ie/view-media/ivrla:5348/canvas/ivrla:5349> (arna cheadú 29/7/2023)

Miss Grierson presents her compliments to Mr. Curry — {2} she hopes that her absence from home will be a sufficient apology for not having earlier met his very kind wish of knowing what were the irish mottoes he sent her last year (so very obligingly) for the young mountain Artist, who has been so much assisted by them on his progress. She has taken the first opportunity of copying those he sent and will venture to {3} ask Mr. Curry if he can without inconvenience and at any leisure moment supply him with a few more — according to Mr. Curry’s own taste — and perhaps add the following —

Peace and Plenty
Peace & prosperity to Ireland
From the Isle of the West
From the Emerald Isle
From Ossian’s hunting ground

Glen-na-Smòl, Tallaght, Co. Dublin
31 July. 1851

Cé gur léir ón liosta thuas agus ó fhoinsí eile go raibh na hIníonacha Grierson seo báúil do chultúr na hÉireann, bíodh is ó thaobh na huasalaimme de (feictear i mír 2.4 go ndearna na deirfiúracha an-obair ar son ‘the Peasant Boys on the Dublin Mountains’) rachaidh sé deacair do léitheoirí an lae inniu a bheith ar a gcompond le ‘Tír na bPrátaí’ mar leasainm ar Éirinn sa bhliain 1850, agus é arna sholáthar ag Eoghan Ó Comhraí féin. Ní heol don taighdeoir cé acu ar chuir EÓC aithne ar an mbean seo le linn obair na Suirbhéireachta i 1837 nó ina dhiaidh sin; duine de thriúr iníonacha do George Grierson (1763–1821) ab ea í.

Aguisín C: ‘Ball de Bhallaibh Seirce na hÉireann’

An Claidheamh Soluis 2/6/1917, lch. 2 — Sampla den stíl scríbhneoireachta.

‘Ba mhinic d’airigheas trácht ar Ghleann na Smól agus ba shin é annsúd fúm sínte anois é, an ghrian ag taitheamh air, agus sgáileanna na sgamall ag gluaiseacht thairis ar a fhuaidh. Níorbh ghleann mar a thuairisg é, dar liom,—an tuairisg do bhí agam-sa de go háirighthe,—acht níorbh lughaide mo thaitheamh ann an tuairisg sin do bheith iomrollach. Níorbh ’eadh, acht a mhalairt. Do shílinn ó na laoitheibh Fiannaidheachta do léighinn, agus ó’n seanchus d’airighinn i n-a thaobh gurab eadh do bheadh ann, gleanntán cumhang, cluthmhar i lár tíre; coill bheag annso ann, foraois annsúd; sgeacha fé bhláth agus eidhneán go fairsing; fothrach sean-chaisleáin, b’fhéidir, ar bhruach srutháin agus bóithrín cam ag dul go dtí e; aodhaire ag gladhach agus madra ag amhastraig ar chaoire ar shleasaibh cnuic i gcéin; agus an lon-dubh agus an smólach go ceólmhar ar bharruibh crann. Níobh mhar sin do bhí. Cumar glas, fairsing, fada, oscailte, is eadh do chonnac, sléibhte fiadhaine, garbha i na thimcheall agus a mbeanna go speurthaibh; loch mór i lár an chumair agus cosáin deasa, geala, gainimhe timcheall ar a phortaibh, coillte beaga giomhaise scaipighthe annso agus annsúd ar imioll-bórdaibh an locha agus iad riartha i línibh mar bheadh diarmaí saighdiúr ag cleachtadh arm; tighthe glana, cailce fan chliathán agus úrlár an ghleanna ar gach taobh, suas, suas gur stop na páirceanna glasa agus gur thosnuig na réidh-chnuic agus stuadh-learga donna na mbeann; bóithríní ag imtheacht ó thigh go tigh

5. ***Tromán an Fhéir** “the *tromán* of the grass(?)” (CM 7) [ˌtʁəməˈniə] [X2] a ritheann isteach i mBun na dTrí dTromán ach a éiríonn, más fíor, i nGleann Crí.
6. ***An Tromán Mór** “the big *tromán*” (CM 11): ‘Trumonmore brook’ (c.1850), ‘Tramonmore. Most easterly tributary of Liffey on S. side of Kippure’ PriceBL/CGT 6.
7. ***An Tromán Ata(?)** “the swollen(?) *tromán*” (CM 2, 6, 7) ar leirg theas Chipiúir: ‘*Tromán Mór* (Tromawn More) ... *Tromán Ata* ... mountain streams which fall into ... the Liffey’ LSO (CM) 8 (EÓC).
8. ***An Tromán Uaigneach(?)** “the isolated(?) *tromán*” (CM 11): ‘Tramonawiglin(?). Next above [Tramonmore] to W.’ PriceBL/CGT 6 agus ‘Tramonawigna. Stream crossing road from right’ *ibid.* ‘·Tramona·wigna ... 1830 Scremaunawigna: 1834 Tremaconwigna GJP. The name of the stretch of lonely road (*uaigneach*, lonely, desolate) between the Sallygap and the Sheepbanks bridge. Mr. C. G. Thompson heard it pronounced as above; I have heard it as Tramōnya·wiggin. A place called Wigmanstown or Wigmanston is named with Ballinastoe in the Chancery Inquisition of 1619 dealing with the territory of Fartry; the similarity of sounds suggests the possibility that there might be some connection between it and the above name.’ PNW 51. Nóta 507: ‘The 1850 Powerscourt Estate map has the form Trumonwignagh; it may represent an original *tromán uaigneach*, meaning ‘the lonely or desolate place of elder trees’.’ PNW 507.
9. ***An Tromán** (CM 5) [*bf* An Chill Bheag]: ‘Thrumawn near Shanavalya’ (cf. ‘Shanavalya, this side of Sorrel Hill’) PriceLN 17: 31.
10. ***An Tromán Gearr** “the short *tromán*” (CM 5, 6): *Tramonghar Brook* SO [*bf* Buaille an Uлтаigh]. Ní fíor do Price nuair a deir ‘The Name Book gives no Irish form for Tramonghar’ PNW 239. Féach nótaí ÓD in Ainmleabhar Bhailte Bhuí: ‘Tramonghār Brook — *traigh* ‘shore, strand’. Must be wrong. I think it should be Srumonaghar. *Sruth Monachain*, Monaghan’s stream’ (AL (CM) [par. ‘Kilbride, part of Boystown’]: 33). Tá brí an logainm soiléir ar an gcur síos seo a leanas ar an leathanach céanna san AL: ‘A very small mountain stream running only 10 chains from its source when it joins the Tent Brook’.
11. ***An Tromán** (CM 10): *Troman Brook* SO [*bf* Buaille an Chnocáin]. ‘Trumán Brook (pron. Brūk) runs down the back of the house’ BPR 237.
12. ***An Tromán** (CM 16, 22): ‘·Trummawn is a name for another part of the mountain’ [*Round Hill, bf* An Ghreanach Mhór] PNW 215; ‘Caurawn, Leeawn and Tromawn’ PriceLN 10: 49.
13. ***Tromán na mBreac** “the *tromán* of the trout” (CM 17): ‘Tromawna·brack ... The name of a place on the slope below Tonelegee, north of L. Ouler’ [*bf* An Láithreach Thiar] PNW 37 (1945).
14. ***Tromán Pháidí** “the *tromán* of Páidí(?)” (CM 17): ‘Trūmallfōdia [v.l. -dra] or Trumonfawdg [v.l. -dy]. In rushes where Prison brook from Lugduff rises’ [.i. Gleann Dá Loch] PriceBL/CGT 3. Cf. ***Na Poill Fhada** [GS2.114].
15. ***An Tromán** (CM 23): ‘NW of the Upper Lake are the Troman sloughs, then Glánavlá(gh) beg, then Glánavlá’ [*bf* Cam an Doire, Gleann Dá Loch] PriceLN 17: 28.³⁰⁸ NB cf. ‘takes its rise in a Slough called *Tromán Dubh* (black Stream)’ faoi **An Tromán Dubh** [GS1.7].
16. ***An Tromán** (CM 28): ‘In Slievenamough Plain, a hollow with a stream in it, beside the road, is called ·Trummawn’ PNW 102.
17. ***Tromán Mhic Cárthaigh** “the *tromán* of Mac Cárthaigh(?)” (CM 28): ‘Trommawnmaccartha Brook (on Farbreaga, coming from the top of Ballinguile, i.e. the stream on the N boundary of Farbreaga, but O’Toole says between Blackrock and Carrigatheme)’ PriceLN 9: 42, ‘Tromawnmacartha ... on the Farbreaga side (i.e. somewhere on the Ow River)’ PriceLN 23: 28.
18. ***Tromán Aille** “*tromán* of (the) cliff(?)” (CM 33): ‘No one knew the name Tromawn·alley which O’Toole had got, but O’Toole thought it was [a] field in Shielstown’ PriceLN 21: 47.

³⁰⁸ Botún tras-scríofa is ea ‘the Troman Loughs’ Corlett 2002: 314.

NB tá na trí shampla deiridh seo ar imeall theas cheantar bratphortaigh an lae inniu:





Fig. 81: *Tromán*-ainmneacha ar imeall theas an cheantair bhratphortaigh. (Tá suíomh 18* éiginnte.)



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.



Grianghraf 17: **Tromán Eilíse* [GS1.26]. Radharc aneas ar an nGarraí Dubh. (An Dr. Gearóid Ó Cleircín a ghlac, Aibreán 2021.)

Aguisín E: Logainmneacha den déantús *aidiacht* + -óg, *ainmfhocal* + -óg

Gan leithéid **bánóg**, **ceapóg** san áireamh; fo-líne faoi thagairtí cinnte d'uiscerianta:

Aidiacht + -óg	Ainmfhocal + -óg
<p><i>Ao</i>: <i>bf Na Searbhóga</i>; <i>BÁC</i>: <u><i>abh An Bhradóg</i></u>, <u><i>abh An Chamóg</i></u>, <i>bf Dúróg</i>; <i>Ca</i>: <i>bf Cúil Bhuíóg</i>, <i>bf An Chúlóg</i>, <i>bf Maoltóg</i>; <i>CC</i>: <i>bf An Chamóg</i>; <i>CD</i>: <i>bf An Chaológ</i>, <i>bf An Gharbhóg</i>; <i>Ci</i>: <i>rinn An Chamóg</i>, <i>bf Gort Bréagóg</i>; <i>Cl</i>: <i>bf An Chamóg</i>; <i>CM</i>: <i>bf An Chaológ</i>; <i>Co</i>: <u><i>abh An Bhréagóg</i></u>, <i>bf An Bhréagóg</i>, <i>bf An Chromóg</i>; <i>DG</i>: <i>crg An Dubhóg</i>, <u><i>abh An Dubhóg</i></u>; <i>FM</i>: <u><i>abh An Bhradóg</i></u>; <i>Ga</i>: <i>bf An Bhorróg</i> (x2), <i>bf An Chaológ</i>; <i>La</i>: <i>bf An Chromóg</i>, <u><i>abh An Trióg</i></u>; <i>LG</i>: <u><i>abh An Bhréanóg</i></u>, <i>bf An Chromóg</i>; <i>Li</i>: <i>bf An Chaológ</i>; <i>Lm</i>: <u><i>abh An Chamóg</i></u>, <i>bf An Chaológ</i>; <i>Lo</i>: <i>bf An Chaológ</i>; <i>ME</i>: <u><i>abh An Triomóg</i></u>; <i>PL</i>: <i>bf An Chaológ</i>; <i>Sl</i>: <u><i>abh An Gharbhóg</i></u>; <i>TÁ</i>: <u><i>abh An Chamóg</i></u>, <i>bf An Chaológ</i> (x2), <u><i>abh An Dubhóg</i></u>; <i>UF</i>: <i>bf An Chaológ</i>, <i>id Searbhóg</i>.</p>	<p><i>AM</i>: <i>id Clochóg</i>; <i>Ao</i>: <i>bf Clochóg</i> x2, <i>srb Dearbhóg</i>, <i>bf Fiodhbhóg</i>; <i>BÁC</i>: <i>id An Chúlóg</i>, <i>bf Grianóg</i>; <i>Ca</i>: <i>b Searcóg</i>; <i>CC</i>: <i>An Chlochóg</i> (x2), <i>bf An Chrannóg</i>, <i>bf An Chrosóg</i>, <i>bf An Chúlóg</i>, <i>bf An Fhearnóg</i>, <i>bf Lamóg</i>, <i>bf An Phrológ</i>; <i>Ce</i>: <i>bf Caonóg</i>; <i>Ci</i>: <i>crg An Chnapóg</i> (x3), <i>crg An Dronnóg</i>, <i>bf Inse Chnapóg</i>; <i>Cl</i>: <i>bf Cnapóg</i> (x2), <i>bf Gallóg</i>; <i>CM</i>: <u><i>bf An Chlochóg</i></u> (x2), <i>bf An Chrosóg</i>; <i>Co</i>: <i>bf An Bhonnóg</i>, <i>crg An Bhruthóg</i>, <i>bf An Chnapóg</i> (x7), <i>bf An Chrosóg</i>, <i>bf An Ghleannóg</i>, <i>bf An Phrapóg</i> (x2), <i>bf Screamhóg</i>, <i>bf An Tornóg</i>; <i>DG</i>: <i>bf Plochóg</i>, <i>bf Spíonóg</i>, <i>mng Tonnóg</i>; <i>Ga</i>: <i>sl Corcóg</i>, <i>bf An Ghreadóg</i>, <i>crg Spioróg</i>, <i>crg Tútóg</i>; <i>La</i>: <i>bf An Chlochóg</i>, <i>bf An Ladhróg</i>; <i>LG</i>: <i>bf Barróg</i>, <i>bf An Chréafóg</i>, <i>bf Cuanóg</i>, <i>bf Cuileannóg</i>, <i>bf Glúnóg</i>, <i>bf Ifearnóg</i>, <i>bf Scolbóg</i>; <i>Li</i>: <i>bf An Ghreadóg</i>, <i>bf An Ranntóg</i>; <i>Lm</i>: <i>bf An Chúlóg</i> (x2), <i>bf An Réabóg</i>; <i>Lo</i>: <i>bf Bliochtóg</i>, <i>bf An Chnapóg</i> (x2), <i>bf Collóg</i>, <i>bf Daróg</i>, <i>bf An Ghrafóg</i> (x2), <i>bf An Scríobóg</i>; <i>ME</i>: <i>bf An Bhothóg</i>, <i>bf An Ghreadóg</i>, <i>bf Píonóg</i>; <i>Mí</i>: <i>bf Cianóg</i> (x2), <i>bf Grianóg</i>, <i>bf Ifearnóg</i>, <i>bf Réaltóg</i>; <i>Mu</i>: <i>bf Bliotóg</i>, <i>bf Caonóg</i> (x2), <i>bf Dúnóg</i>; <i>PL</i>: <i>bothar An Bhláthóg</i>, <i>bf Prapóg</i>, <i>mng An Sciorlóg</i>, <i>abh An Tonnóg</i>; <i>RC</i>: <i>bf Scramóg</i>; <i>Sl</i>: <i>bf Bruíóg</i>, <i>bf Múdóg</i>; <i>TÁ</i>: <i>bf An Chlochóg</i>, <i>par Corróg</i>, <i>bf An Chrosóg</i>, <i>bf Crúbóg</i>, <i>bf An Chúlóg</i> (x2), <i>bf An Scríobóg</i>, <i>bf An Starróg</i>, <i>abh An Tonnóg</i>; <i>TE</i>: <i>id An Chrannóg</i>; <i>UF</i>: <i>bf Bréachóg</i>, <i>bf An Chúlóg</i>, <i>bf Trodóg</i>.</p>

Tábla 28: Logainmneacha den déantús ‘aidiacht + -óg’, ‘ainmfhocal + -óg’.

Aguisín F: Logainmneacha ina bhfuil Eilís (< AN *Ellis* (*sl*); < AN *Elise* (*ap*)) le fáil

Eilís (ainm pearsanta)

bf Móta Eilíse (#3318) (*Ce* 8): ‘Motaleiche’, ‘Moat-a-Lusha’, ‘Moat a Leesha’, ‘Moatalusha’ *AL* (1839); ‘Móta Eilíse, ‘Eliza’s moat’’ *ÓD:AL* (1839)

bf Drumellis [***Droim Eilíse**] (#4579) (*Ca* 15): ‘Drumellyes (2 poles)’ (1666), ‘Drumellisan’ (c.1709), ‘Drumellisson’ *Return (Jurors):AL* (1836)

Eilís (< *Ellis*, ainm/sloinne Angla-Normannach)

bf Gort Mhic Eilís (#47825) (*TÁ* 53, 61): (‘Gilbert fitz Elyas’ (1358)), ‘Gortmakellis’ (1601), ‘*Gort ma cellis*’ *pl:AL* (1840).

bf Baile Eilís (#52835) (*LG* 5): ‘Ballyellis’ (c.1600), ‘Balielish’ (1654), ‘Ellis’s town, Ellis is sometimes from Eliza, a woman’s name’ *ÓD:AL* (1840).

bf, par Caisleán Eilís (#52257) (*LG* 27): ‘Chastellellies’ (1602), ‘Caslelan-ilis’ (1617), ‘Castle-Ellish’ (1654).

bf **Caisleán Eilís** (#26839) (CC 20): ‘Castell Ellice’ (1571), ‘Castle Ellish’ (1685), ‘*caisleán Eilís*’ *pl:AL*, ‘Ellice’s Castle’ *ÓD:AL* (1838); cf. ‘Patrick Elles, late of Knocktogher’ (1571), ‘John Ealeas my lord’s [*sc.* Tomás Iarla Urumhan] caterer’ (1573), ‘Ellis Blanchville, daughter of Peter, who married Charles Agar of Gowran, about 1660’ (1905).

Eilís (< ainm/sloinne AN eile seachas *Ellis*)

bf **Baile Shaileastair** > *Ballyellis* (#12027) (Co 26): ‘Silvestreston’ (1301), ‘vill of Silvester’ (1302) ... ‘Villa Silvestri’ (1615), ‘Ballyhellister’ (1627), ‘Ballyellis’ (1642), ‘Balleelisher’ (1655), ‘Ballyhellister’ (1667), ‘Ballyellish’ (1669), ‘Ballyelester’ (1709), ‘Ballyellis’ (c.1830).

bf **Baile Eilís** (#25598) (CD 22) ‘Ellyeston’, ‘Ellerstown’ (1518), ‘Elenyston’ (1535), ‘Allenyston’ (1539), ‘Ellystowne’ (1540), ‘Elleyston’ (1562), ‘Eliston’ (1582), ‘Ellistowne’ (1622), ‘Elliceston’ (1624), ‘capella Sancti Michaelis de Bally-Elis’ (1629).

Eilís (ní léir cé acu Gaelach nó AN)

bf **Baile Eilís** (#11921) (Co 33): ‘Ballyrelish [*sic*]’ (1599), ‘Bally-Ellis’ (1611), ‘Bally Ellish’ (c.1660).

bf **Baile Eilís** (#11791) (Co 17): ‘Ballyhellis’ (1589), ‘Bally Ellis’ (1590), ‘Ballyellish’ (1611), ‘Ballyellies’ (1630), ‘Ballyellice als Bally Ellis’ (1727), ‘Ballyheelish’ (1811).

bf **Baile Eilís** (#27459) (CC 8): ‘Balyelyse’ (1527), ‘Ballyellis’ (1575), ‘Ballyellys’ (1603), ‘Bally Ellis’ (1793), ‘*baile eibhlís*’ *pl:AL*, ‘*baile Eilis*, ‘Ellis’s town’ *ÓD:AL* (1838).

bf **Ard Eilís** (#25069) (CD 31): ‘Ardhellis’ (1615), ‘Ardnehelische’ (1620), ‘Arenellis’ (1654), ‘Ard Ellis’ (c.1660), ‘Ardellis, alias Ellisheight’ (1666).

Cf. Gearóid Óg = Gearóid mac Alsan (1487–1534), 9ú hIarla Chill Dara, ainmnithe as a mháthair *Alison* iníon *Rowland FitzEustace*. Féach freisin ‘*tig Ailís ingean chille dara, 7 céile Shéamuis Bharúin Sláine go heirinn*’ LNE LS G198: 208 (c.1728), aistriúchán Thaidhg Uí Neachtain ar ‘Kildare ... sent his daughter *Alice*, Wife to *James* Baron of *Slane*, into Ireland’ Ware 1705: 82 (s.a. 1529) [= iníon [c.1508–c.1540] do Ghearóid Óg].

Aguisín G: ‘A certain mountain, called the Bogge’

Tagann dhá chuntas anuas chugainn ó thosach an 17ú haois (.i. *Erck Chanc.* 151 §66 (1604) (= *CPR* 63b) agus *CPR* 53b (1605)) a chuireann síos ar ghabháltas mór talún ina mbaintí móin in airde ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Is i mBéarla atá an dá iontráil sin ach is cosúil gur aistriúcháin iad ar an aon bhuncháipéis Laidine (cf. ‘on which are other less mountains and bogs’ (1604) : ‘upon which there are other lesser mountains, moors, and bogs’ (1605); ‘and extend on one side to the mountain of Cloneskeaghory, and on the other to that of Kippoore’ (1604) : ‘extending on one side to Cloneskeaghory; and on the other to Keppoore mountains’ (1605); ‘which were the ancient inheritance of the crown’ (1604) : ‘parcel of the ancient estate of the crown’ (1605)). Luaitear na mionainmneacha céanna san ord céanna ar an dá liosta ach tá an téacs ábhairín difriúil. Cé go bhfuil beagán sonraí i ngach iontráil de bhreis ar a chéile, tá cuma níos iomláine ar iontráil 1604 (‘where turff was sometimes dug’, ‘nigh the parts of the county Dublin, called Walshes and Harroldes countries’ i 1604 amháin; tá an frása teicniúil ‘with all their privileges and advantages’ le fáil i 1605 amháin). Ardaíodh an cíos ón ráta stairiúil 2s. 6d. go 3s. 4d. idir an dá linn. Ar an mórgóir, tá cruth níos cruinne ar na foirmeacha traslitrithe i liosta 1604.

The said inquisition also finds that a certain mountain, called the Bogg, about 5 miles distant from Dublin city, on which are other less mountains and bogs, known by the names of Kilknockanroe *alias* Kilnebrone, Garryduff, Portnegreney, Rossaniera, Slewemone, Dandarge, Lognehaley, and Aghcrannevogh; which small mountains and bogs are called "the kinges common," where turff was sometimes dug, and extend on one side to the mountain of Cloneskeaghory, and on the other to that of Kippoore, and on another, nigh the parts of the county Dublin, called Walshes and Harrolde countries; which were the ancient inheritance of the crown, and only valued, above reprises, at 2s. 6d. by the year—that,

§66. An Inquisition taken at Newcastle, on 14th March, 1604 ... finds that, at Ballinecor, in co. Dublin, on the 2nd Sept., 36 Eliz. [1594], and at divers other places and times in said county, all the persons hereinafter mentioned, being of the Birnes country, having entered into rebellion, with banners displayed, and aided and supported, as well the queen's foreign enemies, as Hugh, earl of Tyrone, and other domestic rebels ... were attainted, and forfeited the following possessions, of which hey were found seised, etc. vizt.: ... The said inquisition also finds that a certain mountain, called the Bogg, about 5 miles distant from Dublin city, on which are other less mountains and bogs, known by the names of (1) Kilknockanroe alias Kilnebrone, (2) Garryduff, (3) Portnegreney, (4) Rossaniera, (5) Slewemone, (6) Dandarge, (7) Lognehaley, and (8) Aghcrannevogh; which small mountains and bogs are called "the kinges common," where turff was sometimes dug, and extend on one side to (▲) the mountain of Cloneskeaghory, and on the other to that of Kippoore, and on another, nigh the parts of the county Dublin, called Walshes and Harrolde countries; which were the ancient inheritance of the crown, and only valued, above reprises, at 2s. 6d. by the year.


Calendar of Patent Rolls of James I 63b (1604)

Stelorgan, gent. by right of mortgage—a certain mountain called the Bogg, about 5 miles from Dublin, on which are other lesser mountains and bogs, viz. Kilknockanroe, otherwise Kilnebrone, Garryduff, Portnegreney, Rossaniera, Slewemone, Dandarge, Lognehaley and Aghcrannevogh, all known by the general name of The King's Commons, extending on one side to the mountain called Cloneskeaghory, on another to that called Kippoore, and on another to the parts of Dublin co. called Walshe's and Harrold's countries; all being the ancient inheritance of the crown, and valued at 2s 6d by the year—the ruins of a stone house near Wicklow in

—(12) a certain mountain called the Bogg, about 5 miles from Dublin, on which are other lesser mountains and bogs, viz. (1) Kilknockanroe, otherwise Kilnebrone, (2) Garryduff, (3) Portnegreney, (4) Rossaniera, (5) Slewemone, (6) Dandarge, (7) Lognehaley and (8) Aghcrannevogh, all known by the general name of The King's Commons, extending on one side to the mountain called (▲) Cloneskeaghory, on another to that called Kippoore, and on another to the parts of Dublin co, called

Walshe's and Harrold's countries; all being the ancient inheritance of the crown, and valued at 2^s 6^d by the year.

Calendar of Patent Rolls of James I 53b



Grant from the King to Theobold Burke, baron Bourgh of Connell otherwise Castleconnell
Dublin Co'. Part of (12) a mountain called The Bogge, about 5 miles from Dublin, upon which there are other lesser mountains, moors, and bogs, known by the following names, viz. (1) Kilnockanroe otherwise Kilnebrone, (2) Garreduffe, (3) Portnegrane, (4) Rostamarra, (5) Slewnemone, (6) Bandarge, (7) Loughnehalie, and (8) Aghcranenevogh, with all their privileges and advantages, extending on one side to (▲) Cloneskeaghory; and on the other to Keppoore mountains, and called by the common name of the King's Common; parcel of the ancient estate of the crown; rent 3^s 4^d.

Achoimre:

Is é a bhí i gceist le 'the king's common' ná na móintailte gar don sliabh darb ainm 'The Bogge' ('Slewnemone') .i. an bheann dhúbailte 586m–582m darb ainm *Glendoo Mountain* SO móide na portaigh ar feadh na talún airde ó dheas go dtí 'Kippoore' agus soir go dtí 'Cloneskeaghory' [=Prince William's Seat SO], os cionn 'Walshes and Harrolds countries' [=gl *Glencullen*]. Díol spéise na mionainmneacha seo a cheangal le ceantair phortaigh an lae inniu ar íomhánna satailíte, i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn faoi shuíomh cuid díobh cheana (Fig. 83).




Fig. 82: 'A certain mountain, called the Bogg' — léarscáil cháilfocht talún.
(Léiríonn donn portach.)




Fig. 83: 'A certain mountain, called the Bogg' — grianghraf satailíte le himlíne ar cheantair phortaigh an lae inniu.




Fig. 84: 'A certain mountain, called the Bogg' — anuas ar léarscáil SO Sraith Eolais.

Aguisín H: Táblaí minicíochta

[GGT] GNÉITHE AICEANTA [Tacar: 213/316 = 67.41%]

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: ARDÁN [Tacar: 77/213 = 36.15%]

	Minicíocht	%GGT
Cnoc	14	18.18
Carraig	10	12.99
Cloch	9	11.69
Sliabh	9	11.69
Cnocán ³⁰⁹	6	7.79
Carraigín	4	5.19
Aill	4	5.19
Leacain	4	5.19
Mullach	3	3.90
Ard	2	2.58
Scor	2	2.58
Aille?, Cnap, Maoileann, Mullán, Port, Prompóg, Ros, Spincín, Tóin, Tulachán	10 x 1	1.30

³⁰⁹ Dhealródh sé nach ionann **cnocán** is cnoc beag ar leith i gcónaí, ach meall nó ardán ar thaobh cnoc. Áirítear mar eilimint ar leith é. Ní dócha gur ghá an t-idirdhealú céanna a dhéanamh i gcás **logán** agus **móinín** sa réimse ÍSLEÁN.

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: ÍSLEÁN [Tacar: 82/213 = 38.49%]

	Minicíocht	%GGT
Log (14), Logán (2)	16	19.51
Móin (10), Móinín (2)	12	14.63
Currach	8	9.76
Gleann	8	9.76
Clais	7	8.54
Inse	5	6.10
Poll	4	4.88
Easca	3	3.66
Allt, Bogach, Bogán, Croithleach, Cuan, Cuing, Dochtóg, Fánlog, Foidhre=Fothair?, Léana, Linn, Muineál, Plaide, Port, Portach, Riasc, Scornach, Slád (=gleann), Sconsa	19 x 1	1.22

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: UISCE [Tacar: 34/213 = 15.96%]	Minicíocht	%GGT
Tobar	9	26.47
Tromán [GS]	4	11.64
Slád (=sruthán) [TS]	4	11.64
Gabhlaigh [GS]	3	8.82
Glaise	3	8.82
Sruth (1), Sruthán (1)	2	5.88
Abhainn	2	5.88
Easca (=sruthán)	2	5.88
Camóg, Eas, Feadán, Linn, Tiobrach	5 x 1	2.94

[GGT] GNÉITHE AICEANTA: ILGHNÉITHEACH [Tacar: 24/213 = 11.28%]	Minicíocht	%GGT
Coill	4	16.67
Leó	3	12.50
Brácaí	2	8.33
Brocaigh	2	8.33
Ruán	2	8.33
Abbles, Cam, Corrán, Creachail?, Garbhlach, Giota, Loiscneach, Mongán, Sraith, Tom	10 x 1	4.17

[GGT] CUMARSÁID [Tacar: 18/316 = 5.70%]

	Minicíocht	%
Áth	6	33.33
Bóthar	6	33.33
Bearna	3	16.67
Cros[bhóthar?]	1	5.56
Bealach	1	5.56
Bóithrín	1	5.56

[GGT] DAONRA [Tacar: 7/316 = 2.22%]

	Minicíocht	%GGT
Ráithín	5	71.43
Ráth	1	14.29
Baile	1	14.29

[GGT] FOIRGNEAMH TUATA [Tacar: 4/316 = 1.26%]

	Minicíocht	%GGT
Caisleán	1	25
Cró	1	25
Fálbhuaile	1	25
Teach*	1	25

[GGT] FOIRGNEAMH EAGLASTA [Tacar: 2/316 = 0.63%]

	Minicíocht	%GGT
Teampall	2*	100

[GGT] SAORGA [Tacar: 19/316 = 6.01%]

	Minicíocht	%GGT
Cnocán (=carn)	4	21.05
Suí	3	15.79
Carn	2	10.53
Carraig (=carn)	2	10.53
Leaba	2	10.53
Claí, Cnoc (=carn), Láthair, Móitín, Suíochán, Tuaim	1	5.26

[GGT] GOIRT AGUS GARRAITHE [Tacar: 62/316 = 19.62%]:

	Minicíocht	%GGT
Páirc (15), Páirt? (1)	16	25.8
Garraí	8	12.9
Fearann	6	9.68
Buaile	5	8.06
Croite	4	6.45
Cúil	4	6.45
Bánóg	3	4.84
Caisiar	2	3.23
Ceapóg	2	3.23
Crosóg	2	3.23
Gort	2	3.23
Acra, Banrach, Cluain, Cúilteog, Móinéar, Plásán, Puintín, Siall	8 x 1	1.61

An Ceantar Taighde [GGT]: **Cáilitheoirí** [Tacar: 182]

[GGT] UISCE [5]

	Minicíocht	%
Uisce	2	40
Easca	1	20
Guairneán	1	20
Roide	1	20

[GGT] GAOTH/SOLAS [2]

	Minicíocht	%
Gaoth	1	50
Grian	1	50

[GGT] MIANRA [10]

	Minicíocht	%
Cloch	5	50
Dumhach?, Leac, Ór, Scláití?, Screathain	1	10

[GGT] PLANDA [15]

	Minicíocht	%
<i>Eile</i> (2 Aiteann, 2 Raithean, 2 Raithneach, 1 Luachra)	7	46.67
<i>Crann</i> (1 Ceap?, 2 Caorthann, 1 Iúr?)	4	26.67
<i>Barra</i> (1 Gabáiste, 1 Punann?, 1 Seagal)	3	20
<i>Toradh</i> (1 Sceachóir)	1	6.67

[GGT] AINMHÍ [23]

	Minicíocht	%
<i>Ainmhithe clóis</i> (3 Muc, 2 Gabhar, 1 Bó, 1 Bromach, 1 Capall, 1 Cearc, 1 Coileach, 1 Colp, 1 An Riabhach, 1 Uan)	13	57.52
<i>Mamaigh</i> (2 Cat, 1 Cú, 1 Sionnach, 1 Soith)	5	21.73
<i>Éanlaithe</i> (3 Fiach, 1 Iolar, 1 Spearóg)	5	21.73

[GGT] DUINE [18]

	Minicíocht	%
<i>Sochaí</i> (2 Aoire, 2 Gréasaí, 2 Scológ, 1 Fear Dána?, 1 Gadaí, 1 Gortán?, 1 Rí)	10	55.56
<i>Corp</i> (1 Abhra, 1 Cluas, 1 Duán, 1 Pluicín?)	4	22.22
<i>Teaghlach</i> (1 Buachaill, 1 Duine)	2	11.11
<i>Cine</i> (2 Ultach)	2	11.11

[GGT] DÉANTÚSÁN [8]

	Minicíocht	%
Bardóg, Bró, Finid?, Píopaire, Róistín, Saighead, Stáca, Truaille?	1	12.5

[GGT] BIA [1]

	Minicíocht	%
Salann	1	100

[GGT] BRUSCAR [1]

	Minicíocht	%
Cac	1	100

[GGT] GNÍOMHAÍOCHT [2]

	Minicíocht	%
Smól?, Loisceadh	1	50

[GGT] OSNÁDÚRTHA [3]

	Minicíocht	%
Púca	2	66.67
Sióg	1	33.33

[GGT] TREOCHA [2]

	Minicíocht	%
Lár	1	50
Trasna	1	50

[GGT] AINM [32]

	Minicíocht	%
<i>Ainm pearsanta Gaelach/réamh-AN</i> (2 Art, 2 Moling, 1 Aodh, 1 Bran, 1 Cathal, 1 Diarmaid, 1 Eoghan, 1 Fionn, 1 Fionnán, 1 Lorcán, 1 Murcha Fionn, 1 Niall, 1 Oisín, 1 Pádraig, 1 Santán, 1 Seanán; 1 Méabh)	19	67.86
<i>Logainm</i> (1 Gort na Graí, 1 An Dothra, 1 Tóin le Gaoith, 1 Corrán na bhFiach)	4	14.28
<i>Ainm pearsanta AN</i> (1 Máirtín; 1 Eilís, 1 Máirín)	3	10.71
<i>Sloinne AN</i> (1 An tAraltach, 1 An Clinseach, 1 An Scallartach)	3	10.71
<i>Sloinne G</i> (1 Mac Aoidh?, 1 Ó Ceallaigh)	2	7.14
<i>Ainm pearsanta & sloinne G</i> (1 Pilib Ó Gabhann)	1	3.57

[GGT] AIDIACHT [Tacar: 64/185 = 34.59%]

	Minicíocht	%GGT
<i>Dath</i> (8 Dubh, 7 Rua, 5 Breac, 4 Bán, 1 Glas, 1 Dearg)	24	37.50
<i>Mór/Beag</i> (17 Mór; 2 Beag)	19	29.69
<i>Eile</i> (2 Cas-?, 1 Cnapach?, 1 Corr-, 1 Cuimseach, 1 Gortach, 1 Toll)	7	10.94
<i>Fada/Gearr</i> (2 Fada; 2 Gearr)	4	6.25
<i>Ard/Íseal</i> (3 Ard)	3	4.69
<i>Garbh/Mín</i> (1 Carrach, 1 Garbh; 1 Réidh)	3	4.69
<i>Sean-/Nua</i> (2 Sean-)	2	3.18
<i>Fliuch/Tirim</i> (1 Fliuch)	1	1.56
<i>Leathan/Caol</i> (1 Caol)	1	1.56

Aguisín I: Léarscáil Dheilginse 1765

A+C	II	An tAcra Bodhar “the muddy, unproductive acre” (0.3.17) (‘Acra Bower’)
A2+(A1+C)	V	Acra Móna Boige “acre of (the) soft moorland” (1.0.16) (‘Acra Monabogy’)
A	III	Na Bánóga “the lea-fields, cultivated fields” (‘Bawnoges Upper, Lower’) (roinnte ina stráicí arúla)
A+C	II	An Bheathach Mhantach “the gapped birch-land” (‘Bahamanta’, ‘Bahamunta’)
A+C	I	Carraig an Tionóil “the rock of the assembly” (‘Carrigatinoel or the Rock Meadow’)
A2+(A1+C)	I	Fearann an Chaisleáin Bhuí “the (plough-)land of the yellow castle” (‘Farranahaslanwee or Dungans 3 Acres’)
A2+A1	I	Fearann an Charraigín “the (plough-)land of the little rock” (‘Farranacorrigeen’)
A2+A1	I	Fearann an Gheata “the (plough-)land of the gate” (‘Farranayatta’)
A+C	I	Fearann an Teistiúin “the (plough-)land of the fourpence” (‘Farranateltoon’)
A2+A1	I	Fearann an Tobair “the (plough-)land of the well” (‘Farrantubber’)
A2+A1	I	Fearann an Sciobóil “the (plough-)land of the barn” (‘Farransheball’)
A+C	I	Móinín an Chrainn “the little moorland of the tree” (‘Moneenachring’)
A+C	I	Móin na Lao “the moorland of the calves” (‘Monylea’)
A+C	V	Móin Méad “moorland of —” (‘Moinmead’)
A+C	II	An Pháirc Mhór “the big field” (‘Parkmore & Goats Castle Garden’)
A	III	An Ráithín “the (little) ring-fort” (‘Raheen’)
A2+A1	I	Tír an Mhuilinn “the land of the mill” (‘Terrywillin’)

Farransheball (B1: Mr. Watson, 9.1.17; M1 ‘Two Stangs in Farransheball’: Mr. Watson, 0.2.00)

Fearann Sciobóil */f'arənə'ʃg'ibɔ:l/

Fearann Sibéal */f'arən'ʃib'al/

Aicmitheoir: **fearann** “land(-holding)”

Cáilitheoir: (i) **scioból** “barn” (*leg.* Farranskeball), ach cf. *Corrigatinoel* < tionóil thíos; (ii) **Sibéal** (ainm pearsanta mná)

SO: *Saval Park Road SO, Barnhill SO, Barnhill Road, srl.*

Monylea (B3: Mr. Watson, 0.3.14)

An Muine Liath */mun'ɪ'l'ia/

Móin na Lao */mo:nə'lʲɤ:/

Aicmitheoir: (i) **muine** “shrubbery”; (ii) **móin** “moorland (*lit.* bogland)”

Cáilitheoir: (i) **liath** (aid.) “grey”; (ii) **lao**, g. id. “calf”. Cf. ‘Lugna·lee Brook’ *bf Ballynabrocky* (CM xx) PNW 259.

SO: —

Farrantubber (B4: Mr. Watson, 2.0.16)

Fearann (an) Tobair */f'arənə'tɔ̃bər'/

Aicmitheoir: **fearann** “land(-holding)”

Cáilitheoir: **tobar** “well”

SO: —

Bawnoges Upper (B5, M3, M4 ‘Yellow Bryans Acre’, C1, C2 ‘Baldwin’s big Acre in Do.’, B6 ‘In Do., Mr. Bull’s two White Acres’, B7 ‘In Do., Maghery’s three stangs’)

Bawnoges Lower (B9 ‘in lower Bawnoges, Nich. Archbold’s big Acre’, B10 ‘In Do., the two Wett Acres’ agus C3 ‘In Moinmead’ eatarthu istigh)

Na Bánóga */bɑːnoːgə/

Aicmitheoir: **bánóg** “lea-field, cultivated ground”

SO: —

Bahamanta, Bahamunta (B8: George Curtis, 1.1.04; M6 ‘in Bahamunta, the Short Acre’: Mr. Watson, 0.3.18)

An Bheathach Mhantach */b'ahəx'βantəx/

Both an Mhantaigh */bɔhə'βantə/

Bac an Mhantaigh */bakə'βantə/ (*leg.* Bakamanta???)

Aicmitheoir: (i) **beathach** “place of birch-trees”; (ii) **both** “hut, cottage”; (iii) **bac** “bend” (suite ar chorr sa bhóthar)

Cáilitheoir: (i) **mantach** (aid.) “gapped”; (ii) **mantach** (fir.) “gap-toothed man”

SO: *Burmah Close*

Farranayatta (B14 ‘The three Acres over Farranayatta’: Mr. Watson, 2.2.19; B17 ‘Part of’: Widow Licking, 3.0.30; M12: Mr. Watson, 0.3.12; C4 ‘Baldwins Acre over Farranayatta’: Mr. Watson, 0.3.30)

Fearann an Gheata */f'arənə'ɣ'atə/

Aicmitheoir: **fearann** “land(-holding)”

Cáilitheoir: **geata** “gate”

SO: —

Raheen (B21: Mr. Bull, 4.0.25)

An Ráithín */rɑːhiːn'/

Aicmitheoir: **ráithín** “(little) ring-fort”

SO: *Leitrim Lodge SO 25*

Corrigatinoel or the Rock Meadow (B26: Michl. Archbold, 1.2.12)

Carraig an Tionóil */kəɾɪg'ə't'inoːl'/

Carraig an tSionóidigh */kəɾɪg'ə't'inoːd'ɪ'/

Aicmitheoir: **carraig** “rock”, litrithe *corrig* mar is iondúil sa cheantar seo (ach cf. *bf Killincarrig, bf Templecarrig* i bpar. Dheilgne ina bhfuil *-ar-* tríd síos, *PNW 321*).

Cáilitheoir: (i) **tionól**, g. u. **tionóil** “assembly”; (ii) féach gur ait an litriú Béarla é *-tinoel* — *Corrigatinod* < **Carraig an tSionóidigh** “the rock of An Sionóideach (*Sinnott*)” le cur san áireamh freisin? Cf. 1618 ‘Garrytinod ... Walter Sinnote’, 1654 ‘Garrytinod’, 1840 ‘Garrintinodagh’ faoi *Garryntinodagh/Garraí an tSionóidigh* in *LnÉ IV (LG) 945*.

SO: *Quarries SO, Granite Cottage SO 25*

Moneenachring (B30: Mr. OBrien, 0.3.03 [1-690])

Móinín an Chrainn */moːn'iːn'ə'xriːŋ'(g)'/

Aicmitheoir: **móinín** “little moorland (lit. bogland)”

Cáilitheoir: **crann**, g. u. **crainn** “tree”

SO: —

Terrywillin (B31: Mr. OBrien, 3.2.23 [2·13 & 2·57])

Tír an Mhuilinn */t'í:r'ə'wil'ɪŋ'/

Aicmitheoir: **tír** “land”

Cáilitheoir: **muileann** “mill”

Canúint:

SO: —

Yellow Bryans Acre (‘in Upper Bawnoges’) (M4: Mr. Watson, 1.0.12)

***Acra Bhriain Bhuí**

Acra Monabogy (M7: Mr. Watson, 1.0.16)

Acra Mhóin an Bhogaigh */akrə,mo:n'ə'βogə/ < **Móin an Bhogaigh** */,mo:n'βogəx/

Acra Móna Boige (PÓC) */akrə,mo:nə'bog'ɪ/ < **Móin Bhog** */,mo:n'βog/

Aicmitheoir: (a) **acra** “acre”; (b) **móin** (*bain.*) “moorland (*lit.* bogland)”

Cáilitheoir: (i) **bogach** “bogland”; (ii) **bog** (*aid.*), *g. bain. boige* “soft”

Leagan PÓC is fearr.

SO: —

Moinmead (M8: Mr. Watson, 1.2.12; C3: Mr. Watson, 0.3.06)

Móin *Méad */,mo:n'm'e:d/? */,mo:n'm'i:d/

Aicmitheoir: **móin** “moorland (*lit.* bogland)”

Cáilitheoir: (i) **méad** < *mead* “grassland mown for hay” (‘*mead* is from *mæd*, nominative case of the OE word, and *meadow* from the dative case, *mædwe*’ *EPN* 135); (ii) **Méad** = *Meade* (*sloinne* < **Midheach** [**Míoch**] na Gaeilge) (PÓC).

Acra Bower (M10: Mr. Watson, 0.3.17)

An tAcra Bodhar */,akrə'bəur/

Aicmitheoir: **acra** “acre”

Cáilitheoir: **bodhar** “muddy; unproductive”; cf. *Parkvour* i nGleann an Smóil? Cf. B10 ‘the two Wett Acres, 2.0.00’ os a chionn seo laistear.

SO: —

Farranacorrigeen (M11: Mr. Watson, 0.3.20)

Fearann an Charraigín */,f'arənə'xərig'i:n'/

Aicmitheoir: **fearann** “land(-holding)”

Cáilitheoir: **carraigín**, *g. id.* “rocky outcrop (*lit.* little rock)”

SO: *Quarry*

Farranahaslanwee or Dungans 3 Acres (M23: Charles Byrne (?), 3.0.00)

Fearann an Chaisleáin Bhuí */,f'arənə,xəʃl'ɑ:n'βwi:/

Aicmitheoir: (a) **fearann** “land(-holding)”; (b) **caisleán** “castle” [ní ann d’aon iarsmaí; cf. M25 ‘Dungan’s Castle & meadow, 3.1.27’ soir an bóthar uaidh seo.]

Cáilitheoir: **buí** (*aid.*) “yellow”; cf. *Yellow Bryans Acre* supra, M28 ‘The Black Castle Garden’.

SO: —

Short Acre (M24: Charles Byrne (?), 0.3.20)

***An tAcra Gearr**

Parkmore & Goats Castle Garden (M26: Charles Byrne (?), 4.1.14)

An Pháirc Mhór */,pa:rk'βo:r/

Aicmitheoir: **páirc** “park”

Cáilitheoir: **mór** (*aid.*) “big”

SO: *Castle, Quarries*

Farranateltoon (C9: Mr. Watson, 1.3.33)

Fearann an Teistiúin [*leg. Farranatestoon*] */f'arənə't'ejd'u:n'/

Aicmitheoir: **fearann** “land(-holding)”

Cáilitheoir: **teistiún** “fourpence rent (*lit.* fourpenny piece)” < *testoon* “a former silver coin of England, issued by Henry VII [1485–1509], Henry VIII, and Edward VI [1547–1553], and bearing on the obverse the bust of the reigning king: equal originally to 12 pence, later to sixpence” (cf. ‘TESTON, subst. masc. [GDC : *teston* ; FEW XIII-1, 281a : *testa* ; TLF XVI, 149a-b : *teston*] “Petite monnaie d’argent à l’effigie royale, teston (à l’origine dix sous)”’ *Dictionnaire du Moyen Français (1330–1500)*). Féach *Ó Duinnín* s.v. **teastún** ‘a fourpenny piece ... **tistiún** (*M.*), **toistiún** (stress on first syllable) (*U.*)’; *FGB tistiún, tuistiún = toistiún*. Féach litriú Thaidhg Uí Neachtain in 1728 ‘*fa héigin dóibh trí scillinge deag agus teistiún do iach ris na gaill chum a gcath do neartughadh is in grích an aghaidh gædhil*’ KIL 20 197 (aistriúchán ar ‘to paye for the maintenance of the King’s wars there thirteene shillings foure pence by the year’ sa bhuntéacs). Seo a leanas na samplaí is luaithe de na foirmeacha éagsúla in *Corpas*: 1720 ‘ocht dtuistiúin’ (L232: *Dánta is Amhráin Sheáin Uí Ghadhra*), 1845 ‘teistiúin’ (*Banba*), 1858 ‘dá theastun’ (L362: *LS Staire an Bhionadaigh*); níl an focal le fáil in *eDIL*. D’fhéadfadh *-*testoon*, más in atá ann ó cheart, seasamh d’fhoirm ar bith díobh. Cf. /p'i:si: tʲiʃt'u:n/ ‘fourpenny pieces’ *LASID* III: 80 (.i. Pointe 33 [*bf* Camdhoire (#18963), Co. na Gaillimhe]).

Aguisín J: Gnéithe canúna (tuilleadh samplaí)

10.1 An bhéim i bhfocail dhéshiollacha le guta fada sa dara siolla:

Chéad siolla/comhbhéim: **An Cheapóg (1, 2), Crosóg, An Feadán, An Tulachán (GS); Na Logáin (GC).**

Dara siolla: **Glaise an Mhulláin (GS);**

10.2 ll, m, nn

-ll leathan le défhoghrú: **Buaile an Ultaigh (GC); Sliabh Toll (TS).**

-ll leathan gan défhoghrú: **An tAllt Mór, Poll na gCapall (GC).**

-ll caol le défhoghrú: **Coill na Brón, Poill Fhada (GS).**

-m(-) leathan gan défhoghrú: **Fearann an Teampaill (GS).**

-m(-) caol le fadú: **An Cnocán Cuimseach (TS).**

-m(-) caol gan défhoghrú/fadú: **Cúil an Chaim (TS).**

-n(n)(-) leathan gan défhoghrú/fadú: **An Sconsa (GS); An Bhanrach (GC).**

-nn caol > /n/: **Abhainn Dothra, Cnocán Caorthainn (GS)**

-nn caol /p/: **Suí Finn, An Linn (GS)**

-nn(-) leathan > /ŋ/: **Suí Fionnáin (GS)**

-l-/ll- caol: **Cnoc an Choiligh, Aille, Cnoc Buaile (GC)**

-l-/ll- leathan > Brl. /lj/: **An Mullach (GC)**

10.3 ng

-ng- láir leathan > /ŋ/: **An Mongán (GS) (x3);**

-ng- láir leathan > /ŋg/: **An Mongán (GS) (x1).**

10.4 ch, th

-th- leathan láir > guthaithe le fadú cúitimh: **Abhainn Dothra, Bóthar na Bruíne, An Sruthán, An Bóthar (1, 2, 3), An Bóthar Glas, Currach Cathail (GS); [Carraig na gCat: ‘cathair’], Carn na Screathaine (GC); Láthair na Rí (TS)**

-th- leathan láir > /h/: **Bóthar an tSalainn (GC)**

-th- caol láir > guthaithe le fadú cúitimh: **Bearna Chroithligh, Cnoc an Raithin, Cúil Raithní, Páirc Raithin** (GS); **An Bóithrín** (GC)
-th- caol ~ **-dh-** caol: **Na Foidhrí** (GC)
-th- caol láir > /h/: **Raithean** (GS); **Móitín na Scraithe** (TS)
-th leathan deiridh > /x/: **An Sruth** (GS)
-th leathan deiridh balbh: **An tÁth, Áth na Dumhcha, Áth na Leice** (GS)

-ch(-) leathan > /k/: **Log na bhFiach, An Currach (1, 2, 3, 4, 5), Loiscneach, An Pháirc Fhliuch** (GS); **An Bhanrach, Cloch na gCon, Gort na gCloch, Curracha Mháirtín, An Mullach, An Chloch Bhán** (GC); **An Tiobrach, An Scornach** (TS)
-ch(-) leathan > /x/: **An Suíochán** (GS); **Garraí na gCloch** (GC)
-ch(-) leathan balbh: **An Sliabh Carrach, An Currach (3)** (GS); **An Garbhlach Rua** (TS)

10.5 bh/mh

-bh leathan balbh: **An Tromán Dubh, Sliabh na Móna (3), An Garraí Dubh, An Log Dubh (1, 2), An Mhóin Gharbh** (GS); **An Gleann Dubh, An Giota Dubh** (GC); **An Ráithín Dubh** (TS)
-bh leathan > /v/???: **Sliabh na mBardóg, Sliabh na Móna (1)** (GS); **An Sliabh Gearr** (GC)
-bh- leathan idirghutach > /v/: **Cnocán Mhéabha** (GS)
mh- leathan tosaigh > /v/: **Glaise an Mhulláin, An Mhóin Mhór, An Pháirc Mhór** (GS)
mh- leathan tosaigh > /w/: **Fearann an Mhullaigh** (GS); **Log an Mhullaigh** (TS)
bh- leathan tosaigh > /w/: **An Chloch Bhán** (GC)

(-)abh(a)- le défhoghar: **Abhainn Dothra, Carraig an Abhra, Easca Philib Uí Ghabhann** (GS)
(-)abh(a)- ~ /o:/: **An Abhainn Trasna** (GC)
(-)abh(a)- gan défhoghar: **An Ghabhlaigh Dhubh, An Ghabhlaigh Bheag, An Ghabhlaigh Mhór** (GS)
(-)amh(a)- > /o:/: **An Leó Mhór, Leó Phórtach Airt** (GS); **An Leó** (GC)

10.6 dh/gh

-(a)igh deiridh > /i/: **An Bhrocaigh (1, 2)** (GC)
-(a)igh deiridh > /ə/, /i/: **Fearann an Mhullaigh** (GS); **Cnoc an Choiligh, Buaille an Ultaigh** (GC); **Log an Mhullaigh, Buaille an Chlinsigh, Carraig an tSeannaigh, Cnoc Bromaigh** (TS)
-aighe(-) le défhoghar: **Cnoc na Saighead** (GS)
-aidhe(-) le défhoghar: **Leaba na Saidhe** (GC)

10.7 -t- caol

-t- caol > Brl. /tʃ/: **Curracha Mháirtín** (GC)
-t- caol > Brl. /k/: **An Cnap Aitinn** (GS)

10.8 cn-

cn- Brl. /kr-/: **An Cnap Aitinn, Cnoc an Raithin, An Cnocán (1, 2, 3, 4)** (GS, GC); **Cnoc an Choiligh, An Cnoc, An Choill Chnapach** (GC)
cn- Brl. /n-/: **Cnoc na Brocaí, Cnoc na mBó**

10.9 Na hiarmhíreanna -án, -ín, -óg

-án soiléir: **Bun na dTrí dTromán, Glaise an Mhulláin, An Corr-ruán, Glaise an Mhulláin, An Mongán, An Cnocán (1, 2, 3, 4), An Feadán** (GS); **An Ruán, Na Logáin, Log na nGuairneán** (GC); **Plásán an Ghortáin** (TS)
-án lag: **An Bogán** (GC)
-ín: **An Spincín, An Carraigín (1)** (GS); **An Carraigín Rua, An Puintín** (GC)

-óg soiléir: **Sliabh na mBardóg, X na Scológ, An Cheapóg (1, 2), Crosóg (1, 2), Cúilteog (GS); An Bhánóg (GC); Slád na bPrompóg (TS)**
-óg lag: **An Bhánóg Bhán (1) (GS); An Chamóg (TS)**

10.10 Cáilíocht na ngutaí

-a- cúil: **An Charraig, An Leacain (1, 2) (GS); An Chlais (1), Corr na gCat (GC)**
-á- cúil: **An Bhánóg Bhán (1, 2), Na Brácaí Réidhe, Ráth+Hill, An tÁth, An tArd, Croite na hÁithe (GS); Páirc an Ghréasaí, An Chloch Bhán, An Pháirc Ard, Páirt an Chaca (GC); Slád na bPrompóg, Plásán an Ghortáin (TS)**
-a- tosaigh: **Clais na Muc (GS); An Leacain (3) (GC)**
-á- tosaigh: **The Fair Cord (GC)**

-ea- ~/ε/: **An Ghabhlaigh Bheag, [X an] tSeagail, An Bhearna Bheag (GS)**

-ea- ~/i/: **An Feadán (GS)**

-ea- ~/a/: **Clais na Spearóg, An Leacain (3, 4) (GC)**

-ea- ~/o/: **Leaba na Saidhe (GC)**

-ó- ardaithe in aice srónaigh: **Sliabh na Móna (3), Móin an Tobair, Móin Log (GS)**

-ó- gan ardú in aice srónaigh: **Móin an Loig (GC)**

-e ~/i/: **Glaise na Muice (GS)**

-ə caillte: **Abhainn Dothra, Carraig an Abhra, Easca an Aoire, Bearna Chroithligh (GS); Áth Colpa (TS)**

-ə caomhnaithe: **Na Clocha Breaca (TS)**

10.11 Na défhoghair

-ua- ~/o:/: **An Cuan Ard (GS); Cnoc Buaille, An Fhálbhuaile (GC)**

-ua(-) ~/u:/: **An Chúil Rua, Cloch an Dá Uan (GS); An Garbhlach Rua (TS)**

-ao- ~/i:/: **Cnocán Caorthainn, An Pháirc Chaol (GS)**

Aodh, gin. /i:/: **Páirc Aodha (GC)**

-ia- > Brl. /əi:/: **An Stiall (GS)**

10.12 An guta cúnta

Guta cúnta: **An Seangharraí (GS)**

Guta cúnta in easnamh??: **Seanmhuinéal (GS)**

10.13 Deilbhíocht

Urú ar aid. gin. iol.: **Bun na dTrí dTromán (GS)**

doiléir: **Tobar na gCloch Breac (GS)**

10.14 Gnéithe eile

t- > d-: Dochtóg (< tocht “(feather-)bedding”?)

cr- > gr-: An Croite (1, 2...)

spinc ≠ splinc: An Spincín,

dumhach, gin. dumhcha: Áth na Dumhcha

le ≠ re: Tóin le Gaoith

Na Foidhrí < fothair

An Cnoc Loiscithe ≠ tréshiollach loiscithe

cloch, gin. cló (< cloiche): Slád na Cloiche Báine

riabhach, gin. na riaibhche: Slád na Riaibhche

Aguisín K: Gnéithe den bhéarlú

11.1 Cáilíocht consan

Consan caol > Brl. caol: **An Cheapóg** (GS); **An Baile Breac** (GC).
Consan leathan > Brl. caol: **An Cnocán** (1)

11.2 Meititéis/comhshamhlú/díshamhlú/coimriú

An Mhóin Mhór, **Cúil Mhic Aoidh** (GS); **Buaile an Araltaigh**, **Ruán an Fhearainn** (GC); **Buaile an Chlinsigh**, **An Garbhlach Rua** (TS).

11.3 Meascán consan eile

/gl/~/dl/: **An Bóthar Glas** (GS).

11.4 Alt tosaigh na Gaeilge

Caomhnaithe: **An Leó** (1, 2), **Uncúil?*,

11.5 Iolra an Bhéarla

Na Logáin, **An Bogán** + Brl. -s.

11.6 Leid ar athrú teangan

Is cosúil gur aistriúcháin áitiúla déanacha is ea **An Log Dubh** = Brl. *Black Holla* (GS); **An Choill Mhór** (2) = Brl. *The Big Wood*, **An Gleann Dubh** = *The Black Glen*, **Cnoc Buaile** = *Cruck Pasture*, **An tAllt Mór** = *The Big Alt*, **Na hInsí** = *Inchy*, **An Logán Dubh** = Brl. *Black Holla*(??) (GC); **Slád na Cloiche Báine** = *The White Stone Slade*, **An Mhóin Fhada** = *The Long Bog* (TS). Ní samplaí cinnte iad **Bun na dTrí dTromán** ~ Brl. *Head of the Three Brooks?*, **Dochtóg** = Brl. *Featherbed?*.

11.7 Athluaiteachas sa bhéarlú

An Bóthar (2) = *Boar Lane*, **An Bóthar Glas** = *Boardloss Lane* (GS); **An Sruth** = *Srugh Slade?*

11.8 G /k/ > Brl. /x/

Cláí Stáca

11.9 Brl. /h-/ tosaigh proistéiteach

Áth na Dumhcha, **Áth na Leice**, **Áth na bPunann** (GS)

11.10 gin. (na) raithní

(na) raithní > Brl. -*rawny* & -*rawneen*: **Cúil Raithní** [GS], *bf* **Gleann na Raithní** [TS]

11.11 athmhíniú chéad siolla neamhaiceanta mar Brl. *the*

Garraí Eisce(?) > *Gor-resther* > *The Risky Field* (an-amhrasach).
Garraí Fhearáis(?) > *Gor-reash* > *The Reisk* (amhrasach).
(Cf. *sr Tigh gConaigh* > *The Gunny* (Hill).)

Aguisín L: Leaganacha dátheangacha de na logainmneacha is coitianta

bf An Baile Mór/Ballymorefinn

sl Cnoc an Bhaile Mhóir/Ballymorefinn Hill

bf Cionn Ard/Cunard

bf Mothar Ghlaise na Muice/Glassamucky Brakes

Aguisín M: Meamraim na Suirbhéireachta Ordanáis 1837–1843

(Bunaithe ar alt leis an taighdeoir atá le foilsiú fós ach atá curtha i láthair in achoimre as Béarla mar ‘Microtoponymy in the Ordnance Survey Memoranda, including a case study from the Dublin glens’ (Léacht Dheirdre Uí Fhlannagáin, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste 2/6/2023).)

Chun críoch oifigiúil a chur lena chuid taighde páirce b’éigean d’Eoghan Ó Comhraí na hiarsmaí seandálaíochta is eile a bhí aimsithe aige a thaispeáint do dhréachtóir gairmiúil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis, chun go bhféadfadh seisean iad a léiriú go cruinn ar na dréachtléarscáileanna. Chuaigh EÓC ar ais go dtí Gleann an Smóil Dé Máirt, 22/8/1837, in éineacht le T. Butler Williams de chuid na nInnealtóirí Ríoga (LSO 76 (23/8/1837)). Mar thoradh ar an gcuart seo rinne Williams iarracht 27 mionlogainm Gaeilge a bhí bailithe ag Ó Comhraí ar fud na ngleannta a athscríobh i bhfoirm leathbhearlaithe ina suíomh ceart ar bhileoga den dréachtléarscáil. Ar an drochuair, ní thagann na bileoga áirithe seo anuas chugainn i measc cháipéisí na Suirbhéireachta. Díol spéise — agus díomá freisin — gur léir ó liosta na n-ainmneacha a bhreac Williams ar na léarscáileanna gur bhailigh Ó Comhraí mionainmneacha Gaeilge sa dá ghleann seo de bhreis orthusan ar thug sé cuntas orthu sna Litreacha agus sna hAinmleabhair.



Fig. 85: Bileoga 24, 25, 26, 27 de léarscáileanna SO 6" de Chontae Bhaile Átha Cliath. (Ríomh an treo ó thuaidh a bheith leasaithe idir an dá linn faoi ndear an neamhréir bheag le léarscáil an lae inniu.)

Scrúdaigh Larcom Bileoga 25, 26, 27 de na dréachtléarscáileanna seo an tseachtain dar gcionn. D’iarr sé ar a rúnaí J.S. Sharkey (JSS) na mionainmneacha Gaeilge a bhí breactha orthu a thras-scríobh, gur chuir sé liosta go dtí Petrie — mar cheannaire na Rannóige Topagrafaíochta — chun breithiúnas Uí

Chomhraí féin a fháil ar fhoirmeacha leathbhéarlaithe Williams. Sin é atá le fáil i **Meamram 1** thíos. ('The following Names of Antiquities &c written by Mr. Williams on the Co. Dublin Sheets seem to require corrections, or to be rendered into English. I request you will get Mr. Curry to look over them and give his opinion opposite each' Larcom chuig Petrie, MSO 123 (30/8/1837).) Ní go ródhíograiseach a rinne EÓC rud orthu, agus gan puinn chur amach aige siúd ar nósanna córasacha béarlaithe na Suirbhéireachta. Cuireadh liosta EÓC ar aghaidh go dtí Seán Ó Donnabháin, a rinne béarlú gairmiúil ar na mionainmneacha Gaeilge, faoi mar a bheidís á n-ullmhú le greanadh ar an gcéad eagrán de na léarscáileanna.

De bharr nach raibh Ó Comhraí ábalta ar an obair, nuair a scrúdaigh Larcom dréacht-Bhileog 24 cuireadh liosta de na mionainmneacha a bhí breactha uirthise díreach chuig an Donnabhánach. Tá dul amú ar Larcom nuair a chuireann sé síos ar an liosta seo mar 'names written by Mr. Curry³¹⁰ in the Parish of Saggart³¹¹ Co. Dublin'. Ar an gcéad dul síos, níl ach ceann amháin acu i bpar. Theach Sagard féin. Ainmneacha iad seo a bhailigh EÓC thart ar na cnoic os cionn Thamhlachta agus Theach Sagard, cinnte, ach níl aon dá thuairim ach gur eascair an dara liosta seo as a leithéid céanna de dhréachtmhapa is a thug an chéad liosta, is é sin, gur Williams a bhreac iad ar bhileog SO. Mar chruthúnas, níl aon réasún le ***Cnoc an tSiáin [27]** a bheith luaite ar an dara liosta seo ag Ó Comhraí, mar dhea, mar is mionainm é a bhailigh sé ar thuras eile i bhfad ó bhaile i nGleann an Smóil. Ach is amhlaidh atá Cnoc an tSiáin suite sa bhfíorchúinne thoir thuaidh de Bhileog 24 (Fig. 89). Bhí Ó Comhraí ag obair sa ghort de réir ceantair; ba é Williams a bhí ag obair de réir bileoige léarscáile. Thairis sin tá an cruth leathbhéarlaithe ceannann céanna ar na hainmneacha sa dara liosta is atá sa chéad liosta is cinnte a scríobh Williams. Ach toisc gur chreid Ó Donnabháin gur tháinig na foirmeacha seo ó pheann Uí Chomhraí, ullmhaíonn sé don léarscáil iad gan aon cheist. Ar na tuaiplís is mó a bunaíodh ar na léarscáileanna oifigiúla dá dheasca seo tá an litriú *Knockanteedan* SO, a bhunaigh Ó Donnabháin ar 'Knockan Tseedain', an drochiarracht bhéarlaithe a rinne Williams, de réir gach dealraimh, ar '*Cnoc a tsidhain*' a bhreac EÓC ó bhéal Liam Uí Reachtúra. Bheadh an fhoirm Ghaeilge a bhreac EÓC sna Litreacha intuigthe láithreach don Donnabhánach mar ainm a bhí le béarlú mar **Knockanteeaun* (mar a mhol sé i gContae an Chláir) nó **Knockanteean* (mar a mhol sé i gContae Liatroma).

Ar an drochuair, greanadh an fhoirm lochtach úd *Knockanteedan* SO ar an gcéad eagrán de na léarscáileanna agus ar gach eagrán ina dhiaidh sin. I ndeireadh na dála níor cuireadh ach 2 mhionainm as 17 sa chéad Mheamram i gcló ar na mapaí (srutháin iadsan araon .i. *Mareens Brook* SO,

³¹⁰ Cuireann an litriú 'Knockan an fhiolair' [21], ina bhfuil **-air** na Gaeilge míléite mar *-oir*, an fhoirm 'caorthoin' (Williams/JSS/Larcom) < 'caorthain' (EÓC) [8] ar **Mheamram 2** i gcuimhne. Rinne Williams an béarlú meicniúil céanna ar litriú Gaeilge EÓC nuair a d'aithin sé na buneilimintí — féach 'Knock', 'Knockan', 'Slieve', 'Cairn', 'Glen'. Dhealródh sé, áfach, gur chreid Ó Donnabháin gur tháinig na moltaí béarlaithe seo díreach ó EÓC agus gur chuir seisean [ÓD] cruth córasach orthu dá réir, gan cheist.

³¹¹ Ní le par. Theach Sagard *per se* a bhaineann an tacar áirithe seo ainmneacha, ach leis an léaráid lámhscríofa LSO 14/C/15/22(ii) (8/8/1837) a thaispeánann mionainmneacha ar Chnoc Theach Sagard agus ar Chnoc Thamhlachta. Ní foláir nó cóipeáladh na hainmneacha céanna sin ar dhréacht de bhileog SO 24. Mhíneodh sé sin *Knockanteedan* [27] (nach bhfuil in aon ghiorracht do phar. Theach Sagard) a bheith san áireamh sa ghrúpa seo.

Tromanallison SO) agus 5 mhionainm as 10 sa dara Meamram (4 charn .i. Knockandinny SO, Knockananillar SO, Knockannavea SO, Knockanvinidee SO agus 1 chnocán nádúrtha .i. Knockanteedan SO) — cuid acu níos gaire d’fhoirmeacha Gaeilge EÓC ná a chéile. Ag seo an dá Mheamram gan ach nótaí gonta a bhaineann le hábhar an tráchtais seo.




Fig. 86: Meamram 1 (lch. 1) — Logainmneacha ar Bhileoga SO 25, 26, 27 á gceartú ag EÓC

Meamram 1: Bileoga SO 25, 26, 27

[peannaireacht JSS]	[peannaireacht EÓC]	[peannaireacht ÓD, lch. 125]
Sheet 25 ³¹²		
1. Knockan Oir (Tallaght Ph.)	1. Knock an óir — <u>Golden hill</u>	1. Knockanore
2. Knockan Saighid (do.)	2. Knock na Saighiod — of the darts, pron ^d . na <u>scythe</u>	2. Knocknascythe
3. Talsaán (Whitechurch do.)	I don't remember having given this name; nor do I understand it.	3. Mr. Curry does not acknowledge the existence of this name! Does it exist? Tullan?
4. Ratheen (Tawney Ph.)	Raithin. pron ^d . <u>Raheen</u> .	4. Raheen
5. Mairiens Brook (Tallaght Ph.)	Mairins Brook — pron ^d . <u>Máreens</u> <small>little Mary's</small>	5. Maren's brook ³¹³
6. Leogh Phortech Airt (do.)	Leogh Phortach Airt — pron ^d . Leó-Phortach Art ie the Sedgy Bog of Arthur.	6. Leóphortaghart
7. Knockan ruadh (do.)		7. Knockánro ³¹⁴
8. Knockan caor ³¹⁵	Knockán <u>Caorthain</u> <small>Keeran</small> — the Quicken [<i>sic</i>] tree hillock.	8. Knockankeeran ³¹⁶
{ 124 }		
9. Knockan Mheibh (Tallaght Ph.)	Knockan Mheibhe pron ^d . - <u>veivey</u> <small>vavey</small> Mauds hillock	9. Knockanmévä
10. Slieve Gaer [<i>sic</i>] (Kilgobbin do.)	Sliabh Gearr — pron ^d . Slieve Gár. The short mountain.	10. Slieve Gárr
11. Leaba na Saighe (do.)	Leaba na Saighe — pron ^d . Lebba na <u>Sigh</u> — Greyhounds bed	11. Labba na sye
12. Poll Dermada (Kiltiernan Ph.)	<u>Dermotts hole</u>	12. Polldermot
13. Carrick a Roistin (do)	pron ^d . Carrick a Roseteen	13. Carrickaroasteen
14. Tober Airt (do)	Tober Art. — Arthurs well	14. Toberart
Sheet 26		
15. St. Barclays well (do)	name received on ^{the} spot	15. St. Barclay's well
Sheet 27		
16. Troman Altieson (Tallaght Ph.)	Troman Allison — Allison's stream	16. Tromanallison ³¹⁷

³¹² Tagraíonn sé seo do bhileog SO 25 den chéad eagrán ar an scala 6" in aghaidh an mhíle. Mar sin do na tagairtí eile a leanas do 'Sheet'.

³¹³ *Mareens Brook* SO 6".

³¹⁴ Síneadh fada an-éadrom os cionn *-a-* agus cuma chomhaimseartha air.

³¹⁵ Maidir leis na comharthaí dúnta seo chun 'caor' agus 'thoin' a cheangal le chéile in aon fhocal amháin, ní léir cé acu an iad (a) bunleagan Williams ar an gcáipéis nach maireann, (b) ceartú Larcom/JSS ar Williams agus iad ag scríobh an Mheamraim seo nó (c) ceartú ag EÓC. Tá samplaí eile de JSS á cheartú féin leis na comharthaí céanna seo agus é tar éis logainm Gaeilge a scarúint de thimpiste sa tras-scríobh dó i MSO.

³¹⁶ Leasaithe ó *Knockenkeeran*, is é sin, *-a-* déanta den chéad *-e-*.

³¹⁷ *Sic*, SO 6".

<p>17. Bun na dtri dtroman (do)</p> <p>Thos. A. Larcom 2 30 Aug 37</p>	<p>pron^d. Bun na dree dromán. The <u>mouth</u> meeting of the 3 streams.</p> <p>I dont know how these names are managed for publication — it is better consult the Index. Eugene Curry.³¹⁸ =Purcells Stables at Saggart <u>are</u> within the <u>Royal Garter</u>. EC.</p>	<p>17. Bun na dree dromán, JOD.</p> <p>I don't believe that <u>troman</u> means a stream. Do the three streams exist and meet here? Troman is the elder or bore tree. srothan is a stream sruaim, dim. sruamán — bun na dtrí sruamán? JOD.</p>
--	--	---




Fig. 87: Mionainmneacha Gaeilge Mheamraim 1 ar Bhileoga SO 25, 27

³¹⁸ Ní raibh fulaingt dá laghad ag Ó Comhraí don obair seo. Ba dhual dó cúram ar bith nár mheas sé a bhaint lena chuid gnó féin a sheachaint. Le linn na Suirbhéireachta ar Chontae Chill Mhantáin, dhá bhliain ina dhiaidh seo, d'iarr Larcom air litriú béarlaithe do thrí cinn de mhionainmneacha ar bhileog SO 29 a fhaomhadh dó. Fiú ag an bpointe sin, lig EÓC air mar seo a leanas: 'I have no knowledge whatsoever of your system of anglicising names, but I think the above forms will be found unobjectionable by either the English or Irish reader. E. Curry. 21 June 1839' (MSO (CM) 199 (19/6/1839)). Is amhlaidh a tugadh an liosta beag mionainmneacha úd i gCill Mhantáin do Phádraig Ó Caoimh ina dhiaidh sin. I gcás trí mhionainm eile a cuireadh chuig EÓC in MSO (CM) 196 (29/2/1840), ní dhearna sé ach a leaganacha féin a bhreacadh ar nós cuma leis agus an liosta a sheoladh díreach ar ghaidh chuig Ó Donnabháin.




Fig. 88: Meamram 2 le moltaí béarlaithe ÓD

Meamram 2: Bileog SO 24

[peannaireacht JSS]	[peannaireacht ÓD]
[18] Knock a bha cúis	Knockavacoish
[19] Knockan a duine	Knockandinny ³¹⁹
[20] Knockleisca	Knocklesky
[21] Knockan an fhiolair	Knockananillar ³²⁰
[22] Slieve Toghail	Slieve Towel ³²¹
[23] Knockan na viogh	Knockannavea ³²²
[24] Knockan a vinidee	Knockanavinidee ³²³
[25] Glen na moin bane	Glennamoanbane
[26] Cairn andra cloch	Carnandraclogh
[27] Knockan Tseedain	Knockanteedan ³²⁴
Thos. A. Larcom	JOD
18 Sept 37	
Mr. O'Donovan	

³¹⁹ Sic, SO 6".

³²⁰ Sic, SO 6".

³²¹ Rinne Ó Donnabháin dearmad go raibh an litriú *Slievethoul* molta aige don *bf* roinnt míonna roimhe seo: 'Slievethoul, JOD. Probably *sliabh Tuathail*, Toole's mountain' ÓD:AL.

³²² Sic, SO 6". Is mar ainm cnoic atá sé seo léirithe ar gach léarscáil ó shin i leith.

³²³ *Knockanavinidee* SO 6" de bharr earráide, is cosúil. Ainm cairn eile a léirítear mar ainm cnoic ar na léarscáileanna ó shin i leith.

³²⁴ Sic, SO 6".




Fig. 89: Meamrain 2 — Bileog SO 24

Meamrain eile:

I measc na meamram eile a bhaineann leis an gceantar taighde tá an ceann seo a leanas a scríobh Larcom go dtí Lt. Beatty maidir le hainm nua Béarla a thug sé faoi deara ar Bhileog SO 27:

<p>[MSO 254] Co. Dublin Sheet 27 Tallaght Parish [30] Cot Brook</p> <p>You have added the above name to Sheet 27. From what source did you get it? Perhaps it is Cock brook.</p> <p>I suppose you have added several such names throughout the county? In such cases, have you prepared supplementary Name books or Name sheets?</p> <p>Thos. Larcom Capt. RE. 13 Jun. 43 Lt. Beatty RE.</p>	<p>It was obtained from local information by the Examiner.</p> <p>There are only two names of natural objects added both in Sheet 27.³²⁵ For all Gentlemens Seats added since the Survey I have taken steps to procure authorities and shall send a supplementary Name Book.</p> <p>L.Beatty 13 Jun 1843.</p>
--	--

Tá an ceann deiridh seo a bhaineann le **Cnoc an tSiáin** [GS1.13] sa chúinne thoir thuaidh de Bhileog 24 gan dáta ach suite i measc cháipéisí eile de chuid 1843.

³²⁵ Ba é *Slade Brook* SO [GS1.10] an t-ainm eile a cuireadh leis an mbileog seo.

<p>[MSO 364] Sheet 24 Dublin [30] Mound in stump in Glassam [<i>sic</i>]³²⁶ is it a modern heap? ...</p>	<p>Called by the Inhabitants the Moat. It is considered to be a very ancient one but it has not the least appearance of being a Deanish one, although it is considered by the Inhabitants to be a Deanish Moat.³²⁷ ...</p>
--	--

Aguisín N: Ainmneacha na nGael sna gleannta sa 16ú agus sa 17ú haois

Fiantaí

- 1551 ‘Lease to **James Asbolde, of Glasmoky**, gent.; of the town of Killothery, with appurtenances, parcel of the possessions of the late abbey of Thomascourt. To hold for twenty-one years, at the rent of 113s. 4d.—8 March, v.’
- 1556 ‘Surrender by **James Aspolde, of Glasmoke**, county Dublin, gent.; of the lands of Killothery, leased by *fiant* No. 722 Ed. VI. (*Recited as dated 9 March, vi.*)—*Dated 25 June, viii.*’ F §893.
- 1566 ‘Pardon to William M’Shane Walsche, of Corke, co. Dublin, James Goodman, junior, of Balliloghnan, and John Walsche, of Shanganaghe, gentlemen; Edmund Walsche, of Corke; James Ower, of Shanganaghe, and Charles Walsche, of Newton, gentlemen; Dermot ower O’Lanecan, of Connaghe, horseman; Edmund Lales, of Shankill, and Edmund more M’Morishe, of the same, kerns; Thomas Malon, of Shanganaghe, yeoman, Owen Piper, of little Bray, kern, all in the co. Dublin, and Ferral O’Collon, of Ballencallowe; William Walsche for having, with Neil O’Donyll, of Corke, kern, robbed one brass pan ... two gallons of butter ... 3 sheep ... one night gown ... two women’s gowns ... and one cloak ... from **Gormle O’Clondowill, of Glancullen, co. Dublin, widow**; and the others for rescuing the said Walsche on the king’s highway, by the Shanganaghe, he having been arrested at Connaghe, by George Stokes, of Knockengen, co. Dublin, sub-sheriff of the county.—23 May, viii.’ F §856.
- 1567 ‘Pardon to Theobald Aspoll, of Tamplekargen, co. Dublin, gent., Malaghlen m’Hee O’Tole, of Kilmakenoke, same co., gent., William Aspoll, of Killenparke, Edward Aspoll, of Tamplekargen, John Aspoll, of the same, Shane m’William, of the same, **John Aspoll, of Glasmocky**, Thady O’Birne, of Kylrodery, and Tirelagh O’Donyll, of Tullogh, priest. Security *as in* 897, in the county Dublin. Recites that Theobald had aided with victuals and otherwise William m’James m’Simon moyle Aspoll, and Thomas roe Aspoll, late of Loghanstown, co. Dublin, kerns, with others, knowing them to have levied war against the queen at Bloyke and elsewhere, in same co., from the 20th to the 30th December, ix.; and Malaghlen had received and abetted Edmund beig m’Gerald O’Birne, William m’James m’Simon moyle Aspoll and Thady m’Cahir ouer O’Tole, late of Ballinloghan, co. Dublin, kerns, knowing them to have robbed two cows from Patrick Foster, gent., at Sauntre, co. Dublin.—6 Oct. ix.’ F §1158
- 1577 ‘Pardon to John Walshe, of Shangannagh, co. Dublin, gent., late sheriff of that county, Gerald Walshe, of same, gent., Owell boye, of Little Brea, Nich. M’Henry, of Shanganagh, Sheane M’Henry, of same, Hebbart M’Morish, of Connogher, same co., **Teige O ronowe, of Glancullen**, and Nich. Archbolde, of Karrickmayne, footmen, Owen piper, of same, Wm. Archbold, of Glanmock, footman, Dowlen M’Teige, of Ballenlowre, Shean M’Teige, of same, Gerald duffe, of same, and Thady M’Conghore, of Ballebrenan, footmen, all in said county’ F §3151.
- 1581 (‘Calendar of Council Book, A.D. 1581–1586’) §110. 22 December 1581. Recognizance of **John Ashepold of Glassmucky** in £100 for the appearance of Gilnoghe McKegoghe at the council chamber on being summoned.’
- 1582 ‘Pardon to John Walshe, of Sheanganaghe, Rob. Barnewall, of Sheankill, Theobald Walshe, of Killenekarge, Morghe O Byrne, of Killog, Oliver Walsh, of Meryong, Henry Walsh, of Arcloo, **Edm. Aspoll, of Glassenamuicky, Wm. Aspoll, of same, Tirlagh Aspoll, of same**, Wm. O Cullon, of Tigonny,

³²⁶ Is é sin, *bf* Glaise na Muice/*Glassamucky* atá scartha thar dhá bhileog — níl le feiscint d’ainm an bhaile fearainn sa chúinne thoir den bhileog SO 24 ach na litreacha ‘GLASSAM’. Léirítear ‘Mound’ ar IPSO 24.2 (6/10/1843).

³²⁷ Brl. *Danish* ar ndóigh.

Sheane O Cullon, of Krewough, and Edm. Walshe of Ballyvan, co. Dublin, gentlemen. Security *as in* 897. Provision *as in* 3935. At the suit of sir Tho. FitzWillam.—26 Aug., xxiv.’

- 1601 ‘Pardon to ... Henry m‘Tibbot M‘Morris, of Donlovan, gent., Garrott m‘Art boy, of same, and **Tibbot Archebold, of Glasmocky**, soldiers ... in cos. Carlow, Dublin, and Wexford. Provisions *as in* 6466.—8 June, xliii.’
- 1601 ‘Nich. Archbold m‘Symon moyle, and Rich. Archbold m‘Gillpatrick, yeomen’ F §6517
- 1601 ‘**One O Ronowe**, of Belenescorny, yeoman’ F §6549
- 1601 ‘Pardon to Edm. O Toole, of the Corone, **Hubert Archebold, of Glancullinge, Tibbott Archebold, of same**, Donnell m‘Teige O Birne, of the Corone, Kahir duffe O Birne of the Lakindare, Wm. M‘Donogh, of the Corone, Philip m‘Donnell O Birne, of same, Edm. m‘Donogh Birne, of the Clasganie, Murtagh O Lorkan, of same, Donogh O Birne, of the Corone, Dermot m‘Gillpatrick O Birne, of same...’ F §6553.

Teaghlach tábhachtach ab ea na hÁirseabóidigh i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Mar is léir thuas ó ainmneacha athartha ar nós ‘William m‘James m‘Simon moyle’ [**Liam mac Sheámais mhic Shíomoin mhaoil**] bhí siad seanghaelaithe faoin 16ú haois. Is fíorannamh a fhaightear ainmneacha pearsanta Gaelacha i measc na nAngla-Normannach, is cuma cé chomh gaelaithe a bhí siad (Ó Cuív 1988). Ach sin é go díreach atá le fáil in ‘Tirlagh Aspoll’ [**Toirealach Áirseabóid**] (1582) agus ‘Rich. Archbold m‘Gillpatrick’ [**Risteard mac Giolla Phádraig Áirseabóid**] (1601). Is ann do Brl. *Ashpole* mar mhalairt foirme den sloinne céanna i Sasana féin, ar ndóigh (*Ox. Dict. FN* s.nn. *Archibald, Ashpole*); mar sin, cé go raibh na hÁirseabóidigh ag maireachtaint i *milieu* lán-Ghaelach, ní háirithe gur réadú áitiúil Gaeilge den sloinne atá in ‘Aspoll’, ‘Ashepold’ thuas. (Gan amhras, ba dhóigh leat nár ghá don Ghaeilge an iarmhír **-óid** a ionadú le ***-óil** (***Áis(ea)póil** < **Áirseabóid**.) Dála na nAraltach, is cosúil nár de ghnáthshliocht na nAngla-Normannach iad na hÁirseabóidigh; cuirtear bunús Gall-Ghaelach nó Pléimeannach fiú ina leith.³²⁸ Mar a thugann an Dr. Conchubhar Ó Crualaoich faoi deara (comhfhreagras phearsanta), bheadh ainmneacha pearsanta Gaelacha in úsáid ag teaghlaigh de shliocht na nGall-Ghael níos réidhe ná mar a bheadh ag teaghlaigh de bhunús Angla-Normannach.³²⁹

Court Book of the Liberty of St. Sepulchre

(lch.)³

Johannes Aspolle de Glasmokey (lch. 3) (1586)

15

Elicibeth ne Key de ffreerton queritur versus Moriertagh O Kervan de Tallaght de placito debet iij li. ster. (1587)

Lachlen oge de Balleconabege queritur versus **Donaldum McWilliam de Glasmokey** de placito detencionis unius vacce ad valencium xx s. ster.

18

Memorandum that the fifteen day of May in the yeare of our soverayn lady Quen Elizabeth the xxix **John Aspolle of Glasmokey** & Walter Aspolle of the same cam wth force & armes viz. bowes arrows & orther maner of weopons defencibill to Ballmakely wthin the contie of Dublin and wthin the crosse & liburtie of the reverend father in god Adam lord arbyshope of Dublin & primat of Irland

³²⁸ ‘Other prominent Ostman families in Uí Briúin Chualann and the barony of Wicklow were the Harolds and perhaps the Archbolds’ O’Byrne 2003: 25; ‘It is equally possible that the Archbolds were of Flemish extraction’ Maginn 2004: 116n.

³²⁹ Cf. freisin ‘Glasney Arald’ [**Glaisne Arald**], par. Thobar Chaoimhín (*CD*) *HMR* 435.

and then & ther tok one cowe price xxx s. ster. of the goods & cattells of Richard Ewstace of Walsheston in the contie of Kildare contrie to the quens mties pece.

24

Adamus dominus Dublinii queritur versus Patricium Colman de New stret de placito transgreconis ad dampnum xx nobles. non est culpabilis. fellonice./ fatetur et si submittit in gratia curie x s. et comititur in custodium pro tribus diebus./

Patricius Colman de Newstret x //.

Johannes Aspolle de Glasmokey v li.

73

Johannes Neylle de Clondolchan queritur versus Johannem Hoylle de eadem junior de placito injuste detencionis unius modii tritici ad valencium v s. viij d. ste. non detinet/. (1590)

Chayer Merenagh de Glasmokey queritur versus Thomam Monelex de Talaght de placito transgressionis ad dampnum xl s. ster.

Nomina juratorum ad inquirendum Georgius Venables de Clondolchan Johannes Gibbons de eadem Nicholaus ffrayne de eadem Willielmus Donnylle de eadem Patricius Maylle de Rathcowle Johannes Wise de eadem Nicholaus Lusse de eadem Muratores.

Willielmus McMelaghlen de Glasmokey Patricius McTeg de eadem Walterus Norecone de eadem Johannes Money de eadem Willielmus McChayer de eadem Nicholaus Browne de Ballegeran³³⁰

Willielmus M^cMelaghlen de Glasmokey < **Liam mac Maoileachlainn**

Patricius M^cTeg de eadem < **Pádraig mac Taidhg**

Walterus Norecone de eadem

Johannes Money de eadem < **Seán Ó Maonaigh**

Willielmus M^cChayer de eadem < **Liam mac Cathaoir**

Calendar of Patent Rolls of James 1st

CPR 185a

1611 'General Pardon to **Owen O Ronowe of Ballinescornie** of Dublin co. yeoman.—18 Jan. 8th'

CPR 59b

LXV.—27. Inquisition under the preceding commission, taken at Newcastle in Dublin co. 14- Mar. 1604, 2nd James I. before Mich. Kenney, esq. Escheator General, and the following jury :— **Rich. Clinch of Newcastle**, John Fitzsimons of Ballinadroght, Tho. Raynolds of Newcastle, Will. Donill of Grenock, **David Denn of Tassagard**, Pat. Locke of Colmanston, Tho. Clare of Laughton, Pat. Jacob of Colmanston, John Taylor of Ballyowen, Will. Fraine of Ballinakelly, Pat. Russell of Newcastle, Rob. Donill of the same, and **John Clinch of Newcastle**; who find, that by an act passed in a parliament held at Dublin, 26 Apr. 27th Eliz. a clause of which is recited in the original, the lands and other property of James, late earl of Baltinglas, and others guilty of treason were forfeited...

Dep. 1641

1641 Deposition of Edward Rolland 25/2/1641:

'**Edward Rolland of Glasnamucky** in the County of Dublin husbandman sworne and examined saith That on or about the 14th day of November last past, he was at **Glasnamucky** aforesaid by

³³⁰ Maidir le 'Nicholaus Browne de Ballegeran', cf. b'fhéidir an logainm stairiúil gan aithint 'Balgaderum' (c.1534), nóta Alen faoi 'the vill of Gillebride Ogadercur' (1219x1228) *Alen's Reg.* 59 .i. imeall thuaidh thailte Ardeaspaig Bhaile Átha Cliath nGleann an Smóil. Bean de na Brúnaigh a phós Liam Ó Reachtúra i ndeireadh an 18ú haois ar ndóigh; féach Aguisín O.

certeine Rebels ~~in the night tyme~~ whose names he Knoweth not robbd and dispoiled of his goods & chattles and of the values following vizt of a nagg and Mare worth vj li. x s., of Hay worth fiue Pownds and of howsholdgoods worth xx s., of ~~a gar-d~~ the proffitts of a garden of Potatos and other rootes worth 2 li. <14 li. 10 s.> In all of the value of 14 li. 10 s., And further sayth that as he hath beene credibly informed and beleeveth one **Laughlin Kennett of Glasnamucky** <A> aforesaid Alehowskeeper hath and rydeth this deponents said nagg and is a trouper for and amongst the Rebels'

1641 250 fol. 250r Myles Williams of Tallaugh in the County of Dublin, being duely Sworne & examined, deposeth That mr William Bulkeley Archdeacon of Dublin, holding by lease of about eighteene yeares vnexpired *when the rebellion began* the towne & lands of **Glassemucky**, & Boolyknockan & Lackin, which together with the stocke that he & his mother kept thervpon, were worth clearely 150 li. per annum: And alsoe holding Boolystockan worth likewise. 10 li. per annum. And alsoe certeine lands in Whitestowne worth for about 53 yeares yet to come, worth 30 li. per annum: And likewise certeine Lands & houses in Tallaugh for about 50 yeares to come worth 20 li. per annum: As alsoe lands of inheritance in the Old-Bawne & Rathcowle, which his father the Lord Archbishop of Dublin holdeth for terme of his Life; worth at least 320 li. per annum, And hauing built a house with houses of offices, garden & orchyard in the Said Old-Bawne *which cost at least 3000 li.* already wasted & defaced by the Rebels, hath wholly lost the Said Rents & profitts by reason of this present Rebellion. And the Said Myles further deposeth that the Said Mr William Bulkeley hath lost in Cowes, horses & sheepe taken from the lands of Boolystockan aforesaid, Irishtowne neare Dublin, Lukan, Tallaugh & elsewhare thereabouts, & was compelled to sell vnder their worth, to the value of 450 li. which was done & occasioned, as this deponent was informed, by Dudley Daniell, Anthony <A> Daniell *both* of Tolferris in the County of Wicklow, and James Allen of Culmine in the County of Dublin & their confederats, & Charles Hetherington of Rathcoole in the County of Dublin. aboute a fortnight before Christmas last. his marke;

252r William Parry and Richard Bane of Tallaugh in the County of Dublin servants to the most reuerend Father in God Lancelot Lord ArchBishop of Dublin his Grace sworne & examined doe depose that by the meanes of this Rebellion in Ireland he the sayd Lord ArchBishop of Dublin hath lost in Cattell from the Landes of Boolyes **Glassemucky** & about Tallaugh to the value followeing viz

In Cattell and goates estimated at a li. s.

Hearth Money Rolls, County Dublin 1664

1664

GS

'**Ould Bane**: Mr. Archdeacon Buckley, William Maddy, Patr. Murphy, Murrough Kearin, Daniell Duffe ô Harrall [*leg. ffarrall*], Robert ffarrall, Patr. Murrey, William Owens, John Davies, John Head, Thomas Davis, Wm. Mr. Buckley's plough holder, Edmond Walsh, Teige Gardner, James Carroll, Darby Moore, Donnogh Bog' 431–432;

'**Ballinescorney**: Henry Heskett, Gilbert Houton, John Begg, Robert Davies, John Southell';

'**Frierstowne**: Charles Sweges' 432;

'**Glasnemuky**: Donnogh Doran, Symon Carny, Richard Kerrivan, Thomas Keghoe, Shane Riagh, Patr. Ronow, Caher Kerny, Thady Doyle Jun., Thady Doyle Sen., Patr. Cullen, Tirlagh Kelly, George Comin, John Haggan, Roger Gormolan, Daniell Bryan, John Kenny, Richard Quynne, Tyrlagh Smith, Donnogh Kerny, John Stronge, Daniell Byrne, Caher Doyle, Morogh Dowan, Patr. Byrne, Morris Toole, John Maddy, Patr. Welsh' 434;

'**Killeneny**: Gabriell Briskoe, Widd. Cottell, William Aderley, John Roe, Roger Gore, Daniell Begg' 432;

'**Tymon**: Nicholas Realy, John Realy, James Browne, Roger Birne' 432;

'**Knocklyne**: Robert Potter, Symon Mathias, John Smith, Garrett Brannagh, Thoms (sic) Peg, Morgan Moynagh, John Pegg' 433;

'**Ould Court**: Robert Chiffen, John Bath, Gowen Rich, Teigg ffarell, Murtagh Murphy, William Roe, James Burne' 432;

'**Newhale**: John Dowdall' 432;

‘**Woodstowne**: Michael Kennedy, Zachary Dixon, Thady Keegan, Patr. fferagh, Jeoffery Pursell, Garrett Doyle, Thady Dillany, Arthur Neale, Cornelius Reyan’ 450;

‘**Killakie**: Charles Costolane, Sollaman Murphy, James Boyde, Neale Laloure, Darby Coghan, Symon Burne’ 450;

GC

‘**Crevagh**: Mr. Greene, Thomas Cary, John Cahane, Allexanar. Pluck, David ye heard, John ye Carter’ 450.

‘**Tybrodane**: Garrett Mahoune, Nicholas Right, Dennis Turner, Robert Furnish, Dennis Connor, Owen Brady, Richard Luttrell’ 450;

‘**Edmondstowne**: Dennis McAboy, Teige Bawns, Michael Coulter, Lawrence Carny, David Dowlinge, Thady Byrne, John Heagard, Cornelius Reyly of Killmachege’ 465;

‘**The Grange**: Darby Burgoynes, Gerrald Dorson, James Storsigoe [*sic*], Edewarde Sharke [*sic*], John Downinge, James Dillon, Gilbert Newe, William Greene, Elizabeth Birne, John Bourke, Patr. Lawles’ 466;

‘**Killmachege**: Nicholas Nowland, John Quynn, John Machee, Daniell Mowley, Paule Barden, Edmond Murrey, Nicholas Welsh, Daniell McAboy, Dennis Toole, William Caddy’ 465;

‘**Tenynock**: Dennis Birne, John Connor, Thady McCarrick, Hugh McCumlane’ 461;

‘**Bally McEdmond Duffe**: Morgan Cahane, William Cahane, Richard Mony’ 459;

‘**Glancullen**: Arthur ffoster, Charles Goughegan, Thomas Lee, Patr. Plunkett, Murtagh ye Ploughman, Daniell Walsh, Morgan Grumley, Cornelius Grumley, John Hart, Walter ye Carman, Joseph ye Seive Maker’ 458–459;

‘**Killternam**: Thomas Cullen, Daniell McHugh, David Bourke, Arthur Cavenagh, William Nally, Morgan Cavanagh’ 459;

‘**Glanymuck**: Thady Neale, James Realy, Mosed Madock, Jno. McDavie, Hugh McArk, Daniell McThomas’ 461;

‘**Killgobban**: Dr. John Hardinge, Robert Scisson, Thomas Martin, Widd. Brooke, Thomas Brooke, Richard Brooke, Henry Clifton, John Clifton, Darby Donnell, Symon Smith, William Mottram, John Burne, David Morris’ 459;

‘**Carrickmine**: James Welsh, Robert ffarindell, Morrogh Neile, Henry Stelly, Thady Keatinge, Murtagh Keating, William Wight, Connor Scolly, Nathaniell Killcott, John Carroll, Gilbert Harstone, James Kelly, Thomas Brigant, Murtagh Curnon, Edward Horgan, Thomas Evans, James Crumby, Thomas Callaghan, Robert Callaghan, Murtagh Byrne, Mary Bawne, Edmond McArk, Margaret Welsh, Richard Doggell, Dermott Cavanagh, John Davies, William Bane’ 460–461.

TS

‘**Bynchy**: Edward Clowes, Hugh Duinge, John Wickcome, John Boyce, Katherin Bridgett, Issma Williams’ 448;

‘**Athgoe**: James Nowlan, Nicholas Shuter, Garrett Cormuck, Edmond Cormuck, John Kinsham, Morgan Bolan, Peirce Mooringe’ 448;

‘**Collmanstowne**: Bryan Brady, Donnogh Daley, Owny McKaby, Phelim McKaby, John McKaby, Hugh McKaby, John Seridan, John Hickey, Patr. Brady, Mary Leigh, Daniell Lawlor, Mathey Cary, Mathey Mugent [*sic*]’ 448;

‘**Johnstowne**: Donnogh Connor’ 251;

‘**New Towne**: Samuel Willson, Dennis Gaffny, Phelim Bane, John McCanna’ 451.

‘**Callivagstowne**: Nicholas Uslaw, Mr. Alliver ffizGerrald, Phillip Pursell, William Dunn, Morris Kennan, The Shepheard belonging to Mr. Cluch, Benjamin Reade, Roger McConry, Stephan Belan, Edmond Caman, Anne Wade, Ona Neale, Margaret Menagh, Thomas Lynagh’ 251;

‘**Colemyne**: Thomas Robinson, John Nangle, Patr. Dillaghan, Thomas Archbold’ 451.

‘**Rathcoole**: Mr. Edward Lovelace, Mr. Thomas Robinson, Mr. John Robinson, Moses Reyly, Charles Eaten, Henry Murphy, John Gowen, Garrett Conner, Thomas Gowen, Edward Connor, Edmond Connellan, James Byrne, Mathew McCann, John Davies, Teigue Burne, William Skully, Patr. Burne, Andrew Killmurry, Wm. Cockeran, Darby Kelly, Conner Madden, Symon Graham, John Welsh, Darby Money, John Ramsbottom, James Reyly, Thomas Rankin, Thomas Burne, Donagh M’Graffe, Arthur Armstringe [*sic*], Thomas Hand, John Jordan, Luke Jordan, John Cozens, David Lawler, Patr. ffarrell, William Lawles, Edward Shepley, John Cooke, John Osborne, Owen Dunn, James Murrey, William Money, Robert Stofford, Mathey Barry Esqr., William Kehoe, James Drynan, Thomas Money, Thomas Molan, Morgan Mahone, Donnogh McConry’ 250–251;

‘**Rathcreedan**: Mr. Richard Harvey, Mr. John Cosgrey, Thomas Sherley, John Lawles, John Clerke, Roger Shehy, Morris Lynan, Bryan McGraffe, James Lawles, Thomas Brimidgham’ 251;
‘**Saggard**: John Denn, John Byrne, Arthur Gonyn, Nicholas Chester, Patr. Hoyle, Nicholas Hoyle, William Byrne, Thady Connor, Thomas ffont, Hugh Larken, Richard Ward, Miles Byrne, Michael ffont, John Walkin, Richard Burne, Edmond Mooney, Roger Pursell, Patr. Byrne, Thomas Cagebery, Thomas Murphy, John Reyley, Richard Crowden, Michael Geogoge, Edward Williams, John Glover, Thady Bryan, Robert Boreman, Donnogh Enos, William Loghnan, Nicholas Carroll, James Patrick, William Denn’ 450–451;
‘**Affarrell**: Bryan Cullen’ 433;
‘**Gibbins**: Thomas Balline’ 433;
‘**Corballis**: John Denn, John Browne Junr., William Relish, Bryan Byrne, Robert Toole, Owen Aghy, John Browne senior, Owen Gromley, James Gromley, Thomas Halmnon, Thady Kelly, Richard Gillsenan, John McDermott, David Henrickan, Owen Keghoe, Thady Lunnegan’ 433;
‘**Killallowen**: Rice Davies, Thomas Hill’ 433;
‘**Killinarden**: Widd. Johnson, John Cullen, Murtagh Hylan’ 433;
‘**Jobestowne**: Garrett Archbold, Widd. Clench, Thomas Walsh, Tyrlugh Cahan, Darby Byrne, Thomas Plunkett, George Leacock’ 433–434;
‘**Tallagh**: Ld. Arch Bpp., John Jones, William Brookes, James Realy, Richard ô Mully, Thomas Christlys, Daniell Hunchy, John Murphy, John Ennis, David Owens, Edward Bond, John Bittle, Robert Rowland, Donnogh o Burne, Wattkin Jones, Walter Smith, John Mathias, James Mathias, Henry Davies, John Davies, Thomas Mathias, Darby Byrne, Patr. Gromley, Thady Kerny, John ffarrall, Anthony Maher, Murtoogh Byrne, John Gibbons, Bryan Vetagh, Patr. Collin’ 434;
‘**Killemanagh**: Robert Hawkins, Thomas Neale, Gillernoe——, Gillegromoe, Xpofer Collman, Teige ê Gannore [*sic*], John Stevens, Manas ye Thresher, Hugh Connor’ 433

Aguisín O: Na Reachtúraigh i gelár pharóiste Caitliceach Ráth Fearnáin sa 18ú haois

Taifead pharóiste Chaitliceach Ráth Fearnáin

1. Aindrias Ó Gobhann (17xx – 1834)

Pósta le [1a.] Mary Brown [AN Máire Brún].

Clann (fínnéithe idir lúibíní) [litriú ainmneacha na dtuistí]:

1779: Judith (John Carty, Mary Collins) [Mary Brown agus Andrew Smith]

1782: Patrick ([1b.] Laughlin Kelly, Ann Davis)

1784: Simon (Michael Riley, Jane Davis)

1787: Ann (Thomas Smyth, Bridget Carty)

- ❖ B’fhéidir gurbh í an Mary Brown chéanna í a sheas in éineacht le Thomas Jones le Sarah Cullan nuair a saolaíodh í do Michael Cullan agus Margaret Jones i 1779.
- ❖ Bhí Simon Smith agus Patrick Smith ar an gCarraigín mar thionóntaí de chuid Cobbe in aimsir *GVal.* (1851) (*bf Corrageen 2a, 2b*).

[1b.] Laughlin/Lucky Kelly [< *Maoleachlainn Ó Ceallaigh]

Pósta le Sarah/Seragh Mulloony/Molowny [< *Sorcha Ní Mhaoldhomhnaigh].

Clann:

1784: Mary (James Reily, Bridget Toole) [Laughlin Kelly agus Sarah Mulloony]

1786: Judith (Thomas Mangin, Ann Scott) [Lucky Kelly agus Sarah Molowny]

1807: William (Michael Smith, Ann Smith) [Laughlin agus Seragh]

- ❖ Sheas Sarah Mulloony le Michael a saolaíodh do James Maughan agus Mary Doyle i 1782.
- ❖ Bhí Laughlin ina fhinné (chomh maith le John Brien) nuair a pósadh Honory Rooney le James Power 17/9/1785. Sheas sé le Mary Karny a rugadh do Joseph Karny agus

- Ann Griffin an bhliain chéanna; Mary Mulroony an finné eile. Laughlin Kelly agus Ann Mahon a sheas le Philip Brady agus Ann Carty nuair a pósadh iad 13/10/1819.
- ❖ Bhaist William ainm a athar ar an mac a saolaíodh dó féin agus do Mary Ann i 1845 (Pat Byrne, Elizabeth Barr).

2. Liam Ó Reachtúra (c.1753–18xx):

3. Úna Ní Reachtúra

Pósadh William Rafter agus Elinor(/Nelly/Alice(!)) Brown [AN Eibhlín Brún] 8/8/1782

Clann:

1783: Michael [2c.] (John Brown, Margaret Toole) [William agus Elinor]
 1785: Darby [2d.] (Peter Brown, [1a.] Mary Brown) [William agus Nelly]
 1786: Honary [2e.] (Sylvester Butler, Ann Carney) [William agus Alice(!)]
 1788: Elizabeth [2f.] (Miles Karney, Elizabeth Smith) [William agus Elinor]

- ❖ Roimh phósadh dó, sheas William Rafter le leanaí de mhuintir Anderson, Kearney agus Doyle i 1780–1781.

[2a.] Sheas Eleanor Rafter le Sylvester a saolaíodh do Daniel Mara agus Judith Rafter i 1780 (Tabitha Kavanagh an finné eile) agus le Elinor a saolaíodh do Mathew Keogh agus Mary Quinn i 1782 (John Smith an dara finné). Sheas Ellen Rafter le Margaret a saolaíodh do Daniel agus Ellen Karny i 1820 (John Farrell).

[2b.] Maidir le lorg Úna Ní Reachtúra a lorg, tá an taifead paróiste doiléir ach d'fhéadfadh sé gurb í an Winny Rafter a sheas, in éineacht le Darby Rafter (deartháir léi?), le Owen agus William Brien a saolaíodh do Patrick Brien agus Bridget Cullen i 1782.

Judith Rafter

Edward Rafter vvv, 1813

James Rafter sss, 1814 (Boyd), 1814 (Mills), 1815 (Carney x2), 1816 (Cullen), 1816 (Jones), 1818 (Donough), 1819 (Murphy), 1821 (Doyle=Byrne), 1822 (Connolly), 1822 (Anne Cooley), 1823 (Hoey), Judith Carney 1825,

Mary Rafter 1812, pós 1813

Pat Rafter 1812, pós 1816, Mary 1817, Cath Tool 1824

Thomas Rafter 1816

Ann Rafter 1820 (Karney), pós John Coaley 1821 (Farrell), 1822 (Anne Cooley), 1822 (Doyle), Ann Rafter=John Tool 14/11/1823 (Byrne, Rafter),

Margaret Rafter 1822 (Ferrell=Mara), = Mic Donagh 4/7/1824 (Dempsey, Tool)

[2a.] Michael Rafter

Pósta le Judith/Julia Quinn [< Síle?]

Clann:

1835: Ann [Michael agus Judith] (Philim Quin, Ann Laughlin)
 1836: Edward [Michael agus Julia] (John Short, Winnifred Winston)
 1838: William [Michael agus Judith] (Michael Mahon, Mary Doyle)
 1840: Mary [Michael agus Julia] (Jeremiah Rafter, Mary Mahon)
 1844: Patrick [Michael agus Judith] (Martin Loughlin, Margaret Doyle)
 1846: Margaret [Michael agus Judith] (Nicholas Cullen, Judith Carney)
 1848: Michael [Michael agus Judy] (Thomas McNally agus Betty Butler)

1850: Anne [Michael agus Judith] (Bryan Butler, Catherine Mahon)

1852: Gerald [Michael agus Julia] (John McNally, Maria Quinn)

[2b.] Darby/Dermott Rafter [< Diarmaid Ó Reachtúra] (1785–18xx)

Pósadh:

13/10/1829: Anne Hoey (James Hoey, Margaret Parker)

Clann:

1830: William (John Darcy, Judith Byrne)

1833: Ellen (Michael Farrell, Winnefred Worth)

Finné:

1821: John Murphy [Darby Rafter]

1822: Peter Grumley [Darley *[sic]* Rafter & Mary Brown]

1830: James Hoey [Dermott Rafter]

Aguisín P: Corpais chomparáide

Struchtúr

	%GGT	%CC	%CM	%CD	%Mí	%Ca	meán
Ainmfhocal (+ aidiacht) + alt (+ #) + ainmfhocal (+ aidiacht)	31.33	29.07	32.81	27.82	25.39	39.31	30.96
Ainmfhocal simpléacsúil	30.06	33.59	21.31	24.78	31.57	22.40	27.29
Ainmfhocal + aidiacht nó Aidiacht-ainmfhocal	20.25	21.59	19.62	20	21.63	26.27	21.56
Ainmfhocal + ainm dílís (.i. ainm pearsanta, sloinne, logainm)	11.08	5.1	12.18	11.30	9.27	7.94	9.48
Ainmfhocal (+ #) + ainmfhocal (+ aidiacht)	7.28	10.64	8.91	14.78	12.14	4.07	9.64

Cló trom ar an gcéatadán is airde i ngach ceantar

Chun struchtúr na mionainmneacha sa cheantar taighde [GGT] a chur i gcomhthéacs cnuasaigh eile Ghaeilge a thugtar na figiúirí seo thuas thar na ceantair éagsúla, leis an gcéatadán meánach sa cholún deireanach.

Stór focal

(Cuirtear **cló trom dubh** ar eilimintí atá le fáil i ngach cnuasach sa tábla; *cló iodálach le folíne* ar eilimintí nach bhfuil le fáil ach amháin sa cheantar taighde; **cló trom dearg** ar eilimintí atá le fáil ach i gcnuasach amháin; *cló iodálach* ar eilimintí nach bhfuil le fáil sa cheantar taighde ach atá le fáil i gcnuasach eile.)

ARDÁN: an ceantar taighde os coinne *Mí* os coinne *Ca*.

ARDÁN: GGT	%GGT ³³¹	ARDÁN: Mí	%Mí	ARDÁN: Ca	%Ca
Cnoc (14)/-án (6)	25.97 ³³²	Cnoc/-án/-ín	39.08	Cnoc (28)/-án (15)	26.70
Carraig (10)/-ín (4)	18.18	Mullach	18.39	Carraig (29)/-ín (1)	18.63
Sliabh	11.69	Mala	8.62	<i>Corr</i>	13.04
Cloch	11.69	Carraig (9)/-ín (2)	6.32	<i>Droim</i>	6.21
<i>Aill</i>	5.19	<i>Droim</i> (7), Droimleach? (1)	4.60	Mullach	6.21
<i>Leacain</i>	5.19	Cloch	4.02	Malaidh	3.73
Mullach	3.90	<i>Corr</i>	3.44	Cloch	3.11
Ard	2.58	<i>Stuaic</i> (2), -ín (1), Stuacas (1)	2.30	Gob	2.48
<i>Scor</i>	2.58	<i>Cruachán?</i> ; <i>Cruit</i> (1), <i>Cruitín</i> (2)	1.72	Carraigeach ; Gréach (1), -án (2); Sliabh	1.86
<i>Ailligh?</i> , <i>Cnap</i> , <i>Maoileann</i> , <i>Mullán</i> , Port , <i>Prompóg</i> , <i>Ros</i> , <i>Spincín</i> , Tóin , Tulachán	1.30	Aird (1), Ardán (1); Barr , Tulachán , Taobh (2); Cionn , Éadan , Gualainn , Léibheannach , Lorgain , Rinn , Sliabh (Breá), Tóin (le Gaoith) (1)	<1.5	Lorgain , Port , Tulaigh (2); Ais , Ard , Ball , Barr , Buacas , Cionn , Rinn , Rú , Rumpa , Scológ , Sornán , Starrán , Storral , <i>Stuaic</i> , Stuca , Tóin re Gaoith (1)	<1.5

ARDÁN: an ceantar taighde os coinne *CM* os coinne *CC*.

ARDÁN: GGT	%GGT ³³³	ARDÁN: CM	%CM	ARDÁN: CC	%CC
Cnoc/-án	25.97 ³³⁴	Cnoc/-án	21.95	Cnoc/-án/-ín	35.45
Carraig/-ín	18.18	Carraig/-ín	21.95	Carraig/-ín	15.45
Sliabh	11.69	Cloch	6.34	<i>Cruach/-án/-ín</i>	6.36
Cloch	11.69	Sliabh	3.90	Tulach/Tulán	6.36
Aill	5.19	Leacain	3.90	<i>Dro(i)m/-ín/-án</i>	5.68
Leacain	5.19	Aill	2.93	Leacain	5.68
Mullach	3.90	<i>Droim</i>	2.93	Cloch	4.31
Ard	2.58	Mullach ; Tóin	2.44	Ard/-ín/-án	2.95
Scor	2.58	Cárán ; Corr ; Port ; Spinc	1.46	Sliabh	2.73
<i>Ailligh?</i> , Cnap , Maoileann , Mullán , Port , Prompóg , Ros , Spincín , Tóin , Tulachán	1.30	Barr , Cnap , <i>Cruachán</i> , <i>Guala</i> , Scor (2); Ball , Binn , Bollán , <i>Cruit</i> , <i>Dronn</i> , <i>Lorgain</i> , <i>Málainn</i> , Maoilín , Mullán , Prompóg , <i>Scailp</i> , <i>Sceilg</i> , <i>Stuach</i> , <i>Stuaicín</i> (1)	<1	Aill/Faill ; Maolán ; <i>Barr</i> , <i>Cruit/-ín</i> (7); Beann/Binn ,* <i>Stuaic/-án</i> (4); Carragán , (3); Ail , Fána ,* Splinc , Tor , Ucht (2); Cionn , Scairbh ,* Sceilg ,* Screathan , Scraig , (1)	<2.50

³³¹ Is é sin, ráta minicíochta na heiliminte seo mar chéatadán den fhothacar seo ARDÁN sna trí ghleann le chéile, ní mar chéatadán de na logainmneacha go léir sna gleannta.

³³² 31.25% má chuirtear na 4 chnocán agus 1 chnoc san áireamh a thagraíonn do chairn sa cheantar taighde.

³³³ Is é sin, ráta minicíochta na heiliminte seo mar chéatadán den fhothacar seo ARDÁN sna trí ghleann le chéile, ní mar chéatadán de na logainmneacha go léir sna gleannta.

³³⁴ 31.25% má chuirtear na 4 chnocán agus 1 chnoc san áireamh a thagraíonn do chairn sa cheantar taighde.

ÍSLEÁN: an ceantar taighde i gcoinne *Mí/Ca*

ÍSLEÁN: GGT	%GGT	ÍSLEÁN: Mí	%Mí	ÍSLEÁN: Ca	%Ca
Log (14), -án (2)	19.51	Móin (6), -ín (4), -tín (3)	16.05	Poll	23.7
Móin (10), -ín (2)	14.63	Currach	16.05	<i>Sra(i)th</i> (15), -án (1)	16.49
Currach	9.76	Poll (8), -ach (2), -tacht? (1)	13.58	Móin (7), -ín (4)	11.34
Gleann	9.76	Gleann	9.88	Gleann	10.31
Clais	8.54	Bogach (2), Boglach? (1), Bogán (2); <i>Sra(i)th</i>	6.17	Currach	7.22
Inse	6.10	Log	4.94	Léana	5.15
Poll	4.88	Alt; Báinseach; Léana	3.70	Alt; Tóin (3), -ín (1)	4.12
<i>Easca</i> (=riasc)	3.66	<i>Bun; Sraith?</i> (cf. <i>Sraith?</i>)	2.47	Greallach; Log; Portach	2.06
Alt, Bogach, Bogán, Croithleach, Cuan, Cuing, Dochtóg, Fánlog, Foidhre=Fothair?, Léana, Muinchille, Plaide, Port, Portach, Riasc, Scornach, Slád (=gleann), Sconsa	<2	Cabhán, Com, Eanach, Inse, Fánóg?, Lusca, Ma(i)gh, Máirse?, Maothail	<2	Báinseach, Bréagach, Clais, Clár, Eanach, Glac, Magh, Paiste, Riasc, Screabach, Sconsa [11]	<2

ÍSLEÁN: an ceantar taighde i gcoinne *CM/CC*

ÍSLEÁN: GGT	%GGT	ÍSLEÁN: CM	%CM	ÍSLEÁN: CC	%CC
Log (14), -án (2)	19.51	Gleann , -óg , -tán	26.51	Móin (107), -teán (33), -tín (22), -ín (12), -eán (8), -teach (1)	25.96
Móin (10), -ín (2)	14.63	Móin , -teán , -teach , -tín , -ín	16.88	Poll (120), -ach (6), -óg (1)	18.01
Currach	9.76	Log	14.46	Clais	12.90
Gleann	9.76	Inse	7.23	Gleann	12.60
Clais	8.54	Poll	6.63	Currach (51), -ín (5)	7.90
Inse	6.10	<i>Sra(i)th</i>	5.42	Easca (27), -ín (1)	3.83
Poll	4.88	<i>Ladhar</i>	3.01	<i>Sra(i)th</i> , -ín	2.98
Easca (=riasc)	3.66	Cuan	2.41	Inse	2.55
Alt, Bogach, Bogán, Croithleach, Cuan, Cuing, Dochtóg, Fánlog, Foidhre=Fothair?, Léana, Muinchille, Plaide, Portach, Riasc, Scornach, Slád (=gleann), Sconsa	<2	Bléan, Clais, Currach (3); Riasc, Seisceann, Tonnach, Uamhain (2); Bráid, Coire, Cuing, Clár, Cuas, Eanaigh, Easca, Plodach (1)	<2	Riasc (12), -án (2); Slogaire (9); Log (6), -án (1); Carrachán (6); Breacán (2), -ach (1); Gabhlán, Ladhar, Léana, Seisc (3); Caoth, Carrán, Cré, Cuan, Dearc, Fothair, Giota, Sconsa (2); Corcach, Coircín, Maothail, Maoithleach; Abar, Bogach, Breacach, Bréagán, Bun, Cas, Caológ, Caonach, Corcach, Com, Cuaisín, Eanach, Fraoch, Gág, Giota, Lathach, Má?, Machaire, Muirse?, Portach, Preaibín, Ré, Screabán	<2

UISCE: an ceantar taighde i gcoinne *Mí/Ca*

	%GGT	UISCE: Mí	%Mí	UISCE: Ca	%Ca
Tobar/-ach	26.47	Tobar (13)/-ín(1)	48.26	Tobar	47.83
<i>Tromán</i> [GS]	11.64	<i>Loch</i> (6), <i>Lochán</i> (3)	31.03	<i>Loch</i> (9)/-án(1)	21.74
<i>Slád</i> (=sruthán) [TS]	11.64	Gabhlaigh (1)/ -aigh (1), -lóg? (1)	10.34	Sruthán	6.52
Gabhlaigh [GS]	8.82	Bac? , <i>Glugaire</i> , Sruthán	3.45	<i>Fuarán</i>	4.35
<i>Glaise</i>	8.82			Dubhóg	4.35
Sruth (1), -án (1)	5.88			Scardán	4.35
Abhainn	5.88			Abhainn, Caol, Gablán, Spá, Síomaire	2.18
<i>Easca</i> (=sruthán)	5.88				
<i>Camóg, Eas,</i> <i>Feadán, Linn,</i>	2.94				

 UISCE: an ceantar taighde i gcoinne *CM/CC*

	%GGT	UISCE: CM	%CM	UISCE: CC	%CC
Tobar/-ach	26.47	Tobar	24	Tobar (143)/-raid (3)	52.52
Tromán [GS]	11.64	Easca/-ín	11	<i>Loch</i> (30)/-án (8)	13.67
<i>Slád</i> (=sruthán) [TS]	11.64	Glaise	10	Abhainn	9.71
Gabhlaigh [GS]	8.82	Loch	10	Glaise (9)/-eán (3)/-ín (1)	4.68
Glaise	8.82	Tromán	9	Cumar	3.60
Sruth (1), -án (1)	5.88	Eas	4	<i>Fuarán</i> (1)/ <i>Uarán</i> (5); Sruth (5)/-án (1)	2.16
Abhainn	5.88	Sruth/-án	4	Feadán (4); Linn (3)/- eán (1); Sileán (4)	1.44
Easca (=sruthán)	5.88	Abha, Feadán	3	Gabhal (1)/-ín (2); Guta (3)	1.08
Camóg, Eas, Feadán, Linn,	2.94	<i>Clochóg,</i> <i>Sruthail/-án,</i> <i>Fuarán, Gabhlán</i> (2); Linn, Poll, <i>Roideog,</i> <i>Slád(??), Toinn</i> (1).		Clóideach (2); Bréagóg, Cais, Caislín, Camóg, Clochóg, Craosóg, Crompán, Cuilthe, Eas, Gliogaire, Ropach, Tuile	<1

GORT & GARRAÍ: an ceantar taighde i gcoinne *Mí/Ca*

	%GGT	GORT: Mí	%Mí	GORT: Ca	%Ca
Páirc (15), <i>Páirt?</i> (1)	25.8	Páirc (34)/-ín (5)	35.78	Páirc (44)/-ín (2)	44.66
Garraí	12.90	Cúil (14)	12.84	Garraí	19.42
Fearann	9.68	Cluain (3)/-ín (2)/ -nach (5)/-teach (1)	10.09	Buaile	6.79
Buaile	8.06	Buaile	8.26	Cúil (5)/-ín (2)	6.79
Croite (i. crochta)	6.45	Achadh	6.42	Achadh	4.85
Cúil	6.45	<i>Bán</i> ; Garraí	5.5	Cluain (3)/- nach (1); <i>Giota</i>	3.88
<i>Bánóg</i>	4.84	<i>Tuar</i>	4.59	Gort (2)/-ín (1)	2.91
Caisiar ; Ceapóg ; <i>Crosóg</i> ; Gort	3.23	Gort (3)/-ín (1)	3.67	Béitín	1.94
<i>Aera</i> , <i>Banrach</i> , Béitín , Cluain , <i>Cúilteog?</i> , <i>Móinéar</i> , <i>Plásán</i> , <i>Puintín</i> , <i>Stiall</i>	1.61	Píosa	1.83	Caisiar (?), <i>Gairdín</i> , Losaid , Píosa , Tamhnaigh	<1%
		Ceapóg , <i>Coimín</i> , Coirnéal , Crofta , Fearann , Rann?	<1%		

GORT & GARRAÍ: an ceantar taighde i gcoinne CC/CM

	%GGT	GORT: CM	%CM	GORT: CC	%CC
Páirc (15), Páirt? (1)	25.8	Buaile	18.84 ³³⁵	Páirc (269)/-ín (46)/-án (3)	21.34
Garraí	12.90	Cúil (18), Cúilteog (2)	14.49	Bán (291)/-tín (3)/-ín (2)	19.87
Fearann	9.68	Garraí	9.42	Gort (232)/-ín (26)/-án (2)	17.45
Buaile	8.06	<i>Mullán</i>	6.52	Garraí	15.91
Croite (i. crochta)	6.45	Fearann (8); Páirc (7), Páirt (1)	5.80	Crochta (3)/-tín (55)/-teán (1)	3.96
Cúil	6.45	<i>Tuar</i>	3.62	Cúil (49)/-ín (6)	3.69
Bánóg	4.84	<i>Bán</i>	2.90	Caisiar	2.89
Caisiar; Ceapóg; Crosóg; Gort	3.23	Gort, Cluain	2.17	Buaile (35)/-tín (1)/-teán (1)	2.48
Acra, Banrach, Béitín, Cluain, Cúilteog, Móinéar, Plásán, Puintín, Stiall*	1.61	Acra, Béitín, Caisiarach, Croite, Fásach	1.5	Cluain (17)/-ín (6)	1.54
		<i>Achadh, Bánóg, Paiste, Tamhnaigh</i>	<1	Garraín	1.34
				Faiche (15)/Faichín (4)	1.28
				Béitín	1.21
				Fearann	1.01
				<i>Achadh; Acra; Bánóg; Branar; Ceapach; Ceathrú; Coimín (3)/-eachas (1); Croiseog; Gairdín; Móinéar; Plás; Stang; Stríoca (1)/-án (1); Talamh; Tuar (5)/-óg (1)/-ín (1)/‘Tomhaisín’ (1); Úllord</i>	<1%

*Le fáil in ainmneacha bailte fearainn i CM.

³³⁵ 26 shampla ach is bailte fearainn 8 gcinn acu.

Aguisín Q: Eilimintí Béarla

<p><u>Aicmitheoirí</u> <u>[Gaeilge] GNÉITHE AICEANTA: UISCE [21]</u> 4 Tobar, 4 Tromán, 3 Gabhlaigh, 3 Glaise, 2 Abhainn, 2 Easca, 2 Sruth/-án, 1 Eas, 1 Feadán</p> <p><u>[Gaeilge] GNÉITHE AICEANTA: ILGHNÉITHEACH [20]</u> 4 Coill, 3 Leó, 2 Brocaigh, 2 Brácaí, 2 Ruán, 1 Corrán, 1 Creachail, 1 Giota, 1 Loiscneach, 1 Mongán, 1 Raithean, 1 Tom</p> <p><u>[Gaeilge] CUMARSÁID [16]</u> 6 Bóthar (1 Bóithrín), 5 Áth, 3 Bearna, 1 Cros[bhóthar]</p> <p><u>[Gaeilge] DAONRA [3]</u> 1 Ráth, 1 Ráithín, 1 Baile</p> <p><u>[Gaeilge] FOIRGNIMH THUATA [6]/EAGLASTA [1]</u> 1 Áithe, 1 Caisleán, 1 Cró, 1 Fálbhuaile, 1 Tigh; 2 Teampall</p> <p><u>[Gaeilge] SAORGA [10]</u> 3 Suí, 2 Leaba, 1 Carn, 1 Carraig, 1 Claí, 1 Suíochán, 1 Tuaim</p>	<p><u>Aicmitheoirí</u> <u>[Béarla] GNÉITHE AICEANTA: UISCE [3]</u> 6 Well, 3 Brook, 2 Slade, 1 Clash, 1 River</p> <p><u>[Béarla] GNÉITHE AICEANTA: ILGHNÉITHEACH [7]</u> 5 Wood, 1 Forestry, 1 Grove</p> <p><u>[Béarla] CUMARSÁID [2]</u> 7 Lane, 1 Line, 1 Cross[roads], 1 Road</p> <p><u>[Béarla] DAONRA [1]</u> 1 Town</p> <p><u>[Béarla] FOIRGNIMH THUATA [16]/EAGLASTA [2]</u> 3 House, 2 Pen, 2 Shed, 1 Arches?, 1 Ball Alley, 1 Buildings, 1 Gate, 1 Limekiln, 1 Ice House, 1 Lodge, 1 School, 1 Yard; 1 Chapel, 1 Church.</p> <p><u>[Béarla] SAORGA [9]</u> 4 Pit, 1 Gate, 1 Ridge, 1 Sandpit, 1 Stands, 1 Wall; 1 Cats Ladder (meafar), 1 Hospital (meafar)</p>
---	--

<p>Cáilitheoirí [Gaeilge] UISCE : 2 Uisce, 1 Easca, 1 Guairneán, 1 Roide [Gaeilge] GAOTH/SOLAS: 1 Grian [Gaeilge] MIANRA [7]: 3 Cloch, 1 Dumhach, 1 Leac, 1 Ór, 1 Screathain</p> <p>[Gaeilge] PLANDA [13]: <i>Crann</i>: 2 Caorthann, 1 Ceap, 1 Iúr; <i>Barra</i>: 1 Gabáiste, 1 Punann, 1 Seagal; <i>Toradh</i>: 1 Sceachóir; <i>Eile</i>: 2 Aiteann, 2 Raithean, 1 Raitheach.</p> <p>[Gaeilge] AINMHÍ [14]: <i>Clós</i>: 2 Muc, 1 Bó, 1 Capall, 1 Cearc, 1 Coileach, 1 Gabhar, 1 Uan; <i>Éanlaithe</i>: 2 Fiach, 1 Spearóg; <i>Mamaigh</i>: 1 Cat, 1 Cú, 1 Soith; <i>Éisc</i>: —; <i>Feithidí</i>: —.</p> <p>[Gaeilge] DUINE [13]: <i>Teaghlach</i>: 1 Mac na Baintrí; <i>Sochaí</i>: 2 Aoire, 2 Gréasaí, 2 Scológ, 1 Fear Dána, 1 Gadaí; <i>Corp</i>: 1 Abhra, 1 Duán, 1 Pluicín; <i>Intleachtúil/Fisiciúil</i>: <i>Cine</i>: 1 An tUltach.</p> <p>[Gaeilge] AINM [28]: <i>Ainm pearsanta G</i>: 2 Santán, 2 Art, 1 Aodh, 1 Bran, 1 Cathal, 1 Diarmaid, 1 Eoghan, 1 Fearaíos, 1 Fionn, 1 Fionnán, 1 Moling, 1 Murcha Fionn, 1 Niall, 1 Oisín; <i>Sloinne G</i>: 1 Mac Aoidh, 1 Ó Ceallaigh;</p> <p><i>Ainm pearsanta + sloinne G</i>: 1 Pilib Ó Gabhann; <i>Ainm pearsanta AN</i>: Máirtín; <i>Sloinne AN</i>: 1 An tAraltach, 1 An Scallartach <i>Mná</i>: 1 Méabh; <i>Mná AN</i>: 1 Eilís, 1 Máirín <i>Logainm</i>: 1 Corrán na bhFiach, 1 Dothra, 1 Portach Airt, 1 Tóin le Gaoith</p> <p>[Gaeilge] DÉANTÚSÁN [5]: 1 Bardóg, 1 Bró, 1 Róistín, 1 Saighead, 1 Stáca [Gaeilge] BIA: 1 Salann [Gaeilge] BRUSCAR: 1 Cac [Gaeilge] OSNÁDÚRTHA [3]: 2 Púca, 1 Sióg</p> <p>[Gaeilge] GNÍOMHAÍOCHT [1]: 1 Smól</p> <p>[Gaeilge] TREOCHA [2]: 1 Lár, 1 Trasna</p>	<p>Cáilitheoirí [Béarla] UISCE : —</p> <p>[Béarla] GAOTH/SOLAS: — [Béarla] MIANRA [4]: 1 Freestone, 1 Marl, 1 Sand, 1 Stone</p> <p>[Béarla] PLANDA [10]: <i>Crann</i>: 2 Sally, 1 Hazel, 1 Quickem (i. caorthann); <i>Barra</i>: 1 Bean, 1 Clover, 1 Rye; <i>Toradh</i>: —; <i>Eile</i>: 1 Bush, 1 Daisy, 1 Furry (i. aiteann).</p> <p>[Béarla] AINMHÍ [5]: <i>Clós</i>: 1 Bullock, 1 Goose, 1 Horse, 1 Sheep; <i>Éanlaithe</i>: —; <i>Mamaigh</i>: 1 Deer; <i>Éisc</i>: —; <i>Feithidí</i>: —.</p> <p>[Béarla] DUINE [7]: <i>Teaghlach</i>: —; <i>Sochaí</i>: 1 Brewer, 1 Butcher, 1 Duke, 1 Queen, 1 Stone Cutter, 1 Tailor; <i>Corp</i>: —; <i>Intleachtúil/Fisiciúil</i>: 1 Mad Woman; <i>Cine</i>: —.</p> <p>[Béarla] AINM [92]: <i>Ainm pearsanta</i>: 2 Billy, 2 Dinny, 2 Joe, 2 Ned, 1 Georgie, 1 Jack, 1 Jemmy, 1 Jim, 1 Kit, 1 Martin?, 1 Maurice, 1 Paddy, 1 Pat, 1 Stephen, 1 Tim <i>Sloinne</i>: 5 Kearney, 3 Cottor, 3 Toole, 2 Connors, 2 Donagh, 2 Farrell, 2 Flood, 2 Grumley, 2 Lawlor, 2 Murphy, 2 Parker, 2 Rafter, Barckle, Brazil, Butler, Byrne, Clarke, Collins, Conlon, Connolly, Cooley, Coughlan, Cox, Downes, Doyle, Egerton, Ellis, Fallon, Grant, Kelly, Kennedy, Lord Carlisle, Mack, Maher, Mahon, Mangan, Merrin, Mill, Monks, Muldoon, Poyde, Reilly, Riordan, Roger, Staunton, Stoney, Waldron, Walsh, Welch <i>Ainm pearsanta + sloinne</i>: Gerry Murphy, Nanny Collins, Tony Foley</p> <p><i>Mná</i>: 1 Ellen, 1 Hannah, 1 Judy, 1 Roseanna</p> <p>[Béarla] DÉANTÚSÁN [2]: 1 Foot Stick, 1 Strap</p> <p>[Béarla] BIA: — [Béarla] BRUSCAR: — [Béarla] OSNÁDÚRTHA [4]: 1 Devil, 1 Fairy, 1 Mass, 1 Queen Mab</p> <p>[Béarla] GNÍOMHAÍOCHT [1]: 1 Football, 1 Parliament, 1 Spa</p> <p>[Béarla] TREOCHA [17]: 1 Front/3 Back; 3 Lower/1 Upper; 3 Top/1 Bottom; 1 Far/1 Near; 1 Corner; 1 Middle; 1 Outside/0 Inside.</p>
---	--

Aguisín R: Suirbhé 1771 ar Ghleann an Smóil

Mar a luadh thuas (2.3), thug Nolan (1992: 224) faoi deara go bhfuil difríochtaí le brath i minicíocht na bpáircainmneacha Gaeilge ó chnuasbhaile go cnuasbhaile i nGleann an Smóil. De dheasca na páircainmneacha seo a theacht anuas chugainn ar ámharaí an tsoil is ceist íogair é dátú na gcnuasbhailte ar an mbonn sin. Is fiú, áfach, féachaint ar an suirbhé a rinne na deartháireacha Frizell ar eastát Cobbe sa ghleann i 1771, pléite ag Nolan (*op. cit.*).³³⁶ Rinne siad mionléiriú ar gach páirc is stráice arúil agus thug cuntas ar an úsáid talún.

Ní mhaireann aon ainm Gaeilge ar na mionstráicí arúla a léiríonn Suirbhé 1771 sa chuid thoir thuaidh den ghleann i *bf* Baile na mBráthar agus *bf* Baile an Phiobaraigh (na ceathrúna ‘Fryarstown’ agus ‘Pipperstown’ *LN P.4033*: 9, 19; féach Nolan 1992: 191, Fig. 2 [sa saothar úd]). Maireann cuid de na stráicí seo fós. Is iad ***Fearann na Conga** (a bhfuil gné aiceanta faoi thagairt is cosúil) agus ***[X na] Scológ** (a bhfuil a aicmitheoir cailte) an dá ainm Ghaeilge is faide ó thuaidh; léirítear iad seo mar pháirceanna i 1771 (Nolan 1992: 190, Fig. 2 [sa saothar úd]; cf. ‘eastwards the plots are larger and more irregularly shaped on the hummocky moraine deposits’ *ibid.* 192).³³⁷ Tá **An Croite (1)** díreach ar imeall thoir theas ghabháltas feirme sa cheathrú ‘Glassamuckey (D)’ mar ar bhuaíl sé leis an gcoimíneas iata (‘Enclosed Commons’) (‘the slated house and outhouses on farm (D) were ‘out of repair’’ *ibid.* 193). Níl aon pháirc a bhfuil ainm Gaeilge uirthi sa choimíneas sin inniu. Ná ní bhaineann a maireann de mhionainmneacha Gaeilge in ‘Glassamuckey (E)’ (‘an excellent farm ... no houses on it ... well inclosed’) ná ‘Glassamuckey (F)’ (‘good cabbins thereon’) ach le gnéithe aiceanta .i. ***Fánlog**, ***An Mongán**, ***Cnoc an Raithin**, (E); ***An Scor**, **Cnoc an tSiáin** (F).

Bhí ‘Breaks’ (.i. *bf* Mothar Ghlaise na Muice, ar thug Ó Reachtúra **Na Brácaí** air) roinnte ina cheithre chuid i 1771, ‘settlement located on quarters A and B only’ (Nolan 1992: 194, Fig. 4 [sa saothar úd]). Tá formhór na mionstráicí a ritheadh comhthreomhar leis an bóthar an uair úd imithe anois; is cosúil go bhfuil *Brl. Slang* níos déanaí ná 1771 — tagraíonn sé do stráice 0.560 a ritheann dronuilleach leis na seanstráicí a bhí ann. Tá ***An Seangharraí** agus ***An Linn** suite sa chúinne sin de ‘Breaks (A)’ os cionn an bhóthair. Sa cheathrú ‘Breaks (B)’ ní mhaireann faoi bhun an bhóthair ach ***Móin an Tobair** agus ***An Gleann (1)** agus os a chionn atá ***An Leacain (1)**, ar gnéithe aiceanta iad go léir. I gceathrú C (‘described as ‘mostly meadowing’ below the road ... narrow strips running upslope’) ní thagann aon ainm anuas chugainn ar na stráicí caola os cionn an bhóthair, ach in aice leosan atá ***An Pháirc (2)** agus ***Páirc na gCloch**, iad léirithe mar pháirceanna i 1771, agus faoi bhun an bhóthair tá ***An Stiall** agus ***Fearann an Mhullaigh**. Tugadh ‘Monemore Quarter’ (‘Quarter D’ ag Nolan) ar an bhforoinn dheireanach de ‘Breaks’ sa suirbhé (*LN P.4033*: 29): ‘Quarter D, along the inches of the Dodder, was described as ‘mostly worn out meadow’’ (Nolan 1992: 193). Ní mhaireann de logainmneacha Gaeilge sa chuid seo inniu ach ***An Mhóin Mhór** féin.

Déanann Nolan amach go raibh an cheathrú ‘Conard’ (~*bf* Cionn Ard) níos déanaí mar lonnaíocht ná ‘Breaks’ (‘Cunard may have been an overspill settlement’). Más ea, is le linn don

³³⁶ Léarscáil Cobbe P.4033 sa Leabharlann Náisiúnta.

³³⁷ Níor chlúdaigh Suirbhé 1771 leirg thuaidh na gcnoc mar a bhfuil ***An Ráth (1)** ná ***Uncúil**.

Ghaeilge a bheith ina príomhtheanga a lonnaíodh é. Tagann ainm Gaeilge anuas ar an gcuid is mó de na goirt mhóra a thaispeántar ann ar shuirbhé 1771. Os cionn an tseanbhóthair atá ***An Pháirc (3)**, ***Garraí Eisce** in airde ar fad, ansin ***Claí Stáca**, ***An Currach (3)**, ***Crosóg (1)** (áiteanna ar a dtugtar ‘coarse pasture and rocky arable’ i 1771). (Níorbh ann don bhóthar nua a úsáidtear inniu.) Is féidir ***Claí Stáca**, ar a laghad, a dhátú go dtí tréimhse na feirmeoireachta straidhpeanna oscailte: bhí cuid de na clocha eibhir a leag amach na stráicí agus a thug ainm don pháirc le feiscint anuas go dtí ár linn féin. Faoi bhun an bhóthair tá ainmneacha gnéithe aiceanta ar nós ***An Mhóin Gharbh**, ***Loiscneach** agus ***An Inse (3)**.

Sa cheathrú ‘Castlekelly’ (~*bf* Caisleán Uí Cheallaigh) tá na páircainmneacha ***Garraí na gCearc** agus ***[X an] tSeagail** suite gar don seanbhóthar. Talamh seanmhíntírthe thuas ar an gcnoc is ea ***Cúil Raithní**; tógadh tithe níos airde ná sin tar éis shuirbhéireacht 1771 ach ainmníodh na páirceanna ansiúd as an ngné aiceanta a bhí ann rompu .i. ***An Chlais (1)**. I ndeisceart na ceathrún seo ar fad atá ***An Cheapóg (1)**, ainm Gaeilge ar achar a glanadh amach as an gcoill nádúrtha (.i. **An Choill Mhór** ag an Reachtúrach), is cosúil. Níl aon pháircainmneacha Gaeilge ar an talamh a míntíríodh ó 1771 i leith ar leirg Chipiúir in airde.

Tá ‘Glashavolane’ (~*bf* Glaise an Mhulláin) roinnte ina trí cheathrú i Suirbhé 1771 (Nolan 1992: 196, Fig. 5 [sa saothar úd]). Tá an chuid is mó den chéad cheathrú (A) taobh thiar den abhainn ach in aice leis an Móin Mhór tá ***An Croite (2)** ar a bhruach thoir. I gceathrú (B) tá ***Garraí Fhearaí** thíos cois na Dothra agus ***Caisiar (1)**, ***Cúil Mhic Aodha** agus ***Croite na hÁithe** os a chionn sin. Tá cuid de cheathrú (B) amuigh ar shliabh na Carraige féin: tugtar ***An Currach (4)** ar an bpaiste míntírthe i ***Log na Carraige** a raibh sé cinn de stráicí ann i 1771; ‘Carrig Park’ a bhí ar Brl. *Round Park*, gort míntírthe eile atá níos airde, níos déanaí ná ***An Currach** agus a bhí gan foroinnt i 1771 (Nolan 1992: 197). Tá ***Páirc Eoghain** agus ***An Pháirc Chaol** ar leirg na Carraige freisin ach tá siadsan léirithe mar pháirceanna i 1771. I gceathrú (C) (‘the old core [of Glassavullaun] which is the most complex, consisting mainly of minutely subdivided partnership holdings’ *ibid.*) atá dlús na bpáircainmneacha Gaeilge sa ghleann, mar atá ***Graibhéal**, ***An Croite (3)**, ***An Cheapóg (2)**, ***An Ghabhlaigh Mhór**, ***Fearann na Scológ**, ***Páirc Raithin**, ***Cúilteog**, ***Crosóg (2)** agus ***Currach Chathail**. Is cosúil ar an leagan amach go mb’fhéidir go ngearrann an lána ***An Bhearna Bheag** trasna teorainneacha na seanghort anseo agus dá bhrí sin gur ainmníodh é ní ba dhéanaí. Gan dabht tá roinnt ainmneacha Gaeilge ar ghnéithe aiceanta os cionn na bpáirceanna seo freisin. Síneann an cheathrú seo ‘Glashavolane’ trasna na habhann, faoi mar a shíneann *bf* Glaise an Mhulláin inniu, agus tá ***Fearann an Teampaill**, in aice leis an reilig, san áireamh ann.

Ní mhaireann a oiread céanna logainmneacha Gaeilge sa roinn dheireanach, ‘Ballymorefinn’ (~*bf* An Baile Mór). Tá ***Raithean**, ***An Pháirc (4)** agus ***Fearann an Ghréasaí** go léir i dtiorainn le *bf* Glaise an Mhulláin agus iad léirithe mar pháirceanna ar an seansuirbhé. Tá ***An Móinéar** lastoir díobhsan; maireann an t-ainm ar chúinne laistiar den bhóthar ach bhí sé ina achar mór i 1771. (Tá na hainmneacha seo go léir níos sine, ba dhóigh leat, ná an bóthar íochtarach a ghearrann trí chuid

díobh.) Tá ***An Pháirc Mhór** ar imeall thoir na ceathrún seo. Níl aon ainm Gaeilge le fáil ar na páirceanna a míntíródh ar an sliabh in airde ó 1771 i leith.

An Currach (3) i *bf* Aill an Ghabhair an logainm Gaeilge is sia ó thuaidh sa taobh seo den abhainn. (Mhínigh faisnéiseoir áitiúil gur bhog a mhuintir isteach sa 20ú haois gur bhaist siad ainmneacha dá gcuid féin ar na páirceanna ann.)

Dhealródh sé, mar sin, nach bhfuil aon fhianaise ar pháircainm a bheith ainmnithe as Gaeilge i nGleann an Smóil tar éis 1771. Is i nGlaise an Mhulláin, an áit is seasta lonnaíochta — ‘Ballymorefinn was one of the few townlands where fragmentation had increased ... in the 1771–1850 period, whereas in Glassavullaun it was reduced’, ‘comparison of surnames in the 1771 rental and the 1850 valuation indicates strong continuity among families, particularly in Glassavullaun’ Nolan 1992: 221 — atá dlús na bpáircainmneacha Gaeilge le fáil. Ag seo minicíocht na 46 pháircainm Gaeilge de réir na rann a thugtar i Suirbhé 1771 (ar deiseal, ó bhéal an ghleanna):

Roinn 1771	Líon	%
Fryarstown	—	
Pipperstown	2	4.35
Glassamuckey D	1	2.17
Glassamuckey E	—	
Glassamuckey F	—	
Breaks A	2	4.35
Breaks B	1	2.17
Breaks C	4	8.70
Monemore	1	2.17
Conard	8	17.39
Castlekelly	4	8.70
Glashavolane A	1	2.17
Glashavolane B	7	15.21
Glashavolane C	10	21.74
Ballymorefinn	5	10.87

Aguisín S: Liosta an Choirnéil Fitzsimons c.1975³³⁸

- | | | |
|--|--|--|
| 1. Ellis's Grove | 40. Jemmy's Glen | 73. The Mad [<i>sic</i> , gan léiriú ar an mapa] |
| 2. The Orchard | 41. The Shed Field | 74. Clockwan |
| 3. The Back Field | 42. The Outside Field | 75. The Hospital |
| 4. The Green | 43. The Long Garden | 76. Inches |
| 5. The Fairy Bank | 44. The Top Field | 77. Sheep Hole |
| 6. The Lower Acres | 45. The Bank | 78. The Green Corner |
| 7. The Long Field | 46. Kit's three Corners | 79. The Hazy Brow |
| 8. The Pin Field | 47. Carrigeen Ruagh (Corrigeen Roe) | 80. The Green Stands |
| 9. The Marl-hole Field | 48. Fireey Lane [<i>sic</i>] | 81. Robin Errin [<i>sic</i>] |
| 10. The Turn of the road Field | 48a. Grumley's Field | 82. Garnagloch |
| 11. The Corner Field | 49. Sand Pit Field | 83. The Heights |
| 12. Ballycog Gate | 50. The Bane Garden (Bean) | 84. The Park |
| 13. Lord Carlisle's walk | 51. Kerry Yard | 85. The Brow |
| 14. The Front Lawn | 52. Ball Alley | 86. The Lower Coshire |
| 15. Conlon's Bank | 53. Standing Stone Queen Mab | 87. The Upper Coshire |
| 16. The Foot Stick | 54. Sone Cutter's Shed | 88. The Green Corner |
| 17. Tim's Field | 55. The Mad Woman's Hole | 89. The Corricks |
| 18. The Old Town | 56. Monalee or Lug | 90. The Stone Wall Field |
| 19. Mack's River Field | 57. Cornacot | 91. Billy's Ridges |
| 20. The Lower Field | 58. Bawnagelbawn [<i>sic</i>] | 92. Ellen Box (house) |
| 21. The Middle Field | 59. Currach Mairtin (or Morcha) | 93. The Big Clash |
| 22. Dinny's Field | 60. Paddy Toole (Sweet Shop & Cobbler) | 94. The Bondrock |
| 23. Connor's Ground | 61. Crook Pasture | 95. Slieve Rhu |
| 24. The Stand Field | 62. Porcha Hocca | 96. The Big Pasture |
| 25. The Duke's Field lawn | 63. Judy's Lane | 97. The Risky Field |
| 26. Paddy's Field | 64. The Curracks | 98. Little Goresther |
| 27. The Lakins | 65. Punteen | 99. Big Goresther |
| 28. Zig-Zag path called the Cat's Ladder | 66. Lugnasaigh | 100. The Big Wood |
| 29. The Butcher's Brow | 67. Little Meadow | 101. Merrin's Field (Merrin's Wood below to river) |
| 30. Mangan's Well | 68. The Old Parks | 102. Knocknamoe |
| 31. Garris Rock | 69. Conlon's Rocks | 103. The Luggaun |
| 32. Spa Well | 70. Polyghoppel (Pol a Goppal) | 104. The Little Field |
| 33. Gutta Dhu | 71. Corrigeens | 105. The Ten Acres |
| 34. Lochandubh | 72. Gortnagluck | 106. The Crosses Field |
| 35. Timolin Bog (Tomaleen bog) | | 107. The Slang |
| 36. An Yeoch (Il yoe) | | 108. The Blind Sea |
| 37. Martin's Rye | | 109. Mullagh |
| 38. The Green Banks | | 110. (Rowdlam) |
| 39. New Field | | |

³³⁸ Tá an taighdeoir an-bhuíoch den staraí Nicholas Ryan as an liosta seo agus an léarscáil a ghabh leis a chur ar fáil dó.

Aguisín T: Ardáin sa cheantar taighde




Fig. 90: Ainmneacha ardáin sa cheantar taighde.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

- Cnoc
- ⊙ Cnocán
- Carraig [NB tuilleadh i gceantar TS gan aithint]
- Carraigín
- ◆ Sliabh
- ★ Cloch
- A Ard
- a Aill
- L Leacain
- M Maoileann
- m Mullach
- (S) Suí

Aguisín U: Srutháin sa cheantar taighde




Fig. 91: Ainmneacha sruthán sa cheantar taighde.



© Tailte Éireann/Rialtas na hÉireann. Ceadúnas Cóipchirt MP 003623.

- ◆ **Slád** (TS.282, TS.311, TS.312, TS.313).
- T **Tromán** (GS1.7, GS1.19, GS1.26, GS2.72) (féach Aguisín D).
- **Easca** [≠ riasc] (GS.222, GS.224, *An Easca Bhán*, *Easca na gCrann*).
- **Glaise** (GS1.11, GS1.14, *Glaise na Brocaí*).
- ⊙ **Clais** [le sruthán] (TS.285, GC.182, GC.225, GC.187).
- ◆ **Sruth(án)** (GS1.10, GS2.74).
- ★ **Abhainn** (GS1.6, GC.220, *Owendoher River SO*).